Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Comptroller and Auditor General

# Tuarascáil ar

# Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2021

Meán Fómhair 2022

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2021

Ceanglaíonn Airteagal 33 (4) de Bhunreacht na hÉireann orm tuarascálacha a chur os comhair Dháil Éireann ar thrátha áirithe mar a chinnfear le dlí.  Tugann Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an bunús príomha do thuairisciú den chineál sin.

### *Forálacha reachtúla tuairiscithe*

Ceanglaíonn Alt 3 (10) d'Acht 1993 orm tuarascáil scríofa a ullmhú a chuireann san áireamh

- aon chúrsa a gceapaim go bhfuil sé iomchuí le tuairisciú a thagann ó m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa arna n-ullmhú ag na hOifigigh Cuntasaíochta de ranna agus oifigí rialtais i ndáil leis na leithreasuithe ar vótáil Dáil Éireann ina leith don bhliain airgeadais roimhe sin
- aon chúrsa a gceapaim go bhfuil sé iomchuí le tuairisciú a thagann ó m'imscrúduithe ar na rialuithe inmheánacha cuntasaíochta arna n-oibriú ag ranna agus oifigí rialtais (sa bhliain airgeadais reatha nó roimhe sin) chun rialtacht a n-idirbheart, cruinneas a n-íocaíochtaí agus a bhfáltas, iontaofacht agus iomláine a dtaifid cuntasaíochta agus cumhdach na sócmhainní atá ina seilbh agus faoina smacht a chinntiú
- torthaí m'imscrúduithe ar chuntais ioncam an Stáit a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus ar na cuntais de dhaoine eile a fhaigheann airgead atá iníoctha de réir dlí don Státchiste– áirítear leis na himscrúduithe seo mheasúnú maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na cuntais iomlán agus cruinn, agus ar bunaíodh nó nár bunaíodh córais, nósanna imeachta agus cleachtais atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh ceart na n-ioncam a urrú.

Ceanglaíonn reachtanna eile orm tuarascálacha a ullmhú agus a chur i láthair do Dháil Éireann maidir le cúrsaí áirithe sainithe in éineacht le mo thuarascáil a luaitear in alt 3 (10).

Ar leithligh, forálann alt 11 d'Acht 1993 dom chun tuarascálacha áirithe sainithe a ullmhú.

## *Cur i láthair na tuarascála seo*

Is í seo mo thuarascáil faoi Alt 3 (10) d'Acht 1993 a bhaineann le bliain airgeadais 2021. Leagtar amach an tuarascáil i gceithre chuid, a dhéileálann leis na cúrsaí a leanas

- Ciste Láir an Státchiste
- caiteachas vótáilte in 2021
- imscrúduithe ar fháltais an Stáit
- tuarascálacha ar chúrsaí eile lena n-áirítear tuarascálacha reachtúla ar na hiniúchtaí ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus cuntais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann.

Ullmhaíodh an tuarascáil bunaithe ar fhaisnéis ó iniúchtaí, nuair a bhí sí ar fáil, agus faisnéis, cáipéisíocht agus mínithe a fuarthas ó na ranna agus oifigí ábhartha rialtais. Seoladh dréachtaí de mhíreanna ábhartha den tuarascáil chuig na ranna agus oifigí bainteacha agus iarradh orthu a dtráchtanna a thabhairt. Nuair ba chuí, corpraíodh na tráchtanna seo isteach i leagan deiridh na tuarascála.

Baineann an tuarascáil le cuntasacht na seirbhísí poiblí i ndáil lena riar ar chistí poiblí. Ní chóir tagairtí do thríú páirtithe a léamh ach amháin sa chomhthéacs sin.

Cuirim leis seo mo thuarascáil i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2021 i láthair do Dháil Éireann de réir Alt 3 (11) d'Acht 1993.

## *Cur i láthair na gcuntas leithreasa 2021*

Ceanglaíonn Alt 3 (11) d'Acht 1993 orm na cuntais leithreasa do na Vótaí éagsúla a chur i láthair do Dháil Éireann, in éineacht leis an tuarascáil a ullmhaíodh faoi alt 3 (10).

Dheimhnigh mé gach cuntas leithreasa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus cuirim na cuntais sin, in éineacht le mo dheimhnithe iniúchta, i láthair do Dháil Éireann.



**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

30 Meán Fómhair 2022

## Clár Ábhar


### Rialtas láir

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Toradh airgeadais an Státchiste do 2021 | 11 |
| 2 | Glanchostas na mbeart cobhsaithe baincéireachta | 33 |

### Caiteachas vótáilte

| | | |
|---|---|---|
| 3 | Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid | 51 |
| 4 | Ath-leithdháileadh an mhaoinithe vótáilte | 65 |
| 5 | Forbhreathnú ar chostas na freagartha do phaindéim Covid-19 | 73 |
| 6 | Cistiú a fuair údaráis áitiúla ón rialtas láir | 85 |
| 7 | Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta | 101 |
| 8 | Íocaíochtaí conartha i ndáil leis an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath | 113 |
| 9 | Cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda | 123 |
| 10 | Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh | 135 |
| 11 | Aisghabháil íocaíochtaí sochair agus cúnaimh tar éis dámhachtainí cúitimh | 151 |
| 12 | Tionchar airgeadais an ionsaithe cibearshlándála | 161 |
| 13 | Seirbhís Caomhnóra ad Litem - tuarascáil leantach | 177 |

### Ioncaim an Stáit

| | | |
|---|---|---|
| 14 | Aicmiú oibrithe chun críocha ÁSPC | 195 |
| 15 | CBL ar ríomhthráchtáil a bhailiú | 219 |
| 16 | Athbhreithnithe tréimhsiúla ar dheimhnithe imréitigh cánach á gcur ar fionraí ag na Coimisinéirí Ioncaim | 237 |
| 17 | Áibhéil déanta faoi thaiscí cánach neamh-leithdháilte áirithe | 243 |
| 18 | Fáltais mhótarchánach | 247 |
| 19 | Fáltais an Státchiste ó thicéid don Chrannchur Náisiúnta a dhíol | 261 |

### Nithe eile

| | | |
|---|---|---|
| 20 | Bainistíocht ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúla | 275 |
| 21 | Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 293 |
| 22 | Ciste eascró Apple na hÉireann | 305 |
| 23 | Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann | 309 |

# Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2021

# Rialtas láir

# 1 Toradh airgeadais an Státchiste do 2021

## Achoimre fhioscach


**1.1** Íoctar ioncam uile an Stáit isteach i Lárchiste an Státchiste mura gcinntear a mhalairt leis an dlí.[1] Úsáidtear eisiúintí ón Lárchiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun fiachas Stáit a sheirbhísiú.

**1.2** Léirítear sna Cuntais Airgeadais bhliantúla na fáltais isteach sa Lárchiste agus na heisiúintí uaidh, in éineacht leis na sonraí maidir le hiasachtaíocht ar thug Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) fúithi thar ceann an Stáit.[2]

**1.3** In 2021, b'ionann easnamh an Státchiste agus díreach faoi **€7.4 billiún**. Léirigh sé seo feabhas suntasach ar iarmhéid an Státchiste ón easnamh €12.3 billiún a tuairiscíodh in 2020 (féach Fíor 1.1). Tháinig an feabhas de nach mór €5 billiún mar gheall go mór ar mhéaduithe ar ioncam cánach in 2021.

**1.4** Tugtar le fios in amharc níos iomláine ar fheidhmíocht fhioscach an Stáit in 2021 go raibh easnamh ginearálta rialtais **€7 billiún** ann, ar laghdú níos mó ná 63% ar an easnamh €19 billiún in 2020 é.[3]

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste, iarmhéideanna an Státchiste agus an rialtais ghinearálta rialtais, 2007 go 2021[a]**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2007 go 2021 (iarmhéid an Státchiste). An Phríomh-Oifig Staidrimh: Staitisticí Airgeadais Rialtais, Iúil 2022 (iarmhéid an rialtais ghinearálta).

Nóta: a Áirítear le fáltais agus eisiúintí an Lárchiste seirbhísiú ar an bhfiachas náisiúnta ach ní áirítear leo iasachtaíocht ar thug GBCN fúithi thar ceann an Stáit agus aisíoc an fhiachais náisiúnta. Féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.1 le haghaidh anailís ar fháltais agus eisiúintí an Lárchiste le haghaidh 2016 go 2021.

1. Áirítear le hioncam Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Lárchiste, mar shampla, fáltais Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa (ÁSPC) a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.


2 Is ionann idirbhearta a thaifeadtar sna Cuntais Airgeadais agus thart ar 75% d'ioncam agus caiteachas iomlán an rialtais.

3 Is tomhas níos leithne é iarmhéid an rialtais ghinearálta ná iarmhéid an Státchiste. Tomhaiseann sé feidhmíocht fhioscach na hearnála rialtais ghinearálta, agus tá sé ina thagarmharc caighdeánach a úsáidtear chun críocha comparáide ar fud an Aontais Eorpaigh. Ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí bliantúla agus ráithiúla maidir le hairgeadas an rialtais ghinearálta. Féach Iarscríbhinn 1A le haghaidh achoimre ar na staitisticí sin.

## Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste

**1.5** B'ionann fáltais an Lárchiste in 2021 agus **€82.2 billiún**. B'ionann cánacha agus 83% de na fáltais (féach Fíor 1.2).[1] B'ionann eisiúintí in 2021 agus **€89.6 billiún**, atá comhdhéanta d'eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte (80%), seirbhísiú ar an bhfiachas náisiúnta (4%), ranníocaíochtaí leis an Aontas Eorpach (4%) agus caiteachas neamhvótáilte eile (12%).

**Fíor 1.2 Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste in 2021**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2021. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin ann mar gheall ar shlánú.

## Fáltais Státchiste

**1.6** Mhéadaigh iomlán na bhfáltas a chuaigh isteach sa Lárchiste faoi thart ar €17.2 billiún in 2021, a léiríonn méadú €11.2 billiún ar fháltais chánach agus méadú €6 billiún ar fháltais neamhchánach. Bhain cuid shuntasach de na fáltais neamhchánach le haisíoc iasachtaí sealadacha Státchiste.

### *Fáltais chánach*


**1.7** B'ionann fáltais chánach in 2021 agus €68.4 billiún, an toradh cánach ba mhó a bhailigh an Stát riamh. Chuir méaduithe suntasacha ar cháin ioncaim (17%), cáin chorparáide (30%) agus CBL (24%) leis an toradh ollmhór sin (féach Fíor 1.3).

**1.8** B'ionann cáin chorparáide agus 22% d'fháltais chánach iomlána an Státchiste in 2021, agus bhí siad nach mór mar an gcéanna leis na fáltais CBL ag 23% (féach Fíor 1.3).


1 Leagtar amach in Iarscríbhinn1B, Fíor 1B.1, anailís ar fháltais agus eisiúintí an Lárchiste (gan iasachtaíocht GBCN san áireamh) le haghaidh na mblianta idir 2016 agus 2021.

**1.9** Mhéadaigh dleachtanna custam faoi 91% in 2021 go €526 mhilliún (2020: €276 mhilliún), mar gheall ar mhéadú suntasach ar dhearbhuithe custam de bharr an Bhreatimeachta den chuid is mó. Faoi chomhaontú saorthrádála an Bhreatimeachta, tá earraí a iompórtáiltear ón mBreatain Mhór isteach san Aontas Eorpach, ach nach bhfuil an Bhreatain Mhór mar thír thionscnaimh dóibh, faoi réir dleacht chustam. Bhain níos mó ná 40% (€215 mhilliún) de na dleachtanna custam a bailíodh le hearraí a iompórtáladh ón mBreatain Mhór.

**Fíor 1.3 Fáltais ioncaim cánach agus ÁSPC, 2011 go 2021**




***Athrú bliain i ndiaidh bliana de réir an chineáil fáltais***





Foinse: Cuntais Airgeadais. Cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Nóta: a Íoctar fáltais ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

## Eisiúintí an Lárchiste

**1.10** Mhéadaigh eisiúintí ón Lárchiste go suntasach in 2021 go €89.6 billiún — suas €12.3 billiún nó 16% ón mbliain roimhe sin (€77.3 billiún) (féach Fíor 1.4).

**Fíor 1.4 Iomlán eisiúintí an Státchiste, 2011 go 2021**





Foinse: Cuntais Airgeadais, 2011 go 2021

### *Eisiúintí vótáilte*

**1.11** Mhéadaigh an caiteachas vótáilte faoi €3.7 billiún (5%) go €71.6 billiún agus léirigh sé sin maoiniú leantach maidir le bearta tacaíochta COVID-19 ar fud 2021. Tháinig nach mór 55% den chaiteachas vótáilte ó dhá roinn — an Roinn Sláinte agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (féach Fíor 1.5).

**Fíor 1.5 Caiteachas vótáilte na ranna, 2020 agus 2021**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2021

Nóta: a Áirítear leis seo an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus caiteachas €2.4 billiún in 2020 agus €2.9 billiún in 2021 ann.

### *Ranníocaíocht na hÉireann leis an Aontas Eorpach*

**1.12** Déanann an Roinn Airgeadais bainistíocht ar ranníocaíochtaí na hÉireann leis an Aontas Eorpach agus cuirtear ar áireamh iad sna Cuntais Airgeadais, ar bhonn airgid thirim.

**1.13** Faoi láthair, tá ceithre phríomhchuid i gceist le ranníocaíochtaí na hÉireann le buiséad an Aontais Eorpaigh

- acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) — déantar iad seo de dhleachtanna custam arna mbailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le hiompórtálacha ó áiteanna taobh amuigh den Aontas Eorpach, a bhfuil 75% díobh iníoctha leis an Aontas Eorpach
- ranníocaíocht a bhaineann le CBL — 0.3 faoin gcéad ar bhonn CBL na hÉireann
- ranníocaíocht atá bunaithe ar phlaistigh neamh-athchúrsáilte — ag ráta €0.80 in aghaidh an chileagraim maidir le fuíollábhar ó phlaisteach nach n-athchúrsáiltear[1]
- Acmhainní dílse OIN — ranníocaíocht atá bunaithe ar an leibhéal ioncaim atá sainithe de réir Ollioncam Náisiúnta (OIN).[2]

**1.14** Bhí an ranníocaíocht le buiséad an Aontais Eorpaigh in 2021 €937 milliún (36%) níos airde ná mar a bhí sí in 2020. Anuas ar mhéadú a bhaineann leis an bhfás geilleagrach, ba iad na príomhchúiseanna leis an méadú ná


- an tús a cuireadh le Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) an Aontais Eorpaigh, 2021–2027, lenar bunaíodh leibhéal níos airde caiteachais iomláin ná an CAI roimhe sin
- coigeartú cothromaithe le haghaidh meastacháin OIN agus CBL roimhe sin
- méadú ar fháltais chustam a bhaineann leis na tionchair ar thrádáil idir Éire agus an Ríocht Aontaithe
- ranníocaíocht nua leis an mbuiséad a bhaineann le plaisteach neamh-athchúrsáilte.

**1.15** Léirítear i staitisticí buiséadacha na Roinne Airgeadais gur ghlantairbhí í Éire den Aontas Eorpach dtí 2012 agus gur ghlan-ranníocóir í leis ó shin i leith. B'ionann ranníocaíocht na hÉireann leis an Aontas Eorpach in 2021 agus €3.5 billiún (féach Fíor 1.6).

1 In 2021, tugadh isteach ranníocaíocht nua atá bunaithe ar mhéid an fhuíollábhair a thagann ó phacáistiú plaisteach neamh-athchúrsáilte atá i ngach tír. In 2021, b'ionann ranníocaíocht na hÉireann agus €145.8 milliún.

2 Meastar gurb í ranníocaíocht OIN ó acmhainní dílse an ghné chothromaithe a chinntíonn go gcuimsíonn iomlán an ioncaim sa bhuiséad gach caiteachas comhaontaithe atá i mbuiséad bliantúil de chuid an Aontais Eorpaigh. Ag brath ar iomlán an ioncaim bhliantúil atá ag teastáil chun caiteachas a mhaoiniú, cuirtear glaoráta aonfhoirmeach i bhfeidhm ar OIN gach ballstáit. Athraíonn an glaoráta ó bhliain go bliain. B'ionann meán-ranníocaíocht OIN na hÉireann agus 77% den ranníocaíocht fhoriomlán thar an tréimhse 2017–2020, i gcomparáid le meánluach an Aontais Eorpaigh, a bhí cothrom le 74%.

**Fíor 1.6 Ranníocaíocht, fáltais agus glanstaid na hÉireann maidir leis an Aontas Eorpacha, 2011 go 2021[a]**




Foinse: Cuntais Airgeadais. An Roinn Airgeadais, Éire: Staitisticí buiséadacha 2020.

Nótaí: a Léirítear sreabha ciste ar bhonn airgid thirim.

b Ní raibh na figiúirí le haghaidh fháltais 2021 ar fáil tráth an fhoilsithe.

**1.16** Coigeartaítear na ranníocaíochtaí bliantúla réamh-mheasta nó measta le buiséad an Aontais Eorpaigh go tráthrialta de réir mar a sholáthraítear nó mar a fhoilsítear sonraí nuashonraithe ó raon leathan foinsí. Anuas air sin, tugtar faoi chleachtaí bliantúla cothromaithe i ndáil le gnéithe OIN agus CBL de na ranníocaíochtaí. Is éard atá i gceist leis sin ná comparáid iardhearcach idir na réamh-mheastacháin le haghaidh OIN agus CBL, arna soláthar ag na ballstáit don bhliain roimhe, leis an olltoradh.

**1.17** Tá na híocaíochtaí míosúla a thugann Éire leis an Aontas Eorpach bunaithe ar fhigiúr comhghéillte idir an Roinn Airgeadais agus an Coimisiún Eorpach, agus tá sé sin bunaithe ar mheastacháin a ullmhaíonn an dá pháirtí. Is gnách go dtiteann an figiúr comhghéillte áit éigean idir an dá mheastachán. Nuair atá na figiúirí iarbhír ar fáil an bhliain dar gcionn, ullmhaítear ríomhanna atá fíoraithe suas agus íoctar suimeanna leis an Aontas Eorpach nó faightear aisíocaíochtaí uaidh.

**1.18** I mí an Mheithimh, 2022, cuireadh coigeartú dar luach €185.7 milliún, i bhfabhar an Aontais Eorpaigh, i bhfeidhm maidir le ranníocaíocht na hÉireann le haghaidh 2021 agus na mblianta roimhe. B'ionann é sin agus ganníocaíocht mheasta 6.8%. Leagtar amach i bhFíor 1.7 luach na gcoigeartuithe sin i ndáil leis an tréimhse idir 2019 agus 2021.

**Fíor 1.7 Oll-ranníocaíochtaí agus ollchoigeartuithe OIN agus CBL na hÉireann**

| Bliain ábhartha | Oll-ranníocaíochtaí OIN agus CBL[a] € milliún | Coigeartú na bliana dar gcionn[b] € milliún | Coigeartú céatadáin |
|---|---|---|---|
| **2019** | 1,992 | (44.5) | (2.2%) |
| **2020** | 2,187 | 84.5 | 3.9% |
| **2021** | 2,740 | 185.7 | 6.8% |

Foinse: An Roinn Airgeadais. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Léirítear sna suimeanna ollíocaíochtaí OIN agus CBL agus ní áirítear leo aon choigeartú eile a rinneadh i ndáil le ballstáit eile.

b Is féidir le coigeartuithe a bheith bainteach le níos mó ná bliain amháin agus is gnách go dtarlaíonn siad i Meitheamh na bliana dar gcionn.

### *Calaois maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (ADT) an Aontais Eorpaigh*

**1.19** D'aithin Coimisiún an Aontais Eorpaigh pátrún calaoise ar fud an Aontais Eorpaigh a bhain le hiompórtáil teicstílí agus coisbhirt ón tSín ar tugadh luach suntasach íseal dóibh, rud a bhí ina chúis le caillteanas córasach in 'acmhainní dílse traidisiúnta' (ADT) an Aontais Eorpaigh thar roinnt blianta. Ríomh an Coimisiún caillteanais ADT na hÉireann a bheith cothrom le thart as €30.4 milliún (0.69%) d'iomlán na gcaillteanas a tabhaíodh san Aontas Eorpach. I mí Iúil 2021, d'íoc Éire an tsuim €30.4 milliún i ndleachtanna custam ón Lárchiste, ar chúlchistí, chun carnadh úis de bharr íoc mall na gcaillteanas a sheachaint.

**1.20** Tar éis rialú de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí an Mhárta 2022, inar dhiúltaigh an Chúirt go páirteach do mhodh an Choimisiúin maidir le hiomlán na gcaillteanas éilithe a ríomh. Táthar ag súil anois go ndéanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar dhliteanas gach ballstáit, bunaithe ar chinneadh na Cúirte.[1]

### *Tuairisciú idirbheart leis an Aontas Eorpach*

**1.21** I mí Eanáir 2020, gheall an Roinn go poiblí go ndéanfadh sí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú, ar bhonn comhdhlúite, maidir leis na hidirbhearta idir Éire agus an tAontas Eorpach. Is é aidhm na tuarascála seo ná forbhreathnú cuimsitheach a sholáthair ar idirbhearta den chineál sin in aon doiciméad amháin, toisc nach éasca teacht ar an bhfaisnéis seo murach í.[2]

**1.22** I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhoilsigh an Roinn an tuarascáil uaithi ar *Idirbhearta na hÉireann leis an Aontas Eorpach in 2018.* Foilsíodh an tuarascáil choibhéiseach le haghaidh 2019 in 2022.[3] Tá sé luaite ag an Roinn go bhfuil ullmhú na tuarascála i ndáil le hidirbhearta na hÉireann leis an Aontas Eorpach in 2020 ar siúl.

1 Thionscain an Coimisiún caingean in aghaidh na Ríochta Aontaithe chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. D'agóid an Ríocht Aontaithe in aghaidh an mhodha ríofa staidrimh a chuir an Coimisiún i bhfeidhm. I mí an Mhárta 2022, rialaigh an Chúirt i bhfabhar an Choimisiúin, ach dhiúltaigh sí go páirteach do mhodh ríofa an Choimisiúin maidir le hiomlán na gcaillteanas éilithe, toisc gurbh é an rialú ná nár chomhlíon sé an caighdeán dlí riachtanach.

2 Bhí an gealltanas seo ina fhreagra ar mholadh a bhí i dtuarascáil speisialta 105 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste: *Idirbhearta na hÉireann leis an Aontas Eorpach in 2017.*

3 Is féidir an tuarascáil do 2019 a aimsiú anseo.

### *Fóirdheontas scéim phinsin Eircom*

**1.23** In 1996, dhíol an Stát 20% dá shealúchas i mBord Telecom Éireann (Eircom), a bhí ann roimhe sin, le hinfheisteoirí príobháideacha.[1] Faoi dheireadh mhí Iúil 1999, bhí an chuideachta príobháidithe go hiomlán. Chuir an tAire Airgeadais díreach os cionn €1 billiún ar fáil do chiste phinsean Uimh. 2 Eircom nuair a bunaíodh é i mí na Nollag, 1999.[2,3] Is é an Stát an t-aon ranníocóir atá ag an gciste pinsean agus ní rabhthas ag súil go mbeadh gá le maoiniú breise ón Stát.


**1.24** Go luath in 2021, bhí an ciste pinsean ídithe go hiomlán. Ríomhadh dliteanas na scéime gan íoc sa luacháil iarbhír iniúchta, amhail i mí Dheireadh Fómhair 2021, a bheith cothrom le €1.1 billiún. In 2021, íocadh €81.2 milliún isteach sa scéim ón Státchiste chun dliteanais phinsin a íoc. Laghdóidh costais bhliantúla de réir a chéile go dtí a náid thar shaolré 40 bliain an chiste.[4] Beidh ranníocaíochtaí leis an gciste pinsean le híoc ar bhonn '*íoc-mar-a-úsáidtear*' ina n-íocfaidh an tAire airgead isteach sa chiste ar bhonn sceidealaithe i ndáil le sochair atá dlite.

### *Táillí úis ar iarmhéideanna caiteachais phoiblí*

**1.25** Osclaíodh an cuntas Barrachas Airgid ó Chaiteachas Poiblí (BACP) i mí Mheán Fómhair 2018, chun barrachas airgid thirim sa chóras caiteachais phoiblí a shealbhú. Tháinig an cuntas BACP in ionad Chuntas Infheistíochta na nÉarlaisí Airgid (CIÉA) a tháinig roimhe sin. Tá an cuntas á shealbhú sa Bhanc Ceannais.

**1.26** Ó 2014 i leith, táthar ag gearradh ús diúltach ar chuntais an Bhainc Ceannais. Mhéadaigh táillí úis dhiúltaigh a bhain leis an gcuntas BACP go suntasach in 2021 (féach Fíor 1.8). Gearrtar táillí den chineál sin ar an gcuntas BACP ar an Vótáil Airgeadais, agus d'íoc GBCN aon táille úis dhiúltaigh a fabhraíodh ar CIÉA.

**Fíor 1.8 Táillí úis dhiúltaigh ar an gcuntas BACP, 2018 go 2021**




Foinse: Cuntas Barrachas Airgid ó Chaiteachas Poiblí (BACP)

1 Bunaíodh Bord Telecom Éireann (Eircom) in 1984 faoin Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983.

2 Ceanglaíodh ar an Aire Airgeadais ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an scéim aoisliúntais chun dliteanais phinsin réamhphríobháidithe a chlúdach don fhoireann agus dá marthanóirí a aistríodh ón Roinn Poist agus Telegrafa, a bhí ann roimhe sin, go Bord Telecom Éireann i mí Eanáir 1984.

3 De réir ailt 26, 46(9) agus 46(11) den Acht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide, 1983.


4 Cuireadh Gníomhas Leasaithe Chiste Aoisliúntais Uimh. 2 Eircom agus Scéim Aoisliúntais Eircom (Leasú), 2016, i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh do mhaoiniú Chiste Uimh. 2 Eircom sa todhchaí.

## Sócmhainní Státchiste

### *Iarmhéid airgid thirim an Lárchiste*

**1.27** B'ionann luach an airgid thirim a bhí i seilbh an Státchiste ag deireadh 2021 agus nach mór €27.5 billiún (féach Fíor 1.9). Léiríonn an méadú de níos mó ná €10 billiún (58%) bliain ar bhliain tionchar na glan-iasachtaíochta de €17.3 billiún agus dliteanas an Státchiste de €7.4 billiún. Féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.2.

**Fíor 1.9 Iarmhéid airgid thirim an Lárchiste, 2009 go 2021**




Foinse: Cuntais Airgeadais, 2009 go 2021

### *Iasachtú an Státchiste*

**1.28** San áireamh le sócmhainní airgeadais an Státchiste an 31 Nollaig 2021 bhí nach mór €1.7 billiún (2020: €1.6 billiún) i nótaí a bhí ráthaithe ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus €10 milliún i nótaí a bhí ráthaithe ag Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ).

**1.29** Gan na nótaí a bhí ráthaithe ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus CBSÉ a áireamh, mhéadaigh iasachtaí agus airleacain fhoriomlána a soláthraíodh ón Lárchiste beagáinín (faoi thart ar €12 mhilliún) in 2021, le díreach níos mó ná €2.1 billiún gan íoc ag deireadh na bliana (féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.3).

**1.30** Le linn 2021, tugadh €9.4 billiún ar aghaidh chuig an gCiste Árachais Shóisialaigh chun críocha an tsreafa airgid. Níor fabhraíodh aon ús ar an iasacht agus aisíocadh í ina hiomláine roimh dheireadh na bliana.

**1.31** Eisíodh suimeanna arbh ionann iad agus €130 milliún ón Lárchiste in 2021 go hUisce Éireann faoi chomhaontú iasachta a ndeachthas isteach ann leis an Aire Airgeadais i mí an Mheithimh 2020. Faoin gcomhaontú, cuirfear níos mó ná €1 billiún ar fáil d'Uisce Éireann chun fiachas tráchtála neamhbhaile atá ann faoi láthair a aisíoc agus chun a riachtanais iasachtaíochta uisce neamhbhaile sa todhchaí a mhaoiniú. B'ionann an tsuim iomlán a tarraingíodh anuas ag deireadh 2021 agus €502 mhilliún (féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.3).


### *Scairsheilbh i gcuideachtaí Éireannacha*

**1.32** Tá scairshealbha i 24 cinn de chuideachtaí Stáit agus príobháideacha nochta sna Cuntais Airgeadais.[1,2] Taifeadtar leas an Stáit sna cuideachtaí sin ag costas stairiúil, agus b'ionann é agus €7.96 billiún an 31 Nollaig 2021.

**1.33** Is ionann scairshealbha ar chostas sa Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (CÉRB), Permanent TSB Group, Coillte CGA, Uisce Éireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus níos mó ná 95% (de réir luacha) d'iomlán na scairshealbh mar a nochtar i gCuntais Airgeadais 2021.

**1.34** Go dtí deireadh 2013, nochtadh sna Cuntais Airgeadais sonraí maidir le glanluach sócmhainní (GLS) na scaireanna.[3] Léirítear i bhFíor 1.10 an difríocht idir an GLS agus costas stairiúil an chaipitil gnáthscaireanna do na hocht gcuideachta is mó gluaiseacht. B'ionann iomlán an GLS do na hocht gcuideachta an 31 Nollaig 2021 agus €10.8 billiún agus b'ionann an costas stairiúil agus €7.7 billiún, difríocht nach mór €3.2 billiún. Laghdaigh na caillteanais oibriúcháin arna dtabhú ag CÉRB agus Permanent TSB luach scairshealbha an Stáit sna comhlachtaí, go mór, áfach (-€3.6 billiún agus -€914 mhilliún faoi seach) ach tháinig méadú suntasach (€3.7 billiún) ar luach Uisce Éireann.

**Fíor 1.10 Gluaiseacht i nglanluach sócmhainní an scairchaipitil go costas stairiúil, ag deireadh 2021**




Foinse: An Roinn Airgeadais, Cuntais Airgeadais 2021

1 Féach ráiteas 1.8(A) de na Cuntais Airgeadais, 2021, is féidir a rochtain anseo.

2 Tá sé luaite ag an Roinn Airgeadais nach ráitis chuimsitheacha airgeadais iad na Cuntais Airgeadais don Stát, a shócmhainní agus a dhliteanais agus tá leas ag an Stát i níos mó eintiteas ná na heintitis a leagtar amach sna Cuntais Airgeadais.


3 Is ionann an glanluach sócmhainní, nó GLS, agus luach sócmhainní atá ag cuideachta lúide a dliteanais.

### *Cuntas Airgid Ilearraí*

**1.35** Is cuntas sealadach coinneála é an Cuntas Airgid Ilearraí a thaifeadann idirbhearta agus iarmhéideanna a fhaightear i Lárchiste an Státchiste de ghnáth, ach a choinnítear siar go dtí go bhfaightear treoracha cuí leordhóthanacha don diúscairt deiridh. Déanann an Roinn Airgeadais bainistíocht ar an gcuntas agus cuirtear i gcuntas é ar leithligh ó na Cuntais Airgeadais. Ó thaobh riaracháin de, is é an cuspóir ná an t-am a shealbhaítear cistí sa chuntas a íoslaghdú, lena chinntiú go bhfaightear iad sa Lárchiste go pras.

**1.36** B'ionann na fáltais isteach sa Chuntas Airgid Ilearraí in 2021 agus díreach níos lú ná €602 mhilliún. B'ionann na haistrithe amach ón gCuntas Airgid Ilearraí chuig an Lárchiste agus €691 mhilliún in 2021. B'ionann an t-iarmhéid a bhí sa Chuntas Airgid Ilearraí ag deireadh 2021 agus €156 mhilliún, agus fuarthas an chuid is mó den airgead sin sa 30 lá deiridh den bhliain (féach Fíor 1.11).[1] B'ionann an t-iarmhéid ag deireadh 2020 agus €245 mhilliún.

**Fíor 1.11 Iarmhéideanna dheireadh na bliana don Chuntas Airgid Ilearraí, 2011 go 2021**




Foinse: Cuntas Airgid Ilearraí, 2011 go 2021

1 Tógtar iarmhéid dheireadh 2021 ón dréachtchuntas neamh-iniúchta.

## Dliteanais Státchiste


### *Fiachas náisiúnta*

**1.37** Mhéadaigh fiachas náisiúnta na hÉireann faoi 8% (€17.7 billiún) in 2021 go €237.2 billiún ag deireadh na bliana (féach Fíor 1.12).[1]


**1.38** Bhí thart ar 85% (€202.7 billiún) den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2021 i bhfoirm na hiasachtaíochta meántéarmaí agus fadtéarmaí. Den chuid is mó, bhí sé sin comhdhéanta de bhannaí rialtais (bannaí ráta sheasta, bannaí ráta chomhlúthaigh, bannaí amúchta agus bannaí a bhaineann le boilsciú) agus iasachtaí Aontais Eorpaigh (Córas Cobhsaithe Airgeadais na hEorpa, Saoráid Cobhsaithe Airgeadais na hEorpa, agus ionstraim na hEorpa um thacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú le linn éigeandála (SURE)).

**1.39** B'ionann an fiachas a tháinig ó scéimeanna éagsúla coigiltis an Stáit agus €19.6 billiún, nó 8% den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2021.

**Fíor 1.12 Fiachas náisiúnta ar pharluachanna infhuascailte, deireadh 2011 go deireadh 2021**




***Comhdhéanamh an fhiachais náisiúnta ag deireadh 2021***




Foinse: Ráitis Airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann 2021, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Mar gheall ar an slánú, ní hionann céatadáin na ngnéithe aonair fiachais agus 100% nuair a shuimítear iad.


1 Sainmhínítear 'fiachas náisiúnta' in alt 1 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, mar fhiachas Státchiste atá neamhíoctha de thuras na huaire.

**1.40** B'ionann fiachas gearrthéarmach agus €14.9 billiún den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2021.[1] Bhí sé sin comhdhéanta de 'pháipéar gearrthéarmach' dar luach €9.8 billiún, iasachtaíocht ó Chiste Bainc Coigiltis An Post dar luach €3.1 billiún, agus €2 billiún ó chistí barrachais an Phámháistir Ghinearálta.[2]

**1.41** B'ionann eisiúint bannaí fadtéarmacha GBCN in 2021 agus €19.3 billiún san iomlán (2020: €24.6 billiún).[3] Eisíodh bannaí ag aibíocht mheánach ualaithe de níos mó ná 14 bliana agus toradh meánach ualaithe a bhí díreach níos lú ná 0.2%. Cuimsíodh leis an bhfiachas eisiúint bannaí a raibh aibíocht ar gach ceann acu a bhí idir cúig bliana agus 29 mbliana (féach Fíor 1.13). Eisíodh dhá bhanna shindeacáite nua, €5.5 billiún (banna 10 mbliana) agus €3.5 billiún (banna 20 bliain).[4]

**1.42** Chruinnigh GBCN nach mór €1 billiún i bhfiachas fadtéarmach eile freisin, a eisíodh faoina chlár *Nóta Meántéarmach Euro*. Bhí ocht láithriú phríobháideacha ráta sheasta ann a thiocfadh in aibíocht tar éis fadtréimhsí, idir 65 bliana agus 100 bliain, mar aon le banna 30 bliain amháin atá nasctha leis an mboilsciú.[5]

**Fíor 1.13 Eisiúintí bhannaí rialtais GBCN, 2021[a,b]**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Cuimsítear leis seo ceantanna neamhiomaíocha.

b Mar gheall ar an slánú, ní hionann céatadáin na mbannaí agus 100% nuair a shuimítear iad.

1 Tá aibíocht bhunaidh ag fiachas páipéir ghearrthéarmaigh atá níos lú ná bliain amháin.

2 Taifeadann an cuntas barrachais airgid ó chaiteachas poiblí iasachtaíocht agus aisíoc na gcistí barrachais arna sealbhú i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

3 Cuimsítear leis seo €0.8 billiún (€0.6 billiún in 2020) a eisíodh i gceantanna bannaí neamh-iomaíocha.

4 Is éard is díolachán bannaí sindeacáite ann ná eisiúint banna nua nó banna atá ann cheana trí shindeacáit déileálaithe príomha de bhannaí rialtais Éireannacha. Faoi láthair, aithníonn GBCN 14 dhéileálaí phríomha — forais idirnáisiúnta airgeadais den chuid is mó — atá freagrach as cruthú margaidh agus díol agus dáileadh bhannaí rialtais na hÉireann le hinfheisteoirí deiridh

5 Is éard is láithriú príobháideach ann ná díol ionstraimí fiachais, ar a dtugtar 'Nótaí' trí dhéileálaí príomha, le hinfheisteoir deiridh aonair nó roinnt infheisteoirí deiridh. Is gnách go dtarlaíonn na hidirbhearta sin mar gheall ar theagmháil ó infheisteoir le déileálaí príomha aitheanta a dhéanfaidh idirbheartaíocht maidir le téarmaí na heisiúna le GBCN.

*Banna Glas Ceannasach na hÉireann*

**1.43** Áirítear le hiarmhéid na mbannaí Rialtais ag deireadh 2021 bannaí glasa dar luach €6.8 billiún a eisíodh faoi Chreat Bhannaí Glasa Ceannasacha na hÉireann (BGCÉ).[1] Áirítear leis sin €0.75 billiún in eisiúintí faoin gcreat in 2021. Tá na BGCÉnna deartha chun na gnéithe airgeadais de bhanna caighdeánach Rialtas na hÉireann, chomh maith le cleachtadh mhargadh na mbannaí glasa ceannasacha, a sholáthar d'infheisteoirí, agus chun cuidiú le haistriú na hÉireann go geilleagar ísealcharbóin a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de agus a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a mhaoiniú.

*Ionstraim SURE an Aontais Eorpaigh*


**1.44** I mí an Mhárta, 2021, tharraing GBCN anuas €2.47 billiún in iasachtaí ó Ionstraim SURE an Choimisiúin Eorpaigh.[2] Bhí na suimeanna a tarraingíodh anuas bunaithe ar chostais a tabhaíodh cheana faoin Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) le linn phaindéim COVID-19. Bhí iasachtaí SURE a tarraingíodh anuas comhdhéanta díobh seo a leanas:

- iasacht cúig bliana dar luach €1.27 billiún le hús de 0%, a rachaidh in aibíocht i mí an Mhárta 2026, agus
- iasacht 25 bliana dar luach €1.2 billiún le hús de 0.45%, a rachaidh in aibíocht i mí Aibreáin 2046.

***Costais seirbhísithe fiachais***

**1.45** B'ionann an costas a bhain le fiachas náisiúnta na hÉireann a sheirbhísiú in 2021 agus €3.75 billiún — bhí sé sin 20% níos lú ná an costas in 2020, agus ba é sin an costas ab ísle ó bhí an bhliain 2009 ann (féach Fíor 1.14). Bhí an costas comhdhéanta de ghlan-ús ar an bhfiachas náisiúnta de €3.48 billiún, de ghlan-ús íoctha ar airgead tirim arna choinneáil sa Bhanc Ceannais agus ar shócmhainní airgeadais eile dar luach €112 milliún, agus de tháillí agus costais oibriúcháin de €151 mhilliún.

**Fíor 1.14 Costais seirbhísithe fiachais, 2009 go 2021 (bunús airgid thirim)**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


1 Le creat BGCÉ, cuirtear ar chumas na hÉireann tionscadail 'ghlasa' bhailí a mhaoiniú trí BGCÉ a eisiúint. Tar éis cinneadh comh-aireachta, cheadaigh an Rialtas an Creat i mí Iúil 2018.

2 Éascaíonn ionstraim SURE cuidiú ón gCoimisiúin le ballstáit i bhfoirm iasachtaí, suas le €100 billiún san iomlán.

**1.46** De réir, GBCN, tharla an laghdú ar an mbille seirbhísithe ar an bhfiachas toisc teacht in aibíocht bannaí ardchúpóin — bannaí a eisíodh den chuid is mó le linn na géarchéime airgeadais go mall sna 2000í — agus a n-ionadú le maoiniú níos saoire, chomh maith le comhbhrú thorthaí na mbannaí ceannasacha ag clár éascaithe chainníochtúil Bhanc Ceannais na hEorpa.[1]

**1.47** Léirítear na tosca sin freisin i meánchostas iasachtaíochta an Stáit, a lean ar aghaidh ag laghdú in 2021. Ag deireadh na bliana, measadh gurbh ionann an meánchostas ualaithe foriomlán seirbhísithe fiachais a bheith cothrom le 1.54% (féach Fíor 1.15).

**Fíor 1.15 Meánchostas ualaithe seirbhísithe fiachais, de réir cineál fiachais, 2011 go 2021**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a I mí an Mhárta, 2021, chuir GBCN i gcrích aisíoc iasacht dhéthaobhach na hÉireann ón Ríocht Aontaithe — cuid de chlár cúnaimh airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Ba é an tsuim a aisíocadh ná €0.48 billiún.

### *Sprioc fiachais an rialtais ghinearálta*

**1.48** Is tomhas níos cuimsithí ar fhiachas Stáit é fiachas rialtais ghinearálta ná fiachas náisiúnta agus is é an tomhas sin an tomhas caighdeánaithe a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar gach tír san Aontas Eorpach tuairisc a thabhairt air faoi Chonradh Maastricht.[2]

**1.49** De réir rialacha fioscacha Eorpacha, níor cheart fiachas rialtais ghinearálta na mballstát a bheith níos mó ná 60% den OTI nó, más mó é ná 60%, ba cheart an fiachas a laghdú i dtreo na sprice 60%.[3] Mar gheall ar fhás láidir OTI, laghdaigh cóimheas fiachais na hÉireann go 55.3% ag deireadh 2021, in ainneoin leibhéil iomlána fiachais, i gcomparáid le 58.4% ag deireadh 2020 (féach Fíor 1.16).

**1.50** Tá sé luaite ag an Roinn gurb amhlaidh, mar gheall ar shaobhadh staitistiúil in OTI na hÉireann, nach dtugann cóimheasa a bhaineann le OTI léargas ceart ar acmhainn aisíocaíochta gheilleagar na hÉireann. De bharr na cúise sin, glacadh sprioc nua d'Éirinn bunaithe ar OIN* in 2019.[4] Is é an sprioc náisiúnta ná an cóimheas fiachais le OIN* atá ag rialtas ginearálta na hÉireann a laghdú go 60% de réir a chéile, agus tá sprioc eatramhach ann chun 85% den OIN* a shroicheadh faoi 2025 (féach Fíor 1.16). Ag deireadh 2021, ba é an cóimheas fiachais le OIN* ná 100.8% (108.9% in 2020).[5]

1 Thug GBCN faoi deara nár tháinig aon bhannaí in aibíocht in 2021.


2 Tá fiachas rialtais ghinearálta comhdhéanta de dhliteanais fiachais an rialtais láir, na rialtas áitiúil agus na gcistí rialtais, seachas fiachas atá dlite ó earnáil rialtais amháin do cheann eile.

3 Lig an Coimisiún Eorpach do bhallstáit an Aontais Eorpaigh ceanglais a chur ar fionraí ar bhonn sealadach chun a gcuid spriocanna fioscacha a bhaint amach agus bearta buiséadacha cuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na cúinsí eisceachtúla a bhaineann le paindéim COVID-19.

4 Sainmhíníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh OIN* ('OIN mionathraithe') mar tháscaire atá deartha chun éifeachtaí domhandaithe a bhfuil tionchar díréireach acu ar thomhas mhéid gheilleagar na hÉireann a fhágáil as an áireamh.

5 Tuairiscíodh an cóimheas fiachais le OIN* le haghaidh 2020 a bheith 104.7% ar dtús. Athbhreithníodh an figiúr sin agus athraíodh é chuig 108.9%, mar a bhí foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i mí Iúil 2022.

**Fíor 1.16 Cóimheasa fiachais le OTI agus le OIN de chuid na hÉireann*, 2009 go 2021 (céatadán)**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. An Roinn Airgeadais

## Dliteanais eile

### *Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí*

**1.51** Is éard atá i gcomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) ná socrú idir údarás poiblí agus comhpháirtí príobháideach atá deartha chun sócmhainní agus/nó seirbhísí bonneagair phoiblí a fháil agus a sholáthar faoi chonarthaí fadtéarmacha. Déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn a mhaoiniú agus a thógáil, agus ina dhiaidh sin cuirtear ar fáil í lena húsáid ag an bpobal agus íocann an Stát agus/nó úsáideoirí aisti (trí mhuirir úsáideoirí) thar thréimhse fhada (25 bliana de ghnáth). Tagann an tsócmhainn faoi úinéireacht an Stáit ansin.


**1.52** Déantar CPPanna a thaifeadadh mar chóras maoinithe ‘lasmuigh den chlár comhardaithe’ ó thaobh an rialtais ghinearálta de, toisc nach n-áirítear dliteanais faoi chonarthaí CPP de ghnáth i ríomh fhiachas an rialtais ghinearálta. Íoctar dliteanais de réir mar a eascraíonn siad as eisiúintí vótáilte trí úsáid a bhaint as an Lárchiste, nó as muirir úsáideoirí i gcás thionscadail lamháltais CPP.

**1.53** Rianaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceangaltais sa todhchaí faoi thionscadail CPP. Ag deireadh 2021, bhí 30 scéim CPP ag feidhmiú go hiomlán agus bhí sé cinn acu ag céim na forbartha. Ag an dáta sin, bhí ceangaltais CPP don todhchaí díreach os cionn €6.4 billiún (féach Fíor 1.17).

**1.54** B'ionann an caiteachas ar íocaíochtaí aonadacha CPP agus díreach os cionn €320 milliún in 2021. Faoi na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, gheall an Státchiste go ndéanfadh sé íocaíochtaí thart ar €325 mhilliún ar an meán in aghaidh na bliana go dtí 2035.[1] Ina dhiaidh sin, tiocfaidh laghdú ar íocaíochtaí faoi na bearta sin, toisc go mbeidh na conarthaí níos sine curtha i gcrích den chuid is mó.

1 D’fhéadfadh go dtiocfadh méadú ar leibhéil bhliantúla chomhiomlána na n-aisíocaíochtaí le linn na tréimhse seo de réir mar a chuirtear conarthaí nua CPP i bhfeidhm.

**Fíor 1.17 Comhdhéanamh an chostais iomláin réamh-mheasta ar gach íocaíocht CPP gan íoc**




Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

### *Íocaíocht faoisimh fiachais*

**1.55** In 2020 agus 2021, thoiligh an tAire Airgeadais go n-aistreofaí sciar acmhainní na hÉireann i gcuntais arna mbainistiú ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta chuig na cuntais arna riar ag an gCiste le haghaidh na Somáile agus na Súdáine, chun na riaráistí a bhí dlite ag an dá thír a ghlanadh. San iomlán, bhí ranníocaíocht na hÉireann ó na cuntais arna mbainistiú ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta thart ar €8.5 milliún, agus bhí €6.5 milliún as sin iníoctha le Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ).

**1.56** Shocraigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) gur mhaoiniú airgeadúil a bhí i gceist le húsáid chistí BCÉ chun na críche sin, agus gur sáraíodh Airteagal 123 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh dá bharr.

**1.57** I bhfianaise an chinnidh ó BCE, ceanglaíodh ar Éirinn (an Státchiste) an t-airgead a aisíoc le BCÉ.[1] Dá réir sin, tá infháltas €6.5 milliún i ráitis airgeadais BCÉ le haghaidh 2021.[2] Sa tuarascáil bhliantúil uaidh le haghaidh 2021, luann BCE nach comhoiriúnach le dianchosc ar mhaoiniú airgeadaíochta atá deontais airgeadais, a dhéanann bainc cheannais le tionscnaimh faoisimh fiachais de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta le haghaidh tíortha atá i bhfiachas mór, agus bíonn bearta ceartaitheacha ag teastáil ina leith.[3]

**1.58** Toisc go gcuirtear na Cuntais Airgeadais i láthair a bhonn airgid thirim, agus toisc nach bhfuil ráiteas faoin staid airgeadais iontu, ní aithnítear an fiachas i gCuntais Airgeadais 2021.

1 Cuirfear foráil ar áireamh sa Bhille um Chomhaontuithe Bretton Woods (Leasú), 2022, chun bonn dlíthiúil don íocaíocht a sholáthar.

2 Is féidir Tuarascáil Bhliantúil an Bhainc Ceannais le haghaidh 2021 agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta an Bhainc Ceannais le haghaidh 2021–2022 a aimsiú anseo.

3 Is féidir tuarascáil bhliantúil an Bhainc Ceannais Eorpaigh le haghaidh 2021 a aimsiú anseo.

## Iarscríbhinn 1A Staitisticí airgeadais rialtais ón bPríomh-Oifig Staidrimh

Ceanglaíonn Europol, údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh, ar gach ballstát raon staitisticí airgeadais a tháirgeadh lena gcomhlíontar na sainmhínithe comhchuibhithe agus na caighdeáin chomhchuibhithe laistigh de Chóras Eorpach na gCuntas 2010.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) freagrach as tuairisciú oifigiúil a dhéanamh ar staitisticí airgeadais rialtas ginearálta na hÉireann.

Cuimsíonn na haschuir airgeadais rialtais ghinearálta agus na staitisticí rialtais ghinearálta ón bPríomh-Oifig Staidrimh na príomhráitis seo a leanas

- Tábla 1.1 — cúrsaí airgeadais rialtais ghinearálta
- Tábla 1.2 — idirbhearta rialtais ghinearálta: ioncam, caiteachas, maoiniú agus easnamh
- Tábla 2.1 — rialtas ginearálta; aicmiú mionsonraithe ioncaim agus aschuir
- Tábla 2.2 — rialtas ginearálta; aicmiú mionsonraithe caiteachais agus tomhaltais
- Tábla 3.1 — ollfhiachas agus glanfhiachas rialtais ghinearálta
- Tábla 3.2 — idirbhearta airgeadais rialtais ghinearálta
- Tábla 3.3 — rialtas ginearálta: miondealú mionsonraithe ar a ghlanfhiúchas
- Tábla 3.4 — rialtas ginearálta: glanfhiúchas, ollfhiachas agus glanfhiachas

Cuimsítear in earnáil an rialtais ghinearálta an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, comhlachtaí neamhthráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus cistí buiséadacha breise, na comhlachtaí tithíochta ceadaithe is mó agus ospidéil dheonacha.

Tá liosta iomlán na n-eintiteas foilsithe ar shuíomh Gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

## Iarscríbhinn 1B Táblaí sonraí

### Fíor 1B.1 Comhdhéanamh fháltais agus eisiúintí an Lárchiste, 2016 go 2021[a]

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Fáltais** | | | | | | |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | | |
| Ioncam cánach | 47,864 | 50,737 | 55,557 | 59,314 | 57,165 | 68,410 |
| Aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil | 318 | 230 | — | — | — | — |
| Ioncam barrachais an Bhainc Ceannais[b] | 1,800 | 1,836 | 2,108 | 2,395 | 2,050 | 666 |
| Ioncam barrachais an Chrannchuir Náisiúnta | 219 | 227 | 225 | 251 | 270 | 290 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 269 | 324 | 261 | 262 | 133 | 152 |
| Ioncam reatha eile | 498 | 248 | 311 | 440 | 197 | 422 |
| Ioncam barrachais GNBS | — | — | — | — | 2,000 | 1,000 |
| ***Fáltais chaipitil*** | | | | | | |
| Iasachtaí/airleacain a aisíocadh[c] | 2,143 | 1,021 | 933 | 1,055 | 1,680 | 10,382 |
| Fáltais bhearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 1,871 | 3,723 | 341 | 682 | 3 | — |
| Fáltais chaipitil eisceachtúla[d] | — | — | — | — | 1,500 | — |
| Fáltais ón Aontas Eorpach | | | 89 | 24 | 25 | 645 |
| Fáltais chaipitil eile | 75 | 30 | 483 | 6 | 5 | 274 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **55,057** | **58,376** | **60,308** | **64,429** | **65,028** | **82,240** |
| **Eisiúintí** | | | | | | |
| Eisiúintí maidir le caiteachas vótáilte | 43,986 | 46,291 | 50,445 | 54,146 | 67,849 | 71,579 |
| Seirbhísiú fiachais náisiúnta | 6,845 | 6,227 | 5,967 | 5,220 | 4,676 | 3,745 |
| Ranníocaíocht le buiséad an Aontais Eorpaigh | 2,023 | 2,016 | 2,519 | 2,432 | 2,569 | 3,507 |
| Coimisiún an Oireachtais | 114 | 110 | 131 | 126 | 132 | 133 |
| Iasachtaí/airleacain[c] | 2,320 | 963 | 975 | 935 | 1,523 | 10,264 |
| Bearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 4 | — | — | — | — | — |
| Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí) | 184 | 270 | — | 758 | 372 | 130[c] |
| Aistriú chuig an gCiste Rialtais Áitiúil[e] | 463 | 480 | 12 | — | — | — |
| Íocaíochtaí eile | 136 | 113 | 160 | 165 | 224 | 255 |
| **Iomlán na n-eisiúintí** | **56,075** | **56,470** | **60,209** | **63,782** | **77,345** | **89,612** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **(1,018)** | **1,906** | **99** | **647** | **(12,317)** | **(7,372)** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2016 go 2021. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nótaí:

a Is comhdhlúthaithe atá idirbhearta chuntas an Lárchiste agus an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Coinníonn GBCN an cuntas deireanach seo chun fiachas náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta a sheirbhísiú.

b Is éard atá sa tsuim a fhaightear isteach sa Lárchiste gach bliain go príomha an t-ioncam barrachais don bhliain airgeadais roimhe sin, de réir ráitis airgeadais iniúchta Bhanc Ceannais na hÉireann.

c Féach Fíor 1B.3 le haghaidh tuilleadh sonraí.

d Tá fáltais chaipitil eisceachtúla neamh-athfhillteach. Baineann figiúr 2020 leis an gCúlchiste Barrachais Náisiúnta.

e Bainteach le cur i bhfeidhm fáltas cánach maoine áitiúla (CMÁ), a cuireadh ar áireamh in ioncam cánach roimh 2018. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, íocann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais CMÁ go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil, seachas go hindíreach tríd an Lárchiste.

**Fíor 1B.2 Gluaiseachtaí in iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2016 go 2021**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Iarmhéid ag an 1 Eanáir** | **13,554** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** |
| Glan-iasachtaíocht/(aisíocaíochtaí) an Státchiste sa bhliain | (1,417) | 193 | 4,276 | 297 | 12,981 | 17,321 |
| Barrachas/(easnamh) Státchiste | (1,018) | 1,906 | 99 | 647 | (12,317) | (7,372) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** | **29,149** |

| Comhdhéanamh airgid thirim agus sócmhainní airgeadais ag an 31 Nollaig | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| Iarmhéid airgid thirim an Lárchiste[a] | 8,385 | 10,533 | 15,338 | 16,502 | 17,362 | 27,474 |
| Taiscí bainc tráchtála | 199 | — | — | — | — | — |
| Nótaí ráthaithe meántéarmacha CBSÉ[b] | 85 | 85 | 85 | 25 | — | 10 |
| Nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | 2,032 | 1,742 | 1,558 | 1,913 | 1,586 | 1,665 |
| Maoiniú comhthaobhachta | 418 | 857 | 612 | 96 | 252 | — |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **11,119** | **13,217** | **17,593** | **18,536** | **19,200** | **29,149** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2016 go 2021. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nótaí:
a Áirítear leis iarmhéid €216,000 á shealbhú sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC) (2020: €216,000).

b Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Is é an aidhm atá léi rochtain ar mhaoiniú solúbtha a chinntiú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann trí sholáthar maoinithe ar chostas níos ísle agus táirgí solúbtha a éascú. Is leis an Aire Airgeadais scairchaipiteal eisithe SBCI.

**Fíor 1B.3 Iasachtaí agus airleacain, 2016 go 2021**

| | 2016 €m | 2017 €m | 2018 €m | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 599 | 770 | 740 | 725 | 750 | 670 |
| Aisíocaíochtaí | (599) | (770) | (740) | (725) | (750) | (670) |
| Iasachtaí a eisíodh | 770 | 740 | 725 | 750 | 670 | 655 |
| **Iarmhéid deiridh** | **770** | **740** | **725** | **750** | **670** | **655** |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | — | — | — | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | (1,370) | — | — | — | (600) | (9,370) |
| Airleacain | 1,370 | — | — | — | 600 | 9,370 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** |
| **An Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 812 | 706 | 636 | 636 | 556 | 414 |
| Aisíocaíochtaí | (106) | (70) | — | (80) | (142) | (69) |
| Iasachtaí a eisíodh | — | — | — | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **706** | **636** | **636** | **556** | **414** | **345** |
| **Tacaíocht cobhsaíochta an Aontais Eorpaigh don Ghréig** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 347 | 347 | 347 | 347 | 347 | 344 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | — | (3) | (22) |
| **Iarmhéid deiridh** | **347** | **347** | **347** | **347** | **344** | **323** |
| **Uisce Éireann** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 96[a] | — | — | — | — | 372 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | — | — | — |
| Airleacain | — | — | — | — | 372 | 130 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **372** | **502** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 81 | 194 | 236 | 293 | 228 | 296 |
| Comhshó iasachtaí/aisíocaíochtaí | (67) | (181) | (193) | (250) | (185) | (253) |
| Iasachtaí a eisíodh | 180 | 223 | 250 | 185 | 253 | 241 |
| **Iarmhéid deiridh** | **194** | **236** | **293** | **228** | **296** | **284** |
| **Iarmhéid deiridh iomlán** | **2,017** | **1,959** | **2,001** | **1,881** | **2,096** | **2,109** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2016 go 2021. Aon difríocht dhealraitheach atá ann, tá sí mar gheall ar an slánú.

Nóta: a I mí na Nollag 2016, rinneadh an iasacht a thiontú ina ranníocaíocht caipitil neamhchoinníollach, neamh-inchúlghairthe agus neamh-inaisíoctha.

# 2 Glanchostas na mbeart cobhsaithe baincéireachta

**2.1** Tar éis don ghéarchéim airgeadais a tharla in 2008, thug an Stát faoi sraith bheart chun an córas baincéireachta a chobhsú, lena n-áirítear

- caipitliú suntasach de bhainc intíre
- soláthar ón mBanc Ceannais de chúnamh eisceachtúil leachtachta do bhainc intíre
- ráthaíochtaí Rialtais d'éarlaisí agus do dhliteanais eile
- cur ar bun na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) d'fhonn sócmhainní bearnaithe a fháil ó bhainc.

**2.2** Ba chasta na bearta ar tugadh fúthu agus bhí siad fite fuaite lena chéile, agus beidh tionchar marthanach acu ar an Státchiste. Cé gur féidir na suimeanna a infheistítear i mbainc athchaipitlithe, fáltais ó dhiúscairtí, ioncam a fhabhraíonn ó na hinfheistíochtaí, agus luachanna iarmharacha measta a aithint go héasca, tá gá le nósanna imeachta meastacháin chun na costais a shainaithint a thabhaigh an Stát le linn di a gcuid infheistíochtaí a mhaoiniú.

**2.3** I tuarascálacha roimhe seo, sholáthair mé meastacháin ar na bearta cobhsaithe bunaithe ar an eolas ab fhearr a bhí ar fáil ag an am (ag deireadh gach ceann de na blianta 2014, 2016 agus 2018). Ar an mórgóir, bhí na meastacháin sin sa raon €40 billiún go €42 billiún.[1] I bhfianaise an mhéid ama atá imithe thart ó shin agus conas mar atá a lán de na bearta cobhsaithe tar éis dul i bhfeidhm go forleathan, tugadh faoin tuarascáil seo d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an meastachán ar ghlanchostas sa chaoi is go gcuirfí forbairtí ó 2018 i leith agus faisnéis ar fáil suas go deireadh 2021 san áireamh.

## Forléargas ar ghlanchostas

**2.4** Bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil suas go deireadh 2021, tá an scrúdú seo tar éisglanchostas na mbeart cobhsaithe baincéireachta don Stát a mheas ag thart ar €45.7 billiún (féach Fíor 2.1). Sa mheastachán seo tá an luach (mar a measadh é ag 31 Nollaig 2021) ar infheistíochtaí iarmharacha an Stáit i mbainc (€4.9 billiún) agus tuilleamh coinnithe GNBS (€1.8 billiún) curtha san áireamh.

**2.5** Tá meastachán déanta ar an nglan-olltoradh i dtaca leis an méid tacaíochta a thug an Stát do gach institiúid ar bhealach a chuireann san áireamh luach iarmharach measta d'infheistíochtaí an Stáit ar an 31 Nollaig 2021 (féach Fíor 2.2). I gcás

- Corparáid Éireannach um Réiteach Banc (CÉRB) — is é €37.3 billiún an glanchostas a mheastar
- Bainc-Aontas Éireann — is €13.1 billiún an glanchostas a mheastar
- Permanent TSB — is é €1.5 billiún an glanchostas a mheastar
- Banc na hÉireann — tá barrachas glan de €1.4 billiún i gceist.

1 Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2014; Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2016; Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2018.

**2.6** I gcás na gceithre banc go léir, is é an toradh atá le sonrú ná glanchostas de €50.5 billiún. Ní chuirtear san áireamh le seo tuilleamh carntha de chuid GNBS de €4.8 billiún, toisc nach féidir iad seo a shannadh d'iasachtaí faighte ó bhainc ar leith (féach Fíor 2.2).

**Fíor 2.1 Glantoradh measta ó na bearta cobhsaíochta baincéireachta ag deireadh 2021**

| **Glaninfheistíochtaí** | **€bn** | **€bn** |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí sna bainc | €66.8 | |
| Diúscairt cothromais/scaireanna | (€12.8) | |
| Luach iarmharach measta d'infheistíochtaí ag deireadh 2021 | (€4.9) | **€49.1** |
| *Móide glanchostas de sheirbhísiú ar fhiachas* | | |
| Costas a bhaineann le seirbhísiú ar fhiachas[a] | €28.8 | |
| Ioncam breise de chuid an Bhainc Ceannais (measta)[b] | (€16.9) | **€11.9** |
| *Lúide ioncam ó infheistíochtaí/ó bhearta eile* | | |
| Díbhinní/ús | (€5.5) | |
| Glanioncam ó scéim ráthaíochta dliteanais mar aon le díbhinn ó leachtaitheoir speisialta an CÉRB | (€5.0) | |
| Barrachas íoctha ag GNBS leis an Státchiste | (€3.0) | **(13.5)** |
| **Glanchostas don Stát** | | **€47.5** |
| Tuilleamh coinnithe de chuid GNBS | | **(€1.8)** |
| **Glantoradh measta don Stát ó na bearta cobhsaíochta baincéireachta ag deireadh 2021** | | **€45.7** |
| **Meastar go mbeidh an costas bliantúil arís agus arís eile a bhainfidh le seirbhísiú ar fhiachas san fhadtéarma idir €0.7 billiún go €0.9 billiún in aghaidh na bliana** | | |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Féach Iarscríbhinn 2A le haghaidh tuilleadh sonraí


Nótaí:

a Mar chuid den chostas a mheastar do sheirbhísiú ar fhiachas a bhaineann leis an infheistíocht i mbainc, tá costais bharúlacha sheirbhísiú ar fhiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí a rinne An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ), agus na bisigh a d'íoc Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) nuair a d'fhuascail sí bannaí Rialtais a eisíodh don Bhanc Ceannais in ionad nótaí gealltanais.

b An chuid mheasta d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith bearta cobhsaithe baincéireachta.

c Déanann an réimse talamh slán de rátaí 1.5% go 2% in aghaidh na bliana; cinnfear an costas iarbhír de réir an mhéid a réadófar ó na hinfheistíochtaí atá fágtha agus ó chostais iasachtaíochta an Stáit.

**Fíor 2.2 Glan-toradh measta maidir le bainc ar leith ag deireadh 2021**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Leagtar amach a thuilleadh sonraí in Iarscríbhinn 2A.


## Forbairt na meastachán ar ghlanchostas

**2.7** Tá an meastachán ar ghlanchostas na mbeart cobhsaíochta bunaithe ar fhaisnéis ó dheireadh 2021(€45.7 billiún) agus tá sé 8%–15% níos airde ná na meastacháin a rinneadh roimhe seo (féach Fíor 2.3). Tá sé amhlaidh mar

- tá na costais iasachtaíochta tabhaithe ar feadh trí bliana eile (2019 go 2021) curtha san áireamh sa ghlanchostas measta don seirbhísiú ar fhiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí an Stáit.
- tá an luach iarmharach measta de scairshealbha na mbanc (coigeartaithe de réir diúscartha) i bhfad níos ísle.

Déantar na tionchair dhochracha seo a chúiteamh go páirteach trí fháltais díbhinní ó infheistíochtaí bainc agus ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB, agus méadú a tháinig ar thuilleamh carnach de chuid GNBS.

**Fíor 2.3 Meastacháin ar ghlanchostas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta a mbaineann úsáid as an bhfaisnéis ar fáil ag deireadh na bliana 2014, 2016, 2018 agus 2021**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta a Is é €43.1 billiún an glanchostas measta a tuairiscíodh i dtaca le sonraí na bliana 2014. Tá an figiúr seo coigeartaithe go €42.4 billiún anseo, le bheith i gcomhréir leis an modheolaíocht a úsáideadh maidir le gach meastachán ina dhiaidh sin. Cuireann an coigeartú cúlchistí an Bhainc Ceannais san áireamh ar fiú €800 milliún iad chomh maith le heasnamh carntha de €75 milliún de chuid GNBS, mar a bhí sé ag deireadh 2014.

## Caipitliú na mbanc

**2.8** Idir Márta 2009 agus deireadh 2010, d'infheistigh an Stát €46.8 billiún san iomlán sna bainc. Tar éis don Bhanc Ceannais athbhreithniú a dhéanamh in 2011,[1] d'infheistigh an Stát €20 billiún eile le linn na tréimhse 2012–2014. Rinneadh na hinfheistíochtaí seo — ar fiú €66.8 billiún ar fad iad — a mhaoiniú mar seo a leanas:

- An Státchiste — €44.4 billiún, lena n-áirítear €30.85 billiún i bhfoirm nótaí gealltanais. I gcás na mbanc, bhí nótaí gealltanais incháilithe mar chomhthaobhacht le haghaidh Cúnamh Eisceachtúil Leachtachta ón mBanc Ceannais.
- Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) — € 22.4 billiún, lena n-áirítear gnáthscaireanna a fuarthas in ionad díbhinní ar scaireanna tosaíochta ar luach de €1.7 billiún.[2]

**2.9** I Feabhra 2013, tar éis do leachtaitheoirí speisialta a bheith ceaptha ar an CÉRB, cuireadh bannaí rialtais in áit nótaí gealltanais ar fiú €25.034 billiún iad. Idir 2014 agus 2021, d'fhuascail GBCN €19.5 billiún de na bannaí ionaid sin.

**2.10** Tá níos mó sonraí faoi na hinfheistíochtaí, diúscairtí agus faoin ioncam uathu leagtha amach in Iarscríbhinn 2B.

## Costais a bhaineann le fiacha

**2.11** De bharr gur tógadh amach iasachtaí méadaithe le cuid mhór de na hinfheistíochtaí sna bainc a mhaoiniú, roinnt mhaith, ní mór don Stát costais bhreise bhliantúla um sheirbhísiú fiach agus costais eile lena mbaineann a sheasamh. Thabhaigh an Stát costais de thart ar €28.8 billiún san iomlán de bharr fiachais a bhain leis na hinfheistíochtaí i gcaitheamh na tréimhse idir 2009 agus 2021 (féach Fíor 2.4). Mar chuid den chostas seo tá


- costais mheasta úis (€18.6 billiún san iomlán), lena n-áirítear costais úis bharúlacha na n-infheistíochtaí a rinne an CISÉ[3]
- Bisigh (de luach €10.2 billiún san iomlán) a d'íoc an GBCN nuair a d'fhuascail sé bannaí Rialtais a eisíodh don Bhanc Ceannais chun dul in ionad nótaí gealltanais. Tháinig na bisigh chun cinn de bharr go raibh an toradh ar na bannaí Rialtais ní b'ísle tráth a ndiúscartha ná an tráth a bhfuair an Banc Ceannais iad.

1 Athbhreithniú ar mheasúnú caipitil stuamachta (PCAR 2011) a shainaithin na riachtanais caipitil bhreise atá ag trí bhanc — AIB, Banc na hÉireann agus PTSB. Níor tháinig an CÉRB faoi réir an PCAR 2011.

2 Is é an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) a rinne na hinfheistíochtaí ar an gcéad dul síos. In 2014, aistríodh na sócmhainní den CNP chuig an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ISIF).

3 Toisc gur mhaoinigh an CISÉ a chuid infheistíochtaí óna acmhainní féin, ní raibh aon mhuirear úis díreach ann. Mar sin féin, tá deischostas ann don Stát don infheistíocht. Chun críocha an scrúdaithe seo, ríomhadh an costas barúlach seo mar an t-ús a thabhaigh an Státchiste ar na hiasachtaí a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh cistí CISÉ ar fáil don Stát chun críocha eile seachas infheistiú i mbainc.

**Fíor 2.4 Costais charnacha measta bainteach le fiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí an Stáit i mbainc, 2009 go 2021[a]**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá tuilleadh sonraí faoi chostais mheasta sheirbhísiú na bhfiach agus faoin modheolaíocht a úsáideadh leagtha amach in Iarscríbhinn 2C. Déantar cur síos níos mine ar íocaíochtaí GBCN leis an mBanc Ceannais in Iarscríbhinn 2D.

## Barrachas ioncaim an Bhainc Ceannais a bhaineann le cobhsú baincéireachta

**2.12** Tá an costas don Stát maidir le seirbhísiú na bhfiach a bhaineann le bearta cobhsaíochta baincéireachta fritháirithe go páirteach ag ioncam gaolmhar Bhanc Ceannais na hÉireann

**2.13** Do na blianta 2009 go 2021, de réir an scrúdaithe meastar go bhfuil thart ar €16.9 billiún de bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais (€22.9 billiún san iomlán)[1] inchurtha i leith ionstraimí airgeadais a coinníodh de thoradh bhearta cobhsaithe baincéireachta a rinne an Stát (féach ar Fíor 2.5).[2] Fabhraíonn farasbarr ioncaim uile an Bhainc Ceannais don Stát — mhéadaigh an Banc Ceannais a chúlchistí trí 20% den fharasbarr ioncaim a choimeád (thart ar (€3.4 billiún bainteach le bearta cobhsaíochta baincéireachta); agus d'íoc an t-iarmhéid (80%) leis an Státchiste (€13.5 billiún bainteach le bearta cobhsaíochta baincéireachta) i bhfoirm díbhinní bliantúla breise.

1 Tá barrachas ioncaim de €22.9 billiún roimh ghlanchaillteanais achtúireacha ó scéim pinsin an Bhanc Ceannais ar fiú €400 milliún iad thar an tréimhse 2009 go 2021.

2 Cuimsíonn foinsí eile ioncam an Bhainc Ceannais ús tuillte ar iasachtú a rinne an banc mar chuid d'oibríochtaí bheartais airgeadaíochta an Eurochórais agus ioncam tuillte faoi urrúis arna gcoinneáil faoi chláir cheannach bannaí an Eurochórais.

**Fíor 2.5 Meastachán ar bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith idirbhearta maidir le bearta cobhsaíochta baincéireachta, 2009 go 2021**

| | Glanioncam ó ús | Gnóthachain ar dhiúscairt bannaí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn |
| Cúnamh Eisceachtúil Leachtachta (CEL)[a] | 1.89 | — | 1.89 |
| Bannaí Rialtais, nó bannaí ráthaithe ag an Rialtas, atá faoi sheilbh an Bhainc Cheannais[b,c] | 3.99 | 11.05 | 15.04 |
| **Iomlán** | **5.88** | **11.05** | **16.93** |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Idir 2009 agus 2013, tugadh CEL do na ceithre bhanc a bhí caipitlithe ag an Stát.

b I measc seo tá bannaí bainteach leis an CÉRB a d'eisigh an GNBS, bannaí a eisíodh mar chúiteamh ar íocaíocht nóta gealltanais de luach €3.06 billiún, agus bannaí a eisíodh chun dul in ionad nótaí gealltanais ar luach €25.034 billiún tráth ar leachtaíodh an CÉRB.

c D'íoc an GBCN €10.2 billiún de na gnóthachain nuair a d'fhuascail sé bannaí Rialtais a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais; réadaíodh an €0.9 billiún eile ó dhíolachán ar an margadh oscailte.

**2.14** Is don CÉRB a tugadh cúnamh eisceachtúil leachtachta den chuid is mó, agus bhain an t-ioncam agus na gnóthachain go léir i leith bannaí Rialtais le CÉRB. San iomlán, tá méid measta de €16.7 billiún (99%) de bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais sna blianta ó 2009 go 2021 agus a d'eascair ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta, tá sé inchurtha i leith idirbhearta idir an Banc Ceannais agus CÉRB. Tá an t-iarmhéid inchurtha i leith Bhanc na hÉireann (€99 milliún), Bainc-Aontas Éireann (€66 milliún) agus Permanent TSB (€44 milliún).

**2.15** Íocann GBCN ó chistí an Státchiste an t-ús ar na bannaí i seilbh an Bhainc Ceannais, agus na bisigh den luach €10.2 billiún a íocadh nuair a cheannaigh GBCN roinnt de na bannaí ar ais. In Iarscríbhinn 2D cuirtear sonraí breise ar fáil ar bhannaí Rialtais atá i seilbh an Bhainc Ceannais agus ar íocaíochtaí ag an GBCN leis an mBanc Ceannais.

## Costais leanúnacha ó sheirbhísiú ar fhiachas agus ioncam leanúnach ó 2021

**2.16** Ag deireadh 2021, tá an costas a bhaineann le seirbhísiú ar fhiachas fós á thabhú ag an Státchiste, fiach a d'eascair as na hinfheistíochtaí a rinneadh sna bainc ar ghlanchostas €52.4 billiún.[1] De réir an scrúdaithe beidh an glanchostas a bhaineann le seirbhísiú ar fhiachas thart ar €0.8. billiún in 2022.[2] Baineann an chuid is mó den fhigiúr sin (timpeall €0.5 bhilliún) leis an CÉRB agus le Bainc-Aontas Éireann (beagnach €0.25 billiún). Meastar gurb é €30 milliún an costas leanúnach a bhaineann le seirbhísiú a dhéanamh ar fhiach Permanent TSB don bhliain 2022.

1 An glanchostas d'infheistíochtaí roimh luachanna iarmharacha measta agus tuilleamh coinnithe de chuid GNBS. Laghdóidh an tsuim mhaoinithe seo, a thabhaíonn costais úis, de réir mar a dhéanfar diúscairt ar scairshealbha iarmharacha, agus nuair a íoctar iarmhéid bharrachas an GNBS leis an Stát.

2 Níl san áireamh leis seo ach costais úis amháin. Beidh costas breise i gceist le haon bhisigh a íocfar i leith fuascailtí bannaí.

**2.17** Fuair an Stát an méid a d'infheistigh sé i mBanc na hÉireann ar ais (costais ghaolmhara sheirbhísiú ar fhiachas san áireamh) agus ní thabhaíonn aon chostais leanúnacha ó sheirbhísiú ar fhiachas dá bhrí sin maidir leis an institiúid sin.

**2.18** Tá laghdú tagtha ar an gcostas measta bliantúil de sheirbhísiú a dhéanamh ar fhiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí, mar gheall ar laghdú ar an meánchostas ualaithe a bhaineann le seirbhísiú a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta a úsáidtear chun na costais infheistíochta seo a mheas (féach Fíor 2C.2). Faoi dheireadh 2021, ba 1.54% é an figiúr seo.

**2.19** Braithfidh costas fadtéarmach sheirbhísiú ar fhiachas bainteach leis na hinfheistíochtaí sna bainc ar roinnt fachtóirí éagsúla lena n-áirítear

- An méid a réadóidh an Stát ó dhiúscairt a scairshealbha iarmharacha bainc, agus ó aon aistriú eile de bharrachas GNBS.
- An tréimhse ina mbeidh roinnt bannaí Rialtais fós i seilbh an Bhainc Ceannais. (Mar sin féin, déanfar an t-úschostas seo ar leis an Stáit é a chúiteamh le barrachas ioncaim tuillte ag an mBanc Ceannais — féach thuas).
- Costas an mhaoinithe don Stát de réir mar a dhéanann sé fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú tráth a dtagann sé in aibíocht.

**2.20** San fhadtéarma, táthar ag tuar go mbeidh an costas a bhaineann le seirbhísiú a dhéanamh ar fhiachas bainteach leis na hinfheistíochtaí thart ar €450 milliún go bliantúil in aghaidh gach pointe céatadáin a íoc an Stát ar a fiach féin.[1] Cuir i gcás, más é an meánchostas de 1.54% ar fhiachas ag deireadh 2021 a úsáidtear, ba é €700 milliún an costas a bhainfeadh le seirbhísiú a dhéanamh ar fhiachas a bhaineann le cobhsú na mbanc. Ní chuirtear san áireamh sa mheastachán seo na costais bhreise úis a eascróidh amach anseo ón gcostas bliantúil a bhainfidh le seirbhísiú ar fhiachas a mhaoiniú.

## Ioncam ó scéim ráthaíochta dliteanais

**2.21** Thug an Stát ráthaíocht do dhliteanais áirithe a bhí ar na bainc faoi thrí phríomhscéim.

- An Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT), faoinar tugadh ráthaíocht do thaiscí a bhí ag daoine aonair in institiúidí creidmheasa clúdaithe suas le teorainn €100,000 in aghaidh an taisceora incháilithe in aghaidh na institiúide.[2] Ní gá do na hinstitiúidí creidmheasa clúdaithe ag an scéim seo táillí a íoc leis an Stát.
- An Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (FCTA), a bhí i réim idir 2008 agus 2010, faoinar tugadh ráthaíocht do réimse leathan dliteanas bainc le haghaidh seacht n-institiúid a roghnaigh páirt a ghlacadh sa scéim.[3] Bhí ceanglas ar na forais chreidmheasa íocaíochtaí a dhéanamh chun cosaint a fháil faoin scéim.
- Tháinig an Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe (an SRDI) in éifeacht i mí na Nollag 2009 agus níor glacadh le haon dliteanais nua tar éis mí an Mhárta 2013. Chríochnaigh an scéim i mí an Mhárta 2018. Bhí ceanglas ar na ceithre institiúid a ghlac páirt sa scéim[4] táillí a íoc mar chúiteamh ar an gcosaint a fuair siad.

**2.22** Faoi dheireadh 2021, bhí glanioncam de €5 billiún faighte ag an Stát faoi na scéimeanna. Fuarthas €4.5 billiún de tháillí. Le cois sin, fuarthas beagán os cionn €1.1 billiún i bhfoirm táillí, agus €1.24 billiún, ús san áireamh, i ndáil le scéimeanna ráthaíochta a fuarthas ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB.

**2.23** Le cois sin, fuair an Stát €0.35 ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB i dtaca le scaireanna tosaíochta atá i seilbh an Stáit ón mBanc Angla-Éireannach a bhíodh ann tráth ar an dáta a rinneadh é a náisiúnú.

1 Bunaithe ar an nglan-olltoradh measta ag deireadh 2021. Méadóidh an méid atá le maoiniú gach bliain de réir an méid is gá chun costais leanúnacha sheirbhísiú ar fhiachas a íoc, agus tabhóidh sé costais úis freisin.

2 Ní chlúdaítear ach amháin institiúidí atá ceadúnaithe le taiscí a ghlacadh isteach in Éirinn agus atá údaraithe ag an mBanc Ceannais.

3 Ba iad Bainc-Aontas Éireann, Banc Angla-Éireannach, Banc na hÉireann, an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS), Irish Life and Permanent, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS) agus Postbank Teoranta na hinstitiúidí a bhain leas as an scéim (na ‘bainc chlúdaithe’).

4 AIB (EBS san áireamh), CÉRB, Banc na hÉireann agus Permanent TSB.

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

**2.24** Cuireadh an GNBS ar bun chun sócmhainní bainc áirithe a bhaineann le maoin a fháil (iasachtaí do fhéichiúnaithe den chuid is mó a d'infheistigh i maoin) ó bhainc Éireannacha, chun na hiasachtaí agus an chomhthaobhacht ghaolmhar a shealbhú agus a bhainistiú agus ar deireadh thiar na sócmhainní seo a dhiúscairt ar bhealach a chosnaíonn leasanna an Stáit.[1] D'íoc an GNBS €31.8 billiún le bainc le hiasachtaí a cheannach, ar iasachtaí iad a raibh beagán ní ba mhó ná €74.4 billiún amuigh ar iasachtaithe ina leith. Thabhaigh na bainc caillteanais de €42.6 billiún ar na hiasachtaí (57% de luach tugtha anonn na n-iasachtaí), rud ba chúis leis an ngá iad a athchaipitiliú.

**2.25** In 2020 agus 2021, d'íoc GNBS €3 billiún san iomlán leis an Státchiste, as a thuilleamh coinnithe carntha go léir. I ráitis airgeadais de chuid GNBS ag deireadh 2021, tuairiscíodh beagán os cionn €1.8 billiún mar thuilleamh coinnithe carntha sa bhreis.

**2.26** Ag deireadh 2021, bhí an GNBS á thuar go soláthródh sé i gcaitheamh a shaolré barrachas de €4.5 billiún don Státchiste. Cuir an GNBS in iúl go mbraithfeadh an barrachas saoil tuartha ar na sócmhainní atá fágtha a réadú ar a luach cóir ag deireadh 2021. Cuireann sé san áireamh na costais mheasta a bhaineann le hoibriú leanúnach na Gníomhaireachta thar an tréimhse 2022-2025.

**2.27** Chuir an imscrúdú seo tuilleamh carnach an GNBS den luach €4.8 billiún ag deireadh 2021 san áireamh agus é ag ríomh an glan-olltoradh measta amhail ag deireadh 2021 (€3 billiún íoctha cheana ag an GNBS don Státchiste agus €1.8 billiún ó thuilleamh coinnithe ag deireadh 2021), agus ní hionann sin agus barrachas saoil measta an GNBS den luach €4.5 billiún.

**2.28** Rinne an GNBS bainistíocht ar shócmhainní a iasachta trí 'bhailiú féichiúnaí', a bhí ina thoradh le go leor punanna a raibh iasachtaí ó roinnt institiúidí creidmheasa i gceist leo. Mar sin de, níl sé praiticiúil chun ranníoc an GNBS chuig an Státchiste a cheangal go díreach le bainc aonair.

## Conclúidí

**2.29** Faoi dheireadh 2021, ba é an costas measta don Stát a bhain le bearta a rinneadh chun an córas baincéireachta a chobhsú ná glanmhéid de €45.7 billiún, tar éis an luach a bhí ar scairshealbha an Stáit a bhí fágtha in AIB, Banc na hÉireann agus Permanent TSB (€4.9 billiún le chéile), agus tuilleamh coinnithe an GNBS ag deireadh 2021 (€1.8 billiún) a chur san áireamh.

**2.30** Maidir leis na glanchostais ba shuntasaí don Stáit ag deireadh 2021 bhí siad i ndáil leis na comhlachtaí seo a leanas:

- An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc (CÉRB), a raibh glanchostas measta de €37.3 billiún uirthi.
- AIB, a raibh glanchostas measta de €13.1 billiún air, tar éis luach scairsheilbh iarmharach an Stáit ag deireadh 2021 (€4.0 billiún) a chur san áireamh.

**2.31** Rachaidh roinnt tosca i bhfeidhm ar an nglan-olltoradh deiridh:

- Cé chomh difriúil is atá na méideanna arna réadú ag an Stát do na scairshealbha atá fágtha aige ó luachanna dheireadh 2021

1 I measc na mbanc bhí Anglo, AIB, Banc na hÉireann, INBS agus EBS.

- Má tá difear suntasach idir barrachas deiridh an GNBS agus a thuilleamh carnach de €4.8 billiún ag deireadh 2021 — féadfar go mbeidh scóip teoranta ann don GNBS chun méadú suntasach a bhaint amach ón bhfigiúr seo, toisc gurbh ionann a shócmhainní (seachas airgead tirim) ag deireadh 2021 agus thart ar €1 billiún
- An costas leanúnach a bhaineann leis an bhfiachas bainteach fadtéarmach a sheirbhísiú.

**2.32** San fhadtéarma, nuair atá na scairshealbha ar fad atá fágtha ag an Stát díolta, nuair atá iarmhéid bharrachas an GNBS réadaithe aige agus nuair atá an Banc Ceannais tar éis fáil réidh leis na bannaí rialtais atá á sealbhú aige, déanfar na costais a bhaineann le seirbhísiú ar an bhfiachas a shocrú leis na costais iasachta don Stáit a bheidh ann — thart ar €450 milliún le haghaidh gach pointe céatadán arna thabhú. Maidir le rátaí iasachta idir 1.5% agus 2.5%, meastar go mbeidh an costas úis idir €0.7 billiún agus €1.1 billiún in aghaidh na bliana go ceann i bhfad. Ní chuirtear san áireamh sa mheastachán seo costais bhreise úis a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí ó na costais bhliantúla maidir le seirbhísiú ar fhiachas.

**2.33** Ar an iomlán, mura réadaíonn an Stát i bhfad níos mó ná luachanna dheireadh 2021 dá scairshealbha, beidh glanchostas foriomlán na mbeart cobhsaíochta baincéireachta thart ar €46 billiún. Ardóidh an glanchostas seo níos mó ná €0.7 billiún in aghaidh na bliana (ó dheireadh 2021) mar gheall ar chostais seirbhísithe ar an méid fiachais seo, agus socrófar méid an ardaithe seo de réir mheánchostas iasachta an Stáit.

## Iarscríbhinn 2A Olltoradh amhail ag deireadh 2021

Léiríonn Fíor 2A.1 comhdhéanamh an ghlan-olltoradh ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail ar an 31 Nollaig 2021 le haghaidh gach bainc.

**Fíor 2A.1 Glan-olltoradh measta, de réir bainc, ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail ar an 31 Nollaig 2021**

| | AIB[a] | Banc na hÉireann | Permanent TSB[a] | Iomlán na mbanc trádála | CÉRB[a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn |
| Chostas caipitlithe na mbanc, trí infheistíochtaí | (22.2) | (5.9) | (4.0) | (32.1) | (34.7) | (66.8) |
| Diúscairt infheistíochtaí | 6.7 | 4.3 | 1.8 | 12.8 | — | 12.8 |
| Costas measta seirbhísithe ar fhiachas a bhain leis na hinfheistíochtaí | (7.1) | (0.7) | (0.7) | (8.5) | (20.3) | (28.8) |
| Ioncam bainteach ón mBanc Ceannais[b] | 0.1 | 0.1 | — | 0.2 | 16.7 | 16.9 |
| Ioncam ó infheistíochtaí | 3.6 | 1.7 | 0.2 | 5.5 | — | 5.5 |
| Táillí faighte faoi scéimeanna ráthaíochta dliteanais | 1.8 | 1.5 | 0.7 | 4.0 | 0.5 | 4.5 |
| Éilimh déanta faoin scéim ráthaíochta dliteanais | — | — | — | — | (1.1) | (1.1) |
| Fáltais ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB[c] | — | — | — | — | 1.6 | 1.6 |
| Barrachas íoctha ag an GNBS leis an Státchiste[d] | — | — | — | — | — | 3.0 |
| ***Glanchostas measta amhail ar an 31 Nollaig 2021*** | **(17.1)** | **1.0** | **(2.0)** | **(18.1)** | **(37.3)** | **(52.4)** |
| Luach iarmharach measta amhail ar an 31 Nollaig 2021[e] | 4.0 | 0.4 | 0.5 | 4.9 | — | 4.9 |
| Tuilleamh coinnithe an GNBS amhail ar an 31 Nollaig 2021[d] | — | — | — | — | — | 1.8 |
| **Glan-olltoradh measta amhail ar an 31 Nollaig 2021** | **(13.1)** | **1.4** | **(1.5)** | **(13.2)** | **(37.3)** | **(45.7)** |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Áirítear leis na hinfheistíochtaí a rinne in AIB na hinfheistíochtaí sa Chumann Oideach Foirgníochta (COF), comhlacht a fuair AIB i mí Iúil, 2011. D'athraigh Irish Life and Permanent a ainm go Permanent TSB i mí na Bealtaine, 2012. Is ionann an CÉRB agus comhcheangal de na comhlachtaí a bhí ann roimhe, Anglo Irish Bank (Anglo) agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (CFFÉ).

b Tagann thart ar €40 milliún den ioncam bainteach a tháinig ón mBanc Ceannais ó Permanent TSB. Mar gheall ar an slánú, níl sé le feiceáil i bhFíor 2A.1.

c Tá €1.6 billiún a fuarthas ó leachtaitheoirí speisialta an CÉRB déanta de €1.24 billiún, lena n-áirítear ús, i ndáil le scéimeanna ráthaíochta agus díbhinn €0.35 billiún i ndáil le scaireanna tosaíochta.

d Ní féidir tuilleamh carnach an GNBS a cheangal go díreach le bainc aonair.

e Féach Iarscríbhinn 2B le haghaidh tuilleadh sonraí.

## Iarscríbhinn 2B Caipitliú na mbanc trí infheistíochtaí

Ar an iomlán, rinne an Stát instealltaí caipitil den luach €66.8 billiún, gan an ioncam ó tháillí a bhfuil luach díreach thar €260 milliún air a áireamh, i gceithre institiúid airgeadais agus faoi dheireadh 2021, rinne sé diúscairtí den luach €12.7 billiún (féach Fíor 2B.1).

**Fíor 2B.1 Caipitliú na mbanc — infheistíochtaí agus diúscairtí, Nollaig 2021**

| | AIB | Banc na hÉireann | Permanent TSB | Iomlán na mbanc trádála | CÉRB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Infheistíochtaí** | **€bn** | **€bn** | **€bn** | **€bn** | **€bn** | **€bn** |
| Gnáthscaireanna[a] | (10.8) | (3.1) | (2.3) | (16.2) | (4.1) | **(20.3)** |
| Scaireanna tosaíochta[b] | (3.5) | (1.8) | — | (5.3) | — | **(5.3)** |
| Ranníoc caipitil | (6.0) | — | — | (6.0) | — | **(6.0)** |
| Nótaí caipitil theagmhasaigh[c] | (1.6) | (1.0) | (0.4) | (3.0) | — | **(3.0)** |
| Luach na nótaí gealltanais a eisíodh[d] | (0.3) | — | — | (0.3) | (30.6) | **(30.9)** |
| Irish Life | — | — | (1.3) | (1.3) | — | **(1.3)** |
| **Infheistíochtaí gan ioncam ó tháillí a áireamh[e]** | **(22.2)** | **(5.9)** | **(4.0)** | **(32.1)** | **(34.7)** | **(66.8)** |
| **Diúscairtí** | | | | | | |
| Gnáthscaireanna | 3.4 | 1.4 | 0.1 | 4.9 | — | **4.9** |
| Scaireanna tosaíochta | 1.7 | 1.9 | — | 3.6 | — | **3.6** |
| Nótaí caipitil theagmhasaigh | 1.6 | 1.0 | 0.4 | 3.0 | — | **3.0** |
| Irish Life | — | — | 1.3 | 1.3 | — | **1.3** |
| **Diúscairt infheistíochtaí** | **6.7** | **4.3** | **1.8** | **12.8** | **—** | **12.8** |
| **Glan-infheistíocht** | **(15.5)** | **(1.6)** | **(2.2)** | **(19.3)** | **(34.7)** | **(54.0)** |

Foinse: An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn agus an Roinn Airgeadais

Nótaí:

a Áirítear le gnáthscaireanna díbhinní ar scaireanna tosaíochta a fuarthas i bhfoirm gnáthscaireanna (AIB €1.41 billiún agus Banc na hÉireann €0.25 billiún).

b I mí an Mhárta, 2009, d'infheistigh an CISÉ €3.5 billiún i scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann. I gceathrú a haon in 2010, tiontaíodh iomlán €1.66 de na scaireanna seo ina ngnáthscaireanna (curtha san áireamh leis na gnáthscaireanna thuas).

c Cáilíonn nótaí caipitil theagmhasaigh mar chaipiteal leibhéal a dó. Tiontaíonn siad ina ngnáthscaireanna faoi chúinsí áirithe, lena n-áirítear má thiteann an cóimheas bunchapitil leibhéal a haon faoi 8.25%.

d Cealaíodh na nótaí gealltanais i seilbh an CÉRB i mí Feabhra, 2013 agus malartaíodh iad idir GBCN agus an Banc Ceannais le haghaidh bannaí státchiste ráta comhlúthaigh arbh ionann iad agus €25.034 billiún.

e B'ionann an ioncam ó tháillí a baineadh as infheistíochtaí agus thart ar €260 milliún.

### *Ioncam ó infheistíochtaí agus luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc*

Ba é iomlán an ioncaim a fuarthas i ndáil le hinfheistíochtaí ag deireadh 2021 ná €5.44 billiún agus ba é luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc amhail ar an 31 Nollaig 2021 ná €4.9 billiún (féach Fíor 2B.2).

**Fíor 2B.2 Ioncam ó agus luach iarmharach measta d'infheistíochtaí an Stáit i mbainc, Nollaig 2021**

| Ioncam ó infheistíochtaí | AIB | Banc na hÉireann | Permanent TSB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn | €bn |
| ***ISIF*** | | | | |
| Ioncam ó tháillí a thagann ó scaireanna tosaíochta | 0.03 | 0.03 | — | 0.06 |
| Gnáthscaireanna in áit díbhinní ar scaireanna tosaíochta | 1.41 | 0.25 | — | 1.66 |
| Díbhinní ar ghnáthscaireanna | 0.81 | 0.04 | — | 0.85 |
| Díbhinní ar scaireanna tosaíochta | 0.45 | 0.74 | — | 1.19 |
| Cealú bharántas na scaireanna tosaíochta | 0.05 | 0.49 | — | 0.54 |
| ***Státchiste*** | | | | |
| Ús cúpóin ar nótaí caipitil theagmhasaigh | 0.80 | 0.15 | 0.15 | 1.10 |
| Díbhinn fabhraithe nuair a díoladh Irish Life | — | — | 0.04 | 0.04 |
| **Iomlán** | **3.55** | **1.70** | **0.19** | **5.44** |

| Luach iarmharach measta d'infheistíochtaí | Luacháil |
|---|---|
| **Banc** | **€bn** |
| CÉRB | — |
| AIB[a] | 4.0 |
| Banc na hÉireann[a] | 0.4 |
| Permanent TSB[a] | 0.5 |
| **Iomlán** | **4.9** |

Foinse: An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn agus an Roinn Airgeadais

Nóta: a Luacháladh caipiteal na ngnáthscaireanna in AIB, Banc na hÉireann agus Permanent TSB a bhí á sealbhú, ag praghsanna an mhargaidh.

## Iarscríbhinn 2C Costas measta seirbhísithe ar an bhfiachas a bhain le hinfheistíochtaí an Stáit

Mheas an t-imscrúdú seo gurb ionann an costas seirbhísithe ar an bhfiachas a bhain leis na hinfheistíochtaí, lena n-áirítear na costais seirbhísithe bharúlaigh ar fhiachas ó infheistíochtaí an CISÉ, amhail ag deireadh 2021, agus thart ar 28.8 billiún (féach Fíor 2C.1).

**Fíor 2C.1 Costais measta seirbhísithe ar fhiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí, 2009 go 2021 (lena n-áirítear na costais seirbhísithe bharúlaigh ar fhiachas ó infheistíochtaí an CISÉ)**

| Rangaithe de réir Bliana | 2009 go 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn |
| **Foinse cistithe** | | | | | |
| Státchiste[a] | 16.1 | 2.6 | 1.4 | 1.9 | 22.0 |
| CISÉ | 5.9 | 0.3 | 0.3 | 0.3 | 6.8 |
| **Iomlán** | **22.0** | **2.9** | **1.7** | **2.2** | **28.8** |

| Rangaithe de réir Bainc | AIB | Banc na hÉireann | Permanent TSB | *Iomlán na mbanc trádála* | CÉRB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn |
| **Foinse cistithe** | | | | | | |
| Státchiste[a,b] | 1.0 | 0.0 | 0.7 | 1.7 | 20.3 | 22.0 |
| CISÉ | 6.1 | 0.7 | — | 6.8 | — | 6.8 |
| **Iomlán** | **7.1** | **0.7** | **0.7** | **8.5** | **20.3** | **28.8** |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Áirítear le foinse cistithe an Státchiste ús a íocadh ar nótaí gealltanais a eisíodh in 2010, ús a íocadh ar bhannaí Rialtais ráta comhlúthaigh a eisíodh chun teacht in ionad na nótaí gealltanais, agus bisigh a d'íoc GBCN chun nótaí ráta comhlúthaigh a cheannach ón mBanc Ceannais.

b Tabhaíodh thart ar €40 milliún maidir le cistiú an Státchiste le haghaidh Bhanc na hÉireann. Mar gheall ar an slánú, léirítear seo mar 'náid' sa tábla.

Leagtar amach i bhFíor 2C.2 an mhodheolaíocht a úsáidtear chun an costas measta seirbhísithe ar an bhfiachas, a bhaineann le gach foinse cistithe, a ríomh.

**Fíor 2C.2 Modheolaíochtaí a úsáidtear chun an costas a bhaineann le hinfheistíochtaí i mbainc a chistiú amhail ag deireadh 2021**

| Foinse cistithe | Modh |
|---|---|
| **Cistiú an Státchiste** | ▪ Idir na blianta 2009 agus 2014, rinneadh meastachán ar an gcostas a bhain le cistiú infheistíochtaí trí úsáid a bhaint as ráta iasachtaíochta GBCN is déanaí sa cheathrú inar tharla na hidirbhearta, trí rátaí arna soláthar ag GBCN a úsáid. Idir na blianta 2015 agus 2021, ba é an ráta a úsáideadh ná an meánchostas ualaithe seirbhísithe ar an bhfiachas náisiúnta ag deireadh gach bliana mar a sholáthraíonn GBCN é.<br>▪ Maidir le diúscairtí nó ioncam faighte i bhfoirm airgid thirim, ríomhadh na laghduithe ar chostas an chistithe nuair a fuair an Státchiste na fáltais tríd an gcur chuige céanna a úsáid.<br>▪ Ríomhadh an costas cistithe de bhannaí Rialtais (lena n-áirítear nótaí ráta comhlúthaigh) tríd na rátaí atá i bhfeidhm ar na bannaí a úsáid.<br>▪ Caitear le bisigh a íocann GBCN chun bannaí Rialtais i seilbh an Bhainc Ceannais a fhuascailt mar chostas sa bhliain ina n-íoctar iad, agus caitear leis an ioncam bainteach ón mBanc Ceannais mar ioncam. |
| **CISÉ** | Chistigh an CISÉ a infheistíochtaí óna acmhainní féin. Mar sin de, ní raibh aon táille díreach úis le híoc ag an Stát do na hinfheistíochtaí seo. Bhí costas deise nó barúlach le híoc ag an Stát, áfach, toisc mura n-infheisteofaí na cistí sna bainc, bheidís ar fáil le chun críocha eile. Rinne dhá chur chuige a phlé san imscrúdú mar bhonn chun an costas barúlach cistithe don Stát a mheas.<br>▪ Ba é an chéad cheann ná an costas deise a mheas — is é sin le rá, an méid b'fhéidir an CISÉ a thuilleamh dá gcoinneoidh sé na cistí chun iad a infheistiú faoina rogha. Chuir an CISÉ in iúl gurbh ionann den chuid is mó na sócmhainní a leachtaíodh chun na hinfheistíochtaí sna bainc a chistiú agus sócmhainní domhanda leachtach (lena n-áirítear fiachas agus ionstraim chothromais), agus d'fhág sé sin an Ciste le hualú níos mó sna sócmhainní neamhleachtacha (lena n-áirítear caipiteal gnáthscaireanna agus réadmhaoin phríobháideach). De réir an CISÉ, murar tharla na haistarraingtí, is réasúnta glacadh leis go bhfanfadh an Ciste infheistithe de réir a leithdháilte fhadtéarmaigh straitéisigh sócmhainní agus go dtuillfeadh an Ciste an fáltas céanna lena thagarmharc fadtéarmach straitéiseach thar an tréimhse idir 2009 agus 2014 — thart ar 11% in aghaidh na bliana (nuair a choinnigh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean na sócmhainní). Do na seacht mbliana idir 2015 agus 2021, thuairiscigh an CISÉ meánfháltas bliantúlaithe 4.5% ar a infheistíochtaí lánroghnacha.<br>▪ Ba é an dara ceann ná chun costas na gcistí a mheas ag costas iasachtaíochta an Státchiste, ar an mbonn go bhféadfaí iasachtaíocht an Stáit a laghdú de réir chostas na n-infheistíochtaí a rinne an CISÉ (€20.7 billiún) dá mbeadh na cistí ar fáil don Státchiste. Ríomhadh an costas barúlach, san imscrúdú, mar an t-ús a thabhaigh an Stát ar na hiasachtaí a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh cistí an CISÉ ar fáil don Stát chun críocha eile seachas iad infheistiú i mbainc.<br>Úsáideadh an dara cur chuige (a thug costas cistithe i bhfad níos lú ná an chéad chur chuige) san imscrúdú (lena n-áirítear ó 2015 ar aghaidh). |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Iarscríbhinn 2D Bannaí Rialtais i seilbh an Bhainc Ceannais

In 2013, fuair an Banc Ceannais bannaí Rialtais a raibh luach ainmniúil €28.5 billiún orthu, bannaí a d'eisigh ag GBCN tar éis leachtú an CÉRB. Idir 2013 agus 2021, réadaigh an Banc Ceannais gnóthachain €11.1 billiún ón diúscairt de roinnt de na bannaí seo.


- Tháinig €10.2 billiún de na gnóthachain ó dhiúscairt bannaí ráta comhlúthaigh ar ais chuig GBCN a raibh luach ainmniúil €19.5 billiún orthu.
- Tháinig €0.9 billiún de na gnóthachain ó dhiúscairtí don mhargadh oscailte de bhanna Rialtais 5.4%.

### *Íocaíochtaí GBCN chuig an mBanc Ceannais*

Íocann GBCN ó chistí an Státchiste an t-ús ar na bannaí i seilbh an Bhainc Ceannais, agus na bisigh den luach €10.2 billiún a íocadh nuair a cheannaigh GBCN roinnt de na bannaí ar ais.

Tugadh cion suntasach (níos mó ná 78%) den ús agus de na bisigh a d'íoc GBCN leis an mBanc Ceannais ar ais chuig an Státchiste mar chuid den díbhinn a d'íoc an Banc Ceannais óna fharasbarr ioncaim, a laghdaigh an glanchostas seirbhísithe ar an gcuid sin den fhiachas. Cuirtear síos ar an sreabhadh ciorclach cistí seo i bhFíor 2D.1.

**Fíor 2D.1 Bannaí a bhaineann leis an CÉRB i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann (BCÉ) — sreabhadh cistí chuig an/ón Státchiste, 2013 go 2021**[a]





Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Anuas air sin, réadaigh an Banc Ceannais €0.9 billiún breise ó dhiúscairt na mbannaí a bhaineann leis an CÉRB ar an margadh oscailte. Níor tháinig na cistí seo ón Státchiste.

Ag deireadh 2021, bhí bannaí ráta comhlúthaigh a raibh luach ainmniúil €5.5 billiún agus luach margaidh €8.9 billiún orthu i seilbh an Bhainc Ceannais (féach Fíor 2D.2). Dúirt an Banc Ceannais go bhfuil sé i gceist aige na bannaí ráta comhlúthaigh atá fágtha aige a dhíol chomh luath agus is féidir, má cheadaíonn na coinníollacha cobhsaíochta airgeadais é, agus go ndíolfaidh sé íosmhéid de na bannaí de réir an sceidil seo a leanas: 2022-2023 (luach ainmniúil €1.0bn in aghaidh na bliana) agus ó 2024 ar aghaidh (€2.0bn in aghaidh na bliana go dtí go ndíoltar na bannaí ar fad).

**Fíor 2D.2 Nótaí ráta comhlúthaigh i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann, luachanna ainmniúla agus luachanna margaidh, 2013 go 2021**




Foinse: Tuarascálacha Bliantúla Bhanc Ceannais na hÉireann 2013 go 2021. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Is ionann an glantionchar a bhíonn ag diúscairt na mbannaí rialtais ar an Státchiste a dhéanann an Banc Ceannais is cuma má dhéanann GBCN na bannaí a fhuascailt trí chistí a fuarthas ar iasacht ag rátaí margaidh a úsáid, nó má dhíoltar na bannaí ar an margadh oscailte. Beidh an costas éifeachtach iarmhartach seirbhísithe ar an bhfiachas a bhaineann leis na diúscairtí mar an gcéanna.

- Má fhuasclaíonn GBCN na bannaí le cistí arna bhfáil ar iasacht, tiocfaidh aon bhiseach a íocfaidh GBCN ar a bhfuascailt ar ais don Stát, bíodh sé mar chuid de dhíbhinn an Bhainc Ceannais nó coinnithe ag an mBanc Ceannais ina chúlchistí.[1] Íocfaidh GBCN ús, ag an ráta athchistithe níos ísle, le páirtí seachtrach ansin ar na cistí a thóg sé amach ar iasacht chun na bannaí a fhuascailt.
- Má dhíoltar na bannaí le tríú páirtí, réadóidh an Banc Ceannais gnóthachan. Ina leithéid de chás, leanann GBCN air ag íoc úis ar na bannaí, leis an gceannaitheoir, ag an ráta céanna a d'íocfaí leis an mBanc Ceannais roimh a ndiúscairt. Déantar an ráta úis níos airde seo (i gcomparáid leis an gcostas úis níos ísle má dhéanann GBCN na bannaí a fhuascailt) a fhritháireamh don Stát ag gnóthachan an Bhainc Ceannais ar a ndiúscairt.

1 Glactar leis go bhfuil an toradh ar bhannaí ag a ndiúscairt níos lú ná an toradh ar bhannaí ag a n-eisiúint, rud a fhágann go mbeidh gnóthachan ann don Bhanc Ceannais ar a ndiúscairt.

# Caiteachas vótáilte

# 3 Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid

**3.1** Faigheann ranna agus oifigí Rialtais maoiniú bliantúil ón Státchiste chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Déantar soláthar do chaiteachas faoi 'vótaí' arna gceadú ag Dáil Éireann, agus clúdaíonn ceann amháin nó níos mó díobh feidhmeanna gach roinne nó oifige. Tugtar éifeacht dhlíthiúil chríochnaitheach do na vótaí san Acht Leithreasa bliantúil.

**3.2** Ceaptar ceann gach roinne nó oifige mar 'Oifigeach Cuntasaíochta' le haghaidh an vóta/na vótaí ábhartha, agus oibleagáid reachtúil air cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú le haghaidh gach seirbhíse vótáilte ábhartha, rud ina léirítear an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim a sholáthair Dáil Éireann. Tá na cuntais seo faoi réir iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**3.3** Rinneadh soláthar leis an Acht Leithreasa, 2021, do mhaoiniú le haghaidh seirbhísí vótáilte (leithreasaí) dar luach iomlán €76 billiún. Bhí sé sin le maoiniú trí vótaí dar luach €73.1 billiún a eisiúint ó Phríomh-Chiste an Státchiste (dá ngairtear deontais soláthair) agus trí úsáid a bhaint as fáltais vóta ionchais áirithe (dá ngairtear leithreasaí-i-gcabhair) dar luach €2.9 billiún. Ina theannta sin, tugadh maoiniú caipitil neamhúsáidte dar luach iomlán €710 milliún anonn ó 2020 lena chaitheamh in 2021, rud a d'fhág go raibh an maoiniú vóta iomlán a bhí ar fáil cothrom le €76.7 billiún.[1]

## Torthaí iniúchtaí 2021 ar chuntais leithreasa

**3.4** Tá iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2021 le haghaidh na vótaí ar fad curtha i gcrích. Tá gach cuntas, i dteannta na tuarascála iniúchta gaolmhaire, á gcur faoi bhráid Dháil Éireann in éineacht leis an tuarascáil seo.


## Timthriall bliantúil an chaiteachais vótáilte

**3.5** Ba cheart go léireofaí an tsuim a bhfuiltear ag súil go gcaithfear í ar gach seirbhís roinne a léiriú go réasúnach sna meastacháin ar chaiteachas a chuirtear faoi bhráid na Dála lena bhfaomhadh. Feidhmíonn siad mar uasteorainneacha airgid thirim.

**3.6** Sa chás go mbíonn coigeartuithe móra maoinithe ag teastáil i gcaitheamh na bliana tar éis don Dáil na vótaí a fhaomhadh, ní mór faomhadh foirmiúil a lorg ón Dáil le haghaidh na gcoigeartuithe seo. Cuirtear é seo i gcrích tríd an bpróiseas meastachán forlíontach (féach Fíor 3.1). D'fhéadfaí an próiseas seo a úsáid chun airgead a aistriú idir cláir agus fo-mhírchinn chomh maith, más gá. Pléitear na sonraí a bhaineann leis na meastacháin fhorlíontacha a lorgaítear ag na coistí Dála ábhartha (sa ráithe dheireanach den bhliain de ghnáth) sula ndéantar faomhadh a lorg ón Dáil féin.

1 Nuair a bhíonn meastacháin agus tuarascálacha maidir le caiteachas vótáilte á gcur i láthair, déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna a chur ar áireamh san ollchaiteachas vótáilte iomlán de ghnáth. Ní leithreasaí vótáilte iad seo, ach tá an Roinn den tuairim go dtugtar léargas níos cruinne ar chaiteachas iomlán an Rialtais má chuirtear san áireamh sna cásanna sin iad.

**Fíor 3.1 Ord agus uainiú an phróisis meastachán 2021[a]**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas meastachán agus cuntais leithreasa leagtha amach san fhoilseachán *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Éabhlóid na meastachán vóta in 2021

**3.7** Rinneadh soláthar sna *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2021*, a foilsíodh i mí na Nollag 2020, le haghaidh maoiniú vótáilte iomlán de bheagnach €67.7 billiún a bhain le 45 vóta. Rinneadh athbhreithniú air seo roinnt babhtaí ina dhiaidh sin.

**3.8** Rinneadh tuilleadh meastachán athbhreithnithe[1] a chur i láthair sa bhliain 2021 le haghaidh na seirbhísí vótáilte seo a leanas

- Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht
- Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin
- Coimirce Shóisialach agus
- Forbairt Tuaithe agus Pobail.

An toradh a bhí air seo ná gur tháinig méadú €4 billiún ar an nglansuim a ceadaíodh don chaiteachas.

**3.9** Cuireadh €1.3 billiún sa bhreis ar fáil sna meastacháin fhorlíontacha fhaofa agus, dá bhrí sin, cuireadh suim (glan) chomhiomlán €73 billiún ar fáil le haghaidh seirbhísí vótáilte sa bhliain 2021.


## Leithreasaí

**3.10** Tá achoimre ar na suimeanna a leithreasaíodh in 2021 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte le fáil in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.1). Chomh maith leis sin, taispeántar an toradh don bhliain, i dteannta an fharasbairr leithreasaí i gcomparáid le caiteachas.

## Toradh Vóta

**3.11** Bhí an tsuim iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2021 cothrom le €74.5 billiún (féach Fíor 3.2). I ndiaidh leithreasaí-i-gcabhair réadaithe a bhí cothrom le €3.2 billiún a bhaint, bhí an glanchaiteachas sa bhliain cothrom le €71.3 billiún.

**Fíor 3.2 Toradh caiteachais vótáilte, 2012 go 2021**




Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012 go 2021, Iarscríbhinn 3A Fíor 3A.1


1 I gcás fhormhór na vótaí, cloítear leis an timthriall meastachán caighdeánach. Is féidir meastachán ar vótaí a bhfuil athbhreithniú breise déanta air a fhoilsiú, áfach, i gcás go ndéantar athruithe sna buiséid a aontú sa tréimhse idir na meastacháin athbhreithnithe agus faomhadh na Dála.

## Farasbarr

**3.12** Ní cheadaítear do ranna agus oifigí níos mó ná an tsuim a leithreasaíodh le haghaidh gach vóta a chaitheamh. I gcás go bhfuil an glanchaiteachas sa bhliain níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, dlitear an farasbarr a ghéilleadh don Státchiste.

**3.13** Thaifead gach vóta farasbarr in 2021. B'ionann farasbairr 2021 agus €2,473 milliún (féach Fíor 3.3). As an tsuim sin, ceadaíodh €819 milliún ar an iomlán a thabhairt anonn go 2022. Dlíodh an t-iarmhéid €1,654 milliún a ghéilleadh.

**Fíor 3.3 Leithreasaí farasbairr, 2012 go 2021**





Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2012 go 2021, Iarscríbhinn 3A Fíor 3A.2

## Difríocht buiséid

**3.14** Léirítear réamhaisnéis na suime atá ag teastáil chun costas na seirbhísí atá le soláthar ó gach vóta a chlúdach sna suimeanna atá faofa ag Dáil Éireann don bhliain 2021. Is ionann an difríocht buiséid agus an difríocht idir na meastacháin seo ar ghlanchaiteachas agus an toradh iarbhír in aon bhliain amháin.[1] Gach bliain ó 2016 i leith, bhí an glanchaiteachas iomlán le haghaidh na vótaí ar fad níos lú ná an tsuim iomlán a soláthraíodh (féach Fíor 3.4).

1 Tá foráil reachtúil ann lena gceadaítear leithdháiltí caipitil neamhchaite a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn don úsáid chéanna, le comhaontú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le suimeanna den sórt sin a thugtar ar aghaidh mar chuid de leithreasaí bliantúla (leithreasaí na bliana dár gcionn).


**Fíor 3.4 An difríocht idir an glanchaiteachas agus an buiséad, na vótaí uile, 2012 go 2021**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**3.15** Níor chaith ach seacht gcinn de na 45 vóta níos mó ná mar a bhí leagtha amach ar dtús sa bhuiséad don bhliain 2021. Chaith gach vóta eile níos lú ná mar a bhí leagtha amach ar dtús sa bhuiséad, lenar áiríodh roinnt vótaí ar ina leith a bhí an toradh i bhfad níos lú ná mar a soláthraíodh (féach Fíor 3.5).

**Fíor 3.5 An difríocht i nglanchaiteachas, mar sciar den bhuiséad tosaigh, vótaí roghnaithe 2021**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Fáltais Státchiste

**3.16** Dlitear gach fáltas de chuid ranna agus oifigí rialtais láir a lóisteáil sa Phríomh-Chiste, mura gcinneann Dáil Éireann go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm mar leithreasaí-i-gcabhair.

**3.17** Áirítear leis na samplaí d'fháltais nach gcaitear leo mar leithreasaí-i-gcabhair fáltais na hÉireann ó Chóras Trádála Astaíochtaí AE, táillí an Údaráis Clárúcháin Maoine agus fáltais fíneálacha cúirte. Aistrítear iad seo chuig an bPríomh-Chiste, agus gairtear fáltais 'bhreise' Státchiste díobh. Is iondúil go ndéantar cuntas ar fháltais amhantair mar seo freisin, lena n-áirítear fáltais díolachán suntasach maoine, fáltais de bhun ioncam farasbairr nó brabúis de chuid cuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil agus íocaíochtaí cúitimh.

**3.18** Taispeántar fáltais bhreise Státchiste in 2021 sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa ábhartha. Bhí na fáltais bhreise Státchiste a thaifead ranna agus oifigí cothrom le €370 milliún in 2021 (2020: €245 milliún). Tá eolas maidir le suim chomhiomlán na bhfáltas seo atá tuairiscithe i ngach cuntas le fáil in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.3).

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: táille eisceachtúil maidir le híocaíocht úis agus le costais eadrána

**3.19** Déantar íocaíocht €460,000 a nochtadh i gcuntas leithreasa 2021 le haghaidh Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i nóta 6.3), rud a rinneadh le soláthraí mar thoradh ar imeachtaí eadrána.

**3.20** Foráiltear leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011, go bhféadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe téarmaí agus coinníollacha a aontú maidir le soláthar liúntas postais saor in aisce d'iarrthóirí toghcháin, agus go ngearrfaí na costais a bhaineann leo mar tháille ar Phríomh-Chiste an Státchiste. Déantar íocaíochtaí a eisiúint ón bPríomh-Chiste de réir mar is gá, ar iarratas ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**3.21** Ba iad seo a leanas na suimeanna a eisíodh ón bPríomh-Chiste i leith an chostais postais a bhain leis na holltoghcháin in 2011, 2016 agus 2020:

- 2011 — €15.8 milliún
- 2016 — €15.6 milliún
- 2020 — €20.2 milliún

**3.22** Bhí comhaontú i bhfeidhm le An Post le haghaidh olltoghchán 2011 maidir leis an gcostas lascainithe in aghaidh na míre don tseirbhís postais saor in aisce d'iarrthóirí toghcháin. Níor cuireadh comhaontú ar bith i bhfeidhm idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus An Post i leith olltoghchán 2016.

**3.23** Tháinig díospóid chun cinn maidir leis na táillí postais a bhí le híoc le An Post le haghaidh olltoghchán 2016. Bhain an díospóid leis an gcostas níos airde a ghearr An Post in aghaidh na míre (54 cent) le haghaidh olltoghchán 2016, i gcomparáid leis an gcostas 48 cent in aghaidh na míre a gearradh le linn olltoghchán 2011. Ba í €15.6 milliún an tsuim iomlán a ghearr An Post sa bhliain 2016. Chuir an Roinn íocaíocht €14.1 milliún chuig An Post, rud a bhí le heisiúint ón bPríomh-Chiste i mí na Bealtaine 2016. Cheistigh an Roinn an dliteanas a bhí ar an Státchiste an t-iarmhéid €1.5 milliún a íoc.

**3.24** Ón mbliain 2016 i leith, bhí teagmháil fhada ar bun idir an Roinn agus An Post maidir leis an tsuim atá faoi dhíospóid, agus d'aontaigh siad gabháil d'eadráin cheangailteach maidir leis an ní. Thángthas ar chomhaontú i mí na Nollag 2021, inar íocadh na costais phoist a bhí fágtha (€1.5 milliún) chomh maith le híocaíocht bhreise €460,000 le An Post.

**3.25** Gearradh fuílleach na gcostas poist a bhí faoi dhíospóid ar an bPríomh-Chiste.

**3.26** Chuimsigh an táille bhreise €460,000 €370,000 in ionad ús ar íocaíocht dhéanach ar an tsuim a bhí faoi dhíospóid (b'ionann an tsuim aontaithe agus 50% den ús a bhí le híoc ar an íocaíocht dhéanach); agus ranníocaíocht €90,000 i dtreo na gcostas eadrána. Ní fhéadfaí na costais seo a ghearradh ar an bPríomh-Chiste, agus íocadh ó Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad, faoi aicmiú na gcostas teagmhasach.

**3.27** I mí na Bealtaine 2022, rinne an Roinn comhaontú le An Post chun an ráta (in aghaidh na bliana) a shocrú go dtí mí Feabhra 2026.

## Iarscríbhinn 3A Toradh airgeadais Vóta

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh gnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí mheastacháin maidir leis na suimeanna a theastaíonn le haghaidh na seirbhísí seo in imeacht bliana a sholáthar, agus éifeacht reachtúil á tabhairt do na meastacháin seo san Acht Leithreasa bliantúil. Soláthraítear an caiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a tháirgeadh le haghaidh gach vóta. Ní mór don chuntas sonraí a sholáthar maidir leis an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim arna soláthar ag Dáil Éireann.

Tá achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2021, de réir vóta, le fáil i bhFíor 3A.1.

Tá eolas le fáil i bhFíor 3A.2 maidir le conas a cuireadh leithreasaí farasbairr i bhfeidhm in 2021 — trí chaiteachas a iarchur go 2022 nó trí chaiteachas a ghéilleadh don Státchiste.

Tá eolas le fáil i bhFíor 3A.3 faoi na fáltais bhreise Státchiste a taifeadadh in aghaidh gach vóta in 2021.

Tá cuid de na téarmaí a úsáideadh sna táblaí le fáil thíos.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead arna dheonú (nó arna vótáil) ag Dáil Éireann le haghaidh gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2020** | An tsuim maoinithe caipitil nár caitheadh sa bhliain 2020 agus a tugadh ar aghaidh lena caitheamh ar sheirbhísí caipitil sa bhliain 2021. Rinne Dáil Éireann tabhairt ar aghaidh na suimeanna seo a fhaomhadh. |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | Fáltais Roinne a bhféadfaí iad a choimeád, le comhaontú ó Dháil Éireann, le híoc as costais an vóta lena mbaineann siad. |
| **Leithreasaí iomlána** | Suim an deontais soláthair, airgead iarchurtha 2020 (más ann dó) agus leithreasaí-i-gcabhair. |
| **Farasbarr don bhliain** | Farasbarr na leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas in éineacht le farasbarr ar bith ar leithreasaí-i-gcabhair. Dlitear an farasbarr don bhliain a ghéilleadh ar ais don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | An tsuim maoinithe caipitil nár caitheadh sa bhliain 2021 agus a tugadh ar aghaidh lena caitheamh sa bhliain 2022. Rinne Dáil Éireann tabhairt ar aghaidh an airgid seo a fhaomhadh. |
| **Farasbarr atá le géilleadh** | An tsuim airgid a leithreasaíodh sa bhliain 2021 ach nár caitheadh le linn na bliana agus nár cuireadh siar chuig 2022 agus, dá bhrí sin, b'éigean é a ghéilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais roinne nár leithreasaíodh-i-gcabhair an vóta, ach a ndéantar iad a aistriú go dtí an Státchiste. |

**Fíor 3A.1 Achoimre ar leithreasaí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2021, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | An tsuim a leithreasaítear | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2020 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glanchaiteachas | Ollfharasbarr (oll-easnamh) | Farasbarr/(easnamh) i bhfáltais | Glanfharasbarr don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 4,511 | — | 82 | 4,593 | 3,783 | 112 | 3,671 | 810 | 30 | 840 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 50,177 | — | 917 | 51,094 | 38,719 | 699 | 38,020 | 12,375 | (218) | 12,157 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 16,754 | — | 705 | 17,459 | 16,707 | 556 | 16,151 | 752 | (149) | 603 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 63,155 | — | 1,520 | 64,675 | 61,880 | 1,663 | 60,217 | 2,795 | 143 | 2,938 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 44,704 | — | 845 | 45,549 | 45,244 | 772 | 44,472 | 305 | (73) | 232 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 40,685 | — | 810 | 41,495 | 41,432 | 1,530 | 39,902 | 63 | 720 | 783 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 39,511 | — | 1,150 | 40,661 | 36,378 | 1,151 | 35,227 | 4,283 | 1 | 4,284 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 9,623 | — | 5,883 | 15,506 | 14,548 | 8,322 | 6,226 | 958 | 2,439 | 3,397 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 441,727 | — | 59,487 | 501,214 | 488,701 | 56,739 | 431,962 | 12,513 | (2,748) | 9,765 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 3,218 | — | 75 | 3,293 | 2,825 | 63 | 2,762 | 468 | (12) | 456 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 42,674 | — | 2,275 | 44,949 | 42,478 | 2,952 | 39,526 | 2,471 | 677 | 3,148 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 339,869 | — | 360,400 | 700,269 | 698,543 | 433,798 | 264,745 | 1,726 | 73,398 | 75,124 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 501,775 | 20,000 | 13,000 | 534,775 | 494,039 | 11,113 | 482,926 | 40,736 | (1,887) | 38,849 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 10,513 | — | 1,046 | 11,559 | 11,190 | 1,126 | 10,064 | 369 | 80 | 449 |

| Vóta | Seirbhís | An tsuim a leithreasaítear | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2020 | Leithreasaí-i-gcabhair | Iomlán | Ollchaiteachas | Leithreasaí-i-gcabhair | Glanchaiteachas | Ollfharasbarr (oll-easnamh) | Farasbarr/ (easnamh) i bhfáltais | Glanfharasbarr don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 2,000 | — | — | 2,000 | 1,099 | — | 1,099 | 901 | — | 901 |
| 16 | An Oifig Luachála | 16,296 | — | 1,283 | 17,579 | 12,130 | 953 | 11,177 | 5,449 | (330) | 5,119 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 20,301 | 200 | 154 | 20,655 | 19,526 | 361 | 19,165 | 1,129 | 207 | 1,336 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 55,587 | 1,435 | 6,238 | 63,260 | 59,094 | 6,438 | 52,656 | 4,166 | 200 | 4,366 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 12,139 | — | 505 | 12,644 | 10,443 | 366 | 10,077 | 2,201 | (139) | 2,062 |
| 20 | Garda Síochána | 1,879,075 | 12,750 | 119,011 | 2,010,836 | 2,000,881 | 122,332 | 1,878,549 | 9,955 | 3,321 | 13,276 |
| 21 | Príosúin | 385,384 | 5,468 | 9,152 | 400,004 | 392,389 | 10,568 | 381,821 | 7,615 | 1,416 | 9,031 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 126,882 | 4,895 | 27,633 | 159,410 | 154,092 | 27,011 | 127,081 | 5,318 | (622) | 4,696 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 32,481 | — | 580 | 33,061 | 31,108 | 660 | 30,448 | 1,953 | 80 | 2,033 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 399,510 | 3,900 | 89,401 | 492,811 | 467,028 | 90,513 | 376,515 | 25,783 | 1,112 | 26,895 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,933 | — | 81 | 7,014 | 6,817 | 76 | 6,741 | 197 | (5) | 192 |
| 26 | Oideachas | 8,910,710 | — | 370,191 | 9,280,901 | 9,263,008 | 380,141 | 8,882,867 | 17,893 | 9,950 | 27,843 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 569,984 | — | 1,030 | 571,014 | 568,273 | 1,041 | 567,232 | 2,741 | 11 | 2,752 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 236,760 | — | 44,701 | 281,461 | 266,350 | 51,169 | 215,181 | 15,111 | 6,468 | 21,579 |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 719,977 | 37,747 | 11,078 | 768,802 | 664,001 | 12,286 | 651,715 | 104,801 | 1,208 | 106,008 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 1,462,330 | 31,600 | 363,789 | 1,857,719 | 1,692,718 | 386,665 | 1,306,053 | 165,001 | 22,876 | 187,877 |

| Vóta | Seirbhís | An tsuim a leithreasaítear | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Deontais soláthair** | **Iarchurtha ó 2020** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **Iomlán** | **Ollchaiteachas** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **Glanchaiteachas** | **Ollfharasbarr (oll-easnamh)** | **Farasbarr/ (easnamh) i bhfáltais** | **Glanfharasbarr don bhliain[a]** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 31 | Iompar | 3,627,199 | 151,480 | 20,990 | 3,799,669 | 3,460,152 | 35,956 | 3,424,196 | 339,517 | 14,966 | 354,483 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 1,088,160 | 106,200 | 53,982 | 1,248,342 | 1,027,077 | 69,051 | 958,026 | 221,265 | 15,069 | 236,334 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin | 876,097 | 16,892 | 250,606 | 1,143,595 | 1,095,438 | 234,822 | 860,616 | 48,157 | (15,784) | 32,373 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 5,255,420 | 214,000 | 61,932 | 5,531,352 | 5,143,024 | 66,076 | 5,076,948 | 388,328 | 4,144 | 392,472 |
| 35 | Pinsin Airm | 257,650 | — | 5,000 | 262,650 | 259,903 | 4,983 | 254,920 | 2,747 | (17) | 2,730 |
| 36 | Cosaint | 785,461 | — | 24,320 | 809,781 | 786,405 | 30,457 | 755,948 | 23,376 | 6,137 | 29,513 |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 17,863,508 | 910 | 393,810 | 18,258,228 | 18,152,515 | 432,977 | 17,719,538 | 105,713 | 39,167 | 144,880 |
| 38 | Sláinte | 21,696,964 | 68,174 | 432,770 | 22,197,908 | 21,737,249 | 470,345 | 21,266,904 | 460,659 | 37,575 | 498,234 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 18,500 | 59 | 400 | 18,959 | 17,246 | 483 | 16,763 | 1,713 | 83 | 1,796 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige | 1,879,461 | 4,100 | 39,121 | 1,922,682 | 1,824,224 | 39,175 | 1,785,049 | 98,458 | 54 | 98,512 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 3,750 | — | 47 | 3,797 | 2,975 | 65 | 2,910 | 822 | 18 | 840 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 308,000 | 13,180 | 43,027 | 364,207 | 344,450 | 81,580 | 262,870 | 19,757 | 38,553 | 58,310 |
| 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 22,799 | — | 142 | 22,941 | 22,664 | 181 | 22,483 | 277 | 39 | 316 |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 18,898 | — | 230 | 19,128 | 14,757 | 189 | 14,568 | 4,371 | (41) | 4,330 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 2,911,500 | 16,700 | 126,368 | 3,054,568 | 3,007,804 | 128,942 | 2,878,862 | 46,764 | 2,574 | 49,338 |
| | **Iomlán** | **73,058,612** | **709,690** | **2,945,767** | **76,714,069** | **74,501,307** | **3,206,458** | **71,294,849** | **2,212,762** | **260,691** | **2,473,452** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2021. Tá aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin mar gheall ar shlánú.

Nóta: a Cuimsíonn an glanfharasbarr farasbarr na leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas in éineacht leis an bhfarasbarr (easnamh) ar leithreasaí-i-gcabhair.

## Fíor 3A.2 Cur i bhfeidhm leithreasaí farasbairr 2021, de réir vóta

| Vóta | Seirbhís | Farasbarr don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go 2022) | Farasbarr atá le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 840 | — | 840 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 12,157 | — | 12,157 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 603 | — | 603 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 2,938 | — | 2,938 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 232 | — | 232 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 783 | — | 783 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 4,284 | — | 4,284 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 3,397 | — | 3,397 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 9,765 | 493 | 9,272 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 456 | — | 456 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 3,148 | — | 3,148 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 75,124 | — | 75,124 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 38,849 | 20,700 | 18,149 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 448 | — | 448 |
| 15 | An Rúnseirbhís | 901 | — | 901 |
| 16 | An Oifig Luachála | 5,119 | 325 | 5,119 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 1,337 | — | 1,337 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 4,366 | — | 4,366 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 2,062 | — | 2,062 |
| 20 | Garda Síochána | 13,276 | — | 13,276 |
| 21 | Príosúin | 9,031 | 3,601 | 5,430 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 4,696 | 3,648 | 1,048 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 2,033 | 100 | 2,033 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 26,895 | 5,122 | 21,773 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 192 | — | 192 |
| 26 | Oideachas | 27,843 | — | 27,843 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 2,752 | — | 2,752 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 21,579 | — | 21,579 |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 106,009 | 57,917 | 48,092 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 187,877 | 29,900 | 157,977 |
| 31 | Iompar | 354,482 | 161,100 | 193,382 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 236,334 | 79,660 | 156,674 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin | 32,373 | 18,400 | 13,973 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 392,472 | 275,800 | 116,672 |
| 35 | Pinsin Airm | 2,730 | — | 2,730 |
| 36 | Cosaint | 29,513 | — | 29,513 |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 144,880 | 1,200 | 143,680 |
| 38 | Sláinte | 498,234 | 104,000 | 394,234 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 1,796 | 35 | 1,761 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige | 98,512 | 3,200 | 95,312 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 840 | — | 840 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 58,310 | 16,860 | 41,450 |
| 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 316 | — | 316 |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 4,330 | — | 4,330 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 49,338 | 37,200 | 12,138 |
| **Iomlán** | | **2,473,451** | **819,261** | **1,654,615** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2021. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Fíor 3A.3 Fáltais bhreise an Státchiste 2021, de réir vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise a réadaíodh |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 99 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | — |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 387 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 1 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,324 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | — |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 44 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | — |
| 15 | An Rúnseirbhís | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 4 |
| 20 | An Garda Síochána | 8,550 |
| 21 | Príosúin | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 7,252 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 70,987 |
| 24 | Dlí agus Ceart | 37 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | — |
| 26 | Oideachas | — |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | — |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | — |
| 29 | Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid | 148,289 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Muir | 3,484 |
| 31 | Iompar | 3,081 |
| 32 | Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht | 112,075 |
| 33 | Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin | 22 |
| 34 | Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht | 767 |
| 35 | Pinsin Airm | — |
| 36 | Cosaint | — |
| 37 | Coimirce Shóisialach | 3 |
| 38 | Sláinte | 53 |
| 39 | An Oifig um Sholáthar Rialtais | 75 |
| 40 | Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Gnóthaí Óige | 10,875 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | — |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 16 |
| 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | — |
| 44 | An Coimisiún um Chosaint Sonraí | 800 |
| 45 | Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht | 2,002 |
| **Iomlán** | | **370,227** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2021. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Glanfhigiúirí atá sna fáltais atá luaite.

# 4 Ath-leithdháileadh an mhaoinithe vótáilte

**4.1** Ath-leithdháileann an tOireachtas maoiniú san Acht Leithreasa bliantúil trí nádúr ginearálta na seirbhísí a bheidh le maoiniú faoi gach aon vóta a shonrú, i rud ar a dtugtar 'feidhm' an vóta (a leagtar amach i Sceideal a ghabhann leis an Acht). Ní thabharfaidh an tAcht éifeacht dlí leis na cláir éagsúla ná leis na fo-mhírchinn a leagtar amach sa dara cuid de gach aon mheastachán vótála, ar an mbonn go mbeadh sé beagnach cinnte go mbeadh rómheastachán suntasach ann agus go gcuirfí isteach ar oibriú réidh an chórais airgeadais dá ndéanfaí amhlaidh. Ar mhaithe le cúiseanna praiticiúla, tá de rogha ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na leithdháiltí a athrú idir fo-mhírchinn laistigh de vóta aonair.

**4.2** Leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach treoir chuimsitheach ar phrionsabail agus ar nósanna imeachta le haghaidh an caiteachas vótáilte a bhainistiú agus a chur i gcuntas i bhfoilseachán dar teideal *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.* Sonraítear ann gurb amhlaidh, i gcás go n-úsáidfear aon choigilteas nó gannchaiteachas a thagann chun cinn ar fho-mhírcheann amháin chun caiteachas ar fho-mhírcheann eile a mhéadú,

> *'... nár cheart glacadh leis mar chóras nádúrtha. Tá an chéad éileamh ag an Státchiste ar aon choigilteas agus de ghnáth beifear ag súil go ndéanfar na Ranna aon choigilteas dá leithéid a ghéilleadh in áit iad a choimeád lena leithdháileadh ar mhíreanna caiteachais eile, ach amháin i gcás go bhfuarthas cead roimh ré ón Roinn [Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe].*

**4.3** Tá dhá shásra fhoirmiúla i bhfeidhm chun gur féidir le maoiniú vótáilte a leithdháileadh idir fo-mhírchinn (agus cláir) le linn na bliana fioscaí. Is iad sin an meastachán forlíontach (teicniúil) a bheith á rith ag Dáil Éireann; agus cead ar leith ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh an aistrithe, faoi phróiseas ar a dtugtar 'vírmint' (féach Fíor 4.1).

**Fíor 4.1 Sásraí le haghaidh ath-leithdháileadh maoinithe vótáilte**

**Dáil Éireann**

Is féidir iarratas a dhéanamh chuig Dáil Éireann ar mheastachán forlíontach 'teicniúil', a ath-leithdháileann maoiniú gan gá leis an maoiniú iomlán a chuirtear ar fáil don vóta a mhéadú.

**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Is féidir iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar chead a fháil chun maoiniú a ath-leithdháileadh idir fo-mhírchinn, dá ngairtear 'vírmint'. Is féidir leis an Roinn dúltú dá leithéid de vírmint ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear dá mbeadh an caiteachas breise mór i gcomórtas leis an soláthar bunaidh san fho-mhírcheann. I gcás diúltaithe den sórt sin, bheadh gá le meastachán forlíontach a dhéanamh.

Foinse: Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí

**4.4** Is soiléir iad na treoirlínte atá ag an Roinn maidir leis an gcaoi a bhfeidhmeoidh vírmint.

> "***Ba cheart cead a fháil roimh ré ón Roinn [Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe] i ngach cás ina mbeartaítear vírmint.*** *Más rud é go bhfuil amhras ann maidir leis an tsuim iarbhír atá i gceist, is é an nós imeachta cuí don Roinn a bhfuil baint aici leis iarratas a chur isteach chuig an Roinn [Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe] ar cheadú sealadach a fháil nuair a thagann sé chun solais go mbeidh barrachas ar fho-mhírcheann is féidir a sheasamh as coigilteas ar fho-mhírcheann eile. Ba cheart an ceadú críochnúil a lorg nuair a ullmhaíodh na cuntais leithreasa agus nuair atá na suimeanna iarbhír atá i gceist ar eolas."*

**4.5** Toisc go n-úsáideann sealbhóirí vóta ar bhonn airgid thirim go príomha, ba cheart dóibh a bheith in ann de ghnáth an coigilteas atá ag teacht chun cinn ar fho-mhírcheann a shainaithint — agus ar an mbealach sin beifear ar fáil chun caiteachas barrachais ar an bhfo-mhírcheann eile a sheasamh — roimh dheireadh na bliana. Mar sin féin, tá *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ag súil nach mbeidh na suimeanna deiridh a bheidh ag teastáil ar eolas ag an am sin, agus mar sin foráiltear leis go n-iarrfar ceadú sealadach roimh dheireadh na bliana.

**4.6** Aithnítear sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* go bhféadfaidh an Coiste um Chuntais Phoiblí iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmiú de rogha ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le vírmint a cheadú, a fhéadfaidh a chinneadh tuairisciú do Dháil Éireann ar aon chásanna áirithe ina measann an ciste gur cheart ceadú na Dála a lorg chun maoiniú a ath-leithdháileadh.

## Cuspóir na tuarascála seo

**4.7** Le linn an iniúchta a rinneadh ar chuntais leithreasa le haghaidh 2021, sainaithníodh roinnt cásanna ina ndearnadh ath-leithdháileadh suntasach ar chistiú vótáilte ó fho-mhírchinn cláir amháin nó níos mó go fo-mhírchinn eile, ach inar dealraíodh nár comhlíonadh na nósanna imeachta atá leagtha síos sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí*. Leagtar amach dálaí roinnt de na cásanna seo thíos, chun na cúiseanna imní a thagann chun cinn a léiriú.

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**4.8** Rinne an meastachán do Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim soláthar do chaitheamh suas le €501 mhilliún in 2021. Áiríodh leis sin 'leithreasaí-i-gcabhair' ceadaithe arbh fhiú €59 milliún iad san iomlán.[1] I mí Lúnasa 2021, scríobh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le ceadú tarmligthe do chaiteachas reatha 2021. Sonraítear sa litir gur '*cheart coigilteas a eascraíonn ó fho-mhírcheann ar bith ar Vóta d'Oifige a ghéilleadh don Státchiste ar an gcéad ásc*. *Ní bhreithneofar iarrataí ar vírmint ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus níl feidhm aige maidir le fo-mhírchinn phá ná le fo-mhírchinn neamhphá'.*

1 Féadfar fáltais áirithe a eascraíonn le linn ghnáthghnó na Roinne nó na hoifige a choinneáil chun caiteachas faoin vóta a sheasamh, in áit iad a íoc go díreach isteach sa Státchiste. Tugtar 'leithreasaí-i-gcabhair' ar na fáltais sin.

**4.9** Tabhaíodh caiteachas barrachais ar roinnt d'fho-mhírchinn Vóta 9, gan dul i muinín meastacháin fhorlíontaigh, ar an mbonn gurbh é seo a leanas an coigilteas arbh fhiú €13.7 milliún é san iomlán ar fáil chun na barrachais a sheasamh.

| Foinse an choigiltis | Curtha i bhfeidhm chun caiteachas barrachais a chlúdach |
|---|---|
| **Fo-mhírcheann A1 Tuarastail, pá agus liúntais**<br><br>**€9.1 milliún** | ▪ Bhí barrachas de €6.4 milliún ar fho-mhírcheann A3 — Costais oiliúna, forbartha agus costais eile a bhí ann ó lá go lá<br>▪ Bhí barrachas de €2.2 milliún ar fho-mhírcheann A5 — Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha<br>▪ Bhí barrachas de €0.5 milliún ar fho-mhírcheann A4 — Seirbhísí poist agus teileachumarsáide. |
| **Fo-mhírchinn neamhphá — Cineálacha éagsúla**<br><br>**€4.6 milliún** | ▪ Bhí barrachas de €3.7 milliún ar fho-mhírcheann A5 — Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha<br>▪ Bhí barrachas de €0.5 milliún ar fho-mhírcheann A10 — Cúiteamh agus caillteanais<br>▪ Bhí barrachas de €0.3 milliún ar fho-mhírcheann A8 — Mótarfheithiclí agus cothabháil ar threalamh<br>▪ Bhí barrachas de €0.08 milliún ar fho-mhírcheann A7 — Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais. |

**4.10** Níor chuir na Coimisinéirí Ioncaim iarratas isteach chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar cheadú sealadach le haghaidh an ath-leithdháilte go dtí an 8 Feabhra 2022. Tar éis ceadú sealadach a fháil an 14 Feabhra, chuir na Coimisinéirí Ioncaim iarratas isteach ar cheadú críochnúil vírminte an 23 Márta. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceadú ar fáil ar bhonn eisceachtúil an 24 Márta. Shínigh an tOifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa do Vóta 9 an 31 Márta 2022.

**4.11** Le linn an iniúchta ar an gcuntas leithreasa, fuarthas amach go raibh an anailís a thacaigh leis an iarratas ar vírmint easnamhach. Fuarthas amach nár rangaíodh i gceart caiteachas arbh fhiú €2.1 milliún san iomlán é faoi fho-mhírcheann A.5 Trealamh Oifige agus seirbhísí TF seachtracha. Nuair a ceartaíodh an mí-aicmiú, ní mór coigilteas breise a shainaithint ó áiteanna taobh amuigh den fho-mhírcheann.

**4.12** Dá thoradh sin, bhí ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar cheadú chun €2.1 milliún breise a ath-leithdháileadh ón bhfo-mhírcheann pá. Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceadú leasaithe an 6 Meán Fómhair 2022, ar luach iomlán de €15.8 milliún. Bhí €11.2 milliún ón bhfo-mhírcheann pá agus €4.6 milliún ón bhfo-mhírcheann neamhphá sa cheadú leasaithe sin. Cuireadh béim sa litir ceadaithe gur ceadaíodh ath-leithdháileadh cistí ó mhíreanna pá go míreanna neamhphá ar bhonn eisceachtúil.

## Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

**4.13** Leis an meastachán do Vóta 33 Turasóireachta Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin (i bhfo-mhírcheann E.6), soláthraíodh leithdháileadh 2021 le haghaidh ranníocaíochta de €16.9 milliún don Chiste Craolacháin. Ba é an toradh buiséid i gcuntas leithreasa 2021 ná €23.6 milliún.

**4.14** Chun an ranníocaíocht bhreise a dhéanamh leis an gCiste Craolacháin, d’iarr an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ceadú le haghaidh vírmint de €8.1 milliún, ar an mbonn go raibh gá ‘chun freastal ar na brúnna atá ag teacht chun cinn faoin bhfo-mhírcheann seo maidir leis an gCiste Fuaime agus Físe’. Tháinig an coigilteas a sainaithníodh as na fo-mhírchinn seo a leanas

- €5.5 milliún ó B.5 an Ceoláras agus Gailearaí Crawford
- €1.7 milliún ó B.8 Cultúr Éireann
- €0.9 milliún ó B.15 Deich mBliana na gCuimhneachán.

**4.15** I gcuntais an Chiste Craolacháin, níor aithníodh an t-aistriú breise €8 milliún mar ioncam ó 2021, agus ina áit sin láimhseáladh é mar ioncam iarchurtha. Níor caitheadh an maoiniú faoi dheireadh 2021.

**4.16** Cheadaigh Dáil Éireann meastachán forlíontach do Vóta 33 an 8 Nollaig 2021. Leis sin, soláthraíodh €35 mhilliún breise don chlár spóirt. Ní dhearnadh aon cheann de na cláir eile sa Vóta a choigeartú sa mheastachán forlíontach.

**4.17** D’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceadú sealadach an 16 Nollaig 2021 chun coigilteas a aistriú. Tugadh ceadú deiridh don aistriú sin an 13 Bealtaine 2022, tar éis na cuntais leithreasa a shíniú.

**4.18** Sa chás seo, ceadaíodh vírmint coigiltis de réir mar ba ghá. Mar sin féin, díríonn *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* aird air seo:

> *Tiocfaidh amhras chun cinn ó am go ham i dtaobh ar cheart mír caiteachais a chlúdach le vírmint nó le meastachán forlíontach. Is féidir leis an Roinn diúltú dá leithéid de vírmint más rud é, ina tuairim féin, go mbeadh an caiteachas breise [i measc nithe eile]... mór i gcomórtas leis an soláthar bunaidh san fho-mhírcheann.*

**4.19** B’ionann suim na vírminte agus 48% de luach an bhunmheastacháin d’fho-mhírcheann E.6 agus cheadaigh an Roinn í laistigh de laethanta ó cheadaigh Dáil Éireann meastachán forlíontach don Vóta áirithe sin.


## Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

**4.20** Dheimhnigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur chomhaontaigh sí go neamhfhoirmeálta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nach gá don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta réamhcheadú sealadach a lorg le haghaidh vírmint ar shuimeanna suas go dtí €3 mhilliún ó fho-mhírcheann aonair. Níl aon teorainn charnach i bhfeidhm. Ní mór don Roinn Tithíochta taifead a chur le chéile ar na haistrithe maoinithe atá beartaithe faoin socrú seo, agus an taifead sin a chur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh dheireadh na bliana ábhartha. Ba é an chúis a tugadh chun an maolú sin ó na socruithe a leagtar amach sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* a dheonú ná '... chun an t-ualach riaracháin ar an dá Roinn a mhaolú'.

**4.21** Chuir meastachán athbhreithnithe 2021 do Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht maoiniú de €5.1 billiún ar fáil do na seirbhísí sonraithe.[1] Chomh maith leis sin, bhí soláthar caipitil de €214 mhilliún tugtha anonn ó 2020.[2,3] Chuir meastachán forlíontach a cheadaigh Dáil Éireann an 8 Nollaig 2021 €199 milliún breise ar fáil go príomha le haghaidh tacaí Covid-19 d'údaráis áitiúla. Thug sé sin foráil ollchaiteachais 2021 don Vóta suas go €5.5 billiún — €2.5 billiún i gcaiteachas reatha agus €3 billiún i gcaiteachas caipitil.

**4.22** Cé is moite den mheastachán forlíontach, aistríodh maoiniú de €446 mhilliún ó fho-mhírchinn vóta san áit ar tháinig coigilteas chun cinn go fo-mhírcheann ina raibh barraíocht caiteachais (féach Fíor 4.2).

**Fíor 4.2 Aistrithe maoinithe Vóta 34 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, 2021**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: Baineann an ghluaiseacht idir cláir le haistriú cistí thar fho-mhírchinn faoi na cláir sin.

1 Níor cuireadh ar áireamh sa tsuim sin aon soláthar do leithreasaí-i-gcabhair.

2 Thug an Roinn maoiniú caipitil neamhchaite ab fhiú níos mó ná €275.8 milliún ar aghaidh ó 2021 go 2022 freisin.

3 Déantar foráil in alt 91 den Acht Airgeadais 2004 do chaipiteal neamhchaite a thabhairt ar aghaidh.

**4.23** Is thart ar €5.4 milliún a bhí sa tsuim a aistríodh laistigh de Vóta 34 faoin socrú vírminte tarmligthe. Cuireadh sceideal ina leagtar amach sonraí na suimeanna a bhí i gceist faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh dheireadh na bliana 2021, de réir mar is gá.

**4.24** I gcumarsáidí agus doiciméid éagsúla a eisíodh roimh dheireadh na bliana, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a feasacht in iúl ar aistrithe coigiltis atá beartaithe. I gcásanna áirithe, tugadh ceadú sealadach sonrach le haghaidh aistrithe. Ina theannta sin, sa mheamram chuig an Rialtas ag iarraidh meastachán forlíontach don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, rinneadh tagairt don úsáid a rabhthas ag súil lena baint as coigilteas ar fho-mhírchinn chaipitil, lena n-áirítear tithíocht, chun maoiniú a mhéadú don chlár rialtais áitiúil. Bhí sé i gceist leis an maoiniú, mar aon leis an soláthar meastacháin fhorlíontaigh, na costais a bhaineann le tacaí airgeadais Covid-19 a sheasamh.

**4.25** Nuair a cuireadh sceideal na suimeanna a bhí á n-aistriú faoin socrú vírminte tarmligthe faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireadh fógra ann faoin vírmint bheartaithe de €310 milliún don chlár rialtais áitiúil. Is ionann an tsuim sin agus 78% den soláthar meastachán.[1] Rinne an sceideal tagairt freisin d'aistriú beartaithe de €4 mhilliún ó fho-mhírcheann B.4 An Clár Uisce Tuaithe go fo-mhírcheann B.6 Iasachtaí oidhreachta seirbhísí uisce. Níor thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceadú sealadach le haghaidh na n-aistrithe beartaithe sin.

**4.26** Aistríodh €31 mhilliún san iomlán ó fho-mhírcheann A.21 Ciste bonneagair (caipiteal) go fo-mhírcheann A.27 Cothabháil phleanáilte (caipiteal), le ceadú sealadach sonrach ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa chás seo, €19 milliún a bhí ar an gcaiteachas barrachais san iomlán ar fho-mhírcheann A.27 Cothabháil phleanáilte (caipiteal). Fuair an Roinn Tithíochta ceadú don €12 mhilliún a bhí fágtha a thabhairt ar aghaidh le haghaidh caitheamh in 2022.

**4.27** Lorg an Roinn Tithíochta ceadú foirmiúil an 23 Meitheamh 2022 chun coigilteas €434 mhilliún a aistriú, i.e., tar éis shíniú an chuntais leithreasa do Vóta 34. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceadú foirmiúil ar fáil le haghaidh na suimeanna a bhí á lorg an 27 Iúil 2022, ach athdhearbhaíodh na coinníollacha seo a leanas.

- Ba cheart cead a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi réir na socruithe riaracháin idir an dá roinn atá againn, nuair a bheartófar vírmint.
- Níor cheart glacadh leis go n-úsáidfí an coigilteas ar fho-mhírcheann amháin chun caiteachas ar cheann eile a mhéadú (trí bhíthin vírminte nó meastacháin fhorlíontaigh) sa ghnáthchúrsa.
- Ní mór ceanglais uile na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nósanna imeachta airgeadais phoiblí agus soláthair a chomhlíonadh.

1 Áirítear leis an bhfigiúr soláthair meastacháin de €390 milliún an meastachán forlíontach de €197 milliún.

## Vóta 38 Sláinte

**4.28** Chuir an meastachán athbhreithnithe do Vóta 38 Sláinte buiséad de €22 billiún ar fáil don Roinn Sláinte in 2021. Ina theannta sin, tugadh €68 milliún de mhaoiniú neamhchaite ó 2020 ar aghaidh go 2021.[1]

**4.29** Tabhaíodh caiteachas barrachais ar roinnt fo-mhírcheann vóta, gan dul i muinín meastacháin fhorlíontaigh, ar an mbonn gurbh é seo a leanas an coigilteas arbh fhiú €593 mhilliún é san iomlán ar fáil go príomha ó fho-mhírcheann J.1 — FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhísí) chun na barrachais a sheasamh:

- Bhí barrachas de €527 milliún ar fho-mhírcheann J.2 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FFS) — Gníomhartha Covid-19
- Bhí barrachas de €55 mhilliún ar fho-mhírcheann K.4 — Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
- Bhí barrachas de €8 milliún ar fho-mhírcheann L.2 — Seirbhísí aisíocaíochta do chúram príomhúil — Gníomhartha Covid-19
- Bhí barrachas de €3 mhilliún ar shé fho-mhírcheann eile.

**4.30** Níor chuir an Roinn Sláinte iarratas ar cheadú (sealadach) roimh ré isteach maidir le hath-leithdháileadh maoinithe chun an caiteachas barrachais a chlúdach. Mar sin féin, chuir an Roinn in iúl

- Gur chuir sé uasdátú rialta ar chaiteachas chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag léiriú caiteachas suntasach os cionn an leibhéil maoinithe a cuireadh ar fáil maidir le freagraí Covid-19 agus bhí sé sin á fhritháireamh ag coigilteas ar an mbunchaiteachas.
- Gur phléigh sé róchaiteachas Covid-19 a bhí á fhritháireamh ag gannchaiteachas lárnach ag an nGrúpa Maoirseachta Buiséid Sláinte le linn 2021.

**4.31** D’iarr an Roinn Sláinte ar cheadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an coigilteas a aistriú an 14 Aibreán 2022 tar éis shíniú an chuntais leithreasa. Chuir an Roinn Sláinte in iúl gur gnáthchleachtas nach n-iarrtar ar cheadú ach amháin nuair a ullmhaítear an cuntas leithreasa agus níor chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceist riamh maidir le ceadú a iarraidh ar an gcaoi sin.

**4.32** Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceadú an 23 Lúnasa 2022 agus thug an Roinn dá haire gur cuireadh an ceadú sin ar fáil ar an tuiscint

- go raibh gá leis na haistrithe chun freastal ar dhliteanais aibithe in 2021, agus
- gur deimhin leis an Roinn Sláinte nach mbeidh éileamh ar mhaoiniú breise ann sna blianta amach romhainn mar gheall ar an togra.

## Tuairimí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**4.33** Tá leas intuigthe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndíspreagadh agus laghdú a dhéanamh ar an líon iarratas ar mheastacháin fhorlíontacha, agus ar a gcainníocht nuair a thagann siad chun cinn. Tá an Roinn sásta, laistigh den raon airgeadais iomláin nuair is féidir agus nuair is cuí, le suimeanna vírminte a aistriú ó fho-mhírchinn go fo-mhírchinn eile a mheas. Measann an Roinn cásanna den sórt sin i gcomhthéacs na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* agus nuair a mheastar go bhfuil sé comhréireach cabhrú le roinn a cuspóirí agus a tosaíochtaí beartais a chomhlíonadh.

1 Déantar foráil in alt 91 den Acht Airgeadais 2004 do chaipiteal neamhchaite a thabhairt ar aghaidh.

## Conclúidí

**4.34** Níor cloíodh leis na forálacha sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* maidir le hath-leithdháileadh maoinithe idir fo-mhírchinn vóta i gcásanna áirithe. Cé go leagtar béim sna treoirlínte nár cheart a thoimhdiú gur córas nádúrtha a bheadh i gceist leis na cistí a ath-leithdháileadh trí vírmint sa ghnáthchúrsa, is cosúil gur tharla sé sin i gcásanna áirithe. I gcásanna a tháinig chun solais trí iniúchadh, lorgaíodh agus bronnadh ceadú cúlghabhálach.

**4.35** Bhain cuid de na hath-leithdháiltí maoinithe trí vírmint dá dtagraítear thuas suimeanna an-suntasach, agus suimeanna atá mór faoi threoir na suimeanna san fho-mhírcheann bunaidh. Moltar sna treoirlínte go n-éileodh dea-chleachtas chun meastachán forlíontach a thógáil i gcásanna dá leithéid. Féadfaidh an coiste iomchuí de Dháil Éireann dá thoradh sin iniúchadh a dhéanamh ar an gcoigilteas atá ag teacht chun cinn agus ar an gcaiteachas barrachais, agus chun aon ath-leithdháiltí atá beartaithe a mheas.

**4.36** Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart gach socrú a bhaineann le hath-leithdháileadh an mhaoinithe vótáilte a chomhaontú agus a thaifeadadh go foirmiúil. Ba cheart taifeadadh tráthúil a dhéanamh ar chinntí maidir le tograí ar leith le haghaidh ath-leithdháileadh an mhaoinithe vótáilte chomh maith. Fágann infhaighteacht uilíoch na cumarsáide leictreonaí go mbeifear in ann go leor cinntí tábhachtacha a fhoghlaim de ghlanmheabhair go réidh.

# 5 Forbhreathnú ar chostas na freagartha do phaindéim Covid-19

**5.1** An 30 Eanáir 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an ráig de Covid-19 mar éigeandáil sláinte poiblí lenar bhain ábhar imní idirnáisiúnta. Tuairiscíodh an chéad chás d’ionfhabhtú Covid-19 in Éirinn an 29 Feabhra 2020.


**5.2** Tháinig athrú ar fhreagairt an Rialtais do phaindéim Covid-19 le linn na paindéime chun aghaidh a thabhairt ar an staid a bhí ag athrú agus chun aird a thabhairt ar thosca sláinte poiblí agus ar thosca sóisialta agus eacnamaíocha. D’fhoilsigh an Rialtas cúig cinn de phleananna náisiúnta freagartha straitéisí go dtí seo.

- An plean gníomhaíochta náisiúnta chun freagairt do Covid-19 (Márta 2020)
- Treochlár chun sochaí agus gnó a athoscailt (Bealtaine 2020)
- Teacht aniar agus téarnamh 2020 – 2021: Plean maidir le maireachtáil le Covid-19 (Meán Fómhair 2020)
- Teacht aniar agus téarnamh Covid-19 2021: An bóthar amach romhainn (Feabhra 2021)
- Covid-19: Tuiscint nua ar an dúshlán, leanúint dár dtéarnamh agus athnascadh (Lúnasa 2021).

**5.3** Ullmhaíodh an tuarascáil seo chun forbhreathnú a thabhairt ar an gcostas a bhaineann leis na freagairtí díreacha do phaindém Covid-19 nó dá tionchair, mar a thuairiscigh na ranna ábhartha rialtais iad. Áirítear leis na figiúirí atá curtha i láthair na costais a tabhaíodh ar scéimeanna tacaíochta nó ar chaiteachas díreach ar fhreagairtí do phaindéim Covid-19 sa bhliain suas go deireadh mhí Feabhra 2022.

**5.4** Cé gur maolaíodh an chuid is mó de na srianta ar an tsláinte phoiblí a bhain le paindéim Covid-19 in Éirinn i mí Feabhra 2022, leanadh ar aghaidh le tacaí áirithe tar éis an dáta sin. Tá costais a bhaineann le paindéim Covid-19 ann fós agus, dá bhrí sin, ní mór caitheamh le costais atá tuairiscithe mar mheastacháin eatramhacha ar chostais na freagartha.

**5.5** Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-áirítear leis na costais atá tuairiscithe na costais phá ná na costais chaiteachais riaracháin/ghinearálta a thabhaigh na vótaí, e.g., costais phá na mball foirne a ath-imlonnaíodh chun obair ar fhreagairtí do phaindéim Covid-19.




**Cuid 1 Costais dhíreacha iomlána**


## Caiteachas iomlán

Meastar gurb ionann agus €12.4 billiún an caiteachas díreach iomlán a tabhaíodh mar thoradh ar phaindéim Covid-19 sa tréimhse aon bhliana dar chríoch an 28 Feabhra 2022 (féach Fíor 5.1 agus Fíor 5.2). B'ionann an tsuim iomlán a tuairiscíodh don tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin agus €17.1 billiún, a d'fhág gurb é €29.5 billiún an caiteachas tuairiscithe a caitheadh ar fhreagairtí díreacha do phaindéim Covid-19 nó do na tionchair a bhain aici amhail deireadh mhí Feabhra 2022.

**Fíor 5.1 Miondealú ar an gcaiteachas iomlán de réir roinn rialtais**




**Fíor 5.2 Miondealú ar chaiteachas 'eile'**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Sláinte; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an Roinn Oideachais; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Roinn Iompair; an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Roinn Cosanta; Oifig na nOibreacha Poiblí; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; an Roinn Gnóthaí Eachtracha; Comhoibriú Idirnáisiúnta; Roinn an Taoisigh.

Nóta: Cuimsíonn an tsuim a bhí ar áireamh do OOP íocaíochtaí €1.9m íoctha ag OOP thar ceann Ranna / gníomhaireachtaí eile.


## Cuid 1 Amlíne an chaiteachais

Seachas i mí na Nollag 2021, d'fhan an costas a bhí ar fhreagairtí díreacha do phaindéim Covid-19 nó ar na tionchair a bhí aici in aghaidh na míosa socair go maith le linn an dara bliain (Márta 2021 - Feabhra 2022) den phaindéim (féach Fíor 5.3).


Sa dá bhliain, ba iad an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Sláinte agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na ranna is mó caiteachas mar thoradh ar phaindéim Covid-19 (féach Fíor 5.4).

Na trí roinn atá freagrach as 86% den chaiteachas tuairiscithe iomlán €29.5 billiún don tréimhse dhá bhliain go dtí deireadh mhí Feabhra 2022.

**Fíor 5.3 Amlíne an chaiteachais iomláin Márta 2020 - Feabhra 2022**




**Fíor 5.4 Miondealú ar an gcaiteachas iomlán de réir roinn rialtais Márta 2020 - Feabhra 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Sláinte; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an Roinn Oideachais; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Roinn Iompair; an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Roinn Cosanta; Oifig na nOibreacha Poiblí; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; an Roinn Gnóthaí Eachtracha; Comhoibriú Idirnáisiúnta; Roinn an Taoisigh.

Nóta: a Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta miondealú míosúil ar 95% dá caiteachas iomlán don tréimhse Márta 2020 - Feabhra 2021.


## Coimirce Shóisialach

Thuairiscigh an Roinn Coimirce Sóisialaí gur thabhaigh sí caiteachas €7.6 billiún ar scéimeanna sonracha a bhaineann le Covid-19 suas go deireadh mhí Feabhra 2022. Ba é €11.1 billiún suim iomlán an chaiteachais don tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin, a d'fhág gurb ionann €18.7 billiún agus caiteachas iomlán na Roinne ag deireadh mhí Feabhra 2022.


Sa tréimhse sin bhí laghdú ag teacht ar chaiteachas míosúil na Roinne de réir mar a bhí an geilleagar ag athoscailt (féach Fíor 5.7).

Thabhaigh an Roinn costais €9.1 milliún an bhliain sin go dtí deireadh mhí Feabhra 2021 le haghaidh feabhsuithe ar chórais a forbraíodh chun an scéim PUP a riar agus chun na críche sin amháin. Costais bhreise ba ea iad seo anuas ar an gcaiteachas a tuairiscíodh don tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin (Márta 2020 - Feabhra 2021).


**Fíor 5.5 Caiteachas Coimirce Sóisialaí ar thacaí**




**Fíor 5.6 Miondealú ar chaiteachas 'eile'**




**Fíor 5.7 Amlíne an chaiteachas Coimirce Sóisialaí**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: Déantar caiteachas ar an EWSS agus an TWSS a thuairisciú mar chaiteachas comhlán. €170m agus €20m faoi seach a bhí mar ró-íocaíochtaí a athshlánaíodh le haghaidh an TWSS agus an EWSS.

**Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)**


## Sláinte

Tháinig méadú 46% ar chaitheamh na Roinne ar thástáil agus ar rianú ó €359 milliún[a] (Márta 2020 - Feabhra 2021) go €664 mhilliún. B'ionann an caiteachas ar thástáil agus rianú agus ar vacsaíní agus beagnach leath (47%) chaiteachas na Roinne ar phaindéim Covid-19 sa bhliain roimh mhí Feabhra 2022.


Sa tréimhse sin, baineadh buaicphointe an chaiteachais san earnáil sláinte amach i mí na Nollag 2021 mar fhreagairt don éigeandáil a bhain le hathraitheach Omicron (féach Fíor 5.10).




**Fíor 5.8 Caiteachas Sláinte ar thacaí Covid-19**




**Fíor 5.9 Miondealú ar chaiteachas 'eile'**




**Fíor 5.10 Amlíne an chaiteachais Sláinte**




Foinse: An Roinn Sláinte

Nóta: a B'ionann an caiteachas a tuairiscíodh roimhe seo ar thástáil agus ar rianú don bhliain roimh mhí Feabhra 2021 agus €292 mhilliún, tá sé sin athraithe go €359 milliún ag an Roinn.

## Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Suas go deireadh mhí Feabhra 2022, d'íoc an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta €536 mhilliún san iomlán amach i riocht tacaí.


Rinneadh an oibleagáid chun rátaí tráchtála a íoc le húdaráis áitiúla a tharscaoileadh do ghnólachtaí a raibh srianta trádála a bhaineann le paindéim Covid-19 ag déanamh difear suntasach dóibh. Rinneadh caillteanas an ioncaim sin a leigheas trí chistiú deontais breise ar chostas €485 mhilliún.

Fógraíodh tarscaoileadh rátaí tosaigh ar feadh trí mhí i mí na Bealtaine 2020 chun an tréimhse ón 27 Márta 2020 ar aghaidh a chlúdach. Cuireadh síneadh roinnt uaireanta leis an tarscaoileadh, agus lean sé de bheith i bhfeidhm, i ndeireadh na dála, ar feadh tréimhse naoi mí gur cuireadh deireadh leis i mí na Nollag 2020.


Cuireadh tarscaoileadh níos spriocdhírithe i bhfeidhm le linn na bliana 2021 agus bhíothas ag súil go gcuirfí deireadh leis i mí Mheán Fómhair 2021. Dá ainneoin sin, cuireadh tarscaoileadh eile, a bhí níos teoranta, i bhfeidhm go dtí deireadh mhí na Nollag 2021 agus cuireadh síneadh eile leis go dtí an chéad ráithe den bhliain 2022.

Chuir an tarscaoileadh rátaí leis an mbuaicphointe sa chaiteachas i mí na Nollag nuair a íocadh os cionn €422 mhilliún le húdaráis áitiúla i mí na Nollag 2021. (Cuirtear tuilleadh sonraí ar fáil i gCaibidil 4 ar aistriú airgid sa Roinn ag deireadh na bliana).


Fíor 5.11 Tacaí caiteachais Covid-19 Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta




Fíor 5.12 Dáileadh tarscaoilte rátaí tráchtála




Fíor 5.13 Amlíne an chaiteachais Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nóta: a Is é ollchaiteachas a léirítear san amlíne. Fuarthas aisíocaíochtaí tarscaoilte rátaí tráchtálad ar luach €0.24 milliún i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2022.


Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)

## Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin


Tháinig méadú ar chaiteachas na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ó €139 milliún (Márta 2020 - Feabhra 2021) go €218 milliún don tréimhse Márta 2021 - Feabhra 2022. Baineann an méadú sin le tacaí don earnáil turasóireachta den chuid is mó.

Bhain os cionn €70 milliún den chaiteachas a tharla i mí na Nollag 2021 le deontais spóirt.


**Fíor 5.14** Caiteachas Covid-19 Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán




**Fíor 5.15** Miondealú ar chaiteachas 'eile'




**Fíor 5.16** Amlíne an chaiteachais Turasóireachta, Chultúir, Ealaíon, Ghaeltachta, Spóirt agus Mheán




Foinse: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

**Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)**

## An Earnáil Oideachais


Le chéile, thabhaigh an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta caiteachas díreach a measadh a bheith cothrom le €386 mhilliún de bharr phaindéim Covid-19. Baineann os cionn 79% (€306 mhilliún) den chaiteachas sin le maoiniú tacaíochta oideachais (Féach Fíor 5.18).

I ndiaidh na srianta, d'fhill na scoileanna ar an bhfoghlaim ar an láthair i mí an Mhárta 2021 agus níorbh éigean dóibh dúnadh arís mar thoradh ar phaindéim Covid-19.


D'íoc an Roinn Oideachais 78% den chaiteachas i mí Mheán Fómhair i ndeontais do bhunscoileanna agus meánscoileanna chun cabhrú leo bearta coiscthe infhabhtaithe agus bearta sábháilteachta a chur chun feidhme.

Baineann os cionn trian de bhuaicphointe an chaiteachais i mí na Nollag le deontais mionoibreacha ar íoc an Roinn Oideachais iad.


**Fíor 5.17 Tacaí caiteachais Covid-19 oideachais**




**Fíor 5.18 Miondealú ar mhaoiniú tacaíochta oideachais**




**Fíor 5.19 Amlíne an chaiteachais Sláinte**




Foinse: An Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.
Nóta: Tá €20 milliún de mhaoiniú breise ó dheontas SUSI ar áireamh sa chaiteachas oideachais. Is í an tsuim seo an caiteachas breise measta ar dheontais SUSI mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Ní fhéadfadh an Roinn an tsuim ar leith a shainaithint léi féin mar gheall gur íocadh deontais in aon bhloc amháin a raibh sciartha breise Covid-19 ar áireamh ann.


**Cuid 2 Anailís de réir roinne (ar lean)**

## Iompar


Bhí cur isteach suntasach ann ar an taisteal mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Mar fhreagairt dó sin, cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil do na comhlachtaí iompair lena cinntiú go gcuirfí seirbhísí iompair a raibh tairbhe sóisialta ag baint leo ar fáil fós. Cuireadh é sin i gcrích i bhfoirm deontas oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO).

Déantar maoiniú d'aerfoirt a riar faoi chlár réigiúnach Covid-19 na n-aerfort 2021 chomh maith le scéim tacaí forlíontacha Covid-19 d'aerfoirt na hÉireann. Mionsonraítear i bhFíor 5.21 sonraí faoi íocaíochtaí le gach aerfort le linn na tréimhse.


**Fíor 5.20 Caiteachas Iompair ar thacaí Covid-19**




**Fíor 5.21 Anailís ar chaiteachas na n-aerfort**




**Fíor 5.22 Amlíne an chaiteachais Iompair**




Foinse: An Roinn Iompair

Nóta: a Is meastacháin iad na figiúirí a sholáthair an Roinn do chaiteachas PSO i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2022 (€1.3 milliún).

## Na Coimisinéirí Ioncaim

Rinne Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim caiteachas cánach €395 mhilliún - €387 milliún a riar ar scéim tacaíochta srianta Covid-19 (CRSS) agus €8 milliún ar an scéim tacaíochta um atosú gnó (BRSS).


Cuireadh tús leis na scéimeanna sin i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus i mí Mheán Fómhair 2021 faoi seach. Dearadh an dá scéim sin chun tacú le gnólachtaí ar orthu a bhí tionchar suntasach ag na srianta a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim Covid-19.

Go dtí deireadh mhí Feabhra 2022, tá an caiteachas iomlán ag an dá scéim fós cothrom le €724 mhilliún.


Maoinítear na híocaíochtaí CRSS agus BRSS ó ollfháltais chánach.




**Fíor 5.23 Amlíne chaiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim**




**Fíor 5.24 Miondealú ar chaiteachais CRSS de réir earnála**




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**Cuid 3 Costas iomlán de réir cineál tacaíochta**

## Roinnt an chostais iomláin

Tá anailís ar an gcaiteachas iomlán de réir cineál faighteora leagtha amach i bhFíor 5.25, agus foinse an mhaoiniúcháin léirithe i bhFíor 5.26.

Bhí tacaí do ghnólachtaí freagrach as 39% den chaiteachas ar fad a tabhaíodh, agus an chuid is mó díobh á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí tacaí do dhaoine aonair freagrach as 26% den chaiteachas ar fad a tabhaíodh, agus an chuid is mó díobh á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.


Bhí laghdú ag teacht ar thacaí do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair le linn na bliana roimh mhí Feabhra 2022, de réir mar a bhí na srianta á maolú (féach Fíor 5.27).

Tá sláinte agus cúram sóisialta freagrach as 23% den chaiteachas iomlán agus ba í an Roinn Sláinte a chistigh an chuid is mó den chaiteachas sin.


Tháinig an chuid is mó den mhaoiniú le haghaidh tacaíochtaí stáit agus tacaíochtaí poiblí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ón Roinn Iompair agus ón earnáil Oideachais.

Baineann €20 milliún de chostais sláinte agus chúraim shóisialta le cúnamh daonnúil a soláthraíodh do thíortha i mbéal forbartha.


**Fíor 5.25 Anailís ghrúpáilte ar chaiteachas ar Covid-19**




**Fíor 5.27 Amlíne na dtacaí do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí**




**Fíor 5.26 Anailís ghrúpáilte ar chaiteachas roinne**





Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí; an Roinn Sláinte; an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an Roinn Oideachais; an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Roinn Iompair; an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáid a; an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Roinn Cosanta; Oifig na nOibreacha Poiblí; Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim; an Roinn Gnóthaí Eachtracha; Comhoibriú Idirnáisiúnta; Roinn an Taoisigh.

# 6 Cistiú a fuair údaráis áitiúla ón rialtas láir

Faigheann údaráis áitiúla cuid mhór dá gcistiú bliantúil ó réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir (féach Fíor 6.1). Is é príomhchuspóir na tuarascála seo breac-chuntas a thabhairt ar na cistí a shreabhann ó fhoinsí rialtais láir, agus tríothu araon, chuig údaráis áitiúla agus ar na cuspóirí ar soláthraíodh na cistí lena n-aghaidh.

**Fíor 6.1 Sreabhadh an chistithe rialtais láir chuig údaráis áitiúla in 2021**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá seans ann nach mbeidh sreabhadh an chistithe chuig an gCiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste díreach mar an gcéanna in aon bhliain amháin, agus d'fhéadfadh athrú teacht ar iarmhéid an Chiste Rialtais Áitiúil ag deireadh na bliana mar thoradh air sin.

## Cuid 1 Aistrithe an rialtais láir agus iarratas ar chistiú rialtais láir


Sa bhliain 2021, bhí an cistiú a thug an rialtas láir d'údaráis áitiúla cothrom le €5.8 billiún ar an iomlán. Laghdú 5% ba ea é ó leibhéal 2020, ach méadú suntasach ó 2016 atá ann (féach Fíor 6.2).

An laghdú a tháinig ar íocaíochtaí tacaíochta Covid-19 d'údaráis áitiúla ba chúis leis an laghdú sa chistiú ón mbliain 2020.


Is iad an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (trí Vóta 34 agus an Ciste Rialtais Áitiúil) agus an Roinn Iompair príomhfhoinsí an chistithe rialtais láir (féach Fíor 6.3).

Na príomhchúiseanna a bhí le soláthar an chistithe rialtais láir ná tithíocht shóisialta agus infheistíocht iompair a sholáthar; tacú le gníomhaíochtaí ginearálta údaráis áitiúil agus tacú leis an bhfreagairt do thionchair Covid-19 (féach Fíor 6.4).


**Fíor 6.2 Cistiú rialtais láir, 2016 - 2021**




**Fíor 6.4 Cuspóir an chistithe rialtais láir, 2021**




**Fíor 6.3 Anailís ghrúpáilte ar an gcistiú rialtais áitiúil de réir catagóir cláir, 2021**





Foinse: Iarscríbhinn 6A

## Cuid 2 Tithíocht agus Athnuachan

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta formhór an chistiúcháin ar fáil do chaiteachas údaráis áitiúil ar thithíocht agus athghiniúint — meastar gur sholáthair an Roinn 99% de in 2021. Baineann na húdaráis áitiúla úsáid as an gcistiú chun stoc tithíochta sóisialta a sholáthar (a bhainistíonn údaráis áitiúla nó comhlachtaí tithíochta ceadaithe) agus réimse tacaí tithíochta eile, an íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP), an scéim cóiríochta cíosa (SCC) agus cóiríocht do dhaoine gan dídean san áireamh. Baintear úsáid as freisin chun feabhas a chur ar aonaid reatha tithíochta údaráis áitiúil agus chun deontais oiriúnaithe a sholáthar do dhaoine breacaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Léirítear an cistiú a soláthraíodh do thithíocht agus don athnuachan i bhFíor 6.5, chomh maith leis an gcistiú a soláthraíodh do HAP agus RAS le sé bliana anuas atá mar chuid de chistiú an tsoláthair tithíochta sóisialaí.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú d'údaráis áitiúla le haghaidh na hathnuachana tuaithe - €38 milliún sa bhliain 2021. Baintear úsáid as an gcistiú chun tacú le scéimeanna atá dírithe ar fhoirgnimh fholmha, ar bhonneagar le tithíocht a fhorbairt i lár an bhaile, agus ar fhorbairt a dhéanamh ar shaoráidí pobail nó poiblí a chuireann leis an oidhreacht nó a fheabhsaíonn sócmhainní pobail eile.

Fíor 6.5 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla le hinfheistiú sa tithíocht agus san athnuachan, 2016 - 2021




Fíor 6.6 Miondealú **ar an gcistiú chun críocha tithíochta agus athnuachana, 2021**





Foinse: Iarscríbhinn 6A


## Cuid 3 Infheistíocht iompair

Soláthraíonn an Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú d'údaráis áitiúla le hinfheistiú i mbóithre agus san iompar poiblí. Soláthraíonn an Roinn Iompair cistiú le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla díreach do na húdaráis áitiúla, agus soláthraítear cistiú le haghaidh cuspóirí eile tríd an Údarás Náisiúnta Iompair agus trí Bhonneagar Iompair Éireann. Déanann údaráis áitiúla áirithe féinchistiú ar chaiteachas ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha (€16.4 milliún in 2021) ó leithdháiltí cánach maoine áitiúla.

**Fíor 6.7 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla don infheistíocht iompair, 2016 - 2021**




**Fíor 6.8 Infheistíocht iompair, de réir eagraíochta agus róil, 2021[a]**




Foinse: Iarscríbhinn 6A

Nóta: a Níl an cistiú ó leithdháiltí cánach maoine áitiúla arb ionann iad agus €16.4 milliún don chaiteachas ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha ar áireamh san fhíor seo.


## Cuid 4 Bóithre réigiúnacha agus áitiúla - meánchaiteachas agus meánch// áilíocht na mbóithre

Tá údaráis áitiúla freagrach as bainistiú a dhéanamh ar ghréasán na mbóithre áitiúla agus réigiúnacha. Is í an Roinn Iompair, áfach, a sholáthraíonn an chuid is mó den chistiú le haghaidh na cothabhála agus na n-oibreacha feabhsúcháin a chuireann na húdaráis áitiúla i gcrích.


Le linn na tréimhse 2016 - 2019, caitheadh an tsuim is mó airgid in aghaidh an chiliméadair de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha i limistéir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (€37 in aghaidh an km in aghaidh na bliana) agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (€24 in aghaidh an km in aghaidh na bliana) (féach Fíor 6.9). Caitheadh an tsuim is lú i limistéir Chomhairle Contae na hIarmhí agus Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

Déanann an Roinn Iompair monatóireacht thimthriallach ar an gcaoi atá ar ghréasán na mbóithre ina iomláine, agus déanann sí bóithre a rangú agus córas rátála in úsáid acu darb ainm Innéacs Chaoi an Dromchla Cosáin (PSCI). Don bhliain 2020, fuarthas amach go raibh gréasáin bóithre áitiúla agus réigiúnacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Contae Ros Comáin i ndroch-chaoi, agus rinneadh lochtanna measartha nó tromchúiseacha a shainaithint in 52% agus 53% de na gréasáin faoi seach (féach Fíor 6.10).

**Fíor 6.9 Meánchaiteachas bliantúil ar bhóithre le linn na tréimhse 2016 - 2019 in aghaidh an chiliméadair de bhóthar áitiúil agus réigiúnach i ngach limistéar údaráis áitiúil**




**Fíor 6.10 Cáilíocht na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla – an % de bhóithre ag a bhfuil rátálacha cáilíochta a thugann le fios go bhfuil na bóithre i ndroch-chaoi, 2020[a]**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; An Coimisiún Formhaoirseachta agus Iniúchta Náisiúnta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is gá monatóireacht cháilíochta a dhéanamh ar na bóithre ar fad, ach ní dhearnadh measúnú ar na bóithre ar fad i limistéir údaráis áitiúil.


## Cuid 5 Tionscnaimh chomhshaoil

Soláthraítear cistiú d'údaráis áitiúla le haghaidh réimse seirbhísí comhshaoil, lena n-áirítear tionscadail uisce agus sláintíochta, bainistíocht dramhaíola agus cosaint tuile.


Soláthraíodh breis agus trian den chistiú ar sholáthair OOP é d'údaráis áitiúla le haghaidh oibreacha cosanta tuilte in 2021 (€8.8 milliún) do dhá údarás áitiúla: Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae an Chláir.

Sa bhliain 2021, soláthraíodh cistiú €3 mhilliún do Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus do Chomhairle Contae an Longfoirt chun íocaíochtaí rátaí uisce a cailleadh mar gheall ar an tionchar a bhí ag dúnadh stáisiúin chumhachta móna ina limistéir a íoc ar ais.

**Fíor 6.11 Cistiú rialtais láir le húdaráis áitiúla le haghaidh tionscnaimh chomhshaoil, 2016 - 2021**




**Fíor 6.12 Foinse agus cuspóir an chistithe, 2021**





Foinse: Iarscríbhinn 6A

## Cuid 6 Cláir chaipitil ilghnéithigh

Sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €47 milliún d'údaráis áitiúla I ndáil leis an gclár LEADER.

Sholáthair an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara thart ar €4 mhilliún le haghaidh forbairt cuain.

**Fíor 6.13 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla le haghaidh cláir chaipitil ilghnéithigh, 2016 - 2021**




**Fíor 6.14 Foinse agus cuspóir an chistithe, 2021**





Foinse: Iarscríbhinn 6A

## Cuid 7 Scéimeanna fostaíochta

Sholáthair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta €31 mhilliún (2020: €44 mhilliún), trí Fhiontraíocht Éireann, d'údaráis áitiúla le haghaidh an chláir forbartha fiontar áitiúil a seolann oifigí fiontair áitiúil (LEOnna) é.

Sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €40 milliún (€40 milliún in 2020) d'údaráis áitiúla le haghaidh an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CGISP) — tá mar aidhm ag an gclár sin tacú le daoine aonair faoi mhíbhuntáiste trí thacaí foghlama agus margaidh saothair saoil a sholáthar, agus dul i ngleic le saincheisteanna i ndáil le comhionannas sóisialta agus eisiamh.

**Fíor 6.15 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla le haghaidh scéimeanna fostaíochta, 2016 - 2021**




**Fíor 6.16 Foinse cistithe na scéime fostaíochta, 2021**





Foinse: Iarscríbhinn 6A

## Cuid 8 Seirbhísí eile


Cistíonn comhlachtaí rialtais láir údaráis áitiúla freisin chun cabhrú leo raon seirbhísí a sholáthar.

Áiríodh le seirbhísí éagsúla cistiú €8 milliún (2020: €6.9 milliún) ón Roinn Sláinte do sheirbhísí tréidliachta údaráis áitiúil agus €4 mhilliún (2020: €5 mhilliún) ón Roinn Cosanta do ghníomhaíochtaí cosanta sibhialta.

**Fíor 6.17 Cistiú rialtais láir d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí eile, 2016 - 2021**




**Fíor 6.18 Foinse agus cuspóir an chistithe, 2021**




Foinse: Iarscríbhinn 6A


Nóta: a Cistiú le haghaidh linnte snámha san áireamh i dtaca le 2016 – 2018.

## Cuid 9 Cistiú speisialta chun tionchar Covid-19 a mhaolú


Sa bhliain 2021, sholáthair an rialtas láir cistiú breise €637 milliún d'údaráis áitiúla chun na tionchair a bhí ag srianta Covid-19 ar a gcuid oibre a mhaolú. B'ionann an tsuim a soláthraíodh sa bhliain 2020 agus €1.42 billiún. Sholáthair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta thart ar 90% den chistiú iomlán ar fáil tríd an gCiste Rialtais Áitiúil (LGF).

I bhfoirm tacaíochta d'údaráis áitiúla den chuid is mó a bhí an cistiú a soláthraíodh sa bhliain 2021, mar chúiteamh ar an tsuim a cailleadh sna rátaí ioncaim mar gheall ar tharscaoiltí rátaí tráchtála a feidhmíodh le linn dianghlasálacha, agus mar chúiteamh ar ioncam caillte eile. Thug an cistiú tarscaoilte rátaí ag an rialtas láir tacaíocht shuntasach d'íocóirí rátaí.

**Fíor 6.19 Tacaí díreacha le cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla, 2020 agus 2021**




**Fíor 6.20 Tacaí do ghnólachtaí ar riar údaráis áitiúla iad, 2020 agus 2021**




Foinse: Iarscríbhinn 6A

## Cuid 10 An Ciste Rialtais Áitiúil


Lárchiste speisialta atá sa Chiste Rialtais Áitiúil (LGF) a ndéanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) bainistiú air agus a dháileann cistiú ar údaráis áitiúla ón Státchiste (tríd an Roinn) agus ó fháltais ón gcáin mhaoine áitiúil (LPT) a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim le linn na bliana.

I dtreo dheireadh gach bliana, measann an Roinn an toradh LPT a bheidh faoi dhliteanas ar mhaoine don bhliain dar gcionn. Chomh maith leis an ranníocaíocht chothromaithe ón Státchiste, is é sin an leithdháileadh LPT a thabharfar d’údaráis áitiúla an bhliain sin (féach Iarscríbhinn 6B le teacht ar an ríomh le haghaidh an leithdháilte LPT do 2021).

D’fhéadfadh sé nach mbeadh an LPT a bhailítear i mbliain ar leith cothrom le leithdháileadh na bliana sin mar go mb’fhéidir go n-íocfadh úinéirí maoine a gcuid LPT sa bhliain roimh a ndliteanas, nó mar íocaíocht dhéanach an bhliain dar gcionn. Mar shampla, fuarthas €124 mhilliún d’fháltais LPT in 2021 maidir le bliain dliteanais 2022. Fuarthas €72 mhilliún d’fháltais in 2020 maidir le bliain dliteanais 2021.

Mar atá léirithe i bhFíor 6.21, tá méadú tagtha ar chúlchistí LGF ó €84 mhilliún ag deireadh 2018, go dtí os cionn €159 milliún ag deireadh na bliana 2021. Tá ráite ag an Roinn go bhfuil cistiú le haghaidh caiteachas geallta sa todhchaí ar áireamh sna cúlchistí ag deireadh na bliana 2021, lena n-áirítear €124 mhilliún le haghaidh leithdháiltí LPT 2022, agus €14 mhilliún le haghaidh tarscaoileadh rátaí tráchtála Covid-19 2022.

**Fíor 6.21 Cúlchistí deireadh bliana an Chiste Rialtais Áitiúil, 2017 - 2021**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil

## Iarscríbhinn 6A Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2016 - 2021

Léirítear na treochtaí i gcistiú a soláthraíodh d'údaráis áitiúla i gcaitheamh na tréimhse ó 2016 go 2021 i bhFíor 6A.1. Rinneadh coigeartuithe ar roinnt suimeanna a tuairiscíodh roimhe seo le suimeanna nár cuireadh ar áireamh roimhe seo agus le hathrangú a chur ar áireamh. D'fhéadfadh nach suimítear roinnt figiúirí de bharr slánú.

### Foinsí cistiúcháin

Is iad seo a leanas foinsí an chistiúcháin atá tuairiscithe i bhFíor 6A.1 thíos

Oifig na nOibreacha Poiblí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

An Roinn Iompair

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

An Roinn Sláinte

An Roinn Dlí agus Cirt

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Roinn Coimirce Sóisialaí

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

An Roinn Cosanta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil (2021)

Cuntas an Chiste Comhshaoil (neamhiniúchta 2021).

**Iarscríbhinn 6A.1 Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2016 go 2021**

## Catagóir caiteachais

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Tithíocht agus athnuachan** | | | | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta | 759 | 1,133 | 1,704 | 2,024 | 2,156 | 2,413 |
| Tithíocht incheannaithe, etc. | 2 | 3 | — | — | — | 4 |
| Cistiú bonneagair | — | — | 7 | 22 | 32 | 16 |
| Tacaí tithíochta eile | 92 | 79 | 215 | 258 | 340 | 324 |
| Athnuachan | 60 | 78 | 86 | 79 | 67 | 82 |
| | **913** | **1,293** | **2,012** | **2,383** | **2,595** | **2,839** |
| **Infheistíocht iompair** | | | | | | |
| Feabhsú bóithre náisiúnta | 200 | 239 | 315 | 330 | 429 | 517 |
| Feabhsú bóithre réigiúnacha agus áitiúla | 394 | 368 | 461 | 512 | 573 | 606 |
| Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitil) agus taisteal gníomhach | 45 | 30 | 36 | 40 | 109 | 209 |
| | **639** | **637** | **812** | **882** | **1,111** | **1,332** |
| **Tionscnaimh chomhshaoil** | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 98 | 98 | 102 | 107 | 63 | 73 |
| Oibreacha cosanta tuile | 34 | 28 | 31 | 28 | 31 | 26 |
| Bainistíocht dramhaíola | 18 | 17 | 25 | 23 | 26 | 39 |
| Bearta eile comhshaoil | 3 | 7 | 13 | 6 | 3 | 8 |
| | **153** | **150** | **171** | **164** | **123** | **146** |
| **Clár caipitil ilghnéithigh** | **24** | **22** | **64** | **85** | **103** | **62** |
| **Scéimeanna fostaíochta** | **38** | **81** | **84** | **86** | **91** | **77** |

**Iarscríbhinn 6A.1 Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2016 go 2021 (ar lean)**

## Catagóir chaiteachais

| | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| Linnte snámha | 4 | 6 | 1 | — | — | —- |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 9 | 12 | 13 | 13 | 12 | 8 |
| Seirbhís leabharlainne | 2 | 7 | 7 | 6 | 7 | 7 |
| Deontais spóirt, clóis súgartha agus tionscadail chultúrtha | 28 | 13 | 22 | 30 | 45 | 40 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht seandálaíochta) | 1 | 2 | 1 | 4 | 5 | 10 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha eile | 76 | 27 | 44 | 34 | 48 | 58 |
| | **120** | **67** | **88** | **87** | **117** | **123** |
| **Tacaí Covid-19** | | | | | | |
| Cistiú a bhaineann le Covid-19 le haghaidh rátaí tarscaoilte | — | — | — | — | 730 | 423 |
| Cistiú a bhaineann le Covid-19 do ghnólachtaí | — | — | — | — | 687 | 78 |
| Cúnamh eile Covid-19 | — | — | — | — | — | 136 |
| | — | — | — | — | **1,417** | **637** |
| Leithdháiltí LPT – cuspóir ginearálta/lánroghnach | 310 | 393 | 395 | 394 | 410 | 422 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair íoctha ón LGF | 25 | 20 | 60 | 86 | 109 | 130 |
| **Cistiú iomlán a soláthraíodh d'údaráis áitiúla** | **2,223** | **2,662** | **3,686** | **4,167** | **6,076** | **5,768** |

Foinse: Iarscríbhinn 6A

## Iarscríbhinn 6B Leithdháileadh na cánach maoine áitiúla

Tá gach údarás áitiúil i dteideal suim íosta cistithe a fháil ar a dtugtar cistiú bonnlíne. Más rud é nach bhfuil bonn maoine sách láidir ag údaráis áitiúla chun an leibhéal íosta cistithe sin a bhaint amach (20 ceann as 31 údarás áitiúil in 2021), déantar an sciar acu a mhéadú i bpróiseas ar a dtugtar cothromú.

Coinníonn údaráis áitiúla 80% dá dtoradh tuartha LPT i dtosach agus déantar an 20% atá fágtha a athdháileadh ar údaráis áitiúla atá faoi bhun na bonnlíne. Cuireann an rialtas láir cistiú leis an gcothromú nuair nach mbíonn dóthain ar fáil sa stór athdháilte sin (€35 mhilliún in 2021).

Tá cead ag údaráis áitiúla chun an ráta ag a n-íocann úinéirí maoine áitiúla an LPT a athrú. Nuair a chuireann údaráis áitiúla athruithe aníos i bhfeidhm, déanann siad an t-ioncam méadaithe a choinneáil, ach is é sciar laghdaithe an toradh a bhíonn ar leasú sa treo eile. Tháinig méadú €3 mhilliún ar leithdháiltí LPT ar an iomlán in 2021 mar gheall ar athruithe áitiúla.

Is gá d'údaráis áitiúla atá os cionn na bonnlíne roinnt dá sciar a úsáid le haghaidh caiteachas tithíochta agus iompair, rud a sholáthródh an Státchiste ar shlí eile. B'ionann é sin agus €108 milliún in 2021.

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | Coinneáil 80% > bonn | Coinneáil 80% < bonn | Gach ceann | Gach ceann |
| **An líon údarás áitiúil** | **11** | **20** | **31** | **31** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Toradh tuartha LPT iomlán | 331 | 161 | 492 | 488 |
| Coinneáil áitiúil (80%) | 265 | 129 | 394 | 390 |
| Cistiú cothromaithe | | | | |
| - Athdháileadh LPT (20%) | — | 98 | 98 | 98 |
| - Ranníocaíocht Státchiste | — | 35 | 35 | 37 |
| **Leithdháiltí LPT roimh an athrú** | **265** | **262** | **527** | **526** |
| Coigeartú le haghaidh athruithe áitiúla sa ráta cánach | (14) | 16 | 3 | (9) |
| **Leithdháiltí LPT i ndiaidh an athraithe** | **251** | **278** | **530** | **517** |
| **Lena n-áirítear** | | | | |
| - **le haghaidh úsáid ghinearálta an údaráis** | **143** | **279** | **422** | **410** |
| - **Féinchistiú seirbhísí tithíochta/bóithre** | **108** | **—** | **108** | **107** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nóta: a D'fhéadfadh nach suimítear roinnt figiúirí de bharr slánú.

# 7 Ciste Éadálacha Imrothlach na Gníomhaireachta Tithíochta

**7.1** I ráithe dheireadh 2016, chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) €6.7 milliún i gcistiú caipitil ar fáil don Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe, ar a dtugtar an Ghníomhaireacht Tithíochta go ginearálta (an Ghníomhaireacht), chun críche tithe folmha agus árasáin fholmha a fháil mar éadáil. Ina dhiaidh sin, sa bhliain 2017, fuair an Ghníomhaireacht €70 milliún sa bhreis i gcistiú caipitil chun ciste imrothlach a bhunú le haghaidh fáil tithíochta mar éadáil.

**7.2** Ba é an rún a bhí ann ná go mbainfí úsáid as an gcistiú sin chun dul i dteagmháil le bainc agus cistí príobháideacha infheistíochta cothromais i réimsí ina bhfuil ardleibhéil éilimh ar thithíocht shóisialta chun aonaid chónaithe fholmha a fháil mar éadáil le haghaidh tithíocht shóisialta.[1] Déantar na haonaid ansin a athchóiriú, más gá, chun cloí leis na caighdeáin do lóistín ar cíos agus tairgtear iad le díol do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta (CCTanna) agus d'údaráis áitiúla.[2] D'athsholáthródh an Ghníomhaireacht an ciste le fáltais a thagann ó aonaid a dhíol ar aghaidh. D'fhéadfadh an Ghníomhaireacht an ciste athbhunaithe a athchúrsáil ansin chun aonaid chónaithe bhreise a fháil mar éadáil le haghaidh úsáid tithíochta sóisialta.

**7.3** Bunaíodh Ciste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta (an Ciste) go foirmiúil le héifeacht ón 1 Eanáir 2017. Dearadh an Ciste chun cur le gníomhaíocht fála spriocdhírithe leanúnach ag údaráis áitiúla agus CCTanna, seachas í a chur as áit.

**7.4** Déanann an Roinn formhaoirseacht ar bhainistíocht na Gníomhaireachta ar an gCiste. Is í aidhm straitéiseach na Roinne maidir leis an gCiste (mar atá leagtha amach sa *Rebuilding Ireland Action Plan (2016 – 2021)*) ná réadmhaoine a fháil mar éadáil le haghaidh tithíocht shóisialta go náisiúnta, ar an mbealach sin soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú.[3]

**7.5** Tá an Ghníomhaireacht freagrach as oibriú laethúil an Chiste, lena n-áirítear a bainistíocht airgeadais, an próiseas fála, bainistíocht agus díol na n-aonad cónaithe a fuarthas mar éadáil ar aghaidh.

**7.6** Áirítear an caidreamh idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn i gcomhaontú formhaoirseachta níos leithne (an comhaontú), atá i bhfeidhm ó 2019 i leith.[4,5] Leagtar amach sa chomhaontú go hachomair cuspóir an Chiste, an bhainistíocht airgeadais agus ceanglais tuairiscithe. Chuaigh an comhaontú in éag sa bhliain 2020. Dúirt an Roinn go ndearnadh comhaontú athbhreithnithe a dhréachtú, ach níor síníodh é go fóill.

**7.7** Oibríonn an ghníomhaireacht leis an Roinn, le húdaráis áitiúla, le CCTanna agus leis an earnáil phríobháideach i soláthar tithíochta do shaoránaigh. Leagtar amach i nós imeachta oibriúcháin na Gníomhaireachta an bealach a thugann an Ghníomhaireacht tuairisc do na páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear an Roinn, údaráis áitiúla agus Bord na Gníomhaireachta. Dúirt an Ghníomhaireacht go ndéanann sé cumarsáid go minic le gach CCT atá i lár réadmhaoine a cheannach le haghaidh úsáid tithíochta sóisialta. Bíonn cruinnithe ar siúl gach seachtain nó gach coicís idir an Ghníomhaireacht agus CCTanna atá ag fáil aonad mar éadáil go gníomhach.

1 Leagadh amach é sin isa *Rebuilding Ireland Action Plan (2016 – 2021)* mar thionscnamh idir an gearrthéarma agus an meántéarma mar fhreagairt dhíreach don ghanntanas tithíochta sóisialta.

2 Cé go raibh an príomhfhócas leagtha ar dhíolachán ar aghaidh le CCTanna, rinneadh roinnt aonad a dhiúscairt le húdaráis áitiúla.

3 Foilsíodh doiciméad straitéise na Roinne dar teideal *Tithíocht do Chách*, lena gclúdaítear an tréimhse go 2030, i mí Mheán Fómhair 2021.

4 Is é cuspóir an chomhaontaithe a chinntiú, *inter alia*, go bhfuil an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla ar bhealach éifeachtúil.

5 Dúirt an Ghníomhaireacht gur leagadh amach na socruithe rialachais agus na ceanglais tuairiscithe i litir ón Roinn i mí na Nollag 2016 agus cuireadh i bhfeidhm iad sin go luath sa bhliain 2017.

**7.8** Bunaíodh Grúpa Stiúrtha a chuimsíonn ionadaithe ón nGníomhaireacht agus ón Roinn sa bhliain 2017 chun tacú le soláthar straitéiseach chlár an Chiste. Bíonn cruinnithe ag an nGrúpa gach mí chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí an Chiste.


**7.9** Rinneadh an scrúdú seo chun measúnú a dhéanamh ar thoradh agus monatóireacht feidhmíochta an Chiste.

## Toradh

**7.10** Ar dtús, réamh-mheasadh go dtiocfadh éadálacha ab ionann agus thart ar 1,600 aonad cónaithe as infheistíocht €70 milliún thar thréimhse ceithre bliana go dtí 2020. Cuireadh síneadh ama go dtí 2021 leis an sprioc ama le haghaidh na haonaid a sholáthar.

**7.11** Níor baineadh an sprioc sin amach. Faoi dheireadh 2021, chuir an Ghníomhaireacht éadáil 868 n-aonad (54% den sprioc) i gcrích agus diúscraíodh 735 aonad ina dhiaidh sin (féach Fíor 7.1).[1]

**Fíor 7.1 Spriocfháil, fáil iarbhír agus diúscairt na n-aonad cónaithe, 2017 go 2021 (carnach)**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Áirítear le héadálacha le haghaidh 2017 16 aonad a fuarthas mar éadáil sa bhliain 2016.

b Áirítear leis na diúscairtí 15 aonad a aistríodh chuig údaráis áitiúla.


**7.12** Dúirt an Ghníomhaireacht agus an Roinn go raibh an t-easnamh i soláthar an Chiste mar gheall ar dhíol na réadmhaoine go príomha, a bhí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis agus athsholáthar iarmhartach mall an Chiste, in éineacht leis an stoc laghdaithe de réadmhaoine oiriúnacha a bhí ar fáil.

**7.13** Chun an bhunsprioc soláthair a bhaint amach, bhí ar an nGníomhaireacht aonad tithíochta a fháil agus a dhiúscairt ar mheánchostas thart ar €175,000 laistigh de mheán-aga críochnaithe 12 mhí. Díreach os cionn 17 mí an aonaid a bhí sa mheán-aga críochnaithe a baineadh amach. Dúirt an Ghníomhaireacht go raibh sé mar aidhm aici i dtús na scéime réadmhaoine a athchúrsáil laistigh de sé mhí. D'éirigh sé soiléir, áfach, nach mbeadh sé sin indéanta ar roinnt cúiseanna, áfach — acmhainn oibriúcháin CCT, riachtanais iasachtóra CCT chun díolacháin réadmhaoine a chur le chéile in idirbhearta móra agus ceanglais tíolactha.

1 Áirítear leis sin 15 aonad a aistríodh chuig na húdaráis áitiúla gan luach saothair ar bith.

**7.14** Rinneadh fáil an chéad 400 aonad mar éadáil i lár mhí an Mheithimh 2018 (sé mhí níos déanaí ná mar a measadh) agus €71.4 milliún a bhí san fhíorchostas caipitil — €178,500 an aonaid ar an meán. Cuireadh fáil an dara 400 aonad mar éadáil i gcrích, tríd an gcóras athchúrsála, i mí Iúil 2020 (18 mí níos déanaí ná mar a measadh) ar chostas caipitil €77.3 milliún — €193,250 an aonaid, ag léiriú méadú 8.3% ar mheánchostas an aonaid. Thosaigh an chéad timthriall eile i mí Iúil 2020, agus ní bhfuarthas ach 68 n-aonad mar éadáil i dtreo dheireadh 2021. €16.8 milliún an costas iomlán a bhí i gceist le 68 n-aonad a fháil — meánchostas €247,000 an aonaid.[1] Ag an gcostas aonaid sin, thart ar €99 milliún a bheadh sa chostas caipitil maidir le 400 aonad a fháil mar éadáil sa tríú timthriall (féach Fíor 7.2).

**Fíor 7.2 Spriocfháil agus fíorfháil na n-aonad cónaithe mar éadáil, 2017 go 2021**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


**7.15** Dúirt an Ghníomhaireacht go raibh an t-am athchúrsála a bhí níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis idir fáil réadmhaoine mar éadáil agus díolachán ina dhiaidh sin mar gheall ar an ngá le deisiúcháin agus le huasghráduithe, agus mar gheall ar cheanglais maoinitheoirí CCT.

**7.16** Bhí os cionn leath na n-aonad cónaithe a fuarthas mar éadáil ag deireadh 2021 suite i gcúig limistéar údaráis áitiúil — Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (19%), Fine Gall (11%), Baile Átha Cliath Theas (8%), Cill Dara (9%) agus Comhairle Contae Chorcaí (8%).

**7.17** Sa bhliain 2018, chun na rioscaí a bhaineann le gan sprioc fhoriomlán an Chiste a bhaint amach, d'aontaigh Bord na Gníomhaireachta go mbreithneofaí cineálacha malartacha cur chuige chun réadmhaoine a fháil lena n-úsáid mar thithíocht shóisialta. Ó lár 2018 i leith, is foinse níos coitianta í réadmhaoine a fháil mar éadáil go díreach ón margadh príobháideach (féach Fíor 7.3). Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht lena nósanna imeachta staonadh ó thairiscint a dhéanamh in aghaidh ceannaitheoirí céaduaire, úinéirí lonnaitheacha, údaráis áitiúla agus CCTanna.

1 Dúirt an Ghníomhaireacht gur tháinig athrú le himeacht ama ar phróifíl na réadmhaoine a fuarthas mar éadáil. Sócmhainní i gcruachás a bhí sna réadmhaoine níos luaithe a fuarthas mar éadáil ó bhainc agus cistí i ndáiríre, a bhí folamh ar feadh tréimhsí fada go ginearálta. Ón mbliain 2020 i leith go háirithe, fuarthas méid níos airde réadmhaoin mar éadáil e ar an margadh oscailte, ar réadmhaoine iad atá i staid níos fearr go ginearálta ná na réadmhaoine a fuarthas ó na bainc agus cistí.

**Fíor 7.3 Foinse na n-aonad a fuarthas i dtreo dheireadh 2021.**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta
Nóta: a An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní.

**7.18** Áirítear le diúscairt 735 aonad cónaithe de chuid na Gníomhaireachta i dtreo dheireadh 2021 dhá aonad a díoladh ar an margadh oscailte agus nár úsáideadh le haghaidh tithíocht shóisialta. Dúirt an Ghníomhaireacht go raibh an díolachán margaidh oscailte mar gheall ar fhadhbanna a tháinig chun cinn leis na haonaid sin.[1] Dúirt an Ghníomhaireacht chomh maith nár thabhaigh an Ciste caillteanas ar bith sna cásanna sin agus gur cheadaigh an Roinn an díolachán ar an margadh sa dá chás.

### *Léasú*

**7.19** I dtús báire, measadh gurbh ionann díolachán le CCT a chríochnú agus aonad tithíochta a sholáthar. Ón mbliain 2018 i leith, áfach, tuairiscítear an líon réadmhaoine a chuirtear ar léasanna feighlí (ach nach bhfuil díolta go fóill) mar aonaid atá soláthartha i bhfigiúirí na Roinne le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta.

**7.20** Téitear isteach i léasanna feighlí leis na CCTanna iomchuí chun oibreacha leasúcháin a éascú, chomh maith le soláthar luath na réadmhaoine do thionóntaí le linn an phróisis díolacháin. In éineacht leis an léas tá comhaontú rogha lena dtugtar don Ghníomhaireacht an ceart chun an réadmhaoin a thabhairt ar ais mura dtéann an díolachán ar aghaidh laistigh de sé mhí.[2]

**7.21** Ag deireadh 2021, bhí 133 aonad chónaithe ag an nGníomhaireacht a fuarthas mar éadáil tríd an gCiste ar chostas €27.4 milliún.[3] As na réadmhaoine sin, fuarthas 69% díobh roimh 2021 — 26% sa bhliain 2020, 30% sa bhliain 2019, 8% sa bhliain 2018 agus 5% sa bhliain 2017. Tá dhá thrian de na 133 aonad níos mó ná an teorainn sé mhí ar cheart gur lean díolachán an aonaid ar aghaidh laistigh di.

**7.22** Le haghaidh 130 aonad as na 133 aonad a coinníodh, shínigh an Ghníomhaireacht léasanna feighlí i bhfeidhm le CCtanna.[4] Níor ceannaíodh na trí aonad a bhí fágtha ach amháin i mí na Nollag 2021. Dúirt an Ghníomhaireacht go bhfuil cúiseanna éagsúla ag imirt tionchair ar dhiúscairt na réadmhaoine, *inter alia*, moilleanna a uasghrádú mar gheall ar Covid-19, oibreacha a bhraitheann ar na cuideachtaí bainistíochta úinéirí árasáin nach bhfuil faoi rialú na Gníomhaireachta, agus acmhainní CCTanna.

1 Fadhbanna bainistíochta eastáit agus obair struchtúrach fhairsing a bhí de dhíth agus nár aimsíodh go dtí gur tharla na hoibreacha tosaigh.

2 Ní mór an rogha díolacháin (atá ag an CCT) a chur i gcrích laistigh de shé mhí ón léas feighlí a shíniú.

3 Fágtar amach seacht réadmhaoin eile, ar ina leith a bhí úinéireacht dhlíthiúil fós le cur ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht, i.e., níor cuireadh críoch leis an bpróiseas fála ag deireadh 2021.

4 Ní áirítear leis na diúscairtí iomlána de 735 cinn go deireadh 2021 na haonaid ar léas feighlí ag deireadh na bliana.

**7.23** Ón mbliain 2018 i leith, tá an Ghníomhaireacht ag déanamh monatóireacht ar na haonaid chónaithe a fuair sí mar éadáil go dtí go bhfuil daoine ina gcónaí sna haonaid (leanann an mhonatóireacht sin ar aghaidh fiú i ndiaidh an díolacháin le CCTanna). Bhí 54 cinn as na 133 aonad a bhí ag an nGníomhaireacht faoi dheireadh na bliana 2021 folamh, agus tréimhse fholamh is faide ná seacht mí ann ar an meán. Athraíonn tréimhsí folúntais na n-aonad aonair ó náid go 38 mí, agus deich n-aonad folamh ar feadh níos mó ná dhá mhí dhéag.

### *Toradh airgeadais an Chiste*


**7.24** Faoi dheireadh 2021, fuair an Ghníomhaireacht 868 n-aonad chónaithe tríd an gCiste ar chostas iomlán €165.6 milliún, agus fuair sí €148.4 milliún ar ais trí 720 aonad a dhíol.[1] €37.7 milliún a bhí i staid airgid an Chiste ag deireadh 2021 — ag léiriú thart ar leath luach an Chiste.

**7.25** Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht réamh-mheastacháin thráthrialta sreafa airgid, a chuirtear ar fáil don Roinn. Níl an t-údarás ag an nGníomhaireacht chun dul isteach i rótharraingt ar an gCiste.

**7.26** Chun críche a tuairiscithe ráithiúil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), tugann an Ghníomhaireacht sainiú ar a hacmhainn cistithe — an tsuim atá ar fáil aici chun réadmhaoin a cheannach — mar chistiú iomlán a soláthraíonn an Roinn é, lúide luach na gconarthaí le ceannach atá sínithe ag an nGníomhaireacht, lúide ioncam cíosa, móide luach na ndíolachán críochnaithe.[2] Agus úsáid á baint as an sainiú sin, rinne an Ghníomhaireacht a ríomh gurb ionann acmhainn cistithe an Chiste agus €58.5 milliún ag deireadh 2021 (féach Fíor 7.4). Dúirt an Ghníomhaireacht nach n-úsáidtear an acmhainn cistithe, mar a thuairiscítear do RCPA gach ráithe, go hoibríochtúil.

**7.27** Nuair atá an Ghníomhaireacht ag tuairisciú don Roinn, meastar gurb ionann iarmhéid airgid iarbhír an Chiste agus a acmhainn cistithe.

**Fíor 7.4 Staid airgid agus acmhainn cistithe an Chiste, 2017 go 2021[a,b]**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta

Nótaí: a Léirítear sa staid airgid na suimeanna iarbhír atá ar fáil atá i gcuntas banc an Chiste.

b Ní áirítear leis an acmhainn cistithe costais uasghrádaithe agus costais dho-aisghafa a thabhaíonn an Ciste.

**7.28** Ag deireadh na bliana 2019, b'ionann acmhainn cistithe an Chiste agus €28.9 milliún — suas ó €22.1 milliún ag deireadh na bliana 2018. Ina ainneoin sin, dúirt an Ghníomhaireacht nach raibh cistí dóthanacha aici sa bhliain 2019 chun punann 52 réadmhaoin a cheannach ar chostas €7.6 milliún (€146,000 in aghaidh an aonaid ar an meán), rud a thairg foras airgeadais don Ghníomhaireacht.[3] Cé gur ceannaíodh an phunann de 52 réadmhaoin lasmuigh den Chiste sa deireadh, trí úsáid a bhaint as cistiú caipitil údaráis áitiúil ón Roinn, dúirt an Ghníomhaireacht gur aontaíodh é leis an Roinn taifead a dhéanamh ar na haonaid sin mar a bheith soláthartha faoin gCiste.[4,5]

1 Ní áirítear leis sin na 15 aonad a aistríodh chuig na húdaráis áitiúla gan luach saothair ar bith.

2 Dúirt an Ghníomhaireacht go n-athraíonn ioncam cíosa chun an fhéidearthacht don chíos seo a léiriú atá le híoc le CCT ag céim níos déanaí.

3 Dúirt an Ghníomhaireacht go ndearnadh tairiscintí ar dtús ar 115 réadmhaoin sa phunann seo, agus ceannaíodh 52 cheann díobh sa deireadh. Ag an am a glacadh leis na tairiscintí, tugadh le fios i staid airgid an Chiste nach raibh acmhainn dhóthanach ann chun na héadálacha a chur i gcrích má iarrtar é sin ar ghearrfhógra.

4 Cheannaigh na húdaráis áitiúla na réadmhaoine go díreach sna blianta 2019/2020. Rinne an Ghníomhaireacht na hidirbhearta sin a bhainistiú.

5 Ní léirítear an 52 réadmhaoin sna 868 n-éadáil ná sna 735 dhiúscairt (réadmhaoine a aistríodh san áireamh) a ndéantar tagairt dóibh sa tuarascáil seo. Déantar na réadmhaoine sin a thuairisciú ar leithligh sna tuarascálacha gníomhaíochta míosúla a chuirtear faoi bhráid na Roinne.


**7.29** Dúirt an Roinn go bhfuil sé sásta go bhfuil an tuairisciú míosúil ón nGníomhaireacht don Roinn agus an tuairisciú ráithiúil do RCAP an-chuimsitheach, seasmhach agus cruinn agus gur aontaíodh é leis an nGníomhaireacht. Dúirt sí chomh maith nach ndéantar aonad a chomhaireamh ach uair amháin ag gach pointe stádais agus mar sin, ní fheictear neamhleanúnachas ná comhaireamh dúbailte. Cuirtear figiúirí faoi réadmhaoine faighte, díolta nó soláthartha ar fáil de réir na ceiste ar leith atá á freagairt le soiléiriú á chur ar fáil, mar is gá. Dúirt sí gur eisceacht ar gach gníomhaíocht éadála díreach eile de chuid údaráis áitiúil iad na 52 réadmhaoin a fuarthas mar éadáil agus cuirtear i láthair iad go neamhspleách sna tuarascálacha gníomhaíochta míosúla a gcuireann an Ghníomhaireacht iad isteach. Déanann údaráis áitiúla gach gníomhaíocht éadála dhíreach eile de chuid údaráis áitiúil a thuairisciú ina dtuairisceáin ráithiúla agus ní áirítear í i bhfigiúirí 'soláthartha' an Chiste. Ní thagraíonn tuairisciú airgeadais an Chiste don 52 réadmhaoin, mar níor thabhaigh an Ciste aon chostas caipitil do na réadmhaoine sin.

## Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht

**7.30** Leagadh amach i bplean straitéiseach na Gníomhaireachta 2019 – 2021 meánsprioc bhliantúil 400 aonad a fháil mar éadáil le haghaidh tithíocht shóisialta trí úsáid a bhaint as an gCiste. Bhí sé sin de réir an *Rebuilding Ireland Action Plan (2016 – 2021).* Bhí an leibhéal sin éadálacha beagnach bainte amach sa bhliain 2017, ach laghdaigh an ráta éadála bliain ar bhliain ina dhiaidh sin (féach Fíor 7.5).

**7.31** Tugtar sprioc 400 diúscairt in aghaidh na bliana le fios ó choincheap ciste imrothlaigh. Ós rud é nár tharla na héadálacha, níorbh fhéidir leis na diúscairtí a dhéanamh.

**Fíor 7.5 Sprioc bhliantúil, éadálacha iarbhír agus diúscairtí iarbhír, 2017 go 2021**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta

Nótaí: a Áirítear le héadálacha 2017 16 réadmhaoin a fuarthas mar éadáil sa bhliain 2016.

b Áirítear le diúscairtí 2017 15 aonad a aistríodh chuig údaráis áitiúla.

**7.32** Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht tuarascálacha tráthrialta a chur ar fáil don Roinn ina dtugtar faisnéis faoi shraith beart do phríomh-aschuir agus gníomhaíochtaí an Chiste. Níor glacadh spriocanna ar leith le haghaidh roinnt de na bearta sin.[1]

**7.33** Rinne an scrúdú seo athbhreithniú ar chuspóirí an Chiste agus dóthain a tháscairí feidhmíochta agus thug sé faoi deara na deiseanna feabhsúcháin seo a leanas

- táscairí feidhmíochta a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar bharainneacht agus éifeachtúlacht an Chiste
- a chinntiú go bhfuil córais shásúla i bhfeidhm chun spriocanna indéanta, tráthúla agus cuí a shocrú bunaithe ar fhaisnéis chruinn
- taifead a dhéanamh ar an nós imeachta le haghaidh cheadú na spriocanna bliantúla athbhreithnithe.


**7.34** Ag teacht leis an ngealltanas faoi *Thithíocht do Chách*, rinne an Roinn athbhreithniú ar scóip agus oibriúchán an Chiste. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích sa bhliain 2022 agus tháinig roinnt moltaí chun cinn dá bharr. Dúirt an Roinn go bhfuil sí ag dul i gcomhairle le RCAP chun cead a fháil le haghaidh moltaí an athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.

### *Bearta rialaithe*

**7.35** Ceanglaítear ar an ngníomhaireacht oiriúnacht, cáilíocht agus luach ar airgead na n-aonad cónaithe a cheannaítear faoin gCiste a chinntiú. Tá sé de dhíth chomh a chinntiú gurb imfhálaithe atá cistí le haghaidh éadálacha breise atá athchúrsáilte trí aonaid a dhíol. Tá measúnú ar na príomhrialuithe ar an gCiste leagtha amach i bhFíor 7.6.

1 Aontaíodh raon táscairí feidhmíochta ar dtús agus cuireadh ar áireamh é mar chuid de na ceanglais tuairiscithe sa litir ón Roinn chuig an nGníomhaireacht sa bhliain 2016 maidir leis an gCiste.

**Fíor 7.6 Measúnú ar príomhrialuithe Ciste**

| Réimse | Príomhrialú | Measúnú ar oibriú an rialaithe | Measúnú foriomlán |
|---|---|---|---|
| Tá cistí an Státchiste faoi chosaint, tá taifead déanta orthu agus tá siad bainistithe i gceart | Is imfhálaithe atá na cistí le haghaidh éadálacha atá athchúrsáilte trí réadmhaoine a dhíol le CCTanna agus údaráis áitiúla. | I lár na bliana 2018, chuir an Ghníomhaireacht cuntas bainc ar leith ar bun don Chiste. Réitítear an t-iarmhéid ar an gcuntas bainc go tréimhsiúil le cuntas ioncaim agus caiteachais an Chiste. Sa bhliain 2021, chun an neamhchosaint ar ús diúltach a mhaolú, cuireadh 95% d'iarmhéid an Chiste ar shaoráid maoinithe leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe. Agus an tsaoráid in úsáid le haghaidh iarmhéideanna airgid na Gníomhaireachta, déantar taifead ar idirbhearta an Chiste agus taispeántar iad ar leithligh (faoi cheannteideal ar leith). |  |
| | Comhlíonadh Chiorclán 13/2014 ó RCAP — *Bainistíocht Deontas ó Chistí Státchiste agus Cuntasacht as na Deontais sin* | Níl aon nós imeachta i scríbhinn ann chun comhlíonadh chiorclán 13/2014 a chinntiú.<br><br>Dúirt an Ghníomhaireacht go ndearnadh athbhreithniú ar an seicliosta le haghaidh comhlíonadh chiorclán 13/2014 chun an comhlíonadh a chinntiú agus go bhfuil struchtúir rialachais chomhlíontacha i bhfeidhm. Dúirt an Ghníomhaireacht chomh maith gur tarraingíodh suimeanna uile an Chiste anuas as an Roinn sa bhliain 2017. Cuirtear deimhniú ar chomhlíonadh an chiorcláin ar fáil don Roinn gach mí.<br><br>Déanann an Ghníomhaireacht seiceálacha riaracháin nuair atáthar ag tarraingt ó chuntas bainc imfhálaithe an Chiste. Áirítear leis na seiceálacha: 1) athbhreithniú ar cé acu atáthar nó nach bhfuiltear ag baint úsáid as an gcistiú chun na críche atá beartaithe (tithíocht shóisialta); 2) deimhniú go bhfuil deimhniú cánach reatha ag an gceannaitheoir, i.e., an CCT; 3) deimhniú go bhfuil rialuithe airgeadais leordhóthanacha i bhfeidhm. |  |
| Luach ar airgead na réadmhaoine a ceannaíodh faoin gCiste | Comhlíonadh teorainneacha éadála le haghaidh údaráis áitiúil, a leagann an Roinn iad amach ar bhonn tréimhsiúil | Ceanglaítear le nós imeachta oibriúcháin na Gníomhaireachta go bhfaightear ceadú Boird maidir le ceannach laistigh de theorainneacha éadála. Faoi dheireadh 2021, sáraíodh na teorainneacha éadála faoi €50,000 (19%) ar an meán i gcás sé cinn (0.7%) de na 868 n-aonad chónaithe a fuarthas. Cé gur thug an Ghníomhaireacht na cúiseanna ar sáraíodh na teorainneacha i gcás cúig réadmhaoin, ní raibh aon taifead ann ar an bhfáth a bhfuarthas réadmhaoin amháin ar chostas a bhí thar na teorainneacha. Dúirt an Ghníomhaireacht go bhfuarthas ceadú Boird, chun leanúint ar aghaidh le réadmhaoine a fháil mar éadáil, trí ríomhphost ón gcomhalta boird ainmnithe i ngach cás agus nach bhfuil miontuairiscí ar bith ann ina bpléitear go sonrach leis na réadmhaoine sin.<br><br>Dúirt an Ghníomhaireacht chomh maith go ndéantar gnáthnósanna imeachta oibriúcháin, a forbraíodh go suntasach thar na blianta, a uasghrádú go foirmiúil gach bliain agus go gcuireann an lucht ardbhainistíochta a n-ainm leo. Dúirt sí chomh maith go gceanglaítear leis na nósanna imeachta reatha na treoirlínte costais éadála a cheadú ag gach ceann de na céimeanna seo a leanas — réadmhaoin a fháil, tairiscint a dhéanamh agus críoch a chur le héadáil. |  |

| Réimse | Príomhrialú | Measúnú ar oibriú an rialaithe | Measúnú foriomlán |
|---|---|---|---|
| | Luachálacha gairmiúla neamhspleácha | Ceanglaítear le nós imeachta oibriúcháin na Gníomhaireachta luacháil ghairmiúil neamhspleách a dhéanamh ar gach réadmhaoin a fuair freagra dearfach ón údarás áitiúil. Is é luachálaí neamhspleách ó phainéal luachálaithe arna cheapadh ag an nGníomhaireacht tar éis próiseas soláthair a dhéanann an luacháil réadmhaoine. | ● |
| | Próiseas ceadaithe | Ceanglaítear le rialuithe inmheánacha na Gníomhaireachta go gcuireann comhalta Boird agus comhalta tarmligthe de chuid an phríomhfheidhmeannaigh a lámh le gach ceannachán faoin gCiste. | |
| Oiriúnacht na réadmhaoine a fhaightear mar éadáil | Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht obair i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla le linn an phróisis lena chinntiú, sula ndéantar conradh nó gealltanais, go gceadaítear réadmhaoin oiriúnach amháin le ceannach i limistéir ina bhfuil éileamh ann ar thithíocht shóisialta. | Tá nósanna imeachta oibriúcháin i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun measúnú a dhéanamh ar an éileamh ar réadmhaoine. Cuirtear gach réadmhaoin atá ar fáil a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach faoi bhráid an údaráis áitiúil iomchuí chun comhairle a fháil faoi cé acu atá gá leis an réadmhaoin nó nach bhfuil. Luann údaráis áitiúla go sonrach chomh maith, mar chuid den phróiseas 'léirithe spéise' seo, cé acu atá siad ag iarraidh go bhfaighfí an réadmhaoin go díreach dóibh (in iontaobhas don údarás áitiúil) nó atá siad ag iarraidh go bhfaighfí an Ciste é le díol ar aghaidh le CCTanna. Má dheimhníonn an t-údarás áitiúil gá dearfach agus spéis dhearfach, faigheann an Ghníomhaireacht luacháil agus tosaíonn sí an próiseas ceannacháin. | ● |
| | | Faoi dheireadh 2021, dúirt an Ghníomhaireacht gur bhreithnigh sí 5,064 réadmhaoin agus go ndearna sí tairiscintí ar 1,655 réadmhaoin. Dúirt an Ghníomhaireacht gur deimhníodh éileamh (léirithe spéise/gá dearfach le réadmhaoine) ó údaráis áitiúla le haghaidh 2,345 réadmhaoin. Dúirt an Ghníomhaireacht chomh maith go bhféadfadh sí cinneadh a dhéanamh, ar chúiseanna éagsúla, gan tairiscint a dhéanamh ar réadmhaoin ar a bhfuil éileamh deimhnithe. Áirítear leis na cúiseanna sin — gan tairiscint a dhéanamh in aghaidh ceannaitheoirí céaduaire/úinéirí lonnaitheacha; d'fhéadfadh gur sháraigh an tairiscint luacháil margaidh na Gníomhaireachta cheana féin sula mbíonn baint aici leis; d'fhéadfadh gur tharraing an díoltóir an réadmhaoin amach; d'fhéadfadh go raibh an réadmhaoin faoi thionóntacht agus, i ndiaidh fiosrúcháin, gur bheartaigh an Ghníomhaireacht tarraingt amach. | |
| Cáilíocht na réadmhaoine a fhaightear mar éadáil | Tuarascáil ar shuirbhé foirgnimh | Tá nósanna imeachta oibriúcháin i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun cáilíocht na réadmhaoine a fhaightear mar éadáil a chinntiú. Tá tuarascáil ar shuirbhé foirgnimh ó ghairmí neamhspleách de dhíth mar chuid den síniú deiridh chun réadmhaoin a fháil. Áirítear sa tuarascáil sin cur síos ar an réadmhaoin, staid an fhoirgnimh agus oibreacha atá de dhíth. Déantar measúnú ar chostas na n-oibreacha atá de dhíth a sainaithníodh ag an suirbhé, agus riachtanais agus caighdeáin CCT á meas. | ● |
| | Measúnú riosca tuile | Déanann baill foirne na Gníomhaireachta measúnú riosca tuile i dtús báire faoi threoir shuíomh gréasáin OOP. Má tá an réadmhaoin laistigh de limistéar riosca tuile, déanann na sainchomhairleoirí ainmnithe riosca tuile measúnú mhionsonraithe riosca tuile. | |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta. An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Eochair: ● Príomhrialú dóthanach i bhfeidhm. ● Deis le feabhsú. ● Níl príomhrialú ar bith i bhfeidhm.

## Conclúidí agus moltaí

**7.36** Is éard atá i gceist le ciste imrothlach ná go gcuirtear an cistiú céanna ar fáil le húsáid roinnt uaireanta i ndiaidh a chéile. Ba í bunchuspóir Chiste Éadálacha na Gníomhaireachta Tithíochta ná aonaid cónaithe a cheannach ó fhorais airgeadais, agus iad a dhíol le CCTannna go príomha.

### *Toradh*

**7.37** Tá easnamh suntasach ann maidir leis an sprioc 1,600 aonad cónaithe a sholáthar faoi dheireadh 2020. Cuireadh síneadh ama go dtí deireadh 2021 leis an sprioc le haghaidh soláthair, ach níor baineadh amach an sprioc athbhreithnithe.

**7.38** I dtreo dheireadh 2021, fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta 868 n-aonad chónaithe (54% den sprioc) agus díoladh 718 gcinn díobh le CCTanna agus le húdaráis áitiúla; díoladh dhá aonad ar an margadh oscailte; agus aistríodh cúig aonad déag chuig údaráis áitiúla gan luach saothair ar bith.

**7.39** Faoi shainordú an Chiste, ní mheastar ach aonaid atá díolta mar aonaid atá soláthartha. Ón mbliain i leith 2018, áfach, comhaireadh an líon aonad cónaithe a chuirtear ar léasanna feighlí (ach nach bhfuil díolta go fóill) mar aonaid atá soláthartha i bhfigiúirí na Roinne le haghaidh soláthar tithíochta sóisialta. Ag deireadh 2021, coinníodh 130 aonad faoi shocruithe feighlí. As sin, bhí 54 cinn folamh faoi láthair.

**7.40** Cheannaigh údaráis áitiúla 52 réadmhaoin go díreach sna blianta 2019/2020 trí úsáid a bhaint as cistiú caipitil údaráis áitiúil ón Roinn. Ós rud é go raibh baint ag an nGníomhaireacht Tithíochta leis an bhfáil mar éadáil, dúirt sí gur aontaíodh é leis an Roinn taifead a dhéanamh ar na haonaid sin mar a bheith soláthartha faoin gCiste. Ní ghabhtar na haonaid sin sna 868 n-éadáil, ach taispeántar iad ar leithligh i dtuairisciú míosúil na Gníomhaireachta don Roinn.

### *Iarmhéideanna airgid*

**7.41** Bhí fáil réadmhaoine na Gníomhaireachta mar éadáil sa bhliain 2021 ar a leibhéal is ísle ó bhunú an Chiste amach. Ag deireadh na bliana, b’ionann iarmhéid airgid an Chiste agus €37.7 milliún — níos mó na leath infheistíocht iomlán an Chiste. Léiríonn sé sin gannúsáid acmhainní an Chiste.

**Moladh 7.1**

Ba cheart don Roinn, i gcomhar leis an nGníomhaireacht, a bhreithniú ar cheart nó nár cheart roinnt, ar a laghad, de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Chiste a thabhairt ar ais don Státchiste.

**Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**

Aontaím go páirteach.

Le linn R1 2022, rinne an Roinn seo athbhreithniú ar an gCiste Éadálacha, a rinne fiosrúchán ar na dúshláin a bhí roimh an gCiste agus a phléigh deiseanna a bhí dírithe ar an bhféidearthacht cuspóir nua a chur leis an gCiste chun tacú le tionscnaimh eile laistigh de *Tithíocht do Chách*, lena n-áirítear *Tithíocht ar dTús* agus *Lár an Bhaile ar dTús*. Tá an Roinn seo i mbun próisis faoi láthair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun cead a fháil a d’fhágfadh go mbeifí in ann na tograí laistigh den athbhreithniú a chur chun feidhme. Má ligeann toradh an idirchaidrimh sin leasú a dhéanamh ar shainordú an Chiste thart ar na tograí sin, díreofar na hacmhainní airgeadais ar a gcur chun feidhme. Mura bhfaightear cead chun na tograí sin a chur chun cinn, glacfar leis an moladh thuas.

### *Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht*

**7.42** Rinne an scrúdú seo athbhreithniú ar chuspóirí an Chiste agus dóthain a tháscairí feidhmíochta agus thug sé faoi deara na deiseanna feabhsúcháin seo a leanas

- táscairí feidhmíochta a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar bharainneacht agus éifeachtúlacht an Chiste
- a chinntiú go bhfuil córais shásúla i bhfeidhm chun spriocanna indéanta, tráthúla agus cuí a shocrú bunaithe ar fhaisnéis chruinn
- taifead a dhéanamh ar an nós imeachta le haghaidh cheadú na spriocanna bliantúla athbhreithnithe.

*Bearta rialaithe*

**7.43** Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Tithíochta cloí le teorainneacha éadála costais atá leagtha amach ag an Roinn. Fuarthas amach sa scrúdú gur sáraíodh na teorainneacha i roinnt cásanna.

**Moladh 7.2**

Ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta a chinntiú go bhfuil próisis shásúla i bhfeidhm aici chun na cúiseanna ar an bhfáth a sáraítear na teorainneacha éadála a mheasúnú agus rialuithe maolaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leo sin. Ba cheart ceadú ón Roinn a lorg chomh maith sula sáraítear teorainneacha éadála.

**Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Aontaím.

Leagtar amach i ngnáthnós imeachta oibriúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta an bunús don mheasúnú tairisceana; agus go n-úsáidfí na treoirlínte costais éadála arna n-eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun a ríomh cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí tairiscint a dhéanamh. Leagtar amach sa ghnáthnós imeachta oibriúcháin go gcaithfí trí choinníoll a chomhlíonadh chun ceadú an Bhoird a fháil le haghaidh éadála — áirítear le ceann amháin de na coinníollacha sin go bhfuil an tairiscint a ghlactar laistigh de threoirlínte costais éadála na Roinne.

Glactar leis nach bpléann an gnáthnós imeachta oibriúcháin le heisceachtaí ar na teorainneacha (mar is annamh iad sin) agus conas ba cheart cásanna mar sin a cheadú.

**7.44** Ceanglaítear ar an nGníomhaireacht Tithíochta luach ar airgead ar aonaid cónaithe a cheannaítear faoin gCiste a chinntiú agus a chinntiú go bhfuil cistí an Státchiste faoi chosaint, tuairisc déanta orthu agus bainistithe go ceart.

**7.45** Aithnítear caiteachas an Chiste mar dheontas agus ceanglaítear ar an nGníomhaireacht a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais faoi chiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fuarthas amach sa scrúdú nach bhfuil nós imeachta i scríbhinn ag an nGníomhaireacht chun comhlíonadh an chiorcláin a chinntiú.

**Moladh 7.3**

Ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta nós imeachta i scríbhinn a thabhairt isteach lena soláthraítear d'athbhreithnithe foirmiúla tráthrialta ar chomhlíonadh cheanglais chiorclán 13/2014 lena chinntiú go ndéantar tuairisciú ceart agus bainistiú ceart ar chistí Státchiste.

**Freagairt an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Aontaím.

Glacann an Ghníomhaireacht Tithíochta leis nach bhfuil aon nós imeachta i scríbhinn ar leith ann lena bpléitear le comhlíonadh chiorclán 13/2014 agus glacann sí leis gur féidir nós imeachta i scríbhinn a dhréachtú ina leagtar amach conas a chinntítear go gcomhlíontar ciorclán 13/2014.

In ainneoin nós imeachta ar leith den sórt sin a bheith in éagmais, is deimhin leis an nGníomhaireacht Tithíochta go bhfuil téarmaí chiorclán 13/2014 á gcomhlíonadh, laistigh de struchtúir rialachais atá i bhfeidhm idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn.

# 8 Íocaíochtaí conartha i ndáil leis an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath

**8.1** Chuaigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) isteach i gcomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) le Spencer Dock Convention Centre Dublin Ltd (SDCCD) in 2007.[1] Faoi théarmaí an CPP, rinneadh conradh le SDCCD chun ionad comhdhála náisiúnta nua a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a fheidhmiú agus a chothabháil. D'oscail an tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath (ICBÁC) i dtús mhí Lúnasa 2010.

**8.2** Ceadaíodh an conradh críochnaitheach (comhaontú an tionscadail) idir OOP agus SDCCD faoi réir costais uasta don Státchiste de €422 mhilliún ó thaobh glanluacha láithrigh de.[2] Mar atá leagtha amach i gcomhaontú an tionscadail, is é príomhchuspóir chaiteachas an Státchiste ná sciar na hÉireann den mhargadh comhdhála idirnáisiúnta a mhéadú, agus cur le hioncam ón turasóireacht ar an gcaoi sin. Is é an rud is tábhachtaí ó thaobh rath na hinfheistíochta a thomhas ná cé chomh maith is a éiríonn le ICBÁC ó thaobh cur le baint amach an chuspóra seo de.

### *Íocaíocht aonadach*

**8.3** Maidir le tionscadail CPP atá maoinithe ag comhpháirtithe earnála príobháidí, íoctar luach saothair leo de ghnáth trí shreabhadh d'íocaíochtaí bliantúla, ar a dtugtar muirir aonadacha. I gcás ICBÁC, bhí muirear aonadach bliantúil de thart ar €47 milliún i bhfeidhm don chéad chúig bliana den chonradh, muirear a laghdaigh go €23 mhilliún in aghaidh na bliana don 20 bliain eile a bhí fágtha den chonradh.[3] Braitheann méid an mhuirir aonadaigh ar innéacsú a dhéantar ar gach dáta athbhreithnithe atá bunaithe ar na critéir a leagtar síos i gcomhaontú an tionscadail.[4]

### *Monatóireacht ar fheidhmíocht*

**8.4** Mar chuid de chomhaontú an tionscadail, tá dreasachtaí feidhmíochta do SDCCD i bhfoirm spriocanna príomhtháscaire feidhmíochta (PTF) réamhshocraithe, chomh maith le laghduithe sonraithe ar íocaíocht i gcás nach bhfuiltear ag feidhmiú chomh maith agus ba cheart. Tá foráil do laghdú ar íocaíocht nuair nach mbaintear spriocanna PTF amach. Tá trí PTF mar chuid de chomhaontú an tionscadail agus baineann siad leo seo:

- an fháil ar áiseanna ICBÁC
- feidhmíocht seirbhíse
- an líon toscairí comhdhála idirnáisiúnta a mhealltar chun leas a bhaint as na háiseanna.

**8.5** Aon uair nach bhfuil limistéar feidhmiúil laistigh de ICBÁC ar fáil ar feadh tréimhse, caithfear é a logáil agus OOP a chur ar an eolas faoi. D'fhéadfadh asbhaint muirir aonadaigh a bheith i gceist ann, ag brath ar cén fhad agus cé chomh minic nach mbíonn sé ar fáil.

1 Is éard atá i gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP) ná socrú idir údarás poiblí agus comhpháirtí san earnáil phríobháideach chun tionscadal bonneagair phoiblí agus seirbhís faoi chonradh fadtéarmach a sholáthar. Íocann an tÚdarás poiblí luach saothar leis an gcomhpháirtí earnála príobháidí, faoi réir feidhmíocht shásúil, i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha rialta le linn thréimhse an chonartha.

2 I gCaibidil 20 den *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2009* leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, déantar athbhreithniú ar an bpróiseas soláthair ar tugadh faoi mar aon le hanailís chuimsitheach ar na costais agus na tairbhí a bhain leis an tionscadal.

3 Bhí foráil sa chomhaontú do réamhíocaíochtaí breise muirir aonadaigh de €20 milliún i ngach bliain de na chéad chúig bliana a bhí sé i mbun feidhme.

4 I Sceideal 15, cuid 3, de chomhaontú an tionscadail, tugtar eolas faoi na critéir a úsáideadh chun innéacsú an mhuirir aonadaigh a ríomh.

**8.6** Déantar feidhmíocht seirbhíse a thomhas trí mheasúnú a dhéanamh ar na paraiméadair feidhmíochta a leagtar amach i gcomhaontú an tionscadail, agus déantar an measúnú sin faoi cheannteidil amhail glantachán, bainistíocht seirbhísí ginearálta agus bainistíocht dramhaíola.[1] Tá ar SDCCD OOP a chur ar an eolas go pras má thugann sé faoi deara nach bhfuil limistéar ar leith ag feidhmiú chomh maith agus ba cheart. Tá sé de cheart ag OOP iniúchtaí a dhéanamh aon uair is mian leis d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an gconradh. Déantar gach paraiméadar feidhmíochta a mheas ar bhonn 'pas nó teip'. Beidh asbhaint muirir aonadaigh i gceist i gcás nach gcloítear leis na caighdeáin mar a leagtar amach iad sa chonradh.

### *Toscairí comhdhála idirnáisiúnta*

**8.7** Is cónaitheoirí ó áiteanna lasmuigh den Stát iad toscairí comhdhála idirnáisiúnta (TCInna) a fhreastalaíonn ar imeacht ag ICBÁC. Gach bliain, ní foláir do SDCCD tuarascáil áirithinte a chur isteach chuig OOP ina dtugtar mionchuntas ar na himeachtaí a reáchtáladh sa bhliain íocaíochta roimhe sin agus an líon TCInna a d'fhreastail air.[2] Is í an tuarascáil áirithinte an bonn ar a ndéantar feidhmíocht TCI a mheas. Faigheann Fáilte Éireann an tuarascáil áirithinte chomh maith le go bhféadfadh sé cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na toscairí atá ina TCInna dáiríre de réir chomhaontú an tionscadail.

**8.8** Tá foráil sa chonradh d'asbhaint chéimnithe as an muirear aonadach má tá teip ann an líon riachtanach TCInna in aghaidh na bliana a bhaint amach. Ag brath ar leibhéal na tearcfheidhmíochta, déantar asbhaintí as an muirear aonadach an bhliain ina dhiaidh sin, trí úsáid a bhaint as foirmle chomhaontaithe, a leathnófar go cothrom thar an dá mhí dhéag. Maidir leis na spriocanna PTF do TCInna, agus na hasbhaintí céimnithe le haghaidh tearcfheidhmíochta, leagtar amach iad in Iarscríbhinn 8B. Roinntear na PTF maidir le TCInna i réimsí éagsúla ó thoscaire ar bith go 34,139 dtoscaire.

### Béim an scrúdaithe seo

**8.9** Croíchoincheap maidir leis an tsamhail CPP a úsáid chun bonneagar poiblí a sholáthar is ea cothromaíocht chuí riosca/luaíochta a bhaint amach. D'fhonn é sin a bhaint amach, tá an próiseas idirbheartaíochta deartha ar bhealach a chinntíonn go ndáiltear na rioscaí idir na comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha ag brath ar cé atá is oiriúnaí chun iad a bhainistiú. Tá an leithdháileadh riosca a chomhaontaítear ar deireadh, agus na sruthanna ioncaim réamh-mheasta, le sonrú sa sceideal íocaíochta a ghabhann an comhpháirtí earnála poiblí air féin.

**8.10** Mar gheall ar shrianta ar thaisteal agus ar thionóil laistigh le linn na paindéime, níor bhain SDCCD an líon TCInna a bhí leagtha síos mar sprioc amach do bhliain íocaíochta 10 (ó mhí Lúnasa 2019 go mí Iúil 2020) ná do bhliain íocaíochta 11 (ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2021). Rinneadh an scrúdú seo chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar fhreagair OOP don tearcfheidhmíocht sin i bhfianaise na bhforálacha conartha ábhartha, agus cibé an ndearnadh leasanna an Stáit a chosaint nó nach ndearnadh.


1 Tugtar eolas faoi na paraiméadair feidhmíochta in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Sceideal 7 Oibríochtaí agus Cothabháil de chomhaontú an tionscadail.

2 Maidir leis an sprioclíon TCInna, bíonn feidhm ag an mbliain íocaíochta ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Iúil (féach Iarscríbhinn 8A).

## Struchtúr na n-íocaíochtaí

**8.11** I Sceideal 15 a ghabhann le comhaontú an tionscadail, leagtar amach na cásanna inar féidir na muirir aonadacha a laghdú agus na hualuithe a bhfuil feidhm acu. I gcaitheamh na tréimhse 2015 – 2035, tá 80% den mhuirear aonadach bunaithe ar infhaighteacht, 15% ar fheidhmíocht agus 5% ar an líon TCInna (féach Fíor 8.1).[1]

**Fíor 8.1 Ualuithe muirir aonadaigh, na blianta íocaíochta 2015 – 2035**




Foinse: Comhaontú an tionscadail le OOP

## Tionchar shrianta Covid-19 ar TCInna

**8.12** An 7 Meán Fómhair 2020, scríobh SDCCD chuig OOP faoin phaindéim Covid-19 a d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i mí an Mhárta 2020. Thug SDCCD achoimre ar conas a chuir Rialtas na hÉireann cosc ar thionóil laistigh de os cionn céad duine ón 12 Márta 2020 ar aghaidh. Tharraing SDCCD aird ar conas a géaraíodh ar na srianta ar an 18 Lúnasa 2020, nuair a chuir an Rialtas cosc ar imeachtaí a eagraítear taobh istigh agus níos mó ná seisear ó thrí theaghlach i láthair. Thug SDCCD le fios gurb amhlaidh, chomh maith leis an ngá le scaradh sóisialta a dhéanamh, a bhí gá ann freisin le coraintín éigeantach a chur ar thaistealaithe idirnáisiúnta de bharr na srianta, rud a d'fhág go raibh sé dodhéanta do ICBÁC a sprioc maidir leis an líon TCInna do bhliain íocaíochta 10 (ó mhí Lúnasa 2019 go mí Iúil 2020) a bhaint amach mar a shonraítear sa chomhaontú CPP. Dá bharr sin, d'iarr SDCCD tarscaoileadh ón gceanglas na spriocanna maidir leis an líon TCInna a bhaint amach mar a leagtar amach i gcomhaontú an tionscadail do bhliain íocaíochta 10.[2]

**8.13** Chomh maith le tarscaoileadh a iarraidh, mhaígh SDCCD go mbeadh moill ann tar éis d'imeachtaí a bheith ceadaithe arís sula bhféadfaí imeachtaí idirnáisiúnta a reáchtáil ós rud é go dtógann sé roinnt blianta in amanna na hullmhúcháin a dhéanamh do chomhdhálacha idirnáisiúnta. Dá bharr sin, thug an chuideachta le fios go mbeadh an líon TCInna a bhíothas á thuar do na blianta i ndiaidh na paindéime níos lú ná an líon a rabhthas ag súil leis i gcomhaontú an tionscadail.

1 Bhí ualú an mhuirir aonadaigh difriúil ann do na bliana íocaíochta 1 – 5 (2011 – 2015) agus 80% le haghaidh infhaighteachta, 10% le haghaidh feidhmíochta agus 3% le haghaidh TCInna. Thug OOP le fios gur socraíodh comhaontú an tionscadail trí bliana roimh oscailt ICBÁC agus go bhfuil staid na hidirbheartaíochta ag an am sin le sonrú sna háirimh mar aon leis an tsaoirse réasúnta a thugtar d'aon tionscadal nua atá ag iarraidh bun a chur faoi féin sna blianta tosaigh.

2 Ba é 32,140 duine an sprioc maidir le TCInna do bhliain íocaíochta 10. Ba é 25,951 duine an líon TCInna sainaitheanta ó mhí Lúnasa 2019 go dtí gur scoireadh d'oibríochtaí i mí an Mhárta 2020 — is ionann é sin agus easnamh de 6,189 nduine.

## Conas a rinne OOP an iarraidh ar tarscaoileadh a bhainistiú


**8.14** I mí Dheireadh Fómhair 2020, fuair OOP comhairle dlí faoi na himpleachtaí dlíthiúla a bhainfeadh leis an asbhaint TCI a tharscaoileadh. Rinne an chomhairle dhlí trácht ar conas nach raibh foráil shonrach ann i gcomhaontú an tionscadail do mholadh SDCCD asbhaintí a bhaineann le TCInna a tharscaoileadh. Dúradh sa chomhairle dlí nach raibh aon rud sa chomhaontú a chuirfeadh cosc ar OOP glacadh le beartas chun cur i bhfeidhm an chórais TCI a mhodhnú agus go mbeadh sé tábhachtach i bhfoclaíocht aon tarscaoilte a dheonófaí béim a leagan ar an ngné lamháltais a bhí leis.

**8.15** Dúirt OOP nach bhfuair sé aon fhógra a bhain le haon chroíbheartais shonracha de chuid an Rialtais maidir le CPPanna a bhainistiú le linn na paindéime roimh an asbhaint TCInna a phlé den chéad uair nó ina dhiaidh sin.

**8.16** Tar éis do OPP an iarraidh ó SDCCD ar tharscaoileadh i leith an asbhaint TCI a bhreithniú, chuir sí réiteach eile faoi bhráid SDCCD an 5 Bealtaine 2021. Is é an rud a mhol OOP ná go gcarnfaí aon bharrachas de TCInna don tréimhse go dtí deireadh an tionscadail d'fhonn an t-easnamh a d'fhéadfaí a eascairt le linn bhliain íocaíochta 10 a ghlanadh. I gcás nach mbainfí amach barrachas TCInna faoi dheireadh bhliain íocaíochta 24, ansin chuirfí an asbhaint a bhaineann le TCI, agus a eascraíonn as bliain íocaíochta 10 móide ús, i bhfeidhm i mbliain íocaíochta 25 (Lúnasa 2034 – Iúil 2035).

**8.17** Dhiúltaigh SDCCD do thairiscint OOP i litir dar dáta an 11 Samhain 2021 agus d'iarr sé tarscaoileadh arís ón gceanglas na spriocanna TCI do bhliain íocaíochta 10 a bhaint amach. Ba é an chosaint a cuireadh in iúl ná go raibh SDCCD ag sárú na sprice TCI, ar bhonn pro rata, go dtí gur cuireadh iallach air dúnadh i ndáiríre mar gheall ar chúinsí lasmuigh dá smacht, is é sin cosc an Rialtais ar ollchruinnithe agus na srianta ina dhiaidh sin ar thaisteal idirnáisiúnta. Is mar atá leagtha amach i bhFíor 8.2 atá achoimre ar amlíne na bpríomhtharluithe i ngach bliain íocaíochta.

**bhFíor 8.2 Amlíne achoimre de phríomhtharluithe, Márta 2020 go Iúil 2022**




Foinse: OOP

### *Téarmaí chomhaontú an tionscadail*

**8.18** Glacann OOP leis gur athrú suntasach atá in iarraidh SDCCD ar tharscaoileadh i leith asbhaintí TCI agus sa rogha eile a mhol OOP an 5 Bealtaine 2021, rud a fhágann go mbeadh gá le comhaontú sa bhreis ar an gcomhaontú bunaidh.

**8.19** Cuimsíonn comhaontú an tionscadail clásal réitigh díospóide agus ní dhearna ceachtar comhpháirtí iarracht an clásal sin a chur i bhfeidhm go dtí seo.[1] Cuimsíonn sé clásal force majeure chomh maith. Mar sin féin, níl trácht sonrach ar 'éigeandáil leighis', 'paindéim', ná 'ráig', etc. sa chlásal.

**8.20** Tá ceangal conartha ar OOP leanúint ar aghaidh leis an muirear aonadach a íoc. Ó thaobh asbhaintí TCI de, níl aon fhaoiseamh sonraithe i gcomhaontú an tionscadail i gcás nach mbaintear amach na cuótaí a leagadh síos, beag beann ar cé air atá an locht.

## Luach na n-asbhaintí a bhaineann le feidhmíocht TCI

**8.21** Léirítear i bhFíor 8.3 miondealú ar an luach ríofa d'asbhaintí a bhaineann le TCI don tréimhse ó mhí Lúnasa 2019 go mí Iúil 2022. Clúdaítear na blianta íocaíochta 10 go 12 leis an íocaíocht.

**Fíor 8.3 Asbhaintí féideartha TCI, na blianta íocaíochta 10 – 12**

| Bliain íocaíochta | Banda uachtarach den sprioc TCI | An líon iarbhír TCInna | Asbhaint a bhaineann le TCI mar chéatadán | Luach measta na hasbhainte TCI<br>€ milliún |
|---|---|---|---|---|
| 10 (Lúnasa 2019 - Iúil 2020) | 32,140 | 25,591 | 0.6% | 0.14 |
| 11 (Lúnasa 2020 - Iúil 2021) | 34,140 | — | 5.0% | 1.18 |
| 12 (Lúnasa 2021 - Iúil 2022)[a] | 32,140 | 12,345[b] | 0.8% | 0.19 |
| | | **Asbhaint Iomlán a bhaineann le TCI** | | **1.51**<br>**(gan CBL a áireamh)** |

Foinse: OOP

Nótaí: a Ní fios go fóill suim iomlán na híocaíochta do bhliain 12. Is é an meastachán faoi láthair ná asbhaint de thuairim is 0.8% ón muirear aonadach, nó €190,000.

b An líon toscairí TCI a mheastar faoi láthair. Ta ICBÁC ag fanacht ar dhoiciméid deimhniúcháin le haghaidh 500 toscaire ionchasach eile.

**8.22** Agus iad ag feitheamh ar thoradh na hidirbheartaíochta, d'íoc OOP suim iomlán na muirear aonadach a bheadh dlite murach sin le haghaidh na mblianta conartha 10, 11 agus 12, gan an asbhaint TCI a chur a áireamh. Rinneadh íocaíochtaí de bheagnach €71 mhilliún san iomlán.

**8.23** Meastar gurb é €1.51 milliún an asbhaint as íocaíochtaí aonadacha i leith tearcfheidhmíochta maidir le spriocanna TCI le linn na mblianta íocaíochta 10, 11 agus 12 (ó mhí Lúnasa 2019 go mí Iúil 2022). Bunaithe ar théarmaí an chonartha, bhí €1.32 milliún den tsuim sin le coinneáil siar sa tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2022 (is é €190,000 an t-iarmhéid a mheastar a bheith le coinneáil siar sa tréimhse ó mhí Lúnasa 2022 go mí Iúil 2023). Dá bharr sin, go dtí seo tá ró-íocaíocht de €1.32 milliún leis an gcuideachta CPP faoi threoir fhorálacha an chonartha.

1 Folaíonn Cuid 57 de chomhaontú an tionscadail an Nós Imeachta Réitigh Díospóide agus tugtar eolas faoi i Sceideal 26.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

**8.24** Ní mheasann OOP go bhfuil ró-íocaíocht déanta leis an gcuideachta CPP nó go raibh suim de €1.32 milliún le coinneáil siar sa tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2022, mar níl cinneadh déanta go fóill maidir leis an iarraidh ó SDCCD ar asbhaintí a tharscaoileadh toisc gur theip air spriocanna maidir le TCInna a bhaint amach. Ó chuir ICBÁC tús le hoibríochtaí, bhí tréimhse díchill chuí ann i gcónaí d'fhonn an líon ceart TCInna a dhéanamh amach agus teacht ar chomhaontú faoi. Ní go dtí go raibh an próiseas díchill chuí sin críochnaithe go ndéanfaí cás na TCInna agus aon asbhaint a bhaineann leo a shocrú.

**8.25** Ní tharlódh ró-íocaíocht ach amháin dá ndéanfaí cinneadh deiridh chun asbhaint a tharscaoileadh, atá dlite faoi chomhaontú an tionscadail, agus dá gcuirfí i bhfeidhm é. Déanfaidh Bord Bainistíochta OOP cinneadh faoi na hasbhaintí dá bhforáiltear i gcomhaontú an tionscadail ach a tabhaíodh le linn tréimhse de shrianta Covid-19 a chuir cosc ar ICBÁC a ghnáthmhúnla gnó a oibriú, agus cuirfidh cinneadh an Bhoird na cúinsí go léir san áireamh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- an tionchar a bhí ag srianta sláinte poiblí Covid-19 (go háirithe ócáidí sóisialta agus srianta taistil) ar chumas ICBÁC oibriú de réir a ghnáthmhúnla gnó
- beartas rialtais chun tacú le cuideachtaí ar chuir srianta Covid-19 isteach orthu, srianta a chuir isteach ar na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais go mór mór agus ar tugadh tacaíocht airgeadais nach beag dóibh thar thréimhse fhada i gcaitheamh éigeandáil Covid-19, ach bheartaigh SDCCD gan leas a bhaint as na tacaí éagsúla gnó agus fostaíochta a bhí ar fáil ón Stát.
- comhairle ó chomhairleoirí dlíthiúla agus airgeadais de chuid OOP
- tuairimí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- conas a chuir ICBÁC, ar mhaithe le leas an phobail, an tsaoráid ar fáil ar bhonn gnóthaithe costas amháin mar áit tionóil do Thithe an Oireachtais ina bhféadfaí a gcuid cúraimí a dhéanamh i dtimpeallacht a bhí sábháilte ó thaobh an scartha shóisialta de.

**8.26** Glactar leis go bhfuil moill thar an ngnáth ar chinneadh a thabhairt maidir leis an iarratas i leith asbhaintí TCI ná mar a bhíothas ag súil leis i gcomhaontú an tionscadail agus, dá mbeadh an saol mar is gnách, bheadh cinneadh déanta um an dtaca seo faoi bhlianta íocaíochta 10 agus 11. Tá sraith imthosca thar a bheith neamhghnách ag baint leis na blianta íocaíochta sin agus ní fhéadfaí talamh slán a dhéanamh de go gcuimsítear go huathoibríoch faoi na prionsabail chomhroinnte riosca atá mar bhonn faoi CPPanna dúnadh iomlán ghnáthoibríochtaí ICBÁC de bharr cúinsí fíoreisceachtúla a bhaineann le paindéim nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe.

**8.27** Bhí OOP soiléir i gcónaí ó thaobh chur in iúl do SDCCD go ndéanfaí a n-iarrataí ar lamháltas a bhreithniú, ach nach bhfuil aon lamháltas dá leithéid tugtha go fóill; agus ba léir gur thuig an chuideachta an méid sin óna litir féin chuig OOP dar dáta an 31 Bealtaine 2022, áit inar chuir sé na moltaí ba dheireanaí uaidh chun cinn. Ina theannta sin, is díol suntais é go bhfuil foráil d'asbhaintí féideartha i gcuntais SDCCD.

**8.28** I bhfianaise conas mar a bhí cúrsaí poiblí sláinte ag athrú de shíor i gcaitheamh na paindéime agus na neamhchinnteachta a d'eascair as sin, is léir gur cur chuige ciallmhar a bhí ann cinntí faoi asbhaintí TCI a chur siar.

**8.29** Táthar ag súil go ndéanfaidh Bord Bainistíochta OOP cinneadh maidir le hasbhaintí TCI do na blianta íocaíochta 10, 11 agus 12 faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022 agus cead á lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe más gá. Dearbhaítear freisin go gcuirfear i bhfeidhm aon asbhaint a d'fhéadfaí a bheith dlite faoi chomhaontú an tionscadail don tréimhse a tharla ó cuireadh deireadh le srianta ábhartha Covid-19.

## Conclúidí

**8.30** Is é is CPPanna ann ná comhaontuithe idir an Stát agus comhpháirtí príobháideach ina sanntar costais a bhaineann le gach ceann de na rioscaí dúchasacha don chomhpháirtí is oiriúnaí chun riosca ar leith a bhainistiú. Tá leithdháileadh na rioscaí le sonrú i dtéarmaí airgeadais an chomhaontaithe.

**8.31** Cor gan choinne a chuir srian ar thaisteal idirnáisiúnta agus ar thionóil laistigh ba ea paindéim Covid-19. Ar chrann an Stáit a thit sé, trí OOP, an chuid is mó den mhuirear aonadach a íoc as sócmhainn nach raibh imeachtaí móra turasóireachta agus comhdhálacha gnó á reáchtáil inti. Faoi théarmaí an chomhaontaithe CPP, tá foráil ann do laghdú measartha beag ar íocaíochtaí muirir aonadaigh leis an gcuideachta CPP i gcás go dtiteann an líon toscairí idirnáisiúnta faoi líon íosta sonraithe.

**8.32** Scríobh SDCCD chuig OOP agus tarscaoileadh i leith laghdaithe ar íocaíocht in aghaidh an aonaid á lorg aige. Níor dheonaigh OOP an tarscaoileadh agus luaigh sí frithmholadh chun an laghdú a chur siar, faoi réir coinníollacha áirithe. Níor ghlac SDCCD leis an moladh sin.

**8.33** Agus é ag feitheamh ar thoradh na hidirbheartaíochta, d'íoc OOP suim iomlán na muirear aonadach a bheadh dlite murach sin le haghaidh na mblianta conartha 10, 11 agus 12, gan an asbhaint TCI a chur ar áireamh.

**8.34** Meastar gurb í €1.51 milliún an asbhaint fhéideartha as íocaíochtaí aonadacha i leith tearcfheidhmíochta maidir le spriocanna TCI le linn na mblianta íocaíochta 10, 11 agus 12 (ó mhí Lúnasa 2019 go mí Iúil 2022). Bhí an chuid is mó den tsuim sin — €1.32 milliún — le coinneáil siar sa tréimhse ó mhí Lúnasa 2020 go mí Iúil 2022, agus an t-iarmhéid le coinneáil siar i mbliain 13 (ó mhí Lúnasa 2022 go mí Iúil 2023). Dá bharr sin, faoi mhí Iúil 2022, bhí €1.32 milliún íoctha leis an gcuideachta CPP níos mó ná a teidlíochtaí faoi fhorálacha an chonartha.

**8.35** Níor iarr ná ní bhfuair OOP cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun suimeanna níos mó ná coinníollacha an chonartha CPP a íoc.

## Iarscríbhinn 8A Bandaí na dtoscairí comhdhála idirnáisiúnta (TCI) réamh-mheasta de réir na bliana íocaíochta[a]

| Bliain íocaíochta | An tréimhse chlúdaithe | An líon réamh-mheasta TCInna *(Banda 1)*[b] | An líon réamh-mheasta TCInna *(Banda 2)*[c] |
|---|---|---|---|
| **1** | Lúnasa 2010 — Iúil 2011 | 4,660 | n/b |
| **2** | Lúnasa 2011 — Iúil 2012 | 7,900 | n/b |
| **3** | Lúnasa 2012 — Iúil 2013 | 9,780 | n/b |
| **4** | Lúnasa 2013 — Iúil 2014 | 12,140 | n/b |
| **5** | Lúnasa 2014 — Iúil 2015 | 14,140 | 34,140 |
| **6** | Lúnasa 2015 — Iúil 2016 | 12,140 | 32,140 |
| **7** | Lúnasa 2016 — Iúil 2017 | 12,140 | 32,140 |
| **8** | Lúnasa 2017 — Iúil 2018 | 14,140 | 34,140 |
| **9** | Lúnasa 2018 — Iúil 2019 | 12,140 | 32,140 |
| **10** | Lúnasa 2019 — Iúil 2020 | 12,140 | 32,140 |
| **11** | Lúnasa 2020 — Iúil 2021 | 14,140 | 34,140 |
| **12** | Lúnasa 2021 — Iúil 2022 | 12,140 | 32,140 |
| **13** | Lúnasa 2022 — Iúil 2023 | 12,140 | 32,140 |
| **14** | Lúnasa 2023 — Iúil 2024 | 14,140 | 34,140 |
| **15** | Lúnasa 2024 — Iúil 2025 | 12,140 | 32,140 |
| **16** | Lúnasa 2025 — Iúil 2026 | 12,140 | 32,140 |
| **17** | Lúnasa 2026 — Iúil 2027 | 14,140 | 34,140 |
| **18** | Lúnasa 2027 — Iúil 2028 | 12,140 | 32,140 |
| **19** | Lúnasa 2028 — Iúil 2029 | 12,140 | 32,140 |
| **20** | Lúnasa 2029 — Iúil 2030 | 12,140 | 32,140 |
| **21** | Lúnasa 2030 — Iúil 2031 | 14,140 | 34,140 |
| **22** | Lúnasa 2031 — Iúil 2032 | 12,140 | 32,140 |
| **23** | Lúnasa 2032 — Iúil 2033 | 12,140 | 32,140 |
| **24** | Lúnasa 2033 — Iúil 2034 | 14,140 | 34,140 |
| **25** | Lúnasa 2034 — Iúil 2035 | 12,140 | 32,140 |

Foinse: OOP

Nótaí:

a Ní íocfar an muirear aonadach ina iomláine ach amháin má tá an líon iarbhír TCInna níos mó ná an líon réamh-mheasta TCInna. I gcás go bhfuil an líon iarbhír TCInna níos lú ná an líon réamh-mheasta TCInna, laghdófar an muirear aonadach de réir na bhforálacha atá leagtha amach i Sceideal 15, cuid 7, de chomhaontú an tionscadail.

b Léirítear i mBanda 1 an líon íosta TCInna atá de dhíth chun barrachas TCInna a thabhairt anonn ó bhliain íocaíochta roimhe sin go dtí bliain íocaíochta amach anseo. Tá raonta toscairí Bhanda 1 faoi réir céatadáin níos airde d'asbhaint as an muirear aonadach.

c Léirítear i mBanda 2 an líon íosta TCInna atá de dhíth in aon bhliain íocaíochta faoi leith d'fhonn asbhaintí as an muirear aonadach a sheachaint. Féach Iarscríbhinn 8B le haghaidh sonraí faoi mhuirir asbhainte.

## Iarscríbhinn 8B Bandaí Toscairí comhdhála idirnáisiúnta réamh-mheasta agus muirir asbhainte[a]

| Bliain íocaíochta | Raon na dtoscairí | Asbhaint as an muirear aonadach | Raon na dtoscairí | Asbhaint as an muirear aonadach |
|---|---|---|---|---|
| | Banda 1 | | Banda 2 | |
| **1** | 0 — 2,329 | 3.0% | n/b | n/b |
| **Lúnasa 2010 — Iúil 2011** | 2,330 — 3,727 | 1.5% | n/b | n/b |
| | 3,728 — 4,659 | 0.6% | n/b | n/b |
| **2** | 0 — 3,949 | 3.0% | n/b | n/b |
| **Lúnasa 2011 — Iúil 2012** | 3,950 — 6,319 | 1.5% | n/b | n/b |
| | 6,320 — 7,899 | 0.6% | n/b | n/b |
| **3** | 0 — 4,889 | 3.0% | n/b | n/b |
| **Lúnasa 2012 — Iúil 2013** | 4,890 — 7,823 | 1.5% | n/b | n/b |
| | 7,824 — 9,779 | 0.6% | n/b | n/b |
| **4** | 0 — 6,929 | 3.0% | n/b | n/b |
| **Lúnasa 2013 — Iúil 2014** | 6,930 — 9,711 | 1.5% | n/b | n/b |
| | 9,712 — 12,139 | 0.6% | n/b | n/b |
| **5** | 0 — 6,929 | 3.0% | 14,140 — 19,999 | 0.8% |
| **Lúnasa 2015 — Iúil 2016** | 6,930 — 11,170 | 1.5% | 20,000 — 24,140 | 0.7% |
| | 11,171 — 14,139 | 0.6% | 24,141 — 29,999 | 0.6% |
| | | | 30,000 — 34,139 | 0.5% |
| **8, 11,14,17,21,24** | 0 — 6,929 | 5.0% | 14,140 — 19,999 | 0.8% |
| **Lúnasa — Iúil** | 6,930 — 11,710 | 2.5% | 20,000 — 24,140 | 0.7% |
| | 11,171 —14,139 | 1.0% | 24,141 — 29,999 | 0.6% |
| | | | 30,000 — 34,139 | 0.5% |
| **6,7,9,10,12,13,15, 16,18,19,20,22,23,25** | 0 — 6,929 | 5.0% | 12,140 — 17,999 | 0.8% |
| | 6,930 — 9,711 | 2.5% | 18,000 — 22,140 | 0.7% |
| **Lúnasa — Iúil** | 9,712 — 12,139 | 1.0% | 22,141 — 27,999 | 0.6% |
| | | | 28,000 — 32,139 | 0.5% |


Foinse: OOP

Nóta: a Ní íocfar an muirear aonadach ina iomláine ach amháin má tá an líon iarbhír TCInna níos mó ná an líon réamh-mheasta TCInna. I gcás go bhfuil an líon iarbhír TCInna níos lú ná an líon réamh-mheasta TCInna, laghdófar an muirear aonadach de réir na bhforálacha atá leagtha amach i Sceideal 15, cuid 7, de chomhaontú an tionscadail.

# 9 Cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda

9.1 Is é an príomhchuspóir atá ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda (an plean) rochtain do gach áit chónaithe agus comhlacht in Éirinn ar sheirbhís leathanbhanda ardluais a chinntiú. Tá an plean dírithe ar na codanna sin den tír nach bhfuil pleananna ag soláthraithe tráchtála príobháideacha leathanbhanda infheistíocht a dhéanamh iontu. Limistéar idirghabhála an Stáit a thugtar ar an limistéar tíreolaíoch seo.[1,2] Déantar achoimre i bhFíor 9.1 ar an gclúdach a bhfuiltear ag súil leis faoin limistéar idirghabhála.

**Fíor 9.1 Clúdach a bhfuiltear ag súil leis faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda amhail 2019**[a]




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2019

Nóta: a Déantar athbhreithniú go ráithiúil ar scóip na n-áitreabh le faomhadh chun na hathruithe a léiriú, lena n-áirítear foirgnimh nuathógtha sa limistéar idirghabhála. Amhail Lúnasa 2022 (bunaithe ar eolas áitreabh R1 2022), beagnach 562,000 a bhí sa líon nuashonraithe áitreabh.

9.2 I mí na Samhna 2019, chuaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn) i mbun conartha le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (LNÉ) chun cuspóirí an phlean a sholáthar.[3] Faoin gconradh, tá LNÉ freagrach as an líonra leathanbhanda a dhearadh, a thógáil, a oibriú agus a bhainistiú thar thréimhse 25 bliana.[4] Coinneoidh an LNÉ úinéireacht an líonra ag deireadh an chonartha.

9.3 Tá soláthar an phlean á mhaoiniú ag fóirdheontas Rialtais, ag ioncam tráchtála LNÉ agus ag maoiniú infheisteoirí. Tá ar an Roinn na suimeanna fóirdheontais comhaontaithe a íoc ag an am cuí agus tá sé freagrach, thar ceann an Stáit, as gach gné den chonradh a bhainistiú, lena n-áirítear monatóireacht ar an dóigh a bhfuil LNÉ ag comhlíonadh an chonartha.

9.4 Cuirtear srian €2.7 billiún leis an bhfóirdheontas iomlán ón Rialtas — cuimsítear leis sin bun-fhóirdheontas €2.1 billiún, fóirdheontas teagmhasachta €500 milliún nach bhféadfar a tharraingt anuas ach ar chuspóirí áirithe amháin, agus €100 milliún le haghaidh CBL. Tá an chuid is mó den fhóirdheontas iníoctha thar chéad deich mbliana an chonartha, ach leanann íocaíochtaí ar aghaidh go dtí deireadh théarma an chonartha.

9.5 Tugadh faoin scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe formhaoirseachta conartha na Roinne, ar an dul chun cinn ar sholáthar agus ar an gcostas go dtí seo ar an Stát maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

1 Is é an limistéar idirghabhála na limistéir a gcaithfear leathanbhanda ardluais a sholáthar dóibh faoin bplean. Bíonn an líon áitreabh laistigh den limistéar idirghabhála ag síorathrú agus is féidir é a athrú ar go leor cúiseanna.

2 Taispeántar sa léarscáil plean leathanbhanda ardluais, atá ar fáil anseo, an clúdach faoi limistéar idirghabhála an Stáit chomh maith leis na limistéir a bhfreastalaíonn oibritheoirí tráchtála orthu.


3 Bunaíodh cuideachta gníomhaíochta ainmnithe Bonneagair LNÉ mar chuideachta cuspóra speisialta chun an plean a sholáthar.

4 Tá rogha ag an Stát síneadh ama a chur leis an gconradh ar feadh deich mbliana eile.

## Socruithe formhaoirseachta

**9.6** Cuireadh struchtúr rialachais cuimsitheach i bhfeidhm chun an conradh agus an plean a chur i bhfeidhm. Chuir an Roinn Foireann Shinsearach Bhainistíochta i bhfeidhm atá freagrach as formhaoirseacht agus comhlíonadh an chonartha (féach Fíor 9.2). Déanann an Roinn agus LNÉ maoirseacht ar an tionscadal trí Bhord Idirchaidrimh Conartha, a bunaíodh i mí Feabhra 2020, agus trí roinnt grúpaí oibre/rannpháirtíochta.[1] Déantar ionadaíocht don Roinn agus don LNÉ ar an mBord agus ar gach grúpa oibre/rannpháirtíochta.

**Fíor 9.2 Formhaoirseacht ar an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda**




Foinse: Creat Comhlíonta agus Dearbhaithe na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Nótaí:
- a Déanann an Fhoireann Shinsearach Bhainistíochta, atá an stiúrthóir cláir mar chathaoirleach uirthi, tuarascáil leis an Rúnaí Cúnta agus freagracht uirthi as feidhm earnála cumarsáide na Roinne.
- b Is iad seo a leanas na réimsí feidhmiúla — oibríochtaí aonaid agus teagmháil le geallsealbhóirí; bainistíocht conartha, comhlíonadh agus rialachas; oifig bainistíochta tionscadail; oibríochtaí líonra; soláthar líonra; airgeadas agus tráchtáil.
- c Cuirtear moltaí arna n-aontú ag an mBord Idirchaidrimh Conartha in iúl don Aire (tríd an bhFoireann Shinsearach Bhainistíochta).

### *Socruithe comhroinnte riosca*

**9.7** D'fhéadfadh difríochtaí sna híocaíochtaí fóirdheontais a bheith mar thoradh ar na socruithe comhroinnte riosca sa chonradh (féach Fíor 9.3).

**9.8** D'fhéadfadh cúinsí áirithe a bheith ina gcúis le coigilteas tionscadail ar féidir leis an Stát leas a bhaint astu (féach Fíor 9.4). D'fhéadfadh cúinsí eile cead a ligean do LNÉ fóirdheontas breise a fháil má tá sé ag dul dó, faoi réir na dtairseach.[2]

1 Tá ról na Roinne maidir leis an mBord Idirchaidrimh Conartha leagtha amach sa chonradh. Ceapadh an Rúnaí Cúnta atá freagrach as feidhm earnála cumarsáide mar ionadaí don Aire chun gnéithe éagsúla an chonartha le LNÉ a chur i gcrích agus chun bainistíocht an chonartha agus teagmháil le LNÉ a éascú. Roinneadh an fheidhm seo a thuilleadh leis an bhFoireann Shinsearach Bhainistíochta.

2 Ní fhéadfar an fóirdheontas teagmhasachta €500 milliún a tharraingt anuas ach amháin ar chuspóirí sonracha.

**Fíor 9.3 Príomhshocruithe comhroinnte riosca, de réir catagóire**

| Catagóir riosca | Cur síos | Úinéir riosca |
|---|---|---|
| Airgeadais | Ligtear don Stát leis an gconradh coigilteas arna dhéanamh ag LNÉ le linn a sholáthair líonra (na chéad seacht mbliana) a fhorchúiteamh trí fhóirdheontas an Stáit a laghdú le linn na tréimhse sin.<br><br>Tá na costais oibríochtúla agus caipitil ar LNÉ, chomh luath agus a thosaíonn soláthar i limistéar seolta.<br><br>Is iad na híocaíochtaí fóirdheontais an fhoinse ioncaim is suntasaí le linn soláthair líonra. Caithfear freastal ar aon mhoill i soláthar trí mhaoiniú caipitil oibre breise ó LNÉ.<br><br>Foráiltear leis an gconradh go bhfuil riosca ar LNÉ maidir le difríochtaí costais diúltacha níos mó ná an srian (ciste teagmhasachta €500 milliún) agus difríochtaí costais diúltacha nach bhfuil clúdaithe ag na forálacha conartha comhaontaithe.[a] | LNÉ/ Roinn<br><br>(nuair a chuirtear rioscaí faoi fhorálacha conartha comhaontaithe i gcrích) |
| Cur i bhfeidhm | Tá an riosca cuir i bhfeidhm agus na rioscaí airgeadais agus tógála fite fuaite lena chéile. Is iad na híocaíochtaí fóirdheontais an fhoinse ioncaim is suntasaí le linn soláthair líonra. Táthar ag súil go mbeidh maoiniú caipitil oibre breise a gcaithfidh LNÉ é a dhéanamh mar thoradh ar aon mhoill. | LNÉ |
| Tógáil | Tá an riosca tógála agus na rioscaí airgeadais agus cuir i bhfeidhm fite fuaite lena chéile. Staideanna suímh anaithnide, mar shampla, d'fhéadfadh moilleanna agus tionchar ar sholáthair bunspriocanna conarthacha faoin gclár LNÉ a bheith mar thoradh ar staid reatha an bhonneagair teileachumarsáide atá ann cheana, méaduithe ar chostas ábhar, cur isteach ar shlabhraí soláthair agus ganntanas lucht oibre. | LNÉ (faoi réir fóirdheontais teagmhasachta, nuair is infheidhme) |
| Boilsciú | Áirítear leis an múnla costais airgeadais meánbhoilsciú a bhfuiltear ag súil leis de thart ar 2% agus toimhdí conartha chun an riosca a bhainistiú. Tá an riosca atá ag gabháil leis an meánbhoilsciú ag méadú os cionn an leibhéil seo le hiompar ag LNÉ. Thug LNÉ le fios go bhfuil roinnt ábhar atá de dhíth réamhchonraithe aige chun an riosca boilscithe a mhaolú.[b] | LNÉ (faoi réir fóirdheontais teagmhasachta, nuair is infheidhme) |
| Inmharthanacht LNÉ | Mura bhfuil LNÉ inmharthana ag pointí faoi leith le linn na tógála agus na n-oibríochtaí, nó má spreagann sé loic, féadfaidh an Roinn deireadh a chur leis an gconradh agus an comhlacht nó is féidir sócmhainní dul i bhfrithdhílse chuig an Stát. | LNÉ |

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Baineann sé seo le riosca na n-imeachtaí atá lasmuigh de smacht LNÉ.

b Caiteachas an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus cúrsaí gaolmhara — díospóireacht an Choiste um Chuntais Phoiblí, an 10 Feabhra 2022.

**Fíor 9.4 Fáltais fhéideartha Stáit faoi shásraí conartha**

| Eachtra thucaide | Cur síos |
|---|---|
| Soláthar líonra | Comhroinnfidh an Roinn 50% de choigilteas costais soláthair.[a] Baineann sé seo le thart ar 20% de chaiteachas caipitil an tionscadail. |
| Róbhrabús | Gheobhaidh an Stát 60% d'aon bhrabús de chuid LNÉ atá de bhreis ar spriocthorthaí LNÉ ag tairiscint deiridh thar 25 bliana.[b] |
| Díolachán LNÉ | Beidh ceart ag an Stát 25% d'aon ghnóthachan atá níos mó ná 25% de luach an chomhlachta a fháil ag am an díolacháin i gcás go ndíolfar formhór na scaireanna sa chéad deich mbliana den chonradh. |
| Luach deiridh | Ag deireadh an tionscadail, gheobhaidh an Roinn 40% de luach deiridh LNÉ os cionn an luacha deiridh a nglacann LNÉ leis ag tairiscint deiridh. |
| Toimhdí conartha | Faoi thoimhdí áirithe a chuimsítear sa chonradh, d'fhéadfadh an Stát leas a bhaint as 100% den choigilteas a rinneadh LNÉ agus/nó, faoi thoimhdí áirithe, d'fhéadfaí fóirdheontas teagmhasachta a íoc le LNÉ, nuair a thaispeántar é. Baineann sé sin le thart ar 80% de chaiteachas caipitil an tionscadail a thabhófar thar na chéad deich mbliana go príomha. |

Foinse: Comhaontú Tionscadail Idirghabhála Leathanbhanda Náisiúnta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Níl sé seo faoi réir aon toimhdí laistigh den chonradh.

b Méadaíonn sé seo go 75%, nuair atá ráta toraidh inmheánach níos mó ná 25% ag an gcuideachta.

### *Tuairisciú feidhmíochta*

**9.9** Thosaigh téarma an chonartha go foirmiúil an 1 Feabhra 2020, agus (mura gcuirtear síneadh ama leis) tiocfaidh deireadh leis an 31 Eanáir 2045.

**9.10** Áirítear sa chonradh os cionn 1,000 garsprioc. Níl fóirdheontais iníoctha go dtí go ndearbhaítear na garspriocanna réamh-chomhaontaithe a bheith comhlíonta. Tá pionóis chonarthacha i bhfeidhm mar thoradh ar mhoill ar gharsprioc a bhaineann le tógáil a bhaint amach (pionós moille).[1] Faoi théarmaí an chonartha, ceanglaítear ar LNÉ tuarascálacha míosúla, ráithiúla agus bliantúla a chur ar fáil maidir le tógáil an líonra agus an clúdach, lena n-áirítear stádas gharspriocanna an chláir. Dúirt an Roinn gurb í céim na tógála an réimse is criticiúla de na hoibleagáidí conarthacha sna blianta tosaigh agus, dá réir sin, is é an réimeas feidhmíochta a bhaineann leis an tógáil an príomhchúram atá aici.

**9.11** Áirítear leis an gconradh chomh maith 37 bpríomhtháscaire feidhmíochta (PFT). Tá spriocleibhéal feidhmíochta sonrach le haghaidh oibríochtaí líonra ag gach PFT agus má sháraítear é, tá LNÉ faoi dhliteanas pionóis airgeadais a thabhú, ag brath ar an PFT agus ar leibhéal an tsáraithe.[2]

**9.12** Faoi théarmaí an chonartha, ceanglaítear ar LNÉ a fhaireachán féin a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus tuarascálacha ráithiúla faireacháin feidhmíochta a chur ar fáil don Roinn (féach Fíor 9.5), ag tosú leis an tréimhse ó mhí na Bealtaine go mí Iúil (R2) 2020.[3]

1 Tá feidhm ag srianta moille ó lá 1 den tríú bliain den chonradh (1 Feabhra 2022) agus cuirfear i bhfeidhm iad nuair a bheidh moill níos mó ná 28 lá ann maidir le garspriocanna a bhaineann leis an tógáil a bhaint amach.

2 Déantar tagairt do na pionóis a bhaineann leis an bhfeidhmíocht mar chreidiúintí feidhmíochta agus beidh feidhm acu a luaithe a bheidh an PFT cuí beo.

3 Maireann bliain na tuarascála ón 1 Feabhra go dtí an 31 Eanáir. Clúdaíonn R2 an tréimhse ó mhí na Bealtaine go mí Iúil.

**9.13** Sna tuarascálacha faireacháin feidhmíochta, déantar achoimre ar fheidhmíocht LNÉ in aghaidh gach PFT agus cuirtear an stádas i láthair (e.g., theip sa PFT, theip sa PFT go dona, theip sa PFT go tromchúiseach, theip sa PFT arís agus arís eile, etc.). Cuirtear ar fáil sna tuarascálacha faireacháin feidhmíochta anailís 'ar na bunchúiseanna' agus pleananna leasúcháin le haghaidh teipeanna sna PFTanna agus tuarascáil a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon phointí feidhmíochta agus pionóis a bhaineann le feidhmíocht a fuarthas sa tréimhse tuarascála a athraíonn suim an fhóirdheontais a d'íoc an Stát.[1]

**9.14** Tá rochtain ag an Roinn ar chóras bainistíochta oibríochta LNÉ le haghaidh sonraí feidhmíochta agus déanann sí faireachán air. Dúirt an Roinn go bhfuil sé ar intinn aici iniúchadh a dhéanamh ar na sonraí feidhmíochta seo in am trátha.

**Fíor 9.5 Tuarascálacha faireacháin feidhmíochta le tabhairt chuig an Roinn ó LNÉ, stádas i mí Lúnasa 2022**

| Ráithe | Stádas |
|---|---|
| R2 2020 | Ceadaíodh maolú ón tuarascáil, mar gheall go raibh beagnach gach PFT neamhghníomhach ag an gcéim sin de chlár an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. |
| R3 2020 | Sainaithníodh i measúnú na Roinne ar an tuarascáil seo nár thug LNÉ tuairisc ar shé eachtra a bhí mar eachtraí infhógartha de réir na gceanglas conarthach. |
| R4 2020 | Dhearbhaigh an Roinn gur chuir LNÉ ar áireamh sa tuarascáil seo na sé eachtra ar cheart tuairisc a thabhairt orthu i dtuarascáil R3 2020. |
| R1 2021 | An chéad tuarascáil ar cuireadh pionós ar áireamh ann toisc nár comhlíonadh PFTanna. |
| R2 2021 agus ina dhiaidh sin | Cheadaigh an Roinn maolú sealadach do LNÉ go dtí an 15 Lúnasa 2022 le haghaidh chur isteach na dtuarascálacha atá fós le réiteach.<br>Chuir LNÉ gach tuarascáil a bhí fós le réiteach isteach faoi dheireadh Lúnasa 2022. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**9.15** Dúirt an Roinn gur chuir LNÉ a imní in iúl maidir le comhréireacht na bpionós is dócha a fhabhróidh faoin gcóras LNÉnna reatha (bunaithe ar an tuarascáil ó Fheabhra go hAibreán (R1) 2021 a cuireadh isteach). Dúirt an Roinn chomh maith gur aontaigh sé, mar a foráladh dó sa chonradh, tabhairt faoi athbhreithniú ar PFTanna agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé oiriúnach na PFTanna a mheastar a bheith díréireach a athrú.

**9.16** Bunaíodh comh-fhoghrúpa feidhmíochta de chuid na Roinne/LNÉ i mí na Samhna 2021 chun tabhairt faoi athbhreithniú oibríochtúil ar chóras na PFTanna. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích i mí Iúil 2022 agus cuireadh an tAire ar an eolas maidir lena thorthaí. Cuireadh oibríocht an chórais pionós a bhaineann le PFTanna ar fionraí go dtí go bhfaighfear toradh an athbhreithnithe.

1 Is ionann pointí feidhmíochta agus luachanna uimhriúla a bhfuil briseadh spriocleibhéil feidhmíochta PFT leagtha air thar an tréimhse tomhais.

**9.17** Dúirt an Roinn go bhfuil sí ag tabhairt faoi athbhreithniú mionsonraithe ar gach tuarascáil faireacháin feidhmíochta agus tá sí ag obair le LNÉ ar na leasuithe conarthacha atá de dhíth chun athruithe comhaontaithe ar an gcóras PFTanna mar thoradh ar an athbhreithniú a chur san áireamh.[1] Dúirt sí chomh maith go gcuirfí pionóis airgeadais i bhfeidhm go cúlghabhálach, más cuí, chomh luath agus a bheidh an obair seo críochnaithe.

## Soláthar

**9.18** Is é an príomhbheart feidhmíochta do chur i bhfeidhm an phlean ná an líon **áitreabh faofa**, i.e., tá leathanbhanda ardluais ar fáil do na háitribh sin, má iarrann siad nasc.

**9.19** Is clár tógála seacht mbliana é an plean seolta conraithe a bhí sceidealaithe le críochnú faoin 31 Eanáir 2027. Dúirt an Roinn go bhfuil an clár dhá mhí dhéag taobh thiar den sceideal faoi láthair.


**9.20** Faoin gconradh bunaidh, bhí sé i gceist leis na garspriocanna maidir le seachadadh áitreabh go mbeadh neartú de réir a chéile ann go dtí go bhfaomhfaí suas le 204,400 áitreabh faoi dheireadh mhí Eanáir 2023 (féach Fíor 9.6).[2]

**9.21** Ina dhiaidh sin, athbhreithníodh na garspriocanna síos in 2021, agus arís in 2022, faoi phleananna eatramhacha leasúcháin a chuir LNÉ isteach.

- I mí na Bealtaine 2021, laghdaíodh (go cúlghabhálach) an gharsprioc maidir le háitribh fhaofa faoi mhí Eanáir 2021 go dtí a náid; agus faoi mhí Eanáir 2022, laghdaíodh í go dtí díreach faoi 60,000 áitreabh.
- I mí Aibreáin 2022, laghdaíodh an bhunsprioc maidir le háitribh fhaofa faoi mhí Eanáir 2023 go dtí nach mór 102,000 áitreabh — díreach níos lú ná leath na sprice bunaidh.

**9.22** Ag deireadh mhí Eanáir 2022, ba é líon na n-áitreabh faofa ná 34,456 áitreabh, a léirigh easnamh de bheagnach 43% maidir leis an spriocleibhéal don gharsprioc sin. Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2022, faomhadh 75,590 áitreabh. Laghdaigh sé sin an bhearna idir an sprioc (athbhreithnithe) agus an toradh.

**Fíor 9.6 An spriocsheachadadh agus an fíorsheachadadh maidir le háitribh fhaofa**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

1 Rinne 26 cinn de na 37 PFT a athbhreithniú. Rinne leasuithe aontaithe a chatagóiriú faoi chúig cheannteideal — níl athrú de dhíth; earráid; comhréireacht; simpliú; agus soiléiriú. Rinneadh roinnt PFTanna a raibh tionchar orthu a chatagóiriú faoi níos mó ná ceannteideal amháin.

2 Maireann bliain an chonartha ón 1 Feabhra go dti an 31 Eanáir.

**9.23** Tar éis anailísí mionsonraithe ar na pleananna leasúcháin arna gcur isteach ag Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (LNÉ) (i mí an Mhárta 2021 agus i mí Feabhra 2022), d'aontaigh an Roinn leis na laghduithe ar na spriocanna a mhol LNÉ.[1,2] Tháinig an Roinn ar an gconclúid, mar thoradh ar na próisis phleanála leasúcháin faoin gconradh, gur mar gheall ar phaindéim COVID-19 den chuid is mó (8.5 mí) a bhí na moilleanna ar sheachadadh, rud a chuaigh i bhfeidhm ar sheachadadh an líonra snáithín. Ghearr an Roinn pionóis, áfach, as moilleanna ar leith toisc gur tháinig sí ar an gconclúid nach raibh siad nasctha go díreach le COVID-19 agus go raibh siad bainteach le fadhbanna a bhí faoi smacht LNÉ (3.5 mí).[3]

**9.24** D'aontaigh an Roinn freisin na hachair ama, maidir le cláir seolta eile a sheachadadh, a athbhreithniú, ar nós pointí straitéiseacha pobail a d'fhaomhfaí agus ar nós na timpeallachta oibriúcháin. Sna cásanna sin, bhain LNÉ seachadadh amach taobh istigh de na hachair ama athbhreithnithe.[4,5]

**9.25** Dúirt an Roinn go bhfuil sé de fhreagracht ar LNÉ spriocanna a shocrú a gcreideann sé gur féidir leis iad a bhaint amach agus a fheidhmíocht a mheas i dtéarmaí na spriocanna sin; agus go bhfuil sé mar ról ag an Roinn indéantacht na spriocanna sin a mheasúnú — i.e., an dóchúlacht go mbainfear amach iad — agus faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh i dtéarmaí na spriocanna.

**9.26** Dúirt an Roinn freisin go ndéantar measúnuithe iomlána ar iarratais LNÉ ar spriocanna athbhreithnithe. Mar atá fíor nuair a chailltear príomhtháscaire feidhmíochta (PFT), nuair a chailltear garsprioc thógála, caithfidh LNÉ anailís ar na bunchúiseanna a ullmhú agus tuairisciú don Roinn. Féadfar laghduithe ar íocaíochtaí fóirdheontais a thionscnamh ag an bpointe seo agus tugtar leis an gconradh freisin cead don Aire teacht isteach chun aon fhadhb shuntasach ar féidir léi dul i bhfeidhm ar inmharthanacht an chomhlachta a réiteach, nó sa chás is measa, chun fógra foirceanta a thabhairt nuair a bheartaítear gur mhainnigh LNÉ go hábhartha ina oibleagáidí.

**9.27** Ceanglaítear ar LNÉ teacht ar chomhaontú maidir lena phlean deiridh um chur i bhfeidhm leasúcháin faoi dheireadh 2022, agus táthar ag súil go gcuimseofar na spriocanna bliantúla ann don chuid den chlár tógála atá fágtha.

### *Glacadh leis an tseirbhís*

**9.28** Cé go ndéantar an fháil ar sheirbhís d'áitreabh a mheas leis an tomhas 'áitribh fhaofa', is é an glacadh iarbhír leis an tseirbhís ag teach nó gnólacht a chinneann luach sochaíoch infheistíocht an Stáit.[6]

**9.29** Réamh-mheas LNÉ ina thairiscint deiridh go sroichfeadh an glacadh leis an tseirbhís leathanbhanda atá ar fáil thart ar 80% le haghaidh custaiméirí cónaithe, áit a mbeidh rátaí glactha níos airde ann dá chustaiméirí gnó, ag deireadh na 25 bliana. Cé go bhfuil an glacadh iarbhír (de réir lín) ag deireadh mhí Eanáir 2022 níos lú ná mar a measadh, sáraíonn an ráta glactha — cóimheas na n-áitreabh nasctha i gcomparáid le háitribh fhaofa — na meastacháin bhunaidh (féach Fíor 9.7).

**9.30** Faoi dheireadh mhí Lúnasa 2022, bhí níos mó ná 18,400 áitreabh nasctha — arb ionann é agus ráta glactha 24%.

1 Tugadh faoi anailís mhionsonraithe na Roinne i gcomhar lena gcomhairleoirí seachtracha.

2 Thug an Roinn a cinntí i mí na Bealtaine 2021 agus i mí Aibreáin 2022 faoi seach.


3 Áiríodh leis sin dúshláin maidir le teacht le chéile príomhchonraitheoirí mar gheall ar shrianta ar oibríochtaí, an slabhra soláthair agus moilleanna lóistíochta, chomh maith le hearcaíocht príomhphearsanra agus LNÉ agus a chonraitheoirí á méadú, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le hionduchtú agus traenáil daoine.

4 Is ionann pointí straitéiseacha pobail (PSPanna) agus láithreacha ríthábhachtacha áirithe i bpobail tuaithe a bheidh nasctha le leathanbhanda ardluas lena úsáid (go hoscailte) ag an mórphobal.

5 Is é an téarma 'timpeallacht oibriúcháin' (TO) an téarma comhchoiteann a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh don tairseach uilíoch mórdhíola (TUM) agus don timpeallacht ghaolmhar córas faisnéise.

6 Tagraíonn 'glacadh' do leibhéal an áitribh atá nasctha leis an leathanbhanda ardluais i gcomparáid le leibhéal na n-áitreabh faofa.

**Fíor 9.7 Céatadán measta agus céatadán iarbhír an ghlactha**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Nóta: a Tá an glacadh measta bunaithe ar na meastacháin bhunaidh do na blianta dar críoch an 31 Eanáir 2021 agus 2022 agus ar na meastacháin athbhreithnithe don bhliain dar críoch an 31 Eanáir 2023.

**9.31** Dúirt an Roinn go bhfuil LNÉ ag súil go bhfásfaidh an glacadh de réir a chéile agus go mbeidh sé níos ísle sna luathchéimeanna toisc go bhfuil tomhaltóirí faoi chonradh le soláthraithe atá ann cheana. Luaigh an Roinn freisin go bhfuil sé mar phlean ag ceann de na soláthraithe atá ann cheana na seirbhísí atá bunaithe ar líonraí copair a chasadh as nuair atá líonra snáithín LNÉ curtha i bhfeidhm, rud a chruthóidh méadú suntasach ar éileamh toisc go mbeidh níos lú roghanna ag go leor tomhaltóirí ó thaobh seirbhísí de.


## Costas

**9.32** Leithdháil an Rialtas €371.3 milliún san iomlán le haghaidh chur i bhfeidhm an phlean in 2020 agus 2021. Ag deireadh 2021, b’ionann na híocaíochtaí a rinneadh agus €177.2 milliún, i.e., 48% den mhaoiniú a bhí ar fáil (féach Fíor 9.8).

**9.33** Níl an fóirdheontas iníoctha ach amháin nuair atá costais atá cáilithe mar chaiteachas ceadaithe tabhaithe ag LNÉ agus nuair a bhaintear amach garspriocanna de réir an chonartha. I gcomhréir le ceanglais an chonartha, chomhcheap an Roinn agus LNÉ deimhnitheoir neamhspleách. Ní dhéantar íocaíochtaí fóirdheontais ach amháin nuair a bhaineann LNÉ an gharsprioc ghaolmhar/na garspriocanna gaolmhara amach agus nuair a eisíonn an deimhnitheoir deimhniú um baint amach na garsprice.

**9.34** In 2021,bhí an fóirdheontas a íocadh níos lú ná mar a réamh-mheasadh mar gheall ar mhoilleanna ar an seoladh go príomha, rud a chuaigh i bhfeidhm ar chumas LNÉ chun na garspriocanna a réamh-mheasadh ar dtús a bhaint amach.

**Fíor 9.8 Íocaíochtaí fóirdheontais measta agus íocaíochtaí fóirdheontais iarbhír, 2020 go 2022[a]**




Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Nóta: a Athbhreithníodh meastachán 2021 síos ina dhiaidh sin go €159 milliún mar gheall ar na moilleanna ar an seoladh.

### *Pionóis*

**9.35** Dearadh córas na bpionós atá ar áireamh sa chonradh chun baint amach na ngarspriocanna tógála agus na spriocanna PFT a spreagadh.[1]

**9.36** Nuair a leasaítear na spriocanna tógála trí chead ón Rialtas do phleananna leasúcháin LNÉ, déantar na spriocanna conarthacha de na spriocanna tógála seo, agus ceanglaítear ar LNÉ iad a bhaint amach agus féadfaidh pionóis (mhoille) a bheith i bhfeidhm orthu má chailltear iad.[2]

**9.37** Tá pionóis mhoille i bhfeidhm faoin gconradh ón 1 Feabhra 2022 i leith. Go dtí Lúnasa 2022, gearradh pionóis mhoille, a bhfuil luach iomlán €134,800 orthu, i ndáil le garspriocanna a bhaineann leis an tógáil, as moilleanna maidir le limistéir sheolta a fhaomhadh. Tá sé sin in-aisíoctha, áfach, má (nó nuair a) bhaineann LNÉ garspriocanna eile tógála amach roimh a spriocdháta. Anuas air sin, gearradh pionós creidmheasa feidhmíochta dar luach €22,500 faoi chóras na PFTanna.

**9.38** Cuireadh gearradh pionós maidir leis na sáruithe leibhéal feidhmíochta eile ar fionraí ar feitheamh thorthaí an athbhreithnithe ar chóras na PFTanna, agus atá críochnaithe anois. Maidir leis na tuarascálacha faireacháin feidhmíochta (a chuimsíonn an tréimhse idir mí Feabhra 2021 agus mí Iúil 2022) a cuireadh faoi bhráid na Roinne faoi dheireadh Lúnasa 2022, áirítear leo pionóis bhreise mheasta.[3] Dúirt an Roinn go bhfuil measúnú á dhéanamh ar na tuarascálacha faoi láthair chun leibhéal na bpionós, a ghearrfar go cúlghabhálach, a mheas mar is cuí.

## Conclúidí

**9.39** Fostaíodh Leathanbhanda Náisiúnta Éireann ag deireadh 2019 chun an líonra leathanbhanda a dhearadh, a thógáil, a oibriú agus a bhainistiú don limistéar seolta ainmnithe thar thréimhse 25 bliana. Faoin gconradh, shamhlaigh an plean seolta clár tógála seacht mbliana, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é go luath in 2028 (dhá mhí dhéag taobh thiar den sceideal).

**9.40** Bhunaigh an Roinn struchtúr cuimsitheach rialachais chun cur i bhfeidhm an phlean a fhormhaoirsiú agus chun comhlíonadh an chonartha a chinntiú.

1 Cuirtear forbhreathnú achoimre ar na pionóis i láthair in Iarscríbhinn 9A, Fíor A1.

2 Féadfaidh pionóis a bheidh faoi réir faoisimh nuair a iarrtar faoiseamh agus nuair a cheadaíonn an Roinn é ina dhiaidh sin. Is sampla de cheist faoisimh é tionchar COVID-19.

3 Cuirtear pionóis ar áireamh sna tuarascálacha ó LNÉ ar bhonn táscach, agus tá siad faoi réir measúnaithe ag an Roinn sula ngearrtar na pionóis deiridh.

**9.41** Meastar faoi láthair go soláthrófar leathanbhanda do nach mór 562,000 áitreabh faoin bplean. Ba é 115,000 an sprioc bhunaidh le haghaidh an lín áitreabh faofa faoi dheireadh Eanáir 2022, ach mhol LNÉ go laghdófaí an sprioc sin go 60,000 áitreabh. Ba é 34,456 an líon iarbhír áitreabh faofa ar an dáta sin — cothrom le 30% den sprioc bhunaidh agus le 58% den sprioc athbhreithnithe. Bhí an ráta glactha leis an tseirbhís i leith na n-áitreabh faofa níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**9.42** Sa chonradh tá níos mó ná 1,000 garsprioc agus ní íoctar fóirdheontais ina n-iomláine go dtí go ndeimhnítear gur seachadadh na garspriocanna réamh-chomhaontaithe. Faoi théarmaí an chonartha, féadfaidh LNÉ na spriocanna gaolmhara a athbhreithniú. Déanann an Roinn measúnú ar na hathbhreithnithe sin i gcomhair creidiúnachta. I mí na Bealtaine 2021, tugadh cead do LNÉ an sprioc inseachadta le haghaidh Eanáir 2021, maidir le háitribh fhaofa, a laghdú go cúlghabhálach ó 8,000 áitreabh go dtí a náid. Ón 1 Feabhra 2022 i leith, gearrtar pionóis airgeadais as moill ar bhaint amach na ngarspriocanna a bhaineann leis an tógáil. Gearrtar na pionóis sin as tearcghnóthachtáil maidir leis na spriocanna athbhreithnithe.

**9.43** Tá na fóirdheontais, a íoctar le LNÉ faoin gconradh, faoi réir deimhnithe ó dheimhnitheoir neamhspleách atá comhcheaptha ag an Roinn agus LNÉ. Mar gheall ar na moilleanna ar chur i bhfeidhm an chonartha, b’ionann na fóirdheontais iarbhír a bhí íoctha amach ag deireadh 2021 — €177.2 milliún ina iomláine — agus 48% den íocaíocht bhunaidh fóirdheontais arna soláthar le haghaidh na tréimhse go dtí an pointe sin.

**9.44** Faoi théarmaí an chonartha, ceanglaítear ar LNÉ tuarascálacha ráithiúla faireacháin feidhmíochta a chur faoi bhráid na Roinne ionas gur féidir faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht oibríochta go pras agus lena chinntiú go ngearrtar pionóis go pras nuair a thagann siad chun cinn.

**9.45** Ba í an tuarascáil feidhmíochta a chuimsigh an tréimhse idir mí Feabhra agus mí Aibreáin (R1) in 2021 an chéad tuarascáil ar mheas an Roinn go ngearrfaí pionóis i ndáil léi, pionóis a laghdódh íocaíochtaí fóirdheontais sa todhchaí. Dúirt an Roinn gur chuir LNÉ cúiseanna imní in iúl maidir le comhréireacht na bpionós ar cosúil go bhfabhrófar iad faoi chóras reatha na PFTanna.

**9.46** Bunaíodh foghrúpa feidhmíochta i mí na Samhna in 2021 chun tabhairt faoi athbhreithniú oibriúcháin ar chóras na PFTanna. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích i mí Iúil 2022.

**9.47** Cheadaigh an Roinn maolú sealadach maidir le cur isteach na dtuarascálacha eile feidhmíochta nach raibh curtha isteach go fóill, ar feitheamh chur i gcrích an athbhreithnithe. Chuir LNÉ na tuarascálacha isteach ina dhiaidh sin faoi dheireadh Lúnasa 2022. Tá an Roinn ag tabhairt faoi athbhreithniú ar gach tuarascáil agus tá sé ráite aici go ngearrfar pionóis airgeadais go cúlghabhálach, nuair is cuí, nuair a bheidh an obair sin curtha i gcrích.

## Iarscríbhinn 9A Forbhreathnú ar na pionóisa

| Pionós | Forbhreathnú |
|---|---|
| **Íocaíochtaí a chur siar maidir leis an amlíne chun garspriocanna dearaidh agus tógála a bhaint amach** | |
| Íocaíochtaí moille íocaíochtaí leanúnacha caipitil (ÍLCanna) | ▪ Tá feidhm ag pionóis mhoille ón 1 Feabhra 2022 i leith nuair atá moill níos mó ná 28 lá ann maidir le garspriocanna a bhaineann leis an tógáil a bhaint amach. Déantar pionós moille a thobhach le haghaidh gach lae ina gcuirtear moill ar bhaint amach na garsprice tógála gaolmhaire.<br>▪ Tá uasteorainn le luach comhiomlán gach íocaíochta moille.<br>▪ Má bhaineann LNÉ garsprioc a bhaineann leis an tógáil amach roimh spriocdháta na garsprice agus má tabhaíodh íocaíochtaí moille roimhe sin, féadfaidh LNÉ aisíocaíocht mhoille a éileamh. |
| Pionóis mhoille i leith garspriocanna ribín [b] | ▪ Tugadh an pionós seo isteach in 2022 chun tuilleadh cosanta a thabhairt ionas go gcinnteofaí go gcuirfí i gcrích na hoibreacha ar fad taobh istigh den achar ama sonraithe nuair a thosaigh an chéim sheolta.<br>▪ Féadfaidh LNÉ cuid den fhóirdheontas a éileamh nuair a chuirtear ribíní aonair i gcrích (50% de luach iomlán na garsprice, agus an 50% roinnte idir an líon ribíní de réir chóimheas na n-áitreabh faofa i ngach ribín). Briseann sé sin síos an cur i bhfeidhm le haghaidh limistéar seolta ina gharspriocanna ribín agus éascaíonn sé tréimhse chúlstop 12 mhí ó chur i gcrích an chéad ribín taobh istigh den limistéar seolta go dtí cur i gcrích an ribín deiridh taobh istigh den limistéar seolta. I gcás nach gcuirtear an gharsprioc ribín deiridh i gcrích i limistéar seolta, ar spriocdháta chúlstop na garsprice ribín deiridh nó roimh an dáta sin, toibhítear pionós moille le haghaidh gach lae ina gcuirtear moill ar bhaint amach an ribín deiridh ábhartha go dáta atá níos moille ná dáta chúlstop na garsprice ribín deiridh. Laghdóidh sé sin an fóirdheontas is iníoctha le LNÉ as garspriocanna tógála.<br>▪ Tá uasteorainn le luach comhiomlán gach íocaíochta moille le haghaidh phionóis mhoille na ngarspriocanna ribín, agus is i dteannta íocaíochtaí moille na ngarspriocanna a bhaineann leis an tógáil atá sé. |
| **Creidiúintí feidhmíochta as PFTanna a bhaint amach i ndáil le háitribh a nascadh agus an tseirbhís líonra a oibriú** | |
| | ▪ Tar éis dhearadh agus thógáil an líonra, ceanglaítear ar LNÉ cloí le leibhéil chomhaontaithe feidhmíochta maidir le nascadh áitreabh agus feidhmíocht oibríochtúil an líonra araon.<br>▪ Mura bhfuil feidhmíocht LNÉ i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa chonradh, fabhrófar pointí feidhmíochta agus, dá bharr sin, creidiúintí feidhmíochta agus laghdóidh siad luach na n-íocaíochtaí fóirdheontais is iníoctha le LNÉ[c]<br>▪ Tá uasteorainn le luach comhiomlán na gcreidiúintí feidhmíochta maidir le haon tréimhse rollach de cheithre ráithe i ndiaidh a chéile. Tá roinnt eisceachtaí i gceist leis an teorainn sin, áfach. |

Foinse: Comhaontú Tionscadail Idirghabhála Leathanbhanda Náisiúnta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Níor cuireadh luach na bpionós ar áireamh toisc go bhfuil siad íogair ó thaobh na tráchtála de.
b Miondealaítear cur i gcrích na n-oibreacha i ngach limistéar seolta ina ranna ar a dtugtar ribíní.
c Is ionann creidiúintí feidhmíochta agus na suimeanna is iníoctha i ndáil le mainneachtain LNÉ ceann amháin nó níos mó de na spriocleibhéil feidhmíochta chonraithe a bhaint amach.

# 10 Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

**10.1** Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú

- go gcaitear an caiteachas a thabhaíonn sé chun na gcríoch a chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus
- go gcloíonn a hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis faoina n-airbheartaíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Meastar go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear an dá cheann de na coinníollacha sin.

**10.2** Tá aon íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi théarmaí scéimeanna leasa neamhrialta, dá réir sin. Tagann na híocaíochtaí siúd aníos mar gheall ar chalaois amhrasta, earráid éilitheora nó earráid oifigiúil (féach Iarscríbhinn 10A).

**10.3** Mar gheall ar an leibhéal caiteachais a thabhaíonn an Roinn gach bliain, d'fhéadfadh an Státchiste, a chistíonn Vóta 37 Coimirce Shóisialach, nó an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a chistítear trí fháltais ranníocaíochta árachais shóisialaigh, a bheith thíos le caillteanas mór airgeadaíochta mar gheall ar theagmhas beag earráide agus/nó calaoise amhrasta, fiú.[1]

**10.4** Thabhaigh an Roinn caiteachas bliantúil arbh fhiú thart ar €20 billiún é sa tréimhse 2013 go 2019, faoi thart ar 80 ceann de scéimeanna agus de chláir. Ag léiriú fhreagra na Roinne ar phaindéim Covid-19, mhéadaigh ollchaiteachas bliantúil go €31 billiún sna blianta 2020 agus 2021 agus bhí tionchair shuntasacha aige sin ar oibríochtaí na Roinne.

- ***Leanúint de scéimeanna éigeandála:*** Chistigh an Roinn caiteachas iomlán €8.7 billiún sa bhliain 2021 (2020: €9.1 billiún) maidir le ceithre scéim a tugadh isteach chun tacaíocht a sholáthar do dhaoine aonair ar imir na srianta, a cuireadh i bhfeidhm chun tionchair na paindéime a laghdú, drochthionchar orthu. Chuir an Roinn dhá cheann de na scéimeanna — an íocaíocht dífhostaíochta paindéime (ÍDP) agus sochar breoiteachta breisithe (SBB) — i bhfeidhm. Rinne Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim dhá scéim eile — an scéim fóirdheontais shealadaigh pá (SFSP) agus an scéim fóirdheontais pá fostaíochta (SFPF) — a riar, ach chistigh an Roinn iad.[2]
- ***Rialuithe áirithe scéime a chur ar fionraí:*** Áirítear le straitéis comhlíonta agus frithchalaoise na Roinne sraith chuimsitheach rialuithe agus beart atá dírithe ar chalaois agus earráid a chosc, a dhíspreagadh agus a bhrath. D'imir srianta oibríochtúla a forchuireadh i rith 2021 mar gheall ar Covid-19 tionchar ar chóras rialaithe na Roinne do scéimeanna reatha a chur i bhfeidhm.

**10.5** Sa bhliain 2021, €29.6 billiún san iomlán a bhí i gcaiteachas scéime na Roinne (féach Fíor 10.1), a bhí thart ar an tsuim chéanna is a bhí ann sa bhliain 2020. Ina theannta sin,


- Íocadh €789 milliún ar chostais riaracháin
- Íocadh €797 milliún leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna[3]
- Íocadh €59 milliún leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

1 Sa bhliain 2021, bhí 18% (€2.6 billiún) d'ioncam CÁS i bhfoirm fóirdheontais ón Státchiste a íocadh tríd an Vóta.

2 Foráladh le reachtaíocht SFSP agus SFPF go mbeadh riar an dá scéim fóirdheontais faoi chúram agus bhainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim agus is faoi na Coimisinéirí Ioncaim atá sé na rialuithe a chur i bhfeidhm.

3 Déantar íocaíochtaí ó CÁS leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna, mar gheall gur suimeanna iad seo a bailíodh trí mhuirear ÁSPC an fhostóra thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Fíor 10.1 Caiteachas scéime Vóta agus CÁS sa bhliain 2021[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Aon difríocht dhealraitheach atá ann, tá sí mar gheall ar an slánú.

## Suirbhéanna rialaithe

**10.6** Déantar le straitéis comhlíonta agus frithchalaoise na Roinne socrú do shuirbhéanna a dhéanamh ar íocaíochtaí scéime chun an leibhéal d'íocaíocht iomarcach atá á dhéanamh a dheimhniú. Príomhthomhas é sin ar an rath a bhí ar an Roinn calaois agus earráid a chosc, a bhrath agus a dhíspreagadh ina híocaíochtaí scéime. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn freisin rioscaí a bhaineann le scéimeanna ar leith agus an gá atá le haon athruithe a dhéanamh ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm a shainaithint.[1]

**10.7** Is éard a bhaineann leis na suirbhéanna athbhreithnithe a dhéanamh ar shamplaí randamacha d'éilimh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil na faighteoirí i dteideal na híocaíochtaí atá á bhfáil acu faoi láthair a fháil agus má tá, cé acu atá nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc leo.

### *Modheolaíocht an tsuirbhé rialaithe*


Déanann suirbhéanna rialaithe athbhreithniú ar idir 500 agus 1,000 éileamh de ghnáth, a roghnaítear go randamach do gach scéim, agus tá mar chuspóir acu meastachán a sholáthar — le muinín 95% — ar an leibhéal d'íocaíocht mhícheart ag pointe ama ar leith. Is gnách go léirítear an méid seo a leanas sna suirbhéanna

- an ***ollíocaíocht iomarcach*** arb é luach iomlán aon ró-íocaíochta a sainaithníodh
- an ***ghlaníocaíocht iomarcach*** ar ina leith a dhéantar coigeartú i dtaobh aistrithe chuig scéimeanna eile i gcásanna inar deimhníodh gur íocadh ní ba mhó le héilitheoir (agus/nó le duine cleithiúnach) ná a dteidlíochtaí ar an scéim a athbhreithníodh ach go raibh siad i dteideal íocaíocht eile leasa shóisialaigh.

Measann an Roinn gurb é an ghlaníocaíocht iomarcach a sainaithníodh an tomhas is cruinne ar an leibhéal d'íocaíocht iomarcach ar scéimeanna.

1 I mí na Bealtaine 2022, d'fhoilsigh an Roinn an mhodheolaíocht mhionsonraithe le haghaidh suirbhéanna rialaithe ag www.gov.ie/en/publication/59304-detailed-methodology-for-control-surveys-in-the-department-of-social-protection.

**Fíor 10.2 Clúdach caiteachais scéime arna chur ar fáil ag suirbhéanna rialaithe[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Clúdach a chuirtear ar fáil ag suirbhéanna rialaithe a foilsíodh le deich mbliana anuas.

**10.8** Bhí beagán os cionn leath (54%) de chaiteachas scéime iomlán na Roinne sa bhliain 2021 clúdaithe ag suirbhéanna rialaithe a rinneadh le deich mbliana anuas (féach Fíor 10.2). Bhí sé sin thíos ó 61% den chaiteachas iomlán scéime sa bhliain 2020, agus ó 87% sa bhliain 2019.[1] Is mar gheall ar chur i bhfeidhm scéimeanna a bhaineann le Covid-19 go príomha atá an laghdú, nach bhfuil aon suirbhéanna rialaithe déanta ina leith.[2] Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh nach mbeadh torthaí na suirbhéanna rialaithe a foilsíodh sa bhliain 2012 maidir le dhá scéim ardluacha bailí a thuilleadh, agus dá bhrí sin, baineadh as an anailís iad.[3,4]

**10.9** D'fhoilsigh an Roinn dhá shuirbhé rialaithe sna blianta 2021 agus 2022, agus níor fhoilsigh sí ceann ar bith sa bhliain 2020. Luaigh an Roinn nár foilsíodh aon suirbhéanna rialaithe le linn 2020 mar gheall ar shrianta sláinte agus sábháilteachta éagsúla, agus mar gheall ar ualach oibre breise na Roinne mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Luaigh an Roinn a tiomantas do dhá shuirbhé rialaithe a fhoilsiú in aghaidh na bliana agus a chinntiú go mbeadh clúdach leordhóthanach ann sna blianta atá le teacht.

**10.10** Ba cheart gach príomhthoisc riosca a bhreithniú faoi chuimsiú na suirbhéanna rialaithe amach anseo. Ní áirítear sa suirbhé atá le teacht ar an scéim liúntais míchumais athbhreithniú ar incháilitheacht leighis, áfach, atá mar phríomhchoinníoll scéime. Luaigh an Roinn, dá gcuirfí athbhreithnithe leighis san áireamh, chuirfeadh sé sin moill suas le 18 mí ar an am chun an suirbhé a chomhlánú. Chomh maith leis sin, creideann an Roinn nach mbeidh tionchar ábhartha ann ar thoradh an tsuirbhé mar gheall ar easpa athbhreithnithe leighis ón suirbhé i bhfianaise leibhéal sách ard na gcinntí maidir le hathbhreithniú leighis a chuirtear ar ceal ar achomharc — tá sí ag súil leis go mbeidh líon na gcásanna nach mbeidh cead acu ar fhorais leighis cothrom le níos lú ná 1%.[5]

## Impleachtaí suirbhéanna rialaithe d'iniúchtaí

**10.11** Léirítear i Fíor 10.3 an caiteachas sa bhliain 2021 ar scéimeanna Vóta agus CÁS ar tugadh faoi shuirbhéanna rialaithe ina dtaobh (uair amháin ar a laghad) ó 2013 agus an leibhéal d'íocaíocht neamhrialta a sainaithníodh.

1 Tá an clúdach suirbhé rialaithe le haghaidh scéimeanna nach mbaineann le Covid-19 cothrom le 77% sa bhliain 2021 i gcomparáid le 87% sna blianta 2020 agus 2019.

2 Luaigh an Roinn go raibh na scéimeanna a bhaineann le Covid-19 sealadach agus, mar sin, gur bheag tairbhe a bhainfeadh le suirbhé rialaithe ar na scéimeanna maidir le leasuithe ar rialuithe scéime. Tá na scéimeanna dúnta anois, agus na faighteoirí deiridh ag aistriú go gnáthscéimeanna cuardaitheora poist i mí na Bealtaine 2022.

3 B'ionann caiteachas scéime liúntais míchumais agus €1,829 milliún sa bhliain 2021. Mheas an suirbhé rialaithe deireanach ar an scéim sin, a foilsíodh sa bhliain 2012, gur cothrom le 4.6% a bhí leibhéal na nglaníocaíochtaí iomarcacha. Thosaigh suirbhé rialaithe nua ar an scéim i mí Aibreáin 2022.

4 B'ionann caiteachas scéime sochair cuardaitheora poist agus €332 mhilliún sa bhliain 2021. Mheas an suirbhé rialaithe deireanach ar an scéim sin, a foilsíodh sa bhliain 2012, gur cothrom le 1.6% a bhí leibhéal na nglaníocaíochtaí iomarcacha. Thosaigh suirbhé rialaithe nua ar an scéim i mí Feabhra 2022.

5 Thug an Roinn faoi deara nach raibh ach 17 ndícheadú (tá 15 dóibh faoi achomharc) ann as an 1,284 athbhreithniú leighis a rinneadh sa bhliain 2022.

**Fíor 10.3 Leibhéal measta d'íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna a bhí faoi réir suirbhéanna rialaithe a foilsíodh ó 2013**

| Scéim (agus bliain foilsithe)[a] | Costas na scéime sa bhliain 2021 €m | Leibhéal measta glaníocaíochta iomarcaí[b] |
|---|---|---|
| Sochar linbh (2022) | 2,090 | 1.4% |
| Liúntas cuardaitheora poist (2022) | 1,567 | 7.9% |
| Pinsean stáit (neamhranníocach) (2019) | 1,083 | 6.5% |
| Liúntas cúramóra (2018) | 931 | 9.1% |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora (2021) | 561 | 5.9% |
| Íocaíocht teaghlaigh oibre (2016) | 338 | 0.6% |
| Forlíonadh cíosa (2014) | 123 | 6.0% |
| Liúntas leasa forlíontach (2017) | 95 | 2.6% |
| Cúnamh feirme (2016) | 59 | 12.7% |
| Liúntas fiontraíochta chun filleadh ar obair (2019) | 29 | 3.3% |
| Pinsean stáit (ranníocach) (2017) | 6,187 | 2.1% |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh (2014) | 1,651 | 0.7% |
| Pinsean easláine (2015) | 730 | 1.5% |
| Sochar breoiteachta (2015) | 571 | 6.0% |

Scéimeanna atá cistithe ag an Vóta

Scéimeanna atá cistithe ag an gCiste Árachais Shóisialaigh

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Ní chuirtear an suirbhé ar shochair theaghlaigh in 2016 san áireamh mar gheall nár bhain an suirbhé ach leis na tairbhithe nach raibh íocaíocht leasa eile á fáil acu agus ní raibh siad sin freagrach ach as 7% díobh sin a raibh an pacáiste sochar á fháil acu. Scrúdaíodh scéimeanna ina raibh 62% eile d'fhaighteoirí sochair teaghlaigh ó 2016 ar aghaidh — measann an Roinn gurb é an ráta earráide maidir le teidlíocht don phacáiste sochar do na scéimeanna ar a ndearnadh suirbhé ná 1.3% de réir luacha.

b Is é an ghlaníocaíocht iomarcach luach na n-íocaíochtaí iomarcacha lúide aistrithe chuig scéimeanna eile. Glaníocaíochtaí iomarcacha iad na figiúirí atá léirithe, a sainaithníodh i suirbhéanna rialaithe mar chéatadán de luach iomlán na n-íocaíochtaí tacaíochta ioncaim a cuireadh san áireamh sna cásanna suirbhé.

**10.12** Tá éagsúlacht leathan ann sa leibhéal íocaíochtaí iomarcacha a aimsíodh i suirbhéanna.

- Maidir le scéimeanna atá cistithe ag an Vóta, is idir 0.6% de chaiteachas scéime (íocaíocht teaghlaigh oibre) agus 12.7% de chaiteachas scéime (cúnamh feirme) atá na rátaí measta de ghlaníocaíochtaí iomarcacha.
- Is idir 0.7% (pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh) agus 6% (sochar breoiteachta) atá na rátaí measta glaníocaíochtaí iomarcacha do scéimeanna CÁS.

## Torthaí an tsuirbhé rialaithe is déanaí

### *Liúntas cuardaitheora poist*

**10.13** I mí Feabhra 2022, d'fhoilsigh an Roinn torthaí an tsuirbhé rialaithe maidir leis an scéim liúntais cuardaitheora poist, scéim de réir tástála acmhainne atá ann atá ar fáil dóibh siúd atá ag obair trí lá in aghaidh na seachtaine nó níos lú, a bhíonn ina gcónaí de ghnáth sa Stát, agus a bhfuil fostaíocht lánaimseartha á lorg acu i ndáiríre. Scrúdaigh an suirbhé 750 éileamh a bhí á n-íoc sna blianta 2020 agus 2021 ina dtrí bhaisc — 250 éileamh i mí Eanáir 2020, 250 éileamh i mí na Samhna 2020 agus 250 éileamh i mí Iúil 2021.

**10.14** Is é sin an dara suirbhé 'rollach' ar an scéim liúntais cuardaitheora poist a d'fhoilsigh an Roinn — foilsíodh an suirbhé roimhe i mí Eanáir 2021. Luaigh an Roinn go ndéanfaí suirbhéanna ar bhaisceanna éileamh ar bhonn ráithiúil sna blianta atá le teacht.

**10.15** Fuair an suirbhé rialaithe amach go raibh 18% d'éilitheoirí liúntais cuardaitheora poist a ndearnadh suirbhé orthu ag fáil níos mó ná an tsuim a raibh siad ina teideal. Measadh gur cothrom le 8% den chaiteachas ar na cásanna a sampláladh a bhí luach na ró-íocaíochtaí.[1] Laghdaigh aistrithe go scéimeanna eile an leibhéal íocaíochta iomarcaí go glanfhigiúr 7.9%. Tá comparáid idir sin agus an leibhéal glaníocaíochta iomarcaí 8.3% a fuarthas amach sa suirbhé rialaithe roimhe a foilsíodh sa bhliain 2021.

**10.16** Fuair an suirbhé rialaithe amach chomh maith go raibh ganníocaíocht á fáil ag 5.1% d'éilitheoirí, agus na ganníocaíochtaí cothrom le 0.9% de chaiteachas scéime ar fud na n-éileamh a scrúdaíodh.

**10.17** Luaigh an tuarascáil ar an suirbhé rialaithe tionchar phaindéim Covid-19 ar rialuithe scéime le linn na tréimhse a scrúdaíodh, agus baill foirne curtha ag bainistiú iarratais íocaíochta dífhostaíochta paindéime, anailísíocht sonraí curtha ar fionraí ó mhí an Mhárta 2020 go mí na Samhna 2021, srianta curtha le caidrimh aghaidh ar aghaidh le héilitheoirí, agus gach éileamh nua íoctha trí ríomhaistriú airgid (RAA).

**10.18** Ag 7.9%, is ard atá an leibhéal glaníocaíochta iomarcaí a bhraith an suirbhé. Rinne an Roinn achoimre ar na céimeanna a tugadh chun dul i ngleic leis na príomhrioscaí scéime a sainaithníodh ag an suirbhé agus chun na rialuithe ar an liúntas cuardaitheora poist a fheabhsú (féach Fíor 10.4).

1 Ba iad na príomhchúiseanna a bhí le híocaíochtaí iomarcacha maoin neamhfhógartha (3.9% de chaiteachas scéime), teip an éilitheora an t-eolas riachtanach a chur ar fáil (2% de chaiteachas scéime) agus teip na critéir incháilitheachta a shásamh (1.4% de chaiteachas scéime).

**Fíor 10.4 Liúntas cuardaitheora poist — torthaí an tsuirbhé rialaithe agus athruithe ar rialú**

**Riosca scéime**

- is mó seans (36% de chásanna) go bhfaighidh éilitheoirí a bhfuil maoin acu, seachas í sin a thagann ón bhfostaíocht, ró-íocaíocht i gcomparáid leo siúd nach bhfuil aon mhaoin eile acu (15%)
- tá an riosca go ndéanfar ró-íocaíocht le hoibrithe páirtaimseartha/ócáideacha (31%) dhá uair chomh hard le hoibrithe neamhócáideacha (15%)[a]
- tá riosca ró-íocaíochta níos airde (29%) ag éilitheoirí atá pósta nó atá ina gcónaí lena chéile ná atá ag éilitheoirí singile (11%)
- riosca méadaithe ró-íocaíochta trí RAA (24%) i gcomparáid le híocaíochtaí oifige poist (14%)
- tá riosca ró-íocaíochta níos airde ag éilitheoirí os cionn 25 bliana d'aois (20%) ná atá ag éilitheoirí faoi bhun 25 bliana d'aois (6%)

**Athruithe ar an gcóras rialaithe**

- thosaigh an Roinn le meaitseáil sonraí arís le heolas duillín pá fíor-ama ó Choimisinéirí Ioncaim i mí na Samhna 2021 — forbraíodh rialacha maidir le hathruithe ar mhaoin nó fostaíocht d'éilitheoirí agus a ndaoine fásta cáilitheacha, agus athruithe ar mhaoin do chuardaitheoirí poist ócáideacha a aimsiú
- an tAonad um Imscrúdú Speisialta a úsáid chun díriú ar rioscaí níos airde, ar nós obair agus éileamh san am céanna, an scáthgheilleagar agus comhlíonadh ÁSPC
- a chinntiú go n-íocfar gach iarrthóir nua ar liúntas cuardaitheora poist ag an oifig poist, agus faoi dheireadh, go n-íocfar gach cuardaitheoir poist tríd an oifig poist[b]
- tugadh ar ais an ceanglas chun freastal ar oifig poist nó ionad Intreo le deimhniú agus le síniú tar éis é sin a chur ar fionraí le linn phaindéim Covid-19[c]

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Ba é tátal na tuarascála gurb amhlaidh, cé go raibh sé níos dóchúla go ndéanfaí ró-íocaíocht le hoibrithe ócáideacha ná le hoibrithe neamhócáideacha, nach léirítear é sin sa tionchar caiteachais, mar bíonn an méid ró-íocaíochta, ar an meán, níos lú.

b I mí na Bealtaine 2022, cuireadh an ciorclán, lenar ceadaíodh gach cuardaitheoir poist a íoc trí ríomhaistriú airgid, ar ceal agus tugadh na socruithe íocaíochta roimhe ar ais, lena n-áirítear íocaíocht éileamh nua agus athéileamh ag oifig poist amháin.

c Luaigh an Roinn gur ceanglaíodh ar chuardaitheoirí poist síniú i mí na Bealtaine 2022. Beidh síniú spriocdhírithe de dhíth i measc éilitheoirí roghnaithe mar rialú leanúnach.

## *Sochar linbh*

**10.19** I mí Feabhra 2022, d'fhoilsigh an Roinn torthaí an tsuirbhé rialaithe ar an scéim sochair linbh, atá iníoctha le tuismitheoirí nó caomhnóirí

- gach leanbh faoi bhun 16 bliana d'aois
- leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois atá san oideachas nó oiliúint lánaimseartha, nó nach bhfuil in ann iad féin a chothú mar gheall ar mhíchumas.

**10.20** Níl an sochar tástáilte ó thaobh acmhainne, ach caithfear critéir ghnáthchónaithe a shásamh.

**10.21** Scrúdaigh an suirbhé 600 éileamh a bhí á n-íoc i mí na Bealtaine 2021. Fuair an suirbhé rialaithe amach go raibh leibhéal glaníocaíochta iomarcaí 1.4% de chaiteachas scéime ann.[1,2] Tá comparáid idir sin agus leibhéal glaníocaíochta iomarcaí 0.5% a fuarthas amach sa suirbhé rialaithe roimhe a foilsíodh sa bhliain 2013. Ní raibh cás ar bith d'fho-íocaíocht aimsithe ag an suirbhé rialaithe sin.

1 Ní thagann aistrithe chuig scéimeanna eile chun cinn i gcás na scéime seo. Mar sin táan ollíocaíocht iomarcach agus an ghlaníocaíocht iomarcach araon cothrom le 1.4%.

2 Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna le híocaíocht iomarcach: teaghlach gan a bheith ina chónaí sa Stát (1.2% de chaiteachas scéime); theip ar an éilitheoir eolas a bhí de dhíth a chur ar fáil (0.1% de chaiteachas scéime); agus an leanbh gan a bheith ina gcónaí leis an éilitheoir (0.1% de chaiteachas scéime).

**10.22** Níor mhol an Roinn aon athruithe ar rialuithe scéime, ag cinneadh go bhfanfadh na rialuithe reatha i bhfeidhm agus go ndéanfaí monatóireacht leanúnach orthu, mar gheall ar rioscaí íseal-leibhéil na scéime.

### *Ró-íocaíochtaí a aisghabháil*

**10.23** Féadfaidh an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar íocaíocht sochair nuair a thagann fianaise nua chun solais a théann i bhfeidhm ar incháilitheacht do theidlíocht íocaíochta scéime nó ar luach na híocaíochta. Féadfar socair a athbhreithniú chomh maith nuair a shainaithnítear earráid roimh ré nó éileamh a mheastar a bheith calaoiseach. Má tá an sochar athbhreithnithe níos ísle ná an íocaíocht a bhí á fáil ag an éilitheoir, féadfaidh an Roinn fiach ró-íocaíochta a ardú in aghaidh an éilitheora maidir le híocaíochtaí roimhe.

**10.24** Tá an fhreagracht maidir leis an gcinneadh ró-íocaíocht a ardú ar an oifigeach breithiúnachta cáis. Foilsíonn an Roinn treoir inmheánach do gach ball foirne maidir le measúnú ar ró-íocaíochtaí, ag brath ar na cúinsí a cinneadh a bheith mar chúis leis an íocaíocht iomarcach.

- **Earráid custaiméara** — sa chás nach bhfuil fianaise ar bith ann gur chuir an custaiméir eolas mícheart ar fáil d'aon turas nó d'aon ghnó — déanfaidh an t-oifigeach breithiúnachta cinneadh ar bhonn cás ar chás ar cé acu atá cinneadh 'dáta reatha' (i.e., leasú ar íocaíochtaí amach anseo, ach gan aisghabháil ró-íocaíochtaí roimhe) nó cinneadh 'cúlghabhálach' cuí (i.e., ró-íocaíocht a ardú).
- **Earráid ag oifigeach de chuid na Roinne** — déanfaidh an t-oifigeach breithiúnachta cinneadh ar bhonn cás ar chás ar cé acu atá cinneadh dáta reatha nó cinneadh cúlghabhálach cuí.
- **Calaois nó ceilt fíricí** — ba cheart don oifigeach breithiúnachta cinneadh cúlghabhálach a dhéanamh i gcónaí. Tá ard-dualgas cruthúnais ag teastáil chun ró-íocaíocht a ardú i gcás ina bhfuil amhras faoi mhí-éileamh d'aon turas. Ní mór don oifigeach breithiúnachta a fháil amach go raibh fianaise a chuir an t-éilitheoir ar fáil bréagach nó míthreorach d'aon turas nó gur cuireadh fíricí i bhfolach go toiliúil.[1]

**10.25** D'aimsigh an suirbhé rialaithe ar an liúntas cuardaitheora poist 135 chás íocaíochta iomarcaí as na 750 íocaíochta a scrúdaíodh sa suirbhé. Roghnaigh an fhoireann scrúdaithe 25 chás íocaíochtaí iomarcacha a roghnú go randamach agus a athbhreithniú, chun an gníomh ina dhiaidh sin a fháil amach.

- In ocht gcás, ardaíodh ró-íocaíocht — rinneadh aisghabháil iomlán i dtrí chás; tá an aisghabháil fós ar siúl i gcás amháin; agus níor thosaigh an aisghabháil go fóill sna ceithre chás eile.
- I dtrí chás déag, rinne an t-oifigeach breithiúnachta cinneadh dáta reatha, agus mar sin níor ardaíodh aon ró-íocaíocht — sa chuid is mó de na cásanna sin, d'fhógair an t-éilitheoir maoin roimhe sin, ach níor cuireadh an Roinn ar an eolas nuair a méadaíodh an mhaoin sin.
- I gceithre chás, níor ardaíodh ró-íocaíocht ar bith ar roinnt cúiseanna — cuireadh an t-éileamh ar ceal mar níor thug an t-éilitheoir freagra ar an suirbhé; chuir an t-éilitheoir an t-éileamh ar ceal gan mhoill i ndiaidh teagmháil a dhéanamh leis an Roinn; tugadh ar ais an t-éileamh i ndiaidh stop a chur leis nuair a thosaigh an t-éilitheoir ag déanamh teagmháil leis an Roinn; nó earráid oifigiúil a bhí san íocaíocht iomarcach a taifeadadh.

1 Deirtear sa reachtaíocht go dtiocfaidh an cinneadh athbhreithnithe i bhfeidhm ó dháta an chinnidh bunaidh (nuair a cuireadh cáipéisí míthreoracha ar fáil nó nuair a cuireadh fíricí i bhfolach), ach tá cead ag an oifigeach breithiúnachta ró-íocaíocht a ardú le haghaidh tréimhsí nach mbaineann an t-eolas míthreorach nó na fíricí a coinníodh siar.

**10.26** Maidir leis an suirbhé rialaithe ar shochar linbh, scrúdaigh an fhoireann scrúdaithe na deich gcás go léir (as 600 íocaíocht a scrúdaigh an suirbhé) i gcás inar aimsíodh íocaíocht bhreise sa suirbhé.

- I dtrí chás, ardaíodh ró-íocaíocht — in dhá cheann de na cásanna sin, fuair an Roinn an ró-íocaíocht iomlán ar ais agus tá aisghabháil ar siúl sa tríú chás.
- I gcás amháin, cuireadh fianaise ábhartha ar fáil ina dhiaidh sin agus tugadh an t-éileamh ar ais.
- I sé chás, níor ardaíodh ró-íocaíocht, agus stop curtha leis an íocaíocht i gcúig cinn de na cásanna sin — luaigh an Roinn ina dhiaidh sin nach bhfuil seoladh reatha an éilitheora ar eolas sna cásanna sin agus nárbh fhéidir dáta deireanach na teidlíochta a fháil amach; dá mba rud é go ndearna an t-éilitheoir iarracht an t-éileamh a thabhairt ar ais, lorgófaí fianaise dhoiciméadach agus d'ardófaí ró-íocaíocht.[1]

**10.27** Cuireann an scrúdú seo in iúl nár ardaíodh ró-íocaíochtaí sa chuid is mó de na cásanna inar shainaithin na suirbhéanna rialaithe íocaíocht iomarcach. Ní dhearnadh taifead ar an réasúnaíocht a bhí taobh thiar de ró-íocaíocht a ardú, nó de gan í a ardú, sna cáschomhaid a scrúdaíodh ag am an tsuirbhé rialaithe. Luaigh an Roinn go ndúirt sé le hoifigigh bhreithiúnachta i mí Aibreáin 2021 an chúis ar chinn siad cinneadh dáta reatha seachas cinneadh cúlghabhálach a eisiúint a lua go soiléir agus a thaifeadadh.

**10.28** Rinne an fhoireann scrúdaithe scrúdú freisin ar shampla randamach de dheich gcás ón dá shuirbhé rialaithe nár aimsigh an Roinn íocaíocht iomarcach iontu. D'aontaigh an fhoireann le toradh na Roinne nach raibh na híocaíochtaí a scrúdaíodh neamhrialta.

## Tástáil shamplach ar éilimh íocaíochta dífhostaíochta paindéime (ÍDP)

**10.29** B'ionann íocaíochtaí dífhostaíochta paindéime (ÍDP) sa bhliain 2021 agus costas €4 billiún ar CÁS (2020: €5 billiún). Bhí na híocaíochtaí ar fáil do dhaoine fostaithe agus féinfhostaithe araon ar cuireadh isteach ar a dtuilleamh mar gheall ar shrianta a forchuireadh mar fhreagra ar Covid-19.

**10.30** In athbhreithniú ar 219 n-éilitheoir fhostaithe ar ÍDP, fuair an t-iniúchadh amach go raibh fianaise ann nach raibh an t-éilitheoir incháilithe don íocaíocht a fuair siad ar an dáta íocaíochta a tástáladh i gcás thart ar 8% de na héilimh a scrúdaíodh sa bhliain 2021. In dhá thrian de na cásanna sin, bhí fianaise ann go raibh an t-éilitheoir fostaithe agus ÍDP á fháil acu. Sna cásanna neamh-incháilithe a bhí fágtha, ní raibh fianaise ar bith ann gur cailleadh post, ag tabhairt le fios nach raibh na héilitheoirí ag obair sula ndearna siad éileamh ar ÍDP.[2]

**10.31** Rinneadh athbhreithniú sa bhliain 2021 ar shampla de 53 éileamh d'fhaighteoirí ÍDP a d'fhógair go raibh siad féinfhostaithe. Sna cásanna sin, fuair an t-iniúchadh amach go raibh líon suntasach cásanna ann ina raibh easpa fianaise ar comhad chun cailliúint oibre a chruthú. Ní dhearnadh aon tuairisceán féinfhostaithe le haghaidh 2020 do 23 cinn (43%) de na cásanna sin, agus maidir le ceithre chás (8%), ní raibh fianaise ar bith gur cuireadh tuairisceán isteach le haghaidh 2019.[3]

1 Sa séú cás, níor thug an t-éilitheoir freagra ar an suirbhé rialaithe, ach bhí teagmháil chomhuaineach eile ag an Roinn maidir le scéim eile a chuir fianaise dhóthanach ar fáil ar incháilitheacht don íocaíocht sochair linbh.

2 Maidir leis na cásanna sin, níor thaispeáin sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim aon fhianaise maidir le fostaíocht le déanaí agus ní raibh aon stair ranníocaíochta ÁSPC ann. Ní raibh fianaise ar bith ann ach oiread maidir le féinfhostaíocht le déanaí do na cásanna nach raibh aon fhianaise ann gur cailleadh fostaíocht.

3 Is é an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain a thagann i ndiaidh bhliain an mheasúnaithe an dáta reachtúil le haghaidh tuairisceáin chánach ioncaim a chomhdú, e.g., ceanglaíodh tuairisceáin chánach ioncaim 2020 a chomhdú faoin 31 Deireadh Fómhair 2021. Síneann socrú riaracháin an dáta comhdaithe dóibh siúd a chomhdaíonn ar líne go dáta ar leith le linn mhí na Samhna gach bliain. Don bhliain mheasúnaithe 2020, 19 Samhain 2021 a bhí sa dáta comhdaithe sínte.

**10.32** D'fhiosraigh an t-iniúchadh sampla randamach de 25 chás fhéinfhostaithe ÍDP a scrúdaíodh d'iniúchadh 2020, ar cheart eolas breise a bheith ar fáil ina leith. Fuarthas amach go ndearna 15 éilitheoir (60%) tuairisceáin chánach ioncaim bhliantúla leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le tuilleamh seachas ÍDP sa bhliain 2020. Ós rud é gur thuairisceáin bhliantúla chomhiomlána iad sin, ní raibh sé soiléir cé chomh mór agus a bhí an tionchar ar ioncam mar gheall ar shrianta a bhaineann le Covid-19.

**10.33** In 11 cheann de na 15 chás, léirigh na tuairisceáin a rinneadh gur tháinig laghdú ar thuilleamh an éilitheora sa bhliain 2020 i gcomparáid le 2019.[1] Ach,

- bhí ioncam comhchosúil ag beirt éilitheoir sna blianta 2019 agus 2020, in ainneoin ÍDP a bheith á éileamh acu gach seachtain ar feadh naoi mí sa bhliain 2020 (d'éiligh an bheirt acu ó mhí an Mhárta 2020 go lár 2021)
- thuairiscigh éilitheoir eile ioncam 2020 a bhí níos mó ná 50% níos airde ná ioncam 2019, in ainneoin ÍDP a fháil ar feadh 8.5 mí sa bhliain 2020.

**10.34** I ndeich gcinn de na 25 chás fhéinfhostaithe ÍDP a scrúdaíodh, níor chuir na héilitheoirí tuairisceán cánach ioncaim isteach le Coimisinéirí Ioncaim maidir le 2020. Mar thoradh air sin, níl fianaise ar bith ag an Roinn trí thuairisceáin na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh na hÍocaíochtaí Dífhostaíochta Paindéime a rinneadh sna cásanna sin bailí. Luaigh an Roinn gur ábhar comhlíonta é gan tuairisceán cánach a chur isteach ag daoine féinfhostaithe agus tá sé le fiosrú ag na Coimisinéirí Ioncaim. Cé nár fhiosraigh an Roinn cásanna mar sin amhail mí Lúnasa 2022, luaigh sí go raibh sé mar rún aici, i gcomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim, aon chás den sórt sin a shainaithint lena athbhreithniú ó dheireadh Ráithe 3 nó ó thús Ráithe 4 de 2022.

**10.35** Tá na torthaí iniúchta maidir le caiteachas ÍDP 2021 seasmhach tríd is tríd leo sin ó iniúchadh 2020, agus léiríonn siad gur lean an ráta íocaíochta neamhrialta ar scéim ÍDP de bheith ábhartha sa bhliain 2021.[2] Ní dhearnadh aon suirbhé rialaithe chun leibhéal íocaíochtaí neamhrialta na n-éilitheoirí ÍDP a mheas ar shlí níos iontaofa.

## Tionchar Covid-19 ar rialuithe scéime sa Roinn

**10.36** Déantar an leibhéal measta d'íocaíocht neamhrialta a aimsítear i suirbhé rialaithe a thomhas nuair a bhíonn gníomhaíochtaí rialaithe na Roinne ag oibriú mar is gnách. D'imir Covid-19 tionchar ar chumas na Roinne roinnt dá gnáthrialuithe a oibriú ar a scéimeanna nuair a bhí iarratais nua á bpróiseáil agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rialaithe eile d'éilimh a bhí á n-íoc. Luaigh an Roinn an méid seo a leanas maidir leis an mbliain 2020

- ba ghá an fhoireann a ath-imlonnú go forleathan chun tabhairt faoi obair eile ar tugadh tús áite di mar gheall ar an tionchar a d'imir srianta sláinte poiblí
- d'imir srianta ar ghluaiseacht phearsanta agus ar idirghníomhú pearsanta tionchar ollmhór ar an margadh saothair agus tháinig méadú gan fasach ar an dífhostaíocht dá dheasca sin
- rinne bainisteoirí limistéar scéime, i gcomhar leis an Rúnaí Cúnta atá freagrach, cinntí maidir le rialuithe áirithe scéime a chur ar fionraí nó a chiorrú i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na rioscaí ábhartha, agus iad ag cloí a mhéid ab fhéidir leis na srianta sláinte agus sábháilteachta.

**10.37** Lean na srianta ar rialuithe scéime ar aghaidh sa bhliain 2021, ach le linn na bliana rinneadh dul chun cinn ar rialuithe a thabhairt ar ais nó modhanna malartacha a úsáid ar roinnt scéimeanna.

1 Ní raibh aon tuilleamh ag éilitheoir amháin sa bhliain 2019 lena chur i gcomparáid le tuilleamh 2020.

2 Féach caibidil 11, *Rialuithe maidir le híocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19*, Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020.

**10.38** Tugtar achoimre in Iarscríbhinn 10B ar na hathruithe a rinneadh ar na príomhrialuithe i leith 16 scéim mar gheall ar shrianta Covid-19 agus ar ghníomhartha na Roinne sna blianta 2020 agus 2021 chun tionchar na n-athruithe a mhaolú agus na rialuithe siúd a chur ar bun an athuair. Rinne an scrúdú athbhreithniú ar na hathruithe a rinneadh ar phríomhrialuithe agus rinneadh measúnú ann ar thionchar na n-athruithe sin ar an leibhéal measta d'íocaíocht neamhrialta de réir scéime. Fuaireamar amach go raibh sé dóchúil go mbeadh riosca go ndéanfaí íocaíochtaí ar mhó iad ná an teidlíocht níos airde ná mar is gnách mar thoradh ar an leanúint de rialuithe scéime srianta sa bhliain 2021.

### *Rialuithe ar an scéim sochair breoiteachta bhreisithe*

**10.39** Scéim nua a bhaineann le Covid-19 a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020 a bhí sa scéim sochair breoiteachta bhreisithe (SBB), agus bhí sí ar fáil d'fhostaithe agus daoine féinfhostaithe nach bhféadfadh oibriú sa ghearrthéarma mar gheall go raibh Covid-19 orthu nó go raibh deimhniú leighis acu a mhol dóibh féinleithlisiú nó srian a chur ar a ngluaiseachtaí. B'ionann caiteachas scéime sa bhliain 2021 agus €106 mhilliún (2020: €57 milliún).

**10.40** Dheimhnigh iniúchadh airgeadais 2020 ar ráitis airgeadais CÁS nár seiceáladh stair ranníocaíochtaí ÁSPC le déanaí de chuid éilitheoirí sular tosaíodh ar a n-éilimh a íoc, agus d'eascair riosca go ndéanfaí íocaíocht neamhrialta as sin sa chás nár shásaigh éilitheoirí na coinníollacha incháilitheachta. Thug an Roinn faoi anailís ar roinnt éilitheoirí ardriosca a raibh SBB á fháil acu lena n-incháilitheacht a dheimhniú. Léiríonn torthaí na hanailíse sin go raibh riosca íseal ann go ndéanfaí éilimh SBB a cheadú nuair nár chomhlíon an t-éilitheoir an ceanglas incháilitheachta ranníocaíochta.

## Conclúidí

**10.41** Mar thoradh ar roinnt freagraí beartais ar na dúshláin a bhí ann mar gheall ar phaindéim Covid-19, tháinig méadú níos mó ná 50% sna blianta 2020 agus 2021 ar chaiteachas ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, i gcomparáid le meánleibhéal an chaiteachais sna blianta roimhe. Agus caiteachas iomlán de bhreis is €31 billiún sa bhliain 2021, is féidir le leibhéil bheaga íocaíochtaí atá níos mó ná teidlíochtaí leasa a bheith ina gcúis le cailliúintí suntasacha cistí poiblí.

**10.42** Is ábhartha atá an leibhéal d'íocaíochtaí neamhrialta a d'aimsigh an Roinn trína clár leanúnach suirbhéanna rialaithe ar leibhéal na scéime. Cé nach ndearnadh aon suirbhé maidir le scéimeanna sealadacha a bhaineann le Covid-19, léiríonn an obair a rinneadh mar chuid den iniúchadh ar ráitis airgeadais bhliantúla na Roinne le haghaidh 2020 agus 2021 go bhfuil sé dóchúil go raibh patrún suntasach íocaíochtaí ann a bhí níos mó ná a bhí ceart faoin scéim ÍDP. Bunaithe ar na torthaí sin, rinne mé tagairt i mo thuarascálacha iniúchta ar chuntas leithreasa 2021 do Vóta 37 Coimirce Shóisialach agus ar ráitis airgeadais CÁS 2021 don leibhéal ábhartha neamhrialtachta d'íocaíochtaí scéime.

### *Suirbhéanna rialaithe*

**10.43** Tugtar le fios san fhianaise atá ar fáil gurb ann do phatrún ábhartha íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí éilitheoirí faoi go leor scéimeanna leasa. Dearbhaíodh é sin bunaithe ar an leibhéal íocaíochtaí neamhrialta a aimsíodh trí na suirbhéanna rialaithe is déanaí de chuid na Roinne, ar scéimeanna liúntais cuardaitheora poist agus sochair linbh (a foilsíodh i mí Feabhra 2022).

**10.44** Bhí an méid caiteachais scéime sa bhliain 2021 ar foilsíodh suirbhéanna rialaithe ina leith le deich mbliana anuas cothrom le 54% sa bhliain 2021. Bhí sé sin thíos ó 61% le haghaidh chaiteachais 2020, mar gheall ar an am atá caite ó foilsíodh suirbhéanna an uair dheireanach maidir le dhá scéim mhóra go príomha (sa bhliain 2012): liúntas míchumais agus sochar cuardaitheora poist.[1] Thosaigh an Roinn ar shuirbhéanna rialaithe a dhéanamh ar an dá scéim sa bhliain 2022.

**10.45** Tá méadú ar líon na suirbhéanna rialaithe a chuirtear i gcrích de dhíth lena chinntiú go mbeidh clúdach leordhóthanach ann ar chaiteachas scéime sna blianta atá le teacht. Luaigh an Roinn go bhfuil sí tiomanta do dhá shuirbhé rialaithe a fhoilsiú in aghaidh na bliana agus a chinntiú go mbeidh clúdach leordhóthanach ann sna blianta atá le teacht.

### *Torthaí an tsuirbhé rialaithe is déanaí*

**10.46** Chuir an Roinn athruithe i bhfeidhm ar rialuithe ar an scéim liúntais cuardaitheora poist chun dul i ngleic leis na rioscaí a sainaithníodh in obair suirbhé a rinneadh sa bhliain 2021. Níor mheas an Roinn go raibh sé riachtanach rialuithe a athrú ar an scéim sochair linbh mar fhreagra ar thorthaí an tsuirbhé rialaithe ar an scéim sin, rud a cuireadh i gcrích sa bhliain 2021 chomh maith.

### *Ró-íocaíochtaí a aisghabháil*

**10.47** Fuair an scrúdú amach gur tharla sé, i gcás sampla de 35 cinn de na cásanna suirbhé inar shainaithin an Roinn íocaíocht iomarcach sna suirbhéanna rialaithe is déanaí, gur taifeadadh ró-íocaíochtaí le haghaidh níos lú ná aon trian (11 chás). Sa chuid is mó de na cásanna a bhí fágtha, chuir an t-oifigeach breithiúnachta cinneadh 'dáta reatha' i bhfeidhm (a chiallaíonn go raibh coigeartú íocaíochta ar íocaíochtaí amach anseo amháin agus nár lorgaíodh aon aisghabháil ar íocaíochtaí iomarcacha roimhe sin), nó chinn an Roinn nach raibh dóthain eolais aici chun suim na ró-íocaíochta a ríomh.

**10.48** Meastar go bhfuil seans beag ann go gceanglófar ró-íocaíocht ar bith a fuarthas san am atá caite a aisíoc, fiú má aimsítear cás teidlíochta iomarcaí. D'fhéadfadh go gciallaíonn sé sin gur beag dreasacht atá ann nó nach bhfuil dreasacht ar bith ann do go leor éilitheoirí chun an Roinn a choinneáil ar an eolas maidir le heolas atá ábhartha dá n-éilimh.

### *Tionchar Covid-19 ar rialuithe scéime sa Roinn*

**10.49** Sa bhliain 2020, d'imir Covid-19 tionchar ar chumas na Roinne roinnt dá gnáthrialuithe a oibriú ar a scéimeanna nuair a bhí iarratais nua á bpróiseáil nó tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rialaithe d'éilimh a bhí á n-íoc. Lean an tionchar ar rialuithe scéime ar aghaidh sa bhliain 2021, ach, le linn na bliana, rinneadh dul chun cinn ar rialuithe a thabhairt ar ais nó modhanna malartacha a úsáid ar roinnt scéimeanna.

**10.50** Rinne an scrúdú athbhreithniú ar na hathruithe a rinneadh sa bhliain 2021 ar na príomhrialuithe ar scéimeanna reatha agus rinneadh measúnú ann ar thionchar na n-athruithe sin ar an leibhéal measta d'íocaíocht neamhrialta do na 16 scéim atá freagrach as an gcuid is mó de ghnáthchaiteachas na Roinne.

1 Tá clúdach suirbhé rialaithe le haghaidh scéimeanna nach mbaineann le Covid-19 cothrom le 77% sa bhliain 2021 i gcomparáid le 87% sna blianta 2020 agus 2019.

**10.51** Maidir leis na hathruithe ar ghníomhaíocht rialaithe na Roinne sa bhliain 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19, measadh nár dhóigh gur mhéadaigh siad an leibhéal íocaíochtaí ar mhó iad ná an teidlíocht sa ghearrthéarma ná sna cúinsí a tháinig chun cinn mar gheall ar an bpaindéim.  Méadaíonn an laghdú leanúnach ar na gnáthrialuithe scéime sa bhliain 2021, nuair a bhaintear srianta sa gheilleagar agus sa tsochaí, an riosca sin, áfach.  Ba cheart gnáthrialuithe scéime a thabhairt ar ais chomh luath agus is féidir mar sin, agus tús áite á thabhairt dóibh siúd ina bhfuil an riosca is mó.

## Iarscríbhinn 10A

Íocaíochtaí neamhrialta a chatagóiriú

- **Calaois amhrasta** — sa chás go bhfuil amhras ann go gcuireann éilitheoir ar íocaíochtaí leasa eolas neamhiomlán nó míchruinn ar fáil d'aon turas maidir le héileamh nó go mainníonn sé/sí d'aon turas an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha a tháinig ar chúinsí (ar nós méadú ar mhaoin nó athrú ar riocht sláinte) a dhéanann difear d'éileamh atá á íoc.
- **Earráid éilitheora** — sa chás gur chuir an t-éilitheoir eolas míchruinn nó neamhiomlán ar fáil nó gur mhainnigh sé/sí athrú ábhartha ar chúinsí a thabhairt le fios, ach nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann i dtaobh an éilitheora.
- **Earráid oifigiúil** — sa chás go n-íoctar sochair go mícheart mar gheall ar neamhghníomhaíocht, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1,2]

1 I gcásanna áirithe, mar gheall ar earráid éilitheora agus oifigiúil, tarlaíonn sé go bhfaigheann éilitheoirí suim atá níos lú ná mar an tsuim a bhfuil siad ina teideal (ganníocaíocht).

2 Sa chás gur tugadh faoin athbhreithniú deireanach ar éileamh breis agus cúig bliana roimhe seo (nó trí bliana roimhe seo i gcás scéimeanna ar aois oibre), déantar an cás a chatagóiriú mar earráid oifigiúil.

## Iarscríbhinn 10B

### Fíor 10B.1 Athruithe ar phríomhrialuithe scéimeanna leasa, de réir scéime

| Scéim (caiteachas 2021) | Athruithe ar phríomhrialuithe ar scéimeanna |
|---|---|
| **Pinsin** | |
| Pinsean stáit ranníocach<br>(€6.2 billiún) | Gach príomhrialú i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2021.<br>Chuir an Roinn athbhreithnithe ar incháilitheacht d'éilitheoirí neamhchónaithe ar fionraí ó mhí an Mhárta 2020 go mí na Bealtaine 2021, a mheastar a bheith ar an gcineál éilimh is airde riosca. Faoi ghnáthchóras rialaithe na Roinne, rinneadh athbhreithniú ar chúigiú cuid d'éilimh neamhchónaithe gach bliain, agus b'ionann iad sin agus thart ar 10,000 athbhreithniú. Sa bhliain 2021, rinne an Roinn 10,700 athbhreithniú. |
| Pinsin stáit neamhranníocach<br>(€1.1 billiún) | Cuireadh feabhas ar rialuithe i gcoibhneas le 2020, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm sa bhliain 2021.<br>Tugadh faoi bheagán os cionn leath de na hathbhreithnithe rialaithe a beartaíodh (12,000) sa bhliain 2020. Tháinig méadú air sin go thart ar 10,500 athbhreithniú sa bhliain 2021, atá níos mó ná na 7,500 athbhreithniú a bhí beartaithe.<br>Is éard atá i gceist le gnáthrialú ar leith ná go ndéanfaí athbhreithniú deisce ar 5% de chásanna ag Cigirí Leasa Shóisialaigh. Cuireadh an rialú sin ar fionraí le linn 2021 agus cuireadh tús leis arís i mí Feabhra 2022. |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintreach fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh<br>(€1.7 billiún) | Cuireadh feabhas ar rialuithe i gcoibhneas le 2020, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm sa bhliain 2021.<br>Sa bhliain 2020, cuireadh éilitheoirí os cionn 70 bliain d'aois as áireamh ó na hathbhreithnithe incháilitheachta leanúnaí. Áiríodh na cohóirt aoise go léir sna hathbhreithnithe sa bhliain 2021.<br>Sa bhliain 2021, ní raibh sé thuarascáil rialaithe dhéag á rith ag an ngnáthmhinicíocht. Luaigh an Roinn gurb í an tosaíocht ná gach éileamh nua a phróiseáil laistigh de shé seachtaine. |
| **Tacaíocht ioncaim do dhaoine atá in aois oibre** | |
| Liúntas cuardaitheora poist (€1.6 billiún) agus sochar cuardaitheora poist (€0.3 billiún) | Cuireadh feabhas ar rialuithe i gcoibhneas le 2020, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm sa bhliain 2021.<br>Ó lár mhí an Mhárta 2020, mar gheall ar shrianta ar ghluaiseacht phearsanta, níor ceanglaíodh ar iarratasóirí a raibh éilimh nua á gcur isteach acu a bheith cláraithe le SAFE2 (próiseas fíoraithe aitheantais). In éagmais chlárú SAFE2, bhí ar chustaiméirí aitheantas fótagrafach agus fianaise cónaithe a chur ar fáil.<br>Cuireadh tús le custaiméirí a thabhairt chuig clárú SAFE2 arís i mí Aibreáin 2021. Ag deireadh mhí na Nollag 2021, ní raibh thart ar 3,200 Liúntas Cuardaitheora Poist agus 3,200 éilitheoir Sochair Cuardaitheora Poist cláraithe le SAFE2.<br>Sa bhliain 2021, rinne an Roinn 65,000 athbhreithniú rialaithe, i gcomparáid le 129,000 ceann sa bhliain 2019. Chomh maith leis sin, níor cuireadh seiceálacha rialaithe cáilíochta do liúntas cuardaitheora poist i gcrích ar bhonn tráthúil le linn 2021. |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora<br>(€561 milliún) | Leanadh le tionchar a imirt ar rialuithe — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021.<br>Is éard atá i gceist le rialú scéime ar leith ná go gcaithfidh gach éilitheoir féindearbhú incháilitheachta leanúnaí a dhéanamh — sna blianta 2020 agus 2021, ní dhearnadh aon athbhreithniú den sórt sin. Rinne an Roinn os cionn 27,000 athbhreithniú rialaithe, áfach, a sheasann do níos mó ná leath na bhfaighteoirí uile, sna blianta 2020 agus 2021.<br>Thug an Roinn a beartas ar ais chun athbhreithniú a dhéanamh ar na héilimh Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora go léir go bliantúil i mí an Mhárta 2022. |
| Sochar máithreachais<br>(€267 milliún) | Bhí gach príomhrialú i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2021.<br>Thug ball foirne ar ghrád níos ísle faoi sheiceálacha rialaithe cáilíochta le linn 2020 ar leibhéal laghdaithe agus níos déanaí ná mar is gnách le cruinneas próiseála éileamh nua a chinntiú.<br>Ó go luath i mí an Mhárta 2021, rinne baill foirne ag an ngrád cuí na seiceálacha rialaithe cáilíochta agus glanadh gach riaráiste faoi dheireadh mhí Aibreáin 2021. |

## Fíor 10B.1 Athruithe ar phríomhrialuithe scéimeanna leasa, de réir scéime (ar lean)

| Scéim (caiteachas 2021) | Athruithe ar phríomhrialuithe ar scéimeanna |
|---|---|
| **Tacaíocht fostaíochta do dhaoine atá in aois oibre** | |
| Clár fostaíochta pobail (FP)<br>(€320 milliún) | Cuireadh rialuithe scéime leasaithe i bhfeidhm chun tionchar na paindéime a mhaolú le linn 2021.<br>Mar gheall ar shrianta ar ghluaiseacht phearsanta ó lár mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh, íocadh le rannpháirtithe agus maoirseoirí FP i rith tréimhsí dianghlasála gan ceanglas a bheith orthu freastal ar a n-áiteanna oibre.<br>Ag tosú i mí Eanáir 2021, chuir an Roinn cianphróiseas monatóireachta i bhfeidhm, agus tús áite á tabhairt do scéimeanna nach ndearnadh monatóireacht orthu le linn 2020. Thosaigh monatóireacht ar an láithreán arís nuair a bhí sé sábháilte déanamh amhlaidh. Tá samhail cumaisc, ar an láithreán go páirteach agus sa bhaile go páirteach, i bhfeidhm anois. |
| **Tacaí do leanaí** | |
| Sochar linbh<br>(€2.1 billiún) | Cuireadh feabhas ar rialuithe i gcoibhneas le 2020, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm sa bhliain 2021.<br>Ceanglaíodh ar gach éilitheoir nua, ó lár mhí an Mhárta 2020, a gcáipéisíocht clárúcháin breithe a chur isteach ar líne nó sa phost. Scoir an Roinn den fhoráil shealadach sin i mí Mheán Fómhair 2021. 242,000 a bhí i líon na n-athbhreithnithe rialaithe a rinneadh sa bhliain 2019 — sa bhliain 2021, ní dhearnadh ach 170,000 ceann (bhí sé beartaithe 237,500 ceann a dhéanamh).<br>Cuireadh ceanglas chun deimhniú a chur ar fáil a léiríonn gur fhan leanaí san oideachas i ndiaidh dóibh 16 bliana d'aois a shroicheadh ar fionraí ó mhí an Mhárta 2020 go mí Mheán Fómhair 2020 agus bhí sé ar siúl ar leibhéal laghdaithe (eisíodh beagán faoi bhun 70,000 deimhniú) go mí an Mheithimh 2021 nuair a thosaigh sé ag feidhmiú go hiomlán arís. |
| Liúntas éadaí agus coisbhirt chun filleadh ar scoil (€52 mhilliún) | Leanadh le tionchar a imirt ar rialuithe — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021.<br>Rinneadh leibhéal íseal cigireachtaí rialaithe cáilíochta — níos lú ná 1% de na 27,000 éileamh — rinneadh cigireacht ar bheagán os cionn 2% de na héilimh sa bhliain 2020.<br>Cuireadh síneadh leis an gceanglas go ndéanfaí measúnú maoine, ó gach trí bliana go gach cúig bliana. |
| **Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí** | |
| Liúntas míchumais<br>(€1.8 billiún) | Cuireadh feabhas ar rialuithe i gcoibhneas le 2020, ach ní raibh gach príomhrialú i bhfeidhm sa bhliain 2021.<br>Thosaigh athbhreithnithe ar mhaoin i mí Eanáir 2021 agus rinneadh iad ar 5% d'éilitheoirí sa bhliain 2021, i gcomparáid le héilitheoir ar bith sa bhliain 2020 agus 7% sa bhliain 2019. Rinneadh athbhreithniú ar níos lú ná 500 ceann de na 3,000 cás a roghnaigh an t-aonad anailísíochta gnó. Ní dhearnadh athbhreithnithe leighis sna blianta 2020 nó 2021 (bhí sé beartaithe 1,000 ceann a dhéanamh sa bhliain 2021) — moladh athbhreithnithe leighis i mí Eanáir 2022. Cuireadh moill ar chleachtaí meaitseála sonraí agus cuireadh an spriocdhíriú ar chásanna trí thuairisciú eisceachtaí ar fionraí le linn 2021. |
| Liúntas cúramóra (€931 mhilliún) agus sochar cúramóra<br>(€48 milliún) | Leanadh le tionchar a imirt ar rialuithe — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021.<br>Ní dhearnadh gnáthchleachtaí meaitseála sonraí le linn 2021. Ní dhearnadh athbhreithniú leighis ar bith le linn na bliana. Sa bhliain 2019, rinneadh 892 athbhreithniú faoi threoir faisnéise — sa bhliain 2021, ní dhearnadh ach 72 athbhreithniú den sórt sin.<br>B'ionann líon na n-athbhreithnithe ar an Liúntas Cúramóra a rinneadh sa bhliain 2021 agus 4,275 cinn, i gcomparáid le 4,100 ceann sa bhliain 2020. I dtreo dheireadh mhí an Mheithimh 2022, 5,400 ceann a bhí i líon na n-athbhreithnithe a rinneadh. |

**Fíor 10B.1 Athruithe ar phríomhrialuithe scéimeanna leasa, de réir scéime (ar lean)**

| | |
|---|---|
| Sochar breoiteachta (€571 mhilliún) | Cuireadh rialuithe scéime leasaithe i bhfeidhm chun tionchar na paindéime a mhaolú le linn 2021.<br>Níor tugadh faoi aon mheasúnuithe leighis i bpearsa ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh. Thosaigh measúnuithe ar an nguthán i mí an Mheithimh 2020, rud a measann an Roinn gur rialú maolaithe láidir é.<br>Sa bhliain 2021, rinne an Roinn 1,892 mheasúnú ar an nguthán (2020: 1,357), ina bhfuarthas amach go raibh 21% d'éilimh neamh-incháilithe. Sa bhliain 2019, fuair na measúnuithe leighis i bpearsa amach go raibh 12% d'éilimh a athbhreithníodh neamh-incháilithe. |
| **Scéimeanna eile** | |
| Forlíonadh cíosa (€123 mhilliún) | Leanadh le tionchar a imirt ar rialuithe — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021.<br>Áirítear leis na gnáthrialuithe ar an scéim seo a sheiceáil gur ghá go raibh cíos á íoc ag an éilitheoir ar feadh sé mhí sa réadmhaoin (lena chinntiú go raibh an cíos laistigh den mhaoin) agus cuairteanna baile a thabhairt — cuireadh na rialuithe sin ar fionraí ó lár mhí an Mhárta 2020 agus bhí siad ar fionraí go fóill le linn 2021. Tugadh isteach an ceanglas sé mhí arís i mí an Mhárta 2022 agus thosaigh cuairteanna baile arís i mí Feabhra 2022. |
| Béilí scoile (€58 milliún) | Leanadh le tionchar a imirt ar rialuithe — ní raibh feabhas ábhartha ar bith ann ar rialuithe sa bhliain 2021.<br>Amhail deireadh 2021, ní dhearnadh aon seiceálacha rialaithe cáilíochta maidir le caiteachas 2020 nó 2021. Luaigh an Roinn gur cuireadh na seiceálacha rialaithe sin i gcrích sa bhliain 2022.<br>Sceidealaíodh cigireachtaí ar an láithreán ar 400 scoil maidir le caiteachas 2019 sa bhliain 2020, ach níor cuireadh i gcrích iad go dtí 2021. Ní dhearnadh na 400 cigireacht ar an láithreán a bhain le caiteachas 2020, a bhí le tarlú sa bhliain 2021 – tá na hathbhreithnithe le tosú i mí Mheán Fómhair 2022. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# 11 Aisghabháil íocaíochtaí sochair agus cúnaimh tar éis dámhachtainí cúitimh

**11.1** Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a riarann an scéim um shochair agus cúnamh a aisghabháil (SCA). Déanann an scéim foráil d'aisghabháil íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe ó dhámhachtainí cúitimh a dhéantar le héilitheoir mar thoradh ar éileamh díobhálacha pearsanta.

**11.2** Is é cuspóir na tuarascála seo scrúdú a dhéanamh orthu seo:

- oibriú na scéime SCA
- próiseas na Roinne chun éilimh chúitimh a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu i gcás ina bhféadfadh aisghabháil sochar agus cúnaimh a bheith ann
- aisghabháil sochar agus cúnaimh tar éis cúiteamh a dhámhachtain
- aisghabháil sochar agus cúnaimh i gcás nach sonraítear caillteanas tuillimh nó brabúis in ordú cúirte nó i measúnú an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP).[1]

**11.3** San athbhreithniú seo, rinneadh scrúdú ar na doiciméid ábhartha, cuireadh agallamh ar phearsanra ábhartha na Roinne, agus rinneadh scrúdú ar shampla cásanna a roghnaíodh go randamach.

## Oibriú na scéime

**11.4** Déantar foráil don scéim SCA in ailt 13 agus 14 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013. Tháinig an scéim i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2014 agus baineann sí le dámhachtainí cúitimh a dhéantar ar an dáta sin nó dá éis.

**11.5** Foráiltear leis an Acht go n-aisghabhann an Roinn íocaíochtaí leasa a rinneadh le héilitheoirí de bharr na díobhála ar a bhfuil an t-éileamh cúitimh bunaithe faoi na scéimeanna seo a leanas: sochar breoiteachta, sochar páirtchumais, sochar díobhála, forlíonadh éagumais, pinsean easláine, liúntas míchumais agus an liúntas leasa fhorlíontaigh. Ní lorgaítear aon aisghabháil ón gcúiteamh i gcás go bhfuil bás mar thoradh ar dhíobhálacha nó i gcás go mbronntar cúiteamh faoi scéimeanna díolmhaithe sonraithe — féach Iarscríbhinn 11A.


**11.6** Tá an cúititheoir faoi dhliteanas an tsuim in-aisghafa a íoc leis an Aire Coimirce Sóisialaí agus ní mór dó aon suimeanna in-aisghafa a íoc leis an Aire sula ndéanann sé íocaíocht cúitimh leis an duine gortaithe (éilitheoir).[2]

**11.7** Tá teorainn ama cúig bliana ag an scéim SCA maidir le sochair agus cúnamh a fháil ar ais, a thosaíonn ón lá a éiríonn an t-éilitheoir incháilithe don sochar/cúnamh ábhartha agus a chríochnaíonn tar éis cúig bliana nó ar dháta íocaíochta an chúitimh, cibé acu is luaithe. Féadfaidh duine a fhaigheann ceann de na híocaíochtaí sonraithe mar thoradh ar dhíobhálacha a bhfuil cúiteamh á lorg ina leith leanúint de shochair nó cúnamh ábhartha a fháil go ceann roinnt blianta sula socrófar éileamh cúitimh.

1 Is comhlacht poiblí féinmhaoinithe é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (BMDP) a bunaíodh chun tacú le réiteach éileamh díobhálacha pearsanta gan gá a bheith ann le dlíthíocht neamhriachtanach.

2 Is é an cúititheoir an duine nó an t-eintiteas atá faoi dhliteanas cúiteamh a thabhairt don éilitheoir agus is cuideachta árachais é de ghnáth.

**Fíor 11.1 Próiseas éilimh SCA**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:

a Ní iarrann BMDP ráiteas ach amháin nuair a lorgaíonn an t-éilitheoir cúiteamh a bhaineann le caillteanas tuillimh nó brabúis.

b Cuireadh tús leis an bpróiseas i Márta 2021. Ní dheachaigh an Roinn i dteagmháil go tréimhsiúil le cúititheoirí roimh Mhárta 2021.

c Bíonn gach ráiteas bailí go ceann trí mhí le haghaidh éileamh oscailte nó go ceann 12 mhí le haghaidh éileamh dúnta. I gcás gur eisíodh ráiteas eile idir an dá linn, ní lorgaíonn an Roinn nuashonrú go dtí dhá mhí dhéag ón ráiteas is déanaí.

d I gcás nach n-aisíoctar cuid de na sochair agus den chúnamh ábhartha, nó iad go léir, ní mór don chúititheoir fianaise tacaíochta a sholáthar.

**11.8** Leagtar amach i bhFíor 11.1 próiseas éilimh SCA. D’fhéadfadh dámhachtain chúitimh a chinneadh ar na bealaí seo:

- trí idirbheartaíocht, i gcás go n-aontaíonn cúititheoir íocaíocht chúitimh a dhéanamh le héilitheoir agus, sa chás sin, ní mór don chúititheoir suim iomlán dliteanais na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh ábhartha a íoc leis an Roinn, ar suimeanna iad a íocadh mar thoradh ar an díobháil phearsanta sin
- le hordú cúirte nó le measúnú BMDP agus, sa chás sin, tá an tsuim in-aisghafa teoranta do luach an chaillteanais tuillimh nó an bhrabúis a shonraítear sa dámhachtain (ní dhéantar aon aisghabháil ó eilimintí cúitimh eile, amhail le haghaidh péine agus fulaingthe).

**11.9** Leagtar amach sa reachtaíocht an próiseas chun déileáil le saincheisteanna áirithe a thagann chun cinn sa phróiseas aisghabhála.

- I gcás cúititheoirí iolracha, tá gach ceann de na cúititheoirí faoi dhliteanas as an aisghabháil iomlán agus ní mór dóibh aontú i dteannta a chéile ar an tsuim a íocfaidh gach duine acu, i.e., tá siad faoi 'dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach'.
- Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh faoin tsuim in-aisghafa go dtí go mbeidh an tsuim in-aisghafa íoctha leis an Roinn.

## Éilimh chúitimh a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu

**11.10** Cuirtear in iúl don Roinn trí fhoirm chaighdeánach a chur isteach — ón gcúititheoir nó ó BMDP — go bhfuil éileamh cúitimh taiscthe.[1]

**11.11** Nuair atá éileamh cúitimh curtha in iúl don Roinn, déanann an t-oifigeach breithiúnachta ábhartha athbhreithniú ar gach éileamh in-aisghafa, ríomhann sé na suimeanna in-aisghafa, taifeadann sé ar an gcóras é agus eisíonn sé an ráiteas. Ina dhiaidh sin, déanann córas TF na Roinne an taifead a nuashonrú go huathoibríoch de réir mar a dhéantar íocaíochtaí breise scéime.

**11.12** I gcás nach bhfuil íocaíocht ábhartha á fáil ag éilitheoir, eisíonn an Roinn 'ráiteas nialasach' chuig an gcúititheoir, lena rá nach ndearnadh aon íocaíochtaí ábhartha leis an éilitheoir sa tréimhse ábhartha. D'eisigh an Roinn breis agus 22,000 ráiteas nialasach do gach bliain ó 2014 go 2019.[2]


**11.13** Léirítear i bhFíor 11.2 stádas na gcásanna go léir ar cuireadh tús leo ó 2014 i leith inar íocadh sochair nó cúnamh ábhartha. Mar shampla, as na cásanna ar cuireadh tús leo in 2014, tá thart ar 8% acu (599 n-éileamh) fós oscailte. As na 7,489 gcás,

- bhí sé mar thoradh ar 76% acu (5,667 n-éileamh) gur íocadh cúiteamh leis an éilitheoir nuair a ghnóthaigh an Roinn cuid de na sochair agus an cúnamh a íocadh, nó iad go léir (léirithe mar 'Socraithe – aisghabháil pháirteach' agus 'Socraithe – aisghabháil iomlán' i bhFíor 11.2)
- bhí sé mar thoradh ar 13% acu (958 n-éileamh) gur íocadh cúiteamh leis an éilitheoir ach ní raibh aon bhunús ag an Roinn chun aon chuid de na sochair agus den chúnamh a íocadh a aisghabháil toisc nach raibh ar áireamh san ordú cúirte nó i measúnú BMDP, nó nár luadh aon rud ina leith, caillteanas tuillimh nó brabúis (léirithe mar 'Socraithe – gan aon aisghabháil')
- bhí sé mar thoradh ar 3% acu (265 éileamh) nár íocadh cúiteamh leis an éilitheoir (léirithe mar 'Eile').

1 Ní iarrann BMDP ráiteas ach amháin nuair a lorgaíonn an t-éilitheoir cúiteamh a bhaineann le caillteanas tuillimh nó brabúis.

2 Suas go dtí Feabhra 2022, d'eisigh an Roinn breis agus 15,000 ráiteas nialasach do 2020 agus do 2021 — d'fhéadfadh an líon seo méadú de réir mar a thaisctear éilimh bhreise ar chúiteamh. D'fhéadfadh níos mó ná ráiteas nialasach amháin a bheith ann d'éileamh aonair, mar shampla i gcás go n-eisítear ráiteas nuair a lorgaítear cúiteamh ar dtús agus i gcás go n-eisítear ráiteas breise nuair atá an cás gar do bheith socraithe.

**Fíor 11.2 Stádas cásanna aisghabhála ar cuireadh tús leo ó 2014 go 2021, amhail Feabhra 2022[a]**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Gach cás 'ráiteas nialasach' as an áireamh.

b Áirítear le 'eile' cásanna a dhúntar toisc nár dámhadh aon chúiteamh don éilitheoir, go bhfuil an t-éilitheoir éagtha, nó gur tharraing an t-éilitheoir an cás siar. Níl aon sochar ná cúnamh in-aisghafa sna cásanna sin.


**11.14** Ó Mhárta 2021 i leith, lorgaíonn an Roinn an t-eolas is deireanaí ar bhonn tréimhsiúil ón gcúititheoir ábhartha ar stádas gach cáis ar cuireadh tús leo ó 2020 i leith. Bíonn nuashonrú á lorg dhá mhí dhéag tar éis an dáta a eisíodh an ráiteas is déanaí. Roimhe seo, ní raibh an Roinn ag lorg nuashonruithe stádais go tráthrialta maidir le cásanna oscailte.

**11.15** I mí Iúil 2020, chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar chásanna oscailte de réir na bliana féilire, ag tosú leo siúd ar cuireadh tús leo in 2014. Léirítear i bhFíor 11.3 toradh nó stádas reatha (mar a bhí i mí an Mhárta 2022) ar chásanna 2014 a athbhreithníodh mar chuid den chleachtadh sin. Léiríonn sé sin an méid seo a leanas:

- I 25% de na cásanna, ní raibh baint ag an gcúititheoir ionchasach leis an athbhreithniú, in ainneoin suas le trí iarratas i scríbhinn ar an eolas is deireanaí. Tá comhairle dlí á lorg ag an Roinn maidir leis na cásanna sin a shaothrú.
- Fuarthas amach go raibh thart ar 9% de na cásanna socraithe roimh athbhreithniú na Roinne, ach níor cuireadh an socrú ar an eolas di agus ní raibh íocaíocht faighte aici ó na cúititheoirí. Ag am an scrúdaithe seo, ní raibh anailís déanta ag an Roinn ar na príomhrioscaí a bhainfeadh le cúititheoirí gan na híocaíochtaí riachtanacha a dhéanamh ar bhonn tráthúil.

**11.16** Ag deireadh mhí Aibreáin 2022, thosaigh an Roinn ag athbhreithniú na gcásanna oscailte ar fad ar cuireadh tús leo in 2015, agus, nuair a bheidh athbhreithniú 2015 curtha i gcrích, tá sé beartaithe aici tús a chur le hathbhreithniú ar chásanna ar cuireadh tús leo in 2016. Amhail Aibreán 2022, ní raibh spriocdháta críochnaithe socraithe ag an Roinn le haghaidh athbhreithnithe ar chásanna oscailte ar cuireadh tús leo sa tréimhse 2015 go 2019.

**Fíor 11.3 Athbhreithniú ar chásanna oscailte ar cuireadh tús leo in 2014, amhail Márta 2022**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

## Aisghabháil íocaíochtaí sochair tar éis dámhachtainí cúitimh

**11.17** Is é an cúititheoir atá freagrach as an tsuim atá dlite don Roinn a íoc. Leagtar amach i bhFíor 11.4 an tsuim atá in-aisghafa ag an Roinn maidir le cásanna léiritheacha éagsúla.[1]

**Fíor 11.4 Aisghabháil ag an Roinn tar éis éilimh chúitimh a shocraítear trí mheasúnú BMDP nó trí ordú cúirte — samplaí léiritheacha**



| Catagóir | Cás 1 — gan chúiteamh | Cás 2 — gan chaillteanas tuillimh[a] | Cás 3 — sochair níos mó ná caillteanas tuillimh[a] | Cás 4 — sochair níos lú ná caillteanas tuillimh[a] |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Sochair nó cúnamh faighte ag an éilitheoir (an tsuim a d'fhéadfadh a bheith in-aisghafa) | 20,000 | 20,000 | 20,000 | 20,000 |
| Iomlán an chúitimh a dámhadh | — | 100,000 | 100,000 | 100,000 |
| Comhdhéanta díobh seo | | | | |
| — caillteanas tuillimh | — | — | 10,000 | 30,000 |
| — pian agus fulaingt | — | 100,000 | 90,000 | 70,000 |
| An tsuim in-aisghafa ag an Roinn | — | — | 10,000 | 20,000 |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste


Nóta: a Tagraíonn 'caillteanas tuillimh' do chaillteanas tuillimh mar a shonraítear i measúnú nó ordú cúirte BMDP. Tagraíonn sochair do gach sochar agus cúnamh a fhaigheann an t-éilitheoir.

1 I gcás go n-aontaíonn cúititheoir trí idirbheartaíocht (nach mbaineann le measúnú BMDP nó le hordú cúirte) íocaíocht chúitimh a dhéanamh le héilitheoir agus, sa chás sin, ní mór don chúititheoir suim iomlán dliteanais na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh ábhartha a íoc leis an Roinn, ar suimeanna iad a íocadh mar thoradh ar an díobháil phearsanta sin.

**11.18** Braitheann luach na sochar agus an chúnaimh a d'fhéadfadh a bheith in-aisghafa faoin scéim ar cé chomh fada agus a fhanann éileamh ar oscailt roimh shocrú (féach Fíor 11.5). Mar shampla, maidir le cásanna ar cuireadh tús leo in 2014, b'ionann an tsuim iomlán a d'fhéadfadh a bheith in-aisghafa amhail mí an Mhárta 2022 agus €94 mhilliún[1] — as an iomlán sin, bhí €49 milliún ('suim aisghafa' i bhFíor 11.5) aisghafa ag an Roinn faoi mhí Feabhra 2022 agus baineann €10 milliún eile le cásanna nach bhfuil réitithe fós ('cásanna oscailte') agus a d'fhéadfaí a aisghabháil. Is í an tsuim €35 mhilliún nach bhfuil in-aisghafa i ndáil le 2014 ná an tsuim nach bhfuil aon bhunús ag an Roinn lena fáil ar ais toisc nár luadh i measúnú ná ordú cúirte BMDP suim a bhaineann le caillteanas tuillimh, nó toisc go raibh an tsuim a luadh níos lú ná na sochair agus an cúnamh a fuair an t-éilitheoir.

**11.19** Foilsíonn an Roinn luach na n-íocaíochtaí sochar agus cúnaimh aisghafa faoin scéim SCA gach bliain.[2] Fuarthas san imscrúdú nach dtugann an Roinn tuarascáil phoiblí ar luach cásanna oscailte nó ar luach na n-íocaíochtaí le héilitheoirí nach raibh aon bhunús aici lena n-aisghabháil.

**Fíor 11.5 Suimeanna a d'fhéadfadh a bheith in-aisghafa agus stádas cáis, de réir na bliana tosaithe, amhail Feabhra 2022**





Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Tiocfaidh méadú ar luach na gcásanna oscailte ar cuireadh tús leo le blianta beaga anuas (mar shampla, 2020 agus 2021) le himeacht ama de réir mar a leanann roinnt éilitheoirí de shochair agus cúnamh sonraithe a fháil agus iad ag fanacht le socrú.
b Is é is 'an tsuim a aisghabhadh' ann ná an tsuim iarbhír a fuair an Roinn i gcásanna ina raibh aisghabháil iomlán nó pháirteach.
c Áirítear le 'eile' cásanna a dhúntar toisc nár dámhadh aon chúiteamh don éilitheoir, go bhfuil an t-éilitheoir éagtha, nó gur tharraing an t-éilitheoir an cás siar. Níl aon sochair nó cúnamh in-aisghafa sna cásanna sin.

1 Ní áirítear leis an tsui iomlán a d'fhéadfadh a bheith in-aisghafa (€94 mhilliún) cásanna nár dámhadh cúiteamh ar bith don éilitheoir iontu (féach 'eile' i bhFíor 11.5) — íocadh €4 mhilliún i sochair agus cúnamh leis na héilitheoirí sin.

2 Tuairiscítear sa *Tuarascáil Bhliantúil Staitisticí ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh* [*Annual Statistics Report on Social Welfare Services*] ón Roinn luach na n-aisghabhálacha sa Chiste Árachais Shóisialaigh, agus foilsítear sa chuntas leithreasa bliantúil luach na n-aisghabhálacha don Vóta Coimirce Sóisialaí.

**Fíor 11.6 Ráta aisghabhála sochar agus cúnaimh do chásanna socraithe amhail mí an Mhárta 2022, de réir na bliana inar cuireadh tús leis an éileamh**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Is ionann 'an tsuim nach bhfuil in-aisghafa' agus an tsuim nach raibh aon bhunús ag an Roinn lena haisghabháil i gcásanna a bhfuil aisghabháil pháirteach iontu nó nach bhfuil aon aisghabháil iontu.

b Is ionann an 'tsuim a aisghabhadh' agus an tsuim iarbhír a fuair an Roinn i gcásanna a raibh aisghabháil iomlán nó pháirteach iontu.

**11.20** Maidir le gach cás a socraíodh ar dámhadh cúiteamh iontu suas go dtí mí an Mhárta 2022, d'aisghabh an Roinn 58% den tsuim a d'fhéadfadh a bheith in-aisghafa (féach Fíor 11.6). B'ionann é sin agus fáltais de €160 milliún.

### *Ní shonraítear cúiseanna le caillteanas tuillimh nó brabúis le hordú cúirte nó le measúnú BMDP*

**11.21** D'fhéadfadh dámhachtain cúitimh a thaifeadtar ar ordú cúirte nó ar mheasúnú BMDP an dámhachtain a mhionsonrú i suimeanna a bhaineann le caillteanas tuillimh nó brabúis, pian agus fulaingt, agus damáistí eile.[1] I gcásanna áirithe, áfach, ní shonraíonn dámhachtain cúitimh ach suim iomlán na dámhachtana agus ní léiríonn sí suim atá inchurtha i leith caillteanais tuillimh nó brabúis. Nuair a tharlaíonn sé sin, is amhlaidh, faoin reachtaíocht reatha, nach bhfuil aon bhunús ag an Roinn na sochair nó an cúnamh a d'íoc sí a aisghabháil.[2]

**11.22** Luaigh BMDP gurb amhlaidh, i líon teoranta cásanna, nach bhféadfaidh sé cúiteamh a dhámhachtain as caillteanas tuillimh nó brabúis, mar shampla toisc nach bhfuil doiciméadacht ag tacú leis an gcaillteanas éilithe nó nach bhfuil an tuilleamh roimhe sin ag tacú leis an gcaillteanas éilithe. Luaigh an tSeirbhís Chúirteanna gurb iad seo na cúiseanna nach gcuirfí dámhachtainí as caillteanas tuillimh in iúl go sonrach in ordú cúirte:

- ní dhearnadh aon iarratas ar chúiteamh i gcaillteanas tuillimh nó ní raibh an dámhachtain le haghaidh caillteanas seachas caillteanas tuillimh agus lena aghaidh sin amháin
- ní dhearna abhcóide aon aighneacht sa chúirt chun caillteanas tuillimh a scaradh ó chúiteamh eile
- níor luaigh an breitheamh ceannais aon suim shonrach i leith caillteanais tuillimh agus a chinneadh á fhógairt aige.[3]

1 Ní ann d'aon teimpléad caighdeánach ar a bhfuil an t-ordú cúirte le taifeadadh — tugadh faoi deara cineálacha difriúla cur chuige in athbhreithniú ar shampla de chásanna. Déantar measúnuithe BMDP a thaifeadadh ar theimpléad caighdeánach ina sonraítear an tsuim is iníoctha leis an Aire.

2 Le halt 343R den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013, cuirtear teorainn le haisghabháil sochar nó cúnaimh ó ordú cúirte nó ó mheasúnú BMDP do mhéid na dámhachtana a chuirtear i leith caillteanais tuillimh nó brabúis.

3 Is é ról an chláraitheora cúirte ná breith an bhreithimh a dhoiciméadú san ordú cúirte — i gcás nach ndéantar tagairt sa bhreithiúnas sin do chaillteanas tuillimh, ní áireofar aon tagairt san ordú cúirte.

## Conclúidí agus moltaí

**11.23** Leis an scéim um shochar agus cúnamh a aisghabháil (SCA), cuirtear ar chumas na Roinne íocaíochtaí scéime áirithe a aisghabháil tar éis dámhachtain cúitimh don éilitheoir nuair a shonraítear caillteanas tuillimh nó brabúis.

**11.24** Ó Mhárta 2021, bíonn an Roinn i dteagmháil le gach cúititheoir gach 12 mhí ag lorg an eolais is deireanaí ar stádas cásanna oscailte, ag tosú le cásanna a tionscnaíodh in 2020. Roimhe seo, ní raibh an Roinn ag lorg an eolais is deireanaí ar stádas go tráthrialta maidir le cásanna oscailte.

**11.25** I mí Iúil 2020, chuir an Roinn tús le próiseas athbhreithnithe maidir le cásanna oscailte, ag tosú leis na cinn is faide gan réiteach (i.e., ó 2014). Tá an t-athbhreithniú ar chásanna 2014 beagnach críochnaithe. Mar thoradh ar an athbhreithniú, chinn an Roinn nár tógadh fógra di maidir le roinnt cásanna a socraíodh sular cuireadh tús leis an athbhreithniú agus nach raibh roinnt cúititheoirí páirteach san athbhreithniú.

**11.26** Amhail Aibreán 2022, níor leagadh síos aon sprioc maidir le hathbhreithnithe a chríochnú do gach bliain ó 2015 go 2019.

### Moladh 11.1

Ba chóir don Roinn spriocdhátaí a leagan síos chun a hathbhreithniú ar gach cás oscailte do gach bliain a chríochnú agus ba chóir di monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar an dul chun cinn chun ar na spriocanna sin a bhaint amach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaím.

I mí Lúnasa 2022, leag an Roinn na spriocanna seo a leanas síos agus déanfaidh sí monatóireacht ghníomhach ar an dul chun cinn ar na spriocanna sin a bhaint amach.

| Bliain athbhreithnithe | Dáta tosaigh | Spriocdháta críochnaithe |
|---|---|---|
| 2014 | Iúil 2020 | Beagnach críochnaithe |
| 2015 | Iúil 2020 | Beagnach críochnaithe |
| 2016 | Meán Fómhair 2022 | Eanáir 2023 |
| 2017 | Eanáir 2023 | Bealtaine 2023 |
| 2018 | Meitheamh 2023 | Deireadh Fómhair 2023 |
| 2019 | Samhain 2023 | Márta 2024 |
| 2020 | Leanúnach | Leanúnach |
| 2021 | Leanúnach | Leanúnach |
| 2022 | Le tosú in 2023 | Beidh sé leanúnach |

**Moladh 11.2**

Ba chóir don Roinn dul sa tóir ar chásanna oscailte a réiteach i gcásanna nach raibh an cúititheoir páirteach in athbhreithniú na Roinne.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaím.

Leanann an Roinn ag plé leis na cúititheoirí sin agus tá athbhreithniú á dhéanamh aici faoi láthair ar na roghanna atá ar fáil maidir le cúititheoirí nach mbíonn i dteagmháil leis an Roinn go seasta, lena n-áirítear comhairle dlí a lorg.

**Moladh 11.3**

Ba chóir don Roinn anailís a dhéanamh ar thoradh an phróisis athbhreithnithe bliain i ndiaidh bliana agus a rialuithe a leasú de réir mar is gá chun dul i ngleic leis na rioscaí a shainaithnítear i ngach athbhreithniú.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaím.

I mí Iúil 2020, chuir an Roinn tús le hathbhreithniú stairiúil ar éilimh SCA ó 2014 agus 2015. Mar chuid den fhoghlaim ón bpróiseas athbhreithnithe sin, tugadh nósanna imeachta nua isteach i Márta 2021 chun athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh reatha ó 2020 ar aghaidh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht thráthúil maidir le sochair agus cúnamh a aisghabháil. Tá sé beartaithe ag an Roinn anailís a dhéanamh ar thoradh na n-athbhreithnithe bliain i ndiaidh bliana de réir mar a chríochnaítear iad.

**11.27** D’aisghabh an Roinn €160 milliún de shochar agus cúnamh in-aisghafa ó gach cás a socraíodh agus ar dámhadh cúiteamh iontu, suas go dtí mí an Mhárta 2022. B’ionann é sin agus 58% den tsuim sochair agus cúnaimh a d’fhéadfadh a bheith in-aisghafa. Toisc shuntasach sna cásanna socraithe nár aisghabhadh sochair agus cúnamh iontu ba ea easpa ráitis chúitimh i leith caillteanais tuillimh nó brabúis san ordú cúirte taifeadta nó i measúnú BMDP.

**11.28** Ní thugann an Roinn tuairisc phoiblí ar luach cásanna oscailte nó ar luach na n-íocaíochtaí le héilitheoirí nach raibh aon bhunús ag an Roinn lena n-aisghabháil.

**Moladh 11.4**

I gcás gach cáis cúitimh SCA atá socraithe, ba chóir don Roinn na cúiseanna le neamh-aisghabháil íocaíochtaí sochair a thaifeadadh, monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí i gcásanna den sórt sin, agus tuairisc a thabhairt go poiblí ar shuim na n-íocaíochtaí nach bhfuil in-aisghafa.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaím.

I gcás gach cáis cúitimh SCA atá socraithe, taifeadann an Roinn na cúiseanna le haon neamh-aisghabháil íocaíochtaí sochair agus déanann sí monatóireacht ar threochtaí i gcásanna den sórt sin. I gcás cásanna a dhúntar le hordú cúirte nó le measúnú BMDP, taifeadann an Roinn aon chúiseanna a luaitear ar an ordú nó ar an measúnú. Tugann an Roinn tuairisc ar fheidhmíocht SCA ina tuarascáil staitisticí bhliantúil. Tá roghanna á mbreithniú ag an Roinn freisin maidir le foilsiú sonraí eile, lena n-áirítear foilsiú do chomhlachtaí ábhartha.

## Iarscríbhinn 11A Foinsí cúitimh atá díolmhaithe

Baineann an scéim SCA le gach íocaíocht cúitimh a dhéantar i leith díobhálacha pearsanta an 1 Lúnasa 2014 nó dá éis.  Ní lorgaítear aon aisghabháil nuair a dhámhtar cúiteamh ó na foinsí díolmhaithe seo a leanas.

1. Íocaíochtaí cúitimh a dhéantar i leith díobhálacha is cúis le bás.

2. Íocaíochtaí cúitimh le duine gortaithe

   - a dhéanann Binse Cúitimh Heipitíteas C agus VEID
   - a dhéanann cúirt dlínse inniúil chun cúiteamh a thabhairt do dhaoine áirithe a bhfuil Heipitíteas C nó VEID orthu laistigh den Stát mar gheall ar úsáid táirgí glóbailin imdhíonachta daonna frith-D, táirgí lánfhola nó táirgí fola eile
   - a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe
   - a dhéanann Bord an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe
   - faoi fhorálacha an Achta Sláinte (Scéim Aisíocaíochta), 2006
   - a dhéanann an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla
   - maidir le míchumas agus tailidimíd ba chúis leis
   - de réir Achtanna an Gharda Síochána (Cúiteamh), 1941 go 2003
   - a dhéanann binse forordaithe, bord sásaimh nó scéim chúitimh.

3. Íocaíochtaí cúitimh a dhéantar de bhun ordú cúirte nó ordú BMDP nó de bhun socraíochta a rinneadh roimh an 1 Lúnasa 2014.

# 12 Tionchar airgeadais an ionsaithe cibearshlándála

**12.1** An 14 Bealtaine 2021, d'fhógair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) gur ábhar é de chibirionsaí an-suntasach a bhí bunaithe ar na bogearraí éirice agus bhí tionchar ag an ionsaí ar a córais ar fad a bhaineann le soláthar a chroíseirbhísí. Thuairiscigh FSS go raibh cuid dá fhreastalaithe agus dá stáisiúin oibre criptithe le bogearraí éirice Conti agus nach raibh an fhoireann in ann rochtain a fháil ar shonraí othar a raibh tionchar orthu.[1] Anuas air sin, tháinig sé chun solais go raibh comhlachtaí sláinte eile, lena n-áirítear ospidéil, ag tuairisciú freisin go raibh a gcórais teicneolaíochta faisnéise (TF) criptithe go seachtrach agus gur thuairiscigh an Roinn Sláinte (an Roinn) gníomhaíocht amhrasach ar a córais.

**12.2** I ngnáth-ionsaí bogearraí éirice, cuirtear píosa bogearraí (bogearraí mailíseacha) i ngníomh atá ceaptha chun faisnéis a chriptiú ar ghléas, rud a fhágann nach féidir aon chomhaid ná na córais a bhfuil siad ag brath orthu a úsáid.[2] Déantar éileamh ansin ar airgead fuascailte mar chúiteamh ar dhíchriptiú. I gcás FSS, $20 milliún a lorgaíodh mar airgead fuascailte. Chuir FSS in iúl nach ndeachaigh sé i dteagmháil leis na hionsaitheoirí agus nár íoc sé airgead fuascailte ar bith.

**12.3** Tar éis an ionsaithe, chuaigh Bord agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) FSS i dteagmháil le PricewaterhouseCoopers (PwC) chun athbhreithniú iar-ionsaithe a dhéanamh ar an gcibirionsaí agus ar na cúinsí a bhain le gadaíocht sonraí ó chórais TF FSS. Bhí moltaí mionsonraithe sa tuarascáil deiridh ar ghlac Bord FSS leo i mí na Samhna 2021.[3]

**12.4** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an chibirionsaithe ar FSS agus ar chomhlachtaí sláinte eile, ar ullmhacht FSS maidir le cibirionsaí, ar thionchar airgeadais an ionsaithe agus ar stádas chur i bhfeidhm na moltaí ó PwC.

## Tionchar an chibirionsaithe ar FSS

**12.5** Ar uair an ionsaithe, bhí níos mó ná 70,000 gléas TF in úsáid ag FSS i mbeagnach 4,000 áit. Chun srian a choinneáil ar leathadh na mbogearraí éirice, dhún FSS a ghréasán um Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC). Chuaigh an dúnadh Gréasáin i bhfeidhm ar gach córas de chuid FSS, is cuma cé acu a chuaigh an criptiú sonraí i bhfeidhm orthu nó nach ndeachaigh.

**12.6** Ar chomhairle a fháil ón Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC), chuaigh FSS i dteagmháil le gnólacht seachtrach darb ainm Mandiant chun sainchúnamh freagartha a thabhairt dó.[4,5] An 21 Bealtaine 2021, phostáil an t-ionsaitheoir nasc chuig uirlis ionas gur féidir na comhaid criptithe a dhíchriptiú. Dheimhnigh Mandiant gur oibrigh an uirlis díchriptithe, go ndearna sí ais-innealtóireacht ar a cumas agus gur tháirg sé uirlis nua díchriptithe a cuireadh i bhfeidhm ar chórais TF FSS.[6]

**12.7** In athbhreithniú ar 550 eagraíocht a d'fhulaing sáruithe ar shonraí thar an tréimhse ó Mhárta 2021 go dtí Márta 2022, rinne Slándáil IBM amach an líon laethanta ar an meán chun sárú ar shonraí a shainaithint agus an líon laethanta ar an meán chun srian a choinneáil air.[7] I gcomparáid leis na meáin ríofa, cuireadh an sárú ar shonraí in iúl do FSS i bhfad níos luaithe, ach thóg sé tréimhse níos faide chun srian a choinneáil air agus chun teacht chuici féin ina dhiaidh (féach Fíor 12.1).

1 Is daoine iad atá i mbun na mbogearraí éirice Conti. Chomh maith le sonraí a ghoid, déanann na hionsaitheoirí bagairt ar na sonraí a nochtadh chomh maith lena gcriptiú. Tugtar 'sracaireacht dhúbailte' ar bhogearraí éirice dá leithéid.

2 Is téarma uileghabhálach é bogearraí mailíseacha le haghaidh aon bhogearraí mailíseacha a dearadh chun dochar nó dúshaothrú a dhéanamh ar aon ghléas nó gréasán atá in-ríomhchláraithe.

3 Is féidir tuarascáil PwC a aimsiú anseo.


4 Is rannóg oibríochtúilden Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC). Cuirtear de chúram air, *inter alia*, a bheith chun tosaigh sa bhainistíocht ar mhóreachtraí cibearshlándála ar fud an Rialtais agus treoir agus comhairle ghaolmhar a sholáthar.

5 Is speisialtóir domhanda é Mandiant in athshlánú ó chibirionsaithe agus i gcosaint orthu.

6 Is éard a bhí i gceist leis na bpróiseas innealtóireachta aisiompaithe ná iniúchadh a dhéanamh ar an uirlis a cuireadh ar fáil agus an cód foinseach a bhfuil sealúchas ar eochair díchriptithe aige a fháil. Forbraíodh na bogearraí chun córais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FFS) a dhíchriptiú. Ba ghá na bogearraí díchriptithe a uaslódáil chuig gach gléas ar an ngréasán sular cuireadh rochtain i bhfeidhm arís air. Chuir roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear Óglaigh na hÉireann, cúnamh ar fáil sna tascanna sin.

7 Foilsíonn IBM Security tuarascáil bhliantúil ar an *Cost of a Data Breach* i gcomhar le hinstitiúid Ponemon. Is féidir an tuarascáil ó 2022 a aimsiú anseo.

**Fíor 12.1 An méid ama a tógadh chun sáruithe sonraí a réiteach[a]**




Foinse: *Tuarascáil Cost of a Data Breach 2022* ó IBM Security, FSS agus PwC

Nóta: a Ina athbhreithniú, tá sárú ar shonraí sainmhínithe ag IBM mar imeacht ina bhféadfaí ainm duine agus taifead leighis agus/nó taifead airgeadais nó cárta dochair a chur i mbaol — i bhformáid leictreonach nó páipéir.

**12.8** Tugtar achoimre san amlíne i bhFíor 12.2 ar na príomhimeachtaí agus na gníomhartha a ghlac FSS mar fhreagra ar an ionsaí ar a chórais.

### *Tionchar ar na comhlachtaí eile*

**12.9** Sular tharla an cibirionsaí, d'oibrigh roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear ospidéil dheonacha, roinnt ospidéal de chuid FSS agus an Roinn a ngréasáin fearainn féin, ach bhíodar ceangailte freisin le gréasán FSS trí 'iontaobhas fearainn ghníomhaigh'.[1,2]

**12.10** Sa chineál sin gréasán iontaobhais, cuireann úsáideoirí a n-ainm úsáideora agus a bpasfhocal isteach ar a ngréasán féin agus tá siad in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí ar an ngréasán eile gan fíordheimhniú breise a iarraidh orthu. Mar shampla, d'fhéadfadh foireann chliniciúil in ospidéil dheonacha rochtain a fháil ar chórais sonraí náisiúnta comhroinnte FSS.

**12.11** D'éascaigh an caidreamh muiníne idir FSS agus an Roinn, agus FSS agus Ospidéal Beaumont, rochtain na n-ionsaitheoirí ar ghréasáin TFC na Roinne agus Ospidéal Beaumont. Mar sin féin, thug an mhonatóireacht leanúnach ar bhagairtí gréasáin agus ar aithint na gníomhaíochta amhrasaí deis don Roinn agus d'Ospidéal Beaumont freagra onnghníomhach a thabhairt don ionsaí ar a ngréasáin, rud a chuir cosc ar chriptiú forleathan ar a ngréasáin TFC.

**12.12** Chuir Sophos, soláthraí monatóireachta na Roinne, an Roinn ar an eolas faoin iarracht bogearraí mailíseacha a shuiteáil ar a córais. Ghníomhaigh an Roinn trí theagmháil a dhéanamh le NCSC agus d'fhostaigh sí Grant Thornton chun cúnamh a chur ar fáil di. Chuir soláthar na huirlise slándála ag an Roinn i gcomhar le Grant Thornton cosc ar na bogearraí éirice ó dhochar breise a dhéanamh dá córais.

**12.13** Tá achoimre ar ord na n-imeachtaí roimh an ionsaí ar an Roinn agus na gníomhartha a ghlac an Roinn i bhFíor 12.3.

1 Is ospidéil FSS (ospidéil reachtúla) iad na hospidéil sa chóras poiblí nó na heagraíochtaí deonacha atá i mbun orthu (ospidéil dheonacha). Is eintitis dhleathacha agus chorparáideacha ar leith iad ospidéil dheonacha.

2 Is modh é an t-iontaobhas fearainn ghníomhaigh a nascann dhá fhearann ghníomhacha ar leith le chéile ionas gur féidir le húsáideoirí fíordheimhnithe i bhfearann amháin leas a bhaint as na hacmhainní agus na córais san fhearann eile.

**Fíor 12.2 Amlíne na bpríomhimeachtaí agus na ngníomhartha a rinneadh mar fhreagairt don chibirionsaí ar FSS**

**18 Márta 2021**

Ionfhabhtú tosaigh ar stáisiún oibre FSS.

**Ón 7 Bealtaine 2021 go dtí an 12 Bealtaine 2021**

Chuir an t-ionsaitheoir isteach ar fhreastalaithe FSS den chéad uair agus ansin chuir sé córais i gcontúirt i sé ospidéal dheonacha agus in ospidéal reachtúil amháin.

**12 Bealtaine 2021**

D'aithin Ospidéal Beaumont gníomhaíocht mhailíseach agus chuir sé FSS ar an eolas fúithi.

**Ón 12 Bealtaine 2021 go dtí an 13 Bealtaine 2021**

Bhrabhsáil an t-ionsaitheoir fillteáin agus d'oscail sé comhaid ar chórais laistigh de FSS.

**13 Bealtaine 2021**

Chuir Ospidéal Beaumont agus an Roinn Sláinte cosc onnghníomhach ar ionsaí ar a ngréasáin.

**13 Bealtaine 2021**

Sheol soláthraí slándála frithvíreas FSS ríomhphost chuig foireann oibríochtaí slándála an FSS agus é ag cur béime ar imeachtaí bagartha nach bhfuil láimhsithe.

**14 Bealtaine 2021**

Dhún an FSS a chórais TFC ar fad agus rochtain ar an nGréasán Náisiúnta Cúraim Sláinte (GNCS). Tugadh tríú páirtithe, lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais, isteach chun tacú leis an bhfreagairt.

**14 Bealtaine 2021**

Chuir an t-ionsaitheoir na bogearraí éirice i gcrích laistigh de chóras FSS.

Fuair FSS tuarascálacha ó na hospidéil a ndearnadh ionsaithe orthu faoi na córais chriptithe.

**15 Bealtaine 2021**

Thuairiscigh FSS an sárú chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

**20 Bealtaine 2021**

Fuair FSS ordú cúirte maidir le srian a chur lena shonraí a chomhroinnt.

**21 Bealtaine 2021**

Fuarthas uirlis dhíchriptithe.

Cuireadh slánaíocht chliniciúil ar fáil do dhochtúirí, d'altraí agus do chnáimhseacha.

**24 Bealtaine 2021**

Cuireadh tús le próiseas díchriptithe maidir le haisghabháil shábháilte na gcóras a chumasú.

**21 Meán Fómhair 2021**

130 lá tar éis an chriptithe, measadh go bhfuil 100% de na freastalaithe díchriptithe agus go bhfuil 99% d'fheidhmchláir athchóirithe.

Foinse: PwC *Conti cyber-attack on the HSE*, athbhreithniú neamhspleách iar-ionsaithe

**Fíor 12.3 Amlíne na bpríomhimeachtaí agus na ngníomhartha a rinneadh mar fhreagairt don chibirionsaí ar an Roinn Sláinte**

**11 Bealtaine 2021**
Rochtain tosaigh ar Ghréasán na Roinne Sláinte.

**13 Bealtaine 2021**
Chuir an tseirbhís monatóireachta an Roinn Sláinte ar an eolas faoin bhfadhb nuair a d'aimsigh sí dhá ghníomhaire bogearraí mailíseacha.

**13 Bealtaine 2021**
Tugadh fógra faoin bhfadhb do NCSC.

**13 Bealtaine 2021**
Fostaíodh Grant Thornton chun cúnamh a chur ar fáil.

**13 Bealtaine 2021**
Úsáideadh uirlis slándála lena soláthraítear cosaintaró na bogearraí éirice agus ar na bogearraí mailíseacha, agus seilg bagairtí agus freagairt don ionsaí á n-éascú ag an am céanna.

**14 Bealtaine 2021**
Tháinig bonneagar TFC na Roinne faoi ionsaí Conti le hiarracht bogearraí éirice a úsáid.[a]

**14 Bealtaine 2021**
Dhún aonad TFC na Roinne cuid de na seirbhísí agus bhain sé rochtain ar sheirbhísí eile agus ar chórais ríomhphoist ionas go bhfeadfaí an t-ionsaí a shrianadh go hiomlán agus measúnú a dhéanamh air.

**20 Bealtaine 2021**
Tar éis ríomhphost malartach atá bunaithe ar néal a chur i bhfeidhm, cuireadh rochtain ar ríomhphost ar bun arís.

**14 Meitheamh 2021**
Tar éis aghaidh a thabhairt ar cheanglais OGCIO, athchóiríodh nascacht le BTS.[b]

Foinse: An Roinn Sláinte

Nótaí:

a Is é TFC an bonneagar lena gcumasaítear oibríocht na gcóras ríomhaireachta nua-aimseartha.

b Soláthraíonn Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO), tríd an gclár 'Build to Share' (BTS), réimse uirlisí, ardán agus seirbhísí comhoibrithe do chomhlachtaí seirbhíse poiblí.

### *Tionchar ar chúram na n-othar*

**12.14** Ar na seirbhísí cúraim othar is mó a ndeachaigh an cibirionsaí i bhfeidhm orthu tá siad seo a leanas: raideolaíocht, paiteolaíocht/saotharlanna, radaiteiripe, seirbhísí máithreachais, cúram príomhúil agus seirbhísí míchumais. Tógadh tréimhse níos faide chun roinnt gníomhaíochtaí amhail tástálacha fola a chur i gcrích. Dúnadh seirbhísí eile go hiomlán.

- Dúnadh na meaisíní radaiteiripe agus cuireadh stop le cúram radaiteiripe sna laethanta i ndiaidh an chibirionsaithe i gcúig ionad (Ospidéal Naomh Lúcás, Ráth Garbh, saoráidí ar Líonra Oinceolaíochta Radaíochta Naomh Lúcás ar champais na n-ospidéal seo: Ospidéal San Séamas, Ospidéal Beaumont, Ospidéal Ollscoile na Gaillimhe agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí). Cuireadh plean i bhfeidhm le haghaidh cúram práinneach othar a sholáthar in earnáil na n-ospidéal príobháideach.
- Bhí x-ghathanna agus seirbhísí íomháithe ar fáil laistigh de rannóga radaiteiripe an ospidéil. Mar sin féin, toisc gur cuireadh as líne an córas íomháithe leighis comhtháite náisiúnta (NIMIS) lena gcumasaítear x-ghathanna agus íomhánna eile, ní raibh an fhoireann in ann rochtain a fháil ar íomháú stairiúil agus ní raibh sí in ann íomhánna a roinnt ar fud an ghréasáin.[1]

**12.15** I gcás nach raibh córais ar fáil, bhí ar fhoireann FSS réitigh láimhe shealadacha a fhorbairt chun leanúnachas i soláthar seirbhísí a chinntiú agus chun tionchar ar chúram na n-othar a mhaolú. Áiríodh leis sin aistriú chuig córais pháipéir chun taifid sláinte a nuashonrú, a bhí níos moille ná na gnáthphróisis.

**12.16** I measc na n-iarmhairtí indíreacha a bhí ag na réitigh oibre shealadacha a úsáideadh bhí moill ar iontrálacha agus scaoileadh na n-othar agus deacrachtaí le hothair a aistriú agus faisnéis chliniciúil a thaifeadadh ar bhealach iomlán tráthúil. D'fhéadfaí nach ndearnadh taifead faisnéis chliniciúil agus neamhchliniciúil áirithe mar gheall ar an easpa leideanna uathoibrithe lena chinntiú go bhfaighfí an fhaisnéis riachtanach ar fad.

**12.17** Tar éis athchóiriú na gcóras cliniciúil, bhí gá le hiarracht shuntasach acmhainní chun faisnéis chliniciúil a shiarlódáil agus chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis iomlán agus cruinn. Mar sin féin, thuairiscigh FSS go bhfuil roinnt sonraí ann nach féidir a fháil ar ais agus, dá bhrí sin, beidh tionchar fadtéarmach ag an gcibirionsaí agus mairfidh tionchar an chibirionsaithe ar chleachtas cliniciúil go ceann tamaill.

### *Tionchar ar ospidéil dheonacha*

**12.18** Thuairiscigh FSS gur chuir an cibirionsaí isteach ar ospidéil dheonacha ar bhealaí éagsúla.[2]

**12.19** Rinneadh iarracht ionsaithe bogearraí éirice ar Ospidéal Beaumont. D'ardaigh córas monatóireachta an ospidéil foláireamh go raibh fadhb ann agus bhí an t-ospidéal in ann beart a dhéanamh chun rochtain ar a chóras a bhlocáil. Tharla sé sin sular baineadh feidhm as bogearraí éirice ar ghréasán FSS, rud a d'íoslaghdaigh an tionchar ar chóras an ospidéil.

**12.20** Bhí tionchar measartha ag an ionsaí ar roinnt ospidéal deonach, agus ní raibh tionchar ag an ionsaí ar chórais áitiúla go ginearálta. Ba iad na príomhfhadhbanna oibríochtúla a tharla sna cásanna sin ná an toradh ar rochtain ar chórais náisiúnta a bheith á baint ag FSS.

1 Coinníonn NIMIS faisnéis inaitheanta phearsanta le haghaidh mhuintir na hÉireann a chomhroinntear le soláthraithe seirbhíse sláinte sa chóras sláinte poiblí.


2 Chuir FSS faisnéis ar fáil faoi thionchar an chibirionsaithe ar ospidéil dheonacha.

**12.21** Buaileadh roinnt ospidéal deonach go holc. Sna cásanna sin, bhí córais áitiúla na n-ospidéal criptithe nó bhí siad ag brath ar an bpríomhchóras cliniciúil, arna óstáil ag FSS, a raibh tionchar ag an ionsaí air.

**12.22** Bhí ar na hospidéil ar sainaithníodh go raibh gníomhaíochtaí ionsaitheora acu plean saincheaptha a chomhaontú le FSS agus le Mandiant a bhí bunaithe ar mhéid an ionsaithe.[1] Bhí trí chéim i gceist leis an bpróiseas athchóirithe, a dtugtar ‘geataí’ orthu — Bhain Geata 1 le córais inmheánacha a chur ar bun gan úsáid an Idirlín; Lig Geata 2 d’úsáid shonrach an Idirlín; agus lig Geata 3 d’ospidéil filleadh ar ghnáthghníomhaíocht atá bunaithe ar an Idirlíon. Leagtar amach i bhFíor 12.4 an amlíne athchóirithe le haghaidh gach ospidéil.

1 Sular cuireadh rochtain chuig an líonra ar bun arís, b’éigean do Mandiant athbhreithniú a dhéanamh ar na córais sna hospidéil ábhartha lena chinntiú go bhfuil siad slán ó chomharthaí laige.

**Fíor 12.4 Amlíne an phróisis athchóirithe le haghaidh gach ospidéil de réir geata[a]**




Foinse: FSS

Nóta: a Tharla an próiseas athchóirithe thar thréimhse a bhí ó lár mhí na Bealtaine go dtí an 10 Meán Fómhair 2021.

## Ullmhacht an FSS

**12.23** Fuarthas amach in athbhreithniú PwC tar éis an ionsaithe ar an gcibirionsaí go raibh FSS ag feidhmiú ar eastát TF lag a d'fhorbair seachas a dearadh le haghaidh athléimneachta agus slándála; agus gur cuid den chúis a bhí le laige an eastáit TF ná go raibh róspleáchas ann ar chórais oidhreachta. Cé go ndearna dearadh an ghréasáin éascaíocht don fhoireann rochtain a fháil ar na feidhmchláir a bhí de dhíth orthu, luaigh PwC gur chuir cineál comhréidh ghréasán FSS faoi bhagairt na gcibirionsaithe ó eagraíochtaí eile atá nasctha leis an ngréasán agus eagraíochtaí eile a nochtadh do chibirionsaithe a tháinig ó ghréasán FSS.

**12.24** Rinne FSS measúnú ar bhaol an ionsaithe cibearshlándála roimh an ionsaí. Cuireadh an coiste iniúchóireachta agus riosca (ARC) ar an eolas faoi chibearshlándáil i mí Feabhra 2020 agus arís i mí an Mhárta 2021. Chuir FSS in iúl go raibh cibir-riosca ar an gclár riosca corparáideach chomh maith agus go ndéanann an ARC agus ag Bord FSS athbhreithniú ar an gclár ar bhonn tráthrialta.

**12.25** Thuairiscigh an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí chomh maith ar chórais TF FSS roimh an ionsaí agus ghlac bainistíocht FSS lena mholtaí. Mar shampla,

- In 2018, fuarthas amach in iniúchadh inmheánach ar an NIMIS gur bhain freastalaithe áirithe úsáid as bogearraí as dáta — Microsoft Windows Server 2003 — cuireadh deireadh le tacaíocht soláthraithe dóibh i mí Iúil 2015.[1] Fuarthas amach freisin nár chloígh roinnt feidhmchlár gréasáin a bhí in úsáid le cleachtais chódaithe shlána. Dá bhrí sin, bhí baol ann go bhféadfadh FSS a bheith faoi réir ionsaí nuair a d'fhéadfadh úsáideoir mailíseach an dallamullóg a chur ar ghnáthúsáideoirí an fheidhmchláir chun gníomhartha a dhéanamh i ngan fhios dóibh, faisnéis rúnda a fháil, nó cód mailíseach a chur isteach san fheidhmchlár.
- In 2019, fuarthas amach in iniúchadh inmheánach ar bhonneagar náisiúnta cúltaca sonraí agus athléimneachta FSS nach raibh cur chuige caighdeánaithe ag FSS chun cúltaca agus aisghabháil sonraí a bhainistiú ar fud a lárionaid sonraí, agus nach raibh an beartas náisiúnta cúltaca agus aisghabhála tugtha chun críche. Aithníodh ann freisin freastalaithe a bhí ag rith bogearraí gan tacaíocht chomh maith.

**12.26** Sna ráitis faoi rialú inmheánach a foilsíodh le ráitis airgeadais bhliantúla FSS in 2019, in 2020 agus in 2021, d'admhaigh FSS na laigí agus chuir sé in iúl go raibh sé tiomanta do na rialuithe a fheabhsú maidir le cibearshlándáil.

**12.27** Ba é príomhchúram tosaigh an fhreagra TF tar éis an ionsaithe ná iarracht a dhéanamh na córais a chur ar bun arís ón gcúltaca. Mar sin féin, chuir FSS in iúl, mar gheall ar an líon córas a chaithfí a athchóiriú go príomha ó dhioscaí nó ó théipeanna, go dtógfadh an próiseas seo i bhfad níos faide ná an próiseas a bhain leis an uirlis díchriptithe a fháil.

**12.28** Ó tharla an t-ionsaí agus chun cosaint a thabhairt in aghaidh ionsaí den chineál céanna, tá seirbhís fheabhsaithe monatóireachta gréasáin curtha i bhfeidhm ag FSS. Roimh an ionsaí, bhí monatóireacht theoranta ar an ngréasán — chuir tríú páirtí seirbhís monatóireachta frithvíreas ar fáil a bhí ag feidhmiú ó 8 a.m. go 6 p.m. gach lá, le seirbhís ar glaoch taobh amuigh na huaireanta sin. Soláthraíonn an tseirbhís fheabhsaithe monatóireachta tacaíocht 24 uair an chloig. Mar gheall ar bhearta breise, ar nós bogearraí um scanadh víris agus gléas monatóireachta gréasáin a dhéanann scanadh ar an trácht ar fad a théann isteach sa ghréasán nó a théann amach as, tá méadú tagtha ar ullmhacht FSS chun déileáil le hionsaithe cosúla.

1 Measúnú Leochaileachta — an Córas Íomháithe Leighis Comhtháite Náisiúnta (NIMIS), Meitheamh 2018.


## Costais an ionsaithe

### *Costais FSS*

**12.29** Is suntasach iad na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le cibirionsaí, leis na costais sa raon ó na cinn a bhain leis an ionsaí tosaigh, go dtí costais a bhaineann le hathchóiriú, le hatógáil agus le feabhas a chur ar shlándáil na gcóras.

**12.30** Tar éis an chibirionsaithe, thabhaigh FSS costais shuntasacha maidir le rochtain ar chórais criptithe a aisghabháil agus maidir le slándáil a fheabhsú ar fud a ghréasáin TFC (féach Fíor 12.5). In 2021, thabhaigh FSS (gan gníomhaireachtaí deonacha a áireamh) caiteachas ioncaim de €37 milliún agus caiteachas caipitil de €14 mhilliún.[1]

**Fíor 12.5 Costais an chibirionsaithe 2021[a]**




| | |
|---|---|
| **Seirbhísí gairmiúla** | Áirítear leis sin costais amhail tacaíocht díoltóirí (chun freastalaithe agus feidhmchláir a thógáil) agus costais comhpháirtithe straitéiseacha (seirbhísí imscrúdaithe, feabhsúcháin agus monatóireacht slándála, agus fostú saineolaithe seachtracha cibearshlándála). |
| **Cibearchostais Ospidéil FSS** | Áirítear leis seo costais incriminteacha (costais phá agus costais neamhphá araon) a tabhaíodh in FSS i gcoitinne mar thoradh ar an gcibirionsaí. |
| **Crua-earraí TFC** | Gléasanna oidhreachta a athsholáthar agus bonneagar monatóireachta a cheannach. |
| **Costais eile** | Áirítear leis seo costais eile amhail bogearraí a cheannach agus costais a bhaineann leis an aistriú chuig Oifig 365 chun aistriú chuig córas níos sláine atá néalbhunaithe a éascú. |

Foinse: FSS

Nóta: a Is costais chaipitil iad costais crua-earraí TFC mar aon le €537,000 atá san áireamh i seirbhísí gairmiúla, agus is costais a bhaineann le hioncam na gcostas atá fágtha.

**12.31** Ina theannta sin, caitheadh thart ar €4.4 milliún ar chostais ioncaim, a bhaineann den chuid is mó le Microsoft Office 365 in 2022. Chuir FSS in iúl go dtabhódh sí costais mhaolaitheacha eile in 2022.

**12.32** Níl costas iomlán an ionsaithe ar FSS tomhaiste. Níl costais a thabhaíonn na gníomhaireachtaí deonacha ar áireamh in aon cheann de na figiúirí. Níor chuir FSS costáil ar am foirne a tabhaíodh chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe teicniúla an chibirionsaithe agus ar an am breise a bhí ag teastáil chun gnáthsheirbhísí a thosú arís.

**12.33** Ní raibh FSS in ann na costais foirne a bhain le taifid chruachóipe a chothabháil fad is a bhí córais thíos leis, agus le haghaidh nuashonrú na dtaifead leictreonach ina dhiaidh sin a luaithe a athbhunaíodh rochtain ar an gcóras.

1 Thabhaigh Oifig na Ríomhsheirbhísí Sláinte agus na dTeicneolaíochtaí Bunathraitheacha de chuid FSS €23.6 milliún den chaiteachas ioncaim iomlán agus an tusim iomlán €13.7 milliún de chaiteachas caipitil. Tá an Oifig sin freagrach as soláthar na teicneolaíochta chun tacú le cúram sláinte agus é a fheabhsú in Éirinn.

**12.34** Thabhaigh FSS costais dlí de €2.6 milliún ó tharla an cibirionsaí i leith.[1] Áiríodh leis sin ordú ardchúirte a dhaingniú maidir le cosc a chur, *inter alia*, ar chomhroinnt a chuid sonraí, gan toiliú a bheith tugtha aige. Chuir FSS in iúl nár thionscain aon othar aonair aon chaingean dlí ina coinne go nuige seo. Mar sin féin, níor cuireadh othair, cliaint agus baill foirne FSS ar goideadh a gcuid faisnéise pearsanta mar chuid den chibirionsaí ar an eolas go nuige seo faoi Lúnasa 2022.

**12.35** Chomh maith leis na costais a tabhaíodh in 2021, tá méadú de €43 mhilliún ar a mhaoiniú athfhillteach faighte ag FSS ó 2022 le haghaidh caiteachais TFC agus tá €38 milliún de sin le haghaidh gníomhartha láithreacha agus gníomhartha gearrthéarmacha chun a cumas déileáil le bagairtí amach anseo a mhéadú.

**12.36** Tá plean tosaigh ullmhaithe ag FSS chun moltaí athbhreithnithe iar-ionsaithe PwC a chur chun feidhme agus is gá costáil a dhéanamh ar na gníomhartha a bhaineann leis. Chuir FSS in iúl gurb iad na meastacháin tosaigh ná go dteastóidh beagnach €657 milliún thar sheacht mbliana chun feabhsuithe cibearshlándála a chur i bhfeidhm.[2]

### *Tionchar an chibirionsaithe ar othair*

**12.37** Cuireadh go leor coinní othar ar ceal tar éis an chibirionsaithe, rud as ar eascair méadú ar liostaí feithimh. Mar sin féin, thug FSS faoi deara gur cuireadh líon suntasach coinní ar ceal mar gheall ar phaindéim Covid-19, seachas iad a bheith bainteach go díreach leis an gcibirionsaí go díreach. Is deacair na tionchair a dheighilt, ach bheadh sé doiligh iad a chostáil pé scéal é.

### *Costais na gcomhlachtaí sláinte eile*

#### *An Roinn*

**12.38** Mar thoradh ar an gcibirionsaí, thabhaigh an Roinn costais dhíreacha de bheagnach €647,700 chun déileáil leis an bhfreagairt láithreach don ionsaí agus le hiarmhairt an ionsaithe. Thabhaigh sí caiteachas ab fhiú €305,000 ar an iomlán maidir le seirbhís braite agus freagartha a bainistíodh san idirthréimhse agus ab fhiú €22,000 ar an iomlán ar chomhairle ghairmiúil.

**12.39** Roimh an ionsaí, bhí tairiscint déanta ag an Roinn do sheirbhís monatóireachta ar chostas €61,000 ar feadh trí bliana. Tar éis an ionsaithe, chinn an Roinn na roghanna slándála go léir a lárú agus córas ríomhphoist néalbhunaithe a chur i bhfeidhm. €293,000 don bhliain 2021 a chosain na ceadúnais don fhoireann ar fad.

#### *Ospidéal San Séamas*

**12.40** Tar éis an ionsaithe, d'aithin Ospidéal San Séamas feabhsuithe féideartha ar shlándáil a ghréasáin. Chuir an t-ospidéal in iúl go bhfuil costálacha curtha ar fáil aige do FSS le haghaidh bearta breise chun méadú a chinntiú ar a bhuiséad bliantúil TFC chun go gcuirfí €2.8 milliún do chostais neamhphá, €482,000 do chostais phá athfhillteacha agus €2.2 milliún do chaiteachas caipitil ar áireamh.

#### *Ospidéal Beaumont*

**12.41** Rinne Ospidéal Beaumont meastachán gur thabhaigh sé costais bhreise de €512,000 mar thoradh ar an gcibirionsaí agus gur chostais bhliantúla athfhillteacha a bheidh i thart ar €233,000 den tsuim sin.

1 Chlúdaigh na costais dlí an tréimhse ó mhí na Bealtaine 2021 go dtí deireadh mhí Iúil 2022.

2 Cuimsíonn sé sin caipiteal is fiú €127 milliún agus ioncam is fiú €530 milliún, bunaithe ar mheastacháin reatha.

**12.42** Ciallaíonn leochaileacht an chórais TF d'Ospidéal Beaumont go bhfuil an t-ospidéal ag leagan béim ar chóras riaracháin um thaifid othar a chur a sheachadadh toisc go dtiocfaidh deireadh le feidhmiú ar chóras reatha an ospidéil an 31 Nollaig 2025.

## Moltaí PwC

**12.43** Rinne athbhreithniú an iar-ionsaithe PwC sa chibirionsaí iarracht

- na fíricí a bhunú go práinneach maidir le hullmhacht theicniúil agus oibríochtúil FSS do riosca straitéiseach den chineál seo
- na ceachtanna ón ionsaí a aithint agus feabhsuithe a aithint ar ullmhacht FSS do rioscaí móra eile agus ar a fhreagairt dóibh; agus
- na ceachtanna a roinnt laistigh de FSS agus go seachtrach.

**12.44** Áirítear i dtuarascáil PwC 83 phríomh-mholadh (féach Fíor 12.6).[1]

**Fíor 12.6 Príomh-mholtaí PwC, Meán Fómhair 2021**

| Limistéar | Béim an athbhreithnithe | Príomh-mholtaí |
|---|---|---|
| Limistéir iomlána | Athrú ó bhonn[a] | 22 |
| Limistéar fócais 1 | Imscrúdú teicniúil agus an fhreagairt | 15 |
| Limistéar fócais 2[b] | Ullmhacht agus freagairt straitéiseach ar fud na heagraíochta | 24 |
| Limistéar fócais 3 | Ullmhacht FSS maidir le smacht a choinneáil ar chibir-rioscaí | 22 |

Foinse: PwC *Conti cyber attack on the HSE,* athbhreithniú neamhspleách iar-ionsaithe

Nótaí: a Áirítear le tuarascáil PwC deich moladh straitéiseacha chun athrú claochlaithe a sheachadadh agus dhá mholadh déag theaicticiúla a chuidíonn le cur i bhfeidhm na moltaí straitéiseacha.

b Rinneadh sé cinn de na moltaí i limistéar fócais 2 a fhoroinnt tuilleadh.

**12.45** Chuir FSS in iúl go raibh trí cinn de na moltaí curtha i bhfeidhm go hiomlán amhail mí an Mheithimh 2022. Chuir sé in iúl chomh maith go dtógfaí cúpla bliain maidir le roinnt de na moltaí a chur i gcrích, gealltanas leanúnach is ea moltaí eile agus nach léireofar go hiomlán le stádas gach molta méid na hoibre leanúnaí chun a chinntiú go bhfuil FSS slán ó ionsaí amach anseo.

**12.46** Thug FSS faoi deara chomh maith go bhfuil gnéithe dúblacha i gcuid de na moltaí sa tuarascáil a ndearna PwC anailís orthu ionas go bhféadfaí plean scagtha agus plean costáilte a ullmhú a bheifear in ann a rianú chun a chinntiú go gcuirfear na moltaí i bhfeidhm.

**12.47** D'aithin PwC roinnt ceachtanna le comhroinnt le comhlachtaí eile maidir lena n-ullmhacht amach anseo do bhagairt ó chibirionsaí a chur in iúl (féach Iarscríbhinn 12A).

1 Chuir FSS in iúl go bhfuil roinnt fo-mholtaí ann i gcuid mhór de na príomh-mholtaí arb ionann iad agus 245 mholadh ar an iomlán.

## Conclúidí agus moltaí

**12.48** Bhí FSS faoi réir cibirionsaí suntasach i mBealtaine 2021, arb é an toradh a bhí air gur criptíodh cuid mhór dá chórais agus gur goideadh faisnéis phríobháideach othar. Mar fhreagairt don ionsaí, dhún FSS a ghréasán síos chun cosc a chur le tuilleadh dochair a dhéanfaidh na hionsaitheoirí, ach ba é an toradh a bhí air sin ná gur cuireadh isteach go mór ar ghníomhartha na ngnáthúsáideoirí de chórais FSS. Níor athbhunaíodh rochtain iomlán ar chórais go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2021.

**12.49** Fuarthas amach in athbhreithniú iar-ionsaithe a rinne PwC ar an ionsaí go raibh seirbhís sláinte poiblí na hÉireann ag feidhmiú ar eastát TF lag agus le hailtireacht a d'fhorbair seachas a dearadh go speisialta le haghaidh athléimneachta agus slándála. Chinn PwC go raibh róspleáchas ar chórais oidhreachta mar chuid den chúis le laige an eastáit TF.

**12.50** Aithníodh in iniúchtaí inmheánacha roimhe seo saincheisteanna le bonneagar TF FSS, lena n-áirítear úsáid leanúnach a bhaint as bogearraí as dáta agus nach dtacaítear leo agus roinnt feidhmchlár gréasáin nach raibh ag cloí le cleachtais shlánchódaithe.

**12.51** Ba mhór an costas airgeadais a bhain leis an gcibirionsaí ar an FSS. Mar sin féin, ní bhfuarthas amach costas iomlán an ionsaithe agus a thionchar fadtéarmach ar chúram na n-othar. Bhí dúshláin le sárú freisin nuair a baineadh úsáid as réitigh láimhe shealadacha agus bhí an córas as líne, agus an tsiarlódáil faisnéise ina dhiaidh sin maidir lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis taifeadta cruinn, iomlán agus inrochtana. Thug FSS le fios go gcuirfeadh deacrachtaí maidir le roinnt sonraí a fháil isteach ar chleachtas cliniciúil ar feadh tamaill.

**12.52** Ina athbhreithniú iar-ionsaithe ar an gcibirionsaí, leag PwC amach raon leathan moltaí ar ghlac Bord FSS leo i mí na Samhna 2021. D'ullmhaigh FSS plean tosaigh chun costáil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí. Beidh infheistíocht shuntasach i gcórais TF FSS ag teastáil lena chinntiú go mbeidh na córais oiriúnach don fheidhm, go nuashonrófar ardáin oibriúcháin agus go mbeidh cosaint leordhóthanach ar shonraí pearsanta an chliaint agus na n-othar ar bhagairtí seachtracha.

### Moladh 12.1

Ba cheart na spriocanna insoláthartha, costais agus amlínte, agus is lena dtaobhsan a thomhaistear an dul chun cinn, a leagan amach go soiléir i bplean FSS maidir le cur i bhfeidhm mholtaí PwC.

#### Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Aontaím.

Rinne FSS dul chun cinn maidir le cás infheistíochta a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte.

Bhunaigh FSS foghrúpa den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí PwC.

**Moladh 12.2**

Ba cheart córais TFC nach bhfuil tacaíocht leanúnach acu a athsholáthar ionas go mbeidh córais ann lena stóráiltear faisnéis phearsanta go sách sábháilte.

**Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Aontaím i bprionsabal.

Tá athsholáthar agus uasghrádú na gcóras ina gceanglas leanúnach ar FSS agus tógfaidh sé roinnt blianta chun teicneolaíocht nua gan tacaíocht a athsholáthar.

**12.53** Fuarthas amach in athbhreithniú iar-ionsaithe PwC chomh maith gur nochtadh nádúr cothrom ghréasán FSS do riosca cibirionsaithe ar FSS ó eagraíochtaí eile atá nasctha lena ghréasán chomh maith leis na heagraíochtaí sin a nochtadh d’ionsaithe de thionscnamh FSS.

**12.54** D’éascaigh an caidreamh muiníne idir chórais ar úsáid FSS agus an Roinn iad, agus iad siúd a ar úsáid FSS agus an tOspidéal Beaumont iad, rochtain na n-ionsaitheoirí ar ghréasán TFC ar gach eintiteas.  Mar sin féin, d’éirigh leis an monatóireacht leanúnach níos fearr a rinne an Roinn agus an t-ospidéal ar bhagairtí gréasáin agus ar ghníomhaíocht amhrasach lena n-iarrachtaí an cibirionsaí ó bhogearraí éirice ar a gcórais a chosc agus tionchar an chibirionsaithe ar FSS sna heagraíochtaí sin a íoslaghdú.

**Moladh 12.3**

Ba cheart do FSS athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe caidrimh iontaobhais atá i bhfeidhm faoi láthair chun a chinntiú go léiríonn siad an dea-chleachtas agus go dtugtar aghaidh chuí ar an mbaol cibirionsaithe a eascraíonn as ceachtar páirtí i ngach socrú.

**Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Aontaím.

Tugadh faoi roinnt príomhchéimeanna chun feabhas a chur ar chibearbhonneagar na heagraíochta, lena n-áirítear Príomhoifigeach Slándála Faisnéise a earcú chun an fheidhm oibríochtaí cibearshlándála ó cheann go ceann a threorú.

**12.55** Ag an am a bhí an scrúdú seo á thabhairt chun críche, níor cuireadh othair, cliaint agus foireann FSS ar goideadh a sonraí pearsanta mar chuid den chibirionsaí fós ar an eolas faoin tionchar a bhí orthu.

**Moladh 12.4**

Ba cheart do FSS tús áite a thabhairt dá rannpháirtíocht leis na geallsealbhóirí ábhartha ionas go gcuirfear gach duine a bhfuil tionchar orthu ar an eolas go hiomlán faoi mhéid a sonraí pearsanta a goideadh mar chuid den ionsaí.

**Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Aontaím.

Tá próiseas fógartha ar bun, a cuireadh in iúl don Choimisinéir Cosanta Sonraí.

**12.56** Tá gach eagraíocht a oibríonn ar líne i mbaol ó chibirionsaí. Tá sonraí pearsanta suntasacha agus sonraí rúnda i seilbh comhlachtaí Stáit. Tá na comhlachtaí sin ag brath go mór ar chórais TF a dtacaítear i gceart leo agus a fheidhmíonn i gceart. Chuir FSS iarraidh ar áireamh ina choimisiún ar na comhairleoirí seachtracha go mbreithneodh siad na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcibirionsaí ionas gur féidir leo iad sin a chomhroinnt le heagraíochtaí Stáit agus le heagraíochtaí neamh-Stáit. Comhroinneadh na ceachtanna sin go poiblí.

## Iarscríbhinn 12A Na moltaí atá le breithniú ag gach eagraíocht san earnáil phoiblí, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcibirionsaí ar FSS

| Uimh. | Moladh |
|---|---|
| 1 | Ba cheart do bhoird agus/nó do cheannaireacht feidhmiúcháin na n-eagraíochtaí a chinntiú go dtuigeann siad a mhéid atá a gcuid oibríochtaí criticiúla ag brath ar an teicneolaíocht. |
| 2 | Ba cheart d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil straitéis chibearshlándála acu lena sainítear na príomhrioscaí cibearshlándála don eagraíocht, an chaoi a ndéantar na rioscaí sin a mhaolú agus na hacmhainní agus an infheistíocht a theastaíonn chun an straitéis a chur i gcrích. |
| 3 | Ba cheart d'eagraíochtaí measúnú cibearshlándála a chur i gcrích ina ndírítear ar bhagairt na mbogearraí éirice, ag féachaint don bhagairt mhéadaithe a bhaineann le hionsaithe ó bhogearraí éirice. |
| 4 | Ní mór cumas éifeachtach faireacháin slándála a bheith ag eagraíochtaí atá in ann na huirlisí agus na teicnící a n-úsáideann grúpaí bogearraí éirice iad a bhrath agus freagairt a thabhairt dóibh. |
| 5 | Tá sé ríthábhachtach tástáil a dhéanamh ar chumas cibearshlándála trí úsáid a bhaint as haiceálaithe eiticiúla a dhéanann ionsamhlú ar theicnící ionsaithe ó cheann go ceann (i.e., tástáil 'foirne deirge') chun dearcadh bagairtbhunaithe a sholáthar ar leochaileacht eagraíochta i leith bogearraí éirice agus cineálacha eile ionsaithe. |
| 6 | Ba cheart d'eagraíochtaí pleananna freagartha ar eachtraí a bhaineann go sonrach leis an gcibearshlándáil agus pleananna bainistithe géarchéime a fhorbairt agus a fheidhmiú ina sainítear an chaoi ar cheart freagairt a threorú, a bhainistiú agus a chomhordú. |
| 7 | Ba cheart d'eagraíochtaí tús áite a thabhairt do phleanáil leanúnachais gnó agus do phleanáil athshlánaithe ó thubaiste a chinnteodh soláthar le haghaidh leanúnachas na n-oibríochtaí criticiúla agus an cumas ar théarnamh i gcoinne ionsaí na mbogearraí éirice as a dtagann caillteanas iomlán TF agus sonraí gaolmhara. |
| 8 | Ba cheart d'eagraíochtaí táillí áirithíochta conarthacha a bhunú le tríú páirtithe tábhachtacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le freagairt a thabhairt i ngéarchéim. |

Foinse: PwC *Conti cyber attack on the HSE*, athbhreithniú neamhspleách iar-ionsaithe

# 13 Seirbhís Caomhnóra *ad litem* — tuarascáil leantach

**13.1** Is duine neamhspleách é caomhnóir *ad litem* a cheapann an chúirt chun a chinntiú go gcloistear faoi leasanna agus tuairimí linbh/leanaí in imeachtaí poiblí dlí teaghlaigh. Foráiltear le halt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991, do chaomhnóir *ad litem* a cheapadh i leith imeachtaí cúraim i gcás nach páirtí sna himeachtaí sin an leanbh agus nuair is deimhin leis an gcúirt go bhfuil gá leis ar mhaithe le leas an linbh agus ar mhaithe le ceartas.

**13.2** Tá an breitheamh ceannais freagrach as cinneadh a dhéanamh ar cheart caomhnóir *ad litem* a cheapadh i gcás nó nár cheart. Ní leagtar amach in Acht 1991 critéir maidir le ceapacháin den sórt sin, ná na cáilíochtaí is gá chun duine a cheapadh chun gníomhú mar chaomhnóir *ad litem*; ná ról, feidhm ná stádas caomhnóra *ad litem* in imeachtaí cúraim.

**13.3** Bunaíodh an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí (BCAL) faoi alt 20 den Acht um Chúram Leanaí (Leasú) 2007.[1] I mí na Bealtaine 2009, d'fhoilsigh BCAL treoir maidir le cáilíochtaí, critéir cheapacháin, oiliúint agus ról aon chaomhnóra *ad litem* a cheaptar (féach Iarscríbhinn 13A). Níor tugadh bonn reachtúil don treoir riamh, áfach. Díscaoileadh BCAL in 2011.

**13.4** Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn) freagrach as an mbeartas a bhaineann le socruithe caomhnóra *ad litem.* Tá an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) freagracht as na costais a bhaineann leis an tseirbhís a chomhlíonadh.[2] Níl ról ag Tusla i mbainistiú na seirbhíse ná i monatóireacht a dhéanamh uirthi.

**13.5** Tá forbhreathnú ar an gcóras caomhnóra *ad litem* leagtha amach i Fíor 13.1.

## Rudaí a ndíreofar orthu sa scrúdú seo

**13.6** Scrúdaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste feidhmiú an chórais caomhnóra *ad litem* in 2015, agus d'fhoilsigh sé tuarascáil ar an scrúdú i mí Mheán Fómhair 2016.[3] Bunaithe ar thorthaí an scrúdaithe, chuimsigh an tuarascáil trí mholadh, ar aontaigh an Roinn agus Tusla leo.


**13.7** Déantar athbhreithniú sa scrúdú seo ar an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn agus ag Tusla maidir le cur i bhfeidhm na moltaí.

1 Bunaíodh an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí (BCAL) chun comhairle a sholáthar ar shaincheisteanna beartais a bhaineann le soláthar comhordaithe seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga atá i mbaol.

2 Go deireadh na bliana 2013, thuairiscigh FSS na costais a bhaineann leis an tseirbhís seo ina ráitis airgeadais bhliantúla mar 'seirbhísí gairmiúla'.

3 Caibidil 11 Seirbhísí Caomhnóra *ad litem*, Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2015.

**Fíor 13.1 Forbhreathnú ar an tseirbhís chaomhnóra a*d litem***




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Tá seirbhís caomhnóra *ad litem* á soláthar ag Barnardos do na cúirteanna ó 1997 i leith.
b Ba iad roinnt caomhnóirí *ad litem* a d'oibrigh ar bhonn aonair roimhe seo i gcaitheamh na tréimhse 2014 – 2015 a bhunaigh TIGALA.
C An líon caomhnóirí *ad litem* a sainaithníodh in 2021

## Bainistiú agus maoirsiú na seirbhíse

***Moladh***

*Ba cheart an fhreagracht as bainistiú agus maoirsiú na seirbhíse a leagan ar eintiteas aonair, agus b'fhearr fós í a leagan ar chomhlacht atá neamhspleách ar na himeachtaí dlíthiúla. Ba cheart don chomhlacht sin faisnéis staidrimh iontaofa a bhailiú agus í a úsáid chun an t-éileamh ar an tseirbhís a thuar, buiséadú a dhéanamh dá réir agus príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt, trína bhféadfaí tomhais maidir le tráthúlacht agus cáilíocht na seirbhíse a sholáthraítear a áireamh, chun go bhféadfaí bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh.*

*Idir an dá linn, ba cheart don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige leas a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil faoi láthair ó Tusla chun na críche sin.*[1]

**13.8** Thuairiscíodh de thoradh an scrúdaithe, in 2015, nach raibh aon struchtúr ná comhlacht bainistíochta náisiúnta ann a raibh sé de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar an tseirbhís caomhnóra *ad litem*. Is amhlaidh a bhí an scéal ag deireadh mhí Iúil 2022.

**13.9** Chuir an Roinn tús le próiseas in 2015 chun soláthar na seirbhíse caomhnóra *ad litem* a leasú, lenar áiríodh leasuithe ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus thaca ag an tseirbhís faoi láthair. Mar thoradh air sin, ritheadh an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú) i mí Iúil 2022.

### *An tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2022*

**13.10** Leis an Acht, tugtar roinnt cumhachtaí don Aire chun rialacháin a dhéanamh, a chuirfidh ar a chumas/a cumas seirbhís nua caomhnóra *ad litem* a bhunú laistigh d'oifig feidhmiúcháin na Roinne. Tá sé beartaithe an tseirbhís nua a bhunú mar oifig feidhmiúcháin d'fhonn déileáil le socruithe níos fadtéarmaí don oifig i gcomhthéacs an aistrithe atá beartaithe go córas cúirte teaghlaigh.

**13.11** Le forálacha eile den Acht,

- cruthaítear toimhde i bhfabhar caomhnóir *ad litem* a cheapadh in imeachtaí os comhair na Cúirte Dúiche agus foráiltear do cheapachán éigeantach i gcásanna cúraim speisialta os comhair na hArd-Chúirte
- leagtar amach an próiseas trína sanntar caomhnóir aonair *ad litem* do chás cúraim leanaí agus sonraítear ról agus stádas caomhnóra *ad litem*
- tugtar de chumhacht don Aire rialacháin a dhéanamh maidir leis na cáilíochtaí agus an taithí atá riachtanach chun gníomhú mar chaomhnóir *ad litem*
- foráiltear d'idirthréimhse sa chéad bhliain d'oibriú na hoifige feidhmiúcháin chun socrú a dhéanamh maidir le haistriú gan uaim ón gcóras reatha go samhail nua soláthair
- ceanglaítear ar an gcúirt, i gcás go bhfuil leanbh in ann a thuairimí nó a tuairimí féin a bheith aige nó aici, a chinneadh conas is féidir cabhrú leis an leanbh na tuairimí sin a chur in iúl
- ceanglaítear ar an gcúirt aon tuairimí is mian leis an leanbh a chur in iúl a mheas mar is cuí, ag féachaint d'aois agus aibíocht an linbh.

1 Thugtaí an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige roimhe seo.

### *Bunú na hoifige feidhmiúcháin*

**13.12** Cuireadh foireann tionscadail i bhfeidhm in 2018 chun bunú na hoifige feidhmiúcháin laistigh den Roinn a bhainistiú. Cuireadh foireann an tionscadail ar fionraí go luath in 2020 toisc go raibh moill ar an reachtaíocht agus go raibh foireann ag teastáil in áiteanna eile chun freastal ar éilimh phaindéim Covid-19. Níl foireann an tionscadail tar éis teacht le chéile an athuair fós.

**13.13** Ó bhíothas ag súil go rithfí an reachtaíocht riachtanach, rinneadh soláthar meastacháin de €845,000 in aghaidh na bliana i ráitis airgeadais na Roinne do 2020 agus 2021 le haghaidh oibriú na hoifige feidhmiúcháin um chaomhnóirí *ad litem.* Tabhaíodh €127,000 mar chaiteachas in 2020, agus caitheadh an chuid is mó den tsuim sin ar chóras TF a fhorbairt, a úsáidfear chun cásanna a bhainistiú. Níor caitheadh aon chuid de sholáthar na bliana 2021 mar gheall ar mhoill bhreise ar bhunú na hoifige.

### *Faisnéis staitistiúil maidir le bainistiú feidhmíochta agus réamhaisnéisiú*

**13.14** Ní ullmhaíonn agus ní fhoilsíonn an Roinn ná Tusla príomhtháscairí feidhmíochta maidir leis an tseirbhís caomhnóra *ad litem*. Bailíonn Tusla faisnéis faoi chostas na seirbhíse agus na gnéithe is bun leis an gcostas, e.g., uaireanta a ndearnadh billeáil fúthu, ciliméadar a taistealaíodh. Ullmhaíonn Tusla figiúirí buiséadaithe do chostais chaomhnóra *ad litem* (lena n-áirítear a n-ionadaithe dlíthiúla) trí athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas na bliana roimhe sin.[1] Cé go bhfuil sonraí faoi uaireanta agus taisteal á dtiomsú, níl siad á n-úsáid chun an ghníomhaíocht don tseirbhís a thuar.

*Freagra Tusla*

**13.15** Níl údarás ag Tusla maidir le monatóireacht a dhéanamh ar obair caomhnóra *ad litem* (ceaptha ag an gcúirt) nó maidir le measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil. Níl baint ag Tusla le cúrsaí mar thráthúlacht ná níl aon údarás aige athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht oibre caomhnóra *ad litem* ná aon fhiosrúcháin a dhéanamh ina leith. Tá an tseirbhís treoraithe ag éileamh agus níl aon smacht ná ionchur ag Tusla agus, dá bharr sin, bíonn sé deacair a thuar le haon chinnteacht cén ghníomhaíocht caomhnóirí *ad litem* a bheidh ann sa bhliain atá romhainn.

*Freagra na Roinne*

**13.16** Faoi fhorálacha Acht 2022, ní bheidh Tusla freagrach a thuilleadh as íocaíochtaí a dhéanamh le caomhnóirí *ad litem*, rud a bheidh faoi chúram na hoifige feidhmiúcháin. Tugann an Roinn le fios go mbeidh ar an oifig feidhmiúcháin sonraí staitistiúla a bhailiú chun éileamh agus riachtanais bhliantúla buiséid a thuar don tseirbhís agus tugann sí le fios go ndéanfar príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt.

**13.17** Níor caitheadh an soláthar 2021 sa chuntas leithreasa don oifig feidhmiúcháin mar gheall ar an moill ar chur chun cinn na reachtaíochta chun tacú le hathchóiriú na seirbhíse caomhnóra *ad litem* agus de dheasca thionchar leanúnach phaindéim Covid-19 ar an Roinn. Tá obair ullmhúcháin maidir le hoscailt na hoifige feidhmiúcháin ar siúl, ach ní fhéadfaí an Oifig a chur ar bun sula rithfí an reachtaíocht mar go mbeadh an baol ann go sárófaí deighilt na gcumhachtaí idir an feidhmeannach agus na breithiúna. Ina theannta sin, bhí cainteanna ag an Roinn leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le suíomh deiridh na hoifige feidhmiúcháin, rud as ar eascair éiginnteacht faoi aistriú féideartha na hoifige chuig córas cúirte teaghlaigh amach anseo.

1 Níl baint ag an Roinn le tiomsú na bhfigiúirí buiséid mar chuid den phróiseas meastachán don tseirbhís caomhnóra *ad litem.*

## Costas na seirbhíse agus méadracht feidhmíochta


***Moladh***

*Ba cheart do Tusla leas a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil chun raon méadrachtaí feidhmíochta a fhorbairt, mar shampla meánchostas in aghaidh an cháis, meánualach cásanna in aghaidh an chaomhnóra ad litem, agus meánchostas in aghaidh an chineáil seirbhíse a sholáthraíonn caomhnóirí ad litem, chun costais níos mó ná an meán a aithint agus dearbhú a fháil go bhfuil siad cuí.*

**13.18** Fostaíonn formhór na gcaomhnóirí *ad litem* aturnaetha agus abhcóidí chun ionadaíocht a dhéanamh dóibhsean nó dá gcliaint sa chúirt. Is ar Tusla[1] atá sé íoc as táillí caomhnóirí *ad litem* agus as a bhfoirne dlí. Sa tréimhse 2014 go 2021, thabhaigh Tusla €117 milliún mar chostais ar an tseirbhís (féach Fíor 13.2).

**13.19** Toisc go gceapann an chúirt na caomhnóirí *ad litem*, ní féidir le Tusla ach rialuithe teoranta airgeadais a chur i bhfeidhm agus ní féidir leis riail maidir le luach ar airgead a chur i bhfeidhm ar na híocaíochtaí sin. Cé go bhfuil ráta comhaontaithe ag Tusla le haghaidh uaireanta gairmiúla le caomhnóirí *ad litem*, tá an tseirbhís bunaithe ar éileamh, agus an caiteachas á chinneadh ag an líon uaireanta gairmiúla a éilítear ar gach cás.

**Fíor 13.2 Líon caomhnóirí *ad litem*, costais agus táillí dlí**




Foinse: Ráitis airgeadais Tusla 2014 – 2021

1 Sonaítear in alt 26(2) den Acht um Chúram Leanaí, 1991, 'go n-íocfaidh an bord sláinte lena mbaineann aon chostais a thabhóidh duine agus é nó í ag gníomhú mar chaomhnóir *ad litem* faoin alt seo'. Aistríodh an fhreagracht ina dhiaidh sin chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (in 2005) agus chuig Tusla (in 2013).

**13.20** Cuireann Tusla roinnt rialuithe airgeadais i bhfeidhm maidir le sonraisc caomhnóirí *ad litem* (féach Fíor 13.3).

**Fíor 13.3 Rialuithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm ag Tusla maidir le sonraisc caomhnóirí *ad litem***

| An cineál rialaithe | Toradh | Sonraí |
|---|---|---|
| **Seiceálacha caighdeánacha rialaithe — curtha i bhfeidhm maidir le gach sonrasc** | Eisíonn Tusla fiosruithe chuig caomhnóirí *ad litem* maidir le haon aimhrialtachtaí a tugadh faoi deara agus nach mór a réiteach sula ndéantar aon íocaíocht.<br>Íocann Tusla sonraisc cheadaithe na gcaomhnóirí *ad litem*. | Údaraítear baisceanna sonrasc agus comhaid íocaíochta ag an leibhéal cuí laistigh de Tusla. |
| **Cuirtear seiceáil réasúntachta i bhfeidhm maidir le gach sonrasc** | | **A dhéantar ar leibhéal an tsonraisc**<br>Déantar seiceálacha lena chinntiú go bhfuil an sonrasc bailí agus gur ríomhadh na hiomláin i gceart.<br>Cinntear go mbaineann na huaireanta a éilítear le tascanna caomhnóra *ad litem.*<br>Cinntítear nach ndéantar aon dúbailt ar éileamh ar uaireanta gairmiúla, míleáiste nó speansais.<br>Cinntear an bhfuil Cuma réasúnta ar na huaireanta a éilítear, bunaithe ar eolas agus tuiscint Tusla ar chóras na gcúirteanna agus ar an bpróiseas um chúram leanaí. |
| **Athbhreithnithe siarghabhálacha — a dhéantar ar bhonn ad-hoc** | D'éirigh le Tusla laghduithe a fháil ar na suimeanna a billeáladh ó 2019 go 2021. | **A dhéantar ag leibhéal an chaomhnóra *ad litem***<br>Bunaithe ar threochtaí a aithníodh i seiceálacha réasúntachta ar leibhéal an tsonraisc.<br>Athbhreithniú ar na huaireanta a éilítear agus na tascanna a críochnaíodh ar leibhéal carnach thar thréimhse fhada ama. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Athbhreithnithe siarghabhálacha*

**13.21** Baineann athbhreithniú siarghabhálach le scrúdú mionsonraithe ar aon aimhrialtacht a aithníodh sna sonraisc thar thréimhse fhada ama. De réir mar a athbhreithnítear sonraisc gach mí ó thaobh réasúntachta, tugtar saincheisteanna féideartha faoi deara agus aithnítear patrúin fhéideartha billeála. Cuirtear ceisteanna faoi leith ansin ar an gcaomhnóir *ad litem* agus breithnítear na freagraí. Féadfar monatóireacht a dhéanamh ar na cúrsaí thar roinnt míonna agus ar an bhfíorú a rinneadh.

**13.22** I gcás go bhfuil pátrúin de chostais arda leanúnacha aitheanta ag Tusla a d'éiligh caomhnóir *ad litem*, féadfar athbhreithniú siarghabhálach a dhéanamh ar shonraisc thar roinnt míonna nó blianta ar gach cás nó ar roinnt cásanna. De ghnáth, déanann Tusla a dhícheall idirbheartaíocht a dhéanamh agus teacht ar chomhaontú leis an gcaomhnóir *ad litem*, agus fuair sé lascainí ar tháillí i bhformhór na gcásanna. I gcás amháin, nuair nár tairgeadh lascaine ar tháillí, cuireadh an cheist ar ais chuig an gcúirt a cheap an té sin.

**13.23** Toisc go bhfuil na tascanna a bhaineann le hathbhreithnithe siarghabhálacha a dhéanamh dian ar acmhainní, bíonn an líon de na hathbhreithnithe sin teoranta. Fiafraíodh de Tusla sa scrúdú an líon athbhreithnithe siarghabhálacha a rinneadh gach bliain ó 2014 i leith. Ní raibh Tusla in ann an fhaisnéis sin a sholáthar, ach measann sé go ndearnadh thart ar 30 athbhreithniú san iomlán ó 2015 i leith.

### *Méadracht feidhmíochta*

**13.24** Fuarthas amach sa scrúdú gur thart faoi 17 gcás meánlíon na gcásanna in aghaidh an chaomhnóra *ad litem* (féach Fíor 13.4). Ba bheag éagsúlacht a bhí ann sna meánualaí cásanna idir na grúpaí soláthraithe.

**Fíor 13.4 Meánualaí cásanna na soláthraithe seirbhíse don bhliain 2021**

| Soláthraithe seirbhíse | Barnardos | TIGALA | Daoine aonair agus grúpaí beaga | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An líon caomhnóirí *ad litem* a aithníodh | 32 | 25 | 34 | **91** |
| An líon cásanna idir lámha | 503 | 453 | 621 | **1,577** |
| Sciar den ualach cásanna mar % | 32% | 29% | 39% | **100%** |
| An líon páistí a ndearnadh ionadaíocht dóibh | 819 | 726 | 976 | **2,521** |
| Meánualach cásanna in aghaidh an chaomhnóra *ad litem* | 16 | 18 | 18 | |

Foinse: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla)


**13.25** Coinníonn Tusla scarbhileog rianaithe de ghníomhaíocht caomhnóirí *ad litem*. Tá an fhaisnéis seo a leanas sa scarbhileog: ainm an cháis, uimhir an tsonraisc, iomlán an tsonraisc, an t-am billeáilte, míleáiste, am taistil, an t-am a caitheadh ar thuairisciú agus an t-am a caitheadh ag freastal ar an gcúirt.

**13.26** Ag deireadh gach bliana, tiomsaíonn Tusla achoimre ón scarbhileog rianaithe ar chostais in aghaidh an chaomhnóra *ad litem*. Soláthraítear san achoimre seo an fhaisnéis seo a leanas in aghaidh an chaomhnóra *ad litem*: an líon iomlán cásanna, an líon iomlán sonrasc, costais iomlána, míleáiste iomlán agus am taistil iomlán. Ríomhtar an meánchostas in aghaidh an cháis in aghaidh an chaomhnóra *ad litem* san achoimre seo ar scarbhileog na gcostas.

**13.27** Seachas an meánchostas in aghaidh an cháis in aghaidh an chaomhnóra *ad litem*, níor ríomhadh aon mhéadracht feidhmíochta eile ag baint úsáid as an bhfaisnéis a bhí ar fáil.

**13.28** Chun críocha an scrúdaithe seo, sholáthair Tusla anailís don fhoireann scrúdaithe ar an bhfaisnéis a bhí bailithe aici maidir le huaireanta billeáilte in aghaidh an cháis maidir le 91 chaomhnóir *ad litem* don tréimhse ó Eanáir go Nollaig 2021, agus an meánchostas in aghaidh an cháis in aghaidh an chaomhnóra *ad litem*. Léiríonn sé seo go bhfuil raon leathan ann idir caomhnóirí *ad litem* sa mheánchostas in aghaidh an cháis a láimhseáiltear. Ba é €5,043 an meánchostas iomlán in aghaidh an cháis ach, i gcás caomhnóirí aonair *ad litem*, bhí éagsúlacht sa mheánchostas in aghaidh an cháis éagsúil ó dhíreach os cionn €127 go dtí breis agus €10,800 (féach Fíor 13.5).

**Fíor 13.5 Anailís ar an meánchostas in aghaidh an cháis in aghaidh an chaomhnóra *ad litem*, 2021**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

**13.29** In 2021, rinne Tusla cleachtadh comparáide ag baint úsáid as achoimre ar shonraí costais ó 2020 agus 2019. De thoradh an chleachtaidh, tuairiscíonn Tusla go raibh sé indéanta na caomhnóirí billeála *ad litem* ab airde a aithint thar an dá bhliain agus na caomhnóirí *ad litem* ar tháinig méadú nó laghdú ar a gcostas a aithint go héasca, chun léargas foriomlán a fháil ar an ngluaiseacht thar an dá bhliain agus chabhraigh sé freisin maidir le caomhnóir *ad litem* a aithint a bhféadfadh sé a bheith riachtanach athbhreithniú breise a dhéanamh air nó uirthi.

**13.30** Léiríodh sa chomparáid méadú iomlán 9% ar an líon caomhnóirí *ad litem* a chuir sonraisc isteach, laghdú 11% ar chostais iomlána, laghdú 12% ar uaireanta gairmiúla a ndearnadh billeáil orthu agus laghdú foriomlán 39% ar mhíleáiste a billeáladh. Mar sin féin, le teacht phaindéim Covid-19 agus mar gheall ar an tionchar a bhí aige ar an Stát, b’fhéidir nach dtugann comparáid idir na blianta léargas iontaofa ná fiúntach.

*Freagra Tusla*

**13.31** Faigheann Tusla breis is 1,000 sonrasc in aghaidh na míosa ó bhreis is 90 caomhnóir *ad litem*. Ceanglaítear orthu méid mór faisnéise a sholáthar ar gach sonrasc. Déantar na sonraí a thaifeadadh go príomha ar scarbhileoga atá ag teastáil chun meánchostas in aghaidh an cháis agus meánualach cásanna in aghaidh an chaomhnóra *ad litem* a thabhairt. Úsáidtear córas bainistíochta cásanna le haghaidh sonrasc ó Barnardos.

**13.32** Agus an tseirbhís riachtanach á cur i gcrích, ní mór do chaomhnóirí *ad litem* gabháil do roinnt gníomhaíochtaí. Chun faisnéis a thiomsú maidir le minicíocht agus costas gach gníomhaíochta, bheadh sé riachtanach sonraisc a fháil trí chóras saincheaptha bainistíochta cásanna. Cinneadh gan dul ar aghaidh chun córas nua a sholáthar go dtí go dtógfaidh an ghníomhaireacht nua an tseirbhís caomhnóra *ad litem* ar láimh.

**13.33** Déanann an oifig dlí a dícheall an oiread faisnéise agus is féidir a ghabháil i gcúinsí nach bhfuil dóthain acmhainní TF ná daonna aici. Ina theannta sin, níl aon sainchúram ar Tusla maidir le feidhmiú na seirbhíse.

## Próiseas iomaíoch tairisceana

***Moladh***

*Ba cheart don Roinn scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir le hionadaithe dlíthiúla a fhostú mar chaomhnóirí ad litem trí phróiseas iomaíoch tairisceana.*

**13.34** Féadfaidh caomhnóir *ad litem* ionadaí dlíthiúil a cheapadh má cheapann sé nó sí go rachadh sé chun leas an linbh é sin a dhéanamh. Mar sin féin, ní cheadaítear le forálacha reatha Acht 1991 go ndéanfadh aturnae agus caomhnóir *ad litem* araon ionadaíocht do leanbh. Mar sin, is éard a tharlaíonn go hiondúil ná go bhféadfaidh caomhnóir *ad litem* aturnae a fhostú chun gníomhú thar a cheann nó a ceann. Cé go n-íocann Tusla na costais dlí a thabhaíonn caomhnóirí *ad litem*, ní bhailítear aon sonraí ar an líon caomhnóirí *ad litem* a fhostaíonn ionadaithe dlí.

**13.35** Sa tréimhse 2014 – 2021, d'íoc Tusla €51.6 milliún i gcostais dlí le caomhnóirí *ad litem.* Ceanglaítear le ciorcláin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) ar chomhlachtaí poiblí, nuair is féidir, próiseas iomaíoch a úsáid chun seirbhísí dlí á fháil. Mar sin féin, toisc nach bhfuil caomhnóirí *ad litem* fostaithe ná á mbainistiú ag comhlacht poiblí, ní thagann soláthar a gcuid seirbhísí dlí faoi raon feidhme threoir RCPA.

**13.36** Sonraítear san Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2022, go ndéanfaidh an tAire comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar don chaomhnóir *ad litem*, nó go socróidh sé go soláthróidh sé é, i gcás go meastar go rachadh sé sin chun leas an linbh.

*Freagra na Roinne*

**13.37** Tá iniúchadh á dhéanamh ag an Roinn ar na roghanna maidir le fostú ionadaithe dlí do chaomhnóirí *ad litem* san oifig feidhmiúcháin atá beartaithe. Níl aon oibleagáid ar chaomhnóirí *ad litem* faoi láthair úsáid a bhaint as seirbhísí den sórt sin agus ní raibh aon bhunús reachtúil ag an Roinn chun an obair sin a chur chun cinn roimh achtú an Achta um Chúram Leanaí (Leasú), 2022.

**13.38** Is é plean leathan na Roinne aonad dlí a bhunú laistigh den oifig feidhmiúcháin a sholáthróidh comhairle dlí do chaomhnóirí *ad litem*, a sholáthróidh ionadaíocht dhlíthiúil uaireanta agus a bhunóidh painéal de chleachtóirí dlí chun ionadaíocht a dhéanamh ar chaomhnóirí *ad litem*. Cé go bhfuil sé beartaithe go laghdóidh an beart seo caiteachas ar ionadaíocht dlí, tá rún ag an Roinn go mbeidh ionadaíocht dlí ag caomhnóirí *ad litem* nuair is gá.

## Conclúidí

**13.39** Tabhaíonn Tusla caiteachas suntasach bliantúil maidir le táillí a íoc le caomhnóirí *ad litem*, agus lena n-ionadaithe dlí. I ngach cás, bíonn Tusla é féin ina pháirtí sna himeachtaí dlí ina bhfuil na caomhnóirí *ad litem* fostaithe. Cruthaíonn an socrú sin coinbhleacht leasa ab fhearr a sheachaint.

**13.40** Níl na moltaí a rinneadh i dtuarascáil 2015 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ar ghlac an Roinn agus Tusla leo ag an am, curtha i bhfeidhm go fóill.

**13.41** Bhí gá le hathruithe reachtaíochta chun eintiteas neamhspleách a chruthú a bheadh freagrach as an tseirbhís a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Cuireadh tús le hathchóiriú na reachtaíochta go déanach in 2015, ach chuir olltoghchán 2020 agus tionchair phaindéim Covid-19 isteach air agus moill air. Cuireadh bailchríoch ar bhonn reachtach athbhreithnithe maidir le soláthar na seirbhíse i mí Iúil 2022, le hachtú an Achta um Chúram Leanaí (Leasú), 2022. Cruthaítear le forálacha an Achta an deis chun na moltaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear oifig feidhmiúcháin a bhunú laistigh den Roinn chun an tseirbhís a bhainistiú agus a mhaoirsiú go ceann i bhfad. San fhadtéarma, tá sé beartaithe go n-aistreofaí bainistíocht agus maoirseacht na seirbhíse chuig seirbhís cúirte dlí teaghlaigh.

**13.42** Coinníonn Tusla scarbhileog rianaithe de ghníomhaíocht caomhnóirí *ad litem* a chuimsíonn an líon cásanna, costais iomlána, míleáiste agus amanna taistil. Éilíonn Tusla go gcuirfí sonraí na n-ionadaithe dlí ar áireamh ar shonraisc, ach ní chomhordaíonn sé an fhaisnéis seo mar fhaisnéis chaighdeánach chun a fhorbhreathnú ar an tseirbhís a threorú agus chun na rudaí is cúis le costais a thuiscint.

**13.43** Mar fhreagra ar thuarascáil 2015, d'aontaigh Tusla raon méadrachtaí feidhmíochta a fhorbairt agus dúirt an Roinn go rachadh sí i dteagmháil le Tusla chun na méadrachtaí sin a fhorbairt. Seachas an meánchostas in aghaidh an cháis a ríomh, níl méadrachtaí feidhmíochta forbartha ag Tusla, agus thug sé faoi deara nach bhfuil aon sainchúram aige maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse.

**13.44** Ceadóidh an tAcht um Chúram Leanaí (Leasú), 2022, don tseirbhís nua caomhnóirí *ad litem* comhairle a sholáthar do chaomhnóirí *ad litem* ar chúrsaí dlí, agus i gcásanna áirithe ionadaíocht dlí a sholáthar do chaomhnóirí *ad litem* in imeachtaí cúraim leanaí.

## Iarscríbhinn 13A Alt 1 le treoirlínte an Bhoird Chomhairligh um Acht na Leanaí — "Mianta, mothúcháin agus leasanna leanaí a chur in iúl," Bealtaine 2009

# Cuid 1: Treoir maidir le Ról, Ceapadh, Cáilíochtaí agus Oiliúint Caomhnóirí *ad litem*

## 1.1 Ról

Tar éis chomhairliúchán BCAL le páirtithe leasmhara náisiúnta, comhaontaíodh gur cheart gurbh é ról an chaomhnóra *ad litem* "**mianta, mothúcháin agus leasanna an linbh a bhunú go neamhspleách agus iad a chur i láthair na cúirte mar aon le moltaí**".

Tá ról déach ag an gcaomhnóir *ad litem*, mianta agus mothúcháin an linbh a chur in iúl don chúirt agus comhairle a thabhairt maidir le leas an linbh.

Tá an ról seo mar bhunsraith – nó ar a laghad bíonn tionchar aige – ar cheapadh, cáilíochtaí agus oiliúint shonrach iarrthóirí don ról mar chaomhnóir *ad litem.*

Ina fhianaise sin, is é Cuid 1 croí an doiciméid, trína leagtar síos an ton dá bhfuil le teacht i gCuid 2 agus Cuid 3. Féachann Cuid 1 ar chaighdeáin dea-chleachtais don ról, critéir cheapacháin, cáilíochtaí, agus sa deireadh thiar d'oiliúint.

## 1.2 Caighdeáin um Dhea-Chleachtas

### 1.2.1 Achoimre ar Chaighdeáin

Maidir le hionadaíocht neamhspleách a sholáthar do leanbh atá ina ábhar nó ina hábhar d'imeachtaí cúram leanaí faoi Acht na bliana 1991, ní mór don chaomhnóir *ad litem* freagracht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a aithint maidir le bainistiú aon cháis a bhfuil baint aige nó aici leis. Tá na caighdeáin seo a leanas infheidhme maidir le gnéithe éagsúla de ról caomhnóra *ad litem*:

(a) **Neamhspleáchas:** tá an caomhnóir *ad litem* neamhspleách ar gach gairmí eile agus baill foirne gníomhaireachta a bhfuil baint acu leis an leanbh agus leis an teaghlach.

(b) **Cuimsitheacht:** áiritheoidh an caomhnóir *ad litem* go gcuirfear tuairimí na bpáirtithe uile agus daoine suntasacha eile san áireamh.

(c) **Fiosrú ar chúinsí an linbh:** beidh cur chuige an chaomhnóra *ad litem* i leith an taisc pleanáilte, dírithe agus solúbtha. Tabharfar tús áite do mhoill a sheachaint, seachas moilleanna atá beartaithe agus a bhfuil cuspóir leo. Comhlíonfaidh an fiosrúchán forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003.

(d) **Leasanna an linbh:** buailfidh an caomhnóir *ad litem* leis an leanbh chomh minic agus is gá chun a bheith sásta go ndéantar a mhianta/a mianta, a mhothúcháin/a mothúcháin agus a leasanna a fháil amach agus go ndéantar ionadaíocht chuí air nó uirthi os comhair na cúirte.

(e) **Meastóireacht agus tuairisciú:** comhlánóidh an caomhnóir *ad litem* tuarascáil I scríbhinn don chúirt, mura n-éilíonn nádúr eisceachtúil an cháis a mhalairt.

(f) **Freastal ar an gcúirt:** freastalóidh an caomhnóir *ad litem* ar na dátaí cúirte go léir mura mbíonn sé/sí insaortha ag an gcúirt.

(g) **An cás a dhúnadh:** nuair a bhíonn imeachtaí tugtha chun críche, beidh deireadh le páirt an chaomhnóra *ad litem* sa chás. Mar sin féin, má tá sé sceidealta go ndéanfar athbhreithniú breise ar an gcás, lorgóidh an caomhnóir *ad litem* soiléiriú ón gcúirt an bhfuiltear ag súil go mbeadh páirt bhreise aige nó aici sa chás.

Déantar scrúdú níos doimhne anois ar na caighdeáin sin.

### 1.2.2 Neamhspleáchas

Chun é seo a bhaint amach, déanfaidh caomhnóir *ad litem*:

(a) Cásanna a sheachaint a bhféadfadh coinbhleacht leasa nó coinbhleacht leasa braite a bheith aige nó aici ann agus a chur in iúl don chúirt faoi aon choinbhleacht a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn imeachtaí.

(b) Freagracht ghairmiúil a ghlacadh maidir lena mheasúnú nó lena measúnú agus a mholtaí nó a moltaí i ngach cás agus a bheith cuntasach don chúirt.

(c) Féachaint le toradh cuí a bhaint amach a bheidh bunaithe ar mhianta, mothúcháin agus leasanna an linbh trí chur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh agus trí dhul i gcomhairle le gach páirtí agus páirt a bheith acu ann.

### 1.2.3 Cuimsitheacht

Áiritheoidh an caomhnóir *ad litem* go gcuirfear tuairimí na bpáirtithe uile agus daoine suntasacha eile san áireamh.

Chun é sin a bhaint amach, déanfaidh caomhnóir ad litem:

(a) a chinntiú bhfuil an leanbh ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú le linn na n-imeachtaí agus faoin toradh.

(b) Smaoineamh ar roinnt d'ábhar a thuairisce nó a tuairisce, nó an t-ábhar ar fad, a roinnt leis an leanbh, ag féachaint d'aois agus/nó leibhéal aibíochta an linbh agus ag baint úsáid as breithiúnas gairmiúil.

(c) A chinntiú go gcuirtear a thuairisc nó a tuairisc ar fáil do gach páirtí, trína n-ionadaithe dlí nuair is cuí, agus go gcuirtear moltaí ar áireamh.

(d) Nádúr agus cuspóir na measúnuithe saineolacha agus na scrúduithe a mholann sé/sí agus comhaontú na bpáirtithe go léir a lorg maidir le soláthar den sórt sin.

### 1.2.4 Fiosrúchán ar Imthosca an Linbh

Beidh cur chuige an chaomhnóra *ad litem* i leith an taisc pleanáilte, dírithe agus solúbtha. Tabharfar tús áite do mhoill a sheachaint, seachas moill atá beartaithe agus a bhfuil cuspóir léi. Comhlíonfaidh an fiosrúchán forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003.

Le linn fiosrúchán a sheoladh: déanfaidh caomhnóir *ad litem*

(a) aghaidh a thabhairt ar réimsí a bhaineann leis na himeachtaí cúirte faoi leith.

(b) Pleananna tosaigh agus nuashonraithe a thaifeadadh le linn an imscrúdaithe agus iad sin a choinneáil mar aon le nótaí agus doiciméid eile arna bhfáil le linn an fhiosrúcháin.

(c) Nádúr agus cuspóir ról an chaomhnóra *ad litem* a chur in iúl don leanbh.

(d) Bheith feasach ar an dualgas rúndachta faoi fhorálacha Threoirlínte Náisiúnta Tús Áite do Leanaí 1999 cibé an bhfuil siad nuashonraithe, leasaithe nó an bhfuil ábhar eile curtha ina n-áit, rúndacht ghairmiúil, na teorainneacha rúndachta i gcúinsí áirithe agus na cearta chun príobháideachta.

(e) Cloí le ceanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003, agus na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, mar aon le cearta príobháideachta gach duine.

### 1.2.5 Leasanna an Linbh

Buailfidh an caomhnóir *ad litem* leis an leanbh chomh minic agus is gá chun a bheith sásta go ndéantar a mhianta/a mianta, a mhothúcháin/a mothúcháin agus a leasanna a chur go leordhóthanach os comhair na cúirte.

Chun é sin a bhaint amach, déanfaidh caomhnóir *ad litem*:

(a) Anailís, athbhreithniú agus measúnú go tráthrialta ar aon rioscaí don leanbh.

(b) Díriú go leanúnach ar an ngá atá le teacht ar chinntí sonracha atá le leas an linbh agus an fhaisnéis go léir a fhaightear le linn an fhiosrúcháin a mheas, agus cearta an linbh agus a t(h)uismitheoir(í), a c(h)aomhnóir(í) nó a c(h)úramóir(í) á gcur san áireamh.

(c) Aon saincheisteanna eile a thuairisciú de réir mar is cuí nó de réir mar a threoraíonn nó a iarrann an chúirt.

(d) Príomhréimsí comhaontaithe agus easaontais idir na páirtithe ábhartha lena n-áirítear an leanbh, sna himeachtaí a lua ar mhaithe leis an gcúirt.

(e) Trácht a dhéanamh ar na critéir chun ordú a dhéanamh maidir leis na himeachtaí atá i gceist.

(f) A bhreithniú an rachadh sé chun leas an linbh a iarraidh go gceapfaí ionadaí dlíthiúil chun ionadaíocht a dhéanamh don leanbh sna himeachtaí.

(g) Smaoineamh ar chead a lorg ón gcúirt maidir leo seo:

1. Ionadaí dlí a cheapadh don chaomhnóir *ad litem*.
2. Dul i gcomhairle, nuair is gá, le gairmí dlí maidir le saincheisteanna dlí sna himeachtaí.

(h) Go háirithe, agus é nó í ag déanamh ionadaíocht do leanaí faoi chúram speisialta nó faoi choinneáil shibhialta, déanfaidh an caomhnóir *ad litem*:

1. Smaoineamh i gcónaí ar chearta bunreachtúla an linbh agus a t(h)uismitheoirí.
2. Fiosrú ar na himthosca ina gcuirtear an leanbh in aonad cúraim speisialta nó faoi choinneáil shibhialta trí Ordú Ard-Chúirte, agus oiriúnacht an tsocraithe, oiriúnacht an phlean cúraim agus aon roghanna eile á dtuairisciú don chúirt.

### 1.2.6 Meastóireacht agus Tuarascáil

Comhlánóidh an caomhnóir *ad litem* tuarascáil i scríbhinn don chúirt, mura n-éilíonn nádúr eisceachtúil an cháis a mhalairt.

Chun é sin a bhaint amach, déanfaidh caomhnóir *ad litem*:

(a) Anailís chórasach ar an ábhar ar fad a bailíodh sula scríobhann sé/sí an tuarascáil.

(b) Aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí suntasacha i dtuairimí agus iad sin a chuir isteach sa tuarascáil.

(c) Díriú ar anailís neamhspleách dea-argóinte cáis ina bhfuil moltaí soiléire chun cabhrú leis an gcúirt cinntí cuí a dhéanamh ar mhaithe leis an leanbh.

(d) Breithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar na roghanna go léir atá ar fáil don chúirt agus oiriúnacht nó a mhalairt gach ceann díobh a léiriú.

(e) Bheith eolach ar an obair ar fad a dhéantar mar aon lena hábharthacht agus tagairt a dhéanamh d'eolas gairmiúil ábhartha agus torthaí taighde chun tacú le moltaí.

(f) Gan obair a rinneadh in áit eile a dhúbailt.

(g) Gan glacadh le freagrachtaí soláthraithe seirbhíse nó gníomhaireachtaí eile mar ualach air/uirthi féin.

(h) Béim a leagan ar aon cheisteanna a bhaineann leis na seirbhísí atá ar fáil don leanbh.

(i) Deimhin a dhéanamh de, i gcás go n-iarrann an chúirt air/uirthi tuarascálacha eatramhacha a sholáthar, go bhfuil faisnéis cothrom le dáta i ngach tuarascáil.

(j) Tuarascálacha a chur ar fáil do na páirtithe go léir lena mbaineann roimh an gcéad dáta cúirte eile, agus ba cheart an tráthchlár chuige sin a bheith comhaontaithe in éisteachtaí roimhe sin.

### 1.2.7 Freastal ar an gCúirt

Freastalóidh an caomhnóir *ad litem* ar na dátaí cúirte uile mura saorann an chúirt é nó í ó bheith i láthair.

Is é an cuspóir a bheidh le freastal ná:

(a) Tuairisc a chur i láthair na cúirte agus a bheith ar fáil chun fianaise a thabhairt.

(b) Aon ábhar práinneach a chuireann isteach, nó ar dóigh dóibh cur isteach, ar chearta, folláine nó leasanna an linbh a chur in iúl don chúirt.

(c) Cabhrú leis an gcaoi fhoriomlán a mbainistíonn an chúirt an cás trí thuairimí ábhartha maidir le riachtanais an linbh a nochtadh in éisteachtaí cúirte.

(d) An chúirt a chur ar an eolas faoi cheisteanna a bhaineann le moill is féidir a sheachaint maidir le cinntí a dhéanamh faoin leanbh.

### 1.2.8 An Cás a Dhúnadh

Nuair a bhíonn imeachtaí tugtha chun críche, tagann deireadh le baint an chaomhnóra *ad litem* leis an gcás. Má tá an cás sceidealta le haghaidh athbhreithniú breise, lorgóidh an caomhnóir *ad litem* soiléiriú ón gcúirt ar a bhfuiltear ag súil leis de thoradh na rannpháirtíochta breise a bheidh aige nó aici leis.

Ina theannta sin:

(a) Nuair a chuirtear deireadh leis na himeachtaí, ní mór don chaomhnóir *ad litem* thoradh an cháis a mhíniú don leanbh agus a mhíniú go mbeidh deireadh ag teacht lena p(h)áirt sa scéal.

(b) Tabharfaidh sé/sí eolas do dhaoine iomchuí eile, mar shampla finnéithe saineolacha, faoi thoradh na héisteachta cúirte agus míneoidh sé/sí go bhfuil deireadh tagtha le páirt an chaomhnóra *ad litem* sa scéal.

(c) Ag deireadh na n-imeachtaí, áiritheoidh an caomhnóir *ad litem* go gcuirfear bearta slándála cuí i bhfeidhm i gcoinne rochtain neamhúdaraithe ar aon sonraí arna mbailiú le linn an cháis agus i gcoinne iad a athrú, a nochtadh nó a scriosadh agus i gcoinne a gcailliúna nó a scriosta de thaisme de réir fhorálacha alt 2(1)(d) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988.

## 1.3 Caighdeáin maidir le Ceapacháin

### 1.3.1 Léirmhíniú an téarma 'Critéir maidir le Ceapacháin'

Admhaíodh freisin le linn an phróisis comhairliúcháin go bhféadfadh dhá bhrí a bheith leis an téarma 'critéir maidir le ceapacháin'. Ar an gcéad dul síos, go gcomhlíonfadh na daoine ar mian leo a bheith ina gcaomhnóirí *ad litem* na critéir incháilitheachta atá leagtha amach in 1.3.2 thíos; agus ar an dara dul síos, go bhféadfadh an chúirt an treoir a mhol BCAL a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh maidir le caomhnóir *ad litem* a cheapadh do chás sonrach mar atá tuairiscithe in 1.3.3.

### 1.3.2 Incháilitheacht maidir le Ceapachán mar Chaomhnóir *ad Litem*

Chun a bheith incháilithe lena c(h)eapadh chuig ról mar chaomhnóir *ad litem*, caithfear cloí leis na critéir seo a leanas:

(a) Ní mór don Gharda Síochána grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar iarrthóirí ar an ról mar chaomhnóir *ad litem*.

(b) Ní mór d'iarrthóirí a bheith sásta ráiteas féindearbhaithe a sholáthar gach trí bliana á rá go bhfuil siad oiriúnach do bheith ag cleachtadh.

(c) Má tá cónaí ar iarrthóir i dtír ar bith seachas Éire ar feadh tréimhse is faide ná trí mhí, caithfidh póilíní na tíre sin grinnfhiosrúchán a dhéanamh air nó uirthi.

(d) Ní mór d'iarrthóirí an líon riachtanach teistiméireachtaí a sholáthar.

(e) Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu in obair shóisialta atá aitheanta ag Bord Náisiúnta na gCáilíochtaí in Obair Shóisialta, síceolaíocht nó cáilíocht tríú leibhéal eile a bhaineann leis an ról.

(f) Ní mór taithí iarchéime cúig bliana ar a laghad a bheith ag iarrthóirí ar oibriú go díreach i gcórais leasa/chosanta leanaí.

### 1.3.3 Treoir maidir le ceapadh Caomhnóra *ad Litem* ag Cúirt i gCás Sonrach

Áireofar iad seo a leanas ar na réimsí breithnithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar cheapadh caomhnóirí *ad litem* do chásanna sonracha:

(a) Ní cheapfar ach daoine a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu, mar atá leagtha amach i 2.4, mar chaomhnóirí *ad litem*.

(b) Castacht an cháis, mar shampla nuair a bhíonn deacracht ann socrúchán cuí a aithint don leanbh.

(c) Cumas an linbh atá i gceist a m(h)ianta agus a m(h)othúcháin a chur in iúl.

(d) Cineál na n-imeachtaí agus na himpleachtaí don leanbh agus don teaghlach, mar shampla i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a tharlú go mbeadh an deis ann scaradh go fadtéarmach ó thuismitheoirí, ó shiblíní nó ón teaghlach sínte.

(e) Cásanna, ina bhfuil tacaíocht tuismitheoirí laghdaithe nó nach bhfuil tacaíocht ar bith ar fáil uathu nó ina bhfuil tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) as láthair.

(f) Cásanna ina bhfuil ceisteanna maidir le céannacht nó náisiúntacht an linbh nó lena t(h)eideal chun cónaithe sa dlínse. D'fhéadfadh sé/sí a bheith scartha óna t(h)eaghlach nó a bheith ina m(h)ionaoiseach gan tionlacan.

(g) Cásanna ina bhfuil saoirse linbh i gceist, mar shampla nuair nach féidir freastal ar riachtanais mhothúchánacha agus iompraíochta an duine óig ag an am sin ach amháin trí shocrúchán slán in aonad cúraim speisialta agus ina lorgaíonn FSS socrúchán cúraim speisialta don leanbh.

(h) Cásanna ina bhfuil cúinsí eile ann arna gcinneadh ag cúirt, amhail an tionchar a bheadh ag socrúchán lasmuigh den stát ar an leanbh toisc nach bhfuil socrúchán cuí ar fáil sa tír.

(i) Féadfar caomhnóir *ad litem* atá ceaptha chun ionadaíocht a dhéanamh do leanbh in imeachtaí roimhe seo a cheapadh in imeachtaí nua.

### 1.3.4 Leasanna an Linbh, Ceartas agus Buntáiste don Chúirt

**Forbhreathnú**

Chomh maith le 1.3.3 thuas, sonraítear sa reachtaíocht gurb amhlaidh, I gcás go gceapann cúirt caomhnóir *ad litem*, nach mór di a bheith sásta go rachadh sé chun leas an linbh agus ceartais déanamh amhlaidh.

Ina theannta sin, ba cheart buntáiste a bheith ag an gcúirt i gceapachán den sórt sin a dhéanamh. Féadfaidh leasanna gach ceann díobh sin forluí ar a chéile, agus tarlaíonn sé sin in amanna. Seo a leanas samplaí de conas is féidir freastal ar leasanna an linbh agus ceartais agus is féidir buntáistí don chúirt a bhaint amach.

#### 1.3.4.1 Leasanna an Linbh

Má cheaptar caomhnóir *ad litem*, is féidir freastal ar leasanna an linbh ar na bealaí seo:

(a) Scrúdú a dhéanamh ar nádúr na n-imeachtaí agus ar impleachtaí na n-imeachtaí don leanbh, dá t(h)eaghlach, dá t(h)uismitheoir(í), dá c(h)aomhnóir(í) nó dá c(h)úramóir(í).

(b) Má dhéantar castacht an cháis a áirithiú, ní chuirtear cosc ar thoradh cuí a bhaint amach trí na himeachtaí.

(c) Measúnú a dhéanamh ar chumas an linbh a c(h)uid mianta agus mothúcháin a chur in iúl agus a chinntiú go gcuirtear iad sin in iúl don chúirt.

(d) A chinntiú go gcuirtear cúinsí an linbh san áireamh i ngach cás.

(e) Réimsí easaontais idir páirtithe a bhreithniú agus aghaidh a thabhairt orthu agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag easaontas ar bith ar an leanbh atá ina (h)ábhar in imeachtaí cúraim.

#### 1.3.4.2 Leasanna an Cheartais

Má cheaptar caomhnóir *ad litem* is féidir freastal ar cheartas ar na bealaí seo:

(a) Cinneadh a dhéanamh faoi nádúr na n-imeachtaí atá os comhair na cúirte.

(b) Measúnú a dhéanamh ar chastacht an cháis, nó a mhalairt.

(c) Réimsí easaontais a aithint a d'fhéadfadh a bheith idir páirtithe agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar thoradh an cháis.

#### 1.3.4.3 Buntáiste don Chúirt

Féadfaidh cúirt ceapacháin a dhéanamh as a stuaim féin nó tar éis iarratas a fháil ó pháirtí sna himeachtaí.

Is féidir le caomhnóir *ad litem* a bheith ina b(h)untáiste don chúirt ar na bealaí seo:

(a) A chinntiú go gcuirtear mianta, mothúcháin agus leasanna an linbh in iúl don chúirt.

(b) Cuidiú leis an gcúirt trí chomhairle ghairmiúil neamhspleách a sholáthar.

Ina theannta sin, le linn an phróisis comhairliúcháin, d'admhaigh páirtithe leasmhara gur chinntigh ceapacháin neamhspleácha a rinne an chúirt go bhfacthas dóibh go raibh caomhnóirí *ad litem* neamhspleách agus go raibh siad neamhspleách dáiríre.

Tá na nithe seo a leanas tábhachtach chun ról neamhspleách an chaomhnóra *ad litem* a choinneáil:

(c) Nuair a cheapann cúirt uaithi féin caomhnóir *ad litem.*

(d) Nuair a cheapann cúirt caomhnóir *ad litem* bunaithe ar iarratas ó aon pháirtí sna himeachtaí.

(e) Nuair a cheapann an chúirt caomhnóir *ad litem* go neamhspleách.

## 1.4 Caighdeáin maidir le Cáilíochtaí

Comhlíonfaidh caomhnóirí *ad litem* caighdeáin áirithe chun cáiliú don ról, eadhon:

(a) Cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu in obair shóisialta atá aitheanta ag Bord Náisiúnta na gCáilíochtaí in Obair Shóisialta, síceolaíocht nó cáilíocht tríú leibhéal eile a bhaineann leis an ról.

(b) Taithí dhíreach cúig bliana ar a laghad in obair leasa agus/nó cosanta leanaí.

(c) Tuiscint a bheith aige nó aici ar chúram leanaí agus ar an dlí teaghlaigh.

(d) Eolas agus taithí a bheith aige nó aici ar an gcóras cúirteanna.

(e) Cumas anailíseach a bheith aige nó aici.

(f) A bheith in ann caidrimh chasta teaghlaigh a mheasúnú agus a thuiscint.

(g) Scileanna idirphearsanta dea-fhorbartha a bheith aige nó aici.

(h) A bheith oilte chun cumarsáid a dhéanamh le leanaí d'aoiseanna éagsúla agus de chúinsí éagsúla.

(i) scileanna ábhartha a bheith aige nó aici chun tuarascálacha a scríobh.

## 1.5 Caighdeáin maidir le hOiliúint

Le linn an phróisis comhairliúcháin, d'aontaigh na páirtithe leasmhara tríd is trí go raibh tábhacht ag baint le hoiliúint do chaomhnóirí *ad litem*. Bíonn tírdhreacha cúraim leanaí agus reachtaíochta ag athrú i gcónaí agus ní mór do chaomhnóirí *ad litem* coinneáil suas leis na hathruithe sin má tá ról le bheith acu maidir le hionadaíocht a dhéanamh do leanaí. Is féidir le hoiliúint cabhrú leo eolas ceart a fháil i ngach réimse ina bhfeidhmíonn siad. Déileáiltear go mion leis sin in 2.5.

Agus é sin curtha san áireamh, déanfaidh aon oiliúint:

(a) A bheith bainteach go díreach le soláthar comhsheasmhach na seirbhíse caomhnóirí *ad litem*.

(b) Eolas, scileanna agus luachanna reatha a fheabhsú.

(c) Forbairt ghairmiúil leanúnach a chinntiú.

(d) Scileanna agus eolas ábhartha nua a fhorbairt.

(e) Cabhrú le feidhmíocht agus soláthar seirbhíse a fheabhsú.

# Ioncaim an Stáit

# 14 Aicmiú oibrithe chun críocha ÁSPC

**14.1** Tá ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC) iníoctha i leith tuilleamh beagnach gach duine atá in aois oibre (16 – 66).[1] Íoctar ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), a chuireann maoiniú ar fáil le haghaidh raon sochar árachais shóisialaigh agus pinsean.[2] In 2021, bailíodh breis agus €11.8 billiún i bhfáltais ÁSPC.

**14.2** Tá aicmí éagsúla ranníocaíochtaí ÁSPC ann, a bhfuil rátaí ranníocaíochta éagsúla ag baint leo (féach Iarscríbhinn 14A). Tríd is tríd, is bunaithe ar chineál fhostaíocht agus thuilleamh seachtainiúil an duine a dhéantar an aicme ranníocaíochta ÁSPC cuí a chinneadh. Tá aicme ÁSPC daoine tábhachtach mar go mbíonn tionchar aige ar an ráta ranníocaíochta ÁSPC atá iníoctha ar a dtuarastal nó ar a n-ioncam, agus ar na sochair árachais shóisialaigh agus/nó pinsin a bhfuil (nó a mbeidh) siad i dteideal iad a fháil (féach Iarscríbhinn 14B). Mar gheall ar na rátaí ranníocaíochta éagsúla atá i bhfeidhm, príomhriosca maidir le hiomláine na bhfáltas ranníocaíochta ÁSPC is ea daoine atá faoi dhliteanas a bheith aicmithe go mícheart.

**Cásanna de chomhlachtaí earnála poiblí a bheith ag aicmiú oibrithe go mícheart le haghaidh ÁSPC**

Má theipeann ar aon fhostóir, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí, na prionsabail atá leagtha amach sa *Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh* a thuiscint agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé go mbeadh dliteanas i leith úis agus pionós mar thoradh air, chomh maith le dliteanas i leith ÁSPC an fhostóra.

Mar shampla, tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh, rinne an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán íocaíocht €176,400 leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2021 maidir le haicmiú mícheart a rinneadh ar aon oibrí dhéag a bhí fostaithe ar dtús faoi chonarthaí seirbhíse ach ar cheart iad a bheith aicmithe mar fhostaithe chun críocha ÁSPC.

Chuimsigh an íocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim €104,000 mar riaráiste ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra, €59,000 mar ús agus €13,400 mar phionós.

In 2022, d'íoc Oifig an Ombudsman do Leanaí thart ar €12,000 leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le beirt oibrithe. Rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí athbhreithniú ar chás 19 n-oibrí a bhí fostaithe ag an Oifig. Roghnaíodh dhá chás chun imscrúdú iomlán a dhéanamh orthu agus bhí an dliteanas thuas mar thoradh orthu. Rinne an Oifig athbhreithniú ina dhiaidh sin ar na 17 n-oibrí eile agus tá nochtadh deonach á réiteach do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le seachtar de na hoibrithe sin, agus meastar go mbeidh dliteanas is fiú thart ar €21,000 i gceist.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 D'fhéadfadh ioncam neamhthuillte (cosúil le cíos nó ús) a bheith faoi dhliteanas ÁSPC freisin.

2 Tá an teidlíocht chun sochar ag brath ar líon áirithe ranníocaíochtaí a bheith íoctha nó creidiúnaithe ag éilitheoirí laistigh de thréimhse shonraithe ama agus ar aon chritéir eile incháilitheachta scéime a shásamh.

**14.3** Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) freagrach as an gcóras ÁSPC agus as cinneadh a dhéanamh ar gach ní a bhaineann le hárachas sóisialach. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) ranníocaíochtaí ÁSPC thar ceann na Roinne ar bhonn reachtúil agus faoi chomhaontú gníomhaireachta.[1]

**14.4** Scrúdaíonn an tuarascáil seo an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag mí-aicmiú stádais fostaíochta ar ranníocaíochtaí ÁSPC leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS). Rinneadh measúnú ar na nithe seo a leanas sa tuarascáil

- soiléire na gcritéar chun stádas fostaíochta a chinneadh
- méid na féinfhostaíochta taifeadta sa Stát
- gníomhaíocht chomhlíonta a rinneadh chun mí-aicmiú stádais fostaíochta a bhrath.

## Critéir chun stádas fostaíochta a chinneadh

**14.5** Níl aon sainmhíniú soiléir amháin ann ar na téarmaí 'fostaithe' nó 'féinfhostaithe' i ndlí na hÉireann ná i ndlí an Aontais Eorpaigh. Seachas cinneadh na Roinne ar stádas fostaíochta chun críocha aicmiú ÁSPC, féadfar stádas fostaíochta aon oibrí a chinneadh go leithleach freisin chun críocha eile, faoin reachtaíocht ábhartha. Mar shampla

- Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim stádas fostaíochta aon oibrí a chinneadh i gcomhthéacs cinneadh a dhéanamh faoin mbealach a chaithfear leis chun críocha cánach ioncaim.
- Cinneann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) stádas fostaíochta mar réamh-shaincheist agus é ag tabhairt breithiúnas ar ghearáin faoi chearta fostaíochta.

Níl cinntí na Roinne ná cinntí WRC ná cinntí na gCoimisinéirí Ioncaim de cheangal ar a chéile. Mar thoradh air sin, ní thugann cinneadh stádas fostaíochta i gcomhthéacs amháin (e.g., oibrí atá árachaithe faoi aicme S chun críocha ÁSPC) an stádas fostaíochta céanna i gcomhthéacs eile (e.g., íocann oibrí cáin ioncaim faoi sceideal E).

### *Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh*

**14.6** D'ullmhaigh an Grúpa um Stádas Fostaíochta a bunaíodh faoin gClár um Rathúnas agus Cothroime an *Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh* in 2001 den chéad uair.[2] Rinne an Grúpa Monatóireachta ar an nGeilleagar Dubh nuashonrú ar an gcód in 2007.[3] Rinne grúpa oibre idir-rannach ar a raibh an Roinn, na Coimisinéirí Ioncaim agus WRC an cód a nuashonrú tuilleadh i mí Iúil 2021.[4]

**14.7** Leagtar amach sa chód na critéir a úsáidtear chun a chinneadh an bhfuil oibrí fostaithe nó féinfhostaithe, bunaithe ar chúig phríomhthoisc a bhunaítear leis an gcásdlí.

- **Frithpháirteachas oibleagáide** — cé acu atá nó nach bhfuil, agus a mhéid atá, oibleagáid ar pháirtí amháin obair a sholáthar agus ar an bpáirtí eile glacadh léi. Sonraítear sa chód go measfadh cúirteanna na hÉireann frithpháirteachas na hoibleagáide a bheith ar an toisc is tábhachtaí, a mhéid, i gcás nach ann di i staid fostaíochta, a mheastar an t-oibrí a bheith féinfhostaithe agus nach gá breithniú a dhéanamh ar na critéir eile. Más ann do fhrithpháirteachas oibleagáide, ní mór na critéir eile a mheasúnú chun stádas fostaíochta a chinneadh.

1 Íocann an Roinn táille ghníomhaireachta bhliantúil leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le speansais a thabhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim agus iad ag bailiú ÁSPC. Is muirear ar an gCiste Árachais Shóisialaigh í an táille sin.

2 Bunaíodh an grúpa chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní faoi oibrithe a bheith sa chatagóir 'féinfhostaithe' nuair a bheadh stádas 'fostaí' níos oiriúnaí.

3 Is éard atá sa Ghrúpa Maoirseachta ar an nGeilleagar Dubh (HEMG) ná grúpa neamhreachtúil atá ann chun dul i ngleic leis an scáthgheilleagar agus cuimsíonn sé ionadaithe ó ghrúpaí gnó, ceardchumainn agus gníomhaireachtaí Stáit (lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn agus WRC).

4 Chuathas i gcomhairle le geallsealbhóirí eile amhail Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) agus an cód á nuashonrú. Breathnaítear ar an gcód mar dhoiciméad 'beo' a nuashonrófar de réir mar is gá chun déileáil le haon athruithe ar an reachtaíocht, ar an gcásdlí agus ar athruithe sa mhargadh saothair.

- **Ionadú** — cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear, agus a mhéid a cheadaítear, don oibrí ionadaí a sholáthar isteach i gcás nach bhfuil sé ar a chumas an obair a dhéanamh é féin agus, más infheidhme, cé a fhostaíonn agus a íocann an t-ionadaí.
- **Tástáil fiontraíochta** — cé acu atá nó nach bhfuil, agus a mhéid atá, an t-oibrí a fostaíodh chun an obair a dhéanamh ag déanamh na hoibre sin mar dhuine aonair i ngnólacht ar a chuntas féin, agus cé acu atá nó nach bhfuil an cumas aige brabús a bhaint as a éifeachtúlacht/scil fiontraíochta féin nó, os a choinne sin, cé acu atá nó nach bhfuil baol ann go mbeidh caillteanas airgeadais i gceist.
- **Lánpháirtiú** — cé acu atá nó nach bhfuil, agus a mhéid atá, oibrí ina chuid dhílis de ghnólacht, seachas obair a dhéanamh atá imeallach nó coimhdeach, cé go ndéantar don ghnólacht é.
- **Rialú** — cé acu atá nó nach bhfuil, agus a mhéid atá, smacht ar an oibrí ag an duine nó ag an ngnólacht a íocann as an obair, lena n-áirítear an chumhacht chun a chinneadh cén obair ba cheart a dhéanamh, chomh maith le cén uair agus conas ba cheart í a dhéanamh agus cén áit ar cheart í a dhéanamh.

**14.8** Dúirt an Roinn gur céim thábhachtach riachtanach é an cód chun daoine a threorú agus a chur ar an eolas agus gur uirlis luachmhar é chun cabhrú le gach geallsealbhóir saincheisteanna aicmiú fostaíochta a réiteach.

**14.9** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar an gcód athbhreithnithe (2021) agus thug sí na nithe seo a leanas faoi deara

- tá an cásdlí lárnach a bhfuiltear ag brath air leagtha amach — ní raibh sé sin leagtha amach sa treoir roimhe
- níl aon difríocht ábhartha ann idir na príomhthréithe fostaíochta agus féinfhostaíochta dá dtagraítear sa chód athbhreithnithe agus a bhí sa treoir roimhe a bhí i bhfeidhm — dúirt an Roinn go léiríonn sé sin nach raibh athrú suntasach tagtha ar an gcásdlí idir 2007 agus 2021
- bíodh is gur cuireadh ábhar leis maidir le cúinsí speisialta agus forbairtí déanacha sa mhargadh saothair, lena n-áirítear daoine aonair a rialaíonn cuideachtaí, oibrithe gníomhaireachta, oibrithe ardáin, úsáid cuideachtaí idirghabhála agus seirbhísí bainistithe agus an geilleagar digiteach i gcoitinne[1,2,3]
- tá an cód athbhreithnithe i bhfad níos cuimsithí ná an treoir roimhe, ach, ós rud é go bhfuil 27 leathanach ann, d'fhéadfadh sé a bheith níos deacra é a léamh agus a thuiscint[4]
- is i mBéarla amháin atá an cód foilsithe[5]
- d’fhéadfadh an chodarsnacht idir stádas fostaí agus stádas féinfhostaithe a bheith níos soiléire dá gcuirfí i láthair í taobh le taobh seachas ar leathanaigh ar leith (mar shampla, an fhormáid atá glactha in Iarscríbhinn 14C).

**14.10** Go dtí seo, ní dhearnadh aon suirbhé ná anailís chomhchosúil le measúnú a dhéanamh ar a mhéid a dhéanann úsáideoirí ionchasacha an cód a rochtain agus a thuiscint. Luaigh an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim araon, ag an bpointe seo (amhail Lúnasa 2022), go mb'fhéidir nach mbeadh ach luach teoranta ar shuirbhé maidir lena fháil amach cé chomh forleathan is a úsáidtear an cód athbhreithnithe toisc nár foilsíodh é ach amháin i mí Iúil 2021.

1 Is ionann oibrithe ardáin agus daoine aonair a úsáideann feidhmchlár (amhail Uber) nó suíomh Gréasáin chun iad féin a mheaitseáil le custaiméirí, chun seirbhís a sholáthar ar mhaithe le híocaíocht a fháil.

2 Is ionann cuideachtaí idirghabhála agus cuideachtaí seirbhíse pearsanta (i gcás gurb é an duine aonair an t-aon stiúrthóir agus go bhfuil an chuid is mó de na scaireanna/na scaireanna ar fad sa chuideachta aige) agus cuideachtaí seirbhíse bainistithe (i gcás go bhfuil roinnt daoine ina n-úinéirí ar an gcuideachta agus nach gcuireann siad seirbhísí ar fáil ach d'eagraíocht amháin).

3 Cuimsíonn an geilleagar digiteach gnólachtaí a dhíolann earraí agus seirbhísí tríd an idirlíon, agus ardáin dhigiteacha a nascann acmhainn spártha agus éileamh.

4 Mar chomparáid, bhí 12 leathanach ar fad i leagan na bliana 2007.

5 D’fhéadfadh sé seo a bheith ina dhúshlán, go háirithe dóibh siúd nach é an Béarla a gcéad teanga, e.g., mic léinn ó thíortha coigríche nó inimircigh a d’fhéadfadh a bheith ag obair in earnálacha ina bhféadfadh an baol maidir le mí-aicmiú a bheith níos airde, amhail monarchana feola nó gnóthais seachadta bia.

### *Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna stádais fostaíochta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh*

**14.11** Ní shainmhínítear i ndlí AE na téarmaí 'fostaithe' ná 'féinfhostaithe' faoi láthair.

**14.12** Tá stádas fostaíochta, go háirithe d'oibrithe ardáin, á mheas ar leibhéal AE. I mí na Nollag 2021, mhol an Coimisiún Eorpach sraith beart, i bhfoirm dréacht-treorach, chun dálaí oibre d'oibrithe ardáin a fheabhsú agus chun tacú le fás inbhuanaithe na n-ardán digiteach saothair in AE.[1,2] Rinneadh leasuithe suntasacha ar an dréacht-treoir i mí Mheán Fómhair 2022, agus b'fhéidir go dtógfaidh sé roinnt blianta sula gcomhaontófar treoir chríochnaitheach agus go gcuirfear i bhfeidhm í.

## Cinntí maidir le stádas fostaíochta


**14.13** Déileálann Rannóg Scóipe na Roinne le gach cinneadh a bhaineann le hinárachaitheacht ó thaobh ÁSPC, lena n-áirítear stádas fostaíochta, stiúrthóirí cuideachta, fostaíochtaí teaghlaigh, comhpháirtíochtaí, státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí (aicme A nó aicme D), agus sealbhóirí oifige (lena n-áirítear 'sealbhóirí sonraithe oifige poiblí'). Chinn an Rannóg Scóipe idir 1,250 cás agus 1,500 cás gach bliain sa tréimhse ó 2018 go 2021.

**14.14** Sa Rannóg Scóipe, déantar cinntí ar stádas fostaíochta aon oibrí ar bhonn cás ar chás, ag cur san áireamh imthosca ar leith an cháis agus reachtaíocht ábhartha, cásdlí, agus an *Chóid Cleachtais* — leagtar amach i bhFíor 14.1 an próiseas cinnteoireachta. Tá sé ráite ag an Roinn nach gcuireann sí cinntí ar chásanna samplacha i bhfeidhm ar dhaoine aonair eile atá ag obair leis an bhfostóir céanna ach go bhféadfadh sí smaoineamh ar an gcur chuige sin, dá n-aontódh gach oibrí lena mbaineann leis, agus sa chás sin amháin, agus go mbeadh gach oibrí i dteideal, dá mba mhian leis, go ndéanfaí measúnú faoi leith air.

1 Is éard is treoir ann ná ionstraim reachtach ó AE a leagann amach sprioc nach mór do gach tír AE a bhaint amach ach is faoi na tíortha aonair atá sé a ndlíthe féin a cheapadh maidir le conas na spriocanna sin a bhaint amach.

2 Mheas an Coimisiún gur oibrigh 28 milliún Eorpach trí ardáin dhigiteacha saothair in 2021 agus meastar go méadóidh sé sin go 43 mhilliún faoi 2025.

**Fíor 14.1 Próiseas cinnteoireachta maidir le stádas fostaíochta**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Cigirí leasa shóisialaigh a dhíríonn ar imscrúduithe stádais fostaíochta atá san Aonad Imscrúdaithe Stádais Fostaíochta.

b Áirítear le foinsí eile de chuid na Roinne aonad imscrúdaithe speisialta na Roinne, an t-aonad comh-imscrúdaithe (JIU) (ar a bhfuil an Roinn, na Coimisinéirí Ioncaim agus WRC), cigire leasa shóisialaigh agus saincheisteanna cáis inárachaitheachta a d’fhéadfadh teacht chun cinn le linn próiseáil éileamh ar fud scéimeanna éagsúla na Roinne.

c I measc na bhfoinsí eile tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a bhfuil a reachtaíocht iomarcaíochta agus dócmhainneachta ceangailte le hinárachaitheacht faoi na hachtanna leasa shóisialaigh agus, dá bhrí sin, féadfaidh sí dearbhú inárachaitheachta a iarraidh freisin.


d Féadfaidh oifigigh bhreithiúnachta cinntí comhairleacha a dhéanamh sa chás go measann siad nach bhfuil gá le cinneadh foirmiúil. De ghnáth, tugtar cinntí comhairleacha nuair a iarrtar dearbhú ar aicme ÁSPC atá ann cheana nó nuair nach bhfuil gá le hathrú ar aicme ÁSPC, nó nuair a bhíonn gá le hathrú aicme agus a bhíonn na páirtithe ar aon intinn faoin athrú.

e Is é INS1 an 'fhoirm chun fostaíocht nó féinfhostaíocht a chinneadh' trína dtugtar aghaidh ar phríomhthosca maidir le socruithe oibre duine aonair.

f Féadfar achomhairc a dhéanamh freisin chuig na Cúirteanna nó chuig Oifig an Ombudsman.

**14.15** San am a chuaigh thart, dhéanadh an Rannóg Scóipe 70 – 100 athbhreithniú stádais fostaíochta in aghaidh na bliana.  Tháinig méadú suntasach ar líon na gcinntí in 2021 (féach Fíor 14.2).

**Fíor 14.2 Cinntí agus torthaí maidir le stádas fostaíochta, 2017 go 2021**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a In 2021, bhí torthaí eile ann in ocht gcás. Orthu siúd bhí cúig chinneadh maidir le haicme M, dhá chinneadh maidir le haicme J agus cinneadh amháin maidir le haicme K.

**14.16** Is iad na príomhaicmí ÁSPC ar a ndéanann an Rannóg Scóipe cinneadh stádais fostaíochta ná aicme A agus aicme S.  Is éard a bhíonn i gceist le toradh 'aicme A' ná cás inar chríochnaigh an Rannóg Scóipe athbhreithniú ar stádas fostaíochta agus inar chinn sí gur cheart oibrí a aicmiú mar fhostaí ó thaobh ÁSPC agus ÁSPC a íoc ag ráta aicme A (féach Iarscríbhinn 14A le haghaidh tuilleadh sonraí ar aicmí ÁSPC). D'fhéadfadh sé sin a bheith ina dhearbhú ar stádas fostaíochta i gcás go raibh an t-oibrí aicmithe cheana féin in aicme A nó ina athrú ar stádas fostaíochta go haicme A i gcás go raibh an t-oibrí mí-aicmithe roimhe sin (e.g., mar aicme S).  Dúirt an Roinn go mbaineann formhór mór na gcinntí a rinne an Rannóg Scóipe ar tháinig toradh Aicme A uathu le hathrú a rinneadh ar aicmiú.  Roimh 2022, níor thiomsaigh an Roinn sonraí ar an aicme ÁSPC bunaidh agus ar an aicme dheiridh araon do gach cinneadh — tá an fhaisnéis sin tiomsaithe ag an Roinn do chásanna ar cuireadh tús leo ó mhí an Mhárta 2022 i leith.


**14.17** Rinneadh athbhreithniú don scrúdú seo ar shampla a roghnaíodh go randamach de 25 chás a phróiseáil an Rannóg Scóipe in 2021.  Chinn an fhoireann scrúdaithe, i ngach cás a athbhreithníodh, go ndearnadh imscrúdú ar na cúig phríomhthoisc go léir chun stádas fostaíochta a chinneadh, beag beann ar cibé acu an raibh nó nach raibh frithpháirteachas oibleagáide ann.  Taifeadadh i ngach cáschomhad fianaise ar cosúil go bhfuil sí ábhartha ó thaobh an chinnidh, lena n-áirítear fianaise a bailíodh in agallaimh leis an oibrí agus leis an bhfostóir.

**14.18** Féadfaidh an t-oibrí nó an fostóir achomharc a dhéanamh chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh maidir le cinntí stádais fostaíochta a rinne an Rannóg Scóipe. I measc samplaí de chinntí stádais fostaíochta a ndearnadh achomharc ina n-aghaidh tá cásanna a bhaineann le cé acu atá nó nach bhfuil oibrí fostaithe nó féinfhostaithe; cé acu ba cheart nó nár cheart d'oibrí san earnáil phoiblí a bheith in aicme A nó in aicme D; an t-aicmiú cuí do stiúrthóirí cuideachta; agus achomhairc maidir le ranníocaíochtaí deonacha ÁSPC.

**14.19** Sa tréimhse 2017 go 2021, dhéantaí thart ar 21 achomharc in aghaidh cinntí faoi chúrsaí fostaíochta/féinfhostaíochta ar an meán gach bliain (féach Fíor 14.3).

**Fíor 14.3 Inárachaitheacht torthaí achomhairc maidir le stádas fostaíochta**

| | Líon na n-achomharc a cinneadh sa bhliain | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Arna dtionscnamh ag fostóir** | 19 | 15 | 14 | 12 | 11 |
| **Arna dtionscnamh ag oibrí** | 4 | 7 | 6 | 9 | 10 |
| **Iomlán na n-achomharc** | **23** | **22** | **20** | **21** | **21** |




Foinse: An Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh

### *Stádas fostaíochta a chinneadh i ndlínsí eile*

**14.20** Níl na saincheisteanna agus na hábhair imní maidir le stádas fostaíochta a chinneadh teoranta d'Éirinn.[1] Sa Ríocht Aontaithe, tá uirlis ar líne curtha ar fáil ag HM Revenue and Customs ó 2017 i leith ('Check Employment Status Test' nó CEST) lena húsáid ag oibrithe agus fostóirí chun cabhrú le stádas fostaíochta a chinneadh. Cuireann uirlis CEST ceisteanna a bhaineann leis na socruithe conarthacha agus cleachtais oibre agus tugtar aghaidh ar na príomhthosca céanna (amhail frithpháirteachas oibleagáide) agus atá sa chód.

**14.21** Tá rún daingean ag HM Revenue and Customs glacadh leis an toradh a chuireann an uirlis CEST ar fáil, ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis a cuireadh isteach cruinn agus go n-úsáidtear an uirlis de réir na treorach a cuireadh ar fáil. Mar sin féin, ní sholáthraíonn an uirlis toradh i ngach cás. Mar shampla, níor tháinig sí ar thoradh i thart ar 20% de na cásanna sa tréimhse ó 2019 go 2021.

1 I measc na samplaí tá: cás Uber BV in aghaidh Aslam sa Ríocht Aontaithe; an Spáinn, ina raibh dlí á achtú lena n-aithnítear marcaigh seachadta bia mar fhostaithe ('Dlí na Marcach'); agus an Ísiltír, inar rialaigh an Chúirt Achomhairc go bhfuil oibrithe Deliveroo i dteideal conradh fostaíochta a bheith acu.

**14.22** I gcainteanna leis an bhfoireann scrúdaithe, leag an Roinn béim ar an mbreithiúnas atá riachtanach chun stádas fostaíochta a chinneadh, mar gheall ar an éagsúlacht leathan socruithe oibre atá ann agus an gá atá le dearcadh an oibrí agus an fhostóra araon a lorg. Dúirt an Roinn an méid seo a leanas


- tugann athbhreithniú mionsonraithe ón Rannóg Scóipe dearbhú níos fearr ar shocruithe casta maidir le stádas fostaíochta oibrí ná mar a thugtar trí phróiseas uathoibrithe
- i gcás nach bhfuil socruithe oibrí chomh casta sin, is féidir leis an oibrí na tosca atá leagtha amach sa chód a úsáid chun cabhrú leis a stádas ceart a bhunú agus filleadh ar an Rannóg Scóipe má bhíonn aon amhras fós ann.

## Cá mhéad duine dífhostaithe atá ann sa Stát?

### *Meastacháin an tSuirbhé ar an bhFórsa Saothair maidir le féinfhostaíocht*

**14.23** Bunaithe ar shuirbhéanna ráithiúla ar an bhfórsa saothair, soláthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) meastacháin rialta ar an líon fostaithe agus ar a stádas fostaíochta. Ag deireadh na bliana 2019, mheas an Phríomh-Oifig Staidrimh go raibh thart ar 2.4 milliún duine aonair fostaithe nó féinfhostaithe i ngeilleagar na hÉireann (Fíor 14.4).[1]

**Fíor 14.4 Líon na ndaoine atá ag obair i ngeilleagar na hÉireann de réir earnála, Ráithe 4 2019[a]**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


Nótaí: a Déantar an t-aicmiú de réir struchtúir NACE (Nomenclature générale des Activités économiques dans les Communautés Européennes), arb é an struchtúr um aicmiú staidrimh le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Eoraip é. Níl oibrithe ardáin aicmithe go leithleach faoi struchtúr NACE.

b San earnáil seo, áirítear breis agus 5,000 duine féinfhostaithe gan aon fhostaithe a bhí ag obair do ghaolta.

1 Úsáideadh sa scrúdú 2019 mar bhliain tagartha chun tionchar na paindéime a sheachaint nuair a bhí líon na ndaoine féinfhostaithe agus luach a n-ioncam á n-áireamh.

**14.24** Léiríonn sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh gur fostaithe iad thart ar 2 mhilliún (86%) duine, go bhfuil 99,000 duine (4%) féinfhostaithe agus fostaithe acu agus go bhfuil 244,000 duine (10%) féinfhostaithe gan fostaithe acu (lena n-áirítear daoine a chuidíonn le gaol). Ní haon ionadh go bhfuil an céatadán oibrithe féinfhostaithe is airde sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht agus san iascaireacht (71%). Is iad na hearnálacha eile a bhfuil rátaí arda féinfhostaíochta acu ná tógáil (29%); gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla (24%); iompar agus stóráil (17%); agus an chatagóir ghinearálta 'gníomhaíochtaí eile' (26%) (féach Fíor 14.5).

**Fíor 14.5 Rátaí féinfhostaíochta (daoine féinfhostaithe a bhfuil fostaithe acu agus nach bhfuil fostaithe acu), de réir earnála, Ráithe 4 2019[a]**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Rinneadh an t-aicmiú de réir struchtúr NACE.


b San earnáil seo, áirítear le daoine féinfhostaithe nach bhfuil aon fhostaithe acu breis agus 5,000 duine aonair a bhí ag obair do ghaolta.

### *Meastacháin ÁSPC ar fhéinfhostaíocht*

**14.25** Léiríonn sonraí ón gcóras ÁSPC go bhfuil méadú measartha tagtha ar líon na ndaoine atá aicmithe in aicme S le deich mbliana anuas. In 2020, bhí líon na ranníocóirí d'aicme S — 351,000 duine — thart ar 8% níos airde ná mar a bhí in 2011 (féach Fíor 14.6). I gcodarsnacht leis sin, bhí an t-ioncam a bailíodh trí ranníocaíochtaí a bhaineann le haicme S in 2020 86% níos airde ná mar a bhí in 2011, rud a léiríonn méadú suntasach i meántuilleamh ranníocóirí Aicme S i rith na tréimhse.

**14.26** Bhí ranníocóirí ÁSPC d'Aicme S freagrach as 11% de na ranníocóirí ÁSPC go léir in 2020. Mar léiriú ar na rátaí ranníocaíochta ísle i measc ranníocóirí d'Aicme S, bhí na fáltais ó ranníocaíochtaí a bhaineann le haicme ÁSPC freagrach as 6% de na fáltais ÁSPC go léir a bailíodh in 2020.

**Fíor 14.6 Fáltais ÁSPC d'Aicme S agus líon na ranníocóirí, 2011 go 2020, innéacsaithe go 2011**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Baineann luach na bhfáltas d'aicme S le haghaidh gach bliana leis an mbliain fhioscach roimhe sin, i.e., tá fáltais 2020 bunaithe ar ioncam trádála 2019.

b Léiríonn an mheánranníocaíocht in aghaidh an ranníocóra na ranníocaíochtaí a fuarthas agus líon na n-oibrithe d'aicme S sa bhliain sin.

### *Meastacháin na gCoimisinéirí Ioncaim ar fhéinfhostaíocht*

**14.27** Ar leithligh, úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ó thuairisceáin chánach ioncaim gach duine fhéinmheasúnaithe sa Stát (tuairisceáin Fhoirm 11) chun féinfhostaíocht a shainaithint. Áirítear leis sin cáiníocóirí nach ndéanann trádáil (e.g., stiúrthóirí cuideachta, iad siúd a fhaigheann infheistíocht eachtrach nó ioncam cíosa) agus nach bhfuil i mbaol maidir le mí-aicmiú fostaíochta dá bharr. Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios go bhfuil na sonraí sin mar phríomhthaca acu maidir le measúnú riosca agus maidir le hidirghabhálacha comhlíonta.

### *Comparáid idir meastacháin*

**14.28** Sholáthair an Roinn (bunaithe ar líon na dtuairisceán ÁSPC agus ar thaifead na Roinne ar an earnáil fostaíochta ba dhéanaí a bhí ar eolas) agus na Coimisinéirí Ioncaim (bunaithe ar thuairisceáin Foirm 11) sonraí 2019 ar líon na ndaoine féinfhostaithe, de réir earnála.[1,2] Tá líon foriomlán na ndaoine féinfhostaithe mórán mar a chéile: léiríonn figiúirí na Príomh-Oifige Staidrimh go raibh 324,000 duine féinfhostaithe; léiríonn figiúirí ioncaim go raibh 345,000 duine féinfhostaithe (agus €18.3 billiún tuairiscithe mar ioncam trádála in 2019); agus léiríonn an Roinn go raibh 369,000 duine féinfhostaithe.[3] Léiríonn sé sin difríocht 14% idir na meastacháin ab ísle agus ab airde.

**14.29** Mar sin féin, tá éagsúlacht an-suntasach ann laistigh d'earnálacha eacnamaíocha faoi leith idir na trí fhoinse faisnéise (féach Fíor 14.7).[4]


1 Úsáideadh 2019 sa scrúdú mar bhliain tagartha chun tionchar na paindéime a sheachaint nuair a bhí líon na ndaoine a taifeadadh mar dhaoine féinfhostaithe agus luach a n-ioncam á n-áireamh.

2 I sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, is é cód NACE an duine aonair an ceann a roghnaigh an cáiníocóir tráth an chláraithe cánach (le nuashonruithe ó am go chéile i ndiaidh chásobair na gCoimisinéirí Ioncaim).

3 Tá figiúirí na gCoimisinéirí Ioncaim ceaptha ar bhonn aonaid cánach, áit a bhféadfadh aonad amháin seasamh do dhuine aonair amháin nó beirt — duine aonair a bhfuil aon stádas pearsanta aige a ndéantar measúnú aonair air nó lánúin atá pósta nó atá i bpáirtnéireacht shibhialta a roghnaigh go ndéanfaí measúnú comhpháirteach orthu.

4 Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go mbunódh siad grúpa oibre leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun ullmhú don chéad nuashonrú eile ar NACE atá le cur i bhfeidhm in 2025. Tabharfaidh sé sin deis ailíniú úsáid NACE a fheabhsú chun críocha staidrimh.

**Fíor 14.7 Líon na ndaoine atá aicmithe mar dhaoine féinfhostaithe, de réir earnála, in 2019 — sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh a chur i gcomparáid le sonraí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na gCoimisinéirí Ioncaim**




Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí, an Phríomh-Oifig Staidrimh, agus na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: Bunús anailíse agus toimhdí

a Baineann sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim le daoine a chomhdaigh tuairisceáin Fhoirm 11 don bhliain 2019 inar comhlánaíodh painéil trádála don earnáil ábhartha. Tá na sonraí sin ar bhonn aonaid cánach, trína bhféadfadh aonad amháin seasamh do dhuine aonair a ndéantar measúnú aonair air nó do lánúin a roghnaigh go ndéanfaí measúnú comhpháirteach orthu.

b Faightear sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh ó thorthaí an tsuirbhé ar an bhfórsa saothair do R4 2019 (ní don bhliain iomlán). Áirítear sna figiúirí don earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta thart ar 5,000 duine a bhí ag cabhrú le gaol leo.

c Baineann sonraí na Roinne le tuairisceáin ÁSPC d'aicme S a rinneadh do 2019 — deir an Roinn go sainráite go bhfuil an miondealú earnála ar ranníocaíochtaí ÁSPC bunaithe ar chód gníomhaíochta eacnamaíche na hearnála fostaíochta is déanaí atá ar eolas agus b'fhéidir nach léiríonn sé earnáil an ranníocóra sa bhliain tagartha.

**14.30** Luaigh an Roinn go bhfuil roinnt cúiseanna leis an éagsúlacht seo, mar shampla

- tá sonraí na Roinne bunaithe ar chód gníomhaíochta eacnamaíche na hearnála fostaíochta is deireanaí atá ar eolas mar atá le fáil ar chórais riaracháin na Roinne, agus, mar sin, b'fhéidir nach léireodh siad earnáil an ranníocóra sa bhliain tagartha
- féadfaidh duine tuairisceán a sheoladh chuig na Coimisinéirí Ioncaim gan aon dliteanas ÁSPC a bheith air mar go bhfuil a ioncam faoi bhun na tairsí €5,000
- féadfar daoine a bhfuil níos mó ná foinse ioncaim amháin acu ó earnálacha eacnamaíocha éagsúla a aicmiú ar bhealaí éagsúla i sonraí na Roinne, na gCoimisinéirí Ioncaim nó na Príomh-Oifige Staidrimh
- maidir le daoine a fhaigheann íocaíochtaí ó Chiste Scoir Ceadaithe, atá faoi dhliteanas aicme S a íoc ar na híocaíochtaí sin, féadfar iad a aicmiú i sonraí na Roinne mar dhaoine féinfhostaithe in earnáil na seirbhísí airgeadais bunaithe ar chód gníomhaíochta eacnamaíche riarthóir an chiste.[1]

**14.31** Soláthróidh athruithe a dhéanfar ar an suirbhé ar an bhfórsa saothair a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh tuilleadh faisnéise ar líon na ndaoine aonair féinfhostaithe atá i gcleithiúnas go heacnamaíoch.[2] Tá sé ráite ag an Roinn go rachaidh sí i dteagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí sin, toisc go bhfuil sí ag súil gur dóichí go mbeidh mí-aicmiú ÁSPC le sonrú maidir leis an gcatagóir seo, agus lena fháil amach cé chomh húsáideach is atá sé maidir le hanailís earnála.

**14.32** Teastaíonn níos mó cinnteachta maidir leis an leibhéal féinfhostaíochta i ngach earnáil den gheilleagar chun bonn eolais a chur faoi anailís riosca agus faoi ghníomhaíocht spriocdhírithe comhlíonta.

### *Cén fáth a n-íocann daoine aonair áirithe nach fostaithe iad cáin ar bhonn ÍMAT?*

**14.33** Tá an Roinn freagrach as aicme ÁSPC a chinneadh agus tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an sceideal cuí a chinneadh chun críocha íocaíochta cánach ioncaim. Níl cinneadh eagraíochta amháin ceangailteach ar an eagraíocht eile, agus is cosúil corruair go mbeidh difríocht idir an cinneadh maidir le stádas fostaíochta. Mar shampla

- **Teagascóirí baile —** Tá comhaontú riaracháin i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais leis na Coimisinéirí Ioncaim á rá gurb amhlaidh, cé go bhfuil teagascóirí baile faoi réir ÁSPC d'aicme S (féinfhostaithe don Roinn), a asbhaintear cáin ioncaim agus ÁSPC faoin gcóras ÍMAT (an dóigh a ndéileálann na Coimisinéirí Ioncaim le fostaithe) agus nach gcaithfidh an teagascóir tuairisceán ioncaim a chomhdú ach amháin i gcás go bhfuil ioncam eile á fháil aige.
- **Cróinéirí** — Ó thaobh na gCoimisinéirí Ioncaim de, féadfar gach íocaíocht le cróinéirí, a eascraíonn ina gcáil mar shealbhóirí oifige, a mhuirearú i leith cáin ioncaim faoi sceideal E agus tá siad faoi réir asbhaintí ag an bhfoinse faoin gcóras ÍMAT, i.e., déileáiltear leo ar aon dul le fostaí. Measann an Roinn gur 'sealbhóir oifige' é cróinéir, atá faoi réir ÁSPC d'aicme M.

**14.34** I gcás an dá shampla, tá sé sonraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim gur sásra bailithe cánach agus ranníocaíochtaí is ea an córas ÍMAT, agus ní thugann leithroinnt duine ar sceideal E chun críocha bailithe cánach aon chearta fostaíochta ná aon stádas fostaíochta chun críocha ÁSPC.

1 Tá dáiltí ó Chistí Scoir Ceadaithe faoi réir ÍMAT. I gcás nach duine inmhuirir an faighteoir, ní bheidh sé le feiceáil sna sonraí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáidtear i bhFíor 14.7. I gcás gur duine inmhuirir é an duine, léireodh Fíor 14.7 a phríomhfhoinse ioncaim.

2 Sainmhínítear daoine 'féinfhostaithe atá i gcleithiúnas go heacnamaíoch' mar dhaoine féinfhostaithe gan fostaithe, nach bhfuil acu ach cliant amháin (nó príomhchliant amháin), agus a gcinneann cliant amháin (nó an príomhchliant amháin) na huaireanta oibre.

**14.35** Tá socruithe cánach neamhchaighdeánacha molta ag na Coimisinéirí Ioncaim d'oibrithe féinmheasúnaithe ardáin/poistíneachta trí cháin a ghearradh ar ioncam a thuilltear ar bhonn ÍMAT, chun níos mó cinnteachta a sholáthar maidir lena ndliteanas ag deireadh na bliana.[1] Faoi na socruithe sin, ríomhfadh na riarthóirí ardáin an cháin a bheadh le coinneáil siar ó gach íocaíocht leis an oibrí trí stádas cánach siarchoinneálaí pearsantaithe an duine aonair a fhiosrú trí chomhéadan slán freagrúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní mór stádas fostaíochta chun críocha ÁSPC a chinneadh as féin.

### *Anailís le déanaí ar thionchar cuideachtaí idirghabhála agus féinfhostaíocht mhí-aicmithe*

**14.36** Bhí sé mar aidhm le tuarascáil chomhpháirteach a sholáthair an Roinn, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Airgeadais in 2018 meastachán a dhéanamh ar an gcaillteanas féideartha cánach ioncaim agus ÁSPC de bharr struchtúir de chineál idirghabhála agus socruithe áirithe féinfhostaíochta.[2] Cuireadh san áireamh sa tuarascáil na sonraí a bhí ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus sonraíodh inti nach bhfuil aon sonraí cainníochtúla ar mhinicíocht na fostaíochta faoi cheilt (nó mí-aicmithe) in Éirinn.

**14.37** I mí an Mheithimh 2021, rinne an Comhchoiste um Chosaint Shóisialach, Forbairt Pobail agus Tuaithe agus na hOileáin scrúdú ar shaincheist na féinfhostaíochta 'bréagaí', i.e., mí-aicmiú stádais fostaíochta. Moladh sa tuarascáil scrúdaithe gur cheart don Roinn, i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, creat a fhorbairt chun sonraí a bhailiú maidir le réimsí fostaíochta lena mbaineann baol féideartha go mbeadh féinfhostaíocht bhréagach ann. Dúirt an Roinn go mbeidh na sonraí breise ó leasuithe a rinneadh le déanaí ar shuirbhé fórsa saothair na Príomh-Oifige Staidrimh faisnéiseach maidir leis sin.

## Gníomhaíocht comhlíonta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le mí-aicmiú stádais fostaíochta

**14.38** Ní dhearna an Roinn ná na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an gcaillteanas féideartha ranníocaíochtaí ÁSPC mar gheall ar mhí-aicmiú stádais fostaíochta, i.e., an 'bhearna cánach'. Luaigh siad go bhfuil sé sin ar an mbonn nach gcuideodh meastachán na bhfigiúirí sin leo a bhfreagairt don riosca a spriocdhíriú agus gur fearr na hacmhainní a bhaineann le cleachtaí den sórt sin a dhéanamh a úsáid chun dul i ngleic leis na rioscaí éagsúla a sainaithníodh faoina gcláir chomhlíonta.

**14.39** In 2019, rinne na Coimisinéirí Ioncaim, i gcomhar leis an Roinn agus WRC, sraith imscrúduithe gan réamhfhógra ar láithreáin tógála.[3] As 6,650 oibrí a ndearnadh athbhreithniú ar a stádas fostaíochta le linn na n-imscrúduithe, fuarthas amach go raibh 94% díobh in ord. Sainaithníodh níos lú ná 300 oibrí (4.5%) mar oibrí neamhchláraithe, agus aicmíodh go cuí iad mar fhostaithe nua Aicme A. Fuarthas amach go raibh níos lú ná 100 oibrí (1.5%) aicmithe go mícheart chun críocha ÁSPC, agus athaicmíodh iad go haicme A.

**14.40** Tugtar le fios sna torthaí sin nach bhfuil mí-aicmiú oibrithe san earnáil tógála mar oibrithe féinfhostaithe forleathan agus go bhféadfadh oibrithe neamhchláraithe a bheith ina bhfadhb níos suntasaí san earnáil.

1 Na Coimisinéirí Ioncaim, Aighneacht chuig an gCoimisiún um Chánachas agus Leas, Eanáir 2022.

2 *Úsáid struchtúr de chineál idirghabhála agus socruithe féinfhostaíochta: impleachtaí maidir le hárachas sóisialach agus ioncam cánach*, An Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim, 2018.

3 Tugadh beagnach gach cuairt ar láithreáin tógála gan réamhfhógra.

### *Gníomhaíocht comhlíonta AISF na Roinne*

**14.41** Bunaíodh Aonad Imscrúdaithe Stádais Fostaíochta (AISF) na Roinne i mí Lúnasa 2019, agus is é an aidhm leis mí-aicmiú stádais fostaíochta a bhrath agus a imscrúdú. Díríonn AISF ar fhostóirí agus ar earnálacha sonracha araon.

**14.42** Suas go mí na Bealtaine 2022, níor bhain AISF úsáid as sampláil randamach chun cásanna a roghnú lena n-imscrúdú. Is é cur chuige reatha AISF, bunaithe ar threochtaí fostaíochta agus foinsí eile faisnéise, spriocdhíriú ar earnálacha is ábhar spéise maidir le gníomhaíocht comhlíonta.[1]

**14.43** Shonraigh an Roinn, toisc go bhfuil AISF fós ag céim luath dá fheidhmiú, gur dhírigh sé go príomha ar an earnáil tógála agus ar an earnáil meán/iriseoireachta agus go spriocdhíreodh sé ar earnálacha eile le himeacht ama.

**14.44** Socraíonn an Roinn spriocanna bliantúla maidir le himscrúduithe fostóra agus comhlíonadh ÁSPC ag cigirí leasa shóisialaigh (CLSanna), lena n-áirítear gníomhaíocht AISF. Cé nach ndearnadh cuid shonrach de na spriocanna sin a leithdháileadh ar AISF go dtí seo, tá sé beartaithe ag an Roinn é sin a dhéanamh do 2023.

**14.45** Go dtí seo, tá líon na mball foirne a leithdháileadh ar AISF íseal — óna bhunú go tús 2022, bhí idir seisear agus naonúr ball foirne san iomlán ann. I mí an Mheithimh 2021, cheadaigh Bord Bainistíochta na Roinne méadú de dháréag oifigeach do AISF, chomh maith le seisear ball foirne don Rannóg Scóipe; is é atá beartaithe na chéad cheithre phost AISF a líonadh ó mhí Mheán Fómhair 2022.

**14.46** Óna bhunú go mí an Mheithimh 2022, rinne AISF athbhreithniú ar bhreis is 500 fostóir agus a gconraitheoirí ar fud earnálacha éagsúla. I ndiaidh na n-athbhreithnithe sin, cuireadh tús le 311 imscrúdú (féach Fíor 14.8). Faoi mhí Lúnasa 2022, bhí 167 gcinn de na himscrúduithe curtha i gcrích. Mar thoradh air sin, athaicmíodh 93 oibrí chun críocha ÁSPC agus sainaithníodh riaráistí dar luach iomlán €811,000 (€8,720 ar an meán in aghaidh an oibrí).

**14.47** As an 167 n-imscrúdú a cuireadh i gcrích, bhí 34 chás ar achomharc amhail mí Lúnasa 2022 — baineann formhór (65%) de na hachomhairc sin leis an earnáil meán/iriseoireachta.

1 Spriocdhíríonn AISF ar fhostóirí lena n-iniúchadh, agus tosca amhail iad seo a leanas á gcur san áireamh

- sonraí agus faisnéis a chros-seiceáil leis na Coimisinéirí Ioncaim
- atreoruithe ó chigirí eile leasa shóisialaigh
- ábhair imní a ardaíonn ceardchumainn nó comhlachtaí eile
- cé acu is dócha nó nach dócha go mbeidh oibrithe imeallaithe atá ar phá íseal agus atá i mbaol dúshaothraithe ag baint leis an gcineál fostaíochta
- cé acu atá nó nach bhfuil leitheadúlacht na féinfhostaíochta leis an bhfostóir nó leis an earnáil sin i bhfad níos mó ná leitheadúlacht na féinfhostaíochta le fostóirí nó earnálacha inchomparáide eile.

**Fíor 14.8 Imscrúduithe AISF a tosaíodh ó mhí Lúnasa 2019 go mí an Mheithimh 2022, de réir earnála — stádas amhail mí Lúnasa 2022**

| Earnáil | Líon na n-imscrúduithe a tosaíodh | Líon na n-imscrúduithe atá ar siúl | Líon na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích | Líon na n-oibrithe a athaicmíodh | Riaráistí ÁSPC a gearradh ar fhostóirí €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Na meáin/iriseoireacht | 110 | 28 | 82 | 50 | 452 |
| Tógáil | 104 | 82 | 22 | 9 | 104 |
| Tionscal feola | 33 | 18 | 15 | 5 | 13 |
| Sláinte/folláine | 12 | 3 | 9 | 4 | 1 |
| Foraoiseacht/ talmhaíocht | 5 | 1 | 4 | — | — |
| Monaraíocht | 2 | — | 2 | 2 | 33 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | 29 | 10 | 19 | 15 | 119 |
| Ilghnéitheach eile | 16 | 2 | 14 | 8 | 89 |
| **Iomlán** | **311** | **144** | **167** | **93** | **811** |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

**14.48** Le linn 2021, chríochnaigh AISF imscrúduithe ar 90 oibrí a bhí in aicme S chun críocha ÁSPC. Ba é toradh na n-imscrúduithe gur athaicmigh an Rannóg Scóipe 40 oibrí (44%) mar aicme A; deimhníodh go raibh an 50 oibrí eile (56%) in aicme S.[1] Bhain na himscrúduithe le daoine aonair a d'oibrigh do 40 fostóir difriúil – rinne 19 nduine de na fostóirí (47%) oibrí amháin nó níos mó a athaicmiú go haicme A agus bhí oibrithe ag 23 fhostóir (57%) ar deimhníodh go raibh siad in aicme S.[2]

**14.49** Le linn imscrúdaithe, féadfaidh fostóir aontú glacadh le measúnú AISF agus oibrithe mí-aicmithe a aistriú go haicme A (fostaithe) gan aon ghá le cinneadh ón Rannóg Scóipe. Sa tréimhse ó 2019 go Meitheamh 2022, d'aistrigh 117 n-oibrí ó aicme S go haicme A (nach bhfuil san áireamh i bhFíor 14.8 thuas). Bhain na cásanna sin leis an earnáil tógála, agus gearradh riaráistí ÁSPC €323,000 ar fhostóirí (€2,760 ar an meán in aghaidh an duine athaicmithe).

**14.50** Is iad na Coimisinéirí Ioncaim an gníomhaire bailithe le haghaidh ranníocaíochtaí ÁSPC, lena n-áirítear riaráistí ranníocaíochtaí ar bith ó fhostóirí a eascraíonn as mí-aicmiú oibrithe. Nuair a thugtar cinneadh na Rannóige Scóipe chun críche, eisíonn AISF fógra comhlíonta chuig an bhfostóir. Cuireann an Roinn na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas freisin maidir le leasuithe ar an aicme ÁSPC agus nuair atá ÁSPC sa bhreis infhaighte.

### *Obair comhlíonta mí-aicmithe lasmuigh de AISF*

**14.51** Chomh maith leis an bhfoireann AISF thuasluaite, tá thart ar 350 cigire eile leasa shóisialaigh ann ar fud na Roinne, ina gcuimsítear

- 256 chigire ghinearálta leasa shóisialaigh
- 99 gcigire leasa shóisialaigh de chuid an Aonaid Imscrúdaithe Speisialta (AIS).

1 Bhain ceann amháin den 90 imscrúdú le cás inar roghnaíodh an t-oibrí lena imscrúdú mar gheall ar ranníocaíochtaí aicme S roimhe seo ach go raibh ranníocaíochtaí Aicme A á ndéanamh aige tráth a tosaíodh an t-imscrúdú.

2 I gcás beirt fhostóirí, rinneadh imscrúdú ar go leor oibrithe i gcás gur deimhníodh go raibh roinnt oibrithe in aicme A agus gur deimhníodh go raibh roinnt in aicme S.

**14.52** Áirítear le ról na gcigirí 'ginearálta' imscrúdú a dhéanamh ar chásanna roghnaithe ina n-éilítear sochar nó liúntas, imscrúdú a dhéanamh ar chalaois amhrasta agus neamhrialtachtaí braite, agus cigireachtaí a dhéanamh ar fhostóirí lena chinntiú go bhfuil an córas ÁSPC á chomhlíonadh acu. Ceanglaítear ar éilitheoirí agus ar fhostóirí aon fhaisnéis nó doiciméid a mheastar a bhaineann leis an imscrúdú a thabhairt don chigire. Is é cuspóir na gcigirí in AIS calaois agus mí-úsáid leasa shóisialaigh a imscrúdú — lena n-áirítear cásanna ina líomhnaítear go bhfuil duine éigin ag obair agus ag déanamh éilimh ag an am céanna.

**14.53** In 2021, rinne cigirí thart ar 6,600 athbhreithniú ar fhostóirí agus ÁSPC. Mar sin féin, níl obair na gcigirí sin dírithe go príomha ar mhí-aicmiú fostaíochta a bhrath, cé go bhféadfaí cásanna den sórt sin a bhrath — níl aon mhiondealú ar fáil maidir le líon na n-athbhreithnithe ar stádas fostaíochta atá déanta ag cigirí ginearálta. Nuair a dhéanann cigirí imscrúduithe ar stádas fostaíochta, cuirtear a dtuarascálacha faoi bhráid na Rannóige Scóipe lena gcinneadh. Níor tháinig 20 ceann den 110 gcinneadh fhoirmiúla de chuid na Roinne Scóipe in 2021 de réir Fíor 14.2 as obair AISF — dúirt an Roinn gur tháinig formhór na gcinntí sin agus na 67 gcinneadh chomhairleacha ó na cigirí. I gcás go n-éiríonn imscrúdú áitiúil casta nó gur dócha go mbeidh tionscadal ar scála níos mó mar thoradh air, féadfaidh cigirí iarraidh ar AISF imscrúdú a dhéanamh.

### *Gníomh ag an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí mí-aicmithe ina cuid oibre comhlíonta*

**14.54** Rinne AISF tástáil rialaithe spriocdhírithe seachas tástáil rialaithe randamach, agus tá líon na gcásanna a ndéanann AISF athbhreithniú orthu fós i bhfad níos lú ná mar a bheadh de dhíth chun meastacháin iontaofa a bhunú ar mhinicíocht an mhí-aicmithe oibrithe.

**14.55** I dtionscadal a rinne AISF, rinneadh anailís ar chásanna a rinne sé sa tréimhse go mí Mheán Fómhair 2021 a bhí dírithe ar shaintréithe oibrithe a d'fhéadfadh a bheith mí-aicmithe a shainaithint. Shonraigh an Roinn gur tharla sé, go mí na Bealtaine 2022, nár tugadh aon phatrúin nó treochtaí fiúntacha leis na sonraí chun cuidiú le rioscaí a thuar. Tá sé beartaithe aici, áfach, tréithe cásanna imscrúdaithe a thaifeadadh ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbeidh sonraí ar fáil chun bonn eolais a chur faoi imscrúduithe amach anseo. Déanfaidh AISF athscrúdú ar úsáideacht na sonraí nuair a bheidh i bhfad níos mó cinntí maidir le stádas fostaíochta déanta.

### *Gníomhaíocht comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim*

**14.56** Shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim gur réimse casta é an t-aicmiú fostaíochta agus nach bhfuil aon phróifíl amháin ag cáiníocóir féinfhostaithe — mar shampla, léirítear an chastacht agus an breithiúnas a theastaíonn i gcás ar a dtugtar Karshan (Midlands) Limited (ag trádáil mar Domino's Pizza) v Na Coimisinéirí Ioncaim (féach Iarscríbhinn 14D).

**14.57** Spriocdhíríonn na Coimisinéirí Ioncaim idirghabhálacha comhlíonta agus imscrúduithe bunaithe ar shamhlacha riosca agus dírítear acmhainní comhlíonta ar na réimsí is mó riosca.[1] Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil raon tionscadal déanta acu thar na blianta maidir le hearnálacha gnó ar leith inar cuireadh mí-aicmiú san áireamh mar chuid de na réimsí riosca féideartha a scrúdaíodh. Cé nár sainaithníodh cásanna de mhí-aicmiú forleathan trí na tionscadail sin, cuirfear an fhoghlaim ó thionscadail dá leithéid i bhfeidhm arís ar thionscadail amach anseo chun feabhas a chur ar na nósanna imeachta um spriocdhíriú agus scrúdú riosca. Tá breithniú ar stádas fostaíochta san áireamh in obair bheartaithe comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim do 2022.

## Conclúidí agus moltaí

**14.58** D'fhéadfadh mí-aicmiú stádais fostaíochta teacht chun cinn i gcás go n-aicmítear oibrí mar dhuine féinfhostaithe ach go bhfuil tréithe aige mar fhostaí (nó a mhalairt). Príomhthionchar a bhaineann le mí-aicmiú stádais fostaíochta is ea an difríocht idir rátaí ranníocaíochta ÁSPC do dhaoine fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe. D'fhéadfadh sé go gcaillfí ioncam ranníocaíochta ÁSPC don Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) mar thoradh air sin, ach d'fhéadfadh sé go mbainfí rochtain ar shochair árachais shóisialaigh san fhadtéarma d'oibrithe mí-aicmithe freisin. Níl aon mheastachán iontaofa ann ar leibhéal an mhí-aicmithe stádais fostaíochta in Éirinn.

### *Critéir chun stádas fostaíochta a chinneadh*

**14.59** Níl aon sainmhíniú soiléir amháin ann ar na téarmaí 'fostaithe' ná 'féinfhostaithe' i ndlí na hÉireann ná i ndlí an Aontais Eorpaigh. I mí Iúil 2021, d'fhoilsigh an Roinn, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) *Cód Cleachtais athbhreithnithe maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh*. Cé go bhfuil an treoir athbhreithnithe níos cuimsithí ná an treoir a bhí ann roimhe, tá sí fada agus is i mBéarla amháin atá sí foilsithe. Go dtí seo, ní dhearnadh aon mheasúnú ar a mhéid a d'úsáid oibrithe nó fostóirí an cód agus athbhreithniú á dhéanamh ar stádas fostaíochta.

#### Moladh 14.1

Ba cheart don Roinn, i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, breithniú a dhéanamh ar dheiseanna chun an cód a dhéanamh níos inrochtana. Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar dheiseanna chun a mhéid a úsáideann agus a thuigeann páirtithe ábhartha an cód a mheas.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaithe go páirteach.

Measann an Roinn go léiríonn fad méadaithe an chóid athbhreithnithe go bhfuil sé i bhfad níos cuimsithí ná an treoir roimhe. Chuathas i gcomhairle le raon geallsealbhóirí le linn na céime dréachtaithe, agus scríobhadh agus formáidíodh an cód de réir na dtreoirlínte i dteanga shimplí. Ceapann an Roinn, agus comhairle na ngeallsealbhóirí á cur san áireamh agus trí chloí le prionsabail na teanga simplí, go bhfuil an fhaisnéis atá sa chód sách éasca le tuiscint agus go bhfuil sé inrochtana ag oibrithe agus fostóirí a bhfuil spéis acu sa ní. A mhéid a d'fhéadfadh easnamh eolais a bheith inti, is mó an seans go mbaineann sé sin le feasacht ar an bhfaisnéis agus ar an gcód seachas le hábhar nó le hinrochtaineacht an chóid féin.

1 Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim a gcóras 'Meastóireacht agus Próifíliú Riosca (REAP)' lena dtuiscint ar rioscaí earnála a fheabhsú agus le foghlaim ó thorthaí tionscadal comhlíonta roimhe.

Mar chuid dá rannpháirtíocht leanúnach leis na Coimisinéirí Ioncaim, leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, agus le geallsealbhóirí eile, breithneoidh an Roinn deiseanna chun an cód a dhéanamh níos inrochtana. Breithneofar freisin deiseanna chun a mhéid a úsáideann agus a thuigeann páirtithe ábhartha an cód a mheas. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin feachtais faisnéise ar mhórscála a rinneadh roimhe seo a reáchtáil arís, ag baint úsáid as na meáin shóisialta, chraolta agus chlóite.

Déanfaidh an Roinn machnamh ar an gcód a sholáthar i dteangacha eile.

**14.60** Tá an Rannóg Scóipe sa Roinn freagrach as stádas fostaíochta a chinneadh chun críocha ÁSPC. Féadfaidh oibrí nó fostóir cinneadh maidir le stádas fostaíochta a iarraidh, nó d'fhéadfadh sé eascairt as obair fhoireann na Roinne, na gCoimisinéirí Ioncaim nó na gcomhlachtaí eile. B'ionann líon na gcinntí maidir le stádas fostaíochta agus idir 70 ceann agus 100 ceann in aghaidh na bliana sa tréimhse 2017 go 2020, ach tháinig méadú suntasach air in 2021, go dtí beagnach 180 cinneadh. Rinneadh díreach os cionn 20 cinneadh a achomharc chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh gach bliain.

### *Méid an mhí-aicmithe stádais fostaíochta*

**14.61** Is cosúil go bhfuil sonraí comhiomlána ar mhéid na féinfhostaíochta sa Stát atá ar fáil ón bPríomh-Oifig Staidrimh, ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ón Roinn comhsheasmhach lena chéile, den chuid is mó. Nuair a dhéantar anailís ar bhonn na n-earnálacha eacnamaíocha, áfach, is cosúil go bhfuil difríochtaí suntasacha ann sa líon measta daoine a shainaithnítear mar dhaoine féinfhostaithe in earnálacha eacnamaíocha áirithe. Níl aon anailís thréimhsiúil fhoirmiúil ná aon réiteach ar choinbhleachtaí follasacha ann sna meastacháin.

**14.62** Cé go ndéanann an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim imscrúduithe ina spriocdhírítear ar mhí-aicmiú stádais fostaíochta, ní dhearna ceachtar díobh meastachán ar an gcaillteanas féideartha gaolmhar ranníocaíochtaí do CÁS. Bheadh gá le tástáil agus sampláil randamach ar aicmiú líon dóthanach daoine aonair chun leitheadúlacht an mhí-aicmithe fostaíochta a mheas go cruinn.

**Moladh 14.2**

Ba cheart don Roinn clár athbhreithnithe randamacha ar aicmiú ÁSPC a fhorbairt chun meastacháin iontaofa a bhunú ar mhéid an mhí-aicmithe stádais fostaíochta agus na ranníocaíochtaí caillte a bhaineann le CÁS. D'fhéadfadh clár mar sin cuidiú freisin le samhail riosca a fhorbairt chun gníomhaíocht comhlíonta a spriocdhíriú ar shlí níos fearr.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaithe go páirteach.

Déanann cigireacht na Roinne imscrúduithe spriocdhírithe bunaithe ar anailísíocht sonraí, próifíliú earnála agus cásanna a atreoraíonn oibrithe, fostóirí, réimsí scéime eile na Roinne agus na Coimisinéirí Ioncaim. Déanann sí idirchaidreamh le cigirí na gCoimisinéirí Ioncaim mar chuid den Aonad Comh-Imscrúdaithe. Ba cheart go bhfeabhsódh feabhsuithe atá beartaithe ar Shuirbhé Fórsa Saothair na Príomh-Oifige Staidrimh cainníochtú líon na ndaoine aonair 'féinfhostaithe atá i gcleithiúnas go heacnamaíoch', rud a chuideoidh leis an Roinn maidir le himscrúduithe stádais fostaíochta a spriocdhíriú tuilleadh. Breathnaítear ar na straitéisí sin mar an úsáid is éifeachtaí as acmhainní agus coinneofar iad mar na príomhchuir chuige i gcónaí. Ina theannta sin, mar chuid den chur chuige sin, déanfar athbhreithnithe gan réamhfhógra ar phríomhearnálacha is ábhar imní amhail an ceann atá leagtha amach i Rannán 14.39. Ní dhéanfar iad sin chun meastacháin iontaofa a bhunú (cé go bhféadfadh siad a bheith ina gcuidiú maidir leis sin) ach déanfar iad mar chuid de chur chuige chun earnálacha ina bhfuil faisnéis éigin ina bhféadfadh mí-aicmiú a bheith ina fhadhb ar leith a shainaithint agus a imscrúdú.

### *Gníomhaíocht comhlíonta chun mí-aicmiú stádais fostaíochta a bhrath*

**14.63** Bhunaigh an Roinn an tAonad Imscrúdaithe Stádais Fostaíochta (AISF) in 2019 chun díriú ar mhí-aicmiú stádais fostaíochta. Níor chumasaigh leibhéil foirne AISF, áfach, dul chun cinn suntasach a dhéanamh i raon earnálacha. Cheadaigh an Roinn méadú suntasach ar an leibhéal foirne don aonad i mí an Mheithimh 2021. Táthar ag súil go líonfar an chéad cheithre cinn de na poist bhreise i mí Mheán Fómhair 2022. Níl spriocanna sonracha socraithe ag an Roinn fós maidir le líon na n-imscrúduithe atá le déanamh ag AISF.

**14.64** As an 90 imscrúdú spriocdhírithe a chuir AISF i gcrích in 2021, tháinig athrú ar stádas ÁSPC ó aicme S go haicme A mar thoradh ar 40 ceann (44%) díobh. Cé go raibh an ráta mí-aicmithe sna himscrúduithe spriocdhírithe sin suntasach, ní thugtar aon léiriú sna torthaí ar scála an mhí-aicmithe ar fud an gheilleagair i gcoitinne.

**14.65** Bhunaigh an Roinn tionscadal chun foghlaim ó thorthaí na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích — cé nach bhfuil tairbhí suntasacha fós ag baint leis an tionscadal sin, d'fhéadfadh sé go soláthródh a oibriú leanúnach léargas luachmhar chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht comhlíonta amach anseo.

**Moladh 14.3**

Ba cheart don Roinn spriocanna bliantúla a leagan síos do AISF maidir le líon na n-imscrúduithe de réir earnála agus a chinntiú go leithdháilfear go leor acmhainní chun na spriocanna sin a bhaint amach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaithe go páirteach.

Socraíonn an Roinn spriocanna bliantúla cheana féin maidir le himscrúduithe fostóra agus comhlíonadh ÁSPC ag cigirí leasa shóisialaigh, lena n-áirítear AISF, agus cuirtear gníomhaíocht comhlíonta ÁSPC i leith na spriocanna sin san áireamh. Cé nach bhfuil cuid shonrach de na spriocanna sin cionroinnte ar AISF go dtí seo, tá sé beartaithe spriocanna ar leith a chionroinnt ar cadre ginearálta SWI agus AISF do 2023.

Cé go bhféachfar ar spriocanna dá leithéid a shocrú de réir earnála, b'fhéidir nach mbeadh aon chiall le hé sin a dhéanamh mar go bhféadfadh sé bac a chur ar an tsolúbthacht a chaithfidh cigireacht na Roinne a úsáid ar bhonn rialta. Cosúil le gach réimse eile den Roinn, déantar monatóireacht ar na leibhéil foirne a shanntar do AISF chun úsáid éifeachtach éifeachtúil na n-acmhainní foirne atá ar fáil a chinntiú.

## Iarscríbhinn 14A Aicmí ÁSPC — 2022

| Aicme ÁSPC | Cur síos ar na daoine aonair atá clúdaithe | Rátaí uasta is infheidhme[a] | |
|---|---|---|---|
| | | Duine Aonair | Fostóir |
| A | Fostaithe faoi 66 bliana d'aois i bhfostaíocht thionsclaíoch, tráchtála agus seirbhíse a fhaigheann pá ináirithe €38 nó níos mó in aghaidh na seachtaine ó gach fostaíocht chomh maith le seirbhísigh phoiblí a earcaíodh ón 6 Aibreán 1995.[a] | 4% | 11.05% |
| B | Státseirbhísigh bhuana agus inphinsin, dochtúirí cláraithe agus fiaclóirí atá fostaithe sa státseirbhís agus Gardaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. | 4% | 2.01% |
| C | Oifigigh choimisiúnta na bhfórsaí cosanta agus baill de sheirbhís altranais an airm a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. | 4% | 1.85% |
| D | Fostaithe buana agus inphinsin sa tseirbhís phoiblí, seachas iad siúd atá luaite in aicmí B agus C, a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995. | 4% | 2.35% |
| E | Ministir reiligiúin atá fostaithe ag comhlacht ionadaíoch Eaglais na hÉireann. | 3.33% | 6.87% |
| H | ONCanna agus pearsanra liostáilte na bhfórsaí cosanta. | 3.9% | 10.35% |
| J | Daoine i bhfostaíocht san earnáil phríobháideach a fhaigheann pá ináirithe ar lú é ná €38 in aghaidh na seachtaine ó gach fostaíocht. Tá líon beag fostaithe inárachaithe in aicme J, áfach, is cuma cá mhéad airgid a thuilleann siad, amhail fostaithe atá 66 bliana d'aois nó níos sine nó daoine i bhfo-fhostaíocht. | Nialas | 0.5% |
| K | Ó 2011 i leith, íocann sealbhóirí oifige poiblí áirithe ÁSPC ag ráta 4% ar an ioncam go léir, i gcás go bhfuil a n-ioncam os cionn €5,200 sa bhliain. Ba cheart sealbhóirí oifige poiblí a bhfuil ioncam seachtainiúil €100 nó níos lú acu a thuairisciú in aicme M. | 4% | Nialas |
| M | Daoine ag a bhfuil dliteanas ranníocaíochta nialais amhail fostaithe atá faoi 16 bliana d'aois, daoine atá 66 bliana d'aois nó níos sine (lena n-áirítear iad siúd a bhí faoi dhliteanas roimhe seo i leith aicme S), daoine a fhaigheann pinsin cheirde nó íocaíochtaí foirceanta cnapshuime agus sealbhóirí oifige poiblí a fhaigheann ioncam seachtainiúil ar lú é ná €100. | Nialas | Nialas |
| P | Daoine féinfhostaithe a dtagann a bpríomhioncam as iascaireacht roinnte (íocaíocht roghnach i dteannta ranníocaíochtaí aicme S). | 4% | Nialas |
| S | Daoine féinfhostaithe, lena n-áirítear stiúrthóirí cuideachta áirithe, daoine áirithe a fhaigheann ioncam ó infheistíochtaí agus ó chíos, agus comhaltaí áirithe údaráis áitiúil. | 4% | Nialas |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Braitheann an ráta is infheidhme ar mhéid an ollphá sheachtainiúil (lena n-áirítear pá barúlach nuair is cuí). Is iad na rátaí is infheidhme thuas an ráta is airde atá iníoctha i ngach cás. Mar shampla, níl fostaí Aicme A a thuilleann níos lú ná €352 sa tseachtain faoi dhliteanas ÁSPC an tseachtain sin agus, nuair a thuilleann fostaí Aicme A níos lú ná €410 sa tseachtain, laghdaítear ráta an fhostóra go 8.8%.

## Iarscríbhinn 14B Achoimre ar shochair in 2022 do gach aicme árachais

| Sochar / Aicme | A | B, C, D | E | H | J, M | P | S |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sochar cuardaitheora poist | ✓ | | | ✓ | | ✓[b] | |
| Sochar cuardaitheora poist (féinfhostaithe) | | | | | | | ✓ |
| Sochar breoiteachta | ✓ | | ✓ | ✓ | | ✓[b] | |
| Sochar máithreachais | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar atharthachta | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar uchtála | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar sláinte agus sábháilteachta | ✓ | | ✓ | ✓ | | | |
| Pinsean easláine | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar (ranníocach) baintrí, baintreach fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓[c] | | | ✓ |
| Íocaíocht caomhnóra (ranníocach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Pinsean stáit (ranníocach) | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar cóireála | ✓ | | ✓ | ✓[c] | | ✓ | ✓ |
| Sochar díobhálacha ceirde | ✓ | ✓[a] | | | ✓[d] | | |
| Sochar cúramóra | ✓ | ✓ | ✓ | ✓[c] | | | |
| Sochar cumais pháirtigh | ✓ | | ✓ | ✓ | | | ✓ |
| Sochar tuismitheora | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ |

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí:

a Tá sochair díobhálacha ceirde teoranta ar fáil dóibh siúd atá árachaithe faoi aicme B agus níl aon sochair ar fáil dóibh siúd atá árachaithe faoi aicme C.

b Tá Sochar Cuardaitheora Poist agus Sochar Breoiteachta teoranta do dhaoine atá árachaithe faoi aicme P.

c Is iad sochar baintrí, baintreach fir nó páirtnéara shibhialta mharthanaigh (ranníocach), sochar cóireála agus sochar cúramóra na haon sochair a íoctar le linn seirbhíse dóibh siúd atá árachaithe faoi aicme H.

d Tá sochair díobhálacha ceirde ar fáil dóibh siúd atá árachaithe faoi aicme M i gcúinsí áirithe.

## Iarscríbhinn 14C Tosca lena gcinntear an fostaí nó duine féinfhostaithe é oibrí

| Tréithe fostaí | Tréithe féinfhostaíochta |
|---|---|
| **Frithpháirteachas oibleagáide** | |
| Ní mór don íocóir méid réasúnta oibre a sholáthar agus ní mór don oibrí gach obair den sórt sin a dhéanamh. | Níl aon oibleagáid ar cheachtar de na páirtithe obair a sholáthar ná a ghlacadh. |
| Tá sé de dhualgas air obair a dhéanamh ar bhonn rialta trí uaireanta socraithe nó trí líon áirithe uaireanta a oibriú in aghaidh na seachtaine nó na míosa. | Rialaíonn sé na huaireanta oibre chun oibleagáidí an phoist a chomhlíonadh. |
| **Ionadú** | |
| Ní féidir leis an obair a ligean ar fochonradh. | Tá cead aige daoine eile a fhostú, ar a chuid téarmaí féin, chun an obair a comhaontaíodh a dhéanamh. |
| **Tástáil fiontraíochta** | |
| Níl aon neamhchosaint aige ar riosca pearsanta airgeadais agus an obair á déanamh agus ní ghlacann sé aon fhreagracht as infheistíocht agus bainistíocht sa ghnólacht. | Tá sé neamhchosanta ar riosca airgeadais agus glacann sé freagracht as infheistíocht agus as bainistíocht an fhiontair, le deis brabús a bhaint as bainistíocht fhónta maidir le sceidealú agus feidhmíocht i ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear costáil agus comhaontú ar phraghas don phost. |
| Faigheann sé pá ar ráta seasta, oibríonn sé uaireanta socraithe agus faigheann sé speansais. | Tá a ghnólacht féin aige. |
| Tá sé i dteideal pá breoiteachta agus ragoibre. | Soláthraíonn sé a chlúdach árachais féin. |
| Asbhaintear a cháin as pá tríd an gcóras ÍMAT. | Tá sé cláraithe le haghaidh tuairisceáin chánach féinmheasúnaithe nó CBL. |
| Oibríonn sé do dhuine amháin nó do ghnólacht amháin. | Is féidir leis na seirbhísí céanna a sholáthar do níos mó ná duine amháin nó gnólacht amháin ag an am céanna. |
| Ní sholáthraíonn sé ach saothar agus ní sholáthraíonn sé ábhair ná trealamh don phost. | Soláthraíonn sé na hábhair, an trealamh agus an t-innealra is gá don phost agus tá áit sheasta ghnó aige inar féidir na hearraí sin a stóráil. |
| **Rialú** | |
| Oibríonn sé faoi rialú duine eile a insíonn dó cén obair a dhéanfar, conas agus cathain a dhéanfar í agus cén áit a ndéanfar í. | Rialaíonn sé cén obair a dhéanfar, conas agus cathain a dhéanfar í agus cén áit a ndéanfar í, agus an ndéanfaidh sé go pearsanta í. |
| **Lánpháirtíocht** | |
| Is cuid lárnach den eagraíocht é, d'fhéadfadh sé go mbeadh fostaithe ag tuairisciú dó. | Is dócha go mbeidh conraitheoir neamhspleách mar chúlpháirtí don ghnólacht. |

Foinse: Cód Cleachtais maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh, 2021

## Iarscríbhinn 14D Karshan (Midlands) Limited ag trádáil mar Domino's Pizza v Na Coimisinéirí Ioncaim

| Dáta | Imeacht |
|---|---|
| 2011 | ▪ Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le cásobair. |
| 2012 | ▪ Tionóladh agallaimh le tiománaithe. |
| | ▪ D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim litir fógra iniúchta inar cinneadh go raibh tiománaithe inchánach mar fhostaithe ÍMAT. |
| 2016 | ▪ Éisteadh imeachtaí achomhairc os comhair an Choimisiúin um Achomhairc Chánach — seasadh le conclúid na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| 2019 | ▪ Rinne an chuideachta achomharc chuig an Ard-Chúirt, rud a sheas le cinneadh an Choimisiúin um Achomhairc Chánach. |
| 2022 | ▪ Chuir an Chúirt Achomhairc (le tromlach 2 go 1) cinneadh na hArd-Chúirte ar ceal agus chinn sí gur conraitheoirí neamhspleácha féinfhostaithe a bhí sna tiománaithe toisc nach raibh aon fhrithpháirteachas oibleagáide i gceist. |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

# 15 CBL ar ríomhthráchtáil a bhailiú


**15.1** Cáin ar chaiteachas tomhaltóirí is ea Cáin Bhreisluacha (CBL), a ghearrtar ar thomhaltóir deiridh na n-earraí nó na seirbhísí ach a bhailítear ón soláthraí. Bailítear CBL trí phróiseas céimnithe a dhíríonn ar an mbreisluach ag gach céim den timthriall táirgthe agus dáileacháin. Gearrann gach trádálaí atá cláraithe le haghaidh CBL sa slabhra soláthair CBL ar a ndíolachán, le teidlíocht chomhfhreagrach ar asbhaint den tsuim CBL a ghearrtar orthu ar a gcuid ceannacháin. Tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) freagrach as íocaíocht CBL a bhailiú agus a fhorfheidhmiú.

**15.2** Is éard atá i gceist le hidirbheart ríomhthráchtála ná díol nó ceannach earraí nó seirbhísí, a dhéantar thar líonraí ríomhaireachta trí mhodhanna atá deartha go sonrach chun críche orduithe a fháil nó a dhéanamh. Féadfaidh idirbheart ríomhthráchtála a bheith ina idirbheart gnó le gnó nó ó ghnó go custaiméir, agus féadfaidh an gnó a sholáthraíonn na hearraí nó na seirbhísí a bheith in Éirinn, i mBallstát eile den Aontas Eorpach (AE) nó in áit eile ar domhan. Is modh chun idirbhearta gnó a éascú a úsáidtear ar fud na n-earnálacha gnó agus na samhlacha gnó go léir é ríomhthráchtáil. Tá baint ag cuid mhór de gheilleagar na hÉireann le gníomhaíochtaí ríomhthráchtála nó le gníomhaíochtaí a chumasaíonn agus a éascaíonn ríomhthráchtáil, mar mhargaíocht ar líne. Ciallaíonn teacht na ríomhthráchtála gur féidir le gnólachtaí oibriú laistigh de mhargadh i dtír gan láithreacht fhisiciúil a bhunú sa tír sin riamh.

**15.3** In 2021, ba é an glanmhéid iomlán CBL a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim ná €15.4 billiún (féach Fíor 15.1). B'ionann na fáltais seo agus 23% den toradh cánach iomlán don Státchiste sa bhliain. Laghdaíodh fáltais CBL go suntasach in 2020, ach tugann treocht na bhfáltas le fios gur laghdú shealadach a bhí ann a bhain le bearta a bhain le paindéim Covid-19.

**15.4** Tá rialacha caighdeánacha ag AE maidir le CBL, ach féadfar na rialacha sin a riar ar bhealach difriúil i ngach tír AE. I gcás cuideachtaí atá bunaithe in AE, tá CBL inmhuirir ar fhormhór na ndíolachán agus na gceannachán earraí laistigh d’AE. Tríd is tríd, gearrtar CBL agus tá sé dlite sa tír d’AE ina n-ídíonn an custaiméir deiridh na hearraí, nó ina bhfaigheann an custaiméir deiridh na seirbhísí.

**Fíor 15.1 Fáltais CBL 2015 – 2021**




Foinse: Tuarascálacha ginearálta ó na Coimisinéirí Ioncaim

**15.5** Ní ghearrtar CBL ar earraí a easpórtáiltear go tíortha lasmuigh d'AE. Gearrtar CBL agus tá sé dlite sa tír iompórtála má oibríonn an tír sin córas CBL. Cé nach gá don easpórtálaí aon CBL a ghearradh, beidh air fianaise dhoiciméadach a sholáthar lena chruthú gur iompraíodh na hearraí lasmuigh d'AE, amhail sonraisc, doiciméadacht iompair, taifead custaim iompórtála nó doiciméadacht chustaim chuig an údarás cánach ábhartha, i gcás go n-iarrtar é sin.

**15.6** Rinneadh an scrúdú seo chun breithniú a dhéanamh ar cad iad na himpleachtaí d'fháltais CBL de bharr an aistrithe chuig trádáil ar líne. Díríonn sé ar na nithe seo a leanas:

- straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim CBL atá dlite ar ríomhthráchtáil a ghabháil agus a bhailiú
- measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar rioscaí ríomhthráchtála
- obair comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Scála na gníomhaíochta ríomhthráchtála

**15.7** Bailíonn an Banc Ceannais sonraí gach mí ó na heisitheoirí is mó de chártaí creidmheasa agus dochair a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.[1] Foilsítear na sonraí a bhailítear ar idirbhearta cártaí dochair agus creidmheasa ar shuíomh Gréasáin an Bhainc Ceannais. Áirítear leis sin miondealú earnála ar chaiteachas, ríomhthráchtáil agus caiteachas lasmuigh d'Éirinn. Léirítear sna staitisticí a d'fhoilsigh an Banc Ceannais go raibh caiteachas measta ar líne beagán os cionn €33 billiún do 2021. Tá sé sin i gcomparáid le caiteachas measta ar líne de €27.6 billiún in 2020 agus €22 billiún in 2019.


**15.8** Tugtar i dtuarascáil 2022 ón gCoimisiún Eorpach ar *Digital Economy and Society Index* achoimre ar tháscairí ar fheidhmíocht dhigiteach na hEorpa agus rianaítear dul chun cinn thíortha AE. Luaitear sa tuarascáil go ndíolann 33% de FBManna na hÉireann ar líne, agus go ndíolann 11% thar theorainneacha — go mór os cionn mheáin AE, arb ionann iad agus 18% agus 9% faoi seach. Ina theannta sin, eascraíonn 22% de láimhdeachas iomlán FBManna na hÉireann ó dhíolacháin ar líne, atá beagnach dhá oiread mheán AE, arb ionann é agus 12%.

**15.9** I mí Eanáir 2022, d'fhoilsigh Eurostat torthaí shuirbhé 2021 ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i dteaghlaigh agus ag daoine aonair. Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh 66% de dhaoine aonair idir 16 bliana d'aois agus 74 bliana d'aois in AE tar éis siopadóireacht a dhéanamh ar líne sa 12 mhí roimh an suirbhé (féach Fíor 15.2).

**15.10** Bhí éagsúlacht mhór ann i dtorthaí an tsuirbhé ar fud AE, ó 33% sa Bhulgáir go 91% sa Danmhairg, maidir le daoine a rinne an tsiopadóireacht ar líne. Bhí Éire sna trí thír is airde, agus a figiúr cothrom le 87%.

1 Ní áirítear ach cártaí atá ainmnithe in euro a eisíonn na soláthraithe seo chuig cónaitheoirí na hÉireann. Níl cártaí creidmheasa agus dochair a eisíonn eisitheoirí nach bhfuil cónaí orthu in Éirinn chuig cónaitheoirí na hÉireann ar áireamh i dtiomsú na sonraí.

**Fíor 15.2 Céatadán na ndaoine aonair a cheannaigh/a d'ordaigh earraí nó seirbhísí ar an Idirlíon lena n-úsáid go príobháideach sa 12 mhí roimhe sin**




Foinse: Eurostat, suirbhé 2021 ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

## Forbairtí sa réimse CBL ar ríomhthráchtáil

**15.11** Cruthaíonn fás na ríomhthráchtála roinnt dúshlán maidir le riar na gcóras cánachais, agus rioscaí ar leith ann i ndáil le bailiú CBL. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tá roinnt tionscnamh déanta ag an gCoimisiún Eorpach sa réimse sin. Mar shampla, tugadh isteach an Mionionad Ilfhreastail in 2015 agus tugadh isteach an pacáiste CBL ar ríomhthráchtáil i mí Iúil 2021.

### *Mionionad Ilfhreastail (MOSS)*

**15.12** Tugadh MOSS isteach in 2015 chun CBL a íoc ar sheirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha (TBE). Scéim dheonach a bhí inti, a bhféadfadh trádálaithe clárú lena haghaidh chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le tuairisceáin a chomhdú agus CBL a íoc i dtíortha éagsúla AE a laghdú.[1] Comhdaíodh tuairisceán MOSS go ráithiúil, sa bhallstát inar chláraigh an trádálaí don scéim. Tugadh fógra leis sin don údarás cánach ábhartha faoi dhíolacháin TBE i ngach ballstát d'AE ina raibh sé ag trádáil, ag éascú íocaíocht CBL áitiúil agus ag seachaint an riachtanais chun clárú le haghaidh CBL i ngach ballstát ábhartha. Forbraíodh tairseach ghréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim do MOSS roimh 2015 agus ba í Éire an chéad bhallstát a chuir clárú MOSS ar fáil do ghnólachtaí.

1 Faoi MOSS, is féidir le gnólacht atá ag gabháil do sheirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha clárú i mballstát amháin — an Ballstát aitheantais (MSID) — chun tuairisceán ráithiúil aonair a chomhdú agus a dhliteanas CBL atá dlite do gach ballstát a íoc trí thairseach ghréasán ina MSID roghnaithe.

**15.13** Idir 2015 agus 2018, ceadaíodh do bhallstáit cuid den cháin a bailíodh faoi scéim na gceardchumann a choinneáil thar ceann na mballstát eile.[1] Mar sin féin, ó 2019 i leith, tá deireadh curtha le cleachtas na coinneála. Léirítear i bhFíor 15.3 an tsuim CBL a bhailigh ballstáit eile thar ceann na hÉireann ó 2015 go 2021. Taispeántar ansin freisin an tsuim CBL a bhailigh Éire thar ceann na mballstát eile ó 2015 go 2021 agus na suimeanna a choinnigh Éire chun é sin a dhéanamh idir 2015 agus 2020.

**Fíor 15.3 CBL a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim trí na scéimeanna MOSS/OSS agus na suimeanna a coinníodh, 2015 – 2021**

| Bliain | CBL a bhailigh ballstáit eile atá ceart d'Éirinn €'000 | Glansuim CBL a bhailigh Éire atá ceart do bhallstáit eile[a] €'000 | An tsuim a choinnigh Éire €'000 |
|---|---:|---:|---:|
| **2015** | 23,900 | 313,690 | 88,200 |
| **2016** | 39,166 | 397,205 | 158,826 |
| **2017** | 39,904 | 1,183,497 | 255,520 |
| **2018** | 54,059 | 1,428,971 | 242,245 |
| **2019** | 67,401 | 2,006,182 | 67,576[b] |
| **2020** | 89,166 | 2,365,806 | 15[b] |
| **2021** | 144,458 | 3,115,681 | — |
| **Iomlán** | **458,054** | **10,811,032** | **812,382** |

Foinse: Cuntas Deimhnithe ar Fháltas Ioncaim an Stáit a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do na blianta 2015 – 2021

Nótaí: a Is glan ó aisíocaíochtaí CBL atá an ghlansuim CBL a bhailigh Éire atá ceart do bhallstáit eile.

b Is suimeanna iad seo a choinnigh Éire mar thoradh ar íocaíochtaí déanacha a fuarthas in 2019 agus in 2020 maidir le tuairisceáin do bhlianta roimhe sin.

**15.14** Idir 2015 agus 2020, bhailigh Éire €10.8 billiún i leith na scéimeanna aontais agus neamh-aontais thar ceann na mballstát eile. As an tsuim a bailíodh do scéim an aontais, ceadaíodh d'Éirinn beagán os cionn €812 mhilliún a choinneáil. Fuair Éire beagán os cionn €458 milliún freisin (tar éis coinneála) i bhfáltais CBL MOSS ó bhallstáit eile.

### *CBL ar an bpacáiste ríomhthráchtála*

**15.15** I mí Iúil 2021, tugadh isteach an 'pacáiste CBL ar ríomhthráchtáil' chun oibleagáidí CBL do ghníomhaíochtaí ríomhthráchtála a shimpliú.[2] Tugadh isteach na bearta nua chun trádáil trasteorann a éascú, calaois CBL a chomhrac agus chun iomaíocht chothrom a áirithiú do ghnólachtaí AE.[3] Áirítear leis na bearta nua

- leathnú ar raon feidhme an Mhionionaid Ilfhreastail (MOSS), ar a dtugtar Ionad Ilfhreastail (OSS) anois
- Ionad Ilfhreastail Iompórtála (IOSS) nua a thabhairt isteach
- déileáil le hardáin agus margaí ar líne mar 'sholáthraithe measta' le haghaidh idirbhearta áirithe
- socruithe speisialta a thabhairt isteach le haghaidh iompórtáil earraí áirithe.

1 Tá dhá scéim i bhfeidhm faoi MOSS — scéim an aontais, do ghnólachtaí atá bunaithe in AE nó a bhfuil brainse amháin ar a laghad acu atá bunaithe i dtír AE; agus an scéim neamh-aontais, do ghnólachtaí nach bhfuil bunaithe in AE agus nach bhfuil brainsí ar bith acu atá bunaithe in AE. Ba é an céatadán coinneála ná 30% do 2015 agus 2016 agus 15% do 2017 agus 2018.

2 Trasuíodh na hathruithe a rinneadh ar an Treoir CBL isteach i ndlí na hÉireann i mí an Mheithimh 2021 trí Rialachán a rinneadh faoi alt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

3 Tá tuilleadh sonraí ar na bearta sin san áireamh in Iarscríbhinn 15A a ghabhann leis an gcaibidil seo.

**15.16** Bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim Grúpa Maoirseachta Ríomhthráchtála Trasrannach i mí na Bealtaine 2021, chun cur chun feidhme phacáiste CBL ar ríomhthráchtáil AE a bhainistiú, lena n-áirítear cur chun feidhme an OSS agus an IOSS. Clúdaíonn an grúpa raon saincheisteanna, lena n-áirítear athruithe córais, cumarsáid le geallsealbhóirí, treoir, clárúcháin agus roinnt an bhoinn cáis le haghaidh an OSS, an IOSS agus idirghabhálaithe. Tá foghrúpaí ann freisin a chlúdaíonn comhlíonadh an OSS/an IOSS agus comhlíonadh íocaíochta.

### *An Breatimeacht*

**15.17** Nuair a d'fhág an Ríocht Aontaithe AE an 31 Nollaig 2020, bhí roinnt impleachtaí ann ó thaobh ríomhthráchtála CBL de, lena n-áirítear[1]

- Níorbh fhéidir le trádálaithe an MOSS a úsáid a thuilleadh chun CBL na Ríochta Aontaithe a íoc agus iad ag díol le custaiméirí sa Ríocht Aontaithe. Ina áit sin, ní mór do thrádálaithe clárú le haghaidh CBL na Ríochta Aontaithe chun CBL a thaifeadadh ar na díolacháin sin.
- Beidh trádálaithe Éireannacha faoi dhliteanas CBL na Ríochta Aontaithe a ghearradh, ag an bpointe díola, ag an ráta cuí ar earraí a sheoltar ó Éirinn chuig tomhaltóirí sa Bhreatain Mhór i gcoinsíneachtaí £135 nó níos lú .
- I gcás coinsíneachtaí a bhfuil luach os cionn £135 acu, beidh CBL iompórtála agus b'fhéidir dleacht chustaim dlite agus beidh ar an soláthraí Éireannach a bhreithniú cibé acu an socróidh siad íocaíocht CBL agus dleachta custaim na Ríochta Aontaithe nó ar cheart dá gcuid custaiméirí a bheith freagrach as dleacht custaim agus CBL a eascraíonn sa Ríocht Aontaithe a íoc.
- Ar an gcaoi chéanna, chaithfí le hearraí a sheol gnólachtaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe chuig custaiméirí Éireannacha ón Ríocht Aontaithe mar iompórtálacha tríú tír. Níl na gnólachtaí sin sa Ríocht Aontaithe faoi réir rialacha ciandíola AE a thuilleadh agus ní féidir leo clárú le haghaidh CBL in Éirinn a thuilleadh mar chiandíoltóirí.
- Bhí gnólachtaí MOSS na Ríochta Aontaithe cláraithe roimhe seo faoi scéim MOSS an aontais do ghnólachtaí AE roimh an mBreatimeacht. Tar éis an Bhreatimeachta, ceanglaíodh ar na cásanna sin athchlárú i mballstát d'AE faoin scéim neamh-aontais OSS/IOSS do ghnólachtaí neamh-AE.
- Níl an Córas Malartaithe Faisnéise CBL (VIES) ar fáil a thuilleadh don Ríocht Aontaithe/don Bhreatain Mhór.[2]

## Straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh ríomhthráchtála

**15.18** Ar cheann de na gníomhartha a rinne na Coimisinéirí Ioncaim le blianta beaga anuas ná grúpa ardbhainistíochta ríomhthráchtála a bhunú in 2018, agus bhí na nithe seo a leanas i measc na n-aidhmeanna leis:

- measúnú a dhéanamh ar na rioscaí comhlíonta a bhaineann le ríomhthráchtáil
- straitéisí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí comhlíonta a bhaineann le ríomhthráchtáil agus tionscnaimh agus tionscadail ghnó a fhorbairt agus a mholadh don lucht ardbhainistíochta chun na críche sin
- bearta sonracha a bhreithniú chun cumas na gCoimisinéirí Ioncaim a fheabhsú maidir le rioscaí comhlíonta a eascraíonn as ríomhthráchtáil a bhainistiú
- feasacht na heagraíochta a mhéadú ar ghníomhaíochtaí ríomhthráchtála agus digitithe agus ar rioscaí gaolmhara

1 Caitear le Tuaisceart Éireann mar bhallstát maidir le CBL ar earraí ach ní chaitear é mar bhallstát maidir le CBL ar sheirbhísí.

2 Soláthraíonn an Córas Malartaithe Faisnéise CBL sásra trínar féidir seiceáil a dhéanamh i ngach ballstát ar bhailíocht éileamh go ráta nialasach. Cuidíonn sé le gluaiseachtaí neamhthuairiscithe earraí ar ráta nialasach idir na Ballstáit a bhrath.

- bearta struchtúracha, acmhainní, scileanna agus reachtacha a bhreithniú chun cur le cumas na gCoimisinéirí Ioncaim rioscaí a bhaineann le ríomhthráchtáil a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu
- nuashonrú a sholáthar ar dhul chun cinn choiste comhairleach bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim faoi dheireadh na bliana 2018.

**15.19** Tháinig an grúpa ardbhainistíochta le chéile i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2018 agus bhí sé le teacht le chéile arís i Meán Fómhair 2018. Mar sin féin, díscaoileadh an grúpa roimh an gcruinniú sin. Níl miontuairiscí ar fáil ach amháin do chruinniú mhí na Bealtaine. Ag an gcruinniú sin, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé "… *anailís a dhéanamh ar na rioscaí comhlíonta a bhaineann leis an earnáil ríomhthráchtála agus straitéis cothrom le dáta a fhorbairt chun dul i ngleic leis na tosaíochtaí riosca a sainaithníodh* …".

**15.20** Tá ocht dtosaíocht chorparáideacha mar thaca ag *Ráiteas Straitéise 2021-2023* ó na Coimisinéirí Ioncaim. Áirítear ar cheann de na tosaíochtaí corparáideacha — clár oibre cánach agus custaim idirnáisiúnta — *cuspóir chun páirt ghníomhach a ghlacadh sna tionscadail straitéiseacha thiomnaithe ar leibhéal AE d'fhonn tionchar a imirt ar chur chun feidhme na gcuspóirí comhaontaithe chun na hualaí custaim ar gach idirbheart tráchtála trasteorann dlisteanach a íoslaghdú, ríomhthráchtáil san áireamh.*

**15.21** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurb amhlaidh, cé go bhfuil laghdú tagtha ar an líon saincheisteanna scoite ríomhthráchtála a leagadh amach sna ráitis straitéise is déanaí uathu, a bhí gnéithe comhlíonta cánach ríomhthráchtála le sonrú in ionchur na gCoimisinéirí Ioncaim i mbreithnithe ar thionscnaimh chánach nua ag fóraim náisiúnta agus ag fóraim idirnáisiúnta araon. Measann na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil straitéis ar leith ag teastáil uathu don ríomhthráchtáil mar gur laghdaigh go mór athruithe atá i bhfeidhm ar leibhéal AE na rioscaí a aithníodh in aon cheann de na páipéir straitéise stairiúla uathu. Is é an toradh a bheidh ar fhaisnéis i ndáil le Lárchóras Leictreonach Íocaíochta (CESOP) a thabhairt isteach in 2024 ná leibhéal breise dearbhaithe.[1]

### *Measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar ghníomhaíocht ríomhthráchtála*

**15.22** I mí Iúil 2018, d'ullmhaigh rannóg pleanála na gCoimisinéirí Ioncaim páipéar don ghrúpa ardbhainistíochta ríomhthráchtála inar sonraíodh nach raibh aon bhealach ag na Coimisinéirí Ioncaim chun suim agus nádúr na trádála ar líne a shainaithint nó a ghabháil ar bhonn leanúnach. Luadh sa pháipéar gurbh amhlaidh, dá mbeadh an fhaisnéis sin ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim, a chabhródh sí le tuiscint a fháil ar na samhlacha gnó ábhartha agus le treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint.

**15.23** Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, moladh sa pháipéar na foirmeacha féinmheasúnaithe reatha a leasú, amhail Foirm 11, foirm CT 1 agus foirmeacha clárúcháin chun faisnéis bhreise a ghabháil, mar shampla, ar leibhéal na ndíolachán/na gceannachán ar líne, nó ar na modhanna íocaíochta a nglactar leo. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur breithníodh é sin in 2019 ach, ós rud é go raibh feabhas suntasach tagtha ar fhoinsí macrashonraí amhail an Banc Ceannais, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Eurostat agus Visa, níor mheas na Coimisinéirí Ioncaim go raibh gá le tuairisceáin chánach a athbhreithniú ina leith sin. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim freisin go mbeadh gá le hathbhreithniú ar an reachtaíocht agus ar na rialacháin chumasúcháin de bharr na leasuithe atá beartaithe ar na foirmeacha.

1 I mí Feabhra 2020, ghlac Comhairle AE pacáiste reachtach chun iarraidh ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faisnéis a tharchur faoi íocaíochtaí trasteorann a thagann ó bhallstáit agus faoi íocaí na n-íocaíochtaí trasteorann sin. Déanfar an fhaisnéis sin a lárú ar bhunachar sonraí Eorpach (CESOP) agus cuirfear ar fáil do bhallstáit í trí Eurofisc.

**15.24** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim cur chuige eile i bhfeidhm, bunaithe ar athbhreithniú ar an bpróiseas clárúcháin custaiméirí, chun a chumas anailísíochta a fheabhsú. I mí na Samhna 2018, leasaíodh na foirmeacha clárúcháin cánach (TR 1 agus 2) chun iarraidh ar an gcáiníocóir céatadán na ndíolachán a bhfuiltear ag súil leis ar líne a sholáthar. Níl an réimse sin éigeantach ach amháin do gach clárúchán nua ar líne. Níl an fhaisnéis a sholáthraíonn cáiníocóir cláraithe nua ar líne do réimse ‘céatadán na ndíolachán ar líne a bhfuiltear ag súil leis’ i bhformáid atá oiriúnach chun staitisticí a bhaint.

**15.25** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach n-éilíonn siad ar cháiníocóirí a láimhdeachas ríomhthráchtála a chainníochtú i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le láimhdeachas den sórt sin a shainiú, i bhfianaise na gcostas breise ar na páirtithe go léir agus i bhfianaise luach measartha teoranta breise na sonraí sin. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil amhras faoin luach le riachtanas ar leith do ghnólachtaí láimhdeachas ríomhthráchtála a chainníochtú mar is beag fianaise atá ann a thabharfadh le tuiscint go bhfuil riosca CBL níos airde ag baint le láimhdeachas ó bhealaí digiteacha gnólachta seanbhunaithe ná le láimhdeachas ó chainéil fhisiciúla.

### *Bearna CBL chomhlíonta*

**15.26** Is é atá sa bhearna CBL comhlíonta ná an difríocht idir an t-ioncam CBL ionchais de réir an chreata reachtaigh reatha agus an tsuim CBL a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim dáiríre. Ní ríomhann na Coimisinéirí Ioncaim an bhearna CBL chomhlíonta.

**15.27** Tugadh d’aire i bpáipéar faisnéise a rinne Seirbhís Taighde Pharlaiminteach na hEorpa i mí na Nollag 2020 gurb amhlaidh, i measc cánacha indíreacha, atá an sciar is airde ag CBL in ioncam ó chánachas indíreach na mBallstát. Mar thoradh air sin, tháinig an páipéar ar an gconclúid go bhfuil tábhacht ag baint le meastacháin agus gníomhartha chun an difríocht a laghdú idir ioncam CBL ionchais agus ioncam CBL iarbhír, is í sin an bhearna CBL. Níl aon mhodheolaíocht choiteann ann chun an bhearna CBL a mheas agus braitheann cáilíocht na meastachán ar bhearna CBL ar infhaighteacht, cruinneas agus iomláine shonraí na gcuntas náisiúnta.


**15.28** Ó 2013 i leith, tá an Coimisiún Eorpach ag foilsiú tuarascáil bhliantúil ina soláthraítear meastacháin ar bhearna CBL do bhallstáit AE. Leanann an Coimisiún Eorpach cur chuige ó bharr anuas chun an bhearna CBL a mheas tríd an difríocht idir an CBL atá dlite agus na hioncaim iarbhír CBL a ríomh. Léiríonn an bhearna CBL an tsuim CBL a cailleadh mar gheall orthu seo a leanas:

- calaois agus imghabháil
- cleachtais sheachanta agus optamú
- féimheachtaí agus dócmhainneachtaí airgeadais agus
- earráidí riaracháin.

**15.29** Soláthraítear sa tuarascáil is déanaí, a foilsíodh i mí na Nollag 2021, meastacháin ar bhearna CBL don tréimhse 2015 – 2019. Luaitear sa tuarascáil go sainmhínítear an bhearna CBL mar dhifríocht idir an tsuim CBL a bhailítear agus an dliteanas cánach de réir an dlí cánach, i.e., an dliteanas cánach iomlán CBL (VTTL).

**15.30** Don bhliain 2019, meastar sa tuarascáil gurb ionann an bhearna CBL in AE agus €134 billiún, nó 10.3% agus é léirithe mar sciar den VTTL, agus ríomhtar an bhearna CBL d’Éirinn ag 10.1%. Is ionann é sin agus thart ar €1.7 billiún i bhfáltais chánach. Tá meastacháin maidir le formhór na mBallstát sa raon idir 5% agus 15%, agus tá bearna CBL mheasta os cionn 8.6% ag leath na mBallstát (féach Fíor 15.4 ).

**Fíor 15.4 Luach measta na bearna CBL in Éirinn agus na bearna CBL measta mar chéatadán den VTTL in AE agus in Éirinn 2015 – 2019**




Foinse: VAT gap in the EU, tuarascáil 2021, an Coimisiún Eorpach

**15.31** Bhunaigh an Coimisiún Eorpach grúpa oibre ar anailís ar bhearnaí cánach i mí Feabhra 2021. Is é aidhm an ghrúpa oibre ná go bhfoghlaimeoidh agus go roinnfidh na riaracháin chánach faisnéis ar fhorbairt agus ar fheabhsú modheolaíochtaí bearna cánach. Tá ceithre fhoghrúpa bunaithe freisin, ceann acu ar an mbearna CBL ríomhthráchtála (inmheánach agus trasteorann), agus déanann oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ionadaíocht d'Éirinn ar an ngrúpa sin. Ullmhóidh gach foghrúpa tuarascáil eatramhach agus tuarascáil deiridh ina mbeidh moltaí agus modheolaíochtaí agus forbróidh siad freisin sraith méadrachtaí chun tacú le riaracháin chánach sa phróiseas cinnteoireachta maidir le glacadh le straitéisí nua comhlíonta cánach agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Táthar ag súil go mbeidh an tuarascáil eatramhach críochnaithe in 2023 agus go mbeidh an tuarascáil deiridh críochnaithe in 2025.

**15.32** Tá an foghrúpa um bearna CBL ríomhthráchtála mar chuid de thionscadal níos leithne a bunaíodh faoi chlár comhar riaracháin EU Fiscalis. Tá saolré ceithre bliana ag an tionscadal agus tá sé mar aidhm aige dea-chleachtas a aithint agus a roinnt ar fud AE 27 maidir le bearnaí cánach a aithint agus a thomhas thar speictream na gcánacha, lena n-áirítear cáin ioncaim phearsanta, ranníocaíochtaí slándála sóisialta, cáin ioncaim chorparáideach agus cáin bhreisluacha. Bhí sé beartaithe ag an bhfoghrúpa teacht le chéile go ráithiúil ach ní raibh ach cruinniú amháin aige go dtí seo, a tionóladh i Meán Fómhair 2021. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gurbh é príomhthoradh an chruinnithe sin ná deimhniú nach bhfuil aon bhallstát ag tomhas na bearna CBL ríomhthráchtála faoi láthair. Breithneofar i gcruinnithe an ghrúpa amach anseo modhanna féideartha chun aghaidh a thabhairt air sin, ag brath ar mheasúnú a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil agus ar infheidhmeacht modhanna ginearálta chun bearna cánach a thomhas don ríomhthráchtáil.

## Measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar rioscaí ríomhthráchtála

**15.33** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar an bpáipéar is déanaí a ullmhaíodh i mí Iúil 2018 don ghrúpa ardbhainistíochta ríomhthráchtála ar na rioscaí sonracha a bhaineann le ríomhthráchtáil. Leagtar amach i bhFíor 15.5 na rioscaí atá sa pháipéar agus áirítear ann an t-eolas is deireanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim faoi thionchar na rioscaí seo.

**Fíor 15.5 Na rioscaí a bhaineann le ríomhthráchtáil ar shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim iad i mí Iúil 2018**

| Rioscaí | Cur síos | Stádas amhail Meán Fómhair 2022 |
|---|---|---|
| Anaithnideacht na dtrádálaithe | Maidir le hidirbhearta ríomhthráchtála, tá sé níos deacra a aithint ar tharla idirbheart, cén dlínse inar tharla sé, cibé an bhfuil cáin infheidhme agus, más amhlaidh, cé atá faoi dhliteanas. | Riosca leanúnach. Mar sin féin, le tabhairt isteach an OSS/an IOSS agus an soláthar measta d'áiteanna margaidh agus d'ardáin mar chuid de phacáiste ríomhthráchtála 2021, agus le tabhairt isteach CESOP ó 2024, tugtar aghaidh ar an tsaincheist seo ar bhealach éigin. |
| Modhanna íocaíochta | Murab ionann agus forais airgeadais thraidisiúnta amhail bainc agus cuideachtaí cártaí creidmheasa, níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar go leor soláthraithe íocaíochta leictreonaí faisnéis a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim. | Tugtar aghaidh ar idirbhearta baile le hAlt 891D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Tabharfar aghaidh ar íocaíochtaí trasteorann trí thabhairt isteach bheartaithe CESOP ón 1 Eanáir 2024. |
| Suíomh sonraí | D'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain ag na Coimisinéirí Ioncaim ar shealbhóirí sonraí idirbheartaíochta agus airgeadais a bhaineann le ríomhthráchtáil mar gheall ar shuíomh na sonraí agus ar shaincheisteanna dlínsiúla. | Tugtar aghaidh ar idirbhearta baile le hAlt 891D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Tabharfar aghaidh ar íocaíochtaí trasteorann trí thabhairt isteach bheartaithe CESOP ón 1 Eanáir 2024. |
| Saincheisteanna dlínsiúla | Nuair a thagann saincheisteanna dlínsiúla chun cinn, d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chumhacht na gCoimisinéirí Ioncaim cáin a ghearradh agus ar chumhacht na gCoimisinéirí Ioncaim iallach a chur ar thrádálaithe cloí leis an dlí cánach baile. Níl cumhachtaí forfheidhmithe ag oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim i dtír amháin i dtír eile. | Baineann an riosca seo den chuid is mó le ciandíolachán. Le tabhairt isteach an OSS agus an IOSS i mí Iúil 2021, laghdaíodh go suntasach na bacainní ar chomhlíonadh cáiníocóirí trasteorann. Sa Chreat Comhlíonta OSS gaolmhar a cuireadh i bhfeidhm i mí Iúil 2021, sainordaítear comhar riaracháin laistigh den dlínse a mhéadú. [a] Neartaíodh Rialachán 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an CBL ó 2017 i leith chun gur féidir comhar méadaithe a cheadú idir Ballstáit. Tá rialacha sonracha ann anois freisin faoi chomhar riaracháin maidir leis an bpacáiste ríomhthráchtála. |
| Príobháideachas sonraí | Coinníonn forais airgeadais agus ionaid mhargaidh ar líne faisnéis faoi ghníomhaíochtaí trádála díoltóirí Éireannacha agus ciandíoltóirí a bheadh úsáideach do chláir chomhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim. Is é an príomhchonstaic maidir leis an bhfaisnéis sin a fháil ná rialacha cosanta sonraí nach ligeann do ghnólachtaí sonraí a chomhroinnt le húdaráis chánach. | Maolaithe ag bearta a tugadh isteach leis an bpacáiste CBL ar ríomhthráchtáil amhail athruithe i ndáil le ciandíol, tabhairt isteach an tsoláthair soláthraithe measta in 2021 agus tabhairt isteach bheartaithe CESOP ó mhí Eanáir 2024. |
| Cáil idirnáisiúnta | D'fhéadfadh mainneachtain ag na Coimisinéirí Ioncaim aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamhchomhlíonta maidir le ríomhthráchtáil intíre agus le ciandíoltóirí a oibríonn taobh amuigh d'Éirinn dochar a dhéanamh do cháil na hÉireann go hidirnáisiúnta. | Maolaithe ag rannpháirtíocht na gCoimisinéirí Ioncaim le tograí an Choimisiúin Eorpaigh agus ag cur i bhfeidhm na reachtaíochta glactha CBL agus an chúnaimh fhrithpháirtigh. Tá an obair seo ar siúl go leanúnach agus leanann na Coimisinéirí Ioncaim orthu ag plé le hathruithe amach anseo ar leibhéal AE. |
| Comhar idirnáisiúnta | Tá gá le comhar idirnáisiúnta chun a áirithiú go gcomhlíonann tríú páirtithe atá lonnaithe i ndlínse eile na rialacháin um thuairisciú faisnéise intíre agus chun pionóis a fhorghníomhú más gá. | Dírítear air trí Rialachán 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an CBL a neartú, rud atá i bhfeidhm cheana féin. Tá an Coimisiún Eorpach ag féachaint faoi láthair ar chomhaontuithe comhchosúla um chomhar riaracháin a aontú le tríú tíortha lasmuigh d'AE. |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Murab ionann agus scéimeanna trasteorann CBL roimhe seo de chuid AE, tá comhlíonadh faoi na scéimeanna nua OSS/IOSS faoi réir chreat sonrach trasteorann AE agus rialacha atá curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún Eorpach. Tá an creat deartha chun dlúthchomhar trasteorann a áirithiú i mbainistíocht comhlíonta OSS amach anseo.

## Gníomhaíocht comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim

**15.34** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil gníomhaíochtaí ríomhthráchtála mar chuid lárnach de bhainistíocht cháis iomláin na gCoimisinéirí Ioncaim agus mar sin go gcuirtear cur chuige comhtháite um bainistiú riosca i bhfeidhm i ngach rannóg a bhfuil baint acu le bainistiú comhlíonta.

**15.35** Níl aon idirdhealú idir trádálaithe atá cláraithe le haghaidh CBL a fhaigheann a n-ioncam ó dhíolacháin ríomhthráchtála agus iad siúd a fhaigheann a n-ioncam ó dhíolacháin fhisiciúla chun críocha gníomhaíochtaí comhlíonta ioncaim. Mar sin, luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go mbíonn sé dodhéanta go minic gníomhaíocht comhlíonta ríomhthráchtála amháin a shainaithint ar leithligh ó ghníomhaíochtaí comhlíonta neamh-ríomhthráchtála. Mar sin, féadfaidh gach brainse comhlíonta tabhairt faoi idirghabhálacha comhlíonta a bhaineann le cásanna le gníomhaíocht ríomhthráchtála. Beidh trádálaithe atá cláraithe le haghaidh CBL agus a bhfuil díolacháin ríomhthráchtála acu faoi réir spreagthaí freisin i gcórais phróifílithe riosca na gCoimisinéirí Ioncaim ar nós REAP agus Riosca Fíor-Ama CBL.

**15.36** Níl aitheantóir i gcóras clárúcháin custaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim ag soláthraithe neamhchónaitheacha a dhéanann ciandíolacháin le tomhaltóirí Éireannacha os cionn thairseach clárúcháin na hÉireann de €35,000 agus nach bhfuil cláraithe do CBL in Éirinn. Ciallaíonn sé sin nach féidir iad a thaifeadadh i gcóras bainistíochta cásanna na gCoimisinéirí Ioncaim.[1] Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil sé beagnach dodhéanta, in éagmais sonraí láimhdeachais, díriú ar ghnólachtaí neamhchláraithe nó tuairisceáin CBL neamhchónaitheacha a bhailíochtú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn na Coimisinéirí Ioncaim ag brath go minic ar chomhoibriú iomlán an trádálaí agus iad ag seiceáil oibleagáidí clárúcháin, ag fíorú tuairisceán agus ag cainníochtú dliteanas. Tá tabhairt isteach an chórais CESOP deartha chun foinse sonraí íocaíochtaí tríú páirtí a sholáthar ar fud AE a chumasóidh fíorú neamhspleách ar thuairisceáin agus ar nochtuithe a chomhdaíonn trádálaithe neamhchónaitheacha.

**15.37** Measann na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil sé praiticiúil gníomhaíochtaí bainistíochta riosca ríomhthráchtála a dhí-chomhbhailiú ó ghnáthghníomhaíochtaí bainistíochta riosca ach amháin sa mhéid go dteastaíonn sainacmhainní ó shaincheisteanna rialála nó comhlíonta sainréimse. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil rioscaí sonracha CBL i gceist le trádálaithe neamhchláraithe neamhchónaitheacha agus, ar an gcúis sin, go bhfuil sainréimsí ann a dhéileálann le réimsí ar leith den gheilleagar digiteach, ach is eisceacht iad sin.

**15.38** Bunaíodh sainréimse amháin den sórt sin, an brainse gnólachtaí neamhchónaitheacha ar líne (NROB) i mí Dheireadh Fómhair 2018, tar éis treoirthionscadal ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2018 chun na gcríoch seo:

- cumas dlíthiúil, nós imeachta agus teicniúil a fhorbairt do na Coimisinéirí Ioncaim chun a gcuid oibleagáidí comhlíonta a chomhlíonadh maidir le trádálaithe neamhchláraithe neamhchónaitheacha faoi rialacháin CBL ríomhthráchtála trasteorann AE, agus
- a áirithiú go bhfuil trádálaithe neamhchónaitheacha cláraithe agus neamhchláraithe ar líne a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí digiteacha go hÉirinn comhlíontach maidir le CBL.

1 Go dtí mí Iúil 2021, ceanglaíodh ar Bhallstáit tairseach de €35,000 nó €100,000 a ghlacadh le haghaidh ciandíolachán. B'ionann tairseach na hÉireann agus €35,000. Bhain pacáiste CBL 2021 ar ríomhthráchtáil na tairseacha ciandíolachán. Ó mhí Iúil 2021, a luaithe a shroicheann luach na n-earraí (agus seirbhísí áirithe) a díoladh sa 12 mhí roimhe sin €10,000, ní mór don ghnólacht cuntas a thabhairt ar CBL ag an ráta is infheidhme sa tír ina bhfuil an custaiméir lonnaithe.

**15.39** Tá an brainse NROB freagrach as beartas agus córais a fhorbairt agus as seirbhís do chustaiméirí, comhairle agus tacaíocht a sholáthar do ghnólachtaí neamhchónaitheacha ar líne a fhreastalaíonn ar mhargadh na hÉireann faoi scéimeanna CBL trasteorann agus ríomhthráchtála éagsúla de chuid AE. Ó ráithe a haon de 2019, bhí an brainse comhdhéanta de dhá fhoireann — an fhoireann chomhlíonta trádálaithe cláraithe agus an fhoireann comhlíonta trádálaithe neamhchláraithe.

**15.40** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim gur brainse beag é an NROB a sholáthraíonn feidhm shainréimse do ghnólachtaí neamhchónaitheacha ar líne agus nach bhfuil aon ról aige i ngníomhaíochtaí comhlíonta ríomhthráchtála eile. Rinne an brainse 333 idirghabháil chomhlíonta thar an tréimhse 2018-2021, lena n-áirítear 192 bhreithmheas.[1] As na 141 fiosrúchán agus iniúchadh gné a rinneadh, fuarthas €10.8 milliún san iomlán as 83 chás.

**15.41** Idir 2018 agus 2021, chun aghaidh a thabhairt ar riosca neamhchomhlíonta ciandíola neamhchláraithe neamhchónaithigh, rinne na Coimisinéirí Ioncaim próifíliú ar shuíomhanna gréasáin agus d’eisigh siad litreacha chuig trádálaithe i ndlínsí eile a d’fhéadfadh a bheith ag díol earraí in Éirinn ach nach bhfuil cláraithe le haghaidh CBL in Éirinn.[2] Rinne beirt bhall foirne i mbrainse NROB scagadh ar chásanna neamhchláraithe ar bhonn páirtaimseartha. Ba í aidhm na hoibre seo ná comhairle a chur ar thrádálaithe neamhchláraithe neamhchónaitheacha a oibríonn i margadh na hÉireann maidir le riachtanais chiandíola na hÉireann. Taifeadadh na suíomhanna gréasáin a ndearnadh scagadh orthu agus a ndearnadh teagmháil leo mar chuid den obair sin ar bhunachar sonraí aonair.

**15.42** Foinsítear spriocthrádálaithe ó fhoinsí sonraí tríú páirtí, ó fhaisnéis áitiúil, ó athbhreithnithe ar dhíoltóirí ciandíola stoptha agus ó thrádálaithe atá eisiata ón scéim MOSS. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar úsáid uirlisí uathoibrithe chun cabhrú le trádálaithe neamhchláraithe a bhrath. Íoslódáladh ceann de na huirlisí anailíse le haghaidh meastóireachta d’fhonn é a chur i bhfeidhm, ach ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí/shaincheisteanna slándála agus an OSS agus CESOP a bhí fós le tabhairt isteach, cinneadh gan dul ar aghaidh lena cur i bhfeidhm.

**15.43** Níl sonraí díolachán agus láimhdeachais ar fáil do na suíomhanna gréasáin sin agus mar sin níorbh fhéidir leis na Coimisinéirí Ioncaim trádálaithe a sháraigh tairseach clárúcháin ciandíolacháin na hÉireann de €35,000 a aithint i dtréimhse 12 mhí. Dá réir sin, ba litreacha comhairleacha go príomha iad na litreacha a eisíodh chuig trádálaithe, inar leagadh amach na rialacha maidir le ciandíol le custaiméirí Éireannacha agus ina raibh cur síos ar conas is féidir le gnólacht clárú le haghaidh CBL. Chun iarracht a dhéanamh clárúcháin ina dhiaidh sin a aithint, iarradh sa chéad litir ar an trádálaí a dheimhniú cibé acu ar sháraigh siad an tairseach ciandíola in Éirinn, agus sa litir cuireadh sonraí ar fáil faoi nósanna imeachta clárúcháin. Níor sonraíodh dáta freagartha sa litir. I mí Dheireadh Fómhair 2019, thug na Coimisinéirí Ioncaim litir meabhrúcháin isteach le heisiúint dhá mhí ina dhiaidh sin chun freagra gan réiteach a spreagadh. I gcás nach bhfuarthas freagra laistigh de thrí mhí, níorbh fhéidir leis na Coimisinéirí Ioncaim aon ghníomh eile a dhéanamh agus dúnadh an cás.

1 Déantar breithmheasanna lena fháil amach an bhfuil gá le gníomh ar bith. Is é toradh an bhreithmheasa ná moladh ón gcásoibrí maidir leis an idirghabháil chuí chomhlíonta, i.e., fiosrúchán gné, agallamh próifíle, iniúchadh nó imscrúdú. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an cásoibrí a mholadh nach bhfuil gá le gníomh breise, i gcás go bhfuil an riosca/na rioscaí soiléirithe sa bhreithmheas. Mar thoradh air sin, níltear ag súil go dtiocfadh fáltas ó breithmheas.

2 Tarlaíonn ciandíol earraí laistigh den chomhphobal nuair a sheolann nó a iompraíonn soláthraí i mballstát amháin den Aontas Eorpach earraí chuig custaiméirí áirithe i mballstát eile nó nuair a sheoltar nó a iompraítear earraí thar ceann an tsoláthraí sin.

**15.44** Idir 2018 agus 2021, bhí díreach os cionn 9,000 suíomh gréasáin/trádálaí próifílithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Déanann gach cásoibrí torthaí na próifíle a rinneadh a thaifeadadh ar scarbhileoga aonair, a chuirtear le chéile ina dhiaidh sin agus a thaifeadtar ar mháistir-scarbhileog. Ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an líon clárúchán a eascraíonn go díreach ó theagmhálacha an bhrainse NROB le linn na tréimhse sin a chainníochtú toisc gur láraithe sna Coimisinéirí Ioncaim atá an fheidhm chlárúcháin agus nach bhfuil baint ag an mbrainse leis an bpróiseas sin. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, gur aithníodh trí theagmhálacha agus próifíliú custaiméara 127 dtrádálaí a ndeachthas i dteagmháil leo ina dhiaidh sin mar thrádálaithe a chláraigh le haghaidh CBL in Éirinn. B'ionann na 127 gcás sin agus borradh CBL na hÉireann de thart ar €22 mhilliún i CBL dearbhaithe ó dhátaí a gclárúcháin go dtí tréimhse CBL ag deireadh mhí an Mheithimh 2022. Measann na Coimisinéirí Ioncaim gur dócha go mbeadh clárúcháin bhreise agus borradh CBL ann a bhaineann le gníomhaíocht NROB nár aithníodh.

**15.45** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go mbeadh gá le forbairtí suntasacha TF nó le bunú d'fheidhm chlárúcháin tiomnaithe laistigh den bhrainse NROB mar gheall ar chur chuige níos córasaí chun torthaí clárúcháin an phróifílithe a rinneadh ar thrádálaithe neamhchláraithe a ghabháil. Breithníodh an dara ceann in 2020 ach ní raibh an acmhainn ná an cumas ag an mbrainse an fheidhm sin a dhéanamh, go háirithe toisc go rabhthas ag súil go dtiocfadh deireadh leis an bhfeidhm tar éis chur i bhfeidhm an OSS in 2021.

**15.46** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim gurb amhlaidh, agus aird á tabhairt ar ghlacadh an OSS ar fud AE, ar athruithe eile ar thimpeallacht rialála AE a laghdaigh na rioscaí a bhaineann le trádáil neamhchláraithe ar líne, agus ar athstruchtúrú mhargadh na hÉireann ar líne tar éis an Bhreatimeachta, atá deireadh curtha leis an gclár neamhchláraithe. Ó mhí Iúil 2021 i leith, tá obair na foirne comhlíonta neamhchláraithe dírithe ar bhonn cásanna OSS/IOSS a riar, ar shaincheisteanna éagsúla a bhaineann leis an mBreatimeacht a bhainistiú, ar chlár CESOP de chuid AE a chur chun feidhme in 2024 agus ar chlár d'fhorbairtí TF a chur chun cinn atá de dhíth chun an OSS/an IOSS a chomhtháthú níos iomláine le córais na gCoimisinéirí Ioncaim. Athainmníodh an fhoireann chomhlíonta neamhchláraithe mar fhoireann atá dírithe ar CESOP i Meán Fómhair 2022.

**15.47** Mar a luadh thuas, luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go seolann gach brainse comhlíonta gníomhaíocht chomhlíonta ar thrádálaithe atá cláraithe le haghaidh CBL agus a bhfuil díolacháin a bhaineann le ríomhthráchtáil acu. Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim idirdhealú idir leibhéal ná toradh na gníomhaíochta comhlíonta ríomhthráchtála a bhaineann le CBL agus a ngníomhaíocht iomlán comhlíonta. Is amhlaidh an cás freisin i gcás trádálaithe atá cláraithe ag MOSS mar ní féidir na gníomhaíochtaí sonracha comhlíonta a sheoltar ar thrádálaithe MOSS a shainaithint.

## Conclúidí

**15.48** Is éard atá i gceist le hidirbheart ríomhthráchtála ná díol nó ceannach earraí nó seirbhísí, a dhéantar thar líonraí ríomhaireachta trí mhodhanna atá deartha go sonrach chun críche orduithe a fháil nó a dhéanamh. Ciallaíonn teacht na ríomhthráchtála gur féidir le gnólachtaí oibriú laistigh de mhargadh i dtír gan láithreacht fhisiciúil a bhunú sa tír sin riamh.

**15.49** Is sruth ioncaim tábhachtach do go leor gnólachtaí iad díolacháin ríomhthráchtála. Léirítear sa tuarascáil 2022 ón gCoimisiún Eorpach ar *Innéacs an Gheilleagair Dhigitigh agus na Sochaí* go ndíolann 33% de FBManna na hÉireann ar líne, agus go ndíolann 11% acu thar theorainneacha — atá i bhfad os cionn mheáin AE, atá cothrom le 18% agus 9% faoi seach. Tháinig méadú suntasach freisin ar shreafaí ioncaim cánach idir údaráis ioncaim na mballstát i leith na suimeanna a íocadh trí Mhionionad Ilfhreastail ó tugadh isteach é in 2015 i leith.

**15.50** Cruthaíonn fás na ríomhthráchtála roinnt dúshlán maidir le riar na gcóras cánachais le rioscaí ar leith i ndáil le bailiú CBL. Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, tá roinnt athruithe tugtha isteach ag an gCoimisiún Eorpach sa réimse seo, mar shampla, tabhairt isteach an Mhionionaid Ilfhreastail in 2015 agus an pacáiste CBL ar ríomhthráchtáil is déanaí a tugadh isteach i mí Iúil 2021. Forbairt shuntasach a bheidh i dtabhairt isteach bheartaithe CESOP ó Eanáir 2024 freisin, rud a cheadóidh tarchur agus malartú sonraí íocaíochta chun cabhrú le comhlíonadh trasteorann CBL.

**15.51** Tá athruithe suntasacha á gcur i bhfeidhm ar leibhéal AE chun a áirithiú go bhfuil socruithe éifeachtacha agus comhordaithe i bhfeidhm chun an córas cánachais a bhainistiú. Chuige sin, is réimse é seo a choinneoidh m'Oifig faoi athbhreithniú agus féadfar tuairisc a thabhairt air arís sa todhchaí, de réir mar is gá.

### *Straitéis na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh ríomhthráchtála*

**15.52** Cé go dtagraíonn ceann de thosaíochtaí corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain 2022 do rannpháirtíocht ghníomhach ar leibhéal AE maidir le ríomhthráchtáil, níl ráiteas sonrach straitéise ag na Coimisinéirí Ioncaim atá dírithe ar an réimse seo.

**15.53** Measann na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil straitéis shonrach ag teastáil uathu don ríomhthráchtáil toisc go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar na rioscaí sa réimse seo mar gheall ar rialacha ríomhthráchtála ar leibhéal AE agus táthar ag súil go gcuirfidh tabhairt isteach CESOP in 2024 leibhéal breise dearbhaithe leis.

### *Measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar rioscaí ríomhthráchtála*

**15.54** I mí Iúil 2018, rinne na Coimisinéirí Ioncaim doiciméadú ar na rioscaí sonracha ríomhthráchtála do ghrúpa ríomhthráchtála ardbhainistíochta. Mar chuid den scrúdú sin, thug na Coimisinéirí Ioncaim a measúnú ar na rioscaí cothrom le dáta agus luaigh siad gur tugadh aghaidh ar go leor acu nó gur maolaíodh iad den chuid is mó trí thabhairt isteach an 'phacáiste CBL ar ríomhthráchtáil' i mí Iúil 2021 agus trí thabhairt isteach bheartaithe CESOP ón 1 Eanáir 2024 i leith.

**15.55** In 2018, thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim ag iarraidh ar thrádálaithe a bhí ag clárú den chéad uair a gcéatadán measta de dhíolacháin ar líne a sholáthar. Mar sin féin, ní dhéantar na sonraí a fhaightear ó thrádálaithe nuachláraithe a thaifeadadh i bhformáid atá oiriúnach chun staitisticí a bhaint, agus níl sonraí ar fáil ó thrádálaithe reatha atá cláraithe. Mar thoradh air sin, níl aon bhealach ag na Coimisinéirí Ioncaim chun méid agus cineál na trádála ar líne a aithint nó a ghabháil ar bhonn leanúnach.

**15.56** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach n-éilíonn siad ar cháiníocóirí a láimhdeachas ríomhthráchtála a chainníochtú ar leithligh i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le láimhdeachas den sórt sin a shainiú, na gcostas breise ar na páirtithe go léir agus luach measartha teoranta breise na sonraí sin. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil amhras faoin luach le riachtanas ar leith do ghnólachtaí láimhdeachas ríomhthráchtála a chainníochtú mar is beag fianaise atá ann a thabharfadh le tuiscint go bhfuil riosca CBL níos airde ag baint le láimhdeachas ó bhealaí digiteacha gnólachta seanbhunaithe ná le láimhdeachas ó chainéil fhisiciúla. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim freisin nach bhfuil siad ar an eolas faoi aon bhallstát eile d'AE a iarrann na sonraí sin faoi láthair toisc go bhfuil raon agus éagsúlacht na sruthanna ioncaim a bhaineann le samhlacha seirbhíse ar líne agus digiteacha ollmhór agus go bhfuil sé thar a bheith dúshlánach é a shainiú agus a fhíorú ar bhonn leanúnach.

**15.57** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur cuid lárnach de bhainistíocht riosca iad gníomhaíochtaí ríomhthráchtála mar go bhfuil meascán de dhíolacháin ríomhthráchtála agus neamh-ríomhthráchtála ag formhór na ngnólachtaí. Mar thoradh air sin, ní féidir gníomhaíochtaí bainistíochta riosca ríomhthráchtála a dhí-chomhbhailiú ó ghnáthghníomhaíochtaí bainistíochta riosca ach amháin sa mhéid go dteastaíonn sainacmhainní ó shaincheisteanna rialála nó comhlíonta sainréimse.

### *Gníomhaíocht comhlíonta ríomhthráchtála*

**15.58** Tá gach brainse comhlíonta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as comhlíonadh na ngnólachtaí ina mbonn cásanna, cibé an dtagann a n-ioncam ó dhíolacháin ríomhthráchtála, ó dhíolacháin fhisiceacha nó ó áiteanna eile. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim nach gnách go ndéanfar idirghabhálacha a dhéileálann le gnólachtaí a oibríonn bealaí díolacháin ar líne a thaifeadadh chun críocha staidrimh mar idirghabhálacha 'ríomhthráchtála' toisc go bhfuil samhlacha gnó ar líne normalaithe, forleathan agus lárnach anois do ghnólachtaí i ngach earnáil den gheilleagar.

**15.59** Déanann gach brainse comhlíonta de na Coimisinéirí Ioncaim gníomhaíocht comhlíonta ar thrádálaithe atá cláraithe le haghaidh CBL agus a bhfuil díolacháin a bhaineann le ríomhthráchtáil acu. Níl córais bunaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun idirdhealú a dhéanamh idir leibhéal ná toradh na gníomhaíochta comhlíonta ríomhthráchtála a bhaineann le CBL agus gníomhaíocht iomlán comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim. Is amhlaidh atá sé freisin maidir le trádálaithe atá cláraithe ag MOSS.

**15.60** Baineann rioscaí sonracha CBL le trádálaithe ciandíola agus tá sainaonaid bunaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a dhéileálann le réimsí ar leith den gheilleagar digiteach, mar shampla an brainse gnólachtaí neamhchónaitheacha ar líne (NROB). Rinne an brainse sin obair comhlíonta sa réimse seo idir 2018 agus 2021 a fuair €10.8 milliún. Thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi deara freisin go bhfuil borradh íosta breise CBL Éireannach de bheagnach €22 mhilliún fógartha ag ciandíoltóirí nach raibh cláraithe roimhe seo, agus is eol gur chláraigh siad mar thoradh ar obair a rinne clár comhlíonta neamhchláraithe an bhrainse.

**15.61** Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil clár trádálaithe neamhchláraithe neamhchónaitheacha an bhrainse NROB á fhoirceannadh ó 2021. Tá obair na foirne comhlíonta neamhchláraithe dírithe ar chur i bhfeidhm an chláir CESOP de chuid AE in 2024 agus ar chlár forbairtí TF a theastaíonn chun an OSS/an IOSS a chomhtháthú níos iomláine le córais na gCoimisinéirí Ioncaim. Athainmníodh an fhoireann dá réir sin i Meán Fómhair 2022.

## Iarscríbhinn 15A CBL ar an bpacáiste ríomhthráchtála

An 1 Iúil 2021, rinneadh roinnt athruithe ar an Treoir CBL chun oibleagáidí CBL do ghníomhaíochtaí ríomhthráchtála a shimpliú. Trasuíodh na hathruithe a rinneadh ar an Treoir CBL isteach i ndlí na hÉireann i mí an Mheithimh 2021 trí Rialachán a rinneadh faoi alt 3 d'Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

Tugadh isteach na bearta nua chun trádáil trasteorann a éascú, chun calaois CBL a chomhrac agus chun iomaíocht chothrom a áirithiú do ghnólachtaí AE. I measc na mbeart nua sin tá:

- leathnú ar na hidirbhearta a fhéadfar a dhearbhú sa Mhionionad Ilfhreastail (MOSS) as a dtiocfaidh cruthú an Ionaid Ilfhreastail (OSS)
- Ionad Ilfhreastail Iompórtála (IOSS) nua a thabhairt isteach
- déileáil le hardáin agus margaí ar líne mar 'sholáthraithe measta' le haghaidh idirbhearta áirithe
- socruithe speisialta a thabhairt isteach le haghaidh iompórtáil earraí áirithe.

### *Leathnú MOSS*

Tugadh MOSS isteach in 2015 agus cuireadh i bhfeidhm é ar sholáthar seirbhísí teileachumarsáide, craolacháin agus leictreonacha (TBE) do dhaoine nach bhfuil faoi dhliteanas cánach. Bhí MOSS oscailte do sholáthraithe atá bunaithe in AE agus do sholáthraithe atá bunaithe lasmuigh d'AE araon. An 1 Iúil 2021, leathnaíodh raon feidhme MOSS chun raon níos leithne soláthair earraí agus seirbhísí a chuimsiú nuair a dhéantar iad do chustaiméirí in AE agus tugtar Ionad Ilfhreastail (OSS) air anois. Tá an OSS deartha do chuideachtaí atá lonnaithe laistigh d'AE agus lasmuigh d'AE araon a dhíolann earraí/seirbhísí i dtíortha AE.

Faoin OSS, is féidir le soláthraí clárú go leictreonach i mballstát agus an CBL atá dlite ar sholáthar seirbhísí trasteorann gnó go custaiméir agus ciandíolacháin earraí laistigh den Chomhphobal in AE a dhearbhú agus a íoc ar bhonn ráithiúil. Cosúil le MOSS, is scéim roghnach í an OSS agus, mura mbaintear leas as, beidh ar an soláthraí clárú i ngach ballstát ina ndéanann siad soláthairtí do thomhaltóirí.

### *Tabhairt isteach IOSS*

An 1 Iúil 2021, cuireadh deireadh leis an bhfaoiseamh CBL ar choinsíneacht ar íseal-luach de €22 agus tá gach earra a iompórtáiltear isteach in AE faoi réir CBL anois.[1] Tugadh isteach Ionad Ilfhreastail Iompórtála (IOSS) nua chun CBL a dhearbhú atá dlite ar chiandíol earraí a iompórtáiltear ó áiteanna lasmuigh d'AE. Tá an IOSS deartha do chuideachtaí a dhíolann earraí le custaiméirí in AE, i gcoinsíneachtaí dar luach intreach €150 nó níos lú. I gcás coinsíneachtaí ar luach níos airde, tá feidhm ag rialacha caighdeánacha iompórtála CBL. Níl úsáid na scéime sin éigeantach, agus tá sí oscailte do sholáthraithe atá bunaithe in AE agus do sholáthraithe atá bunaithe lasmuigh d'AE araon. Mura bhfuil bunaíocht in AE ag duine atá faoi dhliteanas cánach agus más mian leis an duine an IOSS a úsáid, tá sé d'oibleagáid air/uirthi idirghabhálaí a cheapadh.[2] Cé go mbíonn an dliteanas CBL i gcónaí ina dhliteanas ar an soláthraí a ndéanann an t-idirghabhálaí ionadaíocht leis, tá an t-idirghabhálaí freagrach as an CBL atá dlite a dhearbhú agus a íoc.

1 Níl aon athrú ar an díolúine reatha ó dhleacht custaim le haghaidh earraí a iompórtáiltear isteach in AE suas go dtí luach intreach €150.

2 Is é ról an idirghabhálaí ná oibleagáidí an IOSS a chomhlíonadh thar ceann an tsoláthraí.

Ligeann an IOSS do thrádálaithe CBL iompórtála atá dlite i ngach Ballstát a chlárú agus a dhearbhú trí thuairisceán míosúil IOSS sa bhallstát ina bhfuil siad cláraithe don scéim. I gcás go bhfuil feidhm ag an IOSS, gearrfar an CBL atá dlite ar an gcustaiméir ar an soláthar tráth an cheannaigh agus ní bheidh iompórtáil na n-earraí faoi réir CBL. Ina ionad sin, seolfar an CBL a bhailíonn an soláthraí trína thuairisceán IOSS míosúil. Ní bhaineann an scéim seo ach le hearraí a iompórtáladh, gan earraí atá faoi réir dleachta máil a áireamh, nuair nach sáraíonn luach intreach na coinsíneachta €150.

### *Margaí agus ardáin ar líne*

Tugadh isteach rialacha nua maidir le margaí agus ardáin ar líne a éascaíonn soláthar earraí in AE. I gcás go bhfuil margaí nó ardáin ar líne ag éascú soláthar áirithe earraí, measfar go bhfuil na soláthairtí á ndéanamh acu féin. Ciallaíonn sé sin go mbeidh an margadh nó an t-ardán ar líne freagrach as cuntas a thabhairt don CBL ar na soláthairtí sin.

I gcás go measfar go bhfuil margadh nó ardán ar líne ag soláthar earraí, déileálfar leo mar aon soláthraí earraí eile, rud a chiallaíonn gur féidir leo rogha a dhéanamh clárú don OSS nó don IOSS nó don dá cheann, ag brath ar na soláthairtí atá á ndéanamh acu. Tá feidhm ag rialacha na scéimeanna sin ar an mbealach céanna maidir leis an margadh nó leis an ardán ar líne sin agus a bhaineann siad le soláthraithe eile a úsáideann na scéimeanna sin.

### *Socruithe speisialta le haghaidh iompórtálacha áirithe*

Roimh an 1 Iúil 2021, ní raibh earraí ar a raibh luach níos lú ná €22 faoi réir CBL iompórtála ar iompórtáil isteach in AE. Mar a luadh thuas, díscaoileadh an faoiseamh sin an 1 Iúil 2021 agus tá CBL inmhuirir ar gach iompórtáil, beag beann ar an luach. Tugadh socruithe speisialta isteach, maidir le hearraí le luach intreach nach mó ná €150, mar shimpliú ar dhearbhú agus íocaíocht CBL iompórtála mar mhalairt ar an IOSS agus ar na rialacha caighdeánacha a bhaineann le CBL atá dlite ar iompórtáil. Tá na rialacha ceaptha le húsáid ag oibritheoirí poist, ag meariompróirí nó ag gníomhairí custaim a dhearbhaíonn earraí ar luach íseal atá le hiompórtáil.

Nuair a ordaíonn tomhaltóir AE earraí ar luach íseal ó áiteanna lasmuigh d’AE, is gnách go mbíonn CBL dlite in AE ag an gcustaiméir a ordaíonn na hearraí. Faoi na socruithe speisialta, íocfaidh an custaiméir CBL leis an duine a thíolacfaidh na hearraí do chustam, amhail oibritheoir poist nó gníomhaire custaim.

Tá na hearraí go léir a iompórtáiltear faoi na socruithe speisialta faoi réir ráta caighdeánach CBL. Íocfaidh an t-oibritheoir poist an CBL iompórtála atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim ar an 15ú lá den mhí tar éis na míosa inar iompórtáladh na hearraí.

# 16 Athbhreithnithe tréimhsiúla ar dheimhnithe imréitigh cánach á gcur ar fionraí ag na Coimisinéirí Ioncaim

**16.1** Is é an cuspóir atá ag scéim imréitigh cánach na gCoimisinéirí Ioncaim ná a chinntiú go gcomhlíonann daoine a gcuid oibleagáidí cánach agus custaim má bhaineann siad tairbhe eacnamaíoch as ceadúnas nó cead chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh laistigh den Stát, nó má tá conarthaí, deontais, fóirdheontais agus íocaíochtaí eile ón Stát á bhfáil acu.

**16.2** Is é atá i ndeimhniú imréitigh cánach (TCC) ná dearbhú ó na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil cúrsaí cánach agus custaim duine in ord. Tá dhá ghné ag baint leis sin:

- caithfidh tuairisceáin an cháiníocóra a bheith suas chun dáta; agus
- íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim aon cháin, ús nó pionóis atá le híoc.[1]

**16.3** Tá gá le TCC reatha i gcásanna éagsúla, lena n-áirítear a bheith incháilithe chun deontais áirithe rialtais a fháil agus chun conradh a dhéanamh chun earraí agus seirbhísí a sholáthar do chomhlacht poiblí. Téann bailíocht TCC in éag go huathoibríoch bliain amháin tar éis é a eisiúint le cur isteach ar dheontas agus chun críocha tacaíochta Covid-19, agus tar éis ceithre bliana chun críocha eile.

**16.4** Tá córas fíoraithe ar líne ag na Coimisinéirí Ioncaim lena gcuirtear ar chumas daoine aonair agus comhlachtaí poiblí stádas daoine agus gnólachtaí a fhíorú trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) nó tríd an tseirbhís Government Networks.[2,3]

**16.5** Tá córas ríomh-Imréitigh Cánach (eTC) na gCoimisinéirí Ioncaim deartha sa chaoi is go ndéantar seiceáil uathoibríoch ar chomhlíonadh cánach daoine a bhfuil TCC acu gach sé mhí lena fháil amach an bhfuil a gcúrsaí cánach in ord — mura bhfuil daoine cáin-chomhlíontach a thuilleadh, cuirtear a stádas imréitigh cánach ar ceal (tarraingítear siar é).

**16.6** I mí an Mhárta 2020, mar chuid dá bhfreagairt do shrianta Covid-19 ar ghnólachtaí, chuir na Coimisinéirí Ioncaim stop sealadach lena gcuid 'athbhreithnithe tréimhsiúla' uathoibríocha ar TCCanna. Ag an am sin, bhí tuairim is 324,000 TCC i bhfeidhm. Má bhí imréiteach ag daoine ag an am sin, choinnigh siad é agus ní raibh an stádas imréitigh cánach faoi réir an athbhreithnithe thréimhsiúil sé mhí a bheadh i bhfeidhm dá mbeadh an saol mar is gnáth. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh an cinneadh sin ar bhonn beartais i dtús na paindéime mar go rabhthas ag súil go mbeadh gnólachtaí faoi réir srianta agus go mbeadh cúinsí deacra trádála rompu.

**16.7** Bhíothas ag brath ar an gceanglas stádas imréitigh cánach a shealbhú agus a choimeád le haghaidh roinnt scéimeanna tacaíochta Covid-19 arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim agus a tugadh isteach mar fhreagra do phaindéim Covid-19 (mar a léirítear i bhFíor 16.1). Ceadaíodh dul isteach i scéimeanna tacaíochta Covid-19 (ar an gcoinníoll gur comhlíonadh na critéir ábhartha eile go léir) do na cáiníocóirí sin ar cuireadh síneadh lena stádas imréitigh cánach gan athbhreithniú. Mura raibh imréiteach cánach ag daoine b'éigean dóibh cur isteach air le go mbeidís incháilithe chun cur isteach ar na scéimeanna. Eisíodh beagáinín níos lú ná 240,000 TCC sa tréimhse idir an 13 Márta 2020 agus deireadh mhí an Mheithimh 2022.

1 Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú imréitigh cánach (TCC) a eisiúint chuig cáiníocóir atá I riaráiste cánach i gcás go bhfuil na riaráistí cánach clúdaithe le socrú tráthchodanna.

2 Is é is ROS ann ná saoráid shlán is féidir le cáiníocóirí a úsáid chun tuairisceáin chánach a chomhdú, dliteanais chánach a íoc agus rochtain a fháil ar a gcuid sonraí cánach.

3 Is líonra achair fhairsing príobháideach bainistithe é Government Networks lena nasctar comhlachtaí seirbhíse poiblí le chéile ar líonra a bhfuil acmhainn sonraí, gutha agus físeáin aige.

**Fíor 16.1 Scéimeanna tacaíochta Covid-19 arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim[a]**

| Scéim | Arna hoibriú ó | Líon na bhfaighteoirí | An mheáníocaíocht € | Iomlán na n-íocaíochtaí €m |
|---|---|---|---|---|
| An Scéim Fóirdheontas Pá d'Fhostóirí (SFPF)[b,c] | Meán Fómhair 2020 go Bealtaine 2022 | 51,800 | 131,973 | 6,836 |
| An Scéim Tacaíochta Srianta COVID-19 (STSC)[c] | Deireadh Fómhair 2020 go hEanáir 2022 | 22,108 | 32,533 | 719 |
| An Scéim Tacaíochta um Atosú Gnó (STAG)[c] | Meán Fómhair 2021 go Samhain 2021 | 1,988 | 3,960 | 8 |
| **Iomlán** | | **75,896** | **—** | **7,563** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí:
a Is iad na figiúirí atá á lua ag na Coimisinéirí Ioncaim ná mar a bhí siad an 23 Meitheamh 2022.
b Bhí an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2020 i leith agus tháinig an SFPF ina áit i Meán Fómhair 2020. Ní raibh sé riachtanach d'éilitheoirí SFSP imréiteach cánach a bheith acu. Tá iniúchadh ar na rialuithe SFSP curtha ar áireamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2020*, caibidil 12, uaidh.
c Rinneadh foráil don SFPF faoin Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020. Rinneadh foráil don STSC agus don STAG faoin Acht Airgeadais, 2020, agus faoin Acht Airgeadais (Covid-19 agus Forálacha Ilghnéitheacha), 2021, faoi seach.

**16.8** Rinne na Coimisinéirí Ioncaim an scéim 'Fan agus Caith' a riar freisin. Chuir an scéim sin creidmheas cánach ar fáil do cháiníocóirí a thabhaigh 'caiteachas cáilitheach' ón 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 30 Aibreán 2021, ag brath ar theorainneacha agus ar choinníollacha áirithe a bheith comhlíonta. B'éigean do sholáthraithe seirbhíse cáilitheacha — lóistín saoire agus gnólachtaí bia is dí 'ith istigh' den chuid is mó — clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim agus TCC a bheith acu ar feadh na tréimhse incháilitheachta.

**16.9** Cheadaigh socruithe neamhghnácha a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2020 do gach gnólacht a raibh plé acu le Rannóg Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim a dtuairisceáin chánach a chomhdú mar is gnách, ach a ndliteanais CBL agus ÍMAT a 'chur i leataobh' saor ó ús. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim gurbh é cuspóir an tsocraithe sin ná comhdú tuairisceán a chur chun cinn gan an ceanglas íocaíocht a dhéanamh. Tugadh trádstóráil fiachais air sin.[1]

**16.10** Sheol na Coimisinéirí Ioncaim trí fheachtas spriocdhírithe in 2021 chun cohóirt de cháiníocóirí a shainaithint agus plé a dhéanamh leo i dtaobh deacrachtaí maidir le bheith cáin-chomhlíontach. Dhírigh an chéad dá fheachtas ar ghnólachtaí a chláraigh le haghaidh SFPF agus STSC agus dhírigh an tríú feachtas ar chohórt níos leithne.[2] Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl gurbh é príomhaidhm na dtrí fheachtas sin ná cáiníocóirí a ghríosú chun a gcuid tuairisceán cánach a chomhdú, rud a thug léargas, ní hamháin do na Coimisinéirí Ioncaim ach do na cáiníocóirí a raibh baint acu leis freisin, ar cé chomh mór agus a bhí aon fhiachas a bhí á thrádstóráil.

**16.11** Léirítear i bhFíor 16.2 toradh an dá fheachtas maidir le himréiteach cánach ar tugadh fúthu in 2021 agus a dhírigh ar ghnólachtaí a raibh ag fáil íocaíochtaí faoi SFPF/STSC.

1 Cuireadh stop sealadach le hús ar íocaíocht dhéanach CBL agus ÍMAT (fostóir) d'fhiontair bheaga go huathoibríoch agus do ghnólachtaí meánmhéide agus móra ar iarratas. Bhí an rogha ann fiacha CBL agus ÍMAT (fostóir) a bhí bainteach le Covid-19 a thrádstóráil.

2 Dhírigh an tríú feachtas ar chásanna a bhí idir lámha ag Rannóg na nEintiteas Corparáideach Mór, Cásanna Móra — Rannóg na nDaoine Gustalacha agus Rannóg na bhFiontar Meánmhéide.

**Fíor 16.2 Athbhreithnithe ar stádas imréitigh cánach na ndaoine a raibh SFPF/STSC á bhfáil acu, 2021**

| Tréimhse athbhreithnithe | 2021 | |
|---|---|---|
| | Feabhra go Bealtaine | Iúil go Meán Fómhair |
| Líon na bhfaighteoirí | 39,580 | 36,397 |
| Líon na bhfaighteoirí a sainaithníodh a bheith neamhchomhlíontach tar éis tuairisceán a chomhdú | 11,064 (28%) | 6,768 (19%) |
| Líon na bhfaighteoirí ar cuireadh a n-imréiteach cánach ar ceal | 2,292 (6%) | 2,547 (7%) |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

**16.12** Ag gach babhta, aimsíodh nach raibh sciar de na héilitheoirí suas chun dáta maidir lena dtuairisceán cánach a chomhdú. I gcás go bhfuarthas amach go raibh cúrsaí amhlaidh, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i mbun plé leis na héilitheoirí agus d'iarr siad orthu go mbeadh a gcuid tuairisceán tugtha isteach i gcomhlíonadh faoi dháta áirithe. I gcás nár tharla an comhlíonadh a bhí de dhíth de bharr an phlé sin, cuireadh an t-imréiteach cánach ar ceal agus ní dhearnadh a thuilleadh íocaíochtaí faoin scéim tacaíochta Covid-19.

**16.13** Sa chéad bhabhta de thástáil (5 Feabhra 2021), sainaithníodh 11,064 éilitheoir san iomlán (28%) nach raibh comhlíontach maidir lena dtuairisceán. Chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil leis na héilitheoirí agus iarradh orthu a dtuairisceán amuigh a thabhairt suas chun dáta faoin 21 Bealtaine 2021 ar a dhéanaí. Bhí 8,772 éilitheoir díobh in ann déanamh amhlaidh faoin dáta sonraithe, ach sainaithníodh go raibh tuairisceán amuigh fós ag 2,292 éilitheoir (6%) agus cuireadh a TCC ar ceal. Ag an bpointe sin, cuireadh stop lena gcuid íocaíochtaí tacaíochta Covid-19.

**16.14** Sa dara babhta de thástáil (30 Iúil 2021), sainaithníodh 6,768 n-éilitheoir san iomlán (19%) nach raibh comhlíontach a thuilleadh maidir lena dtuairisceán. Chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil leis na héilitheoirí freisin agus iarradh orthu a dtuairisceán amuigh a thabhairt suas chun dáta, faoin 14 Meán Fómhair 2021 ar a dhéanaí. Bhí 4,221 éilitheoir díobh in ann déanamh amhlaidh faoin dáta sonraithe, ach sainaithníodh go raibh tuairisceán amuigh fós ag 2,547 n-éilitheoir (7%) agus cuireadh a TCC ar ceal. Cuireadh stop lena gcuid íocaíochtaí tacaíochta Covid-19 chomh maith.

**16.15** Thug na Coimisinéirí Ioncaim le fios, maidir leis na héilitheoirí uile a sainaithníodh a bheith neamhchomhlíontach ó thaobh a dtuairisceán de in 2021, go raibh TCC acu nuair a chuir siad isteach ar íocaíochtaí SFPF/STSC den chéad uair, agus (ag brath ar chritéir eile a bheith comhlíonta) bheadh siad incháilithe le haghaidh na n-íocaíochtaí a fuair siad le linn dá TCC a bheith fós bailí. Cuireadh síneadh le tréimhse staonta, d'fhonn deis a thabhairt do cháiníocóirí neamhchomhlíontacha tuairisceáin a chomhdú agus a gcomhlíonadh a athnuachan ar an gcaoi sin, agus maidir leosan a bhí fós neamhchomhlíontach ag deireadh na tréimhse sin, cuireadh a n-imréiteach cánach ar ceal. Tá na Coimisinéirí Ioncaim sásta nárbh ionann aon íocaíocht a rinneadh faoi na scéimeanna agus caiteachas neamh-incháilithe.

**16.16** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús le hathbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar shealbhóirí TCC ar bhonn leanúnach ó mhí na Bealtaine 2022 i leith. Beidh deireadh leis an bpróiseas athbhreithnithe ar gach sealbhóir TCC faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2022.

**16.17** Níor thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi athbhreithniú iardhearcadh chun a shainaithint cén dáta ar ar éirigh sealbhóirí TCC neamhchomhlíontach maidir lena dtuairisceán cánach agus óna bhféadfaí a TCC a chur ar ceal. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim nach raibh aon bhonn dlíthiúil lenar féidir méid na n-íocaíochtaí SFPF agus STSC a rinneadh le héilitheoirí ar cuireadh a TCC ar ceal a mheas. Níor phróiseáil na Coimisinéirí Ioncaim aon íocaíocht faoi na scéimeanna sin a luaithe agus a cuireadh a n-imréiteach cánach ar ceal.

## Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta

**16.18** I dtús phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020, rinne na Coimisinéirí Ioncaim roinnt cinntí beartais tábhachtacha ar mhaithe le cabhrú le gnólachtaí déileáil le deacrachtaí sreafa airgid agus trádála nach bhfacthas riamh cheana agus a d'eascair as na srianta sláinte poiblí a tugadh isteach ag an am. Ceann amháin de na beartais sin ba ea ligean do ghnólachtaí a bhí cáin-chomhlíontach a stádas imréitigh cánach a choimeád. Bhí an cinneadh sin ag teacht le treoir agus beartas foriomlán an Rialtais ag an am chun an tacaíocht ab fhearr ab fhéidir a chur ar fáil do ghnólachtaí le linn dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshlán roimh an tír agus roimh fhormhór na ngnólachtaí, dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh. Bhí sé sin ar cheann de na cinntí riaracháin beartais a rinneadh i dtaca le bailiú fiach, ús agus forfheidhmiú. Ag an am céanna, agus ní ba dhéanaí in 2020 agus 2021, thug an Rialtas roinnt scéimeanna tacaíochta COVID-19 isteach chomh maith le reachtaíocht a rith dóibh, scéimeanna a rinne na Coimisinéirí Ioncaim iad a reáchtáil — an SFSP, an scéim trádstórála fiachais, an STSC, an SFPF, agus an STAG — chun cur ar chumas cáiníocóirí leas a bhaint as tacaí airgeadais ríthábhachtacha i gcaitheamh na paindéime, agus an baol maidir le dúnadh gnólachtaí agus cailliúint fostaíochta a mhaolú ar an gcaoi sin.

**16.19** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach cur ar ceal imréitigh cánach a bhí i gceist leis an rud a cuireadh i gcrích ach b'amhlaidh gur cuireadh síneadh leis an stádas imréitigh cánach a bhí i réim ar dháta faoi leith, is é sin mí an Mhárta 2020. Tá sé tábhachtach freisin a thuiscint maidir leis an scéim trádstórála fiachais a tugadh isteach ar bhonn riaracháin i mí na Bealtaine 2020 agus ar ritheadh reachtaíocht ina leith ina dhiaidh sin, go ndearnadh foráil shonrach do chánacha reatha áirithe a bheith gan íoc de réir mar a tháinig siad chun cinn agus go ndéanfaí na fiacha sin a chur i leataobh sa trádstóras saor ó ús ar dtús. Ní raibh i gcoinneáil stádais imréitigh cánach mar sin ach cur chuige pragmatach a bhí simplí ó thaobh riaracháin de agus a bhí ag teacht go hiomlán le forálacha na scéime trádstórála fiachais, a raibh sé mar aidhm aici tacú le gnólachtaí le linn na paindéime nuair a bhí gnólachtaí faoi réir srianta agus ag iarraidh déileáil le cúinsí trádála fíordheacra.

**16.20** Mar achoimre, bhí na scéimeanna tacaíochta agus fóirdheontais iníoctha le gnólachtaí incháilithe a raibh TCC acu faoi fhorálacha na reachtaíochta ábhartha, is é sin, an tAcht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020, i dtaca leis an SFPF agus an tAcht Airgeadais, 2020, i dtaca leis an STSC. Níor íoc na Coimisinéirí Ioncaim fóirdheontas nó tacaíocht le haon ghnólacht nach raibh TCC aige.

## Conclúidí

**16.21** Chuir na Coimisinéirí Ioncaim stop sealadach lena rialú seanbhunaithe ar sheiceálacha uathoibrithe gach sé mhí ar stádas imréitigh cánach gnólachtaí i mí an Mhárta 2020, mar aitheantas do na deacrachtaí trádála tromchúiseacha a d'eascair as srianta bainteach le Covid-19.

**16.22** Nuair a tugadh an SFPF agus an STSC isteach i Meán Fómhair 2020 agus i nDeireadh Fómhair 2020 faoi seach, bhí ceanglas ann go gcaithfeadh éilitheoirí imréiteach cánach a shealbhú agus a choimeád. De bharr an scéim trádstórála fiachais a thabhairt isteach le linn phaindéim Covid-19, bhí sé i bhfad níos éasca a bheith cáin-chomhlíontach ná mar a bhí sé roimhe sin. D'fhéadfadh cáiníocóirí a bhain leas as trádstóráil fiachais a bheith comhlíontach ó thaobh cánach de trína dtuairisceáin chánach a chomhdú in am gan aon dualgas láithreach a bheith orthu aon dliteanas cánach a bhaineann leis na tuairisceáin a íoc.

**16.23** I bhFeabhra 2021 agus Iúil 2021, thug na Coimisinéirí Ioncaim faoi dhá fheachtas spriocdhírithe a dhírigh ar fhaighteoirí an STSC agus an SFPF le héilitheoirí a shainaithint agus plé a dhéanamh leo a bhfuil deacrachtaí acu a dtuairisceán cánach a chomhdú. I gcás gur shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim go raibh deacracht ann maidir le bheith neamhchomhlíontach, chuir siad síneadh le staonadh ar feadh tréimhse nach beag chun deis a thabhairt do na héilitheoirí na tuairisceáin a bhí de dhíth a chomhdú. Maidir le héilitheoirí ar theip orthu éirí comhlíontach faoi dheireadh na tréimhse staonta, cuireadh a n-éileamh ar ceal. Is deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim nach ndearnadh aon íocaíochtaí faoin dá scéim le gnólachtaí ar cuireadh a stádas imréitigh cánach ar ceal de bhun na bhfeachtas sin agus nach ndearnadh aon íocaíochtaí neamh-incháilithe dá bharr.

**16.24** Tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim dul i mbun plé leis na héilitheoirí nach raibh a dtuairisceáin chánach suas chun dáta, bhí líon nach beag éilitheoirí ann fós a raibh a n-imréiteach cánach ar ceal. Ar an mbonn sin, tá sé ina ábhar imní dom go bhfuil líon nach beag d'éilitheoirí an SFPF agus an STSC fós ag fáil tacaíocht airgeadais faoi na scéimeanna agus gan a dtuairisceáin chánach a bheith suas chun dáta. Dá gcuirfidís isteach mar éilitheoirí nua faoi na cúinsí sin, ní ghlacfaí isteach sna scéimeanna iad, agus ní bhfaighidís na híocaíochtaí a fuair siad.

# 17 Áibhéil déanta faoi thaiscí cánach neamh-leithdháilte áirithe


**17.1** Is é príomhfheidhm Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) ná cánacha agus dleachtanna a mheasúnú agus a bhailiú. Ba é iomlán na bhfáltas a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann an Státchiste le haghaidh 2021 ná €67.5 billiún (€56.2 billiún in 2020).

**17.2** I ráiteas na n-iarmhéideanna sa chuntas ioncaim don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, áirítear dliteanais dar luach €85.4 milliún a bhaineann le 'taiscí cánach neamh-leithdháilte (TCNL) (féach Fíor 17.1).[1,2] San áireamh leo tá

- fáltais nach féidir iad a leithdháileadh ar cheannteideal cánach nó ar thaifead cáiníocóra ag deireadh na bliana
- íocaíochtaí a rinneadh ar cuntas le linn iniúchtaí cánach agus socraíochtaí cánach
- íocaíochtaí nach íocaíochtaí iniúchta iad agus nach bhfuil na treoracha cuntasaíochta curtha i gcrích dóibh.

**17.3** Cé go n-aithnítear iad mar dhliteanas i ráiteas iarmhéideanna na gcuntas ioncaim, taisctear fáltais TCNL go tráthrialta chuig an bPríomh-Chiste, chomh maith le haistrithe eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, lena chinntiú nach gcoinnítear suimeanna móra airgid thirim lasmuigh den Státchiste ar feadh tréimhsí fada.

**Fíor 17.1 Taiscí cánach neamh-leithdháilte a tuairiscíodh ag deireadh 2021**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a Is córas leictreonach imréitigh é CREST lena socraítear aistrithe de scaireanna a ndéileáiltear leo ar mhalartáin áirithe.

b Is é atá i mbannaí CBL ná urrús a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim i gcás go bhfuil riosca braite ann a bhaineann le cáiníocóir ar leith. Áirítear sa chatagóir sin freisin suimeanna ilghnéitheacha a fuarthas gan go leor faisnéise lena leithdháileadh ar an taifead cuí cáiníocóra nó ceannteideal cánach.

1 Is é teideal oifigiúil an chuntais ioncaim ná an cuntas ar ioncam a fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

2 Áirítear iarmhéid na dtaiscí cánach neamh-leithdháilte (TCNLanna) de €85.4 milliún leis an bhfigiúr dliteanais de €99.1 milliún i ndáil le suimeanna atá le fail agus le leithdháileadh.

**17.4** Faightear íocaíochtaí ar go leor bealaí ó cháiníocóirí, mar shampla, trí RAA, trí sheic, agus trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS).[1] Nuair a fhaightear íocaíocht, gintear mír oibre ar chóras na gCoimisinéirí Ioncaim um próiseáil cánachais chomhtháite (PCC), a bheidh le próiseáil ag cásoibrí.

**17.5** Le haghaidh gach íocaíochta ar cuntas nach íocaíocht ROS í, nuashonraíonn an cásoibrí an taifead cáiníocóra ar an gcóras PCC leis na mionsonraí riachtanacha ar fad, lena n-áirítear na ceannteidil chánach ghaolmhara. Déanann sé sin córas bainistíochta airgeadais na gCoimisinéirí Ioncaim a nuashonrú go huathoibríoch. Le haghaidh íocaíochtaí ar cuntas ar íocaíochtaí ROS iad, tá céim bhreise ar leith ag teastáil ón gcásoibrí chun an ceannteideal cánach gaolmhar a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta airgeadais. Úsáidtear an fhaisnéis ar an gcóras bainistíochta airgeadais chun an cuntas bliantúil ioncaim a tháirgeadh.

**17.6** Mar chuid den iniúchadh ar an gcuntas ioncaim le haghaidh 2021, d’iarr an fhoireann iniúchóireachta liosta de réir téarma de na cáiníocóirí a d’íoc na socraíochtaí iniúchta a bhfuil luach €58.1 milliún orthu agus a taifeadadh in iarmhéid na TCNLanna ag deireadh na bliana (mar a léirítear i bhFíor 17.1). Bunaithe ar bhreis tástála, tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid gur cheart thart ar €25.5 milliún a bheith taifeadta mar TCNLanna ó shocraíochtaí cánach iniúchta, i.e., thart ar €32.5 milliún níos lú ná an tsuim a taifeadadh sa chuntas ioncaim.

**17.7** Mar fhreagairt do thoradh an iniúchta, shainaithin na Coimisinéirí Ioncaim earráidí a tharla mar gheall ar chásoibrithe ar theip orthu i gcásanna áirithe tabhairt faoin gcéim bhreise ar an gcóras bainistíochta airgeadais chun na ceannteidil chánach iomchuí a thaifeadadh.

**17.8** Cé nach ndeachaigh an earráid sin i bhfeidhm ar an taifead cáiníocóra ná ar an aistriú pras cistí chuig an Státchiste, bhí sí ina cúis le hiarmhéid na TCNLanna sa chuntas ioncaim amhail an 31 Nollaig 2021 a bheith á róshonrú faoi thart ar €32.5 milliún agus leis na fáltais cheannteidil cánach le haghaidh 2021 a bheith á ghannsonrú faoin tsuim chéanna. Níor taifeadadh na suimeanna socraíochta de €32.5 milliún sna fáltais cheannteidil cánach iomchuí go dtí Aibreán 2022.

**17.9** Ar iarraidh ón bhfoireann iniúchóireachta, leasaíodh an ráiteas faoi rialú airgeadais inmheánach a cuireadh ar áireamh leis an gcuntas ioncaim le haghaidh 2021 chun nochtadh maidir leis an earráid a bhaineann leis an €32.5 milliún a chur ar áireamh. Mheas na Coimisinéirí Ioncaim nárbh ionann an earráid agus míshonrú ábhartha i dtéarmaí an chuntais ioncaim, mar sin de ní dhearnadh aon leasú leis an gcuntas i ndáil leis sin.

**17.10** Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag súil leis an gcóras TFC a fheabhsú chun fáil réidh leis an gcéim bhreise atá ag teastáil chun an ceannteideal cánach a thaifeadadh ar an gcóras bainistíochta airgeadais nuair a thaifeadtar íocaíochtaí ar cuntas in ROS. Cinnteoidh sé sin go ndéanfar an leithdháileadh TCNL ar an gceannteideal cánach iomchuí nó na ceannteidil chánach iomchuí go huathoibríoch nuair a dhéantar nuashonrú ar an taifead cáiníocóra. Tá sé beartaithe an feabhsú sin a dhéanamh i mí Dheireadh Fómhair 2022.

1. Is féidir le cáiníocóirí/gníomhairí cánach Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) a úsáid chun amharc ar a stádas féin/stádas a gcliaint leis na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh cánacha agus tobhaigh éagsúla, tuairisceáin chánach agus foirmeacha a chomhdú agus íocaíochtaí a dhéanamh as na cánacha sin ar líne.

## Conclúidí agus moladh

**17.11** Aimsíodh san iniúchadh ar an gcuntas ioncaim le haghaidh 2021 gur ghannsonraíodh na fáltais cheannteidil chánach le haghaidh 2021 faoi thart ar €32.5 milliún toisc gur cuireadh na socraíochtaí cánach iniúchta, a rinne cáiníocóirí, go mícheart in iarmhéid TCNL ag deireadh na bliana seachas iad a leithdháileadh ar an gceannteideal cánach iomchuí/na ceannteidil chánach iomchuí. Maidir le fáltais thuairiscithe dar luach €67.5 billiún, is ionann é sin agus gannsonrú 0.05% agus, i dtéarmaí cuntasaíochta, ní dhéanfaí an figiúr sin a mheas mar earráid nó míshonrú ábhartha is gá a cheartú i ráitis airgeadais.

**17.12** Aistríodh íocaíochtaí na socraíochta cánach iniúchta dar luach €32.5 milliún chuig an Státchiste ar bhealach tráthúil agus leithdháileadh i gceart iad ar na taifid cáiníocóirí.

**17.13** Méadaíonn idirghabhálacha láimhe an riosca go dtarlóidh earráidí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hiarmhéideanna cuntais agus aistrithe a bheith á míshonrú go hábhartha i ráitis airgeadais. Cé gur cuid riachtanach de phróiseas iniúchóireachta agus socraíochta na gCoimisinéirí Ioncaim iad idirghabhálacha láimhe in amanna, ba cheart rialú láidir a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go bpróiseáiltear na haistrithe sin i gceart.

### Moladh 17.1

Ba cheart réitigh uathoibrithe a chur chun feidhme chun an gá le haon idirghabhálacha láimhe a ionadú, nuair is féidir. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim córas láidir rialuithe a chur i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar faoi na hidirghabhálacha láimhe is gá i gceart agus ina n-iomláine.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaím.

Maidir leis an bhfeabhsú ar an gcóras lena chinntiú go leithdháilfear íocaíochtaí ó na TCNLanna ar an gceannteideal cánach iomchuí go huathoibríoch nuair a nuashonraítear taifid cháiníocóra, tá sé ar an sceideal le seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá na rialuithe reatha cuntasaíochta á neartú lena chinntiú go bhfíorófar íocaíochtaí socraíochta iniúchta a thaifeadtar mar iarmhéideanna TCNL mar chuid de phróiseas cuntasaíochta dheireadh na míosa.

Cinnteoidh an cleachtadh míosúil réitigh agus feabhsú an chórais go dtuairisceofar gach ath-leithdháileadh sa todhchaí ó TCNL i gceart sa chuntas ioncaim.

# 18 Fáltais mhótarchánach

**18.1** Tá aon fheithicil a úsáidtear in áit phoiblí in Éirinn faoi réir mótarchánach.[1] Tríd is tríd, déantar an tsuim mótarchánach a ghearrtar i ndáil le feithicil a chéimniú, bunaithe ar leibhéal astaíochtaí $CO_2$ dhearadh na feithicle nó ar thoilleadh a hinnill (féach Iarscríbhinn 18A).[2] Gearrtar táille mhótarchánach ráta chomhréidh €120 in aghaidh na bliana i ndáil le feithicil atá lánleictreach.

**18.2** Is féidir mótarcháin a íoc ar líne nó in oifig mótarchánach. In 2021, bailíodh cáin dar luach iomlán €907 milliún, agus íocadh 86% den airgead sin ar líne.


**18.3** Tá an Roinn Iompair (an Roinn) agus na húdaráis áitiúla freagrach as mótarcháin a riar agus a bhailiú.

- Tá an Roinn freagrach as beartas agus reachtaíocht mótarchánach, seirbhísí mótarchánach ar líne agus bainistíocht an chomhaid náisiúnta feithiclí agus tiománaithe (CNFT) — bunachar sonraí ina bhfuil sonraí ar fheithiclí cláraithe agus a n-úinéirí chomh maith le tiománaithe ceadúnaithe sa tír.
- Tá na húdaráis áitiúla freagrach as na hoifigí mótarchánach a oibriú.[3]

**18.4** Déanann an Roinn bainistíocht ar na hidirbhearta airgeadais maidir le mótarcháin tríd an gcuntas mótarchánach. Tá cuntas bainc i seilbh na Roinne chun bailiú agus leithdháileadh mótarchánach a éascú, agus aistríonn sí an t-ioncam sin chuig Príomh-Chiste an Státchiste.

**18.5** Cé go bhfuil líon na bhfeithiclí a bhfuil cáin orthu ag méadú, laghdaigh an t-ioncam a bailíodh go suntasach ó nach mór €1.2 billiún in 2014 go thart ar €907 milliún in 2021 (féach Fíor 18.1).

**Fíor 18.1 Innéacs ar líon na bhfeithiclí ar gearradh cáin ina leith, agus ioncam mótarchánach a bailíodh, 2012 go 2021 (2012 = 100)**




Foinse: An Roinn Iompair

1 Tá feithiclí ar leith díolmhaithe ó mhótarcháin a íoc. Cuimsítear leo sin feithiclí atá díolmhaithe faoi na Rialacháin um Thiománaithe faoi Mhíchumas agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (Lamháltais Chánach), 1994 (IR 353/1994).


2 Déantar feithiclí tráchtála a mheasúnú bunaithe ar mheáchan na feithicle gan ualach, i.e., an meáchan nuair nach bhfuil an fheithicil ag iompar ualaigh.

3 Tá oifigí mótarchánach ainmnithe in 42 shuíomh trasna 26 údarás áitiúla.

**18.6** Déanann an tuarascáil seo imscrúdú ar riar agus bailiú mótarchánach, agus ar an oiread a chuir an Roinn na moltaí a bhí i dtuarascáil roimhe sin i bhfeidhm.[1]

**18.7** Tá an anailís atá curtha i láthair sa tuarascáil seo bunaithe ar shonraí a thóg an Roinn Iompair ó CNFT. Díríonn an tuarascáil go príomha ar mhótarcháin a bailíodh i leith feithiclí príobháideacha (neamhthráchtála), a bhí freagrach as thart ar 77% de na feithiclí ar bhóithre na hÉireann in 2021, agus as 76% den ioncam mótarchánach (féach Fíor 18.2).

**Fíor 18.2 Líon na bhfeithiclí agus ioncam mótarchánach de réir cineál feithicle, 2021**




Foinse: An Roinn Iompair


Nótaí:
a Gearradh cáin i leith nach mór 3.1 milliún feithicil le linn 2021. Astu sin, bhí cáin ar thart ar 2.9 milliún ceann acu amhail an 31 Nollaig 2021.
b Is ionann 'Feithiclí eile' agus réimse feithiclí lena n-áirítear feithiclí seanré, gluaisrothair, tacsaithe agus carbháin (féach Iarscríbhinn 18B). San áireamh sa chatagóir seo, tá riaráistí mótarchánach €45 mhilliún le haghaidh gach feithicle.

1 Tuarascáil speisialta 97 ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste *Riar agus Bailiú Mótarchánach*, Nollaig 2016. www.audit.gov.ie.

## Ioncam mótarchánach ó fheithiclí mótarchánach

**18.8** In 2021, b'ionann an t-ioncam mótarchánach ó fheithiclí príobháideacha agus nach mór €691 mhilliún. Maidir le tromlach na gcarranna príobháideacha, ríomhadh an ráta mótarchánach ar bhonn leibhéil astaíochta $CO_2$ na feithicle, athrú suntasach i gcomparáid iad le leibhéil 2012 (féach Fíor 18.3).


**Fíor 18.3 Bunús don mheasúnú ar charranna príobháideacha, 2012 i gcomparáid le 2021**




Foinse: An Roinn Iompair

**18.9** Mar a léirítear i Fíor 18.4, bhí thart ar 60% (1.1 milliún) de na carranna príobháideacha ar gearradh cáin orthu ar bhonn astaíochtaí $CO_2$ in 2021 sna bandaí astaíochtaí $CO_2$ ab ísle, agus tháinig rátaí mótarchánach níos ísle (idir €120 agus €200) chun cinn dá bharr.

**Fíor 18.4 Bandaí astaíochtaí $CO_2$ de réir cineál breosla le haghaidh carranna príobháideacha, 2021**




Foinse: An Roinn Iompair

Nóta: a Áirítear le 'Eile' peitreal/leictreach (77,357), peitreal/hibrid inluchtaithe (23,012), leictreach (20,950), eatánól/peitreal (5,560), díosal/leictreach (3,558), díosal/hibrid inluchtaithe (651), peitreal agus gás (339) agus eile (9).

## Ioncam mótarchánach eile

**18.10** Cuireadh cáin ar bheagán níos mó ná 385,000 feithicil tráchtála amhail an 31 Nollaig 2021, a chuir €146 mhilliún san iomlán le hioncam mótarchánach. Bunaítear an measúnú mótarchánach maidir le feithiclí tráchtála ar mheáchan gan ualach, i.e., an meáchan nuair nach bhfuil an fheithicil ag iompar ualaigh.

**18.11** Níor rangaíodh beagnach 274,000 feithicil ar cuireadh cáin orthu le linn 2021 mar fheithiclí príobháideacha nó tráchtála (féach Iarscríbhinn 18B). Chuir na feithiclí talmhaíochta agus na feithiclí eile sin thart ar €25 mhilliún le fáltais mótarchánach in 2021. Tá feithiclí ar leith, amhail feithiclí éigeandála, feithiclí taidhleoireachta agus feithiclí arna n-úsáid ag tiománaithe nó paisinéirí faoi mhíchumas díolmhaithe ó mhótarcháin.[1]

### *Riaráistí mótarchánach*

**18.12** Maidir le feithiclí athláimhe ar cuireadh cáin orthu roimhe, bíonn riaráistí mótarchánach dlite ó thús na míosa tar éis a ndíola. Maidir le feithiclí nua nó feithiclí iompórtáilte, bíonn riaráistí mótarchánach dlite ó thús na míosa tar éis a gcláraithe. Gearrtar riaráistí míosúla ag an deichiú cuid den ráta bliantúil.[2] B'ionann na riaráistí a íocadh in 2021 agus thart ar €45 mhilliún.

### *Cás dlí*

**18.13** I mí Dheireadh Fómhair 2015, rialaigh an Chúirt Achomhairc nár cheart an meáchan de leathleantóir a chur san áireamh agus meáchan d'fheithicil altach á mheasúnú.[3] De bhun an rialaithe sin, cuireadh caingean faoi bhráid na hArd-Chúirte ag lorg aisíocaíochta maidir leis na rátaí stairiúla mótarchánach a íocadh. Is ionann luach an éilimh agus beagán os cionn €3 mhilliún, ach d'fhéadfadh cásanna cosúla teacht chun cinn ina dhiaidh. Tá an cás fós le teacht os comhair na cúirte.

## Ioncam mótarchánach tuartha

**18.14** Tá sé réamh-mheasta sna tuartha maidir le hioncam mótarchánach sa todhchaí, arna n-ullmhú ag an Roinn, go gcothromófar an laghdú ar ioncam mótarchánach ó fheithiclí príobháideacha in 2023. Tá sé tuartha go méadóidh an t-ioncam mótarchánach bliain ar bhliain ansin, agus go mbeidh na leibhéil ó 2017 ann arís faoi 2030 (féach Fíor 18.5).

**18.15** Tá sé luaite ag an Roinn go bhfuil na figiúirí tuartha bunaithe ar an mbonn tuisceana go leanfaidh an treocht a bhí ann le cúig bliana anuas ar aghaidh go forleathan agus nach n-athrófar beartas mótarchánach. D'fhéadfadh tosca nach bhfuil samhaltaithe dul i bhfeidhm ar na torthaí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

- an fheidhmíocht gheilleagrach fhoriomlán
- tabhairt isteach na Nósanna Imeachta Tástálacha Comhchuibhithe Domhanda d'Fheithiclí Éadroma (WLTP) d'fheithiclí a cláraíodh an 1 Eanáir 2021 nó ina dhiaidh[4]
- tionchar leanúnach COVID-19 agus Brexit ar an ngeilleagar
- athruithe ar iompraíocht ceannach carranna, ach go háirithe breis beartas agus dreasachtaí Rialtais a chur i bhfeidhm chun glacadh feithiclí leictreacha a bhrostú.


1 Tá oibleagáid ar úinéirí feithiclí den chineál sin diosca a fháil agus a thaispeáint má úsáidtear an fheithicil i spás poiblí.

2 An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1992, arna leasú leis an Acht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013.

3 Roimh an rialú ón gCúirt Achomhairc, maidir le feithiclí altacha, measadh gurbh ionann an meáchan gan ualach agus meáchan an tarracóra móide meáchan an leathleantóra is troime a d'úsáidfí i rith thréimhse an cheadúnais. Ritheadh reachtaíocht leasaithe (An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2015) i mí na Nollag, 2015.

4 Cuireadh an Nós Imeachta Tástálacha Comhchuibhithe Domhanda d'Fheithiclí Éadroma in ionad an Timthrialla Tiomána Eorpaigh Nua. Tá na nósanna imeachta sin deartha chun na leibhéil astaíochta d'innill carranna agus barainneacht breosla i gcarranna do phaisinéirí a mheasúnú.

**Fíor 18.5 Ioncam iomlán mótarchánach ó fheithiclí príobháideacha, 2012 go 2021, agus ioncam tuartha, 2022 go 2030**





Foinse: An Roinn Iompair

***Tionchar na spriocanna d'fheithiclí leictreacha ar an mbonn cánach***

**18.16** Bunaithe ar an bhfás le cúig bliana anuas i líon na bhfeithiclí leictreacha, tá sé tuartha ag an Roinn go méadóidh líon na bhfeithiclí leictreacha ó thart ar 21,000 ceann in 2021 go thart ar 416,000 ceann faoi 2030. Cuireann an t-ioncam tuartha ó mhótarcháin a chuirtear in iúl i Fíor 18.5 an treocht thuartha sin san áireamh. Ní chuireann an tuar san áireamh an sprioc maidir le glacadh feithiclí leictreacha atá i gceist i bplean de chuid an rialtais, an Plean Gnímh don Aeráid 2021.

**18.17** Gealltar i gclár an rialtais do 2020 tiomanta laghdú 7% in aghaidh na bliana ar an meán a bhaint amach ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa ó 2021 go 2030 (laghdú 51% thar na deich mbliana) chun neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050. Leagann amach an Plean Gnímh don Aeráid 2021 na gníomhartha atá pleanáilte chun an sprioc sin a bhaint amach. Ceann amháin de na gníomhartha is ea líon na bhfeithiclí leictreacha agus na bhfeithiclí ísealastaíochtaí ar an mbóthar a mhéadú go 945,000 ceann faoi 2030 (féach Fíor 18.6).

**Fíor 18.6 Sprioc maidir le líon na bhfeithiclí leictreacha agus na bhfeithiclí ísealastaíochtaí faoi 2030**




Foinse: An Plean Gnímh don Aeráid 2021

1 Tá an meastachán seo bunaithe ar spriocmhéadú 429,000 i líon na bhfeithiclí leictreonacha faoi 2030 anuas ar an 416,000 a chuirtear san áireamh sna réamh-mheastacháin, agus meánlaghdú €136 ann ar mhótarcháin a íocadh.

2 Is mó i bhfad líon na n-idirbheart mótarchánach ná líon na bhfeithiclí, toisc gur féidir cáin a chur ar an gcuid is mó d'fheithiclí ar feadh tréimhse trí mhí, sé mhí, nó dhá mhí dhéag.

3 Ní féidir mótarcháin a athnuachan ar líne le haghaidh feithiclí oileáin, busanna scoile ná mórfheithiclí seirbhíse poiblí faoi láthair. Ní féidir mótarcháin a íoc den chéad uair ar líne le haghaidh feithiclí tráchtála, mótarcharbhán, feithiclí díolmhaithe faoi úinéireacht an Stáit, feithiclí éigeandála díolmhaithe, feithiclí taidhleoireachta, feithiclí tarrthála ná busanna pobail óige. Ní féidir athruithe rangaithe cánach ó 'díolmhaithe' go 'príobháideach' ná ó 'príobháideach' go 'seanré' a chur i gcrích ar líne.


**18.18** Tá sé luaite ag an Roinn go mbeidh a oiread agus a fhásann líon na bhfeithiclí leictreacha a bheidh ar an mbóthar ina phríomhthoisc maidir leis an bhfíorthoradh maidir le fáltais mhótarchánach sa todhchaí. Má bhaintear amach sprioc an phlean gnímh don aeráid, measann an Roinn gur féidir le laghdú thart ar €58 milliún teacht ar an ioncam tuartha mótarchánach le haghaidh 2030 dá bharr.[1]

## Íocaíochtaí mótarchánach

**18.19** Is féidir mótarcháin a íoc ar líne nó in oifig áitiúil mótarchánach. In 2021, bhí nach mór 4.8 milliún idirbheart íocaíochta ann i ndáil le gach feithicil, a ndearnadh 89% acu ar líne (féach Fíor 18.7).[2,3] Is athrú suntasach é seo ó 2012 nuair nach raibh ach leath d'idirbhearta mótarchánach déanta ar líne.

**18.20** Bhíodh na méaduithe bliain ar bhliain maidir le hidirbhearta ar líne réasúnta seasta ó 2012, agus tharla na méaduithe ba mhó in 2014 agus 2020 — 8% agus 9% faoi seach. Tharla an méadú in 2014 mar gheall i bpáirt ar thabhairt isteach na hathnuachana ar líne le haghaidh feithiclí éadroma tráchtála agus tharla an méadú in 2020 mar gheall i bpáirt ar phaindéim COVID-19.

## Fíor 18.7 Líon na n-idirbheart ar líne de réir contae, 2021





Foinse: An Roinn Iompair

### *Minicíocht na n-íocaíochtaí*

**18.21** Is féidir cáin a chur fheithiclí ar feadh tréimhsí trí mhí, sé mhí nó 12 mhí. Bhain nach mór dhá dtrian d'idirbhearta mótarchánach ar fheithiclí príobháideacha le tréimhsí trí mhí nó sé mhí in 2021.

**18.22** Anuas air sin, tá difríocht shoiléir ann idir úsáid an chórais cánach trí mhí agus sé mhí, agus bhí úinéirí d'fheithiclí a ngearrtar cáin orthu bunaithe ar thoilleadh a n-inneall níos dealraithí cáin a chur ar a bhfeithiclí ar feadh tréimhsí níos gairide (féach Fíor 18.8) ná úinéirí eile.[1] Is é beagán os cionn sé mhí an mheántréimhse athnuachana le haghaidh feithiclí príobháideacha bunaithe ar thoilleadh innill i gcomparáid le beagán os cionn naoi mí dóibh siúd a ngearrtar cáin orthu bunaithe ar leibhéil astaíochtaí $CO_2$ a gcarranna.

**Fíor 18.8 Mótarcháin ar fheithiclí príobháideacha de réir fad athnuachana, 2021**




Foinse: An Roinn Iompair

**18.23** Tá sé níos costasaí do cháiníocóirí cáin a chur ar fheithiclí ar feadh tréimhsí níos gairide agus cuirtear níos mó fáltas chuig an Státchiste dá bharr. In 2021, measadh go raibh luach os cionn €32.7 milliún ar na fáltais bhreise sin — €16.2 milliún ó charranna ar gearradh cáin ina leith bunaithe ar a leibhéil astaíochtaí $CO_2$ agus €16.5 milliún le haghaidh carranna ar gearradh cáin ina leith bunaithe ar thoilleadh a n-inneall. Tá sé luaite ag an Roinn, áfach, go mbíonn costais oibriúcháin níos airde ag an Roinn agus ag na hoifigí mótarchánach maidir le mótarcháin a athnuachan ar feadh tréimhsí níos gairide.

1 Gearrtar táille bhreise idir 11% – 13% as mótarcháin a íoc thar thréimhsí ráithiúla nó leathbhliantúla. I gcás gach cineáil feithicle, tá costas breise ag baint le riaráistí a íoc, agus tá an ráta míosúil bunaithe ar dheichiú cuid den ráta bliantúil.

**18.24** San áireamh leis na cúiseanna féideartha a luaigh an Roinn maidir le cáiníocóirí a bheith ag roghnú cáin a chur ar fheithicil ar feadh tréimhse níos lú ná bliain, tá inacmhainneacht agus iontaofacht na feithicle (mar shampla, an dealraitheacht go dteipfidh ar an gcarr sa Tástáil Náisiúnta Carranna).[1]

## Costais riaracháin agus oibriúcháin

**18.25** Taisctear fáltais mhótarchánach isteach sa chiste mótarchánach agus aistrítear chuig an bPríomh-Chiste iad ina dhiaidh sin. Ní chuirtear na costais riaracháin agus oibriúcháin a thabhaítear i reáchtáil an chórais mótarchánach de mhuirear ar an gciste mótarchánach. Ina ionad, tabhaíonn an Roinn agus na húdaráis áitiúla na costais ghaolmhara. Mar thoradh air sin, tá sé deacair na costais iomlána a bhaineann leis an gcáin a bhailiú a shainaithint.

**18.26** Níor shainaithin an Roinn na costais a bhaineann le bailiú mótarchánach astu féin. Cuirtear na costais a thabhaíonn an Roinn de mhuirear ar Vóta 31 — Iompar, agus léirítear iad sa chuntas bliantúil leithreasa faoi fho-mhírcheann B.5. In 2021, b'ionann iomlán na gcostas a tabhaíodh i ndáil leis an bhfo-mhírcheann agus thart ar €22 mhilliún, ach áirítear leis an tsuim sin costais nach mbaineann le bailiú mótarchánach ar nós seirbhísí ceadúnaithe tiománaithe. Ní chuirtear costais phá na Roinne a bhaineann le hoibriú an chórais mótarchánach san áireamh faoin bhfo-mhírcheann seo.

**18.27** Léirítear na costais a thabhaíonn údaráis áitiúla a bhaineann le hoifigí mótarchánach a reáchtáil ina ráitis bhliantúla airgeadais. Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na ráitis airgeadais sin a chónascadh agus a fhoilsiú.

**18.28** Is iad na ráitis airgeadais is déanaí a foilsíodh agus a cónascadh le haghaidh na n-údarás áitiúil ná na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Tuairiscíonn siad sin gurbh ionann an costas iomlán ar an tseirbhís mótarchánach a reáchtáil ag leibhéal an údaráis áitiúil don bhliain sin agus €29.5 milliún — cothrom le laghdú 40%, beagnach, ó €48.7 milliún in 2012.

### *Laigí rialaithe inmheánaigh in oifigí mótarchánach*

**18.29** Tá oifigí mótarchánach faoi réir iniúchadh bliantúil ag an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (SIRÁ). Cuirtear aon ní a aimsítear le linn na hoibre sin agus a gceapann an t-iniúchóir gur cheart é a thuairisciú san áireamh sa litir bainistíochta iniúchta ón oifig mótarchánach chuig an údarás áitiúil ábhartha.

**18.30** Déantar litreacha bainistíochta ó SIRÁ, ina bhfuil ceisteanna a bhaineann le hoibriú na seirbhíse mótarchánach, a chóipeáil chuig an Roinn. Roimhe sin, cuimsíodh réimse leathan ceisteanna sna litreacha bainistíochta, agus bhí cuid mhór acu taobh amuigh de rialú díreach na Roinne. San áireamh sna samplaí de na fadhbanna a cuireadh in iúl tá easpa lámhleabhar nósanna imeachta caighdeánaithe in oifigí mótarchánach, moilleanna ó údaráis áitiúla maidir le fáltais mótarchánach a íoc leis an Roinn, agus ábhair imní maidir le leibhéal na stoc dioscaí mótarchánach bána.

**18.31** Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil sí ag iarraidh dul i ngleic le gníomhartha sainaitheanta atá faoina rialú díreach, mar shampla an nós atá ann an iomarca dioscaí cánacha a ordú agus lámhleabhar beartais a fhorbairt.

1 Is clár éigeantach imscrúdaithe d'fheithiclí í an Tástáil Náisiúnta Carranna (TNC). Is é príomhaidhm an chláir sin, a cheanglaítear faoi Threoir 2014/45 ó AE, ná sábháilteacht ar bhóithre agus cosaint comhshaoil a fheabhsú trí astaíochtaí díobhálacha in Éirinn a laghdú.

## Cur i bhfeidhm na moltaí

**18.32** Cuireadh tuarascáil roimhe ar riar agus bailiú mótarchánach i gcrích i mí na Nollag 2016. Rinne an scrúdú athbhreithniú ar na treochtaí i bhfáltais mhótarchánach, ar na costais bhailithe agus ar cé chomh héifeachtach agus a bhí na rialuithe maidir lena chinntiú go gcloítear le rialacháin mhótarchánach. Rinneadh seacht moladh sa tuarascáil a bhí dírithe chun na Roinne agus chun na Roinne Rialtais Áitiúil, Oidhreachta agus Tithíochta — agus glacadh le gach ceann acu.

**18.33** Bhí sé i gceist leis an scrúdú sin an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí a fháil amach. Mar a léirítear i Fíor 18.9, amhail mí Lúnasa 2022, cuireadh moladh amháin i bhfeidhm, bhí trí cinn á gcur i bhfeidhm agus níor cuireadh trí cinn i bhfeidhm ar chor ar bith.

**Fíor 18.9 Dul chun cinn ar mholtaí a chur i bhfeidhm amhail mí Lúnasa 2022**

| Moladh achomair | | Stádas cur i bhfeidhm[a] |
|---|---|---|
| 1 | Costas foriomlán an chórais mótarchánach agus na tosca a théann i bhfeidhm ar an gcostas sin a fháil amach. | 🔴 |
| 2 | Anailís a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar iompraíocht an cháiníocóra, chun eolas a dhéanamh do sholáthar seirbhísí sna blianta amach anseo. | 🔴 |
| 3 | Na tosca a imríonn tionchar ar chinneadh an chustaiméara maidir le modhanna íocaíochta ar líne nó fisiciúla a úsáid a fháil amach. | 🟢 |
| 4 | Meastóireacht a dhéanamh ar an deis atá ann réitigh TF a úsáid chun costas oibriúcháin an chórais mótarchánach a laghdú. | 🟡 |
| 5 | Meastóireacht a dhéanamh ar na modhanna trína measúnaítear rátaí comhlíonta mótarchánach in Éirinn agus monatóireacht rialta thréimhsiúil ar ráta comhlíonta na rialachán mótarchánach a thosú. | 🔴 |
| 6 | Cur le bailíochtú na sonraí ar féidir úinéirí cairr a aithint leo agus atá stóráilte ar CNFT, lena chinntiú go bhfuil cáilíocht na sonraí oiriúnach don fheidhm. | 🟡 |
| 7 | Próiseas d'anailís rialta ar shonraí a thosú chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais mótarchánach agus d'fhorfheidhmiú na rialachán mótarchánach. | 🟡 |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Eochair maidir le stádas cur i bhfeidhm:

🟢 **Cuireadh i bhfeidhm** — tá gníomhartha an mholta curtha i bhfeidhm ag an Roinn.

🟡 **Obair ar siúl** — tá obair curtha ar siúl ag an Roinn, lena n-áirítear pleanáil, chun gníomhartha an mholta a chur i bhfeidhm.

🔴 **Níor cuireadh i bhfeidhm** — níl gníomhartha an mholta curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus níor cuireadh aon obair ar siúl chun gníomhartha an mholta a chur i bhfeidhm.

### *Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta*

**18.34** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil dul chun cinn déanta ar chur i bhfeidhm na moltaí nuair is indéanta. Tá tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le stádas cur i bhfeidhm na sé mholadh atá ar siúl faoi láthair nó atá fós le cur i bhfeidhm leagtha amach thíos.

- ***Costas foriomlán an chórais mótarchánach a fháil amach***

  Tuairiscíonn an Roinn Iompair ar chostais a feidhmeanna taobh istigh den mhórchóras mótarchánach, nuair is féidir iad sin a scaradh ó sheirbhísí nó feidhmeanna eile na Roinne. Cé nach bhfuil an moladh seo curtha i bhfeidhm ina iomláine, tá sé curtha i bhfeidhm ag an Roinn Iompair a oiread agus is féidir dá feidhmeanna mótarchánach. Níl an Roinn Iompair freagrach as tuairisciú ar chostas líonra na n-oifigí mótarchánach.

- ***Anailís a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar iompraíocht an cháiníocóra***

  Níor thug an Roinn faoi anailís ar leith ar na cúiseanna a roghnaíonn úinéirí feithiclí athnuachan a dhéanamh go ráithiúil, go leathbhliantúil nó go bliantúil. Bunaithe ar idirghníomhú le húinéirí feithiclí, ar uiríll chuig an Aire agus ar theagmhálaithe custaiméara eile, áfach, baineann na cúiseanna sin leis an gcostas, uainiú na seiceálacha TNC agus éiginnteacht maidir le hathruithe cánach sa todhchaí, i measc tosca eile. Is é dearcadh na Roinne ná go bhfuil an moladh seo á chur i bhfeidhm i bpáirt, tríd an aiseolas leanúnach sin.

- ***Meastóireacht a dhéanamh ar an deis atá ann réitigh TF a úsáid chun costas oibriúcháin an chórais mótarchánach a laghdú***

  Thug an Roinn isteach ríomhfhógraí athnuachana mótarchánach, rud a shábháil thart ar €3 mhilliún in aghaidh na bliana. Anuas air sin, leathnaíodh réimse na gcatagóirí mótarchánach a bhí incháilithe do mhótarcháin a íoc ar líne, rinneadh an tseirbhís ar líne níos inoiriúnaithe le haghaidh gléasanna móibíleacha agus cuireadh feabhas ar na háiseanna slándála íocaíochta ar líne. Chun aon fheabhas eile a chur leis an tseirbhís ar líne, mar shampla, chun ligean do thuilleadh úinéirí feithiclí an tseirbhís a úsáid, bheadh athrú reachtaíochta ag teastáil go príomha, agus i ndáiríre ní bheadh réiteach TF chun tosaigh sa phróiseas feabhsaithe.

- ***Meastóireacht a dhéanamh ar na modhanna trína measúnaítear rátaí comhlíonta mótarchánach***

  Is deacair neamhchomhlíonadh cánach a thomhas, mar gheall ar chineál neamhdhleathach na gníomhaíochta neamhchomhlíontaí agus mar gheall nach ndéantar taifead uirthi de ghnáth dá bharr. Toisc go bhfuil bearta um chosaint sonraí ag forbairt agus toisc go mbíonn fadhbanna ann maidir le sonraí a úsáid le haghaidh cúiseanna nach raibh i gceist agus na sonraí á mbailiú (e.g., sonraí dola), ní léir gurb ann do mhodhanna trína n-éascaítear measúnú cruinn den chineál seo, gan reachtaíocht fhéideartha a bheith ag teastáil agus machnamh níos iomláine a dhéanamh maidir leis na riachtanais dhealraitheacha comhroinnte sonraí.

- ***Cur le bailíochtú na sonraí ar féidir úinéirí cairr a aithint leo agus atá ar CNFT***

  Cuirtear forálacha maidir le haitheantas úinéirí feithiclí san áireamh i gCuid 3 den Bhille um Thrácht ar Bhóithre agus um Bóithre, 2021. Tá an reachtaíocht sin ag dul trí Thithe an Oireachtais faoi láthair.

- ***Próiseas d'anailís rialta ar shonraí a thosú chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais mótarchánach agus d'fhorfheidhmiú na rialachán mótarchánach***

  Tá an Roinn i mbun feidhm thiomnaithe anailísíochta sonraí a bhunú. Cuspóir amháin atá ag an bhfeidhm sin ná tuilleadh luacha anailísíoch a bhaint as tacair sonraí amhail CNFT.

## Conclúidí

**18.35** Cé gur mhéadaigh líon na bhfeithiclí ar cuireadh cáin orthu faoi nach mór leathmhilliún ceann idir 2012 agus 2021, laghdaigh an t-ioncam mótarchánach go suntasach, ó bheagnach €1.2 billiún in 2014 go thart ar €907 milliún in 2021. Bhí feithiclí príobháideacha freagrach as 76% (€691 mhilliún) d'iomlán na bhfáltas in 2021.

**18.36** Tríd is tríd, gearrtar cáin i leith carranna níos nuaí bunaithe ar leibhéal a n-astaíochtaí $CO_2$. Toisc go bhfuil feabhas tagtha ar dhearadh feithiclí ina leith sin, tá an mheán-mhótarcháin a íoctar tar éis laghdú go suntasach de bharr athsholáthar feithiclí. De réir mar a chuirtear samhlacha leictreacha in ionad na bhfeithiclí atá ann faoi láthair, is cosúil go leanfaidh an mheán-mhótarcháin a íoctar de bheith ag laghdú.

**18.37** Tá sé tuartha ag an Roinn, bunaithe ar threochtaí reatha in úinéireacht feithiclí agus ar an gcás nach mbeidh aon athrú ann sa bheartas mótarchánach, go stopfaidh an t-ioncam mótarchánach ó fheithiclí príobháideacha ag laghdú in 2023, agus go méadóidh sé chun bheith ar chomhchéim leis na leibhéil ó 2017 faoi 2030 (€824 mhilliún). Má bhaintear amach sprioc an Rialtais maidir le 845,000 feithicil leictreonach a bheith ann faoi 2030, áfach, measann an Roinn go mbeadh laghdú thart ar €58 milliún ann ar an ioncam mótarchánach atá tuartha le haghaidh 2030.

**18.38** Ba ar líne a rinneadh an tromlach (89%) den 4.8 milliún íocaíocht mótarchánach a rinneadh in 2021, le haghaidh gach feithicle. Léiríonn sé sin athrú suntasach ó 2012 nuair nach raibh ach leath de na híocaíochtaí mótarchánach á ndéanamh ar líne.

**18.39** Cuireadh na costais a thabhaigh an Roinn in 2021 i leith bailiú mótarchánach de mhuirear ar Vóta 31 — Iompar faoi fho-mhírcheann B.5. Áirítear leis na táillí atá faoin bhfo-mhírcheann sin costais nach mbaineann le bailiú mótarchánach ar nós seirbhísí ceadúnaithe tiománaithe. Anuas air sin, ní chuirtear costais phá na Roinne a bhaineann le mótarcháin a bhailiú san áireamh sna táillí atá faoin bhfo-mhírcheann seo. Níor thug an Roinn faoi aon ghníomh chun iomlán na gcostas a bhaineann le bailiú mótarchánach a shainaithint.

**18.40** Léirítear na costais a thabhaíonn údaráis áitiúla a bhaineann le hoifigí mótarchánach a reáchtáil ina ráitis bhliantúla airgeadais. Déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na ráitis bhliantúla sin a chónascadh agus a fhoilsiú. Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, b'ionann costas tuairiscithe iomlán ar an tseirbhís mótarchánach á reáchtáil ag leibhéal an údaráis áitiúil agus €29.5 milliún. Is laghdú suntasach é sin ó 2012.

**18.41** Mar a bhí molta roimhe, tá faisnéis níos fearr agus níos comhtháite riachtanach maidir leis na costais a bhaineann le mótarcháin a bhailiú.

**18.42** Is ar an Roinn Iompair anois atá an fhreagracht as seacht moladh a rinneadh in 2016 a chur i bhfeidhm. Cé go raibh comhaontú ann ina leith cheana, tharla sé, amhail mí Lúnasa 2022, nár chuir an Roinn i bhfeidhm ach ceann amháin de na moltaí; bhí trí cinn á gcur i bhfeidhm; agus níor cuireadh trí cinn i bhfeidhm ar chor ar bith.

## Iarscríbhinn 18A Rátaí mótarchánach do 2021

| Toilleadh Innill | | Astaíochtaí $CO_2$ | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Carranna a cláraíodh roimh an 30 Meitheamh 2008[a] | | Carranna a cláraíodh idir an 1 Iúil 2008 agus an 31 Nollaig 2020 (luach TTEN)[b] | | | | Carranna a cláraíodh ón 1 Eanáir 2021 (luach WLTP)[b] | | | |
| Toilleadh innill (cc) | Ráta bliantúil € | Band a | $CO_2$g/km | | Ráta Bliant úil € | Banda | $CO_2$g/km | | Ráta € |
| | | | Ó | Go | | | Ó | Go | |
| Feithiclí leictreacha | 120 | A0 | 0 | 0 | 120 | A | 0 | 0 | 120 |
| 0 – 1,000 | 199 | A1 | 1 | 80 | 170 | A1 | 1 | 50 | 140 |
| 1,001 – 1,100 | 299 | A2 | 81 | 100 | 180 | A2 | 51 | 80 | 150 |
| 1,101 – 1,200 | 330 | A3 | 101 | 110 | 190 | A3 | 81 | 90 | 160 |
| 1,201 – 1,300 | 358 | A4 | 111 | 120 | 200 | A4 | 91 | 100 | 170 |
| 1,301 – 1,400 | 385 | B1 | 121 | 130 | 270 | A5 | 101 | 110 | 180 |
| 1,401 – 1,500 | 413 | B2 | 131 | 140 | 280 | A6 | 111 | 120 | 190 |
| 1,501 – 1,600 | 514 | C | 141 | 155 | 400 | B1 | 121 | 130 | 200 |
| 1,601 – 1,700 | 544 | D | 156 | 170 | 600 | B2 | 131 | 140 | 210 |
| 1,701 – 1,800 | 636 | E | 171 | 190 | 790 | C1 | 141 | 150 | 270 |
| 1,801 – 1,900 | 673 | F | 191 | 225 | 1,250 | C2 | 151 | 160 | 280 |
| 1,901 – 2,000 | 710 | G | níos mó ná 225 | | 2,400 | D | 161 | 170 | 420 |
| 2,001 – 2,100 | 906 | | | | | E | 171 | 190 | 600 |
| 2,101 – 2,200 | 951 | | | | | F1 | 191 | 200 | 790 |
| 2,201 – 2,300 | 994 | | | | | F2 | 201 | 225 | 1,250 |
| 2,301 – 2,400 | 1,034 | | | | | G | níos mó ná 225 | | 2,400 |
| 2,401 – 2,500 | 1,080 | | | | | | | | |
| 2,501 – 2,600 | 1,294 | | | | | | | | |
| 2,601 – 2,700 | 1,345 | | | | | | | | |
| 2,701 – 2,800 | 1,391 | | | | | | | | |
| 2,801 – 2,900 | 1,443 | | | | | | | | |
| 2,901 – 3,000 | 1,494 | | | | | | | | |
| 3,001 nó níos mó | 1,809 | | | | | | | | |

Foinse: An Roinn Iompair

Nótaí:

a I dtús báire, gearradh mótarcháin i leith feithiclí príobháideacha a cláraíodh den chéad uair idir an 1 Eanáir 2008 agus an 30 Meitheamh 2008 bunaithe ar thoilleadh a n-inneall. Athraíodh stádas measúnaithe na bhfeithiclí sin go measúnú bunaithe ar $CO_2$ don chéad athnuachan eile (tar éis an 1 Iúil 2008) i gcás go raibh sé sin tairbheach ó thaobh airgeadais de. Fanann an banda cánach seo leis na feithiclí sin go dtí go bhfuil a ré caite fiú má athraíonn rátaí mótarchánach.

b Bhí an Timthriall Tiomána Eorpach Nua (TTEN) deartha ar dtús chun na leibhéil astaíochta d'innill carranna agus barainneacht breosla i gcarranna do phaisinéirí a mheasúnú. Cuireadh an Nós Imeachta Tástála Comhchuibhithe Domhanda d'Fheithiclí Éadroma (WLTP) ina ionad.

## Iarscríbhinn 18B Rátaí mótarchánach le haghaidh tarracóirí/tochaltóirí talmhaíochta agus feithiclí eile, 2021

| Rang | Ráta bliantúil cánach € | Líon na bhfeithiclí |
|---|---|---|
| Tarracóir/tochaltóir talmhaíochta | 102 | 82,972 |
| Seanré/ársa | 26 go 56 | 54,680 |
| Gluaisrothar | 35 go 88 | 45,924 |
| Feithiclí díolmhaithe | — | 31,851 |
| Mótarcharbhán | 102 | 16,181 |
| Tacsaí | 95 | 15,267 |
| Mórfheithicil seirbhíse poiblí | 154 go 403 | 11,090 |
| Meaisín gluaisteach | 333 | 4,994 |
| Forcardaitheoir | 102 | 2,511 |
| Limisín | 95 | 1,619 |
| Fruilcharr | 95 | 1,197 |
| Eileatram | 102 | 970 |
| Bus scoile | 95 | 779 |
| Feithicil pobail óige | 154 go 403 | 769 |
| Tarlú ginearálta | 333 | 691 |
| Feithicil oileáin | 102 | 667 |
| Dumpaire | 102 | 618 |
| Gluaisrothar trírothach | 35 go 88 | 369 |
| Gluaisrothar agus carr cliathánach | 35 go 88 | 343 |
| Feithicil tarrthála éigeandála | — | 182 |
| Dumpaire easbhóthair | 885 | 28 |
| **Iomlán** | | **273,702** |

Foinse: An Roinn Iompair

# 19 Fáltais an Státchiste ó thicéid don Chrannchur Náisiúnta a dhíol


**19.1** Bunaíodh leis an Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013 (an tAcht), Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta (an Rialálaí), agus leagtar amach ann na forálacha reachtúla maidir le hoibriú an Chrannchuir Náisiúnta agus chuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta.[1] In 2014, dámhadh ceadúnas 20 bliain do Premier Lotteries Limited Ireland (an t-oibritheoir) chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú.[2] Maoirsíonn an Rialálaí gníomhaíochtaí an oibritheora.

**19.2** Ceann amháin de phríomhfheidhmeanna an Rialálaí is ea a chinntiú go n-uasmhéadaítear ioncam an Státchiste ón gCrannchur Náisiúnta ar aon dul leis na téarmaí atá sa cheadúnas, agus go n-aistrítear chuig an Státchiste iad go pras.[3] Úsáidtear fáltais den chineál sin chun 'dea-chúiseanna' a mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach, i.e., caiteachas ranna éagsúla rialtais ar thionscadail ar fud na hÉireann sna réimsí a bhaineann leis an tsláinte, leis an spórt, leis na healaíona, leis an nGaeilge, le leanaí agus leis an óige, leis an oidhreacht, leis an timpeallacht nádúrtha agus le cibé cuspóirí eile den chineál sin (más ann dóibh) a chinnfidh an Rialtas ó am go ham.[4]

**19.3** Mar atá léirithe i bhFíor 19.1, tharla sé thar an tréimhse idir 2015 agus 2021

- gur mhéadaigh an tsuim a fuarthas ón oibritheoir isteach sa Chiste faoi 66% (go beagán os cionn €682 mhilliún in 2021)
- gur mhéadaigh an maoiniú a íocadh leis an oibritheoir le haghaidh duaiseanna faoi 81% (go beagnach €287 milliún in 2021)
- gur mhéadaigh aistrithe ón gCiste chuig an bPríomh-Chiste faoi 50% (go beagnach €290 milliún in 2021)
- gur mhéadaigh teidlíocht an oibritheora faoi 39% (go beagán os cionn €103 mhilliún in 2021).

**Fíor 19.1 Innéacs phríomhthomhais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, 2015 go 2021 (2015 = 100)[a]**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, 2015 go 2021

Nótaí: a Tagann na suimeanna a fhaightear ón oibritheoir ó dhíolacháin ticéad lúide luach saothair miondíoltóirí agus na duaiseanna a íocann siad. B'ionann na suimeanna a fuarthas ón oibritheoir agus beagán os cionn €682 mhilliún in 2021. B'ionann iomlán na ndíolachán ar bhonn fabhraithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, a aithníodh i ráitis airgeadais an oibritheora, agus thart ar €1.1 billiún in 2021.

b Ní chuirtear san áireamh suimeanna a forghéilleadh i bhfabhar an oibritheora i ndáil le duaiseanna éagtha neamhéilithe chun an Crannchur Náisiúnta agus/nó cluichí an Chrannchuir a chur chun cinn (féach mír 19.22).

1 Cuireadh an tAcht um Chrannchur Náisiúnta, 2013, in ionad an Achta um Chrannchur Náisiúnta, 1986.

2 D'íoc an t-oibritheoir €405 mhilliún san iomlán as an gceadúnas chun an Crannchur Náisiúnta a oibriú go 2034.

3 Foráiltear le halt 44(3)(c) go ndéanfaidh an Rialálaí íocaíochtaí arna leithroinnt chun na gcríoch a leagtar amach in alt 41 a íoc as an gCiste leis an bPríomh-Chiste i gceann eatraimh a chinnfidh an tAire, faoi réir aon fhoráil sa cheadúnas.

4 Íoctar maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta isteach sa Phríomh-Chiste agus leithdháiltear ar Ranna Rialtais é tríd an bpróiseas bliantúil meastachán.

**19.4** Foráiltear leis an gceadúnas go n-íocfar leis an oibritheoir aon airgead ó dhíolacháin ticéad (agus airgead a thagann ó dhuaiseanna neamhéilithe) atá fágtha tar éis cistí a choimeád agus a íoc maidir le duaiseanna, dea-chúiseanna agus tobhach an Rialálaí. Ceanglaítear ar an oibritheoir trí chuntas bainc ar leith a choimeád freisin mar a leanas

- cuntas bailiúchán — arna úsáid chun gach suim a fháil ó mhiondíoltóirí (lúide coimisiúin miondíoltóirí agus duaiseanna a íoctar go háitiúil) agus ó dhíolacháin ar líne ar gá iad a aistriú chuig Ciste an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn seachtainiúil
- cuntas duaiseanna — arna úsáid chun na suimeanna atá ag teastáil chun duaiseanna nach bhfuil íoctha ag miondíoltóirí cheana a íoc a fháil ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta
- cuntas ginearálta — cuntas oibriúcháin an oibritheora féin, a n-íoctar teidlíocht an oibritheora chuige tar éis déileáil le gach suim eile.

**19.5** Déanann an Rialálaí Ciste an Chrannchuir Náisiúnta a bhainistiú agus a rialú agus tugann sé míniú ar idirbhearta an Chiste ar bhonn fáltas airgid thirim. Coimeádann an Rialálaí cuntas an Chiste ag Banc Ceannais na hÉireann. Amhail an 31 Nollaig 2021, b’ionann iarmhéid an chuntais agus €22 mhilliún. Tá forléargas ar shreabhadh chistí an Chrannchuir Náisiúnta curtha i láthair i bhFíor 19.2.

**19.6** De réir an Achta, ullmhaíonn an Rialálaí cuntais bhliantúla Chiste an Chrannchuir Náisiúnta.[1] Leagann na cuntais amach na suimeanna a íoctar isteach sa Chiste le linn na bliana lena mbaineann agus déanann siad anailís ar an iarmhéid a bhíonn ann ag deireadh na bliana.


**19.7** Is prionsabal den tuairisciú airgeadais é go nochtfadh na nótaí leis na cuntais faisnéis nach bhfuil curtha i láthair in aon áit eile sna ráitis airgeadais ach atá ábhartha maidir leis na cuntais a thuiscint. Ní chuireann cuntais an Chiste faisnéis ar fáil a ligeann d’úsáideoirí na gcuntas a fheiceáil go bhfuiltear ag cloí le forálacha tábhachtacha an cheadúnais, ach go háirithe maidir lena chuí atá na suimeanna a aistrítear chuig an Státchiste.

**19.8** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- an ghluaiseacht sa sciar de na fáltais ó dhíolacháin chrannchuir a aistrítear chuig an Státchiste
- cé acu atá nó nach bhfuil na fáltais á n-aistriú go tráthúil chuig an bPríomh-Chiste
- an dóigh a n-úsáidtear airgead ó dhuaiseanna neamhéilithe.

1 Foráiltear le halt 44(4) den Acht go ndéanfar cuntais an Chiste a chur gach bliain faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh agus go gcuirfidh an Rialálaí faoi deara cóip d’achoimre ar na cuntais, arna n-iniúchadh amhlaidh, mar aon le cóip de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

**Fíor 19.2 Sreabhadh cistí an Chrannchuir Náisiúnta**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Foráiltear leis an gceadúnas go n-íocfaidh an t-oibritheoir gach miondíoltóir a oibríonn trí asraonta miondíola go cothrom, trí choimisiúin ráta chéatadánaigh a bheith cothrom le 6% de luach na dticéad a dhíolann an miondíoltóir faoi seach le haghaidh gach cluiche den Chrannchur Náisiúnta, seachas an cluiche ar a dtugtar “Lotto 5-4-3-2-1”, cluiche a mbeidh ráta 5% ag baint leis.
b Foráiltear leis an gceadúnas go n-íocfar tobhach bliantúil leis an Rialálaí, de bhun alt 24 den Acht.


## Díolacháin ó chluichí an Chrannchuir Náisiúnta

**19.9** Tá réimse cluichí sa Chrannchur Náisiúnta, lena n-áirítear cluichí atá bunaithe ar chrannchur (mar shampla crannchuir Lotto agus EuroMillions) agus cluichí bua mheandraigh agus scríobchártaí. Is féidir ticéid le haghaidh cluichí a cheannach ar líne nó ó asraonta miondíola.[1]

1 Is ionann miondíoltóir agus aon duine atá údaraithe ag an oibritheoir, i scríbhinn, nó lena bhfuil comhaontú déanta ag an oibritheoir, chun ticéid don Chrannchur Náisiúnta a dhíol ó asraon miondíola.

**19.10** Mhéadaigh díolacháin ó chluichí an Chrannchuir Náisiúnta bliain ar bhliain ó thart ar €670 milliún in 2015 go thart ar €1.1 billiún in 2021, agus b’ionann iomlán na ndíolachán sa tréimhse sin agus beagnach €6 billiún (féach Fíor 19.3). Bhí díolacháin ar líne freagrach as beagnach 16.6% d’iomlán na ndíolachán in 2021.

**Fíor 19.3 Díolacháin Chrannchuir Náisiúnta, 2015 go 2021**





Foinse: Ráitis airgeadais chomhdhlúite Premier Lotteries Ireland Holdings DAC, 2015 go 2021

## Duaiseanna Crannchuir Náisiúnta

**19.11** B'ionann luach iomlán na nduaiseanna Crannchuir Náisiúnta a buadh in 2021, lena n-áirítear duaiseanna beaga a íocadh go háitiúil, agus beagnach €586 mhilliún (féach Fíor 19.4). Bhí sé sin cothrom le 55.6% de luach na ndíolachán ticéad.


**19.12** Foráiltear le halt 40(2) den Acht um Chrannchur Náisiúnta, 2013: "Is é a bheidh i luach iomlán na nduaiseanna a dháilfear sa Chrannchur Náisiúnta in aon bhliain airgeadais de chuid an oibritheora méid is comhionann le, nó nach lú ná, 50 faoin gcéad den airgead go léir a fuair an t-oibritheoir an bhliain sin i leith ticéid Chrannchuir Náisiúnta a díoladh an bhliain sin nó cibé céatadán eile is mó ná sin a bheidh sonraithe sa cheadúnas". Ní shainítear céatadán ar mó é ná sin sa cheadúnas.

**Fíor 19.4 Duaiseanna a buadh idir 2015 agus 2021**




Foinse: Ráitis airgeadais chomhdhlúite Premier Lotteries Ireland Holdings DAC, 2015 go 2021

**Fíor 19.5 Duaiseanna mar sciar de dhíolacháin, 2015 – 2021**




Foinse: Ráitis airgeadais chomhdhlúite Premier Lotteries Ireland Holdings DAC, 2015 go 2021

**19.13** Déantar an sciar de na díolacháin ticéad a leithdháiltear le haghaidh duaiseanna (céatadán d'iomlán na n-íocaíochtaí duaise) ar fud gach cluiche in aghaidh na bliana a chinneadh bunaithe ar an meascán díolachán ar fud táirgí. Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 19.5, nuair a chuirtear iomlán na nduaiseanna a buadh i gcomparáid le hiomlán dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta, d'fhan céatadán foriomlán na n-íocaíochtaí duaise os cionn 50%, agus é sa raon idir 55.6% agus 57.6% thar an tréimhse idir 2015 agus 2021.

### *Cuntas ciste duaiseanna*

**19.14** Sealbhaíonn agus bainistíonn an t-oibritheoir cuntas ciste duaiseanna chun airgead duaise a fháil agus a íoc. Déantar an tsuim a íocann an Rialálaí isteach sa chuntas ciste duaiseanna gach seachtain a ríomh bunaithe ar na duaiseanna a mbeifí ag súil leis go mbuafaí iad do na díolacháin ticéad do gach cluiche sa tseachtain ábhartha tríd úsáid a bhaint as an gcéatadán d'íoc duaiseanna atá ceadaithe le haghaidh gach cluiche den Chrannchur Náisiúnta. Tá an t-aistriú bunaithe ar an airgead buaite tuartha (seachas iarbhír) ar roinnt cúiseanna.

- Toisc nach cluichí 'pari-mutuel' iad cluichí uile an Chrannchuir Náisiúnta (bíonn potaí óir uasta agus duaiseanna seasta araon ag baint le cluichí 'pari-mutuel'), is gnách go mbíonn na duaiseanna iarbhír a bhuaitear difriúil leis na duaiseanna a mbítear ag súil leis go mbuafaí iad.[1]
- Níl na suimeanna a bhuaitear ar scríobchártaí a dhíoltar ina aon seachtain ar eolas ag aon duine chun críocha slándála, lena chinntiú nach féidir ticéid bhuaiteacha a aithint sula scríobtar iad. Ní fios cén ticéid bhuaiteacha scríobchárta a díoladh ach oiread, ach amháin iad siúd ar éilíodh duaiseanna ina leith.
- In aon seachtain ar leith, is féidir gur mó luach na nduaiseanna iarbhír a buadh i gcluichí atá bunaithe ar chrannchur, nó a íocadh amach in aon seachtain ar leith, ná iomlán na ndíolachán don tseachtain sin.

**19.15** Mar sin de, ní bheidh na suimeanna a íoctar isteach sa chuntas ciste duaiseanna in aon seachtain ailínithe leis an dliteanas maidir le duaiseanna iarbhír a buadh i gcluichí Crannchuir Náisiúnta. Go dtí seo, áfach, bhí an ciste duaiseanna dóthanach i ngach cás chun freastal ar na héilimh ar íoc duaiseanna.

1 Is éard is pari-mutuel (comh-ghealllchur) ann ná córas gealltóireachta ina roinneann na buaiteoirí, i gcomhréir lena ngeallta, an tsuim iomlán lúide céatadán le haghaidh na n-oibritheoirí, cánacha, etc.

**19.16** In 2021, rinneadh leasú ar an gceadúnas mar gheall ar bhearna, ar chosúil go raibh sí ag méadú, idir maoiniú an chuntais ciste duaiseanna (chun na duaiseanna tuartha a íoc) agus na duaiseanna iarbhír a buadh.

**19.17** Mhol an Rialálaí leasú ceadúnais, a bhí ina chúis le cleachtadh bliantúil réitigh a thabhairt isteach lena chinntiú go ndéanfaí an cuntas ciste duaiseanna a mhaoiniú i gceart chun na duaiseanna iarbhír a bhuaitear a íoc.

- Chlúdaigh an chéad chleachtadh réitigh a rinneadh in 2021 an tréimhse ó thús na n-oibríochtaí faoin gceadúnas an 30 Samhain 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020. Shainaithin sé sin easnamh €8.8 milliún sa chiste duaiseanna, rud a bhí ag carnadh ó 2014.
- I mí an Mhárta 2022, tugadh faoin réiteach don bhliain dar críoch mhí na Nollag 2021. Sa chás seo, shainaithin an t-athbhreithniú rómhaoiniú €9.6 milliún le haghaidh an chiste duaiseanna i ndáil le 2021.

**19.18** Ag brath ar thoradh an chleachtaidh réitigh, aistrítear cistí idir an cuntas ciste duaiseanna agus Ciste an Chrannchuir Náisiúnta.

### *Duaiseanna neamhéilithe*

**19.19** Déantar ticéid bhuaiteacha, a fhanann gan éileamh tar éis tréimhse áirithe, a aicmiú mar dhuaiseanna éagtha neamhéilithe agus forghéilltear na fáltais i bhfabhar an oibritheora de réir an cheadúnais. Ceanglaítear leis an gceadúnas, áfach, go n-úsáidfí suimeanna a fhorghéilltear i bhfabhar an oibritheora ar an mbealach sin chun an Crannchur Náisiúnta a chur chun cinn agus go n-úsáidfí iad taobh istigh de 365 lá ón dáta a forghéilleadh iad.

**19.20** Caithfidh maoiniú breise le haghaidh crannchuir speisialta agus duaiseanna breise nó breisithe a bheith san áireamh le húsáid airgid duaise éagtha neamhéilithe, agus féadfaidh margaíocht agus fógraíocht incriminteach bheith san áireamh léi.[1] Ní shonraítear sa cheadúnas an sciar den mhaoiniú atá le leithdháileadh idir na catagóirí caiteachais.

**19.21** Déanann an Rialálaí athbhreithniú ar chomhlíonadh an cheadúnais ag an oibritheoir trí athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséad bunmhargaíochta an oibritheora, ar a chaiteachas incriminteach margaíochta agus ar chuntas an oibritheora ar na duaiseanna éagtha neamhéilithe.


**19.22** Léiríonn tuarascálacha ón oibritheoir chuig an Rialálaí gur forghéilleadh beagán os cionn €124 mhilliún i ndáil le duaiseanna éagtha neamhéilithe i bhfabhar an oibritheora ó 2015 — meánluach €17.7 milliún in aghaidh na bliana. Faoi dheireadh 2021, úsáideadh beagnach €122 mhilliún chun an Crannchur Náisiúnta agus/nó cluichí an Chrannchuir a chur chun cinn. As an airgead sin, caitheadh 98% (nó €120 milliún) ar mhargaíocht incriminteach, agus caitheadh an 2% (faoi bhun €2 mhilliún) a bhí fágtha ar dhuaiseanna breisithe.

1 Tá costais incriminteacha mhargaíochta sainmhínithe mar an caiteachas margaíochta ar fad atá ag an oibritheoir seachas an bhunmhargaíocht. Is éard is costais bhunmhargaíochta ann ná caiteachas atá ríthábhachtach do chur chun cinn agus oibriú an Chrannchuir Náisiúnta sa ghnáthchúrsa gnó, arna gcinneadh ag an oibritheoir i gcomhairle leis an Rialálaí ar bhonn bliantúil roimh ré, agus arna maoiniú ag an oibritheoir.

## Ranníocaíocht leis an Státchiste

**19.23** Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 19.6, mhéadaigh na ranníocaíochtaí a bhí dlite don Státchiste bliain ar bhliain ó 2015. I gcás 2021, b'ionann an ranníocaíocht a bhí dlite don Státchiste agus €304 mhilliún.

**Fíor 19.6 Ranníocaíochtaí a bhí dlite don Státchiste, 2015 go 2021**




Foinse: Ráitis airgeadais chomhdhlúite Premier Lotteries Ireland Holdings DAC, 2015 go 2021

**19.24** Déantar an ranníocaíocht bhliantúil atá dlite don Státchiste ó dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta a ríomh de réir fhorálacha ábhartha an Achta agus an cheadúnais. Ach go háirithe, foráiltear leis an gceadúnas go leithdháilfí 65% den **ollioncam cearrbhachais (OIC)** ar dhea-chúiseanna. Déantar an ranníocaíocht leis an Státchiste a ríomh ar bhonn bliantúil tríd an bhfoirmle seo a leanas a úsáid.

**(Iomlán na ndíolachán – duaiseanna = ollioncam cearrbhachais)*65% = Ranníocaíocht leis an Státchiste**


**19.25** Tá an 35% eile de OIC ar fáil chun coimisiúin miondíoltóirí agus tobhach an Rialálaí a íoc, agus leithdháiltear an t-iarmhéid ar an oibritheoir. Tá sé sin ar fáil chun costas reatha an oibritheora a chlúdach (féach Fíor 19.7). Aon bharrachas nó fuílleach atá ann, tá sé ar fáil mar bhrabús ar infheistíocht an oibritheora.

**19.26** In aon bhliain, téann athruithe ar na suimeanna a leithdháiltear i leith duaiseanna, ar dhearadh cluiche, ar mheascán áirithe díolachán nó ar na duaiseanna iarbhír a bhuaitear i bhfeidhm ar OIC, agus bíonn tionchar pro-rata aige sin ar na suimeanna atá ar fáil don Státchiste agus don oibritheoir.

**19.27** Léirítear i bhFíor 19.8 scaipeadh dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta le haghaidh 2021, agus tógtar na suimeanna i ndáil le díolacháin, duaiseanna, ollioncam cearrbhachais, suimeanna atá dlite don Státchiste agus coimisiúin miondíoltóirí ó chuntais an oibritheora, rud a ullmhaítear ar bhonn fabhruithe. Tógtar na figiúirí eile ó chuntas Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, rud a ullmhaítear ar bhonn airgid thirim.

**19.28** Bhí na ranníocaíochtaí leis an Státchiste mar sciar de dhíolacháin sa raon idir 27.6% agus 28.8% thar an tréimhse idir 2015 agus 2021 (féach Fíor 19.8).

**Fíor 19.7 Scaipeadh fháltais díolachán an Chrannchuir Náisiúnta, 2021**





Foinse: Ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, 2021, agus ráitis airgeadais chomhdhlúite Premier Lotteries Ireland Holdings DAC, 2021

Nótaí:
a Ní chuirtear san áireamh suimeanna a forghéilleadh i bhfabhar an oibritheora i ndáil le duaiseanna éagtha neamhéilithe chun an Crannchur Náisiúnta agus/nó cluichí an Chrannchuir a chur chun cinn (féach mír 19.22).

b Níl na suimeanna cothrom mar gheall ar na boinn éagsúla chuntasaíochta.

**Fíor 19.8 Ranníocaíocht leis an Státchiste mar sciar de dhíolacháin, 2015 – 2021**





Foinse: Ráitis airgeadais chomhdhlúite Premier Lotteries Ireland Holdings DAC, 2015 go 2021

*Aistrithe chuig an bPríomh-Chiste*

**19.29** Tá an próiseas maidir le híoc amach cistí ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta leis an Státchiste leagtha amach san Acht agus déanann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe uainiú na n-aistrithe a chinneadh. In 2015, chinn an tAire go n-aistreofaí cistí ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste gach dhá mhí agus go dtabharfaí fógra don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi gach aistriú.

**19.30** Aistríodh beagnach €290 milliún chuig an Státchiste in 2021 (féach Fíor 19.9).[1] San áireamh san fhigiúr le haghaidh 2016, bhí suim €7 milliún a coimeádadh roimhe sin sa Chiste chun costais aistrithe a íoc, suim nach raibh de dhíth i ndeireadh na dála. San áireamh san iomlán le haghaidh 2020, tá íocaíocht eisceachtúil €16 mhilliún. Bhain an tsuim sin le duaiseanna éagtha neamhéilithe a charn le linn oibriú an Chrannchuir Náisiúnta ag Cuideachta Chrannchur Náisiúnta an Phoist (CCNAP) agus a d'fhan i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta amhail an 30 Samhain 2014 nuair a thosaigh Premier Lotteries Ireland ar an gCrannchur Náisiúnta a oibriú.

**Fíor 19.9 Aistrithe chuig an bPríomh-Chiste, 2015 go 2021**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, 2015 go 2021

1 Is í an tsuim seo an tsuim iarbhír a aistríodh in 2021. Tuairiscítear i ráitis airgeadais an oibritheora (a ullmhaítear ar bhonn fabhruithe) gurbh ionann an tsuim a bhí dlite don Státchiste le haghaidh 2021 agus €304 mhilliún (65% de OIC).

## Conclúidí agus moltaí

**19.31** Mhéadaigh ranníocaíochtaí ón gCrannchur Náisiúnta a bhí dlite don Státchiste faoi 62%, beagnach, ó thart ar €188 milliún in 2015 go thart ar €304 mhilliún in 2021.

**19.32** Déantar an ranníocaíocht bhliantúil atá dlite don Státchiste a ríomh faoi threoir an Achta agus faoi threoir an cheadúnais, agus 65% den ollioncam cearrbhachais (iomlán na ndíolachán lúide duaiseanna a buadh) á leithdháileadh tríd an Státchiste. Mar sin de, rachaidh aon athrú ar shuimeanna a leithdháiltear i leith duaiseanna, ar dhearadh cluichí, ar an meascán díolachán táirgí nó ar na duaiseanna iarbhír a bhuaitear i bhfeidhm go comhréireach ar na suimeanna atá dlite don Státchiste in aon bhliain. Mar shampla, mar is féidir a fheiceáil thíos, tá caidreamh inbhéartach ann idir duaiseanna a bhuaitear mar sciar de dhíolacháin agus an ranníocaíocht leis an Státchiste mar sciar de dhíolacháin — nuair a mhéadaíonn ráta amháin, laghdaíonn an ráta eile

| Mar sciar de dhíolacháin | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|
| Duaiseanna a buadh | 56.3% | 57.6% | 55.6% |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | 28.5% | 27.6% | 28.9% |

**19.33** Tugtar faoi aistrithe ó Chiste an Chrannchuir Náisiúnta chuig an Státchiste gach dhá mhí, agus fógra á thabhairt don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi gach aistriú. In 2021, aistríodh beagnach €290 milliún chuig an Státchiste. B'ionann an t-iarmhéid a bhí fágtha i gCiste an Chrannchuir Náisiúnta ag deireadh na bliana agus €22 mhilliún.

**19.34** Idir 2015 agus 2021, de réir an cheadúnais, forghéilleadh €124 mhilliún ó dhuaiseanna éagtha neamhéilithe i bhfabhar an oibritheora. Foráiltear leis an gceadúnas nach mór an t-airgead sin a úsáid chun an Crannchur Náisiúnta agus/nó cluichí an Chrannchuir a chur chun cinn agus sonraítear ann nach mór maoiniú le haghaidh crannchuir speisialta agus duaiseanna breisithe breise a chur san áireamh. Foráiltear leis an gceadúnas go bhféadfar airgead duaise forghéillte a úsáid le haghaidh margaíocht agus fógraíocht incriminteach don Chrannchur Náisiúnta, ach ní shonraítear ann an bealach ina bhfuil an t-airgead le comhroinnt.

**19.35** Faoi dheireadh 2021, úsáideadh beagnach €122 mhilliún d'airgead duaise forghéillte chun an Crannchur Náisiúnta a chur chun cinn. As an airgead sin, caitheadh 98% de ar mhargaíocht incriminteach, agus níor úsáideadh ach 2% de chun duaiseanna a bhreisiú.

**19.36** Is prionsabal tábhachtach den tuairisciú airgeadais é go gcuirfeadh na nótaí leis na cuntais faisnéis bhreise san áireamh nach bhfuil curtha i láthair in aon áit eile sna ráitis airgeadais ach atá ábhartha maidir leis na cuntais a thuiscint. Ní chuireann cuntais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, mar atá curtha i láthair faoi láthair, go leor faisnéise san áireamh lena léiriú go bhfuiltear ag cloí le forálacha áirithe den cheadúnas, ach go háirithe maidir leis na suimeanna a leithdháiltear ar an Státchiste gach bliain.

### Moladh 19.1

Ba cheart don Rialálaí smaoineamh ar fhaisnéis bhreise a chur san áireamh, faisnéis a ligfeadh d'úsáideoirí na gcuntas a fheiceáil go bhfuiltear ag cloí le príomhfhorálacha an cheadúnais. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, mar shampla, ná an leithdháileadh ar an Státchiste mar sciar de dhíolacháin an Chrannchuir Náisiúnta agus iomlán na suimeanna a forghéilleadh go bliantúil i bhfabhar an oibrithe i ndáil le duaiseanna éagtha neamhéilithe, a nochtadh.

### Freagra Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta

Comhaontaithe i bpáirt.

Níl sé mar chuspóir le cuntais Chiste an Chrannchuir Náisiúnta faisnéis a sholáthar chun cur ar chumas úsáideoirí a fheiceáil go bhfuiltear ag cloí le téarmaí an cheadúnais. Soláthraíonn tuarascáil bhliantúil an Rialálaí faisnéis cheana féin maidir leis an mbealach inar leithdháileadh díolacháin an Chrannchuir Náisiúnta ar dhea-chúiseanna, maidir leis na seiceálacha atá i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú (agus aon chás neamhchomhlíonta) agus maidir leis an gcúis a mbíonn na suimeanna a aistrítear i mbliain airgeadais difriúil leis an tsuim a thuilltear le haghaidh dea-chúiseanna le linn na tréimhse céanna.

Glactar leis, áfach, gur féidir trédhearcacht agus tuiscint a fheabhsú.

Áirítear le ráiteas straitéise an Rialálaí don tréimhse idir 2022 agus 2024 straitéis thábhachtach chun faisnéis atá níos inrochtana a sholáthar don phobal maidir leis an mbealach ina rialáiltear an Crannchur Náisiúnta agus an bealach ina ríomhtar sochair le haghaidh dea-chúiseanna chomh maith leis an mbealach ina n-aistrítear chuig an Státchiste iad. Is é an aidhm atá aige ná trédhearcacht agus tuiscint níos fearr a sholáthar ar an gCrannchur Náisiúnta, agus tá obair ar siúl maidir le cur i bhfeidhm na haidhme sin.

Sa chomhthéacs sin, tá an Rialálaí sásta smaoineamh ar aon fhaisnéis bhreise a chabhródh le húsáideoirí na gcuntas trédhearcacht agus tuiscint níos fearr a fháil ar Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, agus ar fhorálacha gaolmhara an cheadúnais, agus ar an áit is fearr a gcuirfí agus a soláthrófaí an fhaisnéis sin.

# Nithe eile

# 20 Bainistíocht ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúla


**20.1** Déanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) éilimh dhíobhála pearsanta a bhainistiú thar ceann an Stáit agus na n-údarás Stáit tarmligthe (ÚSTanna), lena n-áirítear éilimh fhaillí chliniciúil agus éilimh dhamáiste maoine tríú páirtí. Tá ról bainistíochta riosca aici, ina dtugann sí comhairle agus cabhair do ÚSTanna chun a neamhchosaint ar éilimh a laghdú. Lena chois sin, déanann GBCN bainistíocht ar chostais tríú páirtí i gcoinne an Stáit a eascraíonn as gach catagóir dlíthíochta. Agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích, tugtar 'an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS)' ar GBCN.

**20.2** Soláthraíonn GÉS seirbhísí bainistíochta éileamh agus riosca trí dhá scéim slánaíochta Stáit — an Scéim Slánaíochta Cliniciúla (SSC) agus an Scéim Slánaíochta Ginearálta (SSG).[1,2]

**20.3** Ó 2012 i leith, tá an dliteanas measta iomlán gan íoc agus an líon éileamh ag dul in airde ar an mórgóir. Ag deireadh 2012, ba é €1.1 billiún an dliteanas measta iomlán gan íoc; faoi dheireadh 2021, bhí sé sin méadaithe go €4.5 billiún, figiúr arb ionann é agus méadú faoi cheathair le linn na tréimhse sin. Tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar an líon cásanna gníomhacha a bhí á mbainistiú ag GÉS ag deireadh na bliana sa tréimhse chéanna, ó 5,755 chás ghníomhacha in 2012 go 11,408 gcás ghníomhacha in 2021.[3]

**20.4** Ag deireadh 2021, b'éilimh SSC iad 32%, beagnach, (3,626) den líon iomlán éileamh, ach ba iad ba chúis le 75% (€3.4 billiún) den dliteanas measta iomlán gan íoc (féach Fíor 20.1). Ba é €357.4 milliún an costas chun éilimh SSC a bhainistiú agus a réiteach in 2021, agus bhain €76.5 milliún (21%) de sin le seirbhísí dlí agus costais eile.

**Fíor 20.1 Dliteanas measta gan íoc agus an líon éileamh, 2012 go 2021**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla, cuirtear slánaíocht ar fáil d'údaráis an Stáit maidir le seirbhísí gairmiúla leighis a sholáthar.

2 Faoin Scéim Slánaíochta Ginearálta, cuirtear slánaíocht ar fáil d'údaráis Stáit maidir le díobháil phearsanta agus damáiste maoine tríú páirtí mar gheall ar fhaillí an chomhlachta Stáit, a sheirbhísigh agus/nó a ghníomhairí.

3 Is éard atá i gceist le héilimh ghníomhacha na cinn sin a cuireadh in iúl don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) trí phróiseas dlíthiúil agus nach bhfuil tugtha chun críche fós ag an dáta tuairiscithe.

**20.5** Rinneadh an t-iniúchadh seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht GÉS ar an SSC, agus béim faoi leith á leagan orthu seo

- eachtraí a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- na héilimh agus na príomhspreagthaí costais atá taobh thiar den dliteanas a bheith ag dul in airde
- conas a dhéanann GÉS deimhin de go n-úsáidfear ceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna roimhe seo chun bonn eolais a chur faoi thorthaí agus réamh-mheastacháin amach anseo, agus
- córas cuntasachta i leith éileamh a tabhaíodh.

## Próiseas bainistíochta SSC

**20.6** Tá treoir chuimsitheach agus nósanna imeachta cáilíochta i bhfeidhm ag GÉS lena rialaítear conas a dhéantar éilimh faillí cliniciúla a bhainistiú.[1]

**20.7** Athraíonn an méid ama a thógann sé chun éileamh faillí cliniciúla a phróiseáil de réir an tsaghais speisialtachta cliniciúla atá i gceist.[2] Ó 2012 i leith, tá méadú tagtha ar an meánmhéid ama a thógann sé chun éileamh cliniciúil a thabhairt chun críche, ó 4.26 bliain go 4.97 bliain (17%). Tháinig an méadú is mó (59%) ar éilimh a bhain le máinliacht — 5.25 bliain in 2021. Maidir le héilimh a bhaineann le seirbhísí máithreachais, tháinig méadú 39% ar an meán-am próiseála, ó bheagnach ceithre bliana in 2012 go beagnach 5.4 bliain in 2021.

**20.8** Cé go ndéanann sé a dícheall gach iarracht chuí a dhéanamh chun éilimh a réiteach go tapa, shonraigh GÉS go mbíonn tosca i gceist a chuireann moill ar chúrsaí, lena n-áirítear cé chomh tapa agus a thugann gearánaigh agus a n-ionadaíocht dhlíthiúil éilimh os comhair na cúirte, go háirithe nuair a líomhnaítear faillí chliniciúil. Luaigh sí freisin go gcuirtear le saolré an éilimh ar uairibh nuair a choimisiúnaítear tuarascálacha arna n-ullmhú ag finnéithe saineolacha ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi shaincheisteanna dliteanais agus cúisíochta, mar aon leis an méid ama a thógann sé chun teacht ar chomhaontú faoi chostais dlí gearánaigh.

### *An Córas Náisiúnta um Theagmhais a Bhainistiú (CNTB)*

**20.9** Is uirlis bainistíochta riosca ceann go ceann faoi rún é an Córas Náisiúnta um Theagmhais a Bhainistiú (CNTB) ar fhorbair GÉS í in 2014 agus a bhí faoi lán seoil faoi 2016.[3] Cuireann an CNTB ar chumas GÉS agus na ÚSTanna teagmhais dhíobhálacha a d'fhéadfadh éileamh eascairt astu a bhainistiú, i gcaitheamh shaolré an teagmhais (féach Fíor 20.2).[4]


1 Cuimsíonn Iarscríbhinn 20A forléargas ar an bpróiseas um éilimh faillí cliniciúla a bhainistiú, ón uair a tharla an eachtra go dtí dúnadh an éilimh.

2 Déantar saolré gach éilimh a thomhas mar an t-am ón dáta a fhaightear an t-éileamh go dtí an dáta a thagtar ar réiteach maidir le gach ní a bhaineann leis, lena n-áirítear costais, ach ní gá go n-íoctar iad.

3 Tháinig an CNTB i gcomharbas ar an gcóras a bhí ann roimhe — an Córas Náisiúnta um Theagmhais Dhíobhálacha a Bhainistiú (CNTDB).

4 Úsáideann ÚSTanna GBCN chun a bhfreagracht reachtúil a chomhlíonadh faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, chun teagmhais a thuairisciú do GÉS, agus úsáidtear é freisin chun críocha bainistíochta teagmhas agus riosca dá gcuid féin.

**Fíor 20.2 Saolré teagmhas CNTB**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Nóta: a Baineann sé leis na moltaí tosaigh a rinneadh ag leibhéal an ÚST.

### *Tuairisciú teagmhas*

**20.10** Leagtar amach sa treoir ó GÉS gur mó seans go mbeidh réiteach dearfach ann ar éileamh má thuairiscítear go luath é. Dúirt GÉS go bhfuil fianaise ann go bhfuil baint ag leibhéil arda tuairiscithe teagmhais agus cultúr foghlama le leibhéil níos ísle dlíthíochta.[1]


**20.11** Tríd is tríd, sa tréimhse ó 2017 go 2021, ní raibh ach 25% de na héilimh a fuarthas tuairiscithe roimhe sin ag na ÚSTanna mar theagmhais ar an CNTB roimh an éileamh a fhógairt.

**20.12** Maidir leis an 75% de na héilimh nach ndearnadh iad a thuairisciú mar theagmhais ar an CNTB roimhe sin le linn na tréimhse 2017 go 2021, (féach Fíor 20.3), ba é tátal GÉS ná

- gurb amhlaidh, i 22% de na cásanna, nach raibh a dhóthain faisnéise ar fáil chun a dhéanamh amach ar cheart nó nár cheart an teagmhas a thuairisciú;
- go luífeadh sé le réasún go ndéanfaí teagmhas as ar eascair an t-éileamh a thaifeadadh ar an CNTB i 21% de na cásanna i.e. ba cheart é a bheith taifeadta; agus
- gurb amhlaidh, i dtuairim is trian de na cásanna (32%), nach raibh an ÚST ar an eolas faoin teagmhas, agus ní luífeadh sé le réasún go mba cheart dó é a thuairisciú mar sin.

1 Déanann GÉS feidhmíocht gach ÚST a thomhas ó thaobh teagmhas a thuairisciú, trí mheasúnú a dhéanamh ar cibé ar tuairiscíodh nó nár tuairiscíodh gach éileamh roimhe seo mar theagmhas ar an CNTB.

**Fíor 20.3 Rangú na n-éileamh nach ndearnadh iad a thuairisciú roimhe seo mar theagmhais d'ospidéil ghéarmhíochaine, 2017 go 2021[a]**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Nótaí: a Ní chuirtear ollchaingne éilimh ar áireamh.

b Ina measc tá ceithre éileamh nár cuireadh sonraí leo.

c Seans ann go bhfuarthas líon níos lú éileamh in 2021 toisc gníomhaíocht a bheith laghdaithe de bharr Covid-19.

## *Monatóireacht ar Fheidhmíocht ÉTRT Deilte*

**20.13** Úsáideann GÉS 'éilimh a tuairiscíodh roimhe seo mar theagmhais' (ÉTRT) chun 'ÉTRT Deilte' a ríomh — rud atá ina phríomhtháscaire feidhmíochta ar cé chomh cuimsitheach is atá ÚST ó thaobh tuairisciú teagmhas de.[1]

**20.14** Déanann GÉS monatóireacht ar fheidhmíocht gach ÚST maidir le teagmhais a thuairisciú a mbíonn éilimh mar thoradh orthu ar bhonn ráithiúil, trí thagairt a dhéanamh do spriocanna ionchasacha tuairiscithe teagmhas a shocraíonn GÉS do na ÚSTanna ar bhonn aonair agus cuireann sí na ÚSTanna ar an eolas fúthu ina dhiaidh sin. Maidir leis an 52 ospidéal géarmhíochaine laistigh den scéim slánaíochta cliniciúla, tá sé seo le sonrú san anailís a rinneadh orthu do 2020:

- ní raibh éileamh nua amháin ar a laghad in aghaidh na ráithe ag 20 ospidéal agus mar sin níor cuireadh ar áireamh iad san anailís ar chúiseanna staitistiúla
- rinne 24 ospidéal teagmhais a ghanntuairisciú faoi 10% go 30%, agus
- rinne ocht n-ospidéal teagmhais a ghanntuairisciú faoi 40% nó níos mó.[2]


1 Déanann GÉS 'ÉTRT Deilte' a shainmhíniú mar an difríocht idir an líon éileamh a mheastar a bheith tuairiscithe roimhe seo mar theagmhais agus an líon iarbhír éileamh a tuairiscíodh roimhe seo mar theagmhais. Is comhartha é luach íseal ÉTRT Deilte a fháil go bhfuil leibhéal ard ann ó thaobh teagmhais a thuairisciú.

2 Ní raibh sonraí do 2021 ar fáil agus é seo á fhoilsiú.

## Dliteanas measta fós gan íoc

**20.15** Ag deireadh 2021, bhí an dliteanas measta gan íoc i leith éilimh SSC thart ar €3.4 billiún, agus bhain €2.07 billiún (61%) de sin le seirbhísí máithreachais. Bhí éilimh phairilise ceirbrí, a bhaineann le seirbhísí máithreachais den chuid is mó, freagrach as 40% (€1.36 billiún) de shuim iomlán an dliteanais mheasta gan íoc, ach ní hionann é sin ach agus 4.5% den líon iomlán éileamh gníomhach (féach Fíor 20.4).

**Fíor 20.4 Éilimh chliniciúla de réir seirbhíse agus an dliteanas measta fós gan íoc, ag deireadh 2021**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Nóta: a Tá 11 éileamh pairilise ceirbrí breise sa bhreis ar áireamh ann freisin i seirbhísí eile amhail leigheas, máinliacht, sláinte agus folláine agus raideolaíocht.

## Ríomh an dliteanais

**20.16** Ríomhann GÉS dliteanas féideartha measta do gach éileamh aonair. Is é an beartas atá aige ná an toradh is dóichí a thuar, ó thaobh na dámhachtana nó na socraíochta de agus ó thaobh na gcostas gaolmhar go léir de, fad is a chuireann sí ar áireamh leibhéil socraíochta i gcásanna comhchosúla roimhe seo, agus ansin 'lamháil compoird' de 20% a chur leis. Déantar an dliteanas measta a mhiondealú i ndamáistí ginearálta; damáistí speisialta; costais dlí gearánaigh; agus costais dlí na gníomhaireachta. Déantar meastacháin a choigeartú ina dhiaidh sin thar shaolré an éilimh, más gá, chun aon fhaisnéis nua a thagann chun cinn a chur san áireamh.

**20.17** I gcásanna a bhaineann le pairilis cheirbreach nó gortuithe inchinne tubaisteacha eile, socraítear cúlchiste tosaigh ag suim chaighdeánach.

**20.18** Mar chuid de thuarascáil roimhe seo ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúla, bhí moladh ann gur cheart na meastacháin ar dhliteanas féideartha do chásanna idir lámha a bheith bunaithe ar dhóchúlachtaí staitistiúla agus ar anailís ar thorthaí cásanna roimhe seo. Bhainfí an 'lamháil compoird' mar thoradh air sin.[1] Cé gur aontaigh GBCN/GÉS leis, níl sé curtha i bhfeidhm. Le linn an iniúchta seo, shonraigh GÉS go bhfuil cur chuige cúramach aige maidir le dliteanais mheasta a shocrú agus go leanann sé air méid áirithe stuamachta a chur ar áireamh ina mheastacháin.

**20.19** Dúirt GÉS freisin go gcuirtear san áireamh san athbhreithniú achtúireach ar réamh-mheastacháin airgid thirim na figiúirí measta i gcomparáid leis na figiúirí socraithe do chohóirt éileamh. Go hiondúil, bhí GÉS ag brath ar an anailís réamh-mheastacháin airgid achtúireacha agus ar dheimhniú débhliantúil an iniúchta inmheánaigh á léiriú go socraítear dliteanais mheasta cásanna laistigh de pharaiméadair réasúnacha agus go ndéileáiltear le héilimh de réir na gcaighdeán tionscail ná níos fearr ná iad. Fós féin, tá sé tugtha le fios ag GÉS go bhfuil sé de rún aige toradh a rianú i gcoinne dliteanas measta ar bhonn leanúnach ó 2023 i leith.

### *Spreagthaí costais le haghaidh dliteanais mheasta mhéadaithe*

**20.20** Is iad na príomhspreagthaí costais sa dliteanas measta SSC ná líon agus cineál na n-éileamh ar fáil, agus na meándamáistí a dámhadh.

**20.21** Tá líon beag éileamh ardluacha ann a mbíonn tionchar acu ar an meándámhachtain, go hiondúil cásanna a bhaineann le díobháil thubaisteach, agus go háirithe iad siúd a bhaineann le pairilis cheirbreach. In 2021, bhí 335 chás ghníomhacha ann a bhain le díobháil thubaisteach, agus meastar gur dliteanas gan íoc de €2.4 billiún atá i gceist. Is é an meándliteanas measta gan íoc ar éileamh díobhála tubaistí ná €7.24 milliún, i gcomparáid le €300,000 d'éilimh faillí cliniciúla nach bhfuil rangaithe mar dhíobháil thubaisteach.

**20.22** Bíonn baint nach beag ag ionchas saoil na n-éilitheoirí, a oibrítear amach go hachtúireach, leis na meastacháin ar dhliteanas a ríomhtar. Mar shampla, d'fhéadfaí a bheith ag súil go mbeadh cúram agus tacaí breise ag teastáil ó leanbh a gortaíodh le linn saolú dó/dí i gcaitheamh a s(h)aoil ar fad, fad is go mb'fhéidir go mbeadh cúram agus tacaíocht thar thréimhse níos giorra de dhíth ar dhuine níos sine a gortaíodh i dtimpiste ceirde.

1 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012*, Caibidil 29 'An Scéim Slánaíochta Cliniciúla'. Tá an tuarascáil ar fáil anseo.

**20.23** Bíonn tionchar mór ag an bhfíor-ráta toraidh a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis ó infheistíochtaí ar na meastacháin freisin. Mar gheall ar bhreith na Cúirte Achomhairc i gcás ar leith in 2017, choigeartaigh GÉS an fíor-ráta toraidh a úsáideann sé le haghaidh meastachán dliteanais ó 3% go 1% le haghaidh damáistí speisialta a bhaineann le cúram amach anseo, agus go 1.5% i gcás gach caillteanais airgid. Dá ísle an ráta, is ea is mó an t-éileamh dliteanais mheasta.

### *Orduithe íocaíochta tréimhsiúla*

**20.24** Déantar formhór na n-éileamh a shocrú ar bhonn dámhachtana ar bhonn cnapshuime. Ciallaíonn sé sin go mbíonn éilitheoirí fágtha gan chosaint ar rioscaí áirithe, lena n-áirítear i gcás go dteastaíonn cúram níos faide uathu ná a n-ionchas saoil arna mheasúnú go hachtúireach; nó go bhfuil boilsciú níos airde ná mar a bhí tuartha le linn a saoil.

**20.25** I gcás go bhféadfadh éiginnteacht a bheith ann faoi riachtanais chúraim éilitheora, go háirithe i gcás díobhála tubaistí, féadfar socraíocht a dhéanamh ar bhonn ordaithe eatramhaigh íocaíochta, i gcás go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na socraíochta tar éis tréimhse chuí.

**20.26** Mar mhalairt ar dhámhachtain damáistí i bhfoirm cnapshuime aonuaire, tugadh isteach orduithe íocaíochta tréimhsiúla reachtúla (OITanna) i mí Dheireadh Fómhair 2018, trína gclúdaítear na costais chúraim a bheidh ag éilitheoirí amach anseo ar bhonn bliantúil go dtí go bhfaighidh an t-éilitheoir bás (féadfar cnapshuim tosaigh a íoc freisin, más cuí).

**20.27** Go hiondúil, déantar suimeanna íocaíochta OIT a choigeartú chun boilsciú a chur san áireamh. Tá leordhóthanacht an *Innéacs Chomhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí* (ICPT) a úsáidtear chun arduithe ar íocaíochtaí bliantúla OIT a ríomh faoi athbhreithniú ag an Rialtas, tar éis cinneadh cúirte in 2019 nach leor arduithe ICPT a bhaineann le boilsciú ar dhámhachtain OIT chun costas cúraim a chlúdach le himeacht ama.

**20.28** Tá GÉS ag súil go leanfar ar aghaidh i mbun fhormhór na n-éileamh a réiteach ar bhonn cnapshuime nó ordaithe eatramhaigh íocaíochta, seachas athrú ar an innéacs reachtúil a úsáidtear chun suimeanna íocaíochta OIT a choigeartú. Ó Eanáir 2020 go Iúil 2022, ní dhearnadh aon OIT reachtúil. Ní raibh ach sé OIT ann in 2019.

### *Pairilis cheirbreach*

**20.29** Is é €1.6 billiún an dliteanas iomlán d'éilimh phairilise ceirbrí, a tharla le linn seirbhísí máithreachais a sholáthar, a fuarthas sa tréimhse deich mbliana ó 2012 go 2021 — agus tá beagnach €400 milliún den tsuim sin íoctha, rud a fhágann dliteanas gan íoc de €1.2 billiún.[1] Baineann 59% den dliteanas gan íoc agus 56% de na damáistí íoctha le sé ospidéal. Mar sin féin, ní fhoilsíonn GÉS sonraí faoi éilimh ar bhonn ospidéil aonair, agus ní ríomhann sé tomhais chomparáideacha feidhmíochta d'ospidéil, amhail an líon cásanna pairilise ceirbrí in aghaidh an 1,000 breith bheo in aghaidh na bliana.

**20.30** Thug GÉS le fios nach bhfuil a leithéid de rud in Éirinn agus clár náisiúnta pairilise ceirbrí. Níl ach réigiún amháin ann faoi láthair a bhfuil clár gníomhach aige, mar sin is maidir leis an limistéar geografach sin amháin atá sonraí faoi chásanna taifeadta pairilise ceirbrí ar fáil.

1 Ina theannta sin, is ionann agus €55 mhilliún san iomlán agus na costais dlí agus na costais eile atá bainteach leis na héilimh seo.

## Sreabhadh faisnéise agus ceachtanna a foghlaimíodh

**20.31** Tá Aonad Riosca Chliniciúil (ARC) ag GÉS a dhéanann athbhreithniú, anailís agus tiomsú ar an bhfoghlaim ó theagmhais thuairiscithe agus sonraí éileamh, agus a roinneann na ceachtanna le ÚSTanna agus le páirtithe leasmhara náisiúnta ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi straitéisí maolaithe riosca ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta.[1]

**20.32** I measc na gceachtanna a foghlaimíodh ó phríomhghníomhaíochtaí GÉS tá

- anailís ar shonraí an CNTB, lena n-áirítear faireachas ar theagmhas agus gníomhartha a dhéantar ina dhiaidh sin
- tuarascálacha ar anailís teagmhas agus éileamh
- fógraí sábháilteachta othar
- oideachas agus oiliúint, comhdhálacha agus seimineáir Ghréasáin
- ballraíocht i roinnt comhlachtaí comhairleacha, lena n-áirítear an Chomhairle um Shábháilteacht Othar agus an Grúpa Gníomhaíochta Náisiúnta um Einceifileapaite Nuabheirthe (GGNEN)
- treochtaí riosca a shainaithint agus aird an ÚST ábhartha a tharraingt orthu.[2]

**20.33** Díríonn GÉS ar sheirbhísí a bhfuil na próifílí riosca is airde acu fad is a thugann sí tús áite do na saincheisteanna riosca cliniciúla gur mó seans go dtiocfaidh éilimh shuntasacha astu. Déanann sé clár oibre bainistíochta riosca dlíthíochta spriocdhírithe bliantúil, ag obair go dlúth leis na húdaráis Stáit ábhartha, agus go háirithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Sonraítear in Acht GBCN (Leasú), 2000, *inter alia*, gurb é ról GÉS comhairle a chur ar na ÚSTanna agus cuidiú leo maidir le bainistíocht riosca. Luaigh GÉS go bhfuil an fhreagracht maidir le bainistíocht riosca ar an ÚST ábhartha i ndeireadh na dála, agus ní ar GÉS.

**20.34** Luaigh GÉS freisin go bhfuil sé an-deacair tionchar a chuid gníomhaíochtaí ar mhinicíocht éileamh faillí cliniciúla a thomhas, mar gheall ar cé chomh deacair agus atá sé treocht atá suntasach ón taobh staitistiúil de a bhrath sa líon éileamh gan trácht ar threochtaí a bhrath i ngluaiseacht gníomhaíochtaí atá bainteach le GÉS, i bhfianaise na dtosca iomadúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí chun sábháilteacht othar a fheabhsú agus chun riosca a mhaolú. Luaigh sé freisin go bhfuil castacht ag baint le tionchar a thomhas de bharr aga moille a bheith ann idir an t-am a tharlaíonn teagmhas agus an t-am a thugtar chun críche é, gan trácht ar na hathruithe a thagann ar ghníomhaíocht chliniciúil idir an dá linn.

**20.35** Cuireann GÉS roinnt tuarascálacha i dtoll a chéile agus tugann sé do na ÚSTanna ábhartha go ráithiúil iad, lena n-áirítear achoimre ar shonraí teagmhas; éilimh ghníomhacha; agus na dliteanais airgeadais mheasta gan íoc. Féadfaidh GÉS freisin, ó am go chéile, tuarascálacha a ullmhú ar iarratas ó ÚSTanna ar leith d'fhonn cuidiú leo maidir lena mbainistíocht riosca.

1 Cuireann GÉS a sainordú riosca chun feidhme trí dhá shainaonad riosca, an tAonad Bainistíochta Riosca Fiontair agus an tAonad Riosca Chliniciúil (ARC).

2 Faightear a thuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí an ARC in Iarscríbhinn 20B.

**20.36** Braitheann an méid ama a thógann sé chun tuarascálacha aonuaire ar theagmhais GÉS agus anailís éileamh a eisiúint ar chineál na tuarascála. Mar shampla, eisíodh fógraí sábháilteachta othar — ráitis inar tarraingíodh aird ar shaincheist riosca ar leith — laistigh de bhliain ón tréimhse tuairiscithe, agus eisíodh tuarascálacha anailíse teagmhas agus éileamh eile de chuid GÉS — ar tugadh fúthu chun pointí foghlama a bhaint astu agus a roinnt — ar an meán 2.5 bliain tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach Fíor 20.5).[1] Shonraigh GÉS go mbíonn anailís níos doimhne i gceist go hiondúil le tuarascálacha agus le cumarsáid níos fadtéarmaí, bunaithe ar shonraí éileamh atá tugtha chun críche, i gcomparáid le tuairiscí agus cumarsáid níos giorra a eascraíonn as anailís ar theagmhais a dhéantar ar bhonn leanúnach.

**Fíor 20.5 Forbhreathnú ar na tuarascálacha anailíse teagmhas agus éileamh arna gcur i dtoll a chéile ag GÉS[a]**

| Tuarascáil[b] | Bliain faoi athbhreithniú | Bliain inar eisíodh í | Ar fáil go poiblí | Ábhar |
|---|---|---|---|---|
| **Tuarascálacha taighde** | | | | |
| Tuarascáil náisiúnta faoi éilimh chliniciúla | 2017 | 2020 | Níl | Tugtar mionanailís ar éilimh chliniciúla a thug GÉS chun críche in 2017. |
| Tuarascáil ar theagmhas cógas | 2017 – 2018 | 2020 | Tá | Tugtar anailís ar theagmhais cógas ar thuairiscigh ospidéil phoiblí in Éirinn iad in 2017 agus 2018. |
| Anailís ar éilimh chliniciúla a tugadh chun críche in 2017 agus atá ábhartha do shé ghrúpa ospidéal | 2017 | 2021 | Níl | Tugtar mionanailís ar éilimh chliniciúla ar thug GÉS iad chun críche in 2017 agus a bhaineann go sonrach leis na grúpaí ospidéal |
| Anailís ar na sonraí go léir atá ar fáil maidir le teagmhais agus éilimh a tharlaíonn go náisiúnta agus a bhaineann le troimbeambólacht fhéitheach | 2004 – 2020 | 2020 | Níl | Tugtar anailís ardleibhéil ar theagmhais agus éilimh a tharla le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. |
| Athbhreithniú ar éilimh chliniciúla atá ábhartha ó thaobh na máinliachta sábháilte de, 2016 – 2020 | 2016 – 2020 | 2021 | Níl | Tugtar sonraí faoi athbhreithniú a rinneadh ar éilimh chliniciúla i gcomhthéacs an athbhreithnithe a rinne FSS ar an mbeartas máinliachta sábháilte. |
| Tuarascáil náisiúnta ar theagmhais chliniciúla, ar éilimh agus ar chostais: Ceachtanna a foghlaimíodh, athbhreithniú cúig bliana 2010 – 2014 | 2010 – 2014 | 2017 | Tá | Cuirtear athbhreithniú i láthair ar na teagmhais chliniciúla is coitianta agus na héilimh a tharla go náisiúnta i gcaitheamh tréimhse cúig bliana. |
| Dlíthíocht atá bainteach le cógais in Éirinn: Athbhreithniú sé bliana | 2011 – 2016 | 2019 | Tá | Bhí sé mar aidhm ag an staidéar na cógais sin is mó baint le dlíthíocht chliniciúil in Éirinn a shainaithint agus costais na dlíthíochta sin a mheas. |
| **Tuarascálacha anailíse teagmhas** | | | | |
| Anailís roghbhlúire ar theagmhais CNTB trí "lionsa ainéistéiseach" | R1 agus R2 2020 | 2021 | Níl | Cuirtear i láthair anailís ar theagmhais atá bainteach le hainéistéiseach i gcaitheamh dhá ráithe. |

Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Nótaí: a Tuarascálacha ar Covid-19 agus ar an gcibirionsaí an FSS; fágtar tuarascálacha a bhain le comhairle as an áireamh.

b Is tuarascálacha aonuaire iad na foilseacháin seo agus iad mar bhreis ar an tuairisciú ráithiúil do ÚSTanna agus, i gcás gur foilsíodh iad, is ar líne atá siad ar fáil.


1 Maidir le hamlíne eisiúna na dtuarascálacha ar theagmhais GÉS agus anailíse éileamh a ríomh, níor cuireadh ar áireamh foilseacháin a bhaineann le Covid-19 ná leis an gcibirionsaí ar FSS. Eisíodh na tuarascálacha sin, ar an meán, laistigh de dhá mhí ón tréimhse tuairiscithe.

### *Measúnú ar na bearta a ghlac na ÚSTanna chucu féin*

**20.37** I sainordú riosca reachtúil GÉS, leagtar amach gur féidir cúnamh a chur ar fáil do ÚSTanna ar roinnt bealaí, lena n-áirítear, *inter alia*, measúnú a dhéanamh ar cé chomh sásúil agus atá na bearta a ghlac an t-údarás chuige féin chun cur i gcoinne na rioscaí a sainaithníodh (féach Fíor 20.6).

**20.38** Thug GÉS faoi deara, nuair a thuairiscítear teagmhais ar CNTB nó nuair a tharlaíonn éilimh, an chuid is mó den am beidh athbhreithniú ar an teagmhas déanta cheana féin ag an ÚST ábhartha, beidh moltaí déanta acu agus beidh na moltaí sin curtha i bhfeidhm nó á gcur i bhfeidhm. Tugtar faoi deara freisin sna cásanna sin nach bhfuil sé cuí ná praiticiúil moltaí breise a dhéanamh. Ina ionad sin, féadfaidh GÉS deimhniú a iarraidh go bhfuil na moltaí curtha i bhfeidhm cheana féin nó á gcur chun cinn. Dúirt GÉS nach mór do gach ÚST cúram sláinte cloí leis an gCreat Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas de chuid FSS, ina leagtar amach na ceanglais maidir le tuairisciú, lena n-áirítear úsáid CNTB agus ina dhiaidh sin na ceanglais maidir le hathbhreithnithe, moltaí agus gníomhartha.

**Fíor 20.6 Achoimre ar shaolré na gceachtanna foghlamtha ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát**




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## An dliteanas airgeadais a thuairisciú maidir le héilimh

**20.39** Nochtar i ráitis airgeadais bhliantúla GÉS dliteanas measta comhiomlán na n-údarás Stáit maidir le gach éileamh faoi bhainistíocht GÉS amhail an 31 Nollaig gach bliain.

**20.40** Déanann FSS íocaíocht le GÉS i leith socruithe a rinneadh maidir leis an SSC, agus maidir le héilimh GIS i saoráidí FSS agus in ospidéil dheonacha. Íocann sé costas na n-éileamh i leith gníomhaíochtaí Tusla freisin. Le cois na gcostas a tabhaíodh sa tréimhse chuntais agus a chuirtear san áireamh ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear', nochtar i ráitis airgeadais FSS an dliteanas teagmhasach atá aige maidir le héilimh SSC agus GIS atá ar láimh ag GÉS.[1] Ní cheanglaítear ar FSS miondealú ar an dliteanas ag leibhéal ospidéil nó aonaid aonair a nochtadh.

1 Nochtann FSS an dliteanas measta ar aon dul leis na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte faoi fhorálacha an Achta Sláinte, 2004.

**20.41** Maidir leis na costais a thabhaíonn FFS, ní chuireann sé dó iad ar na hospidéil ná na haonaid inar tharla na teagmhais ónar eascair na héilimh. Dá bharr sin, ní aithnítear socraíochtaí éilimh agus costais i ráitis airgeadais na ÚSTanna i gceist.

**20.42** Rinneadh athbhreithniú ar ráitis airgeadais cúig ospidéal mhóra mar chuid den iniúchadh. Níor nocht aon cheann de na hospidéil aon sonraí faoin dliteanas airgeadais a d'eascair as éilimh a bhain lena ngníomhaíochtaí ná níor aithin siad aon teagmhas díobhálach tromchúiseach sna ráitis airgeadais. Fós féin, cuireadh an líon éileamh gníomhach/socraithe agus an líon teagmhas ar áireamh i dtuarascálacha bliantúla dhá ospidéal (féach Fíor 20.7).

**20.43** Shonraigh GÉS go bhfuil sé den tuairim go gcruthódh sé mar a bheadh 'tábla sraithe' ann dá bhfoilseofaí taithí éileamh na n-ospidéal aonair, rud a d'fhéadfadh comparáidí míthreoracha idir ospidéil a chothú agus drochthionchar a imirt ar sholáthar seirbhísí.

**Fíor 20.7 Nochtadh i leith líon na n-éileamh gníomhach agus dliteanas measta sna ráitis airgeadais agus sna tuarascálacha bliantúla, de réir eintitis[a]**

| | Ráitis airgeadais | | | Tuarascálacha Bliantúla |
|---|---|---|---|---|
| **Eintiteas** | **An líon éileamh gníomhach** | **Dliteanas measta fós gan íoc** | **Nochtaí breise** | **Nochtaí breise** |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | ✓[b] | ✓ | Infháltais ó na ÚSTanna | |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | × | ✓ | Íocaíochtaí le GÉS | |
| Ospidéal 1 | × | × | | An líon éileamh gníomhach agus teagmhas |
| Ospidéal 2 | × | × | | |
| Ospidéal 3[c] | × | × | | |
| Ospidéal 4 | × | × | | |
| Ospidéal 5 | × | × | | An líon éileamh gníomhach agus teagmhas |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Rinneadh athbhreithniú ar ráitis airgeadais do na blianta 2019 go 2021.
b Níl an líon éileamh gníomhach roinnte idir SSC agus GIS.
c Ní fhoilsíonn sé tuarascáil bhliantúil.

## Conclúidí agus moltaí

**20.44** Ó 2012 i leith, tá méadú seasta tagtha ar an dliteanas measta gan íoc maidir le héilimh SSC arna mbainistiú ag GÉS. Ag deireadh 2021, b'ionann an dliteanas measta gan íoc i leith éileamh SSC agus €3.4 billiún — méadú €2.4 billiún ó 2012.

**20.45** B'éilimh a bhain le seirbhísí máithreachais nach mór 61% (€2.07 billiún) den dliteanas measta gan íoc ag deireadh 2021. Laistigh den speisialtacht seo, b'ionann éilimh phairilise ceirbrí agus thart ar 40% den dliteanas measta gan íoc (€1.4 billiún), cé nach raibh iontu ach 4.5% den líon iomlán éileamh. Bhí 163 éileamh ghníomhacha pairilise ceirbrí ann a bhain le seirbhísí máithreachais ag deireadh 2021.

**20.46** Ó 2012 i leith, tá méadú 17% tagtha ar an méid ama a thógann sé ar an meán chun éileamh faillí cliniciúla a thabhairt chun críche. Tháinig an méadú is mó (59%) ar éilimh a bhain le máinliacht. Maidir le héilimh a bhaineann le seirbhísí máithreachais, tháinig méadú 39% ar an meán-am próiseála, ó bheagnach ceithre bliana in 2012 go beagnach 5.4 bliain in 2021.

**20.47** Tá ceanglas reachtúil ar ÚSTanna teagmhais a thuairisciú chuig GÉS trí úsáid a bhaint as an gcóras CNTB. Leagtar amach i dtreoir GÉS gur mó seans go mbeidh réiteach dearfach ar éileamh má thuairiscítear go luath é. Shonraigh GÉS go bhfuil fianaise ann go bhfuil baint ag leibhéil tuairiscithe teagmhais méadaithe agus cultúr foghlama le leibhéil níos ísle dlíthíochta.

**20.48** Sa tréimhse ó 2017 go 2021, bhí tuairisc déanta faoi mar theagmhas ar an CNTB cheana féin ag 25% de na héilimh a fuarthas. Mheas GÉS gur cheart 21% eile de na héilimh a fuarthas a bheith tuairiscithe roimhe seo mar theagmhais. I gcás tuairim is aon trian de na héilimh a fuarthas, measadh go raibh siad de chineál nach luífeadh sé le réasún a bheith ag súil go ndéanfaí iad a thuairisciú.

**20.49** Déanann GÉS anailís ar an ráta tuairiscithe teagmhas agus tá sé tar éis roinnt ospidéal a shainaithint a bhfuil drochthaifead tuairiscithe teagmhais acu.

### Moladh 20.1

Ba cheart do GÉS obair leis na ÚSTanna ina bhfuil na leibhéil is ísle de chultúr tuairiscithe teagmhais i réim chun clár beart a ghlacadh chucu féin le go bhféadfaidís a dtuairisciú ar theagmhais a fheabhsú go leibhéal sásúil.

**Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Aontaím.

Leagtar amach in Acht GBCN (Leasú), 2000, gur gá do ÚSTanna aon teagmhas díobhálach a thuairisciú do GÉS, agus ina measc sin tá aon ghníomh, easnamh nó ábhar eile a bhí mar bhonn d'éileamh a rinneadh nó a d'fhéadfaí a úsáid mar bhonn d'éileamh. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an t-údarás ag GÉS iallach a chur ar ÚSTanna teagmhais a thuairisciú. Tá roinnt beart i bhfeidhm ag GÉS cheana féin chun dlús a chur le leibhéil tuairiscithe teagmhas a fheabhsú i measc ÚSTanna, lena n-áirítear:

- spriocanna bliantúla tuairiscithe teagmhas a leagan síos atá bunaithe ar scóir ÉTRT
- scríobh chuig ÚSTanna a bhfuil leibhéil ísle tuairiscithe acu chun a gceanglas reachtúil a chur i gcuimhne dóibh teagmhais a thuairisciú
- leibhéil ísle tuairiscithe ar chur ar a súile d'ospidéil ag cruinnithe plé

- feabhsú leanúnach a dhéanamh ar CNTB ar mhaithe le tuairisciú teagmhais a éascú e.g., ríomhphointe d'Iontráil teagmhas a leathadh amach ar bhonn céimneach (i.e., teagmhas a taifeadadh go díreach ar an CNTB)
- oideachas agus oiliúint a sholáthar do ÚSTanna maidir leis an CNTB agus le tuairisciú teagmhas.

**20.50** Ba é €357.4 milliún an costas chun éilimh SSC a bhainistiú agus a réiteach in 2021, agus bhain €76.5 milliún (21%) den tsuim sin le seirbhísí dlí agus costais eile.

**20.51** Is é an phríomhchúis a bhfuil méadú tagtha ar chostas a bhaineann leis an dliteanas measta SSC atá gan íoc ná na meándamáistí atá á bhronnadh. Bíonn tionchar ag líon beag éileamh ardluacha ar dhliteanas measta SSC, cásanna inar tharla díobháil thubaisteach i suíomh cliniciúil, go háirithe na cásanna ina bhfuil pairilis cheirbreach i gceist.

**20.52** I láthair na huaire, níl ach réigiún amháin in Éirinn a bhfuil clár gníomhach pairilise ceirbrí aige. Gabhann sé sin sonraí faoi chásanna pairilise ceirbrí a tharlaíonn sa limistéar geografach sin. D'fhéadfaí faisnéis ar aon dul leis sin a gabhadh i ngach réigiún ar mhaithe le tuiscint níos fearr a chothú ar chúiseanna inchoiscthe.

**20.53** Is go cuimsitheach forleathan a scaipeann GÉS comhairle agus cúnamh do ÚSTanna maidir le rioscaí dlíthíochta a bhainistiú, nó feabhas a chur ar shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse/othar ar mhaithe le minicíocht éileamh agus dliteanais an Stáit faoin SSC a choimeád chomh híseal agus is féidir.

**20.54** Tá údarás reachtúil ag GÉS measúnú a dhéanamh ar cé chomh sásúil agus atá na bearta arna nglacadh ag ÚST chun cur i gcoinne rioscaí sainaitheanta. Ní dhéanann GÉS measúnú rialta ar cé chomh sásúil agus atá na bearta arna nglacadh ag ÚST.

**20.55** Tá go leor moltaí eisithe chuig ÚSTanna de bharr roinnt de na saincheisteanna riosca cliniciúla a sainaithin GÉS trína cuid anailíse agus imscrúduithe. Tá GÉS den tuairim nach bhfuil sé praiticiúil agus ní hé an bealach is fearr chun leas a bhaint as a cuid acmhainní mionrianú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí seo.

**Moladh 20.2**

Mar chuid dá nósanna imeachta i leith ceachtanna a foghlaimíodh, ba cheart do GÉS gabháil do phróiseas um measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na nósanna imeachta arna glacadh ag ÚSTanna chun cur i gcoinne na rioscaí arna sainaithint. Mar a fhoráiltear ina shainordú riosca, chuideodh próiseas den sórt sin le GÉS éifeachtacht na ngníomhartha molta a thomhas agus cuntasacht a fheabhsú laistigh de ÚSTanna.

**Freagra an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Aontaím go páirteach.


Eisíonn GÉS comhairle bunaithe ar a anailís ar theagmhais agus ar éilimh chuig FSS agus chuig ÚSTanna eile, baint ghinearálta ag cuid acu agus iad eisithe go ginearálta agus cuid eile díobh atá sainiúil agus spriocdhírithe. Tá sé neamhphraiticiúil agus ní hé an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní é rianú a dhéanamh ar cé acu a chuir na ÚSTanna na moltaí sin i bhfeidhm nó nár chuir, cé go n-iarrann GÉS ar ÚSTanna dearbhú a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm beart maolaithe riosca i gcásanna faoi leith. Cé go bhféadfadh GÉS iarracht a dhéanamh measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na mbeart sin i gcásanna áirithe, ní úsáid éifeachtach a cuid acmhainní a bheadh ann féachaint le hathbhreithnithe den sórt sin a dhéanamh go tráthrialta.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil sé an-deacair do GÉS tionchar a cuid gníomhaíochtaí ar mhinicíocht éileamh faillí cliniciúla a thomhas, mar gheall ar cé chomh deacair agus atá sé treocht atá suntasach ón taobh staitistiúil de a bhrath sa líon éileamh gan trácht ar aon treocht a bhrath a bhaineann le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag GÉS, i bhfianaise na dtosca iomadúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí chun sábháilteacht othar a fheabhsú agus chun riosca a mhaolú.

Maidir le feabhas a chur ar chuntasacht laistigh de ÚSTanna, is faoin ÚST i gceist a bhíonn sé i gcónaí freagracht a ghlacadh as rioscaí a bhainistiú agus as tosaíochtaí bainistíochta riosca a shocrú agus níl i ról bainistíochta riosca GÉS ach ról comhairleach. Ina theannta sin, tá ceanglas ar ÚSTanna cúram sláinte cloí le creat Bainistíochta Teagmhas Náisiúnta FSS, lena n-áirítear ceanglais maidir le hathbhreithnithe, moltaí agus gníomhartha.

**20.56** Tuairiscítear i ráitis airgeadais FSS ar an dliteanas measta SSC arna thabhú mar fhigiúr iomlán comhdhlúite amháin. Tugtar sonraí a bhaineann le héilimh do na ÚSTanna, lena n-áirítear éilimh ghníomhacha, éilimh a tugadh chun críche, agus faisnéis airgeadais. Mar sin féin, ós rud é nach n-íocann siad costais na n-éileamh, níl ceanglas ar na ÚSTanna atá clúdaithe ag an SSC sonraí a nochtadh faoin dliteanas measta ná teagmhais dhíobhálacha thromchúiseacha a admháil, fiú, ina ráitis airgeadais.

## Iarscríbhinn 20A Forbhreathnú ar an bpróiseas bainistíochta éileamh




Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Is uirlis bainistíochta riosca ceann go ceann faoi rún é an Córas Náisiúnta um Theagmhais a Bhainistiú (CNTB) arna forbairt ag GÉS lena gcuirtear ar chumas ÚSTanna teagmhais a thuairisciú do GÉS i gcaitheamh shaolré an teagmhais.

## Iarscríbhinn 20B Gníomhaíochtaí an Aonaid Riosca Chliniciúil

| Gníomhaíocht ARC | Cur síos | Leithdháilte ar na ÚSTanna |
|---|---|---|
| Anailís sonraí an CNTB | Athbhreithniú agus anailís ar theagmhais a tuairiscíodh ar an CNTB, agus bearta leantacha cuí. I measc na ngníomhartha is féidir a dhéanamh, ach gan a bheith teoranta do na gníomhartha seo amháin, tá forbairt fógraí sábháilteachta othar, obair leantach a dhéanamh le ÚSTanna go háitiúil, nó é a chur ar aghaidh chuig FSS. | Tá |
| Anailís ar éilimh (éilimh ghníomhacha agus dhúnta) | Anailísí doimhne ar shonraí éileamh ar mhaithe le foghlaim uathu agus chun an méid a foghlaimíodh a chomhroinnt le ÚSTanna agus le daoine eile. | Tá |
| Tuarascálacha a eisiúint ar anailís ar theagmhais agus ar éilimh | Tuarascálacha mionsonraithe a chur i dtoll a chéile faoi theagmhas nó ábhar éilimh nó téama faoi leith. Déantar anailís dhomhain ar theagmhais agus / nó ar shonraí éileamh ar mhaithe le foghlaim uaithi agus an méid a foghlaimíodh a chomhroinnt leis an gcóras. | Tá |
| Anailís ÉTRT ar éilimh faillí cliniciúla nua | Déanann GÉS tuairisciú teagmhais ag eagraíochtaí a thomhas agus príomhtháscaire feidhmíochta (PTF) á úsáid aici ar a dtugtar 'éilimh dheilte a tuairiscíodh roimhe seo mar theagmhais' (ΔCPRI). Tá an PTF seo deartha chun ÚSTanna a spreagadh chun teagmhais a thuairisciú, agus cultúr foghlama a chothú ar an gcaoi sin. | Tá |
| Comhairle a thabhairt faoi riosca cliniciúil agus faoi shlánaíocht | Ceisteanna ó ÚSTanna a fhreagairt Baineann na ceisteanna sin le comhairle faoi bhainistíocht riosca, comhairle faoi shlánaíocht, agus treoir maidir le teagmhais a thuairisciú. | Tá |
| Oideachas agus oiliúint do ÚSTanna agus d'institiúidí ardoideachais | Seisiúin oideachais a reáchtáil ina dtugann baill den ARC eolas faoi réimsí amhail bainistíocht riosca, sábháilteacht othar agus tuairisciú teagmhas. | Tá |
| Comhdhálacha agus seimineáir ghréasáin | Comhdhálacha agus seimineáir Ghréasáin arna n-óstáil ag an ARC ar réimse leathan ábhar a bhaineann le sábháilteacht othar. | Tá |
| Ionadaíocht a bheith aige ar roinnt comhlachtaí agus grúpaí náisiúnta | Ionadaíocht ARC ar réimse leathan de chomhlachtaí agus grúpaí náisiúnta, lena n-áirítear an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar, Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta Bhord FSS, agus comhchathaoirleacht ar an nGrúpa Gníomhaíochta Náisiúnta um Einceifileapaite Nuabheirthe (GGNEN). | Tá |
| Plé leanúnach a dhéanamh le ÚSTanna agus le páirtithe leasmhara | Baill den ARC tar éis dul i mbun plé le cliaint agus le páirtithe leasmhara. Mar chuid den phlé sin tá cruinnithe le ÚSTanna, le príomhpháirtithe leasmhara laistigh de FSS agus ar bhonn náisiúnta. | Tá |
| Treochtaí riosca a shainaithint agus aird na ÚSTanna a tharraingt orthu | Plé le ÚSTanna ar shaincheisteanna riosca ar leith agus dearbhú a lorg ó na ÚSTanna á rá go bhfuil bearta maolaithe cuí á gcur i bhfeidhm. | Tá |

| Gníomhaíocht ARC | Cur síos | Leithdháilte ar na ÚSTanna |
|---|---|---|
| Tionscnaimh náisiúnta um riosca a mhaolú a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an FSS | Tá baint ag an ARC le tionscnaimh náisiúnta um riosca a mhaolú a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an FSS (e.g., an clár GGNEN). | Tá |
| Foilsiú nuachtlitreach a thugann léargas ar Riosca Cliniciúil | Nuachtlitir a chumann an ARC agus a leithdháiltear go forleathan — cuimsíonn sí ailt ar shaincheisteanna bainistíochta riosca chliniciúil, cás-staidéir, nuashonruithe CNTB. | Tá |
| Tionscadail um Fheabhsú Leanúnach CNTB | Is baill foirne de thionscadail CNTB iad foireann an ARC agus cuireann siad le feabhsú agus éabhlóidiú an chórais ar bhonn leanúnach, i gcomhar le FSS. | Tá |

Foinse: An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

# 21 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**21.1** Ceanglaítear le halt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) (Acht 1990), ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choimeád den airgead ar fad a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur isteach go bliantúil lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ar an iniúchadh a chríochnú, caithfidh GBCN na cuntais agus na tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara a chur isteach chuig an Aire, a chaithfidh iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**21.2** Ar leithligh, ceanglaítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna arna gcur i gcuntas ag GBCN gach bliain. Is í seo an tuarascáil le haghaidh 2021 faoin alt sin d'Acht 1990.

## Cuntais GBCN 2021

**21.3** Seo a leanas na cuntais arna n-iniúchadh faoi alt 12 d'Acht 1990:

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ciste Bhanc Taisce an Phoist
- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát[1]
- An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ)
- Ciste eascró Apple na hÉireann[2]
- Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla).

**21.4** Ar leithligh, ullmhaíonn GBCN ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin (faoi Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001) agus ráitis airgeadais an Chiste Carbóin (faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007). Foilsíonn GBCN iad sin i dteannta na gcuntas eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.

**21.5** Tá iniúchadh déanta ar na cuntais le haghaidh 2021. Eisíodh mo thuarascáil ar na hiniúchtaí an 16 Bealtaine 2022.

1 Féach Caibidil 20 *Bainistíocht ar an Scéim Slánaíochta Cliniciúla* le haghaidh mionsonraí faoi bhainistíocht na scéime sin ag an Stát.

2 Féach Caibidil 22 *Ciste eascró Apple na hÉireann* le haghaidh mionsonraí faoi bhunú an chiste, agus faoi chuntas a dhéanamh ar an gciste sin.


## Struchtúr, costais agus foireann na gníomhaireachta

**21.6** Bunaíodh GBCN ar dtús sa bhliain 1990. Tá sé forbartha idir an dá linn agus is eagraíocht chasta atá ann anois ag a bhfuil feidhmeanna éagsúla a théann níos faide ná a ról bunaidh agus príomhról i ndáil le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú (féach Fíor 21.1). Déantar achoimre i bhFíor 21.2 ar dháileadh chostais GBCN i ndáil leis na feidhmeanna ar fad.

**21.7** Ag deireadh 2021, bhí 783 bhall foirne ar fad ag obair in GBCN ar bhonn coibhéise lánaimseartha. Tá léargas le fáil ar shannadh ball foirne chuig feidhmeanna agus gníomhaíochtaí éagsúla i bhFíor 21.3.

**21.8** Seo a leanas na daoine atá páirteach i bhfoireann ardbhainistíochta GBCN — an Príomhfheidhmeannach, an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin, Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, an Príomhoifigeach Daoine, an Príomhoifigeach Dlí, Stiúrthóir CISÉ, Stiúrthóir na Bainistíochta Maoinithe agus Fiachais, Stiúrthóir na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus NewERA, agus an Ceannasaí Baincéireachta (atá ar iasacht don Roinn Airgeadais).

**Fíor 21.1 Feidhmeanna Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:

a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh ghníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/eintitis seo.

b I gcás maoiniú Stáit, bainistiú fiachais agus seirbhís bainistithe státchiste, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, Chiste Bhanc Taisce an Phoist agus an fhiachais náisiúnta.

c Ghlac an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ISIF) seilbh ar shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) in 2014. Amhail an 31 Nollaig 2021, ní raibh aon sócmhainní fágtha sa NPRF. Díscaoileadh Coimisiún an NPRF an 31 Nollaig 2021. Ullmhaíodh cuntais 2021 an NPRF agus rinneadh iad a iniúchadh le haghaidh na tréimhse sin.

d Aistríodh €1,500 milliún as Cúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) chuig an Státchiste i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun go bhféadfar caiteachas poiblí a úsáid chun tionchar phaindéim Covid-19 a mhaolú. Tá iarmhéid nialais sa Chiste ó rinneadh an t-aistriú sin.

**Fíor 21.2 Costas oibríochtaí, de réir an réimse gnó, 2018 go 2021**

| Aonaid ghnó GBCN | 2018 €m | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 12.3 | 12.3 | 12.6 | 12.4 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 14.5 | 15.2 | 16.0 | 17.2 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 25.0 | 28.5 | 28.1 | 29.2 |
| NewERA | 6.1 | 6.0 | 5.8 | 6.1 |
| Aonad Baincéireachta (an Rannóg um Chomhairle Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 3.8 | 3.9 | 1.8 | 2.2 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 11.3 | 12.6 | 11.3 | 11.6 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 40.8 | 40.7 | 33.9 | 30.2 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 5.9 | 5.9 | 6.2 | 6.5 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann[a] | — | 5.3 | 5.0 | 6.0 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **119.7** | **130.4** | **120.7** | **121.4** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Níor tháinig aon chostais chun cinn maidir le HBFI roimh 2019.

**Fíor 21.3 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh na bliana, 2018 go 2021[a]**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid ghnó GBCN** | | | | |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 24 | 23 | 23 | 23 |
| An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn | 42 | 47 | 53 | 59 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 148 | 156 | 166 | 170 |
| NewERA | 26 | 25 | 26 | 29 |
| Aonad Baincéireachta (an Rannóg um Chomhairle Scarsheilbhe agus Maoinithe, an Roinn Airgeadais) | 11 | 11 | 9 | 8 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 63 | 64 | 67 | 67 |
| **Feidhmeanna corparáideacha GBCN** | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 138 | 133 | 145 | 143 |
| Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchóireacht inmheánach | 46 | 43 | 48 | 55 |
| Riosca | 21 | 20 | 20 | 20 |
| Eile | 9 | 3 | 1 | 1 |
| **Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 236 | 210 | 174 | 145 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 17 | 23 | 28 | 32 |
| Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann | 5 | 21 | 27 | 31 |
| **Iomlán** | **786** | **779** | **787** | **783** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Tá na figiúirí bunaithe ar choibhéisí lánaimseartha.

### *Pá atá bainteach le feidhmíocht*

**21.9** Cuirtear soláthar d'íocaíocht roghnach atá bainteach le feidhmíocht ar áireamh sa chuid is mó de chonarthaí fostaí an GBCN. Tá Coiste Luach Saothair GBCN freagrach as suim iomlán an phá atá bainteach le feidhmíocht do GBCN a cheadú i gcaitheamh aon bhliana agus as dámhachtainí aonair molta a cheadú do bhaill den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (FBF). Déanann an Príomhoifigeach dámhachtainí íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht d'fhostaithe faoi bhun leibhéal an FBF a cheadú tar éis athbhreithniú ag fochoiste de chuid an FBF.

**21.10** Rinneadh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht de €2.22 milliún le 231 fhostaí le haghaidh 2021, agus as an tsuim sin, íocadh €195,000 le seisear ball den FBF. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht le haghaidh 2020. Ní bhfuair Príomhfheidhmeannach GBCN íocaíocht atá bainteach le feidhmíocht i ndáil le 2021.

### *Gníomhaireachtaí a fhaigheann tacaíocht*

**21.11** I dteannta a oibríochtaí féin, sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (HBFI), agus soláthraíonn sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar bhonn aisghabháil costas. Tá a bhord féin ag gach ceann de na heintitis a fhaigheann tacaíocht agus tá sé cuntasach ar leithligh do Dháil Éireann.

**21.12** Dámhadh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht de €511,000 do bhaill foirne de GBCN a sannadh do ghníomhaireachtaí eile le haghaidh 2021 — GNBS €371,000, SBCI €85,000 agus HBFI €55,000. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht le baill foirne de GBCN a sannadh do ghníomhaireachtaí tacaithe le haghaidh 2020.

### *Soláthar foirne fheidhmeanna an chórais baincéireachta*

**21.13** Tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht don Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith, áit a bhfuil sé mar chuid den Rannóg um Chomhairle Scairsheilbhe agus Maoinithe sa Roinn. Ar ordú ón Aire, tá GBCN freagrach as déileáil le costais an Aonaid Baincéireachta, a gcuimsítear iontu costais foirne agus costais chomhairleora ghairmiúil áirithe eile. Bhí na costais ar thabhaigh GBCN iad in 2021 i ndáil leis an Aonad Baincéireachta cothrom le €2.2 milliún (2020: €1.8 milliún).

## Príomhoibríochtaí GBCN in 2021

**21.14** Baineann na príomhfhorbairtí in oibríochtaí GBCN in 2021 leo seo:

- méadú €17.7 billiún (8.1%) ar leibhéal an ollfhiachais náisiúnta
- méadú €1.7 billiún ar luach measta na nglansócmhainní de chuid an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
- diúscairt 67 milliún scair (6.1%) de chuid scairsheilbh an Stáit i mBanc na hÉireann
- leanúint den treocht aníos i ndliteanas teagmhasach measta na n-éileamh atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.


## Fiachas náisiúnta

**21.15** Is í príomhfheidhm GBCN iasachtaí a fháil thar ceann an Aire agus fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tá sé sin sainithe in Acht GBCN, 1990, mar fhiachas iomlán gan íoc ag an Státchiste i láthair na huaire.[1]

**21.16** Amhail an 31 Nollaig 2021, ba é méid iomlán an fhiachais náisiúnta ná €237,177 milliún (2020: €219,482 mhilliún) (féach Fíor 21.4). Bhain an méadú €17,695 mhilliún (nó beagnach 8.1%) in 2021 le glancheanglais bhreise maoinithe an Stáit, mar thoradh ar an bhfreagairt do phaindéim Covid-19.

**21.17** Bhí costais seirbhísithe fiachais a íocadh in 2021 cothrom le €3,745 mhilliún agus áiríodh leo glan-ús íoctha, táillí idirbhirt agus costais oibriúcháin. B'ionann é sin agus laghdú €4,676 mhilliún in 2020, agus fianaise ar threocht anuas atá ag tarlú ó 2014 i leith. Baineann sé sin go príomha le hathmhaoiniú leanúnach GBCN ar an bhfiachas i gcaitheamh roinnt blianta i gcomhthéacs timpeallachta idirnáisiúnta ina bhfuil ráta íseal úis.

**Fíor 21.4 Fiachas náisiúnta agus costais seirbhísithe fiachais, 2007 go 2021**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

1 Féach alt 1 d'Acht 1990.

**21.18** Bhí sé beartaithe ag GBCN ar dtús idir €16 billiún agus €20 billiún a charnadh i maoiniú bannaí le linn 2021, ar aon dul lena chuspóirí athmhaoinithe fiachais. Tar éis fhoilsiú Ráiteas Eacnamaíoch an Rialtais don Samhradh i mí Iúil 2021, leasaigh GBCN an raon maoinithe go suim idir €18 mbilliún agus €20 billiún. I gcaitheamh na bliana, chuir GBCN eisiúint bannaí tagarmhairc dar luach €18.5 billiún i gcrích. Eisíodh €0.8 billiún breise i gceantanna bannaí neamhiomaíocha, rud a d'fhág go raibh an eisiúint iomlán bannaí cothrom le €19.3 billiún.

**21.19** Reáchtáil GBCN sé cheant bannaí le linn 2021, agus eisíodh bannaí dar luach €10.3 billiún. Ina theannta sin, thug GBCN faoi dhá shindeacáit bannaí le linn na bliana, agus eisíodh €5.5 billiún de bhannaí nua 10 mbliana agus €3.5 billiún de bhannaí nua 20 bliain. Bhí na torthaí a bhain leis an dá bhanna nua a eisíodh trí shindeacáitiú sa raon idir -0.257% agus 0.585%.[1]

**21.20** Tharraing GBCN an méid seo a leanas anuas freisin in 2021

- €1 billiún i bhfiachas fadtéarmach eile, a eisíodh faoina chlár Nóta Meántéarmach Euro de chuid GBCN. Bhí ocht láithriú phríobháideacha ráta sheasta ann a thiocfadh in aibíocht tar éis fadtréimhsí, idir 65 bliana agus 100 bliain, agus banna 30 bliain amháin nasctha leis an mboilsciú.
- Tharraing GBCN síos iasacht €2.5 billiún ón gclár le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a Mhaolú i gcás Éigeandála (Clár SURE). Tá an iasacht SURE ceaptha chun tacú le ballstáit déileáil le tionchar phaindéim COVID-19 ar an bhfostaíocht.
- Tarraingíodh aníos iasacht €0.2 billiún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

**21.21** Leis sin, tógadh suim iomlán na hiasachtaíochta fadtéarmaí in 2021 go €23 billiún.

1 Is éard is díolachán banna sindeacáite ann ná eisiúint banna nua nó banna atá ann cheana trí shindeacáit déileálaithe príomha de bhannaí rialtais na hÉireann. Faoi láthair, aithníonn GBCN 14 dhéileálaí príomha — forais idirnáisiúnta airgeadais den chuid is mó — atá freagrach as cruthú margaidh agus díol agus dáileadh bhannaí rialtais na hÉireann le hinfheisteoirí deiridh.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn


**21.22** Bunaíodh an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) i mí na Nollag 2014, de bhun an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014. Ar a bhunú, tháinig sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) chun bheith ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISÉ.

**21.23** Tá sócmhainní CISÉ á gcoimeád ina dhá bpunann.

- Tá an ***phunann infheistíochta spriocdhírithe*** faoi réir orduithe arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais.[1] Tá na sócmhainní sa phunann comhdhéanta d'infheistíochtaí i roinnt banc. D'ordaigh an tAire go ndéanfaí aon ús nó ioncam eile a fhaightear i ndáil le taiscí agus/nó urrúis atá i seilbh na punainne spriocdhírithe a aistriú chuig an bpunann lánroghnach infheistíochta agus déanann GBCN iad a shealbhú nó a infheistiú (féach thíos).
- Tá an ***phunann lánroghnach infheistíochta*** comhdhéanta d'infheistíochtaí a rinneadh de réir ailt ábhartha Acht 2014, i gcás go sealbhaíonn nó go n-infheistíonn GBCN sócmhainní CISÉ (seachas infheistíochtaí spriocdhírithe) ar bhonn tráchtála.

**21.24** Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí glansócmhainní de €14.4 billiún (2020: €12.7 billiún) i seilbh CISÉ. Is é a bhí sna glansócmhainní €4.8 billiún sa phunann spriocdhírithe, ar méadú é ó €3.9 billiún ag deireadh 2020; agus €9.6 billiún sa phunann lánroghnach, ar méadú é ó €8.8 billiún ag deireadh 2020 (féach Fíor 21.5).

**Fíor 21.5 Luach ghlansócmhainní CISÉ, 2014 go 2021**




Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, 2014 go 2021. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Punann infheistíochta spriocdhírithe*

**21.25** Baineann an méadú €900 milliún ar luach na punainne spriocdhírithe den chuid is mó le feabhas ar mhargadhluach scaireanna Bhanc-Aontas Éireann (AIB) agus Bhanc na hÉireann (BOI). Ag deireadh 2021, bhí luach €2.084 in aghaidh na scaire (2020: €1.678 in aghaidh na scaire) luaite le scaireanna in AIB agus bhí luach €4.986 in aghaidh na scaire (2020: €3.296 in aghaidh na scaire) luaite le scaireanna BOI.

1 Déantar foráil le halt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire treoir a thabhairt do GBCN maidir le sealbhú agus bainistíocht infheistíochta dírithe, feidhmiú aon cheart vótála a ghabhann le haon infheistíocht dhírithe, nó diúscairt infheistíochta dírithe.

**21.26** Ar an 23 Meitheamh agus an 4 Samhain 2021, d'ordaigh an tAire Airgeadais do GBCN díolachán cuid de scairsheilbh an Stáit in BOI a éascú, trí phlean trádála scaireanna agus ina dhiaidh sin glanfháltais an díolacháin a aistriú chuig an Státchiste. Rinneadh 67 milliún scair BOI a dhiúscairt le linn 2021. Aistríodh glanfháltais de €249 milliún ó dhiúscairt na scaireanna chuig an Státchiste an 10 Samhain 2021. Bhí scairsheilbh dhíreach CISÉ i mBanc na hÉireann laghdaithe go 7.81% faoin 31 Nollaig 2021 (2020: 13.95%).

**21.27** An 21 Nollaig 2021, d'ordaigh an tAire Airgeadais do GBCN díolachán cuid de scairsheilbh an Stáit in BOI a éascú, trí phlean trádála scaireanna thar thréimhse suas le sé mhí agus ina dhiaidh sin glanfháltais an díolacháin a aistriú chuig an Státchiste.

### *Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime*

**21.28** I mí na Bealtaine 2020, thug an tAire Airgeadais ordú do CISÉ ciste €2 billiún a chur ar fáil, rud ar a dtabharfaí Ciste Cobhsaíochta agus Téarnaimh na Paindéime (PSRF). Is é atá mar aidhm le PSRF — ar bhonn tráchtála — tacaíocht a thabhairt d'fhiontair mheánmhéide agus mhóra in Éirinn a raibh tionchar ag paindéim Covid-19 orthu, agus béim á leagan ar fhiontair ag a bhfuil breis is 250 fostaí fostaithe nó ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil sa bhreis ar €50 milliún. Tá an PSRF ina fho-phunann de chuid phunann lánroghnach CISÉ agus oibríonn sé de réir shainchúram reachtúil CISÉ.

**21.29** Tá sé sonraithe ag GBCN, agus an geilleagar ag aistriú ó chéim cobhsaithe go céim téarnaimh, go leagtar béim faoi leith leis an PSRF ar athfhorbairt réigiúnach, ar ghnólachtaí dúchasacha, ar thithíocht, ar an athrú aeráide, ar bhia agus talmhaíocht, agus ar an mBreatimeacht. Leanann sé air ag úsáid an PSRF chun tacú le hinfheistíochtaí indíreacha agus díreacha nua agus reatha, lena n-áirítear cistí infheistíochta áirithe, áit a mbaineann straitéisí na gcistí leis a bpaindéim, i rith 2021.

**21.30** Tá sé sonraithe ag GBCN gur tugadh ceadú do 32 infheistíocht nua PSRF, a chomhdhéanann caipiteal carnach de €1 bhilliún. As an tsuim sin, gealladh €670 milliún do 25 infheistíocht ar leithligh le linn 2021, agus meánmhéid infheistíochta de €27 milliún ann.

### *Clár infheistíochta uirbí agus straitéis nua infheistíochta*

**21.31** I mí an Mheithimh 2022, d'fhógair CISÉ clár infheistíochta de €500 milliún le haghaidh na 5 chathair réigiúnacha in Éirinn (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge agus Cill Chainnigh). Tá an clár sin dírithe ar áiteanna nua oibre, ar áiteanna cónaithe agus ar athnuachan lár na gcathracha réigiúnacha. Luaigh an tAire Airgeadais ag an am go bhfágfaí solúbthacht na straitéise nua infheistíochta de chuid CISÉ go mbeifí in ann an PSRF, a bunaíodh mar fhreagairt don phaindéim, a scor.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

**21.32** Bainistíonn GBCN éilimh a bhaineann le díobháil phearsanta, lena n-áirítear faillí chliniciúil, agus éilimh tríú páirtí a bhaineann le damáiste do réadmhaoin thar ceann an Stáit agus thar ceann údaráis tharmligthe Stáit. Lena chois sin, tá ról bainistíochta riosca aige, ina dtugann sé comhairle agus cabhair d'údaráis Stáit chun a neamhchosaint ar éilimh a laghdú. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú agus bainistiú ar éilimh chostais tríú páirtí i gcoinne an Stáit agus údaráis tharmligthe Stáit, a eascraíonn as gach catagóir dlíthíochta. Agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích, tugtar 'an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS)' ar GBCN.

### *Síneadh a chur le scóip na n-éileamh (mar thoradh ar an bhfreagairt do phaindéim Covid-19)*

**21.33** Le linn 2020, rinneadh bainistíocht ar éilimh áirithe in aghaidh saoráidí príobháideacha cúraim sláinte agus cliniceoirí a tharmligean chuig GÉS. D'eascair sé sin ó shocrú príobháideach le haghaidh ospidéil phríobháideacha agus cliniceoirí príobháideacha chun saoráidí agus seirbhísí gairmiúla leighis a shocrú don chóras sláinte poiblí i ndáil le bainistiú chásanna Covid-19 agus soláthar géarchúraim ospidéil ginearálta le linn na paindéime. Tarmligeadh bainistíocht éileamh i gcoinne cuideachta earnála príobháidí a bhí ag cabhrú le clár tástála Covid-19 do GÉS freisin in 2020.

**21.34** Luaigh GÉS go bhfuarthas líon réasúnta beag éileamh i ndáil le Covid-19 faoi dheireadh 2021.

### *Socrú éileamh in 2021*

**21.35** Bhí dámhachtainí agus costais ghaolmhara éilimh a bhain le GÉS in 2021 cothrom le €513 mhilliún san iomlán — méadú 19% i gcaitheamh na bliana (2020: €430 milliún).[1] Tá na costais sin in-fhorchúitithe ó na húdaráis ábhartha Stáit atá ag baint tairbhe as seirbhísí GÉS.


**21.36** I dteannta na gcostas socrúcháin, thabhaigh GBCN €29.2 milliún (2020: €28.1 milliún) i gcostais riaracháin a bhain le cur i gcrích fheidhmeanna GÉS. Tá na costais riaracháin sin curtha ar áireamh i gcostais riaracháin GBCN, a mhuirearaítear ar an Lárchiste.

**21.37** Tá an costas measta a bhaineann le réiteach éileamh gan íoc ag méadú go seasta.[2] Mheas GSÉ go raibh an dliteanas measta gan íoc ag deireadh 2021 cothrom le €4.53 billiún — níos mó ná ceithre oiread an dliteanais mheasta gan íoc a bhí ann ag deireadh 2012 (féach Fíor 21.6).

1 Cuimsítear ann gach dámhachtain agus costas a íocadh faoi na scéimeanna ginearálta agus cliniciúla slánaíochta agus gach costas eile ar íoc Aonad na gCostas Dlíthiúil iad — lena n-áirítear costais Bhinse.

2 As an dliteanas measta gan íoc ag deireadh na bliana, arbh ionann é agus €4.53 billiún, baineann €562.1 milliún le horduithe íocaíochta eatramhacha agus 'orduithe íocaíochta tréimhsiúla'.


**Fíor 21.6 Dliteanas measta um éilimh gan íoc ag deireadh na bliana, 2012 go 2021**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**21.38** Socraíodh thart ar 4,100 éileamh in 2021— méadú 27% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú ar an líon éileamh a bhí faoi bhainistiú ag GÉS ag deireadh na bliana, ach figiúr ard ann fós (féach Fíor 21.7). Ag deireadh 2021, bhí 11,408 n-éileamh faoi bhainistiú, lena n-áirítear 2,016 éileamh mar chuid d'ollchaingne (ginearálta agus cliniciúil).

**Fíor 21.7 Éilimh a fuarthas agus a socraíodh gach bliain, agus éilimh faoi bhainistiú, ag deireadh na bliana ó 2012 go 2021**





Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**21.39** Ba le comhlachtaí san earnáil sláinte (lena n-áirítear FSS agus an Roinn Sláinte) a bhain 92% den dliteanas measta gan íoc ag deireadh 2021. Ba le dhá earnáil eile (Dlí agus Ceart agus Cosaint, agus Oideachas) a bhain 5% eile (féach Fíor 21.8).

**Fíor 21.8 Cion den dliteanas measta gan íoc le haghaidh gach earnála údarás Stáit, ag deireadh 2021**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Cuimsíonn an earnáil sláinte FSS, an Roinn Sláinte agus na comhlachtaí atá faoina coimirce.
b Cuimsíonn an earnáil Dlí agus Cirt agus Cosanta Seirbhís Phríosúin na hÉireann, an Garda Síochána, Óglaigh na hÉireann agus comhlachtaí áirithe eile.
c Tá éilimh Tusla ar áireamh sa chatagóir 'Eile' ós rud é go bhfuil siad faoi choimirce an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

### *Dlíthíocht ar ailse cheirbheacs*

**21.40** Ag deireadh 2021, bhí fógra faighte ag GÉS maidir le 340 éileamh i gcoinne chlár CervicalCheck FSS (deireadh 2020: 234 éileamh).[1] Cuimsítear ansin 68 n-éileamh a bhain le díobháil shíceolaíoch ó bhaill teaghlaigh leis na mná i gceist.

**21.41** Tugadh 42 éileamh in aghaidh an chláir CervicalCheck chun críche in 2021, rud a d'fhág go raibh an líon iomlán éileamh a tugadh chun críche ag deireadh 2021 cothrom le 64 éileamh. Táirgtear idirghabháil i nach mór gach cás a bhaineann le CervicalCheck.

### *Íocaíochtaí míchearta*

**21.42** I ráiteas GBCN faoi rialú inmheánach le haghaidh na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2021, nochtar go ndearnadh roinnt íocaíochtaí míchearta le linn na bliana le soláthraithe seirbhíse GBCN. Tharla cúig cinn déag d'íocaíochtaí míchearta, dar luach €345,666 san iomlán. D'fhill na híocaithe na híocaíochtaí agus níor tháinig aon ghlanchaillteanais don Státchiste chun cinn.

**21.43** Déantar cuid de na próisis ghnó a úsáideann GÉS chun íocaíochtaí a dhéanamh de láimh i bpáirt, agus bhí íocaíochtaí míchearta ann mar thoradh ar earráidí le cur i bhfeidhm seiceálacha ar na hidirbhearta sin.

**21.44** Tá a chuid rialuithe agus próiseas feabhsaithe ag GBCN chun an riosca gnó sin a mhaolú in 2020 agus 2021 agus tá sé ag obair chun aon fheabhsúcháin bhreise a aithint maidir leis na rialuithe agus na nósanna imeachta ábhartha.

1 Tá Binse CervicalCheck i mbun feidhme ó mhí na Nollag 2020 i leith, mar chóras malartach ar na cúirteanna chun éilimh a thagann chun cinn a phróiseáil. Fágtar faoi na gearánaigh i ngach cás a chinneadh cibé acu an mian leo éilimh a thabhairt chuig an mBinse nó iad a chur tríd na cúirteanna. I gcás na ngearánach a chuireann éilimh faoi bhráid an Bhinse, coimeádann siad an ceart chun achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte.

### *Eisceachtaí soláthair agus finnéithe saineolacha*

**21.45** Le linn 2021, rinne GBCN íocaíochtaí dar luach iomlán €6.15 milliún (gan CBL a áireamh) (2020: €6.77 milliún) i dtaobh earraí/seirbhísí a bhí faoi réir eisceachtaí soláthair arna gceadú i gcomhréir le Beartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair GBCN.


**21.46** D'fhan leibhéal iomlán an tsoláthair neamhiomaíoch ag GBCN ar leibhéal measartha comhsheasmhach le cúig bliana anuas. Mhéadaigh an cion den chaiteachas a bhaineann le finnéithe saineolacha arna gcoinneáil ag GÉS bliain i ndiaidh bliana i gcaitheamh na tréimhse céanna (féach Fíor 21.9). Tá méadú tagtha ar na costais as finnéithe saineolacha a sholáthar go neamhiomaíoch ó 40% d'iomlán na n-eisceachtaí soláthair in 2017, go 81% in 2021. Chomh maith leis sin, d'éirigh punann éileamh an Stáit níos mó agus níos casta i gcaitheamh an ama sin.

**21.47** Cuireann GÉS a chuid finnéithe saineolacha in dhá chatagóir leathana — finnéithe i ndáil le cúis agus dliteanas (e.g., finnéithe leighis agus innealtóra), agus finnéithe i ndáil le candam agus fíric (e.g., finnéithe achtúireacha). Ní dhéanann GÉS finnéithe i ndáil le cúis agus dliteanas a sholáthar go hiomaíoch ar an mbonn go meastar go dtiocfadh leibhéal breise riosca dlíthíochta chun cinn de thoradh phróiseas soláthair den sórt sin i ndáil le neamhspleáchas na bhfinnéithe sin.

**21.48** Thabhaigh GÉS costais bhreise as finnéithe saineolacha de €4.99 milliún (2020: €4.71 milliún) in 2021. Bhain 90% de na costais sin le finnéithe cúise agus dliteanais, agus cuireadh an 10% eile i leith finnéithe candaim agus fírice.

**21.49** Soláthraíodh painéal de bheirt soláthraithe seirbhíse in 2021 chun seirbhísí finnéithe achtúireacha saineolacha a sholáthar. Chuir GÉS in iúl go bhfuil sé beartaithe aige tairiscintí a lorg le haghaidh seirbhísí áirithe eile um fhinnéithe saineolacha maidir le candam agus fíric (imscrúdaitheoirí príobháideacha agus ailtirí) in 2022.

**Fíor 21.9 Eisceachtaí soláthair GBCN, 2017 go 2021**




Foinse: Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2017 go 2021. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

# 22 Ciste eascró Apple na hÉireann

**22.1** Is ciste ilbhilliún euro é ciste eascró Apple na hÉireann a choinnítear faoi théarmaí comhaontaithe fhoirmiúil idir an tAire Airgeadais (an tAire) agus Apple Sales International Limited agus Apple Operations Europe Limited (dá ngairtear Apple go comhpháirteach), ar feitheamh thoradh deiridh na n-agóidí dlíthiúla in aghaidh na gcinntí ó imscrúdú Státchabhrach a rinne an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún). Déanann an tAire agus Apple formhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste i gcomhpháirt. Tharmlig an tAire a fheidhmeanna ina leith sin chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).

## Bunús an chiste eascró

**22.2** I mí an Mheithimh 2014, d'oscail an Coimisiún Eorpach nós imeachta foirmiúil imscrúdaithe ar na tuairimí cánach a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim sna blianta 1991 agus 2007 chuig Apple. Bhí an t-imscrúdú dírithe ar a aimsiú ar thug na tuairimí sin aon bhuntáiste d'fhochuideachtaí Apple Ireland i gcoibhneas le hiomaitheoirí, sa chaoi is go mbeidís ina Státchabhair.

**22.3** I mí Lúnasa 2016, d'eisigh an Coimisiún cinneadh ('an cinneadh ón gCoimisiún') inar thángthas ar an gconclúid gur thug Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple.[1]

**22.4** D'ordaigh an Coimisiún d'Éirinn an Státchabhair líomhnaithe móide ús, a bhain le tréimhse deich mbliana ó 2003 suas go 2014, a aisghabháil ó Apple.[2] Mheas an Coimisiún go raibh an Státchabhair a líomhnaítear gur deonaíodh í cothrom le thart ar €13 billiún. Rinne Rialtas na hÉireann agus Apple achomhairc ar leithligh i gcoinne an chinnidh ón gCoimisiún.

**22.5** D'ainneoin achomharc na hÉireann i gcoinne an chinnidh ón gCoimisiún, chomhlíon Rialtas na hÉireann an oibleagáid a bhí air an Státchabhair líomhnaithe móide ús a aisghabháil ó Apple. D'aontaigh an tAire le Apple go gcoinneofaí na suimeanna a bhaileofaí i gciste eascró go dtí go mbeadh an próiseas dlí críochnaithe.

**22.6** Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim an Státchabhair líomhnaithe a bhí le bailiú trí thagairt a dhéanamh don chinneadh ón gCoimisiún. B'ionann an tsuim agus €13.1 billiún móide ús de €1.2 billiún. D'aistrigh Apple €14.3 billiún isteach sa chuntas eascró in 2018.[3]

**22.7** I mí Iúil 2020, d'eisigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an breithiúnas uaithi i leith an cháis achomhairc. Chuir an Chúirt an cinneadh ón gCoimisiún gur thug Éire Státchabhair neamhdhleathach do Apple ar neamhní.

**22.8** Thaisc an Coimisiún achomharc i gcoinne an bhreithiúnais ón gCúirt. Mar thoradh air sin, fanfaidh an t-airgead in eascró go dtí go dtabharfaidh an Chúirt Eorpach cinneadh críochnaitheach. D'fhéadfadh go dtógfadh an próiseas dlíthíochta sin roinnt blianta. Tá dáta fós le socrú ag an gCúirt don éisteacht achomhairc agus níl aon oibleagáid uirthi tréimhse fógra íosta a sholáthar maidir le dáta éisteachta. Chuir an Roinn Airgeadais in iúl go bhfuil sé go hiomlán faoi rogha na Cúirte am na héisteachta achomhairc a shocrú.

1 Cinneadh ón gCoimisiún maidir le Státchabhair SA.38373 an 30 Lúnasa 2016.

2 Airteagal 9, Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004. Is é cás Apple na hÉireann an aisghabháil Státchabhrach is mó a ordaíodh riamh.

3 Tá na figiúirí sa tuarascáil seo slánaithe.

## Formhaoirseacht agus bainistíocht ar an gciste

**22.9** Trí na cistí a chur i gcuntas eascró, ligtear do na páirtithe eascró (an tAire agus Apple) a chinneadh i gcomhpháirt conas a infheistítear na cistí sin go dtí go dtabharfaidh an Chúirt Eorpach breithiúnas críochnaitheach agus go gcinnfear úinéir deiridh an chiste.

**22.10** I mí Aibreáin 2018, rinne an tAire agus Apple gníomhas creata eascró. Leagtar amach sa ghníomhas sin na socruithe mionsonraithe dlí lena rialaítear bailiú cistí ó Apple, an chaoi a mbainisteofar iad agus aon eisiúintí riachtanacha ón gcuntas eascró. Déantar achoimre ar na socruithe maidir le formhaoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht ar an gciste in Iarscríbhinn 22A.

## Straitéis infheistíochta

**22.11** Tá na prionsabail agus na paraiméadair infheistíochta don chiste eascró leagtha amach sa bheartas infheistíochta. Is é cuspóir an bheartais infheistíochta ná luach caipitiúil an chiste eascró a chaomhnú a mhéid is féidir i bhfianaise na ndálaí margaidh atá i réim. Is 'íseal' atá an fonn riosca chomhaontaithe i leith an chiste eascró, agus ní cheadaítear infheistíochtaí ach in urrúis a bhfuil leibhéal íseal riosca bhunúsaigh acu, amhail urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte ar urrúis ghearrthéarmacha nó mheántéarmacha iad. Déanann an coiste infheistíochta athbhreithniú tréimhsiúil ar oiriúnacht leanúnach an bheartais infheistíochta.[1]

**22.12** Tá an ciste eascró gan chosaint ar rioscaí éagsúla margaidh, leachtachta agus creidmheasa. Féachann an clár bainistíochta riosca don chiste le héifeachtaí díobhálacha féideartha na rioscaí ar a fheidhmíocht airgeadais a íoslaghdú.

**22.13** Is iad na bainisteoirí infheistíochta a dhéanann bainistíocht agus monatóireacht ar rioscaí. Déanann an gníomhaire/coimeádaí eascró monatóireacht neamhspleách ar an dóigh a mbíonn na bainisteoirí infheistíochta ag comhlíonadh a sainorduithe agus tuairiscíonn siad do GBCN agus Apple ar bhonn laethúil. Tá na sainorduithe a eisítear chuig na bainisteoirí infheistíochta comhsheasmhach leis an mbeartas infheistíochta don chiste. Déanann an coiste infheistíochta breithniú ar chomhlíonadh an bheartais infheistíochta ar bhonn ráithiúil. Tionóltar cruinnithe tráthrialta idir an coiste infheistíochta agus na bainisteoirí infheistíochta chun feidhmíocht na mbainisteoirí infheistíochta agus feidhmíocht an chiste eascró fhoriomláin a athbhreithniú.

## Feidhmíocht an chiste eascró

**22.14** Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna), de réir mar a threoraíonn an tAire.[2,3] Déantar luacháil ar shócmhainní airgeadais uile an chiste eascró ar luach cóir, arb é an luach margaidh luaite é i ndeireadh na trádála ar dháta dheireadh na tréimhse.

**22.15** De réir an bheartais infheistíochta, infheistítear an ciste eascró in urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte atá ainmnithe in euro, nó coinnítear é mar airgead tirim agus mar choibhéisí airgid thirim. Cuimsítear in urrúis ioncaim sheasta bannaí ceannasacha, cuasacheannasacha agus corparáideacha. Cuimsítear in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile (a bhfuil aibíocht de thrí mhí nó níos lú acu).

**22.16** Ag an 31 Nollaig 2021, b'ionann na sócmhainní iomlána a coinníodh sa chiste eascró agus €13,635 mhilliún (31 Nollaig 2020: €13,986 mhilliún).

1 Tá triúir ionadaithe ó GBCN agus triúir ionadaithe ó Apple ar an gcoiste infheistíochta. Tá ionadaí ó GBCN ina chathaoirleach ar an gcoiste.

2 Mar thoradh ar tharmligean an Aire ar na feidhmeanna infheistíochta, ceanglaítear ar GBCN ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus atá le tíolacadh (tar éis iniúchta) do Thithe an Oireachtais. Eascraíonn sé sin as téarmaí Alt 12 d'Acht GBCN, 1990.


3 Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de bhun Alt 28(5) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

**22.17** Laghdaigh glansócmhainní iomlána an chiste in 2021 faoi €351 mhilliún go €13,633 mhilliún (2020: €13,984 mhilliún).[1] Tharla an laghdú go príomha mar gheall ar 'choigeartú tríú tír' arb ionann a luach agus nach mór €246 mhilliún (féach thíos). Léiríonn an laghdú atá fágtha de €105 mhilliún ar luach na bliana an timpeallacht reatha de rátaí úis diúltacha agus torthaí diúltacha ar bhannaí ceannasacha agus cuasacheannasacha euro ardrátáilte, agus costais oibriúchán an chiste.

**22.18** Thabhaigh an ciste eascró costais oibriúcháin de €6 mhilliún le linn 2021 (2020: €7 milliún). I measc na gcostas oibriúcháin tá táillí bainisteoirí infheistíochta, táillí gníomhaire/coimeádaí eascró agus táillí eile.

**22.19** Léirítear i bhFíor 22.1 an ghluaiseacht i nglansócmhainní an chiste gach bliain, ó 2018 go 2021.

**Fíor 22.1 Gluaiseacht i nglansócmhainní an chiste — 2018 go 2021**




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2018 go 2021

### *Coigeartú tríú tír*


**22.20** Luadh sa chinneadh ón gCoimisiún go bhféadfadh an brabús, atá faoi réir cánach in Éirinn don tréimhse arna cumhdach ag an gcinneadh, a bheith laghdaithe dá mbeadh ar Apple cánacha a íoc i ndlínse eile i ndáil leis an mbrabús céanna (nó le cuid de). Tagraítear do laghduithe den chineál sin mar choigeartuithe 'tríú tír' agus cuirtear san áireamh iad sa ghníomhas creata eascró. Déanann an tAire Airgeadais cinneadh maidir le bailíocht aon iarratais ar choigeartú tríú tír a dhéanann Apple de réir an ghníomhais creata eascró.

**22.21** I mí Aibreáin 2021, rinne Apple éileamh le haghaidh coigeartú tríú tír. An 25 Bealtaine 2021, tar éis na gcinntí cuí a bheith déanta ag an Aire Airgeadais, le comhairle ó na Coimisinéirí Ioncaim, aistríodh €246 mhilliún ón gciste go Apple i ndáil leis an éileamh.

1 Is é atá sa difríocht idir iomlán na sócmhainní agus iomlán na nglansócmhainní ná na dliteanais de chuid an chiste a bhí amuigh ag deireadh na bliana.

## Iarscríbhinn 22A

### Fíor 22A.1 Formhaoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht ar an gciste eascró[a,b,c]




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2021. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Is é ról Bhanc Nua-Eabhrac Mellon, Brainse Londain (BNYM), mar ghníomhaire agus coimeádaí eascró ná cuntais eascró/urrús bainc a oscailt agus a chothabháil chomh maith leis na cistí eascró a shealbhú, a chur i bhfeidhm agus a réadú de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha den chomhaontú gníomhaire/coimeádaí eascró.

b Tá na bainisteoirí infheistíochta — Amundi Asset Management, BlackRock (An Ísiltír) BV agus Goldman Sachs Asset Management International — freagrach as an mbainistíocht ar infheistíochtaí de réir sainordú bainisteora infheistíochta chun caipiteal an chiste a chaomhnú a mhéid is féidir i bhfianaise na ndálaí margaidh atá i réim.

c Tá an ciste eascró á choinneáil ag BNYM, mar ghníomhaire agus coimeádaí eascró. Déanann an tAire agus Apple Sales International Limited agus Apple Operations Europe Limited formhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste eascró i gcomhpháirt trí choiste infheistíochta. Is é an tAire Airgeadais an t-úinéir tairbhiúil ar feadh fhad an chiste eascró de réir an ghníomhais creata eascró chomhaontaithe.

# 23 Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**23.1** Bunaíodh Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (an tAcht), chun measúnuithe neamhspleácha a sholáthar ar phleananna agus réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais agus chun plé poiblí a threorú ar ábhair eacnamaíocha agus bhuiséadacha.

## Cuntais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**23.2** Is é Cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí an t-oifigeach atá freagrach as a ráitis airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair lena n-iniúchadh.[1] Faoin Acht, ceanglaítear ar an gComhairle Bhuiséadach cuntais ar fháltais agus ar chaiteachas a choinneáil san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire)[2] agus iad a chur isteach lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad. Ar chríochnú an iniúchta, caithfear cóip de na cuntais agus den tuarascáil iniúchta a thabhairt don Aire, a chaithfidh iad a leagan os comhair Thithe an Oireachtais.

**23.3** Ar leithligh, ceanglaítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thugann an Chomhairle Bhuiséadach chun cuntais gach bliain. Is í seo an tuarascáil do 2021.

**23.4** Rinneadh iniúchadh ar chuntais na Comhairle Buiséadaí do 2021, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh an 13 Meán Fómhair 2022.

**23.5** Táim sásta go dtugtar sna cuntais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle Buiséadaí ag deireadh 2021 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain.

## Maoiniú

**23.6** Maoinítear an Chomhairle Bhuiséadach ó Phríomh-Chiste an Státchiste, faoi réir méid ‘uasteorann’ bhliantúil atá innéacsaithe de réir boilscithe.[3] B’ionann an uasteorainn mhaoinithe a bhí bunaithe ar airgead tirim do 2021 agus €834,000 (2020: €838,000)[4] agus thóg an Chomhairle Bhuiséadach cistí dar luach €648,000 amach sa bhliain.

**23.7** B’ionann ioncam na Comhairle Buiséadaí don bhliain agus €836,000 (2020: €786,000) nuair a thugtar cuntas ann ar bhonn fabhraithe.[5]

**23.8** B’ionann caiteachas reatha na Comhairle Buiséadaí agus díreach níos mó ná €836,000 in 2021 (2020: €787,000).

**23.9** B’ionann costais tuarastail agus 53% den chaiteachas in 2021. Bhain an ghné ba mhó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle Buiséadaí le táille riaracháin a bhí iníoctha leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) maidir le costais chóiríochta oifige agus seirbhísí tacaíochta in 2021, arbh ionann iad agus thart ar €131,000 san iomlán.

1 Is é an tUasal Sebastian Barnes (ECFE) Cathaoirleach na Comhairle Buiséadaí.

2 Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.

3 Foráiltear le mír 9 den sceideal a ghabhann leis an Acht don fhoinse mhaoinithe agus socraítear léi an leibhéal bunlíne caiteachais don Chomhairle ar thosach feidhme (an 31 Nollaig 2012) ag €800,000.

4 Cuireann an Roinn Airgeadais Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh i bhfeidhm agus an uasteorainn d'aon bhliain á cinneadh aici. Ba é an ráta ICPT a úsáideadh chun an uasteorainn a ríomh in 2021 ná -0.5%.

5 Cinntear ioncam agus caiteachas faoin gcoinbhinsiún cuntasaíochta fabhraithe, cé go bhfuil an uasteorainn maoinithe bunaithe ar airgead tirim.

## Athbhreithniú piaraí

**23.10** De réir an phlean straitéisigh 2020 – 2022 uaithi, choimisiúnaigh an Chomhairle Bhuiséadach an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta chun meastóireacht sheachtrach a dhéanamh chun feidhmiú na Comhairle Buiséadaí a mheasúnú maidir lena sainordú faoin Acht, lena struchtúir rialachais, le cé chomh héifeachtach agus a chuireann sí a cuid oibre in iúl agus le tionchar a cuid oibre.

**23.11** Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa athbhreithnithe i mí Feabhra 2021.[1]

**23.12** Fuarthas amach san athbhreithniú gur fheidhmigh an Chomhairle Bhuiséadach go maith de réir caighdeáin idirnáisiúnta, agus í ag comhlíonadh na bprionsabal nó na gcaighdeán i mbeagnach gach réimse nó ag feidhmiú os a gcionn. Luadh san athbhreithniú gur chuidigh an Chomhairle Bhuiséadach le bainistíocht bhuiséadach a neartú in Éirinn trí uirlisí nua a fhorbairt chun comhlíonadh rialacha buiséadacha a mheas agus chun an timthriall eacnamaíoch a thomhas. Fuarthas amach san athbhreithniú go léiríonn an Chomhairle leibhéil arda trédhearcachta maidir lena modheolaíochtaí agus go meastar í a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta.

**23.13** Rinneadh roinnt moltaí thar shé réimse san athbhreithniú: buiséad, ceannaireacht, ceanglais rialachais, rochtain ar fhaisnéis, soláthar foirne agus saincheisteanna buiséadacha meántéarmacha agus fadtéarmacha.

**23.14** Ag teacht sna sála ar mholtaí na tuarascála, d’aithin an Chomhairle Bhuiséadach 28 ngníomhphointe mholta. I ndiaidh athbhreithnithe, chinn an Chomhairle gan moladh amháin a chur i bhfeidhm, agus d’aithin sí go raibh cur i bhfeidhm 15 cinn acu faoina rialú díreach, ach nach raibh cur i bhfeidhm an 12 mholadh eile faoina rialú.

**23.15** Thosaigh an Chomhairle Bhuiséadach ag cur i bhfeidhm na moltaí atá faoina rialú díreach, agus ag dul i gcomhairle leis an Rialtas maidir leis na saincheisteanna eile. Ag deireadh mhí Lúnasa 2022, bhí deich gcinn de na moltaí atá faoi rialú díreach na Comhairle curtha i bhfeidhm go hiomlán, agus bhí na cúig cinn eile curtha i bhfeidhm i bpáirt. As an 12 mholadh nach bhfuil faoi rialú díreach na Comhairle, bhí trí cinn acu curtha i bhfeidhm go hiomlán agus bhí dhá cheann acu curtha i bhfeidhm i bpáirt. Tá an Chomhairle ag tabhairt faoi phlé leanúnach leis an Roinn Airgeadais maidir le cur i bhfeidhm na seacht moladh eile.

1 Tá tuarascáil an athbhreithnithe ar fáil ag www.fiscalcouncil.ie.